LEABHARLANN CHOLÁISTE NA TRÍONÓIDE, BAILE ÁTHA CLIATH | TRINITY COLLEGE LIBRARY DUBLIN
Ollscoil Átha Cliath | The University of Dublin

**Terms and Conditions of Use of Digitised Theses from Trinity College Library Dublin**

**Copyright statement**

All material supplied by Trinity College Library is protected by copyright (under the Copyright and Related Rights Act, 2000 as amended) and other relevant Intellectual Property Rights. By accessing and using a Digitised Thesis from Trinity College Library you acknowledge that all Intellectual Property Rights in any Works supplied are the sole and exclusive property of the copyright and/or other IPR holder. Specific copyright holders may not be explicitly identified. Use of materials from other sources within a thesis should not be construed as a claim over them.

A non-exclusive, non-transferable licence is hereby granted to those using or reproducing, in whole or in part, the material for valid purposes, providing the copyright owners are acknowledged using the normal conventions. Where specific permission to use material is required, this is identified and such permission must be sought from the copyright holder or agency cited.

**Liability statement**

By using a Digitised Thesis, I accept that Trinity College Dublin bears no legal responsibility for the accuracy, legality or comprehensiveness of materials contained within the thesis, and that Trinity College Dublin accepts no liability for indirect, consequential, or incidental, damages or losses arising from use of the thesis for whatever reason. Information located in a thesis may be subject to specific use constraints, details of which may not be explicitly described. It is the responsibility of potential and actual users to be aware of such constraints and to abide by them. By making use of material from a digitised thesis, you accept these copyright and disclaimer provisions. Where it is brought to the attention of Trinity College Library that there may be a breach of copyright or other restraint, it is the policy to withdraw or take down access to a thesis while the issue is being resolved.

**Access Agreement**

By using a Digitised Thesis from Trinity College Library you are bound by the following Terms & Conditions. Please read them carefully.

I have read and I understand the following statement: All material supplied via a Digitised Thesis from Trinity College Library is protected by copyright and other intellectual property rights, and duplication or sale of all or part of any of a thesis is not permitted, except that material may be duplicated by you for your research use or for educational purposes in electronic or print form providing the copyright owners are acknowledged using the normal conventions. You must obtain permission for any other use. Electronic or print copies may not be offered, whether for sale or otherwise to anyone. This copy has been supplied on the understanding that it is copyright material and that no quotation from the thesis may be published without proper acknowledgement.

# FORBAIRT LITRÍOCHT GHAEILGE NA NÓG, 1926-1967

le

Róisín Louise Adams, B.A. Sch.

Tráchtas Ph. D.

Roinn na Gaeilge
Coláiste na Tríonóide

Meitheamh 2015

TRINITY COLLEGE
0 6 OCT 2015
LIBRARY DUBLIN

Thesis 10892

DEARBHÚ

Dearbhaím leis seo nár cuireadh an tráchtas seo faoi bhráid aon ollscoile eile, gurb é mo shaothar féin amháin é, agus go bhfuilim sásta cead a thabhairt do Leabharlann Choláiste na Tríonóide an tráchtas a thabhairt ar iasacht nó a chóipeáil má iarrtar sin uirthi, faoi réir na gcoinníollacha a leagann an Leabharlann féin síos.



Róisín Louise Adams

Meitheamh 2015

## ACHOIMRE

Is éard atá sa tráchtas seo ná cuntas agus anailís ar ré ar leith i stair litríocht Ghaeilge na n-óg. Breathnaítear go croineolaíoch ann ar na forbairtí móra a tháinig ar an litríocht sin idir na blianta 1926 agus 1967. Féachtar ach go háirithe ar na fórsaí éagsúla – idir údair, aistritheoirí, mhaisitheoirí, fhoilsitheoirí, stiúrthóirí clubanna leabhar agus araile – a raibh lámh acu sna forbairtí sin. Tarraingítear go mór ar fhoinsí tánaisteacha seachliteartha – cáipéisí an Ghúim agus Chlub Leabhar na Sóisear – chun pictiúr cruinn a tharraingt den tréimhse.

I gcás gach cinn de na forbairtí a phléitear tugtar spléachadh ar na leabhair a foilsíodh don aos óg mar chuid den fhorbairt sin. Breathnaítear ar na haoisghrúpaí a ndearnadh freastal orthu, ar na seánraí ar baineadh úsáid astu, ar na cineálacha foilseachán a bhí i gceist agus araile. Déantar machnamh ach go háirithe ar na téamaí agus na treochtaí éagsúla a bhí thuas i dtréimhsí áirithe idir na blianta 1926-1967, agus pléitear ar féidir linn a fhoghlaim ó na téamaí agus na treochtaí sin faoi shochaí na hÉireann ag an am agus faoin dearcadh a bhí aici ar litríocht Ghaeilge na n-óg, ar an nGaeilge agus ar an óige.

Ceann de na gnéithe ba thábhachtaí den tréimhse 1926-1967 i stair litríocht Ghaeilge na n-óg, mar a dealraíodh, ná gur thréimhse í inar foilsíodh ní ba mhó leabhar do dhéagóirí ná d'aoisghrúpa ar bith eile de dhuine óg. Áitítear go raibh trí phríomhchúis leis sin: 1. go raibh béim mhór ar an nGaeilge sna meánscoileanna ag an am agus spreagadh ag na daltaí meánscoile chun leabhair Ghaeilge a léamh taobh amuigh den seomra ranga; 2. gur mheall Cathal Ó Sándair an t-aoisghrúpa sin chun na léitheoireachta Gaeilge lena scéinséirí iomadúla agus; 3. go raibh fadhbanna áirithe ag baint leis an bhfoilsitheoireacht Ghaeilge do pháistí óga ag an am.

San iomlán feictear gur tréimhse ar leith spéisiúil atá sna blianta 1926-1967 i bhforbairt litríocht Ghaeilge na n-óg, ar féidir linn mórán a fhoghlaim uaithi chun cur lenár dtuiscint ar stair na hÉireann, ar léann litríocht na n-óg in Éirinn, ar stair an chórais oideachais, ar stair na foilsitheoireachta Gaeilge agus ar litríocht Ghaeilge na n-óg sa lá atá inniu ann.

# BUÍOCHAS

Táim thar a bheith buíoch d'fhoireann Roinn na Gaeilge i gColáiste na Tríonóide, atá ar na daoine is láiche, is cineálta agus is flaithiúla a casadh orm riamh. Go raibh maith agaibh as chuile rud, a Damian, a Eoin, a Mháire, a Jürgen, a Chaoimhe agus a Aoife.

Tá buíochas ar leith ag dul do mo stiúrthóir oirirc, Pádraig de Paor, a bhí flaithiúil lena chuid ama agus eolais agus a bhí tuisceanach agus spreagúil i gcónaí agus mé ag cur an tsaothair seo le chéile.

Táim go mór faoi chomaoin ag an mbeirt scrúdaitheoirí a bhí agam, Máirín Nic Eoin agus Máire Ní Bháin, a léigh an saothar seo go grinn agus a bhí géarchúiseach lena gcuid comhairle.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le foireann Leabharlann Choláiste na Tríonóide, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus Chartlann Náisiúnta na hÉireann, agus le Simon, Helen agus Shane i Roinn na Seanleabhar Clóite i gColáiste na Tríonóide ach go háirithe, a bhí cairdiúil agus cabhrach i gcónaí. Táim buíoch freisin den dá leabharlann thuasluaite as an gcead chun grianghraif de leabhair áirithe a úsáid sa tráchtas.

Bhí daoine áirithe ann a roinn a gcuid saineolais go fial orm agus mé i mbun taighde, is iad sin Éamon Ó Ciosáin, Farah Mendlesohn, Lochlainn Ó Tuairisg agus Paul Williams. Go raibh maith agaibh ar fad.

Táim go mór mór faoi chomaoin ag Caitlín ghrinnsúileach Nic Íomhair, a léigh an tráchtas ar fad dom go cúramach agus a chuir comhairle mo leasa orm go minic.

Is cinnte nach mbeadh an pointe seo sroicthe agam murach tacaíocht mo mhuintire agus mo chairde. Tiomnaím an tráchtas seo do mo thuismitheoirí, Liam agus Róisín Adams.

## CLÁR

Clár na dTáblaí ..... vii

Clár na bhFigiúirí ..... viii

Réamhrá ..... 1

Caibidil 1: *Laetheannta Gréine* nó laethanta dorcha? – Litríocht Ghaeilge na n-óg i dtúsbhlianta an Ghúim ..... 26

Caibidil 2: An Gúm agus *An t-Éireannach* ..... 61

Caibidil 3: Cathal Ó Sándair agus ré órga na déaglitríochta ..... 109

Caibidil 4: Faoi scáth an tSándaraigh – Scríbhneoirí eile déaglitríochta sa Ghúm ..... 202

Caibidil 5: Na foilsitheoirí príobháideacha agus Club Leabhar na Sóisear ..... 235

Caibidil 6: Leabhair do pháistí níos óige ..... 301

Clabhsúr ..... 321

Leabhareolas 1: Leabhair do dhaoine óga a foilsíodh idir 1926 agus 1967 ..... 328

Leabhareolas 2: Bunfhoinsí eile ..... 351

Leabhareolas 3: Saothair eile a ceadaíodh ..... 364

Aguisín 1: Litríocht Ghaeilge na n-óg, 1926-1967 ..... 380

Aguisín 2: Club Leabhar na Sóisear, 1956-1968 ..... 396

# CLÁR NA DTÁBLAÍ

Tábla 1: Díolachán leabhráin *Laetheannta Gréine* 1-18 (Comhad G020) ..... 52

Tábla 2: Díolachán leabhair Marion King (Comhad N0803) ..... 74

Tábla 3: Díolachán leabhair Mhíchíl d'Andún (Comhad N1576) ..... 217

Tábla 4: Díolachán leabhair Thimire Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge (Bosca 25) ..... 301

## CLÁR NA BHFIGIÚIRÍ


Figiúir 1 (Ó Monacháin, *Patairín* 3) ..... 86

Figiúir 2 (King, *Baba* 8) ..... 88

Figiúir 3 (King, *Cáit* 3) ..... 89

Figiúir 4 (Ó Monacháin, *Patairín* 10) ..... 90

Figiúir 5 (Ó Monacháin, *Patairín*) ..... 90

Figiúir 6 (King, *Gug* 1) ..... 91

Figiúir 7 (Ó Monacháin, *Patairín* 7) ..... 92

Figiúir 8 (Ó Monacháin, *Patairín* 24) ..... 92

Figiúir 9 (Ó Monacháin, *Patairín* 37) ..... 93

Figiúir 10 (Ó Monacháin, *Patairín* 53) ..... 93

Figiúir 11 (Ó Monacháin, *Patairín* 39) ..... 95

Figiúir 12 (Ó Cionnfhaolaidh, *Eachtra na Beiche* 21) ..... 95

Figiúir 13 (Botto 48) ..... 96

Figiúir 14 (Ó Monacháin, *An Sionnach* 66) ..... 97

Figiúir 15 (Ó Monacháin, *An Sionnach* 76) ..... 98

Figiúir 16 (Battersby, *Póca Cheangairín*) ..... 305

Figiúir 17 (Anaithnid, *Leabhar Pictiúirí de Ainmhithe*) ..... 306

Figiúir 18 (Nic Ghamhna, *mo leabhar ABC*) ..... 307

Figiúir 19 (Andersen, *Ríon an tSneachta*) ..... 308

Figiúir 20 (Share agus Bolger, *An leaba a d'Imigh HÚIS!*) ..... 309

Figiúir 21 (Share agus Bolger, *An leaba a d'Imigh HÚIS!* 15) ..... 310

Figiúir 22 (Diolún, *Ceol na Coille* 6) ..... 315

# RÉAMHRÁ

...to many readers, children's books are a matter of private delight, which means, perhaps, that they are real literature – if 'literature' consists of texts which engage, change, and provoke intense responses in readers. (Hunt, "Introduction" 1)

Cuireann léann litríocht Ghaeilge na n-óg go mór lenár dtuiscint ar stair liteartha agus chultúrtha na hÉireann: treisíonn sí luachanna dúchasacha agus cuireann sí mianta idéalaíocha an náisiúin chun cinn in amanna, agus scrúdaíonn sí coinbhinsiúin na sochaí amanna eile. (Nic Congáil, "Réamhrá" 13)

Níor chall do dhuine an iomad ama a chaitheamh ag scagadh chúrsaí litríochta i nGaeilge do dhaoine óga go dtí an trian deiridh den [fhichiú céad], agus le fírinne níor tháinig sí i mbláth go dtí na hochtóidí agus na nóchaidí. Roimhe sin, ba bheag a soláthraíodh do dhaoine óga lasmuigh d'ábhar scoile mar lón léitheoireachta... (Uí Mhaicín 121)

## *1 Litríocht na n-óg mar ábhar taighde*

I réamhrá *Understanding Children's Literature* (2005) áitíonn Peter Hunt: "...to many readers, children's books are a matter of private delight, which means, perhaps, that they are real literature – if 'literature' consists of texts which engage, change, and provoke intense responses in readers" ("Introduction" 1). Téann leabhair i bhfeidhm ar dhaoine óga, dar le Hunt, i mbealach atá éagsúil ón gcaoi a dtéann siad i bhfeidhm ar dhaoine fásta: "...children experience texts in ways which are often unknowable, but which many of us strongly suspect to be very rich and complex" (3). D'fhéadfaí maoithneachas, nó rómánsaíocht, a chur i leith na tuairime seo, ach measaim go bhfuil an ceart ag Hunt agus go luíonn sé le réasún go n-imríonn leabhair tionchar éagsúil ar an bpáiste, toisc a laghad taithí is a bhíonn ag an bpáiste ar an domhan mór agus ar an litríocht, i gcodarsnacht leis an duine fásta. Is féidir le páiste taitneamh a bhaint as téacs a bhfeicfeadh an léitheoir fásta róshimplíocht carachtarachta, plota intuartha nó *clichéanna* ann. Tá gné éigin den iontas agus den ghliondar ag baint leis an ógléitheoireacht, feictear dom, a chailltear go pointe de réir mar a mhéadaítear taithí an duine ar an domhan agus ar dhomhan na léitheoireachta. Is fianaise mhaith í sin, is dóigh liom, chun tacú le ráiteas Hunt agus chun stádas leabhair do

pháistí mar litríocht a chosaint – más éard atá sa litríocht ná téacsanna a théann go mór i bhfeidhm ar an léitheoir.

Níl criticeoirí eile, áfach, ar aon tuairim le Hunt. Is í tuairim Phádraig de Paor, cuir i gcás, gur "Litríocht atá sna dea-leabhair do leanaí nuair a phléann sí leis an choinníoll dhaonna" ach nach bhfuil i gcuid mhór de na saothair a fhoilsítear don aos óg ach "...kitsch...", a bhfuil tábhacht ag baint leo mar scíthléitheoireacht agus chun scileanna litearthachta a fhorbairt, ach "...[nach] litríocht í" (151). Braitheann seasamh duine, ar ndóigh, ar an tuiscint atá aige/aici ar bhrí an téarma 'litríocht'. Bheinnse féin ag teacht le tuairim Hunt den chuid is mó, ach admhaím go mbíonn sé deacair uaireanta leithéidí an leabhair dathúcháin *Úna agus a cuid bréagáin* (King 1938) a chur in aon bhosca le *Cré na Cille* (Ó Cadhain 1949). Luann Hunt, fiú, i saothar eile dá chuid, nach sásaíonn an téarma 'litríocht' na daoine a chreideann i bhfiúntas léann litríocht na n-óg ná iad siúd nach gcreideann ann (*An Introduction* 6). Maidir leis an gcéad ghrúpa, deir Hunt go mbíonn amhras air faoi úsáid an téarma 'litríocht' toisc gurb iondúil go gcuireann an téarma sin leithleasacht agus intleachtúlachas in iúl, tréithe nach n-oireann do leabhair do pháistí (6). Maidir leis an dara dream, de réir Hunt ní fheictear dó go bhfuil a leithéid de rud is litríocht na n-óg ann, taobh amuigh de chorrleabhar eisceachtúil dála *Alice's Adventures in Wonderland* (Carroll 1865) (6). Cheal téarma níos oiriúnaí, áfach, is é 'litríocht na n-óg' a thugtar ar leabhair do pháistí, go hiondúil, agus is leis an téarma sin a chloítear sa tráchtas seo.

Ní gá go gcreidtear gur litríocht atá i leabhair do dhaoine óga chun fiúntas na leabhar sin mar ábhair thaighde a aithint, áfach. Muna raibh bua ar bith liteartha ag baint léi, b'fhiú go mór fós staidéar a dhéanamh ar litríocht na n-óg mar gheall ar ghné lárnach eile dá cuid, is í sin a feidhm theagascach. Ní i mbealach diúltach a úsáidim an focal 'teagascach' anseo,

cé gur féidir le rótheagascachas – i saothar do pháistí nó do dhaoine fásta – saothar ar bith a lot. Bíonn teagasc éigin ag baint le chuile leabhar, ach bhí sé mar chuid lárnach de litríocht na n-óg ó d'fhoilsigh James Newbery an chéad leabhar do pháistí i 1744, ag úsáid "...a simple but durable formula: the encasement of the instructive material that adults thought their children would need within an entertaining format that children might be supposed to want" (Grenby, "The origins" 4). Ó shin i leith tá ról á imirt ag litríocht na n-óg i múnlú tuiscintí páistí faoin gcaoi inar chóir dóibh iad féin a iompar. I ngach sochaí insítear scéalta, "...building blocks of learning..." mar a thugann Titley orthu, don ghlúin nua agus is leis na scéalta seo, agus leis an saoldearcadh agus na hidé-eolaíochtaí a léirítear iontu, a mhúnlaítear idir thuairimí agus chreidimh na glúine óige agus a dhéantar í a shóisialú taobh istigh de rialacha na sochaí sin ("The Lava" 79). Mar a scríobhann Stephens, "Writing for children is usually purposeful, its intention being to foster in the child reader a positive apperception of some socio-cultural values which, it is assumed, are shared by the author and the audience" (*Language* 3). Fágann sé sin gur litríocht chumhachtach í litríocht na n-óg, agus gur cóir meas a bheith againn uirthi.

Fágann sé freisin go dtugann litríocht na n-óg léargas ar leith dúinn ar an tsochaí as a n-eascraíonn sí, agus ar an tréimhse inar scríobhadh í. Míníonn Hunt, "Children's literature is, at least in part, about control, and the primary result of that is that it reflects first of all what society wishes itself to be seen as, and secondly, subconsciously and retrospectively, what it is actually like" (*Children's Literature* 8). Sna leabhair a chuireann sochaí ar fáil dá páistí feictear na luachanna a bhfuil an tsochaí sin ag iarraidh a chothú san aos óg, go comhfhiosach nó go neamh-chomhfhiosach agus de dheoin nó d'ainneoin an údair. Is fíor go bhfuil litríocht do dhaoine fásta fréamhaithe chomh maith céanna sa chultúr agus san am inar scríobhadh í, ach is uathúil an léargas a fhaightear i litríocht na n-óg mar tugann sé

leideanna dúinn faoin dearcadh atá ag sochaí uirthi féin, ar an óige agus ar na luachanna is tábhachtaí atá le cothú in aos óg na sochaí sin.

Feictear é seo sna leabhair is simplí a scríobhtar do pháistí, fiú. Má chuirtear foclóir *ABC na Gaedhilge* (King 1942) i gcomparáid le foclóir *mo leabhar ABC* (Nic Ghamhna 1961), cuir i gcás, tugtar leideanna faoin athrú a tháinig ar shochaí na hÉireann taobh istigh d'fhiche bliain. Bhí King ag obair i dtréimhse ina raibh íomhá idéalaithe thuathúil den saol in Éirinn á cur chun cinn[1] ach faoin am a bhí Nic Ghamhna ag cur *mo leabhar ABC* le chéile bhí athrú tagtha air sin, bhí borradh faoin tionsclaíocht agus faoin ngeilleagar agus bhí nua-aoisiú ar siúl sa tír. Úsáidtear téarmaíocht a bhaineann le saol laethúil an pháiste sa dá leabhar, mar is iondúil i leabhar ABC, ach áit a gcloíonn King le gnéithe traidisiúnta de shaol an pháiste agus le híomhánna tuaithe – 'arán' agus 'asal', 'gé' agus 'glig', mar shampla – is léir go bhfuil nua-aoisiú shochaí na hÉireann tar éis dul i bhfeidhm ar roghanna Nic Ghamhna – i gcás 'airgead' agus 'gluaisteán' ach go háirithe (King, *ABC* 1, 7; Nic Ghamhna an clúdach tosaigh, 3).

Scríobhann Ríona Nic Congáil go "[gc]uireann léann litríocht Ghaeilge na n-óg go mór lenár dtuiscint ar stair liteartha agus chultúrtha na hÉireann: treisíonn sí luachanna dúchasacha agus cuireann sí mianta idéalaíocha an náisiúin chun cinn in amanna, agus scrúdaíonn sí coinbhinsiúin na sochaí amanna eile", agus is léir ón sampla thuas gur fíor an chéad chuid de sin (Nic Congáil, "Réamhrá" 13). Bhí King agus Nic Ghamhna ag treisiú na luachanna agus na n-idé-eolaíochtaí a bhí thuas in Éirinn agus iad ag scríobh. Bíonn scríbhneoirí eile ann don aos óg a dhéanann iarracht coinbhinsiúin áirithe sa tsochaí a cheistiú ina saothar, áfach. Feictear é seo ach go háirithe, i gcás litríocht Ghaeilge na n-óg,

[1] Féach "'Baile Átha Cliath abú!': Cathal Ó Sándair agus an suíomh uirbeach i litríocht Ghaeilge na n-óg" (Adams 2014).

i saothar Chathail Uí Shándair. Foilsíodh an chéad cheithre leabhar de chuid an tSándaraigh i 1943, an bhliain chéanna inar thug Éamon de Valera óráid cháiliúil uaidh ina ndearna sé cur síos ar Éirinn idéalaithe le híomhánna a bhain leis an saol faoin tuath amháin (de Valera 466). Ba bharrshamhail í sin ar cloíodh go docht léi, d'fhormhór an fhichiú haois, sna saothair Bhéarla a bhí á scríobh ag Éireannaigh don aos óg – Patricia Lynch agus Eilís Diolún, cuir i gcás – agus i gcuid mhaith de litríocht Ghaeilge na n-óg agus litríocht Ghaeilge do dhaoine fásta, freisin. Dhiúltaigh Ó Sándair, áfach, cloí lena leithéid de bharrshamhail toisc nach raibh caoi inti d'Éireannaigh óga nach raibh cónaí orthu faoin tuath, agus chum sé a bharrshamhail féin d'Éirinn idéalaithe, ar bhaist sé 'Nua-Éire' uirthi.

Tugann na samplaí thuas le fios dúinn a luachmhaire is atá léann litríocht Ghaeilge na n-óg agus an léargas a thugann sé dúinn ar stair chultúrtha agus shóisialta na hÉireann. Is luachmhaire fós é, áfach, nuair a choimeádtar i gcuimhne nach raibh mórán leabhar Béarla á fhoilsiú do pháistí in Éirinn d'fhormhór an fhichiú haois. Idir 1910 agus na 1980idí, de réir Celia Keenan, "...books in the English language had been published for children in Ireland, but only on a sporadic basis, with the exception of textbooks and devotional works" ("Divisions" 198). Bhí Éireannaigh dála Patricia Lynch agus Eilís Diolún ag scríobh leabhar do pháistí, ach is thar sáile a foilsíodh iad, den chuid is mó (Keenan, "Divisions" 198; Coghlan, "Faith" 149). D'fhág an socrú seo gur dírithe ar mhargadh idirnáisiúnta a bhí leabhair na n-údar seo, seachas ar pháistí na hÉireann amháin. Tá sé áitithe ag Ciara Ní Bhroin gur imir an cúinse seo tionchar ar ábhar na leabhar Béarla a bhí á scríobh ag Éireannaigh do pháistí ag an am, gur chuir sé brú éigin orthu cloí le léiriú traidisiúnta eisintiúil d'Éirinn toisc gur thaitin an léiriú sin leis an margadh idirnáisiúnta (Ní Bhroin 113). I gcodarsnacht leis sin, níl aon amhras ach gur dírithe ar mhargadh an

bhaile amháin a bhí na leabhair Ghaeilge a foilsíodh sa tréimhse chéanna, agus dá bharr sin tugann siad léargas níos iontaofa dúinn ar shochaí na hÉireann san fhichiú céad.

Measaim féin gur fiú staidéar a dhéanamh ar leabhair Ghaeilge don aos óg toisc gur litríocht atá iontu, ach fiú muna n-aontaítear leis an dearcadh sin tá fáthanna eile ann gur ábhair fhiúntacha thaighde iad. Caitheann siad solas uathúil ar stair shochaí na hÉireann, go háirithe san fhichiú haois. Tugann siad léargas ar leith dúinn ar an bhforbairt a tháinig ar thuiscint shochaí na hÉireann ar an óige agus ar na luachanna ba chóir a chothú san aos óg, agus cuireann an léargas seo lenár dtuiscint ar stair na hÉireann. Caitheann léann litríocht Ghaeilge na n-óg solas ar ábhair eile freisin – ina measc stair na foilsitheoireachta in Éirinn, athbheochan na Gaeilge, stair an oideachais in Éirinn agus forbairt litríocht na Gaeilge. B'fhiú go mór féachaint isteach sa cheann deiridh sin amach anseo, is dóigh liom, mar tá go leor údar Gaeilge ann a bhíonn nó a bhíodh ag scríobh d'idir óg agus aosta, ina measc Gabriel Rosenstock, Alan Titley, Críostóir Ó Floinn, Siobhán Ní Shúilleabháin agus Dónall Mac Amhlaigh.

Áitíonn Karen Lesnik-Oberstein: "Children's literature criticism may often be consumed at first hand by adults, but its intended main and final beneficiaries are child readers. How to find the *good* book for the child is children's literature criticism's purpose, whichever way it is dressed up" (3). Is é sin le rá gurb í an chúis is tábhachtaí, b'fhéidir, gur fiú staidéar a dhéanamh ar stair litríocht Ghaeilge na n-óg ná go gcuireann sí lenár dtuiscint ar litríocht Ghaeilge na n-óg sa lá atá inniu ann. Mar a mhíníonn M. O. Grenby: "The great majority of critics would say that the history of children's literature is definitely worth studying both in its own right and because it informs our understanding of writing for children now" ("Researching" 99). Bíonn foilsitheoirí, scríbhneoirí, múinteoirí, tuismitheoirí agus eile sa

lá atá inniu ann ag iarraidh nós na léitheoireachta Gaeilge a chothú i measc an aosa óig, agus tugann tuiscint níos fearr ar stair na hógléitheoireachta Gaeilge buntáiste dúinn san iarracht sin.

Ní acmhainn don tráchtas seo, ar ndóigh, tochailt ródhomhain in aon cheann de na gnéithe sin thuas de litríocht Ghaeilge na n-óg, cheal ama agus spáis. Is éard a fhéachann sé le déanamh, áfach, ná an bhunchloch a leagan síos i léann litríocht Ghaeilge na n-óg i dtréimhse amháin a bhfuil suntas ar leith ag baint léi, an tréimhse idir 1926 agus 1967. Déantar an bhunchloch seo a leagan trí iniúchadh cuimsitheach a dhéanamh ar an litríocht Ghaeilge a foilsíodh do dhaoine óga idir na blianta sin, is í sin na leabhair Ghaeilge a foilsíodh mar ábhar léitheoireachta don aos óg, taobh amuigh den seomra ranga. Pléitear na mórfhorbairtí a tháinig ar litríocht Ghaeilge na n-óg idir 1926 agus 1967, agus na treochtaí ginearálta a fheictear sa litríocht sin.

Baintear an-earraíocht sa tráchtas seo as cáipéisí an Ghúim – comhlacht foilsitheoireachta an stáit agus an príomhfhoilsitheoir a phléitear sa tráchtas – agus as na cáipéisí de chuid Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge a bhaineann le Club Leabhar na Sóisear, club leabhar do dhéagóirí ar cuireadh tús leis i 1956. Is foinsí an-luachmhar iad na cáipéisí seo, agus tugann siad léargas ríshuimiúil dúinn ar ghné de litríocht na n-óg a dtugtar neamhaird uirthi go minic, de réir Brian Alderson, is í sin an ról a imríonn fórsaí taobh amuigh d'údair – agus foilsitheoirí ach go háirithe – ar fhorbairt na litríochta sin (37). Mar a scríobhann Alderson, ní féidir beag is fiú a dhéanamh den tionchar a imríonn foilsitheoirí ar litríocht na n-óg:

> And finally there are publishers who are not only responsible for co-ordinating the whole production process but who, through their direct relationship with the author, may make, or encourage, many decisions which can have a crucial influence on readers' responses to the finished work. Thus, authors, far from

> having their divine afflatus conveyed unmediated to their audience, must mostly be seen as executants within a collaborative endeavour – and not always the leading ones or even the originators at that. (37)

Is éard a shoiléireofar sa tráchtas seo ná gurb as an gcuimilt leanúnach idir fórsaí éagsúla – údair, aistritheoirí, maisitheoirí, foilsitheoirí agus araile – a d'eascair litríocht Ghaeilge na n-óg idir 1926 agus 1967. De dheasca stádas mionlaithe na Gaeilge bhí cumhacht ar leith ag foilsitheoirí, agus ag an nGúm ach go háirithe, sa chuimilt seo. Ag an am céanna, mar a léireofar tríd síos sa tráchtas seo, níor leor foilsitheoirí chun litríocht Gaeilge na n-óg a chur chun cinn – bhí údair agus maisitheoirí a raibh tallann agus díograis ar leith acu ag teastáil chun litríocht Ghaeilge na n-óg a chur ar a bonnaibh.

## 2 *An tréimhse thaighde, 1926-1967*

Is fiú breathnú ar na blianta idir 1926 agus 1967 mar aon tréimhse amháin i stair litríocht Ghaeilge na n-óg ar roinnt cúiseanna. An phríomhchúis ná gur ré ar leith a bhí ann ó thaobh na gcineálacha leabhar Gaeilge a bhíodh á bhfoilsiú don aos óg, is é sin gur foilsíodh ní ba mhó leabhar Gaeilge don déagóir[2] ná d'aon aoisghrúpa eile de pháiste. Sna blianta i ndiaidh 1967 tháinig athrú an-mhór air sin agus tosaíodh ar phríomháit a thabhairt do pháistí óga i bhfoilsitheoireacht na Gaeilge agus ar neamart a dhéanamh sna haoisghrúpaí ní ba shine[3]. Cúis eile, áfach, gur fiú breathnú ar na blianta 1926-1967 in aon tráchtas amháin ná gur ré ar leith a bhí sa tréimhse sin i stair na hÉireann ó thaobh stádas na Gaeilge de, agus stádas na Gaeilge taobh istigh den chóras oideachais ach go háirithe.

---

[2] Beidh mé ag úsáid an téarma 'déagóir' go minic sa tráchtas seo, cheal téarma níos fearr. Ní fios go díreach cathain a céadúsáideadh an focal 'déagóir', ach dar le hUinsionn Mac Dubhghaill deirtear gurbh é Cathal Ó Sándair a cheap an téarma sin ar dtús (11). Is cinnte go raibh sé in úsáid faoi lár na 1950idí mar úsáideadh é in alt faoi Chlub Leabhar na Sóisear i mí Dheireadh Fómhair 1956 ("Dala an Scéil" 2). Tá fadhb ag baint leis an téarma 'déagóir', is í sin go bhfuil brí éagsúil aici is atá ag an bhfocal 'teenager' sa Bhéarla. Tagraíonn 'teenager' do dhaoine óga idir 13 bliana agus 19 mbliana d'aois, ach tagraíonn 'déagóir' do dhaoine óga idir 11 bhliain agus 19 mbliana d'aois. Is fadhb í sin nach raibh mé in ann a réiteach, ach is fiú a choimeád i gcuimhne gurb é lucht na meánscoileanna (idir 13 bliana agus 18 bliana) is mó atá i gceist agam nuair a bhainim úsáid as an bhfocal 'déagóir'.

[3] Féach "Extraordinary Exigencies: Current Irish Language Literature for the Young Reader" (Ó Laighléis 1997).

Cé go bpléann an tráchtas seo leis na leabhair a foilsíodh mar ábhar léitheoireachta don aos óg taobh amuigh den scoil, níl aon amhras ach gur imir an córas oideachais tionchar riamh ar an dearcadh a bhí ag daoine óga ar an nGaeilge, ar an spreagadh a bhí acu le leabhair Ghaeilge a léamh agus, ar ndóigh, ar a gcumas chun iad a léamh.

Roghnaíodh an bhliain 1926 mar phointe tosaigh don tráchtas toisc gurbh shin an bhliain inar bunaíodh an Gúm, comhlacht foilsitheoireachta an stáit, agus ba é bunú an Ghúim an gníomh ba thábhachtaí i stair litríocht Ghaeilge na n-óg. Thug sé deis don litríocht sin bláthú den chéad uair, neamhspleách ar chúinsí doicheallacha an mhargaidh. Roimh bhunú an Ghúim, bhí an margadh a bhí ann do leabhair Ghaeilge chomh beag sin nach raibh mórán á fhoilsiú nach raibh oiriúnach le húsáid sna scoileanna – an margadh ba mhó a bhí ann do leabhair Ghaeilge. Rinne Pádraic Ó Conaire ach go háirithe gearán faoin staid seo, ag áiteamh sa bhliain 1923 go raibh sí ag cur baic ar fhorbairt litríocht na Gaeilge (6). Bhí scríbhneoirí ag déanamh féinchinsireachta ar a saothair chun iad a chur in oiriúint don seomra ranga, rud a bhí ag coilleadh na litríochta dar le Ó Conaire (6). Leag sé an milleán ar fad, mar sin, ar "...an tíoránach beag is measa dá bhfuil ann", an páiste scoile (6). Chuir bunú an Ghúim deireadh, go teoiriciúil, leis an ngá a bhí leis an gcleachtas seo, mar bhí an maoiniú ag an nGúm ón rialtas chun litríocht na Gaeilge a chur ar fáil agus gan a bheith ag brath ar bhrabús láithreach – nó brabús ar bith, uaireanta.

Ba mhíchothrom an beart é d'Ó Conaire an milleán a leagan ar an dalta bocht scoile, áfach. Ní ar na daltaí féin a bhí an locht, ar ndóigh, go raibh margadh chomh beag agus chomh neamhchinnte ann do leabhair Ghaeilge taobh amuigh díobh siúd ar glacadh leo ar churaclaim scoile. Agus bhí na daltaí sin thíos leis an staid ina raibh foilsitheoireacht na Gaeilge freisin. Ní hamháin go raibh na húdair a bhíodh ag cur leabhair Ghaeilge ar fáil

don aos óg á dhéanamh go drogallach, cuid mhaith den am, ach ba é an múinteoir, agus a mbeadh uaidh/uaithi i leabhar ranga, a bhí chun tosaigh in intinn na n-údar seo agus iad ag scríobh do dhaoine óga. Roimh bhunú an Ghúim ní cosúil gur scríobhadh mórán leabhar Gaeilge a raibh sé i gceist go léifeadh páistí iad le haghaidh siamsaíochta taobh amuigh den seomra ranga, seachas, b'fhéidir *Jimín Mháire Thaidhg* (Ó Siochfhradha 1921) – agus is daingean an ceangal atá idir an leabhar sin agus an scoil, fiú (féach Mac Maghnuis). Ní hamháin gur shaor bunú an Ghúim scríbhneoirí do dhaoine fásta ón ngá a bhí ann le leabhair scoile a scríobh, mar sin, ach thug sé deis do litríocht Ghaeilge na n-óg bláthú den chéad uair, freisin, neamhspleách ar an gcuraclam scoile. Ní deis í sin a thapaítí i gcónaí, áfach, mar a fheicfear tríd síos sa tráchtas seo.

Léirigh bunú an Ghúim a thábhachtaí is a bhí an Ghaeilge i súile rialtas Shaorstát Éireann freisin. Mar a mhíníonn Seosamh Ó Murchú, "Murab ionann agus an lá inniu ní gníomh imeallach a bhí i gceist [le bunú an Ghúim] agus leathshúil ar bhrúghrúpa ach gníomh a bhí bunaithe ar pholasaí lárnach an rialtais i dtaobh na teanga..." ("Idir *Laethanta*" 24). B'fhianaise é bunú an Ghúim go raibh an rialtas ag tabhairt go dáiríre faoin iarracht chun an Ghaeilge a athréimniú sa tír. Fianaise eile den dáiríreacht sin ná na hathruithe a rinneadh sna curaclaim bhunscoile agus mheánscoile, ar mhaithe leis an gcóras oideachais a Ghaelú[4].

[4] Taobh amuigh den athrú curaclaim seo, áfach, is beag athrú a rinneadh sa chóras oideachais a fuair an stát le huacht ó Shasana (Coolahan 39). Fágadh cúrsaí riaracháin agus leagan amach na ranganna mórán mar an gcéanna, ach gur ritheadh acht i 1926 a rinne riachtanach do pháistí idir 6-14 bliain freastal ar an scoil gach lá scoile (Coolahan 39; *Taighde ar Oideachas – Investment in Education* 6). Chaith tromlach an aosa óig na blianta sin ar fad sa bhunscoil, agus ansin thug aghaidh ar shaol mór na hoibre nó ar an imirce. Chuaigh líon beag daoine óga ar aghaidh, áfach, chun oideachas iarbhunscoile a fháil sa ghairmscoil nó sa mheánscoil. B'iondúil gur bhog daltaí ar aghaidh chuig an meánscoil nó chuig an ngairmscoil sula raibh an 14 bliana sroicthe acu. An ghnáthaois a thosaíodh dalta ar an meánscoil, cuir i gcás, ná 13 bliana (*Taighde ar Oideachas – Investment in Education* 10).

Ó thaobh na bunscolaíochta de, rinneadh Gaelú cuimsitheach ar an gcuraclam, ag tabhairt áit lárnach sa seomra ranga don Ghaeilge, do stair agus do thíreolaíocht na hÉireann agus do ghnéithe eile den chultúr Gaelach (Coolahan 39-40). Ní raibh an oiread sin cumhachta ag an rialtas i gcás na meánscoileanna, toisc gur scoileanna príobháideacha a bhí iontu ar fad agus dá bharr sin ní raibh mórán bainte ag an rialtas lena riaradh. Bhí baint ag an rialtas, áfach, le cúrsaí curaclaim, deontais agus scrúdaithe. Le measc*á*n de rialacha agus de dhreasachtaí chuir sé brú ar na meánscoileanna áit ar leith a thabhairt don Ghaeilge ó 1922 ar aghaidh. Ó 1924 ar aghaidh cuireadh deontais bhreise ar fáil do mheánscoileanna ag brath ar an méid a úsáideadh an Ghaeilge mar mheán teagaisc iontu, i 1926 rinneadh riachtanach scrúdú béil sa Ghaeilge mar chuid den phróiseas earcaithe múinteoirí meánscoile agus i 1927 rinneadh ábhar éigeantach den Ghaeilge i meánscoileanna aitheanta, cuir i gcás (Coolahan 76). Bhí dreasacht ann freisin chun na daltaí meánscoile féin a spreagadh chun an Ghaeilge a shealbhú – bhí 10% sa bhreis ag dul don dalta a d'fhreagródh scrúdpháipéir Mheánteistiméireachta nó Ardteistiméireachta i nGaeilge (seachas sa mhatamaitic agus san ealaín) (Coolahan 77).

Ceann de na gnéithe ba thábhachtaí de shiollabas Gaeilge na meánscoileanna, ó thaobh an tráchtais seo de, ná an bhéim a leagtaí ar an tsaorléitheoireacht Ghaeilge ann suas go dtí tús na 1960idí[5]. D'fhág an bhéim sin go raibh spreagadh ar leith ag daltaí meánscoile leabhair Ghaeilge a léamh taobh amuigh den churaclam scoile. Is léir nach raibh aon amhras ar leithéidí Chathail Uí Shándair agus stiúrthóirí Chlub Leabhar na Sóisear, mar a fheicfear i

[5] Luaitear deireadh na béime seo ar an tsaorléitheoireacht Ghaeilge mar cheann de na cúiseanna gur tháinig meath ar Chlub Leabhar na Sóisear sna 1960idí (Bosca 33). Ní féidir liom teacht ar aon eolas cruinn faoin uair ar tharla an t-athrú siollabais áirithe seo, ach luaitear i gcáipéis de chuid Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge ó 1964 dar teideal "Nótaí Mínithe le Meastachán na Comhdhála don Bhliain 1965-66" gur cuireadh an t-athrú i bhfeidhm "Sna blianta atá caite [ó bunaíodh Club Leabhar na Sóisear i 1956]..." (Bosca 10). Is é is dóichí ná gur tharla sé go luath sna 1960idí nuair a tosaíodh ar athrú mór a chur i bhfeidhm ar mhúineadh na Gaeilge sna scoileanna agus leagadh ní ba mhó béime ar labhairt na teanga, ag tabhairt isteach an bhéaltriail mar chuid den Ardteistiméireacht (féach Andrews, Coolahan 197 agus Kelly 27-33).

gcaibidil a trí agus a cúig, gurbh iad na daltaí meánscoile an príomh-mhargadh léitheoireachta a bhí ann don déaglitríocht Ghaeilge. Ba iad lucht na meánscoileanna an príomhdhream a raibh na scileanna teanga, an t-am agus an spreagadh acu chun tabhairt faoin déaglitríocht sin a léamh. Dream eile a mbeadh na scileanna cuí acu, is é sin aos óg na Gaeltachta, is léir nár chuir siad mórán spéise i litríocht Ghaeilge na n-óg an uair sin, seachas i gcorrleabhar (féach Ó Neachtain 49). Cúis amháin leis sin ná gur bheag déagóir Gaeltachta a bhíodh ag freastal ar an meánscoil[6] (Denvir 100). Anuas air sin, mar atá luaite ag go leor taighdeoirí, ní raibh nós na léitheoireachta Gaeilge láidir sa Ghaeltacht riamh (Ní Mhianáin 15; Ó Neachtain 49; D. Ó Baoill 60).

Ó 1926 ar aghaidh, mar sin, foilsíodh go leor leabhar Gaeilge a bheadh oiriúnach do lucht na meánscoileanna, ach ba bheag an freastal a rinneadh ar pháistí faoi bhun dhá bhliain déag d'aois. Mar a phléifear amach anseo, ní hé nach raibh margadh ann do leabhair Ghaeilge do pháistí ní b'óige, ach go raibh deacrachtaí éagsúla ag baint lena bhfoilsiú. Ba í ardtréimhse shaothrú na déaglitríochta an tréimhse ó 1943 go 1967, nuair a bhí Cathal Ó Sándair ag freastal ar an aoisghrúpa sin lena scéalta bleachtaireachta, a scéalta buachaillí bó, a scéalta foghlaithe mara agus araile. Áiteofar sa tráchtas seo go raibh an rath a bhí ar shaothar Uí Shándair, agus an spéis a mhúscail sé i lucht na meánscoileanna i leabhair Ghaeilge, ar cheann de na mórchúiseanna gur spreagadh údair eile chun freastal ar an ngrúpa céanna. Ag an am céanna, is cosúil go raibh baint ag stádas na Gaeilge sa chóras oideachais le rath Uí Shándair freisin.

[6] D'fhreastail líon áirithe daoine óga ón nGaeltacht ar na coláistí ullmhúcháin, áfach. Meánscoileanna speisialta ab ea na coláistí sin, a bunaíodh chun oiliúnt a chur ar chainteoirí dúchais Gaeilge a bhí ag iarraidh dul leis an múinteoireacht. Scéim de chuid na Roinne Oideachais ba ea bunú na gcoláistí ullmhúcháin, chun níos mó múinteoirí a chur ar fáil a raibh an Ghaeilge ar a dtoil acu. Chaitheadh na daltaí ceithre bliana i gceann de na coláistí seo agus ansin théadh sé nó sí ar aghaidh chuig ceann de na coláistí oiliúna do mhúinteoirí (féach Kelly 69-73).

Tháinig athrú mór ar an stádas sin ó thús na 1960idí ar aghaidh. Tréimhse a bhí ansin ina raibh athmhachnamh á dhéanamh ar roinnt gnéithe de shochaí na hÉireann, mar thoradh ar an nua-aoisiú a bhí ar siúl sa tír. Is iondúil go gceanglaítear an nua-aoisiú seo le foilsiú an Pháipéir Bháin ar Fhorleathnú Eacnamaíoch i 1958 agus le teacht i gcumhacht Sheáin Lemass mar Thaoiseach i 1959, ach mar a phléifear i gcaibidil a cúig tá fréamhacha an athraithe sochaí sin le feiceáil go luath sna 1950idí. Tosaíodh ar chúrsaí tionsclaíochta na hÉireann a fhorbairt go mór, agus ar na naisc idir Éirinn agus tíortha eile an domhain a threisiú. De réir Coolahan, spreag an dá ní sin an rialtas agus an pobal go ginearálta chun athmhachnamh a dhéanamh ar thábhacht an oideachais, agus ar thábhacht an oideachais iarbhunscoile ach go háirithe (131-133). Thosaigh an rialtas ag breathnú ar an oideachas dara leibhéal mar infheistíocht den chéad uair, a chuirfeadh oibrithe oilte ar fáil sa todhchaí (Coolahan 131). Is léir, freisin, go ndeachaigh tábhacht nua seo na tionsclaíochta agus an idirnáisiúnachais i bhfeidhm ar an dearcadh a bhí ag idir rialtas agus phobal na hÉireann ar ról na Gaeilge i saol an náisiúin.

I 1965 foilsíodh *Taighde ar Oideachas – Investment in Education*, torthaí an chéad staidéir oifigiúil a rinneadh ar an gcóras oideachais in Éirinn ó bunaíodh an stát. Bhí an foilseachán seo mar chuid de spreagadh an Aire Oideachais, Donough O'Malley, chun fógairt go gcuirfí tús leis an saoroideachas meánscoile ag tús na bliana acadúla 1967-68 (T. Brown 239). Cé go raibh fás rialta ar líon na ndaltaí meánscoile ó bhunú an stáit ar aghaidh, chuir an saoroideachas borradh as cuimse faoi (Coolahan 79, 195). D'fhág an togra nua sin gurbh acmhainn do i bhfad ní ba mhó páistí Éireannacha freastal ar an meánscoil – go háirithe páistí san ísealaicme. Labhraíonn Máire Denvir, cuir i gcás, faoin athrú a tháinig ar shaol dhéagóirí na Gaeltachta le fógairt an tsaoroideachais:

> Go dtí gur tháinig an saoroideachas isteach sna 1960í, ba ríbheagán de dhéagóirí na Gaeltachta ar cuireadh oideachas dara leibhéal orthu ar chor ar bith. Rinne beagán

> acu freastal ar na ceardscoileanna go dtí go ndearna siad an Mheánteist agus d'fhág cuid eile acu (an chuid ba mheabhraí, nó ba shaibhre, b'fhéidir) an baile le freastal ar scoileanna cónaithe nó ar na coláistí ullmhúcháin sna 1950í agus sna 1960í. Ba mhinice aghaidh an ghnáthdhéagóra Gaeltachta ar an mbád bán go Sasana nó ar oifig phas Mheiriceá ná ar gheataí na scoile. Le teacht an tsaoroideachais d'athraigh na cúrsaí seo ar fad. (100)

Mar a mhíníonn Dónall Ó Baoill, áfach, níor imir forleathnú seo na meánscolaíochta mórán tionchair ar nósanna léitheoireachta mhuintir na Gaeltachta, mar bhí an meon go raibh an léitheoireacht Bhéarla ní b'fhiúntaí ná an léitheoireacht Ghaeilge "...daingnithe go domhain sna daoine agus ina n-iompar" (60).

In ainneoin nach ndeachaigh teacht an tsaoroideachais i bhfeidhm ar nósanna léitheoireachta aos óg na Gaeltachta, shílfí fós gur rud maith a bheadh ann do litríocht Ghaeilge na n-óg trí chéile líon ní ba mhó daltaí a bheith ag freastal ar an meánscoil, agus na daltaí sin mar phríomh-mhargadh litríocht Ghaeilge na n-óg ag an am. Tháinig stádas na Gaeilge faoi ionsaí, áfach, thart ar an am a tháinig fás mór ar líon na ndaltaí meánscoile sa tír, is é sin sna 1960idí. I 1961, cuir i gcás, fuarthas réidh leis na coláistí ullmhúcháin, meánscoileanna speisialta a chuir oiliúint ar dhaltaí ón nGaeltacht a bhí ag iarraidh dul leis an múinteoireacht (Mhic Mhathúna agus Mac an Iomaire 173-174, Kelly 69-73). An bhliain chéanna d'fhógair Fine Gael, mar chuid dá fhorógra toghcháin, go bhfaigheadh sé réidh leis an nGaeilge mar ábhar éigeantach scoile dá dtoghfaí é (T. Brown 256). Den chéad uair ó bunaíodh an stát bhí stádas na Gaeilge, agus tábhacht na teanga don náisiún, á gceistiú go poiblí ag baill an rialtais.

Bhí impleachtaí ag an ísliú stádais seo ar áit na Gaeilge sna scoileanna. Mar a mhíníonn Máirtín Ó Murchú, de réir mar a tháinig athrú ar an gcóras oideachais tháinig meath ar thábhacht na Gaeilge mar ábhar iarbhunscoile:

> ...tháinig claochlú mór sna seascaidí ar ghnásanna sa dara leibhéal scolaíochta: méadaíodh go mór ar an tinreamh, ar líon na scoileanna, agus ar a gcineálacha. Lagaíodh ar an seanghnáthamh. Deineadh slad ar líon na meán-scoileanna lán-Ghaeilge. Thairis sin, tháinig raon leathan d'ábhair theicniúla chun cinn, rud a chúngaigh ar na seanábhair liteartha, sa chlár ama agus i rogha na scoláirí. (21)

De réir mar a rinneadh forbairt ar thionsclaíocht na hÉireann, is léir nach bhfacthas an luach céanna a bheith ag an nGaeilge i saol na tíre. Leagadh ní ba mhó béime ar ábhair a bhí ní ba phraiticiúla sa saol oibre, agus laghdaíodh ar thábhacht na Gaeilge mar ábhar. D'imir na nithe seo ar fad tionchar ar stádas na Gaeilge sna bunscoileanna freisin. Mar fhianaise air sin, luann Ó Murchú go raibh 232 bunscoil lánghaelacha sa stát sa bhliain 1958, ach nach raibh ann ach 43 ceann faoin mbliain 1970 (M. Ó Murchú 19).

Athrú mór eile a tharla sna 1960idí ó thaobh mhúineadh na Gaeilge sna meánscoileanna de, a raibh impleachtaí tromchúiseacha aige ar litríocht Ghaeilge an n-óg, ná gur laghdaíodh ar an mbéim a leagtaí go dtí sin ar léamh agus scríobh na teanga. Ina ionad sin, méadaíodh go mór ar thábhacht na Gaeilge labhartha sa seomra ranga. Tugadh isteach béaltriail mar chuid de scrúdú na hArdteistiméireachta sa bhliain acadúil 1959-60, mar chuid de shiollabas nua Gaeilge inar cuireadh i bhfad ní ba mhó béime ar labhairt na teanga, agus tugadh béaltriail isteach mar chuid den Mheánteistiméireacht i 1969 (Kelly 31-32). Mar a luadh i bhfonóta 5, measadh gur imir an t-athrú curaclaim seo drochthionchar ar nósanna léitheoireachta Gaeilge lucht na meánscoileanna, toisc nach raibh an bhéim chéanna sa churaclam a thuilleadh ar an tsaorléitheoireacht Ghaeilge.

Rud amháin dearfach a d'eascair as ísliú stádais na Gaeilge ag deireadh ár dtréimhse ná gur thosaigh na Gaeil féin ag gníomhú ar son thodhchaí na teanga, gan a bheith ag brath ar an rialtas. Sna 1960idí a bunaíodh na Teaghlaigh Ghaelacha – eagraíocht a thacaíodh le tuismitheoirí a bhí ag tógáil a gcuid páistí le Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht – agus a cuireadh tús le gluaiseacht na naíonraí. Bhí baint ag an dá ní sin leis an mborradh faoin

nGaelscolaíocht ó thús na 1970idí ar aghaidh (Ó Broin 5-7; Mhic Mhathúna agus Mac an Iomaire). D'imir na gluaiseachtaí seo tionchar mór ar litríocht Ghaeilge na n-óg, mar chuir siad margadh nua soiléir ar fáil do leabhair Ghaeilge do pháistí óga. Toisc gur cruthaíodh an margadh seo ag an am céanna is a bhí caighdeán na Gaeilge sna meánscoileanna ag titim thosaigh na foilsitheoirí Gaeilge ag fágáil na déaglitríochta i leataobh agus ag díriú ar aoisghrúpaí óga (féach, cuir i gcás, Mag Shamhráin 54-74).

Is é foilsiú an leabhair *Mo Chara, Mo Namhaid* (Ó Sándair 1967) a roghnaíodh mar chríoch don tráchtas seo, toisc go marcálann foilsiú an leabhair sin deireadh ré órga na déaglitríochta Gaeilge. Ba é Ó Sándair, ar foilsíodh 118 leabhar leis do dhéagóirí i dtréimhse an tráchtais seo, an t-údar ba mhó a chuir leis an mborradh a bhí faoin déaglitríocht idir 1926 agus 1967. Le foilsiú *Mo Chara, Mo Namhaid* d'éirigh Ó Sándair as an scríbhneoireacht don aos óg[7], agus ba é an gníomh sin an comhartha ba shuntasaí go raibh athrú mór ag teacht ar an bhfoilsitheoireacht Ghaeilge do dhaoine óga ag deireadh na 1960idí agus go raibh críoch le ré ar leith i litríocht Ghaeilge na n-óg.

## *3 An taighde go dtí seo*

Ina haiste ar litríocht Bhreatnaise na n-óg, míníonn Siwan M. Rosser ceann de na constaicí is mó atá roimh léann litríocht na n-óg sna teangacha Ceilteacha:

> ...the question about what merits literary and cultural value or significance for speakers of Celtic languages is confounded by their cultural position on the Celtic fringe. The study of Welsh, Irish, Gaelic or Breton children's literature is therefore a marginalized subject within marginalized languages and cultures. (228)

Tá fírinne an ráitis sin le feiceáil sa chaoi ar caitheadh le litríocht Ghaeilge na n-óg sna blianta atá imithe, agus sa chaoi a gcaitear léi go minic fós. Is beag meas atá léirithe ag

[7] Rinne Ó Sándair iarracht filleadh ar an déaglitríocht sna 1980idí, ach níor scríobh sé ach dhá leabhar an uair sin – *Fáilte ar ais, a Réics* (1981) agus *Réics Carló ar Oileán Mhanann* (1984).

criticeoirí thar na blianta ar leabhair Ghaeilge do pháistí mar chuid de litríocht na Gaeilge, nó mar chuid de léann litríocht na n-óg in Éirinn. Tá athrú ag teacht air sin le blianta beaga anuas, go háirithe i gcás léann litríocht na n-óg, ach tá go leor oibre fós le déanamh.

Is iondúil go dtugtar neamhaird ar leabhair do pháistí sna saothair thaighde a phléann le stair litríocht na Gaeilge, cuir i gcás, mar a thug Rosenstock faoi deara i 1990: "Cuid shuntasach dar litríocht í an litríocht do pháistí, idir véarsaíocht, dhrámaíocht, phictiúrleabhair agus eile, ach fágtar ar lár í nuair a bhíonn díolaimí scéalta filíochta á gcur le chéile, nó nuair a thugtar spléachadh ar stair na litríochta Gaeilge san fhichiú haois" ("Gabriel" 152). Ceann de na saothair thaighde is mó a léiríonn an beagmheas a bhíonn ag criticeoirí na Gaeilge ar leabhair don aos óg ná *An tÚrscéal Gaeilge* (1991) le Alan Titley. Sa mhórshaothar seo pléann Titley le forbairt an úrscéil sa Ghaeilge, ag roinnt na saothar uile a dtráchtann sé orthu i seánraí éagsúla. Ceann de na seánraí sin ná "Úrscéal na Coitiantachta", is é sin, dar le Titley, an t-úrscéal "...a scríobhadh go príomha ar son léitheoireachta éadroime" (*An tÚrscéal* 11). "Is miste dúinn," dar leis, na leabhair sin "...a mheas de réir na tuisceana a bhí ag na húdair dóibh san am..." (11). Chuige sin déanann Titley scagadh ar leithéidí *An Rábaire Bán* (N. Tóibín 1928), *An Crann Cuilinn* (Ó Dúnaighe 1933), *Cailín na Gruaige Duinne* (Uí Dhiosca 1932) agus *An Dílidhe* (A. Ó Baoighill 1930), ag áiteamh gur "...mhuirearach leis na húdair seo, ní foláir, aon ní a raibh boladh na litríochta uaidh a iompar agus [go raibh] siad mórálach as a raibh á dhéanamh acu chun ábhar léitheoireachta a sholáthar do phobal na Gaeilge" (75). Ag an am céanna, deir sé nach "...lú ná díol molta iad na saothair seo má dhéantar iad a mheas laistigh de na téarmaí a leag siad síos dóibh féin" (75).

Bheadh go maith agus ní bheadh go holc ach nach gcaitheann Titley chomh dea-bhéasach céanna le saothar Chathail Uí Shándair, scríbhneoir do dhéagóirí, agus an t-úrscéalaí Gaeilge ba mhó ráchairt riamh. In ainneoin go n-áitítear ag tús na caibidle "Úrscéal na Coitiantachta" gurbh é "...gaisce scríbhneoireachta Chathail Uí Shándair an gníomh aonair pinn is éachtaí i stair an úrscéil Ghaeilge...", ní phléann Titley saothar an tSándaraigh ach in aon alt amháin (*An tÚrscéal* 65). An chúis atá aige leis an neamhaird sin, ná nach

> ...[n-]áireofaí Cathal Ó Sándair i measc úrscéalaithe tábhachtacha na Gaeilge fiú dá mba ag scríobh do dhaoine fásta a bhí sé. Ní áireofaí é ar an gcuntar céanna is nach n-áirítear na húdair mhóra Béarla, mar shampla, a chaitheann a gcuid dúthrachta le 'litríocht tráchtála', *senational literature*, *formula literature*, *popular literature*, *Trivialliteratur* ar thraidisiún canónda an Bhéarla. (65)

Bheadh an míniú sin inghlactha, is dócha, ach gurb é an cineál sin litríochta ábhar na caibidle céanna. Anuas air sin, pléann Titley le leabhair den chineál céanna do dhéagóirí níos faide anonn sa chaibidil sin, cuir i gcás saothar Annraoi Uí Liatháin, cé nach n-áiríonn sé iad ina chlár d'úrscéalta Gaeilge ag cúl an leabhair (94-95, 613-617). Ní léir cén tslat tomhais a bhí ag Titley le haghaidh na leabhar do dhaoine óga a roghnaigh sé don liosta úrscéalta sin. Féach go n-áiríonn sé *Eachtra na Beiche* (1941)[8] le Micheál Ó Cionnfhaolaidh, ach nach n-áiríonn sé leabhar eile Uí Chionnfhaolaidh faoin gcarachtar céanna, *Eachtra an Phortáin* (1940) (614).

Ar ndóigh, baineann dearcadh Titley in *An tÚrscéal Gaeilge* go mór leis an tréimhse inar foilsíodh an saothar sin, is í sin tús na 1990idí. Ó shin i leith tá glactha go forleathan le litríocht mhóréilimh agus litríocht na n-óg mar ábhair acadúla, cé gur léir gur chreid Titley siar i 1991 nach dtarlódh a leithéid riamh (*An tÚrscéal* 65-66). Tá saothair ann a foilsíodh níos deireanaí, mar sin, a bhfuil an tuiscint úr seo ar fhiúntas an dá chineál litríochta sin tar éis dul i bhfeidhm orthu.

[8] Litrítear ainm an leabhair seo go mícheart i liosta Titley, freisin. Tugtar *Eachtra na beithe* air (Titley, *An tÚrscéal* 614).

Tá taighde ceannródaíoch déanta ag Philip O'Leary ar Chathal Ó Sándair, cuir i gcás, in *Writing Beyond the Revival: Facing the Future in Gaelic Prose, 1940-1951* (2011), an ceathrú himleabhar i sraith de leabhair thoirtiúla O'Leary ar phrós na Gaeilge, agus is cinnte go mbeidh áit lárnach ag Ó Sándair sa chéad imleabhar eile sa tsraith a fhoilseofar. Is léir, áfach, go bpléann O'Leary le saothar Uí Shándair toisc go bhfeictear dó gur imir Ó Sándair ról tábhachtach i gcur chun cinn na litríochta móréilimh i measc daoine fásta, trí sheánraí éagsúla a sholáthar, seachas mar gheall ar an ról tábhachtach a d'imir sé i litríocht Ghaeilge na n-óg. Mar an gcéanna, pléann O'Leary leis na leabhair *Manannán* (Ní Ghráda 1940) agus *An Spiorad Do-chloíte* (Ó Grádaigh 1954) mar chuid de na samplaí is luaithe den fhicsean eolaíochta sa Ghaeilge, seachas mar leabhair don aos óg (*Writing Beyond* 119-120, 103). Ní luann sé, cuir i gcás, saothair nuachumtha Marion King nó Ailbhe Uí Mhonacháin in *Gaelic Prose in the Irish Free State 1922-1939* (2004), ar saothair iad nach mbeadh oiriúnach do léitheoirí fásta, agus is mór an díol spéise é sin i saothair thaighde atá chomh cuimsitheach is atá saothair O'Leary.

Ó thaobh léann litríocht na n-óg in Éirinn de, bhí leabhair Ghaeilge mar chuid den léann sin riamh, cé gur in áit na leathphingne a cuireadh iad. Idir 1990 agus 2000, tréimhse ina ndearnadh taighde ceannródaíoch ar litríocht na n-óg in Éirinn, chuir Gabriel Rosenstock, Máire Uí Mhaicín, Ré Ó Laighléis agus Alan Titley leis an taighde sin lena n-aistí siúd ar leabhair Ghaeilge do pháistí agus staid litríocht Ghaeilge na n-óg ag an am. Cuireadh leis an bplé sin i 2003 nuair a foilsíodh an cnuasach aistí *Idir Lúibíní: Aistí ar an Léitheoireacht agus ar an Litearthacht* (Ní Mhianáin (eag.)). Mar is léir ó theideal an chnuasaigh sin, baineann na haistí ann leis an staid ina raibh cúrsaí léitheoireachta agus litearthachta na Gaeilge ag an am, i measc daoine óga agus daoine fásta. Tá aistí an-

spéisiúil ann, cuir i gcás, faoin déaglitríocht agus faoi chúrsaí léitheoireachta sa Ghaeltacht (S. Ó Murchú, "An Léitheoireacht"; Ó Neachtain; D. Ó Baoill). An rud a bhaineann leis na haistí seo uile ar litríocht Ghaeilge na n-óg ar scríobhadh iad idir 1990 agus 2003, áfach, ná go ndíríonn siad ar fad ar staid reatha na litríochta sin, agus gur beag aird a thugtar ar stair na litríochta sin iontu.

Tá an neamhaird seo intuigthe, ar bhealach, mar ba í an aidhm a bhí ag na húdair ar fad a luadh thuas ná cuntas cruinn a thabhairt ar staid litríocht Ghaeilge na n-óg mar a bhí sí ag an am, agus, i gcás Uí Laighléis agus scríbhneoirí *Idir Lúibíní* ach go háirithe, chun teacht ar bhealaí áirithe chun an litríocht sin a chothú agus an léitheoireacht Ghaeilge a chur chun cinn. Ar an dromchla, níl baint ag na leabhair a foilsíodh i dtréimhse thaighde an tráchtais seo leis an aidhm sin. Is beag ceann díobh a raibh teacht air a thuilleadh faoi dheireadh an fhichiú céad, agus anuas air sin is sa chló Gaelach a foilsíodh a bhformhór, cló a bhí imithe go hiomlán as úsáid sna scoileanna faoin mbliain 1972 (O'Leary, *Keeping Faith* 36).

Ag an am céanna, mar a d'áitigh mé cheana, creideann go leor criticeoirí go gcuireann tuiscint ar stair litríocht na n-óg lenár dtuiscint ar litríocht na n-óg sa lá atá inniu ann. Is beag tagairt, áfach, a dhéantar sna haistí thuasluaite do leabhair don aos óg a foilsíodh roimh 1970, seachas corrthagairt. Ina áit sin dírítear isteach go minic iontu ar fheabhas na leabhar do pháistí óga a foilsíodh ag deireadh an fhichiú haois. Luann cuid de na scríbhneoirí údair áirithe a bhíodh ag scríobh i dtréimhse an tráchtais seo – luann Ó Murchú, Ó Neachtain, Rosenstock, Uí Mhaicín agus Ó Laighléis ar fad Cathal Ó Sándair, cuir i gcás, ach ní léir go gcreideann siad go bhfuil baint ar bith ag rath an tSándaraigh leis an lá atá inniu ann (S. Ó Murchú 90; Ó Neachtain 50; Rosenstock, "Books" 121; Uí Mhaicín 123; Ó Laighléis 427). Admhaíonn Ó Murchú, mar shampla, gur "...minic a rith sé

[leis] nach bhfuil oidhre ceart aimsithe fós ar Chathal Ó Sándair...", ach is léir nach bhfeictear dó go bhfuil leigheas air sin, mar áitíonn sé go bhfuil "...na laethanta sin imithe, is dócha" ("An Léitheoireacht" 90). Is í tuairim Uí Mhaicín, fiú, nach "...c[h]all do dhuine an iomad ama a chaitheamh ag scagadh chúrsaí litríochta i nGaeilge do dhaoine óga go dtí an trian deiridh den [fhichiú céad], agus le fírinne níor tháinig sí i mbláth go dtí na hochtóidí agus na nóchaidí. Roimhe sin, ba bheag a soláthraíodh do dhaoine óga lasmuigh d'ábhar scoile mar lón léitheoireachta..." (121). Tá sé i gceist agam a chruthú sa tráchtas seo nach fíor an ráiteas sin in aon chor.

Tá feabhas ollmhór tagtha ar fholláine léann stair litríocht Ghaeilge na n-óg le dornán de bhlianta anuas, áfach. I 2009 foilsíodh aiste le Ríona Nic Congáil ar chuid de shaothar Chathail Uí Shándair in *Comhar* ("Réics Carló"). Trí bliana ní ba dhéanaí is ea a foilsíodh an chéad chnuasach aistí ar léann litríocht Ghaeilge na n-óg, *Codladh Céad Bliain: Cnuasach Aistí ar Litríocht na nÓg* (Nic Congáil (eag.) 2012), ina bhfuil meascán d'aistí ar litríocht chomhaimseartha na n-óg agus ar stair na litríochta sin. An bhliain dár gcionn leanadh ar aghaidh leis an bplé ar na hábhair sin in *Laethanta Gréine agus Oícheanta Sí: Aistí ar Litríocht agus ar Chultúr na nÓg* (Nic Lochlainn agus Nic Congáil (eag.) 2013) agus foilsíodh an tríú leabhar sa tsraith *Thar an Tairseach: Aistí ar Litríocht agus ar Chultúr na nÓg* (Adams, Dunne agus Nic Lochlainn (eag.)) i 2014. Tá taighde dochtúireachta ar siúl chomh maith ag Caoimhe Nic Lochlainn agus Róisín Ní Mhulláin ar aistriúcháin Ghaeilge do pháistí agus ar shaothar Chathail Uí Shándair faoi seach.

Tá cead isteach faighte ag litríocht Ghaeilge na n-óg freisin le déanaí sna saothair thaighde a fhoilsítear faoi litríocht na n-óg agus faoin óige in Éirinn, nach bpléadh ach le saothair Bhéarla roimhe sin (Féach *Children's literature on the move: nations, translations,*

*migrations* (Maguire agus Rodgers (eag.) 2013) agus *Children, childhood and Irish society: 1700 to the present* Luddy agus Smith (eag.) 2014). Is comhartha maith é seo go bhfuiltear ag glacadh faoi dheireadh le bailíocht litríocht na Gaeilge agus litríocht Ghaeilge na n-óg mar léargas ar an óige in Éirinn san am atá thart.

Mar is léir ón achoimre sin ar léann stair litríocht Ghaeilge na n-óg go dtí seo, is mór an dul chun cinn atá déanta sa ghort le tamall anuas, ach tá go leor fós le déanamh. Féachann an tráchtas seo le cur leis an taighde sin trí chuntas cuimsitheach a chur ar fáil ar litríocht Ghaeilge na n-óg idir 1926 agus 1967. Mar a luadh cheana, níorbh acmhainn gach gné den litríocht sin a iniúchadh ach déantar iarracht pictiúr cruinn a tharraingt dá raibh ar siúl san fhoilsitheoireacht Ghaeilge don aos óg sna blianta sin.

### *4 Leagan amach an tráchtais*

Tosaíonn an chéad chaibidil le plé ar bhunú an Ghúim agus ar chuid de na príomhdheacrachtaí a bhí ag an gcomhlacht sin ina luathbhlianta. Tugtar spléachadh ar na chéad iarrachtaí a rinne an Gúm chun litríocht Ghaeilge na n-óg a chur chun cinn, is iad sin foilsiú *Sgéalta ón Radio* (Ó Cuív 1931), *Fí-Fá-Fum* (Mac Giollarnáth agus Perrault 1931) agus na sraithe *Laetheannta Gréine* (Údair éagsúla 1932-1939). Áitítear nach raibh tuiscint cheart ag an nGúm ag an bpointe seo ar an gcumhacht atá ag litríocht na n-óg, nó ar an gcineál saothair a bhí ag teastáil chun léitheoirí Gaeilge a dhéanamh de na páistí a bhí ag foghlaim na teanga sna scoileanna. Breathnaítear ar na buanna agus ar na laigí a bhí ag na saothair seo, agus ar an léargas a thugann a bhfoilsiú dúinn ar mheon mhuintir an Ghúim agus mhuintir Shaorstát Éireann ar litríocht Ghaeilge na n-óg ag an am.

Sa dara caibidil pléitear an tionchar a d'imir dream scríbhneoirí, aistritheoirí agus maisitheoirí, a mbíodh baint acu leis an nuachtán *An t-Éireannach*, ar fhorbairt litríocht Ghaeilge na n-óg sa tréimhse idir 1937 agus 1942. Chuir na daoine seo – Cathal Mac Aonghusa, Sorcha Ní Ghuairim, Pádraig Ua Concheanainn, Ailbhe Ó Monacháin agus Marion King – beocht san fhoilsitheoireacht Ghaeilge don aos óg den chéad uair, agus chabhraigh siad leis an nGúm teacht ar thuiscint ní b'fhearr de na cineálacha saothar do pháistí a raibh éileamh orthu i nGaeilge. Ba iad sin saothair nuachumtha dhúchasacha a raibh blas Éireannach orthu, saothair inar léiríodh tuiscint ar an taobh aeistéitiúil de litríocht na n-óg agus leabhair do pháistí óga.

I gcaibidil a trí is ea a phléitear saothar an údair ba thábhachtaí a bhí ag scríobh do dhaoine óga i dtréimhse thaighde an tráchtais seo, is é sin Cathal Ó Sándair. Caitear solas ar an éacht scríbhneoireachta a rinne an Sándarach idir na 1940idí agus na 1960idí, agus ar an gcaidreamh a bhí aige lena fhoilsitheoir, an Gúm, le linn an ama sin. Tugtar cuntas ar na seánraí éagsúla ar bhain Ó Sándair earraíocht astu agus é ag iarraidh Éireannaigh óga a spreagadh chun na léitheoireachta Gaeilge. Déantar iarracht ansin na cúiseanna ba mhó a bhí le mór-ráchairt leabhair an tSándaraigh a mheas, águs áitítear go raibh tóir chomh mór sin ar a leabhair toisc gur leaganacha dúchasacha a bhí iontu d'fhoirm litríochta a raibh an-ghlaoch air in Éirinn ag an am, gur cuireadh íomhá d'Éirinn chun cinn iontu a bhí tírghrách agus forásach ag an am céanna agus gur tugadh áit ar leith iontu do shaol na cathrach.

Breathnaítear i gcaibidil a ceathair ar na scríbhneoirí eile a bhíodh ag scríobh déaglitríochta don Ghúm idir 1926 agus 1967, nach bhfuil an oiread sin cáile orthu is atá ar Ó Sándair. Pléitear saothar beirte údar ach go háirithe, Mícheál d'Andún agus Críostóir Ó Floinn. Áitítear gur imir Cathal Ó Sándair tionchar ar shaothar na beirte sin leis an mór-ráchairt a

bhí ar a leabhair féin agus leis an gcaoi a ndeachaigh sé i bhfeidhm go hindíreach ar chaidreamh na beirte sin leis an nGúm. Léirítear an chumhacht a bhíodh ag eagarthóirí an Ghúim agus saothair á roghnú acu le cur i gcló, cumhacht ar baineadh mí-úsáid aisti, feictear dom, i gcás Chríostóra Uí Fhloinn.

Fágtar an Gúm i leataobh i gcaibidil a cúig agus breathnaítear ar na comhlachtaí éagsúla foilsitheoireachta a tháinig ar an saol ó na 1940idí ar aghaidh. Tugtar cuntas ar theacht ar an saol Chlub Leabhar na Sóisear, club leabhar do dhéagóirí a bhunaigh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge sa bhliain 1956, agus déantar iniúchadh ar an gcaoi a ndeachaigh bunú an Chlub sin i bhfeidhm ar fhorbairt litríocht Ghaeilge na n-óg. Tugtar spléachadh ar na cineálacha saothar a bhíodh á bhfoilsiú mar chuid de Chlub Leabhar na Sóisear, agus ar na téamaí is mó atá le sonrú iontu. Áitítear go bhfuil nasc láidir idir mórthéamaí leabhair an Chlub agus an t-athrú mór a bhí ag teacht ar shochaí na hÉireann thart ar an am a foilsíodh iad.

Is caibidil ghairid í caibidil a sé ina dtugtar spléachadh achomair ar an mbeagán leabhar Gaeilge do pháistí faoi bhun dhá bhliain déag d'aois a foilsíodh i ndiaidh do Marion King éirí as an gcumadóireacht don aoisghrúpa sin i 1942. Déantar ganntanas an tsaothraithe don aoisghrúpa mór tábhachtach sin a mhíniú agus áitítear gurbh é an costas a bhain leis an bhfoilsitheoireacht do pháistí óga a bhí ag cur isteach ar na foilsitheoirí príobháideacha, ach go raibh deacrachtaí eile ag an nGúm léi. Déantar iarracht a léiriú nach raibh tuiscint cheart ag an nGúm fós ar chúrsaí deartha i leabhair do pháistí óga agus nár shoiléir dó i gcónaí an difear idir leabhair don aoisghrúpa sin agus léitheoirí scoile.

Is ar na leabhair a foilsíodh mar ábhar léitheoireachta do pháistí taobh amuigh den scoil a dhírítear sa tráchtas seo. Tá roinnt foilseachán nach nglactar san áireamh mar sin, gur fiú staidéar a dhéanamh orthu ach nach luíonn le haidhm an tráchtais seo. Is iad sin: leabhair scoile; ábhar léitheoireachta a d'fhoilsigh an Gúm chun úsáide sna scoileanna seachas mar litríocht ghinearálta, ina measc *An Cliathán Clé* (Ó Murchadh 1932), *Sgéilíní na Finne* (A. Ó Baoighill 1928), *Scéalta Chois Teallaigh* (Seoighe 1929) agus *Sgéalta na nOileán* (Ó Díreáin 1929)[9]; na drámaí a foilsíodh don aos óg sa tréimhse, nár ceapadh mar ábhar léitheoireachta neamhspleáiche do pháistí (féach Adams, "Marion King" 99); foilseacháin don aos óg nach leabhair iad, cuir i gcás leathanaigh don aos óg i ngnáth-thréimhseacháin agus tréimhseacháin a foilsíodh do dhaoine óga. Ba mhór ab fhiú é taighde a dhéanamh ar na foilseacháin seo ar fad, ach cheal spáis níorbh acmhainn iad a phlé sa tráchtas seo.

Tras-scríobhadh na hathfhriotail ar fad a úsáidtear sa tráchtas seo díreach mar atá siad sna buntéacsanna, ach gur cuireadh séimhiú isteach in áit an phoinc shéimhithe agus gur cuireadh an focal 'agus' isteach in áit an ghiorrúcháin '7'. Tá dhá aguisín ar fáil ar chúl an tráchtais – liosta croineolaíoch de litríocht Ghaeilge na n-óg idir 1926 agus 1967 agus liosta de roghaleabhair Chlub Leabhar na Sóisear idir 1956 agus 1968.

[9] Tá na leabhair seo áirithe sa liosta téacsleabhar in *Foilseacháin an Ghúim* (Mag Shamhráin 1999).

# CAIBIDIL 1: *LAETHEANNTA GRÉINE* NÓ LAETHANTA DORCHA? – LITRÍOCHT GHAEILGE NA N-ÓG I DTÚSBHLIANTA AN GHÚIM

B'é bunú an Ghúim sa bhliain 1926 an comhartha dóchais ba mhó a bhí ag scríbhneoirí na Gaeilge le fada. (Titley, "An Leanbh" 45)

Ní cás a rá go bhfuil an fiche bliain ó bunaíodh an Gúm ar na tréimhsí is suimiúla ó thaobh na litríochta do dhaoine óga de i gcomhthéacs an stáit nua agus mhúnlú an náisiúin. (S. Ó Murchú, "Idir *Laethanta*" 25)

## *1 Réamhrá*

Ba é bunú an Ghúim sa bhliain 1926 an gníomh ba thábhachtaí i bhforbairt litríocht Ghaeilge na n-óg. Fianaise dhaingean a bhí ann go raibh rialtas Shaorstát Éireann chun tacú le hathbheochan na Gaeilge, agus gur tuigeadh go raibh soláthar téacsleabhar agus litríochta ginearálta i nGaeilge riachtanach don athbheochan sin. "...[C]omhartha dóchais..." a bhí ann freisin, mar a deir Titley, ag scríbhneoirí na teanga, a mbíodh an-deacracht acu roimhe sin ag fáil foilsitheoirí chun a saothair a chur i gcló (*An tÚrscéal* 45). Mar a luadh sa réamhrá, shaor bunú an Ghúim litríocht na Gaeilge ó chúinsí an mhargaidh, go pointe. Bhí tacaíocht an rialtais ag an nGúm, agus ní raibh brabús láithreach ag teastáil ar leabhair chun an comhlacht a choinneáil ar an saol. D'fhág sé sin go raibh deis ag idir litríocht do dhaoine fásta agus litríocht na n-óg teacht faoi bhláth agus margadh a chruthú dóibh féin, neamhspleách ar an seomra ranga. Mar a léireofar tríd síos sa tráchtas seo, deis a bhí ansin nach dtapaítí i gcónaí i gcás litríocht na n-óg, toisc gur dheacair an mhaise é an dlúthcheangal a bhriseadh in intinn daoine idir an scoil agus leabhair Ghaeilge do dhaoine óga.

Sa chaibidil seo tabharfar cuntas gairid ar bhunú an Ghúim agus ar na mórlochtanna a bhain leis an gcomhlacht sin ón tús. Breathnófar ansin ar na chéad leabhair do dhaoine óga a d'fhoilsigh an Gúm mar litríocht ghinearálta, seachas mar áiseanna scoile, agus ar an

gcaoi ar éirigh leis na leabhair sin. Pléifear ach go háirithe an dá chnuasach scéalta *Sgéalta ón Radio* (Ó Cuív 1931) agus *Fí-Fá-Fum* (Mac Giollarnáth agus Perrault 1931) agus an tsraith leabhrán *Laetheannta Gréine*, ar foilsíodh 25 imleabhar inti idir 1932 agus 1939. Cé nach féidir a rá go raibh mórán ratha ar chéad iarrachtaí seo an Ghúim chun litríocht Ghaeilge na n-óg a chur ar a bonnaibh, is fiú breathnú ar na leabhair seo chun tuiscint a fháil ar dhearcadh mhuintir an Ghúim agus ar dhearcadh phobal Shaorstát Éireann ar leabhair Ghaeilge do pháistí ag an am.

## *2 Blianta Luatha an Ghúim*

### *2.1 Bunú an Ghúim*

Ba go luath i ndiaidh bhunú Shaorstát Éireann a thosaigh an Roinn Oideachais ag cur is ag cúiteamh faoin nganntanas leabhar a bhí ar fáil i nGaeilge. Conradh na Gaeilge a bhí mar phríomhfhoilsitheoir leabhar Gaeilge ag tús an chéid – chuir sé 105 leabhar i gcló idir 1893 agus 1918 (Uí Laighléis 185). Tháinig meath mór ar an eagraíocht sin agus ar líon a fhoilseachán, áfach, i ndiaidh Éirí Amach 1916 (Uí Laighléis 185). Corrthéacsleabhar scoile agus léitheoirí ranga a bhíodh á bhfoilsiú ag leithéidí Bhrún agus Uí Nualláin, Chomhlacht Oideachais na hÉireann agus Mhuintir Fhallamhain, comhlachtaí príobháideacha Éireannacha, agus ba bhocht an caighdeán a bhíodh orthu go minic. Ba dheacair d'údar ar bith foilsitheoir a fháil a bheadh toilteanach dul sa seans agus glacadh le leabhar Gaeilge. An t-aon mhargadh cinnte a bhí ann do leabhair Ghaeilge ná lucht na scoileanna, agus idir athruithe curaclaim, cath an dá chló agus ceisteanna litrithe agus canúna, bhí sé i bhfad Éireann ní b'fhusa agus ní ba shábháilte d'fhoilsitheoirí cloí le leabhair Bhéarla. Bhí an ganntanas leabhair scoile i nGaeilge ach go háirithe ag cur isteach go mór ar iarrachtaí an rialtais nua an córas oideachais a Ghaelú. Níor leor an dornán beag téacsleabhar míshlachtmhar a bhí á chur ar fáil ag na comhlachtaí thuas.

Rinne Seoirse Mac Niocaill, cigire leis an Roinn Oideachais, a mhachnamh ar an scéal i 1924 agus chuir sé tuarascáil faoi bhráid Phroinnsias Uí Dhubhthaigh, leas-rúnaí na Roinne sin, faoi dtaobh de. Mhol sé don Roinn coiste a chur ar bun a chuirfeadh airgead ar fáil d'údair Ghaeilge ar mhian leo leabhar a chur i gcló. Ba dhóchasach tnútháin Mhic Niocaill faoi rath na leabhar faoin 'ngúm' sin:

> As to the question of a loss on publication, I dont [*sic*] think it is likely, if the committee do their work well. Steps should be taken to ascertain the probable demand for the work, and a book issued with official sanction would beat any others in the market...I believe, however, from my own experience that really good Irish books will pay their way. (Comhad G008)

Mheas Mac Niocaill go raibh sé tábhachtach go mbeadh lámh ag an Roinn i gcur le chéile agus i bhfoilsiú na leabhar, go seachnófaí an droch-chaighdeán a bhí ar fhormhór na dtéacsleabhar an uair sin:

> Our publishers are setting a very bad standard in this respect [caighdeán na leabhar], and we have demoralised parents & pupils with wretched cheap books. Whatever course is adopted I think the Ministry should have a say in the printing & binding, to ensure that we should have decently turned out books in Irish. (Comhad G008)

Is ag caint ar leabhair scoile amháin a bhí Mac Niocaill sa tuarascáil seo. Ag an tús, níorbh í aidhm na Roinne Oideachais bacadh le saothair litríochta ginearálta ina 'gúm' nua ar chor ar bith. I 1925, cuireadh cor eile sa scéal, áfach. Mhol an tAire Airgeadais, Earnán de Blaghd, gur chóir don choiste leabhar ar bith a bheadh luachmar do scoláirí a ghlacadh san áireamh freisin (Comhad G008). Bheadh nóta taobh istigh de chlúdach na leabhar seo le tabhairt le fios go raibh an leabhar measta ag an rialtas i gcomhair na scoileanna. Ba faoin gcuid seo den scéim a foilsíodh roinnt úrscéalta agus cnuasach gearrscéalta atá dírithe ar an aos óg, mar a luadh sa réamhrá, ach nach mbeidh mé á bplé san anailís seo toisc gur i gcomhair na scoileanna a ceapadh iad seachas mar léitheoireacht neamhspleách don duine óg.

Ba i Nollaig 1926, nuair a bhí Coiste na Leabhar, mar a tugadh air, ag obair leis le seacht mí, a moladh den chéad uair gur chóir don Ghúm litríocht ghinearálta i nGaeilge a chur ar fáil don phobal i gcoitinne, seachas do na scoláirí amháin. Scríobh Seosamh Ó Néill, Rúnaí na Roinne Oideachais, chuig Rúnaí na Roinne Airgeadais, ag cur riachtanas na scéime seo in iúl dó:

> For the past quarter of a century the Schools and colleges have turned out a steadily increasing number of people who can read Irish well...If these people could get popular matter to read in Irish the training in Irish that they have received during their educational career would be strengthened and made permanent by their daily reading afterwards...Under the circumstances it would seem to be necessary if much of the work done in the schools is not to be wasted that the Government should take the initiative in supplying popular literature in Irish to the reading public until such time as the ordinary commercial supply will make this un-necessary. (Comhad G008)

D'aontaigh an Roinn Airgeadais leis an moladh seo, agus cuireadh coiste nua, Coiste na bhFoillseachán, ar bun chun plé leis na saothair litríochta ginearálta. Díol suntais é amach is amach a laghad spéise a léiríodh i litríocht na n-óg sna moltaí thuas, cé gur ghlac an cineál sin litríochta áit lárnach sa scéim de réir a chéile, mar a fheicfear.

Níor fhear chuile dhuine sa tír fíorchaoin fáilte roimh scéim nua na Roinne Oideachais. A mhalairt ar fad a bhí i gceist i gcás na gcomhlachtaí príobháideacha foilsitheoireachta in Éirinn. Ghabh eagla iad arna chloisteáil faoin scéim dóibh – bhí siad buartha faoin dochar a dhéanfadh teacht ar an bhfód comhlacht foilsitheoireachta a raibh tacaíocht an rialtais aige don tionscal foilsitheoireachta in Éirinn. Scríobh Alfred O'Rahilly, Cláraitheoir Ollscoil Chorcaí agus an duine a bhí i gceannas ar chomhlacht foilsitheoireachta na hOllscoile, chuig an Roinn Oideachais i 1925 lena bhuairteanna faoin scéim nua a chur in iúl:

> I am strongly of the opinion that the subsidy of Irish publications should take the form of a sum of money given to the author on publication. I think the Department should have nothing to do with the arranging for publication or with the fixing of

> the price. All these things should be left to be settled by ordinary business considerations. (Comhad G008)

Bhí eagla ar O'Rahilly nach mbeadh na comhlachtaí neamhspleácha foilsitheoireachta in ann a gcuid leabhar a chur in iomaíocht le leabhair a bheadh ní ba shaoire, agus a mbeadh aitheantas an rialtais acu. Is aige a bhí an ceart, mar a fheicfear. Nocht W. G. Lyon, stiúrthóir Chomhlacht Oideachais na hÉireann, na buairteanna céanna i 1926, agus bhagair sé go mbeadh ar a chomhlacht éirí as a bheith ag plé le leabhair Ghaeilge dá dtosódh an Roinn ag foilsiú leabhair scoile:

> It is very easy for the the hypocritical to say our books have not been perfect, but few books are perfect, and we have done our very best, with the material available, to supply suitable books as required. Under the circumstances, we think we deserve some consideration from your Department, and we shall be glad to know if it is your intention to continue the publication of elementary books subsidized by the Government. If so, we are afraid we must retire from such an unequal contest. (Comhad G008)

Míníodh don bheirt acu – O'Rahilly agus Lyon – nár chúis bhuartha dóibh an scéim seo (Comhad G008). Ba é an córas a bhí leagtha amach ná seo a leanas: Mheasfadh baill Choiste na Leabhar (a phléigh leis na leabhair scoile) agus baill Choiste na bhFoillseachán (a phléigh leis an litríocht ghinearálta) na leabhair a sheolfaí chucu. Dá mbeidís sásta leo chuirfí in eagar iad agus sheolfaí ar aghaidh chuig Oifig an tSoláthair iad. Bhí Oifig an tSoláthair i gceannas ar chuile rud a d'fhoilsigh an rialtas, idir thuarascálacha agus cháipéisí dlíthiúla. D'earcódh an Oifig an comhlacht foilsitheoireachta Éireannach ba shaoire chun na leabhair a fhoilsiú. Bheadh lámh ag an Roinn i ndearadh an leabhair agus i bpraghas an leabhair, ach d'fhágfaí cúrsaí eile foilsitheoireachta, mar aon le cúrsaí margaíochta agus díolacháin, faoin gcomhlacht foilsitheoireachta féin. Bheadh ainm an chomhlachta foilsitheoireachta ar an leabhar.

De réir a chéile, áfach, ghlac Oifig an tSoláthair ní ba mhó freagrachtaí chucu féin, ag plé leis na clódóirí thar ceann an Ghúim agus i bhfeighil ar chúrsaí margaíochta agus díolacháin (Uí Laighléis 194-195). Fuair siad cead a bheith mar fhoilsitheoir ar na leabhair a foilsíodh mar litríocht ghinearálta ag deireadh na bliana 1930, agus mar sin is í Oifig an tSoláthair, nó an Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais (an áit ar díoladh gach rud a d'fhoilsigh Oifig an tSoláthair) atá ainmnithe mar fhoilsitheoirí ar na leabhair ar fad de chuid an Ghúim a phléifear sa tráchtas seo (Comhad G008). I 1933 fuarthas réidh leis an dá Choiste agus fostaíodh eagarthóirí lánaimseartha agus léirmheastóirí páirtaimseartha ina n-áit (Uí Laighléis 193). Tháinig an Gúm ar an bhfód.

Is minic a dhéantar gearán faoi ghníomhartha an Ghúim ina thúsbhlianta. Ceann amháin de na gearáin sin, pléadh thuas é .i. nach raibh sé ar chumas comhlachta foilsitheoireachta ar bith eile dul in iomaíocht leis an nGúm. Monaplacht a bhí ag an nGúm ar fhoilsiú leabhar Gaeilge ar feadh tamaill fhada, mar sin, agus is léir gur imir an easpa iomaíochta sin drochthionchar ar chaighdeán na leabhar a bhí á bhfoilsiú acu. Ní raibh brú ar bith ar an nGúm leabhair den chéad scoth a chur i gcló, nó fiú éisteacht róghéar le cúrsaí an mhargaidh, toisc nach raibh mórán iomaíochta acu sa mhargadh sin. Cé gur bhuntáiste go pointe é nach raibh an Gúm faoi smacht ag an margadh, agus go bhféadfadh siad freastal ar léitheoirí na Gaeilge gan a bheith buartha faoi bhrabús láithreach a dhéanamh, míbhuntáiste a bhí ann sa chaoi gur spreag sé leisce sa Ghúm ó thaobh taighde margaidh de. Anuas air sin, níor chomhlacht príobháideach é an Gúm, agus mar sin ní raibh duine ar leith freagrach as – airgead an rialtais a bhí á chur isteach ann, airgead an phobail. Níor chuir Oifig an tSoláthair mórán stró orthu féin riamh i gcúrsaí poiblíochta agus margaíochta. Ba ar an scríbhneoir féin go minic a thit an dualgas aird a tharraingt ar fhoilsiú a leabhair, agus i gcás Marion King, údar agus maisitheoir pictiúrleabhar a

phléifear i gcaibidil a dó, ba mhór an chonstaic seachas an chabhair a bhí san Oifig chéanna. Níor tháinig aon athrú ar an scéal sin go dtí 1945, nuair a bhunaigh Seán Ó hÉigeartaigh agus Bríd Uí Éigeartaigh an comhlacht Sáirséal agus Dill.

Locht eile a chuirtear i leith an Ghúim go mion minic ná gur chaith siad an iomarca ama agus airgid ag foilsiú aistriúchán, agus is ina bhlianta luatha a chaith siad an dua is mó leis an scéim sin. In *An Roinn Oideachais Tuarasgabháil 1936-37*, cuir i gcás, fógraíodh go raibh 383 leabhar foilsithe ag an nGúm don phobal i gcoitinne go dtí sin, agus gurbh aistriúcháin iad 227 leabhar díobh (124). Ba ón mBéarla a aistríodh a bhformhór, cuirim i gcás *Dr Jekyll agus Mr Hyde* (Stevenson 1930), *Viocáire Wakefield* (Goldsmith 1931), *Saile Ní Chaomhánaigh* (Kickham 1932) agus *Amhránaidhe Breathnach* (Raine 1933) gan ach líon beag samplaí a lua. Dhéantaí an gearán go minic go raibh an bhéim seo ar thábhacht an aistriúcháin ag déanamh beag is fiú den litríocht dhúchasach. Níos measa fós, deirtí go raibh obair an aistritheora ag milleadh scileanna cumadóireachta agus chumas Gaeilge na n-aistritheoirí agus ag déanamh fíordhochair do litríocht na Gaeilge dá dheasca (Titley, *An tÚrscéal* 46; O'Leary, *Gaelic Prose* 376). Feicfimid ar ball an tionchar a d'imir na haistriúcháin seo ar fhorbairt litríocht Ghaeilge na n-óg.

De réir Mháirín Nic Eoin, "Ar go leor bealaí ba namhaid don litríocht chruthaitheach an Gúm mar...cheangail sé an litríocht le polasaí stáit, rud nach bhfuil sláintiúil ar bhealach ar bith don fhíorchumadóireacht" (*An Litríocht* 28). Tuairim í seo a bhí thuas i mblianta luatha an Ghúim freisin. Ag breathnú ar dhul chun cinn an chomhlachta in alt in *Bonaventura* i 1937, scríobh Roibeárd Ó Faracháin:

> But even if it worked as a system compatible with Christian humanism a Government department should not be entrusted with day-to-day publication of books. Because books which are books are living things, and civil service which is civil service is very nearly a dead thing... (170)

Ba chuma a dhíograisí is a bhí muintir an Ghúim féin, bhí maorlathas na státseirbhíse á dtachtadh. Bhíodh ar an nGúm a bheith ag plé go rialta leis an Roinn Oideachais agus leis an Roinn Airgeadais, rud a chuireadh moill ar ghnó an chomhlachta. Mar a scríobh Breandán Mac Giolla Coille in *Comhar* i 1960: "An té a bhfuil fonn air a chuid mí-charthanacht a ligean amach ar an Ghúm, cuimhníodh sé nach raibh ann ariamh ach gléas ba lú ná gléas iomlán foilsitheoireachta. Ba mhó ba chosúla le gléas eagarthóireachta é agus ceannas na clódóireachta in áit agus in údarás eile ar fad" ("Cúrsaí Foilsitheoireachta" 16).

Ba é an ról a bhí ag Oifig an tSoláthair i bhfoilsiú leabhair an Ghúim an phríomhfhadhb a bhain le córas foilsithe an Ghúim, is cosúil. Nuair a bhíodh lámhscríbhinn curtha in eagar ag an nGúm, sheoltaí chuig Oifig an tSoláthair í. Ba gheall le poll mór gan chríoch í an Oifig chéanna. Go mion minic théadh na blianta thart sula raibh tásc ná tuairisc ar an lámhscríbhinn bhocht arís. I gcás litríocht Ghaeilge na n-óg, fuair Mícheál d'Andún, a phléifear i gcaibidil a ceathair, bás sular foilsíodh trí leabhar leis, agus bhí "Carraig na Téide" (Seán Ó Murchadh) marbh "...le blianta anuas..." nuair a foilsíodh *Pluais na n-Iongantas* i 1953 (Comhad N0785). Ba dhream iad foireann Oifig an tSoláthair a mbíodh leithscéal i gcónaí acu faoi mhoill a bheith le leabhair, agus a bhíodh cantalach nuair a leagtaí freagracht orthu faoi fhadhb ar bith. Ba chuma leis an Oifig sin, is cosúil, faoi chúrsaí margaíochta, agus is san Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, taobh le cáipéisí stáit, a chuirtí leabhair an Ghúim ar díol, formhór an ama. Nuair a rinne Marion King gearán faoi mhí-éifeacht Oifig an tSoláthair i 1938, níor fhéad an Roinn Oideachais neamhaird iomlán a thabhairt ar an bhfadhb a thuilleadh. I nóta leis an teideal "Fá Rún", scríobh rúnaí na Roinne chuig an Aire, ag rá:

> No effort seems to be made by the S.O. [Oifig an tSoláthair] or by the Publications Sales Office to place books in the bookshops...The difference between ordinary

> Government publications, such as Acts and Commission Reports, and Irish books is not recognised by the Stationery Office...Any proposal of this kind will most likely be met unfavourably by the Stationery Office as an intrusion on its traditional functions but conservatism of this type should not be permitted to obstruct the work of another Department... (Comhad G198)

Ní léir gur tháinig athrú ar bith de bharr an nóta seo, ámh, agus ligeadh d'Oifig an tSoláthair a gcoimeádachas a choimeád.

Bhí locht eile ar an nGúm a bhain lena cheangal leis an rialtas, is é sin go n-athraítí a pholasaithe de réir mar a athraíodh an rialtas féin. Is ar chúrsaí cló a d'imir an t-athrú rialtais i 1932 an tionchar ba mhó sa Ghúm. Mar a phléann Philip O'Leary, ba í ceist an chló ceann den dá phríomhchnámh spairne i measc phobal na Gaeilge i mblianta luatha an tSaorstáit: "In the first two decades of the independent state...the related questions of orthography and typeface were argued with a ferocity that could divide families and friends, and drive would-be sympathisers away in disgust" (*Gaelic Prose* 25). Chreid dream mór daoine, ina measc an tAthair Pádraig Ó Duinnín, Seosamh Mac Grianna agus Seán Mac Maoláin, gur chóir an cló Gaelach a choimeád toisc é a bheith níos traidisiúnta agus níos dúchasaí ná an cló 'Gallda' (27). Spreagadh ní ba phragmataí a bhí acu siúd ar mhian leo an cló Rómhánach a thabhairt isteach, is é sin gur mheas siad go rachadh úsáid an chló sin chun sochair don teanga: "...the language could be taught more easily, printed more efficiently, and published more economically in the 'Roman' font..." (26).

Is den tuairim sin a bhí rialtas Chumann na nGaedheal, a bheartaigh go gcloífeadh sé leis an gcló Rómhánach, cé nár mhó ná sásta a bhí go leor daoine leis an gcinneadh sin. Bhí cúiseanna maithe praiticiúla ag an rialtas leis seo - bhí sé ní b'fhusa agus ní ba shaoire clóscríobháin a fháil sa chló Rómhánach ná sa chló Gaelach, agus d'fhéadfaí na clóscríobháin sin a úsáid le haghaidh an Bhéarla freisin. Anuas air sin ba léir don rialtas ag an am go mbeadh air an Ghaeilge a chur in oiriúint don fhichiú céad dá mbeadh sé chun ról

lárnach a thabhairt di i saol an stáit agus i ngnó an rialtais. Ba bheart é sin nach bhféadfaí a dhéanamh agus cloí lena leithéid de chló seanaimseartha, dar le rialtas Chumann na nGaedheal.

Athrú a bhí ansin nach bhféadfaí a chur i bhfeidhm thar oíche, ach cinneadh, nuair a bunaíodh an Gúm, go méadófaí de réir a chéile líon na leabhar a d'fhoilseofaí sa chló Rómhánach, go dtí go rachadh muintir an stáit i dtaithí air. Ansin gheofaí réidh leis an seanchló go huile is go hiomlán. Cuireadh an polasaí i bhfeidhm, agus seo thíos mar a sheas cúrsaí faoin 4 Nollaig 1930:

> 1. Sa chló Rómhánach a bhí gach saothar bunaidh le foilsiú, má glacadh leis faoin scéim dleachta.
> 2. Sa chló Rómhánach a bhí 5/6 de na saothair bhunaidh le foilsiú, munar glacadh leo faoin scéim dleachta.
> 3. Sa chló Rómhánach a bhí gach aistriúchán agus athchló le foilsiú.
> 4. Sa chló Rómhánach a bhí 1/3 de na téacsleabhair, ar glacadh leo roimh 31 Márta 1931, le foilsiú.
> 5. Ón 1 Aibreán 1931 bhí chuile leabhar le foilsiú sa chló Rómhánach.
> (achoimre ar chuid de cháipéis i gComhad G010)

Mar a thugann uimhir a ceathair thuas le fios, ba í an phríomhfhadhb a bhain le forlámhas an chló Rómhánaigh ná go raibh formhór na múinteoirí sa tír go láidir ar thaobh an chló Ghaelaigh. Chruthaigh seasamh seo na múinteoirí i gcath an dá chló deacrachtaí móra don Ghúm ó thaobh fhoilsiú leabhar do pháistí de. Bhí páistí an tSaorstáit ag foghlaim léamh na Gaeilge sa chló Gaelach, ach bhí brú ar an nGúm leabhair a fhoilsiú dóibh sa chló Rómhánach. Pléifear níos faide anonn sa chaibidil seo an drochthionchar a d'imir an staid seo ar chur chun cinn litríocht Ghaeilge na n-óg i mblianta luatha an tSaorstáit.

Ba go tapa mar sin a chuir Cumann na nGaedheal a pholasaí i bhfeidhm chun an ruaig a chur ar an gcló Gaelach. Faoi 1931, de réir gach dealraimh bhí gnótha an rialtais, ar a laghad, go hiomlán Rómhánaithe, cé nár mhó ná sásta a bhí cuid mhór daoine leis sin. Nuair a tháinig Fianna Fáil i gcumhacht den chéad uair i 1932, áfach, cuireadh pleananna

Chumann na nGaedheal bun os cionn. Ordaíodh clóscríobháin Ghaelacha do na Ranna ar fad, agus cuireadh seanpholasaí cló an Ghúim ar ceal (Comhad G010). As sin amach d'fhágtaí an cinneadh faoin scríbhneoir féin a chló féin a roghnú agus ba mhion minic a roghnaítí an cló Gaelach, go háirithe i gcás litríocht na n-óg. Níor tháinig an cló Rómhánach isteach arís i gceart sa Ghúm i gcás leabhar do dhaoine óga go dtí lár na 1960idí.

*2.2 Litríocht na nÓg i mBlianta Luatha an Ghúim*

Cé gur thosaigh an Gúm ag foilsiú leabhar sa bhliain 1926, thóg sé cúig bliana eile orthu leabhar, nár leabhar do na scoileanna é, a chur amach don aos óg. Ba é *Sgéalta ón Radio* le Shán Ó Cuív an chéad leabhar sin. Cé nach leabhar rótharraingteach é is tábhachtach an téacs é fós féin, agus beidh plé níos doimhne á dhéanamh air ar ball. Idir 1926 agus 1937, d'fhoilsigh an Gúm thart ar leathchéad leabhar don aos óg. Féadtar na leabhair sin a rangú in dhá chuid: Aistriúcháin ar leabhair eachtraíochta agus ar chlasaicigh (ón mBéarla, go príomha) agus aistriúcháin ar chnuasaigh scéalta iontais. Tá trí leabhar nach féidir a rangú sna grúpaí sin, agus is iad sin *Sgeuluidhe Fíor na Seachtmhaine* (An Craoibhín 1935), *Sgéalta ón Radio* a luadh cheana agus *Fí-Fá-Fum*. Cnuasach scéalta atá in *Sgeuluidhe Fíor na Seachtmhaine*, nárbh aistriúchán é ach athcló nuachóirithe ar leabhar a céadfhoilsíodh i 1909. Cnuasaigh scéalta iad *Sgéalta ón Radio* agus *Fí-Fá-Fum* freisin, a phléifear níos mine ar ball, ar mheascán de scéalta aistrithe agus scéalta dúchasacha iad.

Is iomaí aistriúchán ar scéalta eachtraíochta agus ar chlasaicigh a foilsíodh idir 1931 agus 1937, agus go minic bíonn sé deacair a aithint ar na leabhair ar do dhaoine fásta nó do dhaoine óga a aistríodh iad. Is fíor do Titley, "...nach féidir aon deighilt ghlan chrua-eolaíoch a dhéanamh i gcónaí idir an t-earra a scríobhadh do dhaoine fásta agus an t-earra a breacadh do dhaoine níos óige", agus cheal spáis ní dhéanfar iarracht sa tráchtas seo an

deighilt sin a iniúchadh ("An Leanbh" 22). Is é is dóichí ná go raibh daoine óga ar intinn sa Ghúm agus na haistriúcháin seo á bhfoilsiú, ach gur daoine fásta ba mhó a léigh iad. Is leabhair mhóra thoirtiúla iad ar fad, le 239 leathanach in *Eachtra Phinnocchio* (Collodi 1933) cuir i gcás, 294 leathanach in *An Fuadach* (Stevenson 1931), 445 leathanach in *Páistí na Nua-Fhoraoise* (Marryat 1933) agus 531 leathanach in *Seán Workmann* (Dominik 1933). D'fhoilsítí míle cóip de na haistriúcháin seo sa chéad chló, de ghnáth, agus níor mhinic a dhíoltaí ní ba mhó ná dhá dtrian díobh taobh istigh de thréimhse deich mbliana.

Cnuasaigh scéalta iontais atá sa chuid is mó de na leabhair a d'fhoilsigh an Gúm do dhaoine óga ina luathbhlianta. Is scéalta iontais na scéalta ar fad, beagnach, a fhaightear in *Sgéalta ón Radio*, in *Fí-Fá-Fum* agus sa tsraith *Laetheannta Gréine*. Chomh maith leo sin aistríodh dhá chnuasach scéalta le Edmund Leamy in *Sidhe-Scéalta* (1933) agus in *Píobaire Sidhe Ghleann Maoiliughra* (1933), scéalta le Hans Christian Anderson in *Sgéalta do'n Aos Óg* (1935) agus leabhar le John Gibbon, *Annálacha Fíora Ríoghachta na Sidheog le linn Rí Cól* (1934), ina bhfuil meascán de scéalta iontais ó fhoinsí éagsúla. Locht amháin atá ar na cnuasaigh seo ar fad ná go bhfuil cuid de na scéalta céanna le fáil iontu. Tá leagan den scéal "Ceoltóirí Bhremen", mar shampla, le fáil in *Sgéalta ón Radio*, *Fí-Fá-Fum*, agus *Annálacha Fíora Ríoghachta na Sidheog le linn Rí Cól*. Tá leagan den scéal céanna sa leabhar álainn *Maingín Scéal* (1937) freisin, cnuasach scéalta iontais ó pheann an Phiarsaigh a d'fhoilsigh Comhlacht Oideachais na hÉireann. Faightear níos mó ná leagan amháin de "Cóitín Luachra" (Donkeyskin), "An Teach a thóg Seáinín" agus "Seáinín agus an Gas Pónaire" freisin sna leabhair seo. Leabhar Uí Chuív, Mhic Giollarnáth agus an tsraith *Laethannta Gréine* fágtha as an áireamh, is leabhair thoirtiúla

iad na cnuasaigh scéalta seo agus dála na leabhar eachtraíochta agus na gclasaiceach ní raibh díol mór orthu, seachas ar chorrleabhar.

Ní raibh ag éirí go geal le litríocht Ghaeilge na n-óg sna blianta luatha sin i ndiaidh bhunú an Ghúim, mar sin. Bhí ráchairt sách mór ar chúpla ceann de na leabhair a luadh thuas – *Sgeuluidhe Fíor na Seachtmhaine*, mar shampla, *Fí-Fá-Fum* agus cuid de na leabhráin *Laetheannta Gréine*, ach seachas sin níor chuir léitheoirí mórán spéise i litríocht an Ghúim don aos óg roimh dheireadh na bliana 1937. Is fiú, fós féin, breathnú ar chuid de na leabhair ón tréimhse luath sin chun léargas a fháil ar dhearcadh an Ghúim, agus ar dhearcadh mhuintir an stáit, ar litríocht Ghaeilge na n-óg an uair sin. Chuige sin, amharcfar ar *Sgéalta ón Radio*, an chéad leabhar do pháistí a d'fhoilsigh an Gúm, *Fí-Fá-Fum*, an leabhar ba mhó ráchairt ón tréimhse sin (athchló *Sgeuluidhe Fíor na Seachtmhaine* fágtha as an áireamh) agus an tsraith *Laetheannta Gréine*, an chéad iarracht mhór a rinne an Gúm chun litríocht na n-óg a fhorbairt.

### *2.3* Sgéalta ón Radio *agus* Fí-Fá-Fum

Ba é an cnuasach *Sgéalta ón Radio* an chéad leabhar a d'fhoilsigh an Gúm don aos óg, nár leabhar do na scoileanna é. I 1931 a tháinig sé amach, cúig bliana i ndiaidh bhunú an Ghúim. Is éard atá ann ná bailiúchán de scéalta a chuir Ó Cuív le chéile ó chlár scéalaíochta do pháistí a bhíodh aige ar Radio Bhaile Átha Cliath. Tá cúpla scéal ann a chum Ó Cuív féin, ach ar an mórgóir is athinsintí ar scéalta aitheanta iad, rud a d'fhág gur ghlac an Gúm leis an saothar mar aistriúchán seachas mar shaothar bunaidh (Comhad N0205). Is léir ó leagan amach an leabhair féin nach raibh tuiscint mhaith ag an nGúm ag an bpointe sin ar a thábhachtaí is atá an dearadh i leabhair do dhaoine óga. Níl léaráid ar bith sa leabhar, fiú amháin ar an gclúdach, tá an cló beag agus is bocht an caighdeán atá ar

an bpáipéar. Is sa chló Rómhánach a foilsíodh é freisin, de réir pholasaí an rialtais an uair sin, agus mar a fheicfimid ar ball ba mhór an locht ar litríocht na n-óg sa tréimhse sin úsáid an chló 'ghallda'. Faoin 13 Meán Fómhair 1940, beagnach deich mbliana i ndiaidh a fhoilsithe, níor díoladh ach 476 cóip de *Sgéalta ón Radio* (Comhad N0205).

Is luachmhar an leabhar é *Sgéalta ón Radio*, mar sin féin, agus ní hamháin toisc gurbh é an chéad leabhar a d'fhoilsigh an Gúm do dhaoine óga. Is beag leabhar a foilsíodh an uair sin a raibh ábhar nuachumtha do pháistí an stáit ann, mar atá sna scéalta a chum Ó Cuív do *Sgéalta ón Radio*. Is spéisiúil freisin na scéalta a roghnaigh Ó Cuív chun leaganacha Gaeilge díobh a chur ar fáil do pháistí an stáit. B'annamh a foilsíodh leabhar don aos óg roimh Nollaig 1937 a raibh suíomh soiléir Éireannach aige, ach is é sin atá againn i bhformhór na scéalta i gcnuasach Uí Chuív. Sa chéad scéal nuachumtha, cuir i gcás, "Brian Beag i dTír na Sidhe", téann buachaill óg ar thuras istoíche go Tír álainn na Sí, a bhfuil níos mó plandaí agus bláthanna inti ná atá i nGarraithe na Lus i mBaile Átha Cliath, fiú (Ó Cuív 13-14). Ag deireadh an scéil, áfach, tuigtear dúinn nár fhág Brian an baile in aon chor, ach gur faoi dhraíocht a bhí sé ag an scéalaíocht ar Radio Bhaile Átha Cliath agus gur chaill sé a ghreim ar an saol mórthimpeall air dá bharr. Píosa beag fógraíochta do chlár Uí Chuív féin a bhí ann freisin, ar ndóigh.

Ceann de na gnéithe is luachmhaire de *Sgéalta ón Radio*, ámh, ná gur léir go raibh Ó Cuív ag iarraidh teachtaireachtaí ar leith a chur abhaile ar a lucht léitheoireachta/éisteachta lena chuid scéalta. Is gné an-lárnach de litríocht na n-óg í sin, mar a míníodh sa réamhrá, ach ba bheag feidhm chomhfhiosach a baineadh as ról litríocht na n-óg mar ghléas seachadta luachanna i mblianta luatha an Ghúim. Mar a thugann Gearóidín Uí Laighléis le fios, ní raibh aidhm idé-eolaíochta ar leith ag an nGúm agus leabhair á roghnú acu, agus is ríléir

sin i gcás litríocht na n-óg (194). Ní léir go ndearnadh mórán machnaimh sa Ghúm ar na leabhair a cuireadh á n-aistriú do dhaoine óga. Ba leor gur clasaicigh nó scéalta eachtraíochta nó scéalta iontais iad – na cineálacha scéalta a shamhlaítear go traidisiúnta le daoine óga. Ba chuma cé na hidé-eolaíochtaí a bhí le sonrú sna haistriúcháin sin, mar is léir sna tagairtí d'Éirinn a dhéantar i gcuid de na scéalta a aistríodh, cuir i gcás *Seán Workmann* agus *Páistí na Nua-Fhoraoise*. Sa chéad leabhar sin castar Éireannach amháin ar an bpríomhcharachtar Meiriceánach. Is seanfhear spíonta é an carachtar seo atá fós ag obair amuigh san Iarthar Fiáin, ach "...i gcomórtas leis an anró a d'fhulaing sé ar ghabháltas a athara in Éirinn b'shin saoghal duine uasail a bhí aige!" (Dominik 228). Cheapfaí go mbeadh dearcadh ní ba dhearfaí ar Éirinn in *Páistí na Nua-Fhoraoise*. Cé gur scéal é ina léirítear ardchéimíocht nádúrtha na n-uasal Sasanach, is i gcoinne réim Chromail atá príomhcharachtair an scéil. Ní léiríonn na carachtair bá ar bith le muintir na hÉireann, áfach. An t-aon tagairt a dhéantar d'Éirinn sa scéal ná nuair a chuirtear ceist ar charachtar amháin faoi ghníomhartha Chromail agus freagraíonn sé: "Níor chuala mé dadaidh iongantach...Tá fhios agam go bhfuil Cromwell thall in Éirinn, agus deir siad go bhfuil ag éirghe leis go maith, ach níor bhac mé mórán le mion-chunntais" (Marryat 315).

Tugann na tagairtí seo le fios, measaim, nár léir don Ghúm ná d'fhormhór d'aistritheoirí an Ghúim aon mhórthábhacht a bheith le hábhar na scéalta a cuireadh ar fáil do dhaoine óga sa tréimhse, chomh fada gur i nGaeilge a bhí siad. Níorbh amhlaidh a bhí i gcás leabhar Uí Chuív, áfach. Is léir go bhfuil béim á leagan ag Ó Cuív ar thábhacht an oideachais, mar shampla, ina scéal "An Slaitín Draoidheachta", nuair a bhíonn baintreach ag sclábhaíocht de ló is d'oíche chun a haonmhac a choimeád ar scoil mar: "Ba mhó aici sin é ná a beatha agus ná a sláinte féin, agus cheap sí é chimeád ar sgoil go dtí go mbeadh árd léighean aige" (17). Tugtar le fios sa scéal "Oisín i dTír na nÓg" gur oideachas Gaelach atá ar intinn ag Ó

Cuív, nuair a deir sé: "Mícheál Ó Coimhín, file a bhí 'na chomhnuidhe i gConntae an Chláir cúpla céad blian ó shin, a chúm dán ar eachtra Oisín. Léighfidh sibh féin an dán go léir fós, le congnamh Dé, agus geallaimse dhíbh go dtaithneochaidh sé tharr barr libh" (58). Tá tnútháin dhóchasacha Uí Chuív do thodhchaí na tíre le brath go tréan mar sin tríd an leabhar ar fad, chomh maith le cáineadh soiléir ar na gnéithe den tsochaí chomhaimseartha nár thaitin leis, cuir i gcás an phictiúrlann (63).

Cé gur lochtach an téacs é ó thaobh a dheartha de, tá tábhacht ag baint le *Sgéalta ón Radio* fós féin. Is léir gur chreid Ó Cuív i gcumhacht na scéalaíochta, agus i gcumas na litríochta chun mianta agus meonta páistí a mhúnlú. Is creideamh é sin nach léir mórán fianaise de sa Ghúm sna 1930idí. Bhíodh an Gúm ag cur leabhar i gcló do pháistí ar mhaithe le leabhair Ghaeilge a chur i gcló do pháistí, agus gan mórán airde á thabhairt acu ar ábhar na leabhar féin, seachas go dromchlach. I gcodarsnacht le Shán Ó Cuív in *Sgéalta ón Radio*, is í an t-aon teachtaireacht shoiléir a bhíodh á seoladh ag an nGúm chuig aos óg an tSaorstáit ná gur chóir dóibh a bheith ag léamh leabhair Ghaeilge – fiú muna raibh rud ar bith scríofa sa teanga sin gur mhian leo é a léamh. Cé nach leabhar den scoth é *Sgéalta ón Radio*, creidim go mbeadh éileamh ní ba mhó ar litríocht Ghaeilge na n-óg sna 1930idí dá mba rud é gur chloígh an Gúm le sampla Uí Chuív, ach tógáil air agus é a fheabhsú, seachas an margadh a chur ar maos le haistriúcháin ar scéalta eachtraíochta, ar chlasaicigh agus ar scéalta iontais a raibh teacht orthu go héasca i mBéarla cheana.

Is mór an dealramh atá ag *Fí-Fá-Fum* Sheáin Mhic Giollarnáth le *Sgéalta ón Radio*, ó thaobh ábhar agus fhoinse na scéalta de. Tá, leoga, an scéal céanna "Ceoltóirí Bhremen" sa dá leabhar, mar a luadh cheana. Is ó *Mother Goose Nursery Tales* le Charles Perrault a d'aistrigh Mac Giollarnáth an scéal sin, maille le trí scéal eile – "Seáinín agus an Giosadán

Pónaire", "Oiread m'Ordóige" agus "An Teach a Thóg Seáinín". Dála leabhar Uí Chuív, ní aistriúchán amach is amach é *Fí-Fá-Fum* – meascán atá ann de shaothair aistrithe agus de scéalta dúchasacha. In áit a scéalta féin a chumadh áfach, d'athscríobh Mac Giollarnáth ábhar béaloidis a bhailigh sé féin in "Murchadh agus Meanachar" agus "Cóitín Luachra".

Is suntasach an Gaelú a rinne Mac Giollarnáth ar na scéalta a d'aistrigh sé. Is Éireannach é Seáinín in "Seáinín agus an Giosadán Pónaire", cuirim i gcás, rud gur féidir leis an bhfathach a aithint ó bholadh an bhuachalla óig: "'Fí-fá-fum!' adeir sé, 'faghaim boladh an Éireannaigh bhréagaigh bhradaigh. Cé hé? Cé'r díobh? Cén t-oileán?'" (Mac Giollarnáth agus Perrault, *Fí-Fá-Fum* 13). Ní hamháin gur lonnaigh Mac Giollarnáth na scéalta i gcomhthéacs Éireannach, ach líon sé an téacs le nathanna saibhre dúchasacha. In "Oiread m'Ordóige", smaoiníonn athair Ordóigín ag tús an scéil, mar shampla, "...dá mbeadh oiread m'ordóige de mhac againn ní bhéadh bean eile chó sásta le mo mhnaoi-se ó Bhinn Éadair go teach Sheáin Mhic Éide, an teach is fuide siar in Éirinn" (23). B'annamh a dhéantaí a leithéid d'iarracht chun scéalta eachtrannacha a chur in oiriúint do pháistí an tSaorstáit ag an am, mar a léirítear i gcás *Seán Workmann*. Aistriúchán ar leabhar Gearmáinise atá in *Seán Workmann*, agus ní ba mhó ná uair amháin mhol an comhlacht Gearmánach ar cheannaigh an Gúm cearta an leabhair uaidh gur chóir don Ghúm Éireannach a dhéanamh de Sheán (Comhad A0034). Níor glacadh leis an moladh seo, áfach, cé nach dtugtar cúis ar bith leis i gcáipéisí an Ghúim. Tugann sampla seo *Seán Workmann* le fios a thábhachtaí is atá *Fí-Fá-Fum* ó thaobh Ghaelú na scéalta de. Ba é *Tír na Deó* (Barrie 1938) an chéad sampla d'aistriúchán dúchasaithe ar leabhar iomlán do dhaoine óga a d'fhoilsigh an Gúm, in ainneoin go n-áitíonn Groszewski gur cleachtas coitianta a bhí ann i mblianta luatha an Ghúim (112).

In ainneoin na gcosúlachtaí idir ábhar an dá leabhair, ó thaobh dhearadh na leabhar de is ollmhór an difríocht atá idir *Sgéalta ón Radio* agus *Fí-Fá-Fum*. Ceapadh *Fí-Fá-Fum* mar 'Annual' don Nollaig, agus mar sin rinneadh sáriarracht an cruth ba thaitneamhaí agus ab fhéidir a chur air. Is leabhar mór daite é, a bhfuil clúdach crua air, agus ní hamháin go bhfuair an Gúm cead na léaráidí ón mbunleabhar a úsáid ann, ach earcaíodh an t-ealaíontóir Victor Penney chun léaráidí a sholáthar do na scéalta dúchasacha freisin. An t-aon locht atá ar dhearadh an leabhair ná go bhfuil cuid de na léaráidí róluath do na heachtraí lena ngabhann siad.

B'ollmhór an chéim chun tosaigh a bhí in *Fí-Fá-Fum* do litríocht Ghaeilge na n-óg, agus thuig an Gúm agus pobal na Gaeilge i gcoitinne é sin. Ní raibh riamh leabhar chomh maisiúil leis curtha i gcló i nGaeilge do pháistí, agus murab ionann agus *Sgéalta ón Radio* ba léir ó dhearadh agus leagan amach *Fí-Fá-Fum* nár leabhar scoile é. Bhí an Gúm ag súil le go gceannófaí é mar bhronntanas Nollag do na páistí a bhí ag foghlaim Gaeilge sna scoileanna. Cuireadh fógra in *The Irish Independent* ar an 8 Nollaig 1931 dar teideal "At Last", ag ceiliúradh fhoilsiú an leabhair: "Nothing like this beautiful volume for Irish speaking children has appeared before...just the thing to give boys and girls who have been learning Irish all the year...In the years to come they will remember it as the first real effort to provide a Big Story Book all in Irish" (6). Mhol léirmheastóir eile dearadh an leabhair agus "...Seán Mac Giollarnáth's good Irish..." ("The Gift for Irish Children" 6).

An t-aon cháineadh a rinneadh ar *Fí-Fá-Fum* ná gur foilsíodh sa chló Rómhánach é. Ba mhór an locht é sin dar le léirmheastóir *An t-Ultach*:

> Is mór an truaigh nach san chló Gaodhalach a cuireadh amach an leabhar bréagh seo. Támuinn cinnte go bhfuighfidh na páisdí óga crádh-croidhe as na héitcheanna agus na litreacha Gallda – cuir i gcás, macasamhail "bheachtuidhe,"

> "bhuadhartha," "shnámhfadh," "fhliuchfadh," "bhfaghaidh," "bhreathnuigheadh," srl. ("Leabharthaí Úra" 6-7)

Níl aon amhras ach gur imir an rogha cló sin drochthionchar ar fhigiúirí díolacháin *Fí-Fá-Fum*, cé nár bhocht an ráchairt a bhí air mar sin féin. Faoi Nollaig 1946, díoladh 2,851 den 3,000 cóip a cuireadh i gcló, cé nár díoladh ach an chéad 900 cóip díobh ar an bpraghas iomlán, trí scillinge. Laghdaíodh praghas na gcóipeanna eile go scilling amháin ina dhiaidh sin. Fós féin, bhí ní ba mhó ráchairte ar *Fí-Fá-Fum* ná a bhí ar leabhar nua ar bith eile don aos óg a foilsíodh sna chéad deich mbliana den Ghúm a bheith ar an bhfód – na cinn a foilsíodh sa chló Gaelach san áireamh.

Dála Shán Uí Chuív in *Sgéalta ón Radio*, is léir gur thuig Mac Giollarnáth go bhfuil feidhm eile ag an léitheoireacht i saol an duine óig seachas cleachtadh a fháil ar léamh na teanga agus stór focal a mhéadú. Ag cur chun cinn a íomhá féin den Ghaelachas a bhí Mac Giollarnáth, ní hamháin sna scéalta a bhailigh sé agus a ndearna sé Gaelú orthu, ach sna nathanna saibhre cainte a bhí sé ag iarraidh a chur os comhair an aosa óig. Is ag iarraidh cultúr na nGael a sheachadadh chuig an nglúin nua a bhí sé, agus dála Uí Chuív, ag iarraidh luachanna ar leith a chothú iontu. Leagan feabhsaithe de *Sgéalta ón Radio* is ea *Fí-Fá-Fum* ar shlí, agus is mór an trua nár lean an Gúm air ag foilsiú leabhar dá sórt.

### *2.4 An tSraith* Laetheannta Gréine

Go luath sa bhliain 1931, tionóladh cruinniú chun go bpléifí an ganntanas leabhar don aos óg, agus céard ba chóir a dhéanamh chun é a réiteach. D'fhreastail triúr Airí Rialtais ar an gcruinniú seo – an tAire Oideachais, an tAire Airgeadais agus an tAire um Rialtas Áitiúil agus Sláinte Phoiblí – rud a léiríonn a thábhachtaí is a bhí an cheist seo don rialtas, mar atá luaite ag Seosamh Ó Murchú ("Idir *Laethanta*" 26). Cinneadh sa chruinniú, de réir thuarascáil Sheáin Mhic Lellan, Oifigeach Foilseacháin an Ghúim, go ndéanfaí beart

leabhrán Béarla a aistriú go Gaeilge chun an bhearna léitheoireachta seo a líonadh chomh tapa agus ab fhéidir. Níor measadh go raibh rud ar bith fiúntach á chumadh ag scríbhneoirí Gaeilge a d'fheilfeadh don aos óg:

> The question of how is the material for the suggested books to be provided was discussed, and it was agreed that a ready means of obtaining matter for publication would be the translation of a selection of the books published in similar series in England. The amount of original work in Irish available which might be suitable for young people is negligible. (Comhad G369)

Dúradh sa chruinniú gur dhúshlánach an beart é daoine cumasacha a earcú chun saothar do dhaoine óga a aistriú. Luadh Brighid Ní Loingsigh mar dhuine a raibh mianach maith aistritheora do leanaí inti.

*Sunny Stories for Little Folks* ab ainm don iris Shasanach a rabhthas chun scéalta a fháil uaithi, agus ba í Enid Blyton eagarthóir agus údar na hirise ag an am[10]. Thuig na daoine a d'fhreastail ar an gcruinniú go mbeadh ar na haistritheoirí dúchasú a dhéanamh ar na scéalta Sasanacha seo go mbeadh siad oiriúnach don pháiste Éireannach, mar "...mere translation would not serve the purpose in view – not alone are the names and scenes and phrases quiet foreign to the child who has learnt to speak and read Irish but the atmosphere, motive, and moral are, in many cases, antipathetic to the Gaelic mind" (Comhad G369). Díol suntais gur roghnaigh an Gúm agus an Roinn Oideachais a leithéidí de scéalta don chéad mhóriarracht a rinneadh chun litríocht Ghaeilge na n-óg a chur chun cinn. Cheapfá go mbeadh sé ní b'éasca duine a earcú chun scéalta a chumadh as an nua ná scéalta a bhí "...antipathetic to the Gaelic mind" a chur in oiriúint don Ghael óg. Tacaíonn an cinneadh seo leis an téis nach raibh ach spéis dhromchlach ag an nGúm in ábhar na scéalta a chuir sé á n-aistriú don aos óg ag an am.

[10] Ní léir go raibh a fhios ag muintir an Ghúim nó ag muintir na Roinne Oideachais gur Blyton a scríobh na scéalta, áfach. Níor luadh ar an iris ach gurbh ise an t-eagarthóir (féach "Enid Blyton Magazines").

Fágadh faoi eagarthóir de chuid an Ghúim, Domhnall Mac Grianna, comórtas a chur ar bun chun aistritheoirí maithe a earcú don tionscadal nua seo. Ar an 1 Aibreán 1931 fógraíodh an comórtas in *The Irish Independent* ("Government Notices" 8). Seoladh scéal le haistriú chuig an scata a chuir isteach ar an gcomórtas, agus ba iad na daoine a fógraíodh mar bhuaiteoirí i mí Mheán Fómhair na bliana sin ná Domhnall Ó Cearbhaill, Tadhg Ó Súilleabháin agus Brighid Ní Loingsigh. Níor ardmholadh a thug Mac Grianna don triúr seo ina chuid nótaí, ach ba léir go raibh siad ar na daoine ab fhearr a chuir isteach ar an gcomórtas. Scríobh sé faoi iarracht Uí Chearbhaill, mar shampla:

> Gaedhilg shimplí agus rith deas éadtrom san innsint. D'fhéadfaí an Ghaedhilg d'fheabhasú annseo agus annsiud; ach ag breithniú ar an scéal ó gach taobh, déarfainn go bhfuil ar chumas an fhir seo obair mhaith a dhéanamh dúinn ar na scéalta seo. (Comhad G021)

Ba í an tsimplíocht in aistriúcháin na mbuaiteoirí a moladh, mar aithníodh gur ghné thábhachtach den aistriúchán do dhaoine óga í sin.

Ar an 9 Nollaig 1931, cheannaigh an Gúm 640 leathanach den iris *Sunny Stories for Little Folks* ón gcomhlacht foilsitheoireachta George Newnes i Sasana, agus dáileadh amach na scéalta sin ar an triúr aistritheoirí. Tugadh treoracha dóibh saoraistriú a dhéanamh agus na scéalta a Ghaelú dá mb'fhéidir leo (Comhad G369). *Laetheannta Gréine* an t-ainm a tugadh ar an tsraith nua seo. Go luath i ndiaidh dháileadh amach na scéalta, d'éirigh Mac Grianna as a bheith ag plé leis an tionscadal. Dúirt sé go mbeadh sé ní b'oiriúnaí dá mbeadh Muimhneach i gceannas air, toisc Gaeilge na Mumhan a bheith ag na haistritheoirí ar fad (Comhad G021). Cuireadh an Seabhac (Pádraig Ó Siochfhradha), i gceannas ina áit. Níor mhó ná sásta a bhí an Seabhac le hábhar na scéalta ná le caighdeán na n-aistritheoirí, ach bhí sé ródhéanach aon rud a dhéanamh faoi. Agus an chéad chúpla leabhrán á seoladh chuig an gclódóir aige, scríobh an Seabhac: "Seo an rud so le cur go dtí an clódóir. Nílim sásta i n-ao' chor leis ach tá sé ró dhéannach anois bheith ag gabháil do mar scéal. Nár

chóir gurbh iad na scríbhneoirí ba chliste againn a cuirfí ag gabháil do leabhraibh i gcomhair leanbhaí?" (Comhad G021). Cúpla lá níos déanaí, scríobh sé: "Ní miste don Roinn a thuigsint go bhfuil an t-adhbhar so gan mhaith, tá an Ghaedhilg go lag ann d'éis ar deineadh de dheisiú air, agus, níl aon chruth curtha ar an gcainnt a dhéanfadh oiriúnach do leanbhaí í" (Comhad G020). Níor cheil an Seabhac riamh, mar sin, a thuairimí faoi easpa fiúntais na scéalta ná laigeacht na n-aistritheoirí. Fós féin, níor tháinig aon athrú ar an bplean a bhí leagtha amach do na leabhráin. An t-aon rud ar éirigh leis an Seabhac a dhéanamh ná olc a chur ar Dhomhnall Mac Grianna, a roghnaigh na haistritheoirí.

Bhí an oiread sin práinne ag baint le leabhair Ghaeilge a chur ar fáil don aos óg gur bogadh *Laetheannta Gréine* go barr scuaine Oifig an tSoláthair, agus foilsíodh 10,000 cóip de *An tIarla Éamonn agus an Sladaidhe* i mí Feabhra 1932. Díol mór suime a ndúradh sna léirmheasanna ar an leabhar sin mar tugann siad léiriú grinn dúinn ar na cineálacha tuairimí a bhíodh ag daoine ar litríocht Ghaeilge na n-óg ag an am. Moladh an leabhar go hard na spéire in *Scéala Éireann*, cé nár tugadh cúis ar leith leis an moladh sin, seachas go raibh na scéalta ann deas simplí:

> Ceannaigh dosaen cóip de'n leabhar so chomh luath agus féidir leat é. Imthigh leat amach sa t-sráid agus bronn leabhar [a]ca ar gach leanbh a thiocfaidh id' ghoire; agus nuair a bheidh an méid sin déanta agat ceannaigh dhá dosaen nó trí fichid cóip de agus tabhair do bhóthar ort féin arís...Níorbh iongnadh liom dá mbeadh an leabhar so léighte agus aith-léighte ag gach garsún agus gearrchaile i nÉirinn fé chionn na seachtmhaine seo chughainn. ("Trí Scéalta Gan Gruaim" 4)

Tharraing léirmheastóir *The Evening Herald* codarsnacht idir scéalta *An tIarla Éamonn agus an Sladaidhe* agus na cineálacha scéalta corraitheacha a bhíodh le feiceáil ag an am sna pictiúrlanna agus le léamh in irisí eachtrannacha. Scríobh sé:

> Le linn Codhála na Cásga do chaith na múinteoirí tamall maith aimsire ag cur síos ar an díobháil a dheineann an cinema is na leabhra a léigheann an t-aos óg na laethe seo...Bíonn buachaillí is cailíní chó suaidhte corruithe san ó na h-eachtraí iongantacha ins na sgéalta, nach mbíonn ar a gcumas an tsuim is cóir do chur i n-

> obair na scoile...Cuirfear fáilte, mar sin roimh an chéad uimhir de "Laetheanta Gréine"... ("Leabhra do'n Aos Óg" 6)

Bua de chuid *An tIarla Éamonn agus an Sladaidhe*, dar leis an léirmheastóir, ná nach mbeadh an fhadhb chéanna ag páiste a léifeadh an leabhar sin, is é sin go raibh *An tIarla Éamonn agus an Sladaidhe* níos leimhe ná na scéalta a bhí sna pictiúrlanna agus sna hirisí.

Is léir nár thuig léirmheastóir *An Timthire* gur ceapadh *Laetheannta Gréine* mar ábhar léitheoireachta don pháiste taobh amuigh den scoil. Ina léirmheas i mí na Bealtaine 1932, mhol sé tionscadal seo an Ghúim, agus scríobh sé: "Má leantar ortha, beidh siad ana-oireamhnach i gcóir na ranganna. An té go mbéadh an leabhrán seo de ghlanmheabhair aige agus é ar bharr a ghuib, d'fhéadfadh sé comhrádh a choimeád ar siubhal go binn" ("Léightheoir Comhthrom" 116). Léiríonn an léirmheas seo agus an léirmheas in *The Evening Herald* go soiléir an cineál meoin a bhíodh ag an-chuid daoine maidir le litríocht na n-óg sna blianta sin, cuid de mhuintir an Ghúim agus na Roinne Oideachais ina measc. Bhreathnaigh siad ar leabhair Ghaeilge do dhaoine óga mar áiseanna chun an teanga a mhúineadh, seachas mar fhoinsí spraoi agus siamsaíochta. D'eascair an meon seo as teirce na leabhar scíthléitheoireachta Gaeilge do dhaoine óga ag an am, ach bhí baint aige, freisin, leis an ualach mór a bhí leagtha ar na scoileanna agus ar na páistí in athréimniú na teanga.

Is léir ón líon cóipeanna de *An tIarla Éamonn agus an Sladaidhe* a foilsíodh – 10,000 cóip – go raibh an Gúm ag súil leis go mbeadh tóir mhór ar na leabhráin *Laetheannta Gréine*. Cad chuige nach mbeadh? Bhí chuile pháiste a bhí ag freastal ar scoil aitheanta sa stát ag foghlaim na Gaeilge, agus ní raibh leabhair Ghaeilge eile inchomórtas le *Laetheannta Gréine* (Ó Riain 50). Ní mar a shíltear a bhítear áfach. Cé gur díoladh líon maith cóipeanna de *An tIarla Éamonn agus an Sladaidhe*, is dócha toisc go raibh nuaíocht ag baint leis, ba

léir tar éis roinnt míonna go raibh 10,000 cóip iomarcach. Cuireadh amach an líon céanna cóipeanna de *Baile Gúnga* (1932), an dara leabhrán, ach socraíodh ina dhiaidh sin nach bhfoilseofaí ach 5,000[11] cóip de na himleabhair eile as sin amach. Is i bhfad ní ba lú fós an tóir a bhí ar *Baile Gúnga* áfach, agus ar na leabhráin eile sa tsraith a tháinig amach ag deireadh 1932 – *An Siúinéir agus na Fathaigh*, *An tAbhac Gruama*, *An Sultán Sanntach* agus *An Tigín a Bhíodh ag Síor-chasadh*. Chuir an easpa ráchairte seo idir mhearbhall agus díomá ar fhoireann an Ghúim agus go luath i 1933 cinneadh gurbh í úsáid an chló Rómhánaigh bun agus barr na faidhbe.

Tá sé deacair a thuiscint cén fáth ar chuir rialtas Chumann na nGaedheal an oiread sin brú ar an nGúm leabhair do pháistí a chur amach sa chló Rómhánach, muna raibh sé chun an brú céanna a chur ar na múinteoirí an cló sin a úsáid sna ranganna. Bhí páistí ag foghlaim léamh na Gaeilge leis an gcló Gaelach i bhformhór mór na scoileanna agus ní raibh mórán cur amach acu, mar sin, ar an nGaeilge sa chló Rómhánach in aon chor. Tuigeadh é seo nuair a bhí *An tIarla Éamonn agus an Sladaidhe* á fhoilsiú sa chló sin. Scríobh Proinnsias Ó Dubhthaigh, leas-rúnaí na Roinne Oideachais: "I assume that the books must be in Roman type but I fear it will be somewhat of an effort for a child of seven or eight years of age, accustomed only to Irish in the old type, to recognise even simple words in the Roman type" (Comhad G369). B'amaideach amach is amach an gníomh é leabhair a fhoilsiú do pháistí i gcló nach mbeadh siad in ann fiú focail shimplí ann a thuiscint. Siar sa bhliain 1925 rinne Seoirse Mac Niocaill, an cigire a raibh baint aige le bunú an Ghúim, iarracht a

[11] Tugtar 5,000 cóip mar fhigiúir d'imleabhair 3-5 i liosta a cuireadh le chéile i 1932, ach tugtar 3,000 cóip mar fhigiúir i liosta eile i 1939 (Comhad G020). De réir an chomhfhreagrais thart ar an am seo, bhí sé ar intinn ag an nGúm 5,000 cóip de na leabhráin seo a fhoilsiú. Ba iad na trí leabhrán seo, áfach, an t-aon trí leabhrán sa tsraith nár díoladh cóipeanna díobh mar bhruspháipéar i 1955, rud a thugann le fios b'fhéidir go bhfuil 3,000 níos cruinne mar fhigiúir (*Tuarascáil ón gCoiste um Chuntais Phoiblí (Cuntais Leithreasa, 1955-1956)* 120-121).

chur ina luí ar an Roinn gur drochsmaoineamh a bhí ann cloí chomh docht sin leis an gcló Rómhánach. D'impigh sé orthu athmhachnamh a dhéanamh ar an gceist:

> Maidir leis an gCló Romhánach, do mholfainn do Roinn an Oideachais machtnamh maith fada a dhéanamh ar an sgéal sar a gcurtí aon leabhar amach fén gcló san. Is iongantach an droch-aigne atá ag furmhór mór na sgol don chló san: is dóich liom féin gur fiorbheagán aca a cheannóchadh leabhar na mbeadh sé ann. (Comhad G008)

Is léir gur tugadh neamhaird ar an rabhadh seo, áfach, agus ba é toradh na neamhairde sin ná nár díoladh ach 2,666 cóip den 30,000 cóip de *Laetheannta Gréine* a foilsíodh faoi dheireadh mhí na Samhna 1932. Is fíor nach raibh cuid de na leabhráin ar an margadh ach ar feadh achair ghairid an uair sin, ach ba léir don Ghúm ón ráta mall díolacháin a bhí orthu nach raibh ag éirí lena dtionscadal ar chor ar bith. Nuair a scríobh Mac Niocaill chuig an Roinn arís ar an 17 Samhain 1932, ag áiteamh gur cur amú ama agus airgid a bhí in úsáid an chló Rómhánaigh ina leithéid de théacsanna, chuir an Gúm cluas le héisteacht orthu féin (Comhad G020).

Cé go raibh Fianna Fáil i gcumhacht ó mhí an Mhárta 1932, agus saoirse cló ag scríbhneoirí agus aistritheoirí ó shin, níor tháinig athrú ar pholasaí an Ghúim thar oíche. De dheasca na moille a bhíodh ar Oifig an tSoláthair i gcónaí bhí an-chuid leabhar ullmhaithe cheana féin sa chló Rómhánach, de réir pholasaí an tseanrialtais, cé nach raibh siad foilsithe go fóill. B'amhlaidh a bhí i gcás *Laetheannta Gréine*, cé gur foilsíodh iad ar fad seachas *An tIarla Éamonn agus an Sladaidhe* i ndiaidh theacht i gcumhacht Fhianna Fáil. Bhí na chéad aon leabhar déag sa tsraith ullmhaithe sa chló Rómhánach nuair a athraíodh polasaí cló an rialtais, ach socraíodh ansin go bhfoilseofaí sa chló Gaelach chuile leabhrán eile sa tsraith. De réir rialacha na Roinne Airgeadais ní raibh cead ag an nGúm na cúig leabhrán a bhí ullmhaithe cheana i gcomhair cló a athrú. Sa chló Rómhánach, mar sin, a foilsíodh *Rí Gan Foidhne* an chéad bhliain eile, 1933. Ba bheag an tóir a bhí air.

Mar a scríobh Mac Niocaill, cur amú airgid amach is amach a bhí ann. Dá thairbhe sin, scríobh Proinnsias Ó Dubhthaigh chuig an Roinn Airgeadais, ag lorg cead speisialta chun na ceithre leabhar eile a bhí ullmhaithe cheana sa chló Rómhánach a chur sa seanchló. Scríobh sé: "The outstanding fact in the present case is that the books are intended for children, and the prejudice against Roman type by the great majority of teachers prevents the books from being used in Schools" (Comhad G020). Bhí an Gúm go hiomlán cinnte gur ar an gcló a bhí an milleán ar fad faoi easpa ratha na sraithe, agus measadh mar sin gurbh fhiú go mór £14 a chaitheamh leis na leabhráin sin a chur sa chló Gaelach. D'íocfadh na leabhráin féin as an gcostas breise sin, agus iad sa seanchló, dar le Ó Dubhthaigh: "We are emphatically of the opinion that the increased sales which would result from the proposed change of type would be sufficient to cover the additional printing costs (£14) involved" (Comhad G020). Fuarthas cead na Roinne Airgeadais agus tugadh faoi na ceithre leabhrán sin a athullmhú, is iad sin *An Uaimh Rúnda* (1934), *Na hUibheacha Nua-bheartha* (1934), *Eachtra Brocaire* (1934) agus *Eithne agus an Flaith* (1934). Sa deireadh chosain sé £20:9:2 san iomlán na leabhair a thiontú. Íslíodh líon na gcóipeanna a bhí le foilsiú arís, go 2,000 cóip an leabhar an uair seo, agus foilsíodh na ceithre leabhar sin i 1934 mar aon le sé leabhar eile sa tsraith, iad ar fad sa chló Gaelach – *Cailín an Chluig*; *Cluasach, an Coinín Cliste*; *Flaith Droch-bhéasach*; *Cóta Mac Bríste, Táilliúir*; *Pócaí Draoidheachta Sheáinín Uí Shioradáin*; *Gruagach an Chúl-dorais*; agus *Malairt Éadaigh.*

B'fhiú an £20:9:2 sin a chaitheamh. I mí Dheireadh Fómhair 1939 cuireadh liosta le chéile de na cóipeanna ar fad a díoladh de *Laetheannta Gréine* ó 1932. Seo iad na figiúirí ó na leabhair a foilsíodh idir 1932 agus 1934, ina léirítear an t-athrú suntasach idir díol na

gcóipeanna sa dá chló. Taobh amuigh den chéad leabhar sa tsraith díoladh thart ar dhá oiread cóipeanna de na leabhráin sa chló Gaelach.

| Leabhrán | Cló | Dáta Foilsithe | Líon Foilsithe | Líon Díolta |
|---|---|---|---|---|
| **1** | Rómhánach | 1932 | 10,000 | 2,396 |
| **2** | Rómhánach | 1932 | 10,000 | 861 |
| **3** | Rómhánach | 1932 | 3,000 | 910 |
| **4** | Rómhánach | 1932 | 3,000 | 837 |
| **5** | Rómhánach | 1932 | 3,000[12] | 817 |
| **6** | Rómhánach | 1932 | 5,000 | 726 |
| **7** | Rómhánach | 1933 | 5,000 | 740 |
| **8** | Gaelach | 1934 | 2,000 | 1,737 |
| **9** | Gaelach | 1934 | 2,000 | 1,352 |
| **10** | Gaelach | 1934 | 2,000 | 1,388 |
| **11** | Gaelach | 1934 | 2,000 | 1,357 |
| **12** | Gaelach | 1934 | 2,000 | 1,548 |
| **13** | Gaelach | 1934 | 2,000 | 1,414 |
| **14** | Gaelach | 1934 | 2,000 | 1,531 |
| **15** | Gaelach | 1934 | 2,000 | 1,517 |
| **16** | Gaelach | 1934 | 2,000 | 1,508 |
| **17** | Gaelach | 1934 | 2,000 | 1,401 |
| **18** | Gaelach | 1934 | 2,000 | 1,448 |

**Tábla 1: Díolachán leabhráin *Laetheannta Gréine* 1-18 (Comhad G020)**

Cuireadh athchló ar na deich leabhar a foilsíodh i 1934 freisin, cé gur thráigh an tsuim a cuireadh iontu go luath agus fágadh formhór na gcóipeanna athchlóite sin gan díol.

Is i 1938 agus 1939 a tháinig na seacht leabhrán deiridh sa tsraith amach, *Uisce na Beatha* (1938), *Trí Coiníní Beaga* (1938), *An Bhréig-bheithir Eatlaigh* (1938), *Plúirín Sneachta*

[12] Mar a luadh i bhfonóta 11, ní léir ar foilsíodh 5,000 cóip nó 3,000 de na trí leabhrán seo. 3,000 cóip a luaitear sa liosta seo.

*agus an Seachtar Abhac* (1938), *An Sparáinín Pingne* (1938), *Na Corra Iasc* (1939) agus *Macalla* (1939). Is léir gur tháinig meath ar spéis an Ghúim in *Laetheannta Gréine* sna blianta sin, de réir mar ba léir dóibh nach raibh mórán tóra ar an tsraith agus de réir mar a tháinig leabhair ní b'fhiúntaí do dhaoine óga faoina mbráid. Nuair a a bhí na scéalta ar fad ó *Sunny Stories for Little Folks* ídithe[13], d'iompaigh an Gúm ar bheartán i bhfad ní ba lú de scéalta a bhí ceannaithe acu ón gcomhlacht Arnold's i Sasana, agus foilsíodh na scéalta sin in *Uisce na Beatha*, *Trí Coiníní Beaga*, *Plúirín Sneachta agus an Seachtar Abhac* agus *Macalla*. Ní heol dom cé a chéadscríobh na scéalta sin. Thart ar an am céanna bhí Donnchadh Ó Laoghaire ag aistriú roinnt scéalta iontais ó fhoinsí éagsúla dá shraith féin – *Eachtra an Impire is a chuid éadaigh* (1939), *An tÉan Órdha agus Sidhe-Sgéalta eile* (1939), *Feoil agus Ceol* (1940) agus *Lios na Sidhe* (1940). Cuireadh fuílleach na scéalta sin, nach raibh caoi acu sna ceithre leabhar sin, sa 24ú leabhrán de *Laetheannta Gréine*, *Na Corra Iasc*. Tá an Ghaeilge i bhfad níos dúchasaí, níos casta agus níos Ultaí sa leabhrán sin – an t-aon leabhrán nach raibh lámh ag an triúr aistritheoirí ann. Bhí cúig leabhrán is fiche ar fad sa tsraith *Laetheannta Gréine* nuair a tháinig sí chun críche, cé gurbh é rún an Ghúim ag an tús tríocha ceann a fhoilsiú. Ba léir faoin am sin nárbh fhiú dóibh leanúint orthu leis an tionscadal sin a thuilleadh.

Sa bhliain 1955, dhíol an Gúm mar bhruspháipéar 96,350 leabhar dá gcuid nár díoladh, agus nár measadh go mbeadh aon éileamh orthu sa todhchaí. Bhí 68 teideal éagsúil i gceist sa charn mór sin, agus ba leabhráin ón tsraith *Laetheannta Gréine* 22 acu. Coimeádadh 400 cóip de chuile leabhrán ar eagla go mbeadh tóir éigin orthu fós. *Baile Gúnga* an sampla ba mheasa den chur amú airgid sin, ar foilsíodh 10,000 cóip de i 1932, agus ar díoladh 7,900

[13] Cuid de na scéalta a ceannaíodh ó *Sunny Stories*, bhain siad leis an gcarachtar Robin Hood, agus foilsíodh iad ar fad i leabhar dá gcuid féin, seachas mar chuid den tsraith *Laetheannta Gréine – Roibín Huid is a Cheatharnaigh Coille* (Blyton 1937). Domhnall Ó Cearbhaill a d'aistrigh na scéalta sin ar fad.

cóip acu sin mar bhruspháipéar i 1955 (*Tuarascáil ón gCoiste um Chuntais Phoiblí (Cuntais Leithreasa, 1955-1956)* 120-121).

### *3 Anailís ar an Tréimhse*

Ar an 24 Deireadh Fómhair 1957 labhair T. F. Ó Raifeartaigh, a bhí mar rúnaí ar an Roinn Oideachais an uair sin, ag cruinniú de chuid an Choiste ar Chuntais Phoiblí faoin gcinneadh a rinneadh an 96,350 leabhar a dhíol mar bhruspháipéar. Chosain sé an Gúm agus an bhéim láidir a leag an comhlacht ar an aistriúchán ag tús a ré. Rinne sé tagairt dá ndúirt Mícheál Breatnach faoi scéim na n-aistriúchán breis agus deich mbliana roimhe sin, agus d'áitigh go raibh gá le haistriúcháin chun an teanga a athbheochan agus a chur in oiriúint don saol comhaimseartha (*Tuarascáil ón gCoiste um Chuntais Phoiblí (Cuntais Leithreasa, 1955-1956)* 63). Dúirt sé gur tairgeadh na leabhair do scoileanna agus leabharlanna Gaeltachta (cé nár tairgeadh do chinn taobh amuigh den Ghaeltacht iad) ar phraghas íseal, ach nár glacadh leis an bhformhór acu. Fuair sé freagra gonta ón Teachta Dála neamhspleách William Sheldon:

> I imagine most county libraries are bound to suffer from shortage of shelving space. They are not going to take books just because they will get them for nothing. They are not very readable or very interesting and that is not because they are in Irish. It is not because of the language. People will not read dull books in English. (64)

B'in an fhadhb ba mhó a bhain le *Laetheannta Gréine*, is cosúil, seachas ceist an chló. Is léir ón díol mór a bhí ar *Fí-Fá-Fum*, a bhí ní ba chostasaí ná na leabhráin *Laetheannta Gréine*, go gceannófaí leabhair sa chló Rómhánach dá mbeadh an caighdeán ard go leor – caighdeán an ábhair agus an caighdeán aeistéitiúil. Ní raibh ceachtar den dá ghné sin sásúil i gcás *Laetheannta Gréine*.

Ó thaobh an ábhair de, mar a thug léirmheastóir *The Evening Herald* le fios, níl aon rud róchorraitheach ag baint leis na scéalta – is scéalta gearra mórálta iad. Má amharcann muid

ar bhunainmneacha na scéalta i mBéarla, is léir go bhfuil teagasc mórálta le sonrú i ngach ceann – "The Little Girl Who Told Stories", "The King who Lost His Temper", "How Derry Dormouse Lost His Secret", "Yawnalot, the Bad Goblin", "The Disobedient Prince" agus go leor eile. Ní cath idir maith agus olc a bhíonn ar siúl sna scéalta, ach cath idir suáilceacht agus dalbacht, agus bíonn an bua i gcónaí ag an tsuáilceacht, mar a thugtar le fios dúinn sa scéal "An Ciseán Draíochta" in *An tAbhac Gruama*: "Ní féidir an drochbheart do dhéanamh agus teacht slán ó na cúitiú" (Blyton 29). Is fíor an ráiteas sin i ndomhan *Laetheannta Gréine*, muna bhfuil sé fíor taobh amuigh den domhan sin. Faigheann páistí dea-bhéasacha néata tuisceanacha cneasta luach a saothair i gcónaí agus cuirtear múineadh ar pháistí drochbhéasacha leisciúla leithleasacha. Deireadh sona a bhíonn ar an scéal i gcónaí.

Ní hé nach mbíonn tóir ag páistí ar a leithéidí de scéalta, ach go raibh a leithéidí ar fáil go forleathan i mBéarla in Éirinn cheana. Mar a dúradh ní ba luaithe, ba í Enid Blyton scríbhneoir fhormhór na scéalta a foilsíodh in *Laetheannta Gréine*, cé gur léir nach raibh an sonra sin ar eolas ag an bpobal i gcoitinne. Ní luaitear údar nó aistritheoir ar cheann ar bith de na leabhráin. Ní fios an raibh an t-eolas seo ag an nGúm féin ach an oiread – sna cáipéisí ar fad faoin tionscadal tugtar 'scéalta Newnes' ar na bunscéalta Béarla, mar ba é an comhlacht George Newnes a d'fhoilsigh an iris as ar tógadh iad – *Sunny Stories for Little Folks*. Idir 1926 agus 1953, ba í Blyton údar agus eagarthóir na hirise sin (féach "Enid Blyton Magazines"). Bhí aitheantas faighte ag Blyton in Éirinn ó thosaigh sí ag foilsiú i 1922. I léirmheas in *The Irish Independent* i 1924, cuir i gcás, ar *The Enid Blyton Book of Fairies* scríobhadh "Miss Blyton is well known as a children's poet and writer and she possesses the happy art of knowing how to cater for young readers" ("Christmas Books for Juveniles" 4). Bhí a hiliomad leabhar ar fáil go forleathan in Éirinn, mar sin, agus bhí páistí

na hÉireann á léamh, i mBéarla. Is léir, áfach, ón easpa ratha a bhí ar *Laetheannta Gréine* go raibh rud éigin nua agus éagsúil ag teastáil chun páistí a raibh Gaeilge acu a mhealladh chuig an léitheoireacht.

B'in an chonstaic ba mhó a bhí le sárú ag an nGúm agus é ag iarraidh litríocht Ghaeilge na n-óg a chur chun cinn – léitheoirí rialta Gaeilge a dhéanamh de phobal nach raibh mórán taithí acu ar an léitheoireacht Ghaeilge. Ní raibh léamh na Gaeilge ag mórchuid na ndaoine fásta sa Ghaeltacht an uair sin, agus mar sin níor nós a bhí sa léitheoireacht a chothaigh siad ina gcuid páistí, cé go raibh léamh na Gaeilge acu siúd ón scoil. Níor tháinig mórán athraithe air seo, ach an oiread, le linn an fhichiú céad, dar le Joe Steve Ó Neachtain. Scríobh sé i 2003:

> Sílim gur féidir a rá gur faisean óigeanta go maith í an léitheoireacht i measc mórchuid de phobal na Gaeltachta. Bhí leabharlann sa Spidéal le mo chuimhne cinn ach shílfeá gurb é an cat a bhí crochta istigh romhainn ann. Bhí an-chuid daoine nach ligfeadh an náire dóibh cos a chur taobh istigh de dhoras inti. Mheas muid nárbh áit do chosa fuara ná do phócaí folmha í. Tá an meon sin ag athrú anois ach is go mall é. (Ó Neachtain 49)

Tacaíonn Dónall Ó Baoill leis an tuairim sin (60). Maidir le muintir óg na Galltachta, bhí an easpa chéanna taithí ar léamh na Gaeilge acu freisin. Cé go raibh spreagadh ann don dalta meánscoile tabhairt faoin tsaorléitheoireacht Ghaeilge ag an am, mar a luadh sa réamhrá, níor léir faoi na 1930idí go raibh sé sin ag imirt aon tionchair ar fhigiúirí díolacháin litríocht Ghaeilge na n-óg. Bhí an Ghaeilge deacair go leor i bhformhór na leabhar a bhí á bhfoilsiú ag an nGúm don aos óg an tráth sin, agus ba dhíograiseach an páiste a thabharfadh faoi cheann de na leabhair sin a léamh mar chaitheamh aimsire nuair a bhí na leabhair chéanna ar fáil, nó leabhair den chineál céanna, i gcéad teanga an pháiste sin. Anuas air sin, ní ar an dalta meánscoile a bhí *Laetheannta Gréine* dírithe, ach ar pháistí ní b'óige.

Mar aon leis an easpa nuaíochta a bhí iontu, locht eile a bhí ar fhormhór na scéalta *Laetheannta Gréine* ná gur léir gur aistriúcháin iad. Nuair a céadroghnaíodh na scéalta a bhí le haistriú siar i 1931, ba í barúil Mhic Lellan go mbeadh a n-aistriú "...difficult, if not impossible..." mar gheall ar an ábhar a bhí iontu (Comhad G369). Tugadh treoracha don triúr aistritheoirí na scéalta a Ghaelú go hiomlán, chun fáil réidh leis an atmaisféar seo a bhí "...antipathetic to the Gaelic mind" (Comhad G369). Ba lag an iarracht a rinne an triúr aistritheoirí i nGaelú na scéalta a aistríodh, áfach. Anois is arís, cuireadh isteach nathanna dúchasacha – "…nuadh gach bídh agus sean gach díghe…", "...chómh siúrálta is tá pus ar asal", "...chómh marbh le hArt...", srl. (Blyton, *An tIarla Éamonn* 14; Blyton, *Cluasach* 27). Den chuid is mó, áfach, tá lorg trom an Bhéarla ar an aistriúchán. Sa scéal "An Stróinséir Iongantach" mar shampla, deir buachaill óg darb ainm Peadar le stráinséir an teidil nach bhfuil sé ag iarraidh go bhfeicfeadh a mháthair go bhfuil díomá air, "...mar dhéanfadh sé brónach í..." (Blyton, *An Tigín* 16). Mar an gcéanna, bíonn an cailín in "Tír an Óir" "…amuigh sa ghairdín ag féachaint i ndiaidh na mbláth" (Blyton, *An Sultán* 18).

Is beag an t-athrú a rinneadh ar na scéalta chun iad a lonnú i suíomh Éireannach, ach an oiread, go háirithe nuair a chuirtear i gcomparáid iad leis an nGaelú cuimsitheach a rinne Mac Giollarnáth ar *Fí-Fá-Fum*. Déanta na fírinne, ní léir ach i scéal amháin sa tsraith gur lonnaithe in Éirinn atá sé – is é sin an scéal "Firín na Sméar" in *Eachtra Brocaire*. Sa scéal sin luann an príomhcharachtar, Liam, go bhfuil a dheirfiúr Sinéad "...sa bhaile d'iarraidh tír-eolas Átha Cliath d'fhoghluim..." mar nuair a iarradh uirthi ar scoil, ní raibh a fhios aici "...cad eile a dhéantar i nÁth Cliath seachas lasáin" (Blyton, *Eachtra Brocaire* 22). Is ciotach an tagairt í seo i lár sraithe nach bhfuil mórán de bhlas Éireannach air in aon chor. Is léir go raibh ruainnín den cheart ag an Seabhac, mar sin, nuair a scríobh sé faoi chumas na n-aistritheoirí: "...tá 'fhios agam go bhfuil cuid aca go ró neamh-oilte ar fad chuige"

(Comhad G022). Is fianaise é ar easpa measa an Ghúim ar leabhair do pháistí nár tugadh an lagaistriú seo faoi deara nuair a bhíothas á gcur i gcló, nó ar a laghad nach ndearnadh aon rud chun é a fheabhsú.

Feictear dom gur imir an easpa dúchasaithe sin tionchar ar dhíolachán *Laetheannta Gréine*. Nuair a chuirtear i gcomparáid na leabhair mhór-ráchairte a d'fhoilsigh an Gúm sna blianta luatha sin – *Fí-Fá-Fum*, *Sgeuluidhe Fíor na Seachtmhaine* – agus na leabhair mhór-ráchairte a foilsíodh ní ba dhéanaí – leabhair Marion King, Ailbhe Uí Monacháin agus Chathail Uí Shándair – nuair a chuirtear i gcomparáid leis an tsraith *Laetheannta Gréine* iad, is í an difríocht is suntasaí eatarthu ná go bhfuil blas láidir Éireannach ar na cinn a raibh díol an-mhaith orthu. Is léir go raibh claonadh láidir i measc Gaeilgeoirí óga sa tréimhse idir 1926 agus 1967 leabhair Ghaeilge a léamh a raibh suíomhanna soiléire Éireannacha acu. Bhain an claonadh seo, mar a phléifear sa chuid eile den tráchtas, leis an nganntanas saothar dúchasach a bhí á gcur ar fáil do pháistí an stáit, i nGaeilge ná i mBéarla, sa tréimhse sin.

Cúis eile nach raibh mórán éilimh ar *Laetheannta Gréine* ná droch-chaighdeán dhearadh na leabhrán, is cosúil. Nuair a cheannaigh an Gúm na scéalta ó George Newnes, cheannaigh siad cuid de na léaráidí a bhí sna bunleabhráin freisin. Ní róchúramach a bhí na heagarthóirí agus iad ag cur isteach na léaráidí céanna sna leabhair. Seo nóta ón Seabhac chuig na clódóirí i 1932:

> The position of the pictures in the book can have very little relation to the position of the corresponding text. If they were placed so two pictures in many cases wd. have to go in the same page. The best plan is to distribute the pictures of each story more or less evenly, as convenient, throughout the length of the text in the order in which they are numbered by us... (Comhad G020)

De thairbhe an pholasaí sin, is minic sa tsraith a thagann léaráid roimh an eachtra atá á léiriú aici – nó i bhfad ina diaidh. Níor rud nua do leabhair an Ghúim a bhí ansin – feictear é sa leabhar álainn mór-ráchairte *Fí-Fá-Fum* freisin, agus d'fheicfí arís é go minic i leabhair Fhoilseacháin Náisiúnta Teoranta sna 1960idí. Is cosúil gur mheas eagarthóirí an Ghúim gur leor léaráidí a bheith i leabhar do pháistí – ba chuma cén áit inar cuireadh iad. Anuas air sin, is bocht an caighdeán atá ar an bpáipéar a úsáideadh do na leabhráin, mar a luaigh léirmheastóir amháin in *The Irish Independent*, agus é ag meas *Baile Gúnga*. Scríobh sé gur "...trua gan páipéar is fearr ná páipéar saor i gcóir nuachtán bheith i gcóir na leabhar so" ("An Nua agus an Sean" 4). B'fhíor dó é.

### *4 Tátal*

Fadhb mhór a bhain le foilseacháin luatha an Ghúim do dhaoine óga ná go raibh dlúthcheangal ann in intinn mhuintir an tSaorstáit idir na leabhair sin agus an seomra ranga. Cé gurbh í an tsraith *Laetheannta Gréine* an chéad mhóriarracht a rinne an Gúm chun ábhar léitheoireachta Gaeilge a chur ar fáil do dhaoine óga taobh amuigh den scoil, tá anáil throm na scoile le brath ar fhoilsiú na sraithe. Feictear é seo ach go háirithe san útamáil cló a pléadh thuas. Léiríonn an t-athrú costasach ón gcló Rómhánach go dtí an cló Gaelach a rinneadh i lár na sraithe ní hamháin an tionchar a d'imir na scoileanna ar mhargadh na leabhar Gaeilge do dhaoine óga, ach chomh maith leis sin léiríonn sé an chumhacht a samhlaíodh leis na scoileanna sa mhargadh sin. Cé gur thug an díol a bhí ar *Fí-Fá-Fum* le fios go mbeadh tóir ar leabhar do pháistí sa chló Rómhánach dá mba rud é go raibh an leabhar taitneamhach go leor, níor léir sin do mhuintir an Ghúim ag an am. Fadhb leanúnach a bhí sa nasc seo idir leabhair Ghaeilge do dhaoine óga agus an scoil a bhí le sonrú fós ag deireadh ár dtréimhse, i gcás Chlub Leabhar na Sóisear ach go háirithe, mar a phléifear i gcaibidil a cúig.

In ainneoin nár thréimhse an-rathúil a bhí sna blianta 1926-1937 i litríocht Ghaeilge na n-óg, is féidir linn an-chuid a fhoghlaim ó na leabhair luatha seo, idir aistriúcháin agus bhunsaothair, faoi mheon an Ghúim, agus faoi mheon mhuintir an tSaorstáit i leith litríocht Ghaeilge na n-óg ag an am. Is léir gur thuig an Gúm a thábhachtaí is a bhí sé leabhair shiamsaíochta a chur ar fáil do pháistí taobh amuigh den scoil, ach nár thuig siad cén cineál ábhair ba chóir dóibh a sholáthar. Ní raibh a gceird foghlamtha acu go fóill.

De réir a chéile, thit an lug ar an lag ar an nGúm nach raibh na Gaeil, idir óg agus aosta, toilteanach glacadh leis an oiread sin aistriúchán is a cuireadh ar fáil dóibh. Ó dheireadh na 1930idí ar aghaidh laghdaíodh an scéim sin go mór i gcás litríochta don aos óg agus litríochta do dhaoine fásta araon. B'in an ceacht ba mhó a mhúin teip na sraithe *Laetheannta Gréine* don Ghúm – gur chóir dóibh a aird a dhíriú ar scríbhneoirí Éireannacha, agus iad a ghríosadh chun freastal ar léitheoirí óga na Gaeilge. Feicfear toradh an cheachta seo sa chuid eile den tráchtas.

# CAIBIDIL 2: AN GÚM AGUS *AN T-ÉIREANNACH*

There is strong evidence that, while books can extend and challenge children's knowledge and experience, children learn literacy better from texts with some cultural familiarity, with traditional tales and folk tales being particularly useful. (Yates 161)

In contrast to the illustrated book, where pictures enhance, decorate and amplify, in the picturebook the visual text will often carry much of the narrative responsibility. In most cases, the meaning emerges through the interplay of word and image, neither of which would make sense when experienced independently of the other. (Salisbury agus Styles 7)

...children must begin with reading material in Gaelic, if their subsequent reading is to be in the same language. (Marion King, Comhad G198)

## *1 Réamhrá*

Ní dhearnadh mórán dul chun cinn i bhforbairt litríocht Ghaeilge na n-óg sna chéad deich mbliana den Ghúm a bheith ar an bhfód, in ainneoin dhea-mhéin an chomhlachta sin. Níor cuireadh tús ceart léi, le fírinne, go dtí mí na Nollag 1937 nuair a d'fhoilsigh an Gúm trí leabhar le Marion King agus leabhar amháin le hAilbhe Ó Monacháin. Níorbh é gníomh ar bith de chuid an Ghúim chun litríocht na n-óg a chothú nó a stiúradh a chuir na húdair seo i mbun pinn, áfach. Chuir siad beirt a bprintíseacht isteach in áiteanna eile sular chuir siad lámhscríbhinní faoi bhráid an Ghúim. Is ar leathanaigh *An t-Éireannach*, nuachtán seachtainiúil Gaeltachta, a thosaigh Marion King ag cumadh agus ag maisiú scéalta do pháistí, agus is chuig *An t-Éireannach* a tháinig Ailbhe Ó Monacháin lena scéalta seisean do pháistí nuair a tháinig deireadh leis an iris *The Christian Family*. Daoine eile a raibh baint lárnach acu leis "An t-Éireannach Óg" – mar a tugadh ar rannóg na n-óg sa nuachtán – ná Sorcha agus Máire Ní Ghuairim, Pádraig Ua Concheanainn agus Cathal Mac Aonghusa.

Sa chaibidil seo pléifear an chomaoin a chuir na húdair, na haistritheoirí agus na maisitheoirí seo, a mbíodh baint acu leis *An t-Éireannach*, ar litríocht Ghaeilge na n-óg, trí

na leabhair a d'fhoilsigh siad leis an nGúm idir 1937 agus 1942, agus tríd an gcuimilt a bhí acu le muintir an Ghúim. Cuid de na saothair a phléifear, athchlónna a bhí iontu ar scéalta a céadfhoilsíodh ar leathanaigh *An t-Éireannach* (agus i gcás amháin ar leathanaigh *The Christian Family*), ach ba shaothar nuachumtha an chuid eile acu. Níl aon amhras ach go raibh ról ríthábhachtach ag an nGúm i bhfoilsiú na leabhar seo, agus sa tacaíocht a chuir siad ar fáil do mhuintir *An t-Éireannach*. Díol suntais, áfach, gur eascair na saothair thábhachtacha seo as foinse sheachtrach, seachas as gníomhartha an Ghúim agus iad ag iarraidh litríocht Ghaeilge na n-óg a stiúradh agus gan mórán tuisceana acu ar an litríocht sin.

## 2 *An Gúm agus* An t-Éireannach

Thug teip na sraithe *Laetheannta Gréine* le tuiscint don Ghúm gurbh fhearr dul ag lorg ábhar dúchasach nuachumtha don aos óg ná a bheith ag foilsiú aistriúchán nach raibh mórán éilimh orthu. B'fhusa i bhfad é sin a rá, áfach, ná saothair den chineál sin a chur ar fáil. Ganntanas ábhair nuachumtha a chuir tús leis an tionscadal *Laetheannta Gréine* sa chéad áit – nuair a rinneadh iniúchadh ar na lámhscríbhinní a bhí á seoladh isteach chuig an nGúm i 1931, measadh nach raibh aon rud fiúntach á scríobh ag scríbhneoirí dúchásacha don aos óg (Comhad G369). Níor léir don Ghúm go raibh aon athrú ar an scéal sin i 1936, nuair a mhol Tomás Ó Deirg, an tAire Oideachais, go gcuirfí comórtas ar siúl chun daoine a spreagadh le scéalta Gaeilge a scríobh do dhaoine óga (Comhad G170). Níor mheas Proinnsias Ó Dubhthaigh, leasrúnaí na Roinne, gurbh shin an bealach ab fhearr chun bonnaí a chur faoi litríocht Ghaeilge na n-óg, áfach. Níor leor aon saothar amháin, dar leis – bhí dreasacht leanúnach de dhíth chun suim scríbhneoirí a mhúscailt agus go leor leabhar a sholáthar don aos óg a dhéanfadh léitheoirí rialta Gaeilge díobh.

An moladh a bhí ag Ó Dubhthaigh ná ráta íocaíochta níos airde a thairiscint d'údair leabhar don aos óg. An gnáthráta íocaíochta a bhíodh ag an nGúm ag an am ná £1 an míle focal – mhol Ó Dubhthaigh idir £1:2:- agus £2 an míle focal a íoc as saothair do dhaoine óga, ag brath ar fheabhas na hoibre (Comhad G170). Glacadh lena mholadh, agus cuireadh amach an fógra seo a leanas sna nuachtáin ar an 21 Nollaig 1936:

> FOGRA
> Do Scríbhneóirí Gaedhilge
> D'fhonn scríbhneóirí a ghríosadh chun adhbhar feileamhnach léightheorachta a chur ar fagháil i nGaedhilg do dhaoine óga, tá an tAire Oideachais ag tairisgint ráta speisialta íocaidheachta ar son:
> **Scéalta agus Eachtraí Fionnachtana**
> **Finnscéalta Staire**
> **Scéalta ag baint le saoghal daoine óga ar scoil agus ar coláiste**
> Ní mór do'n adhbhar a bheith i n-a nuadh-cheapadóireacht agus é bheith inniste ar mhodh go gcuirfeadh daoine óga suim ann agus go mbainfidís taitneamh as. ("Fogra" 8 – ní liomsa an bhéim)[14]

Fuarthas breis agus céad litir sa Ghúm sna seachtainí ina dhiaidh sin, ag lorg tuilleadh eolais faoin scéim seo (Comhad G170).

Duine de na daoine a d'fhiosraigh an scéim ná Pádraig Ó Moghráin, bailitheoir aithnidiúil béaloidis. Bhí dúil mhór ag Ó Moghráin i dteangacha – bhí Laidin, Gréigis, Eabhrais, Gearmáinis, Iodáilis, Sualainnis agus b'fhéidir Rúisis aige ("Ó Moghráin, Pádraic (1886–1966)"). Roimh 1936 bhí ceithre aistriúchán ar scéalta eachtraíochta d'idir óg agus aosta curtha ar fáil aige don Ghúm – *An Carabhán* (Hauff 1930), *Seán Workmann* (Dominik 1933), *Mé Féin agus Mo Mhadadh* (Mann 1935) agus *Seeteufel* (Luckner 1936). Cé go bhfuil lochtanna ag baint leis an aistriúchán a rinne Ó Moghráin ar *Seán Workmann*[15], ba léir ó dheireadh na 1930idí ar aghaidh go raibh bua mór aige san aistriúchán ar scéalta iontais. Bhí rath nach beag ar an aon imleabhar déag de scéalta Grimm a d'aistrigh sé ón

[14] Cé nach luaitear ach cineálacha áirithe saothar san fhógra seo, léiríonn cáipéisí an Ghúim go mbíodh an íocaíocht seo ar fáil ar aon saothar nuachumtha do dhaoine óga.
[15] Tá rian na sleamchúise ar an aistriúchán seo in áiteanna. Athraítear ainm duine de na carachtair sa leabhar ó Bill go Harry ag pointe amháin, cuir i gcás (Dominik 201, 231).

nGearmáinis idir 1938 agus 1947, cuir i gcás (Comhad A0296). Anuas air sin, d'aistrigh sé go seoigh an scéilín gleoite *Nonni agus Manni* (Svennson 1941), chomh maith le *Sgéalta Ríogh na nGaoith* (Laborde 1941), *Leabhar Leictreachais do Bhuachaillí* (Morgan agus Boltz 1945), *Leabhar na nIongantas* (Halliburton 1949), *Aingealas an Mheadhon Oidhche* (Walker 1953) agus *Aislingí Cois Tine* (Volkmann-Leander 1954). Bhí sé ar an mbeagán aistritheoirí do pháistí a bhíodh ag aistriú ó theangacha seachas an Béarla.

Tabharfar faoi deara, áfach, gur aistriúcháin amháin atá luaite thuas. In ainneoin na suime a léirigh Ó Moghráin i scéim an Ghúim chun litríocht dhúchasach a chur ar fáil don aos óg, bunleabhar dá chuid féin níor scríobh sé riamh don aoisghrúpa sin. Bhí roinnt buncheapadóireachta i gceist san aistriúchán a rinne sé ar *Sgéalta Ríogh na nGaoith* – iarradh air leagan Éireannach den scéal a chur ar fáil, seachas aistriúchán díreach a dhéanamh. Scéal é ina dtugann 'Rí na nGaoith' triúr páistí go tíortha éagsúla ar fud an domhain gach oíche, go bhfeicfidh siad nósanna cultúr éagsúil. "'...[P]ropaganda' impreamhail..." a bhí sa bhunleabhar, dar le Torna (Tadhg Ó Donnchadh), agus mar sin bhí ar Ó Moghráin athruithe móra a dhéanamh chun é a chur in oiriúint don pháiste Éireannach (Comhad A380). Anuas air sin chum Ó Moghráin ceithre chaibidil as an nua don leabhar – faoin bPailistín, faoin tSín, faoi Mheiriceá agus faoin Airgintín. Fós féin, ní buncheapadóireacht amach is amach a bhí ann – bhí ar Ó Moghráin cloí le plota agus le pátrún an bhunleabhair. Tugann sampla an aistriúcháin seo le fios ann féin, áfach, go raibh tuiscint ní b'fhearr sa Ghúm ag an am ar an tionchar gur féidir le hábhar agus le hidé-eolaíocht scéil a imirt ar dhaoine óga.

Duine eile a d'fhiosraigh scéim nua seo an Ghúim ná Nioclás Tóibín, duine de na haistritheoirí ba bhisiúla a bhíodh ag aistriú don chomhlacht. Ba eisean a d'aistrigh *La*

*Belle Nivernaise* (Daudet 1932), *Mná Beaga* (Alcott 1948) agus *An Scoth Dubh* (Sewell 1946), cuir i gcás, agus mar atá scríofa ag Seosamh Ó Murchú, bhí Tóibín ar an mbeagán Gaeilgeoirí a bhí "...beo ar a chuid scríbhneoireachta agus aistriúcháin" ("Idir *Laethanta*" 33). Mar a mhíníonn Ó Murchú, áfach, níor éirigh go geal le hiarrachtaí Thóibín chun saothar nuachumtha a fhoilsiú i nGaeilge don aos óg ("Idir *Laethanta*" 31-34). Bhí glactha ag an nGúm le dhá leabhar dá chuid mar shaothair nuachumtha do pháistí, agus iad curtha ar aghaidh chuig na clódóirí, nuair a tugadh faoi deara go raibh cuid de na scéalta iontu tógtha as an leabhar *William The Outlaw* (Crompton 1927). Nuair a luadh seo le Tóibín d'admhaigh sé gur úsáid sé giotaí ón leabhar sin, ach gur nuachumadóireacht a bhí i gcuid mhór den dá leabhar. An socrú a rinneadh sa deireadh ná gur foilsíodh an leabhar *Domhnaillín* (Tóibín 1950) ina raibh na scéalta nuachumtha sin ar fad, agus rinne Tóibín aistriúchán dúchasaithe ar an leabhar iomlán *William The Outlaw* saor in aisce, mar *Uilliam Ropaire* (Crompton 1952). Sa deireadh, áfach, mar a mhíníonn Seosamh Ó Murchú, is cosúil gur ghabh trua an Gúm agus íocadh £1 an míle focal do Thóibín le haghaidh an aistriúcháin ("Idir *Laethanta*" 33).

Ba bheag nuachumadóireacht a fuair an Gúm ó Ó Moghráin agus ó Thóibín, mar sin, mar thoradh ar an bhfógra thuas. Ba mheasa an scéal i gcás na ndaoine eile a léirigh suim i scéim an Ghúim, ámh – ní léir gur chualathas arís sa Ghúm ón gcéad éigin duine eile a d'fhiosraigh an scéim[16]. Bhí an Gúm ag iarraidh sruth na litríochta a stiúradh, agus ní raibh ag éirí leo. Mar a scríobh Roibeard Ó Faracháin in *Bonaventura*, ba mhíshláintiúil an mhaise é don litríocht státseirbhísigh a bheith ina bun (170). Bhí an t-ádh ar an nGúm agus ar Ghaeilgeoirí óga, áfach. Agus an Gúm ag cur amach an fógra ag lorg scríbhneoirí maithe Gaeilge do pháistí, bhí saothair le roinnt daoine den sórt sin idir lámha acu cheana

[16] Máirtín Ó Díreáin, file, duine amháin acu.

féin. Is léiriú é ar easpa tuisceana an Ghúim ar chúrsaí litríocht na n-óg nár aithin siad luach mór na saothar seo ón tús. Níl trácht ar bith ar na saothair seo sna cáipéisí a bhaineann leis an scéim thuas cé go raibh ar a laghad cúig cinn acu idir lámha ag an nGúm nuair a tosaíodh plé ar an scéim (Comhad G170). Saothair iad a chuirfeadh tús ceart le litríocht Ghaeilge na n-óg faoi dheireadh nuair a thiocfadh siad ar an margadh ó Nollaig 1937 ar aghaidh. Níorbh é fógra an Ghúim, nó gníomh ar bith dá gcuid, a mhúscail spéis údair na leabhar seo i litríocht na n-óg, áfach. Is i dtimpeallacht i bhfad Éireann ní ba nádúrtha agus ní b'fholláine a cothaíodh iad – ar fhoireann an nuachtáin *An t-Éireannach*.

Tháinig *An t-Éireannach* ar an bhfód i mí an Mheithimh 1934, agus tháinig deireadh leis dhá bhliain agus naoi mí ina dhiaidh sin i mí Feabhra 1937 de dheasca easpa díolacháin. Seán Beaumont agus Tomás Ó Flaithearta a bhí i gceannas air. Nuachtán sóisialach Gaeltachta a bhí ann agus dar le hÉamon Ó Ciosáin ba é an chéad nuachtán seachtainiúil Gaeilge a bhí dírithe ar mhuintir na Gaeltachta (*An t-Éireannach* xi). Mar a mhíníonn Ó Ciosáin, ba é aidhm Beaumont agus Uí Fhlaithearta páipéar ceart nuachta a chur ar fáil as Gaeilge, seachas úsáid a bhaint as "...múnla seanchaite an páipéar chúise" (41). Ardchaighdeán iriseoireachta a bhí uatha, agus plé ar ghnéithe de shaol na linne a mbeadh spéis ag muintir na Gaeltachta iontu:

> Leagadh béim i gcéad eagarfhocal an pháipéir ar an nuacht Eorpach a bheadh ann. Is léir ó chóiriú an pháipéir gur shíl sé go gcaithfí dúshraith a leagan síos d'iriseoireacht Ghaeilge ar chaighdeán proifisiúnta. Chaithfeadh an páipéar trácht ar shaol agus ar anró an phobail sna Gaeltachtaí, saol a bhí fágtha gan rianadh ag na páipéir a ghabh roimhe agus nárbh fhiú a bheith ag dréim go gcuirfeadh páipéir an Bhéarla spéis ar bith ann. (41)

Bhíodh ailt ann, mar sin, faoi chúrsaí reatha na hÉireann agus na hEorpa, agus plé ar na gluaiseachtaí éagsúla polaitiúla – an cumannachas agus an faisisteachas ach go háirithe.

Is ag teacht le haidhm *An t-Éireannach* chun freastal ceart a dhéanamh ar phobal na Gaeilge – agus ar lucht na Gaeltachta go háirithe – a bhí an áit lárnach a tugadh d'ábhar léitheoireachta don aos óg sa nuachtán. Tuigeadh do mhuintir *An t-Éireannach* go raibh géarghá le tacaíocht a thabhairt "...don ghlúin óg a bhí ag tógáil na Gaeilge go tréan i scoileanna na tíre faoin gcóras nua" agus gach seachtain bhíodh leathanach nó dhó ann don aos óg (Ó Ciosáin, *An t-Éireannach* 41). Sorcha Ní Ghuairim (Niamh Chinn Óir) a bhí i gceannas ar "An t-Éireannach Óg" seo agus de réir Uí Chiosáin ba mhór an spéis a chuireadh idir óg agus aosta ann (189). Is ríléir an ról tábhachtach a bhí ag litríocht na n-óg sa nuachtán nuair a ghlactar san áireamh nach mbíodh ach ocht leathanach i ngach eagrán, agus dhá cheann acu go minic dírithe ar an aos óg. Bhíodh scéalta agus cartúin le feiceáil i gcónaí ann, agus ó mhí na Samhna 1934 bhíodh litir ann gach seachtain ó Niamh Chinn Óir chuig na léitheoirí óga.

Bhí baint nach beag ag roinnt mhaith daoine leis "An t-Éireannach Óg" – Sorcha agus Máire Ní Ghuairim, Pádraig Ua Concheanainn, Cathal Mac Aonghusa, Marion King agus Ailbhe Ó Monacháin[17] agus daoine eile nach iad. Rinneadh sáriarracht i gcónaí freastal ar pháistí de chuile aois, agus de réir gach cosúlachta d'éirigh thar barr leo. I gceann d'eagráin dheireanacha an nuachtáin, scríobh Seán Beaumont faoin tábhacht a bhain leis "An t-Éireannach Óg", agus faoina cheannródaíche is a bhí na leathanaigh sin. Scríobh sé gur chuir "An t-Éireannach Óg" deis ar fáil do scríbhneoirí agus d'ealaíontóirí do pháistí teacht le chéile agus ábhar fiúntach a sholáthar do dhaoine óga. Mar aon leis sin, de réir Beaumont, thug sé deis do pháistí a raibh Gaeilge acu a bheith ag léamh go rialta:

> Nuair a thosuigheamar ar "An t-Éireannach" ceann de na príomh-chuspóirí a chuireamar romhainn a b'eadh sgríobhnóirí a ghríosadh 'un saothair, agus adhbhar léightheoireachta a chur ar fagháil a bhéadh spéiseamhail d'óg agus d'aosta...Ní raibh seachtmhain ó shin i leith nach raibh leathanach nó dhó againn faoi sgéala,

[17] Dhear Ailbhe Ó Monacháin cartúin bheaga aoracha don chuid eile den nuachtán freisin.

> eachtraí agus peictiúirí do'n aos óg. Chuireadar fáilte roimhe ins gach ceáird d'Éirinn agus chruthuigheadar dhúinn nach raibh uatha acht an deis a fhagháil...Bhí an sgéal céadna ag na sgríobhnóirí agus ag lucht déanta peictiúr. Tháingeadar chugainn le n-a saothar agus, le cabhair a chéile, chuireamar adhbhar léightheoireachta agus pictiúirí ar fagháil do'n aos óg nach raibh fagháil aca ortha ariamh roimhe seo sa nGaedhilge. (1)

Díol suntais go dtugann Beaumont le fios anseo nach raibh seans ag na scríbhneoirí agus na healaíontóirí seo dul i mbun a gceirde sular tháinig *An t-Éireannach* ar an bhfód. Nárbh shin *raison d'être* an Ghúim, a bunaíodh ocht mbliana roimh *An t-Éireannach*? Ní dheachaigh na daoine seo i muinín an Ghúim, áfach, go dtí go raibh a bprintíseacht curtha isteach acu leis *An t-Éireannach*.

B'ollmhór an difríocht idir *An t-Éireannach* agus an Gúm ó thaobh timpeallachta agus modhanna oibre de. Ba chomhlacht príobháideach é *An t-Éireannach* agus ba bhrainse den Roinn Oideachais é an Gúm. Munar éirigh le muintir *An t-Éireannach* go leor cóipeanna a dhíol (mar a tharla, sa deireadh), ba é an fhoireann, agus Seán Beaumont ach go háirithe, a bheadh thíos leis. Bhí ar mhuintir *An t-Éireannach* a ndícheall a dhéanamh i gcónaí chun suim an phobail a mhúscailt sa nuachtán, agus an tsuim sin a choimeád ann gach seachtain trí ábhar a mbeadh spéis mhór ag an bpobal ann a chur ar fáil. Is mar an gcéanna a bhíodh an scéal leis an iliomad nuachtán agus tréimhseachán eile a bhí ar an saol an uair sin, idir chinn Bhéarla agus chinn Ghaeilge – *An t-Ultach*, *An Stoc*, *The Christian Family* srl.. Is spéisiúla *An t-Éireannach* dúinne áfach de bharr an tsuntais ar leith a thug sé do litríocht na n-óg, agus de bharr na leabhar do pháistí a d'eascair uaidh.

Níorbh ionann cás an Ghúim agus cás na dtréimhseachán seo, mar is léir ón gcuntas a tugadh ar an nGúm i gcaibidil a haon. Toisc gur eagraíocht stáit a bhí sa Ghúm, ní raibh freagracht rómhór ar aon bhall foirne ar leith, ná impleachtaí róthromchúiseach i gceist má theip ar leabhar nó ar thionscadal ar leith – mar a chonacthas i gcás *Laetheannta Gréine*,

agus mar a fheicfear i gcás shaothar Mhichíl d'Andún i gcaibidil a ceathair. Anuas air sin níorbh iad na daoine a bhíodh ag obair sa Ghúm gach lá a bhíodh ag scríobh na leabhar. Is beag dílseacht a bhíodh ag formhór scríbhneoirí an Ghúim don eagraíocht féin. Mar a scríobhann Brian Ó Conchubhair, bhí an Gúm "Despised by many, not least its published authors..." (98). Is cruthúnas air seo an nóta a scríobh Proinnsias Ó Dubhthaigh ar litir ó Ailbhe Ó Monacháin a fuarthas sa Gúm tar éis fhoilsiú *Patairín agus Patarún* (Ó Monacháin 1937). Ghabh Ó Monacháin buíochas leis an nGúm as a gcuid oibre, agus dúirt sé go ndearnadh "...'job' fiúntach de'n leabhar" (Comhad N0634). Scríobh Ó Dubhthaigh ar an litir: "Le teasbaint do'n Aire. An rud is annamh is iongantach, agus is annamh a gheibhinn an Gúm bocht moladh!" (Comhad N0634). Is ar son na teanga agus chun airgead a thuilleamh a bhíodh scríbhneoirí an Ghúim ag scríobh leabhar, in ainneoin na gráine a bhí ag cuid acu ar an eagraíocht. Níor thimpeallacht fholláin í sin do bhláthú na litríochta.

Is ag tarraingt le chéile chun an nuachtán a choimeád ar an saol a bhíodh scríbhneoirí, maisitheoirí agus eagarthóirí *An t-Éireannach*. Bhí spreagadh ar leith acu dul i mbun pinn agus saothair fhíorthaitneamhacha a chur ar fáil do na léitheoirí, mar sin, nach raibh ag scríbhneoirí an Ghúim. Bealach amháin a chuirtí an saothar sin ar fáil ná trí dhaoine a raibh scileanna ar leith acu a chur ag obair le chéile chun ardchaighdeán scéalaíochta agus deartha a bhaint amach – cuir i gcás saothar Chathail Mhic Aonghusa agus Marion King, a phléifear ar ball. Rud eile a chuir le díograis fhoireann *An t-Éireannach*, is dócha, ná go bhfeiceadh siad a gcuid saothair i gcló gach seachtain, murab ionann agus scríbhneoirí an Ghúim a bhíodh blianta ag fanacht ar fhoilsiú a leabhar. Cé go mbíodh ní ba mhó brú ag baint le hobair mhuintir *An t-Éireannach*, is mó an tairbhe phearsanta a bhí le baint aisti freisin. Atmaisféar i bhfad ní ba shláintiúla a bhí in *An t-Éireannach* d'fhorbairt litríocht

Ghaeilge na n-óg, mar sin, i gcomparáid leis an nGúm. Is é sin an fáth, is cosúil, gurb ón nuachtán sin a tháinig na húdair ba thábhachtaí don aos óg i dtréimhse luath an Ghúim, is iad sin Cathal Mac Aonghusa, Ailbhe Ó Monacháin agus Marion King.

## 3 *Údair, Aistritheoirí agus Maisitheoirí* An t-Éireannach

I 1934 thairg Pádraig Ua Concheanainn lámhscríbhinn an scéil *Ceathrar Comrádaí* (1938) don Ghúm. Scéal eachtraíochta é *Ceathrar Comrádaí*, ina nglacann ceathrar buachaillí Éireannacha páirt lárnach i réabhlóid Eldóragua, tír i Meiriceá Theas ina bhfuil muintir na háite faoi chois ag rialtas tíoránta. Is scéal thar a bheith áibhéileach agus dochreidte é, ach tá sé corraitheach agus spraíúil. Toradh comhoibre amach is amach ba ea an leabhar, agus is sampla iontach é den tsáriarracht a dhéanadh muintir *An t-Éireannach* chun scéalta a chur ar fáil dá léitheoirí óga a bheadh go hiomlán in oiriúint dóibh, ó thaobh ábhair agus teanga de. Cathal Mac Aonghusa – "...mairnéalach, smuigléir airm, scríbhneoir..." – a raibh bua ar leith scéalaíochta aige, a scríobh an scéal i mBéarla do léitheoirí *An t-Éireannach*, agus "Viva Irlanda" a thug sé air (Ó Ciosáin, *An t-Éireannach* 188). D'aistrigh Pádraig Ua Concheanainn agus Sorcha Ní Ghuairim go Gaeilge é ina dhiaidh sin agus foilsíodh mar shraith é in "An t-Éireannach Óg" ón gcéad eagrán den nuachtán ar an 2 Meitheamh 1934 go dtí an 27 Deireadh Fómhair an bhliain chéanna. I mí na Nollag 1938 a d'fhoilsigh an Gúm *Ceathrar Comrádaí* mar leabhar agus ba mhór an tóir a bhí air – cuireadh athchló air trí huaire, ar a laghad (Comhad A0327).

Pearsa thábhachtach eile ó *An t-Éireannach* a rinne a chion féin ar son litríocht Ghaeilge na n-óg ná Ailbhe Ó Monacháin, ealaíontóir, scríbhneoir agus aistritheoir a rugadh i mBéal Feirste sa bhliain 1889 ("Ó Monacháin, Ailbhe (1889-1967)"). D'fhoghlaim Ó Monacháin a chuid Gaeilge i scoil de chuid na mBráithre Críostaí, agus ansin le Conradh na Gaeilge ní

ba dhéanaí ina shaol. Bhain sé cáilíocht múinteora amach san Ard-Scoil i mBéal Feirste, ach d'oibríodh sé mar ealaíontóir freisin. Ghlac sé páirt ghníomhach in Éirí Amach 1916, i gCogadh na Saoirse agus sa Chogadh Cathartha (ar thaobh na bPoblachtach), agus chaith sé cúpla tréimhse i bpríosún dá bharr. I ndiaidh an Chogaidh Chathartha chaith sé tamall ag obair mar thimire le Conradh na Gaeilge sular bhain sé teastas múinteora ealaíne amach leis an gColáiste Náisiúnta Ealaíne. Is le Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath a bhíodh sé ag teagasc, agus ba í an Ghaeilge an teanga a d'úsáideadh sé sa seomra ranga.

Ní in *An t-Éireannach* a thosaigh Ailbhe Ó Monacháin ag cur scéalta ar fáil don aos óg, ach san iris *The Christian Family*. Is ar leathanaigh na hirise sin a foilsíodh an scéal "Patairín agus Patarún" ar dtús, scéal faoi bheirt bhuachaillí a thiteann isteach i ndomhan lán draíochta, agus faoi na heachtraí aisteacha a bhaineann dóibh agus iad ann. I Nollaig 1937 a d'fhoilsigh an Gum an scéal sin in *Patairín agus Patarún*. Níor mhair *The Christian Family* ach ó 1934 go 1935, agus mar sin is chuig *An t-Éireannach* a tháinig Ó Monacháin leis an dara sraith don aos óg a scríobh sé, "Dóinicíní an Domhain". Leaganacha Gaeilge de scéalta ó thíortha éagsúla a bhí sa tsraith seo, agus d'fheictí iad anois is arís in *An t-Éireannach* ó mhí Aibreáin 1936 go dtí gur tháinig deireadh leis an nuachtán. D'fhoilsigh an Gúm *Dóinicíní an Domhain* i 1939. Anuas ar an dá leabhar siúd scríobh Ó Monacháin péire eile don Ghúm – *An Sionnach Sleamhain Slíoctha* (1941), cnuasach scéalta a bhí ar an leabhar ba mhó ráchairt dá chuid, agus *Ainmhithe Allta Éireann Inné agus Inniu* (1967), cur síos ar na cineálacha ainmhithe atá agus a bhíodh in Éirinn – agus d'aistrigh sé *Scéilíní Caoine as Croidhe Cogaidh* (Volkmann-Leander 1941) freisin. D'oibríodh Ó Monacháin go minic freisin mar mhaisitheoir leabhar don Ghúm ó 1937 ar aghaidh – ba eisean a

mhaisigh *Eachtra an Phortáin agus Scéalta eile* (1940) agus *Eachtra na Beiche* (1941) le Micheál Ó Cionnfhaolaidh, cuir i gcás.

An duine deireanach a phléifear sa chaibidil seo ná Marion King, a bhí ar dhuine de na daoine ba thábhachtaí a d'fhreastail ar léitheoirí óga na Gaeilge le linn thréimhse an tráchtais seo. Rugadh King i mBaile Átha Troim, Contae na Mí sa bhliain 1897, ach chaith sí formhór a hóige in Leeds na Breataine (Snoddy 318). Bhog sí ar ais go hÉirinn i 1922, tar éis di staidéar a dhéanamh ar an ealaín i gColáiste Ealaíne Leeds (318). Tharraing sí cáil uirthi féin leis an teicníc nua a d'fhorbair sí chun péinteáil ar ghloine, ach bhí cáil nach beag uirthi taobh istigh de phobal na Gaeilge mar gheall ar na pictiúrleabhair ghleoite a chuir sí ar fáil do dhaoine óga sa teanga sin (318). Díol mór spéise gur léir nach raibh mórán Gaeilge ag King féin. Is éard a dhéanadh sí ná na scéalta a chumadh i mBéarla agus iad a mhaisiú, agus ansin duine éigin a fháil chun iad a aistriú – Sorcha Ní Ghuairim nó Tomás Ó hÉighneacháin, cuir i gcás.

Chonacthas scéalta agus pictiúir Marion King in *An t-Éireannach* den chéad uair ar an 13 Deireadh Fómhair 1934. "Eachtraí Mhuinntir Coinín" ab ainm don tsraith, agus bhíodh sí le feiceáil gach seachtain go dtí Lúnasa 1935. Ní fhacthas aon rud le King arís sa nuachtán go dtí Deireadh Fómhair 1936, nuair a thosaigh sí sraith nua bunaithe ar theaghlach luchóg, ar tháinig deireadh léi nuair a tháinig deireadh leis *An t-Éireannach* féin i mí Feabhra 1937. Sa bhliain 1936 chuaigh King chuig an nGúm le "Eachtraí Mhuinntir Coinín", agus glacadh leis i gcomhair cló. Cuireadh dhá leabhar bunaithe ar an ábhar sin amach i Nollaig 1937 – *Seán: Eachtraí Mhuinntir Choinín I* agus *Nodlaig: Eachtraí Mhuinntir Choinín*

*II*[18], mar aon le *Cáit is Cól*, leabhar mór Nollag ar iarr an Gúm uirthi é a chur le chéile. An Nollaig dár gcionn foilsíodh ceithre leabhar eile léi – *Bróigín* (1938), *Gug* (1938), *Baba* (1938), pictiúrleabhair, agus *Úna agus a cuid bréagán* (1938), leabhar dathúcháin. I 1939 foilsíodh ceithre leabhar eile dá cuid: *Peigín: Eachtraí Mhuinntir Choinín III* agus *Clann Coinín: Eachtraí Mhuinntir Choinín IV*, bunaithe ar "Eachtraí Mhuinntir Coinín" arís; *Taimín* a bhí bunaithe ar shraith na luchóg; agus *Mac Spúin*, pictiúrleabhar eile. Foilsíodh *ABC na Gaedhilge*, an leabhar deireanach dá cuid, i mí na Nollag 1942. San iomlán, d'fhoilsigh an Gúm dhá leabhar déag le Marion King, agus bhí siad ar na leabhair ba mhó ráchairt a d'fhoilsigh sé don aos óg go dtí sin. D'fhoilsigh Brún agus Ó Nualláin pictiúrleabhar amháin léi freisin – *Antó Mac Dána* (1938).

Bhí ráchairt ar leabhair King, ráchairt nach bhfacthas a leithéid roimhe sin ar leabhair Ghaeilge do dhaoine óga agus nár mhinic a chonacthas ina dhiaidh sin ach an oiread. Seo liosta a cuireadh le chéile d'uimhreacha díolacháin leabhair King suas go dtí 31 Márta 1948:

| Teideal | Cóipeanna foilsithe | Cóipeanna díolta |
|---|---|---|
| **Seán** | 5,980 | 4,527 |
| **Cáit is Cól** | 8,750 | 5,825 |
| **Nodlaig** | 6,000 (agus 3,000 ordaithe) | 4,413 |
| **Úna agus a cuid bréagán** | 8,799 | 5,912 |
| **Bróigín** | 8,000 | 6,856 |
| **Gug** | 7,500 | 6,441 |
| **Baba** | 8,750 | 7,683 |
| **Taimín** | 4,000 | 3,543 |

[18] Níor éirigh liom teacht ar chóip de *Nodlaig: Eachtraí Mhuinntir Choinín II*, *Bróigín* nó *Mac Spúin*. Léiríonn sé sin, sílim, an easpa measa a bhíodh ag daoine ar litríocht Ghaeilge na n-óg. Cé go raibh siad ar chuid de na leabhair Ghaeilge ba mhó ráchairt sa tréimhse sin, níor choimeád na leabharlanna cóip de leabhair seo King.

| | | |
|---|---|---|
| **Clann Coinín** | 5,000 | 3,495 |
| **Peigín** | 7,948 | 3,837 |
| **Mac Spúin** | 6,500 | 4,432 |
| **ABC na Gaedhilge** | 5,000 | 4,182 |

**Tábla 2: Díolachán leabhair Marion King (Comhad N0803)**

San iomlán, is é sin 61,146 leabhar de chuid Marion King a díoladh idir Samhain 1937 agus Márta 1948, gan díolachán *Antó Mac Dána* a chur san áireamh. Éacht amach is amach a bhí ann. De réir cháipéisí na Cartlainne Náisiúnta, d'fhoilsigh an Gúm ar a laghad 93,000 cóip de leabhair King idir 1937 agus 1949, agus ansin sna 1960idí foilsíodh leagan caighdeánaithe de chuid acu freisin.

## 4 *Tábhacht leabhair mhuintir* An t-Éireannach

San iomlán, d'fhoilsigh an Gúm seacht leabhar ina raibh ábhar a céadfhoilsíodh ar leathanaigh "An t-Éireannach Óg", mar aon le deich leabhar eile leis na scríbhneoirí céanna[19]. Le foilsiú na saothar seo cuireadh trí rud úrnua ar fáil do Ghaeilgeoirí óga an stáit. Ar dtús, soláthraíodh leabhair a cumadh go sainiúil dóibh, murab ionann agus formhór mór na leabhar a d'fhoilsigh an Gúm roimhe sin. Ba scéalta dúchasacha iad ar fad, nach mór, a bhí dírithe ar an bpáiste a raibh Gaeilge aige/aici – an rud go díreach a bhí á lorg ag an nGúm nuair a cuireadh amach an fógra úd i Nollaig 1936. Tuiscint dhomhain ar ról léaráidí agus ar thábhacht deartha leabhar an dara bua a bhain le muintir *An t-Éireannach*, tuiscint nach bhfacthas roimhe sin i litríocht na n-óg sa Ghúm. An tríú tréith ar leith a bhaineann le leabhair fhoireann *An t-Éireannach*, ní bhaineann sé ach le saothar Marion King amháin – ba í Marion King an t-aon údar sa tréimhse, agus go ceann tamaill ina dhiaidh sin, a rinne freastal ar pháistí faoi bhun deich mbliana d'aois. Aoisghrúpa a bhí ansin a ndearnadh neamart nach beag ann idir 1926 agus 1967.

[19] D'fhoilsigh Brún agus Ó Nualláin leabhar amháin a d'eascair as ábhar a céadfhoilsíodh in "An t-Éireannach Óg" freisin – *Ceol na Mara* (1938) le Máire Ní Ghuairim.

### *4.1 Ábhar dúchasach nuachumtha*

Leag an Gúm béim mhór ar an aistriúchán ag tús a ré, ach níor chuir Éireannaigh óga mórán suime sna haistriúcháin chéanna, mar a léiríodh i gcaibidil a haon. Gné amháin de na haistriúcháin seo a chuir leis an mí-rath a bhí orthu, is cosúil, ná nach raibh mórán bainte acu leis an saol in Éirinn ag an am. *Eadar Muir is Tír* (O'Grady 1936) agus dhá leabhar le Padraic Colum – *Mac-Ghníomhartha Fhinn Uí Dhomhnaill* (1935) agus *Mac Rí na hÉireann* (1936) – sin líon iomlán na n-aistriúchán a d'fhoilsigh an Gúm do dhaoine óga roimh 1937 a raibh suíomh soiléir Éireannach acu. Aistríodh cúpla leabhar leis an Éireannach Edmund Leamy go Gaeilge freisin – *Sidhe-Scéalta* (1933) agus *Píobaire Sidhe Ghleann Maoiliughra* (1933) – agus is léir gur tharraing Leamy go mór ar an tírdhreach timpeall air agus é á scríobh – bhí cónaí air i nGleann Molúra, cuir i gcás. Ag an am céanna, toisc gur scéalta iontais iad na scéalta ar fad sa dá aistriúchán seo, is lonnaithe i ndomhan na sióg atá siad, agus is beag tagairt a dhéantar iontu d'Éirinn féin. Rud eile a d'fhéadfadh cur le heaspa suime an aosa óig sna cúig aistriúchán thuas ná gur foilsíodh a mbunleabhar ar fad idir 1894 agus 1916, agus is do dhaoine óga na tréimhse sin a scríobhadh iad. Ní fhéadfaidís choíche a bheith go hiomlán oiriúnach do pháistí na 1930idí, mar sin.

Roimh Nollaig 1937 is beag leabhar a d'fhoilsigh an Gúm a raibh saol páistí Éireannacha na 1930idí mar bhunábhar ann. An ceacht a d'fhoghlaim páistí na tréimhse ó litríocht Ghaeilge na n-óg, mar sin, ná nár ábhar litríochta a bhí ina saol féin. Ní raibh scéal ar bith ar fáil do pháistí an stáit faoin saol mar a bhí cur amach acusan air. Caithfear cuimhneamh, leis, nach raibh mórán scéalta den chineál sin á scríobh as Béarla ach an oiread, mar a luadh sa réamhrá agus mar a phléifear amach anseo. Bhí ceithre leabhar Béarla foilsithe ag

Patricia Lynch ag an am, cuir i gcás, inar cuireadh chun cinn íomhá thraidisiúnta d'Éirinn, íomhá a thaitin go mór le léitheoirí Sasanacha agus Meiriceánacha, mar a thugann Nic Lochlainn le fios, ach nár léiriú iomlán cruinn é ar an saol a bhí á chaitheamh ag páistí in Éirinn (Nic Lochlainn 73). Leabhair importáilte Bhéarla an príomhlón léitheoireachta a bhí ag Éireannaigh óga ag an am, "...an dramhfhuigheall Béarla sin fá'n Bhreathnach chalma chródha agus an tIndiach salach fealltach..." mar a thug 'P. B.' air ina léirmheas ar *Ceathrar Comrádaí* in *Scéala Éireann* ("Leabhar Eachtraí do Dhaoine Óga" 4). Cé gur léir go raibh an-tóir ar an "...dramhfhuigheall Béarla sin..." in Éirinn ag an am, is léir freisin nár shásaigh an cineál sin ábhair Éireannaigh óga ina gcuid léitheoireachta Gaeilge. Tá sé seo ag teacht le tuairimí Barber agus Yates gur fearr leabhair atá lonnaithe i suíomhanna aithnidiúla chun léitheoirí nua nó léitheoirí drogallacha a mhealladh chun na léitheoireachta (Barber 22; Yates 161).

Is i gcodarsnacht ghlan leis na leabhair Ghaeilge a tháinig rompu atá formhór leabhair mhuintir *An t-Éireannach* a foilsíodh idir 1937 agus 1942. Scéalta faoi Éireannaigh atá iontu, carachtair arbh fhéidir leis an léitheoir óg ionnanú a dhéanamh leo go héasca. Is trí úsáid áitainmneacha, trí thagairtí don chultúr agus don stair agus trí eachtraí na scéalta féin a léirítear gur lonnaithe in Éirinn atá na scéalta seo, nó gur carachtair Éireannacha atá i gceist.

Is rídhearfach an íomhá d'Éirinn agus d'Éireannaigh atá le sonrú sna leabhair ar fad, nach mór, a tháinig ó pheann mhuintir *An t-Éireannach*. Is é *Ceathrar Comrádaí*, ámh, an leabhar is neamhleithscéalaí a thugann faoi chruthú na híomhá sin. Is scéal eachtraíochta é, seánra a raibh an-tóir air ag an am, ach seánra nach raibh mórán leaganacha dúchasacha de ar fáil in Éirinn, mar a thug 'P. B.' le fios thuas. Thóg Cathal Mac Aonghusa an seánra sin

agus rinne sé leagan Gaelach de, ag cur an Ghaeil chun cinn mar eiseamláir den fhearúlacht agus den mhisneach, mar a bhíodh á dhéanamh leis an Sasanach agus an Meiriceánach sna leabhair importáilte, agus mar a dhéanfadh Cathal Ó Sándair ina scéalta seisean tamall de bhlianta ní ba dhéanaí.

Is éard atá i scéal eachtraíochta, dar le M. O. Grenby, ná "...the imaginary fulfilment of the wish to be significant" (*Children's Literature* 174). Is ag caint ar an gcumhacht a thugtar don duine óg sa scéal eachtraíochta traidisiúnta atá Grenby anseo, agus tá sé sin le feiceáil in *Ceathrar Comrádaí* gan amhras. In ainneoin a n-óige, mar shampla, tugtar poist thábhachtacha don cheathrar buachaillí in arm réabhlóidithe Eldóragua, agus cruthaíonn siad go hiontach sna poist sin. Is é an suntas a thugtar d'Éirinn sa scéal, áfach, ceann de na gnéithe is spéisiúla de. Baineann an suntas áibhéileach seo le stádas iarchoilíneach na hÉireann, agus an fonn a bhí ar Mhac Aonghusa et al. bród tíre a chothú ina n-ógléitheoirí, mar a dhéanfadh Ó Sándair agus scríbhneoirí Chlub Leabhar na Sóisear ina ndiaidh. Léirítear tríd síos in *Ceathrar Comrádaí* go bhfuil buanna ar leith ag na hÉireannaigh, buanna nádúrtha a bhaineann lena bhfuil Ghaelach, a chabhraíonn leo sa troid ar son Eldóragua – ina measc misneach, dílseacht, cráifeacht agus tírghrá.

Is é an tírghrá bun agus barr *Ceathrar Comrádaí*. Is é an dualgas a mhothaíonn an ceathrar Éireannach dá dtír dhúchais a chuireann tús le heachtraí an scéil. Agus iad ar a laethanta saoire ón gcoláiste[20] téann siad ag seoltóireacht timpeall na tíre, "...ag súil le go mbeadh togha agus rogha an spóirt acu agus maille leis sin go bhfeicfeadh siad céard do b'fhéidir a dhéanamh le tráchtáil mara na hÉireann a chur chun cinn" (C. Mac Aonghusa 12). Cuireann stoirm a mbád go tóin poill ach tarrtháiltear iad agus tógtar iad ar bord loinge atá

[20] Deirtear ag tús an scéil go bhfuil an ceathrar tar éis cúig bliana a chaitheamh sa choláiste céanna i mBaile Átha Cliath, rud a d'fhágfadh go bhfuil siad thart ar 17 nó 18 mbliana d'aois sa scéal (C. Mac Aonghusa 11).

ar a bealach go Meiriceá. Ar bord na loinge is ea a chuireann siad aithne ar an Señor Monthana, ceannasaí arm réabhlóidithe Eldóragua. Ar eagla nach dtuigfí ón tagairt réamhluaite don tráchtáil mhara go bhfuil dualgas ar an saoránach maith cur le geilleagar a t(h)íre, déantar a mhór de arís agus Eldóragua á phlé. I measc na n-éagóracha éagsúla a chuirtear i leith an rialtais thíoránta ná nach dtugann sé an dara rogha do mhuintir bhocht Eldóragua ach "...na píghneacha airgid a shaothruigh siad le hallus a mbaithis..." a chaitheamh ar earraí a rinneadh i dtíortha eile (36). Is léir gur mór an éagóir é.

Bealach eile a gcuirtear an grá tíre agus an dílseacht cine os comhair an léitheora in *Ceathrar Comrádaí* ná leis an gcreideamh docht daingean atá ag príomhcharachtair an scéil go bhfuil sé de cheart ag muintir Eldóragua ruaig fhoréigneach a chur ar na daoine atá i gceannas ar an tír. Glacann na buachaillí páirt sa troid chun Eldóragua a shaoradh, agus maraíonn siad daoine le linn na troda sin (C. Mac Aonghusa 102). Ní comhtharlú é ach an oiread go léirítear cosúlachtaí idir scéal Eldóragua agus stair na hÉireann. A mhalairt – is mar gheall ar thaithí a dtíre féin a earcaítear na buachaillí chun páirt a ghlacadh sa réabhlóid ar an gcéad dul síos. Mínítear don léitheoir go bhfuil sé de dhualgas ar na buachaillí cabhrú le Monthana, toisc gur fíor-Ghaeil thírghrácha iad, agus gur "...d[h]ual do mhuintir na hÉireann a bheith ar thaobh an té atá thíos...Is cuma cé'n áit ar fud an domhain mhóir a bhfuil an Fíor-Ghaedheal, 'bíonn glún le gleó agus troigh le taca' aige sa troid ar son na saoirse" (31).

Le linn an scéil tuigtear don léitheoir, agus do na carachtair eile, go bhfuil ardscileanna troda ag na buachaillí, agus tuiscint go smior acu ar chúrsaí míleata. Cur amach an-mhaith ar stair a dtíre is cúis leis na scileanna seo, is léir, mar aon le bua éigin nádúrtha a thagann ón nGaelachas. Cuirtear an ceathrar Éireannach ar choiste cogaidh na réabhlóidithe ar an

bpointe, agus nuair a éiríonn leis na réabhlóidithe Eldóragua a shaoradh, tugtar poist thábhachtacha mhíleata do na buachaillí, mar gheall ar a ndearna siad le linn chogadh saoirse Eldóragua (C. Mac Aonghusa 35, 113-114). Is é Pádraic a cheapann an plean chun airgead a sholáthar don fheachtas míleata trí airgead mhuintir Eldóragua a ghoid ar ais ó Da Castra, agus is é rud éigin a dúirt "...sár-cheannport fadó..." a spreagann an smaoineamh ina intinn (38). Is léir gur ag cur stair na hÉireann chun cinn a bhí Mac Aonghusa et al. san eachtra seo, agus is sampla é sin a leanfadh scríbhneoirí eile do dhéagóirí go minic.

Gné eile den tírghrá a dhéantar a mhór de sa leabhar seo ná dílseacht don Ghaeilge. Is eisceachtúil an leabhar é *Ceathrar Comrádaí* sa chaoi neamhbhalbh a gcaitear le ceist na teanga ann. Tugtar le fios go luath sa scéal gurb í an Ghaeilge teanga chumarsáide na mbuachaillí agus iad ag caint eatarthu féin. Tá ionadh ar Monthana nuair nach n-aithníonn sé teanga na nGael óg nuair a chasann sé orthu ar dtús ar an long. Fiafraíonn sé díobh cén teanga í, agus mínítear dó (agus dúinne):

> Gaedhilge a labhradh na Gaedhil óga le chéile i gcomhnuidhe. Chuir sin aniongantas ar an Señor mar bhí togha Béarla acu freisin agus beagán Fraincise agus Spáinise. Thug siad cunntas dó ar chúrsaí na hÉireann; ar an gcath a bhí dá thabhairt chun teanga dhúthchais na tíre a chur i réim aríst; gurab é aos óg na hÉireann a bhí i dtosach an chatha sin. (C. Mac Aonghusa 28)

Níl caolchúis ar bith ag baint le seachadadh na teachtaireachta sin, ná baol air. Is ríléir gur ag iarraidh a chur ina luí ar an aos óg go bhfuil dualgas orthu an Ghaeilge a labhairt atáthar sa sliocht sin. Cuireann Pádraic go neamhbhalbh leis an teachtaireacht sin nuair a deir sé: "Ach...'s é mo thuairim láidir nach mbeidh Éire Gaedhealach go deó go ruaigfear Béarla as na sgoileanna. Ní féidir dhá mháighistir a fhreasdal. Ná bíodh ann ach máighistir amháin – an Ghaedhilge" (28). Léirítear freisin gur rud a bhaineann leis an tír ar fad í an Ghaeilge, mar is Muimhneach é Liam, is Connachtach é Seán, is Ultach é Liam agus is Baile Átha

Cliathach é Pádraic. Díol spéise gurb é Pádraic, as sráid an Phiarsaigh i mBaile Átha Cliath, príomhcharachtar an scéil.

Cé gur buachaillí agus fir iad formhór mór na gcarachtar sa scéal, ní thugtar neamhaird iomlán ar chailíní ann agus is sa charachtar Eibhlín Ní Annluain a fheicimid tréithe an fhíor-Ghaeil mná. Dála na mbuachaillí, is duine misniúil í – nuair a chasann Pádraic uirthi den chéad uair is ag troid le lucht a fuadaithe atá sí agus deir Pádraic léi, i ndiaidh dó í a shábháil: "B'fhurust aithint ort gur de chine Gaedheal thú agus tú chomh misneamhail agus atá tú..." (C. Mac Aonghusa 44). Chomh maith leis sin léiríonn sí an-spéis ag deireadh an leabhair sna hairm atá ar cheann de longa cogaidh Eldóragua (118). Umhlaíocht príomhthréith eile na mban Éireannach, is léir. Mar fhreagra ar an ráiteas thuas ó Phádraic faoina misneach, deir Eibhlín leis "'Muise níl mé misneamhail chor ar bith ná dathamhail ach an oiread'" (44). (Níl aon rud luaite ag Pádraic faoi scéimh Eibhlín ag an bpointe seo.)

Is go háibhéileach agus go neamhréadúil a chuirtear tréithe seo na gcarachtar Éireannach in *Ceathrar Comrádaí* os ár gcomhair, ar mhaithe le dul i gcion ar an léitheoir óg. Seán Mac Giollarnáth – údar/aistritheoir *Fí-Fá-Fum* (Mac Giollarnáth agus Perrault 1931), bailitheoir béaloidis agus léitheoir de chuid an Ghúim – duine de na léitheoirí ar seoladh an lámhscríbhinn chuige chun í a mheas i gcomhair cló, agus bhí sé amhrasach faoin scéal mar gheall ar an áibhéil a bhí ann. Scríobh sé go raibh an Ghaeilge go maith ann, go mbeadh sé "...thar cionn do lucht fóghlumtha..." ach go gcuirfeadh an neamhréadúlacht isteach ar léitheoirí (Comhad A0327). Scríobh sé:

> Sgéal lán de'n áidhbhéil agus de'n uathbhás agus d'eachtraíbh gan deallraimh, agus de gaisgeamhlacht so-chlaoidhte atá san sgéal seo. Níl púca ná sidheog ná fathach ann, ná draoideadhóir. Tá an tseanghléasradh cathte do leathtaobh ar fad ag an sgéalaidhe. Sgéalaidhe nua-aoiseach é agus sgéal nua-aoiseach aige. Ní hionann sgéal nua-aoiseach agus seansgéal. Muna sgéal so-chreidte an sgéal nua-aoiseach níl aon mhaith ann. (Comhad A0327)

Is léir ón tóir a bhí ar *Ceathrar Comrádaí* go raibh dul amú éigin ar Mhac Giollarnáth, agus mar a fheicfear sa chéad chaibidil eile nuair a phléifear saothar Chathail Uí Shándair, bhí an áibhéil de dhlúth agus d'inneach sa scéinséir – cineál scéil eachtraíochta a raibh an-tóir ag an aos óg air in Éirinn ag an am.

Leabhar suntasach eile a tháinig ó mhuintir *An t-Éireannach* ná *Patairín agus Patarún* le hAilbhe Ó Monacháin, ar geall le leagan dúchasach Éireannach de *Alice's Adventures in Wonderland* (Carroll 1865) é. Snaidhmtear le chéile ann gnéithe éagsúla de stair, de mhiotas agus de bhéaloideas na hÉireann, mar aon le gnéithe de chultúr comhaimseartha na n-óg agus na n-aosta freisin. Scéal é ina dtéann beirt bhuachaillí isteach i gcaisleán rúndiamhrach, áit a ngabhann siad tríd an iliomad eachtraí iontacha. Cuirtear faoi gheasanna éagsúla iad (Ó Monacháin, *Patairín* 4, 9, 15); sábhálann Cú Chulainn agus Fionn Mac Cumhaill ó ollphéist iad agus tugann cuireadh dóibh teacht chuig Tír na nÓg (21-24); téann siad ag marcaíocht isteach san fharraige ar mhuin Each an Ghiolla Dheacair (27); eitlíonn siad ar mhuin féileacáin chuig tír eile (33); saorann siad tír éigin ó thíoránach (murab ionann is *Ceathrar Comrádaí* níl foréigean ar bith i gceist) agus casann siad ar an mbean atá ina cónaí i mbróg, ar Sheán ina ghas pónaire, ar Dhaidí na Nollag agus ar Mhanannán Mac Lir sula n-éiríonn leo éalú arís (43-47, 50, 54, 60, 69).

Is sáite go hiomlán i gcultúr na hÉireann – idir chultúr comhaimseartha agus chultúr ársa – atá scéal *Patairín agus Patarún* ar fad, mar sin. Níl mórán brí le baint as plota an leabhair, mar gheall is dócha ar an bhfoirm inar foilsíodh ar dtús é, mar shraith fhada i dtréimhseachán. Fós féin tá teachtaireacht láidir á seoladh ag Ó Monacháin chuig a léitheoirí óga ann, is í sin tábhacht na seanscéalta, idir mhiotas, bhéaloideas agus stair. Ag iarraidh suim an aosa óig a mhúscailt sna scéalta sin atá Ó Monacháin ó thús deiridh an

leabhair. Trí ghnéithe comhaimseartha de chultúr na hÉireann a cheangal le seanscéalta na tíre, léirigh sé dá léitheoirí go bhféadfadh áit a bheith ag na seanscéalta sin i gcultúr na n-óg sna 1930idí. Mar sin, feicimid na buachaillí ag fágáil an teach a thóg Seáinín chun cuairt a thabhairt ar Thuan Mac Cairill[21], is ag dul ar aghaidh ansin chun Cat na Fidile[22] a fheiceáil (Ó Monacháin, *Patairín* 51-52). Teicníc í sin, an meascadh den sean agus den nua, den dúchasach agus den idirnáisiúnta, chun bailíocht a thabhairt don traidisiún sa saol comhaimseartha, a bhainfeadh Cathal Ó Sándair úsáid aisti idir na 1940idí agus na 1960idí, mar a fheicfear sa chéad chaibidil eile.

Is i bhfad Éireann ní ba chaolchúisí ná a comhghleacaithe ó *An t-Éireannach* a bhíodh Marion King san úsáid a bhaineadh sí as an Éireannachas ina cuid leabhar sise do pháistí óga. Is beag tagairt dhíreach a dhéantar d'Éirinn iontu. Luann Seán, mar shampla, gur déanta in Éirinn atá an dúch atá aige in *Seán* (ionadú iompórtálacha arís), agus deir Cól in *Cáit is Cól* go rachaidh sé go Corcaigh ar an traein nua a fhaigheann sé lá Nollag (King, *Seán* 21; King, *Cáit* 9). Seachas tagairtí beaga mar sin, áfach, is trí eachtraí na scéalta féin a thugann King le fios gur ainmhithe agus páistí Éireannacha atá i gceist aici. Baineann na scéalta ar fad le gníomhartha simplí a bheadh mar chuid de ghnáthlá an pháiste Éireannaigh an tráth sin. Téann siad ar scoil, déanann siad a n-obair bhaile, bíonn siad ag súgradh is ag troid lena ndeartháireacha agus a ndeirfiúracha, ag cabhrú lena dtuismitheoirí srl.. Fite fuaite trí na gnátheachtraí seo atá gnéithe traidisiúnta de shochaí na hÉireann, cuir i gcás an luchóg Taimín ag fáil a chéad bhríste fada ar a bhreithlá (King, *Taimín* 5). Anuas air sin, déantar cur síos anois is arís ar na féilte a cheiliúrtar in Éirinn, agus na nósanna a ghabhann leo. Ar Oíche Shamhna imrítear cluichí éagsúla le húlla, um Cháisc faigheann na

[21] Ba é Tuan Mac Cairill reacaire fadsaolach (ficseanúil) *Lebor Gabála Érenn*.
[22] Hey diddle diddle,/ The Cat and the fiddle, /The Cow jumped over the moon, /The little Dog laughed to see such sport, /And the Dish ran away with the Spoon.

páistí uibheacha seacláide agus aimsir na Nollag bronnann an teaghlach féiríní ar a chéile (King, *Clann Coinín* 47; King, *Peigín* 41; King, *Cáit* 8-9).

Cé nach ionann an cás i saothar aon cheann de na húdair a pléadh anseo, ina gcaoi féin chuir siad ar fad rud éigin ar fáil do Ghaeilgeoirí óga na tréimhse sin nach raibh feicthe acu ach go rí-annamh, is é sin leabhair a bhí dírithe orthu, agus ina bhféadfadh siad suíomhanna a aithint go héasca agus ionannú a dhéanamh leis na carachtair.

### *4.2 Dearadh na leabhar*

Scríobh Aodh de Blácam in *The Irish Monthly* i 1935:

> As long as the publication of children's books is done by civil servants instead of by professional publishers, we cannot expect to get attractive books. When the Government wants a building, it does not ask civil servants to design it and carry the hod – it calls in architects and builders; but, when Gaelic books are wanted, it attempts the highly technical work of editing and printing itself. Hence come the undigestible volumes of An Gum. (684)

Chonacthas sa chéad chaibidil a laghad tuisceana is a bhí ag eagarthóirí an Ghúim ar an taobh aestéitiúil de litríocht na n-óg. Nochtadh an easpa tuisceana sin go soiléir i leagan amach ciotach na léaráidí in *Laetheannta Gréine* agus in *Fí-Fá-Fum*, ach bhí sé le feiceáil a bheag nó a mhór i leabhair uile an Ghúim do dhaoine óga. Is léir gur thuig na heagarthóirí gur gné thábhachtach de litríocht na n-óg iad léaráidí, agus rinne siad iarracht iad a chur sna haistriúcháin ar scéalta iontais ach go háirithe[23] – *Sidhe-Scéalta* agus *Annálacha Fíora Ríoghachta na Sidheog le linn Rí Cól* (Gibbon 1934), cuir i gcás. Toisc gur aistriúcháin a bhíodh á bhfoilsiú aige an uair sin, ba ghnách leis an nGúm léaráidí an bhuntéacs a cheannach, mar a rinneadh i gcás *Sidhe-Scéalta* agus *Annálacha Fíora Ríoghachta na Sidheog le linn Rí Cól* thuas. I gcúpla cás earcaíodh ealaíontóir Éireannach

[23] An t-aon eisceacht ná *Sgéalta ón Radio*, an chéad leabhar do pháistí a d'fhoilsigh an Gúm, nach bhfuil léaráid ar bith ann, fiú ar an gclúdach.

chun léaráidí a chur ar fáil, mar a rinne Victor Penney do *Fí-Fá-Fum*[24] agus Olive Cunningham do *Sgéalta do'n Aos Óg* (1935). Baint ná páirt ní bhíodh ag na healaíontóirí seo i gcur le chéile ná i leagan amach na leabhar, áfach, i ndiaidh dóibh a saothar a sheoladh isteach.

Ba iad Ailbhe Ó Monacháin agus Marion King na hailtirí agus na tógálaithe a bhí á lorg ag de Blácam thuas. Tuiscint ar leith a bhí ag an mbeirt ar fheidhm an mhaisithe agus an deartha i litríocht na n-óg agus ar thábhacht na hamharclitearthachta i bhforbairt an pháiste. Ar dhá bhealach éagsúla d'imir an bheirt sin tionchar dearfach ar chaighdeán aeistéitiúil litríocht an Ghúim don aos óg ó 1937 ar aghaidh. Ar dtús, d'ardaigh siad an caighdeán sin lena leabhair siadsan. Chonacthas i saothar na beirte ábhar scríofa agus amharcábhar a bhí cumtha ag an duine céanna – rud nach bhfacthas roimhe sin i leabhair an Ghúim. D'oscail an pósadh seo idir téacs agus léaráid féidearthachtaí nua i litríocht Ghaeilge na n-óg, go háirithe i gcás Uí Mhonacháin mar a phléifear thíos. An dara caoi a ndeachaigh King agus Ó Monacháin i gcion ar an nGúm ná trí pháirt mhór a ghlacadh i gcur le chéile a gcuid leabhar. Níor leasc leo a chur in iúl don Ghúm nuair nach raibh siad sásta le leagan amach phrofaí a leabhar. Is léir ón bhfeabhas a tháinig de réir a chéile ar dhearadh leabhair an Ghúim do pháistí go ndeachaigh an t-ionchur seo i bhfeidhm orthu.

Pléann Jane Doonan an tábhacht a bhaineann le léaráidí ina leabhar *Looking at Pictures in Picture Books* (1993). Deir sí go mbíonn trí phríomhdhearcadh ag daoine ar ról léaráidí i leabhair don aos óg:

> The most obvious one is that pictures, especially through their colour, provide children with sensuous pleasure for the eye: an affective visual experience. Another common view is that pictures are a means to an end – an aid to literacy and language development, whether for naming the parts or telling the tales – and

[24] Mar a pléadh i gcaibidil a haon, bhí meascán de léaráidí nua agus léaráidí ón mbuntéacs in *Fí-Fá-Fum*.

> as such are valued for providing a verbal experience. A less common view, and the one I believe honours the picture book most fully, holds that pictures, through their expressive powers, enable the book to function as an art object: something which form to ideas and to which we can attach our ideas. (Doonan 7)

Is léir óna bhfuil feicthe againn go dtí seo nach raibh ach an chéad dá dhearcadh ag an nGúm sula ndeachaigh tuiscintí King agus Uí Mhonacháin i bhfeidhm air. D'úsáid an Gúm léaráidí mar mhaisiú ar an téacs, go príomha, agus uaireanta chun cur le tuiscint an scéil. Ní fheictear ach an dá dhearcadh seo i gcuid de leabhair mhuintir *An t-Éireannach*, chomh maith. Níl difríocht ar bith idir *Ceathrar Comrádaí,* mar shampla, agus leabhair mhaisithe an Ghúim a tháinig roimhe, ó thaobh an chaighdeáin deartha de. Rinne G. A. Altendorf na léaráidí dubha agus bána don scéal "Ceathrar Comrádaí" agus é á fhoilsiú in *An t-Éireannach*, agus úsáideadh na léaráidí céanna i leabhar an Ghúim.

Ní chuireann léaráidí leabhair uile an Ghúim le tuiscint scéal na leabhar sin, áfach, mar a léiríodh i gcás *Laetheannta Gréine* agus *Fí-Fá-Fum*. Is ag cur mearbhaill ar an bpáiste a bheadh na léaráidí atá as áit sna leabhair sin. Feictear an rud céanna i gcuid de leabhair Marion King, freisin. Cé go mbíonn greann go minic le baint as na pictiúirí a ghabhann le sraith Mhuinntir Choinín – *Seán*, *Nodlaig*, *Peigín* agus *Clann Coinín* – tá an locht céanna ar chuid acu is atá ar *Laetheannta Gréine* agus ar *Fí-Fá-Fum*, is é sin nach mbíonn ceangal idir léaráid agus an téacs i gcónaí. Tá cúig léaráid in *Seán*, cuir i gcás, nach bhfuil baint acu le téacs an leabhair sin in aon chor, ach a ghabhann le heachtraí sna leabhair eile i sraith Mhuinntir Choinín (King 5, 12, 17, 21, 34). Téann an léaráid ar leathanach 17, mar shampla, de Pheigín agus de Sheán ar an luascán, le heachtra ó *Clann Coinín*.

Is i bpictiúrleabhair Marion King, maille le leabhair Ailbhe Uí Mhonacháin, a fheictear ról na léaráidí mar a mhíníonn Doonan é sa tríú grúpa thuas, is é sin go gcuireann siad le feidhm na leabhar mar *objets d'art*. Is sna leabhair sin a fheictear acmhainneacht cheart an

phictiúrleabhair. Ní téacsanna iad le bheith léite amháin, ach píosaí ealaíne le taitneamh, tuiscint agus lán na súl a bhaint astu. Míníonn Salisbury agus Styles an difríocht idir an leabhar maisithe agus an pictiúrleabhar mar seo a leanas:

> In contrast to the illustrated book, where pictures enhance, decorate and amplify, in the picturebook the visual text will often carry much of the narrative responsibility. In most cases, the meaning emerges through the interplay of word and image, neither of which would make sense when experienced independently of the other. (7)

Cé nach pictiúrleabhair iad, go hoifigiúil, cuid de leabhair Uí Mhonacháin – *Dóinicíní an Domhain* agus *An Sionnach Sleamhain Slíoctha*, cuir i gcás – fós féin tá siad ar leibhéal níos airde ná an gnáthleabhar maisithe ó thaobh ról na léaráidí de, mar a fheicfear. Ní pictiúrleabhar traidisiúnta é *Patairín agus Patarún* ach an oiread, atá níos cosúla le greannán sa chaoi ina bhfuil gach leathanach roinnte in dhá chuid agus pictiúr ar bharr agus téacs ar bhun gach coda (féach figiúir 1). Ina ainneoin sin is é *Patairín agus Patarún* an pictiúrleabhar is cliste agus is cumhachtaí a foilsíodh i dtréimhse an tráchtais seo.



**Figiúir 1 (Ó Monacháin, *Patairín* 3)**

Pléann Perry Nodelman an chumhacht atá ag pictiúrleabhair, sa chaoi go n-imríonn siad tionchar ar thuiscint an pháiste ar an domhan mórthimpeall air/uirthi. Is tréith de chuid an phictiúrleabhair í, mar a fheicfimid ar ball, gur mion minic nach mbíonn an t-ábhar scríofa agus an t-amharcábhar ann go hiomlán dílis dá chéile. Bíonn cumadóirí pictiúrleabhar ag spraoi leis an easaontas sin go minic, agus de réir Nodelman bíonn dhá thoradh ar an spraoi sin. Ar dtús, spreagann sé an páiste chun suim a chur sna difríochtaí idir an téacs agus an pictiúr, agus "...the cleverness and subtlety of both visual and verbal artists" a thabhairt faoi deara (Nodelman 138). Baintear pléisiúr as an tabhairt faoi deara seo, ach chomh maith leis sin déanann sé scileanna amharclitearthachta an pháiste a fhorbairt. Is teibí agus is tábhachtaí an dara toradh atá ar an easaontas seo idir téacs agus léaráid, dar le Nodelman. De réir mar a fhoghlaimíonn páistí (agus daoine fásta) gur chóir dóibh údarás an téacs agus na léaráidí a cheistiú, agus gan glacadh ina iomlán leis an dearcadh den domhan a chuireann ceachtar acu os a gcomhair, foghlaimíonn siad chun an tuiscint sin a chur i bhfeidhm sa saol mór freisin:

> ...the more both adults and children realise the degree to which all representations misrepresent the worlds, the less likely they will be to confuse any particular representation with reality, or to be unconsciously influenced by ideologies they have not considered. (138)

Ní théann gach pictiúrleabhar i bhfeidhm ar an bpáiste sna bealaí sin, ar ndóigh, ach is léir gur thuig Ó Monacháin agus King go raibh na féidearthachtaí sin ag pictiúrleabhair, agus go ndeachaigh an tuiscint sin i bhfeidhm ar a saothar do dhaoine óga. Is cuid thábhachtach de spraoi phictiúrleabhair King í go bhfuil mionsonraí iontu, nach luaitear sa téacs, gur féidir leis an bpáiste a thabhairt faoi deara. Cuirim i gcás an nóinín bocht in *Baba*, atá le feiceáil sa líníocht ar leathanach a hocht, agus cuma an-mhíshásta air toisc gur leag Baba a leabhar ABC air (féach figiúir 2). Ní thugann Baba ná an téacs an nóinín seo faoi deara, áfach, go dtí go labhraíonn sé le Baba ar leathanach a deich. Sampla eile de chlisteacht

maisithe King atá le feiceáil in *Cáit is Cól*. Ar leathanach a trí den leabhar sin tá pictiúr de Chól ag léamh *Seán*, leabhar eile de chuid King a tháinig amach an mhí chéanna (féach figiúir 3). Ní hamháin nach bhfacthas an cineál sin idirthéacsúlachta i litríocht Ghaeilge na n-óg roimhe sin, agus go mbainfeadh an páiste a raibh an dá leabhar aige/aici an-taitneamh as, ach ba chleas cliste margaíochta é freisin.




**Figiúir 2 (King, *Baba* 8)**




**Figiúir 3 (King, *Cáit* 3)**

Ba é Ailbhe Ó Monacháin, áfach, a rug an chraobh leis i gcúrsaí maisithe leabhar ag an am, agus i dtréimhse an tráchtais seo trí chéile. Ealaíontóir sárchliste ba ea Ó Monacháin, agus ba léir go raibh go leor machnaimh déanta aige ar ról léaráidí i leabhair do dhaoine óga. Is go cumasach a shníomh sé téamaí a scéalta isteach ina léaráidí. Agus gnéithe éagsúla de chultúr na hÉireann á gcur chun cinn aige i scéal *Patairín agus Patarún*, cuir i gcás, d'fhigh sé na teachtaireachtaí idé-eolaíochta céanna isteach sna pictiúir a ghabhann leis. Ó thús deiridh an leabhair tá pátrúin Cheilteacha le feiceáil ar fud na léaráidí. Tá siad ar bhallaí na gcaisleán, ar na cuirtíní, ar sciatháin na bhféileacán, agus ar éadaí na gcarachtar éagsúil a chastar ar na buachaillí le linn a dtaistil (féach, mar shampla, figiúir 4). Is soiléire an Ceilteachas seo ar chlúdach *Patairín agus Patarún*, ná in aon áit eile sa leabhar, agus teideal an scéil tarraingthe ag Ó Monacháin ar nós na scríbhneoireachta órnáidí a d'úsáidtí sna lámhscríbhinní (féach figiúir 5). Is cleas é úsáid na bpatrún seo a d'úsáid Marion King freisin in *Gug* – is i bhfoirm seimre ceiltí atá gruaig Ghug (féach figiúir 6).



**Figiúir 4 (Ó Monacháin, *Patairín* 10)**




**Figiúir 5 (Ó Monacháin, *Patairín*)**




**Figiúir 6 (King, *Gug* 1)**

Níl in úsáid na bpátrún Ceilteach, áfach, ach sonra amháin den iliomad mionsonraí atá le tabhairt faoi deara ag páiste i léaráidí *Patairín agus Patarún*, nach luaitear sa téacs. Tá *Patairín agus Patarún* lán le treochomharthaí, cuir i gcás, ag treorú an bhealaigh go dtí Baile Átha Cliath, Béal Feirste, Tuirill Uí Bhreasail, Tír na nÓg, Baile Mór na bhFear Beag, Magh Meala, Corcaigh agus áiteanna nach iad (féach figiúir 7). Tá deis ag an léitheoir píosa oghaim a fhoghlaim nuair a shíníonn Fionn Mac Cumhaill agus Cú Chulainn leabhar nótaí na mbuachaillí[25], agus chun an t-eolas sin a chur i bhfeidhm níos déanaí nuair a thagtar ar leac a bhfuil ogham air (féach figiúir 8 agus 9). Nuair a théann na buachaillí isteach i gcathair ghríobháin, is féidir leis an léitheoir an bealach amach a aimsiú dóibh sa léarscáil atá tarraingthe ag Ó Monacháin (féach figiúir 10). Is iomaí sonra eile a chuir Ó Monacháin sna léaráidí chun ábhar grinn agus machnaimh a thabhairt don léitheoir díograiseach: iasc ag caitheamh spéaclaí (*Patairín* 65); an comhartha 'ná cuirtear billí

[25] Tá an ogham bun os cionn agus droim ar ais ag Ó Monacháin, áfach.

anseo' ar gheata Thír an tSneachta (56); na sliogáin atá á gcaitheamh ag an Tuatha Dé Danann ar fad, srl. (66).




**Figiúir 7 (Ó Monacháin, *Patairín* 7)**



**Figiúir 8 (Ó Monacháin, *Patairín* 24)**



**Figiúir 9 (Ó Monacháin, *Patairín* 37)**




**Figiúir 10 (Ó Monacháin, *Patairín* 53)**

Bhí nós sainiúil amháin ag Ó Monacháin agus é ag maisiú leabhair na n-óg atá an-spéisiúil nuair a bhreathnaítear air i gcomhthéacs thuairim Nodelman thuas gur féidir le pictiúrleabhair amhras a chaitheamh ar údarás dearcthaí éagsúla ar an domhan. Is é an nós sin ná go líonfadh Ó Monacháin a léaráidí leis an iliomad daoine beaga mar lucht rúnda féachana d'eachtraí na bpictiúr. Is leathshlí trí *Patairín agus Patarún* a thosaigh Ó Monacháin ar an gcleachtas seo, is cosúil, agus ó leathanach 37 ar aghaidh tá formhór na léaráidí lomlán le daoine agus le hainmhithe beaga bídeacha (féach figiúir 11). Is taobh thiar de chrainn agus de bhallaí a bhíonn siad, nó faoi bheacáin bhearaigh agus faoi bhláthanna, ag spiaireacht ar ghníomhartha na mbuachaillí. Chloígh Ó Monacháin leis an nós seo i ndiaidh dó *Patairín agus Patarún* a chur i gcrích, agus chuir sé na neacha beaga céanna isteach sa dá leabhar eile a scríobh sé sa tréimhse sin, *Dóinicíní an Domhain* (1938) agus *An Sionnach Sleamhain Slíoctha* (1941). Nochtann siad a gcloigeann beag fiú i gcuid de na saothair ar sholáthraigh sé léaráidí dóibh mar mhaisitheoir don Ghúm – *Eachtra na Beiche* (Ó Cionnfhaolaidh 1941), cuir i gcás, nó *Leabhar na hÓige* (Botto 1942) (féach figiúir 12 agus 13).



**Figiúir 11 (Ó Monacháin, *Patairín* 39)**



**Figiúir 12 (Ó Cionnfhaolaidh, *Eachtra na Beiche* 21)**



**Figiúir 13 (Botto 48)**

In *Patairín agus Patarún* ach go háirithe, feictear dom go bhfuil baint ag na daoine beaga seo leis an gcéad cheacht a mhúineann pictiúrleabhair, dar le Nodelman, .i. gur chóir iomlán leabhair, idir théacs agus phictiúir, a ghlacadh san áireamh agus é á léamh. Má ghlactar, tá luach saothair le fáil ag an léitheoir díograiseach sna mionsonraí cliste atá le fionnadh ann. Cé gur féidir neacha beaga Uí Mhonacháin a áireamh mar chuid de na mionsonraí spéisiúla seo, is noda iad freisin iontu féin gur chóir don léitheoir a bheith ag breathnú go grinn ar ábhar na bpictiúr. Is é sin atá á dhéanamh acusan, agus iad ag fanacht as radharc na bpríomhcharachtar. Níl suim ar bith á léiriú acu sa téacs, agus ní thráchtann an téacs orthu ach an oiread.

Is in úsáid na bhfear beag seo in *An Sionnach Sleamhain Slíoctha*, áfach, a fheictear dara ceacht an phictiúrleabhair mar a mhíníonn Nodelman é. Tá daoine beaga Uí Mhonacháin fós le feiceáil ar fud leathanaigh an leabhair sin, ach tá difríocht eatarthu agus a ngaolta in *Patairín agus Patarún*. Cé go bhfuil cuid acu i bhfolach taobh thiar de chrainn agus de

bhallaí cosúil leis an dream eile, tá cuid mhór acu faoi cheilt taobh thiar den léaráid féin. Briseann siad tríd an bpáipéar, agus scriosann siad codanna de na léaráidí chun radharc a fháil ar eachtraí na scéalta (féach figiúir 14). Mí-iontaofacht agus leochaileacht léaráidí, a éasca is atá sé iad a scriosadh agus a bhfuil taobh thiar díobh a nochtadh, is iad sin na smaointe a bhí Ó Monacháin ag iarraidh a spreagadh ina léitheoirí óga in *An Sionnach Sleamhain Slíochta*, is cosúil. Ní léirithe cruinne den domhan iad ach píosaí páipéar a bhfuil pictiúir orthu – baintear taitneamh astu, agus cuireann siad leis an scéal, ach níor chóir dúinn riamh glacadh leo mar íomhánna údarásacha den domhan. Ag tacú leis an tuairim sin atá an chuma atá ar chuid de na léaráidí gur ar pháipéar seanchaite a tarraingíodh iad (féach figiúir 15).




**Figiúir 14 (Ó Monacháin, *An Sionnach* 66)**




**Figiúir 15 (Ó Monacháin, *An Sionnach* 76)**

Rud úrnua i litríocht an Ghúim don aos óg ba ea maisiú King agus Uí Mhonacháin, gan aon agó. Ní hamháin go léirítear tuiscint dhomhain ar ealaín an phictiúrleabhair i saothar na beirte, ach léiríodh an tuiscint chéanna sa chaidreamh a bhíodh acu leis an nGúm. Toisc gur scríobh King[26] agus Ó Monacháin ábhar a leabhar féin, ba chucusan a sheoltaí profaí na leabhar sula gcuirtí i gcló iad. Mar a luaitear thuas, níor tharla sé roimhe seo go mbíodh baint ag an maisitheoir leis an leabhar i ndiaidh dó/di na léaráidí a chur ar fáil. Den chéad uair bhí daoine a raibh tuiscint acu ar an ealaín ag meas phrofaí leabhair an Ghúim don aos óg ó thaobh an deartha de, seachas ó thaobh na scríbhneoireachta amháin de. Níor leasc le King nó le Ó Monacháin a míshástacht a chur in iúl don Ghúm má cheap siad nach raibh dearadh na leabhar i gceart. Mar fhianaise air sin, seo thíos na treoracha a thug Ó Monacháin d'fhear déanta na mblocanna agus é ag seoladh ar ais profaí chlúdach *Patairín agus Patarún* ar an 29 Eanáir 1937:

[26] Scríobh King ábhar a scéalta i mBéarla agus d'aistrigh daoine eile go Gaeilge iad (seachas i gcás *ABC na Gaedhilge*).

> To Blockmaker.
> Bright blue, and green on proof, good, but I would like to see, if possible, proof on buff paper to see if blue retains its value.
> As given in original instructions, fairy on right-hand side should have (solid) green suit, (blue cap and shoes).
> Black should not have been taken out of boys coat, I meant blue to shine out on white lines, I wrote "This in green only" where I wanted black taken out.
> Black will have to be restored in boys coat.
> There should be solid green on all bushes.
> If possible stronger blue stipple on rocks.
> Further details on proof. (Comhad N0634, le Ó Monacháin an bhéim)

Ní raibh Ó Monacháin sásta le profaí *Dóinicíní an Domhain* ach an oiread, mar gheall ar an gcuma "...uaigneach..." a bhí ar na léaráidí agus thug sé treoracha don Ghúm chun é sin a leigheas (Comhad N718).

Níor thaise do Marion King agus í ag meas phrofaí a leabhar sise. Agus *Clann Coinín* ar na bacáin i 1939, sheol King litir chuig eagarthóirí an Ghúim ag impí orthu athmhachnamh a dhéanamh ar an gcur le chéile a bhí roghnaithe acu don leabhar. Ní raibh an Gúm ag iarraidh mórán airgid a chaitheamh ar leagan amach an leabhair, agus bhí socraithe acu páipéar éadrom a úsáid, agus é ceangailte le haon tsreang amháin. I litir amháin ó Marion King ar an 21 Márta 1939 ar an ábhar, scríobh sí:

> This make-up, I fear, will prove a poor advertisement for childrens booklets...In any case, in my opinion, it is essential to give value to the children no matter who loses. In children's books I believe that good value in appearance is just as essential as good value in matter. (Comhad N0800 – le King an bhéim)

Ghlac an Gúm lena moladh agus athraíodh cur le chéile an leabhair.

Le hardchaighdeán a leabhar féin agus leis an tábhacht a leagadh siad ar dhearadh na leabhar sin, de réir a chéile chuir King agus Ó Monacháin go mór le tuiscint an Ghúim ar an taobh aeistéitiúil de leabhair na n-óg. Ó 1937 ar aghaidh tháinig feabhas ar an gcur chuige a bhíodh ag an nGúm agus iad ag cur leabhair an aosa óig le chéile.

*4.3 Aoisghrúpa dearmadta*

Is mó ráchairt a bhí ar leabhair Marion King ná a bhí ar leabhar ar bith eile don aos óg a d'fhoilsigh an Gúm ó bunaíodh é – *Ceathrar Comrádaí* agus leabhair Uí Mhonacháin san áireamh. Ba í an chúis a bhí leis seo, is cosúil, ná go ndearna King freastal ar aoisghrúpa mór a raibh neamart iomlán déanta ag an nGúm ann go dtí sin. An margadh sin a ndearnadh faillí ann ná páistí óga, faoi bhun deich mbliana d'aois. Ba iad leabhair King na chéad leabhair a d'fhoilsigh an Gúm a bhí go hiomlán oiriúnach i gcomhair an aoisghrúpa sin. Aistriúcháin ar chlasaicigh agus scéalta eachtraíochta, aistriúcháin ar chnuasaigh scéalta iontais – ba iad sin na cineálacha leabhar a bhí foilsithe ag an nGúm do pháistí, mar a pléadh sa chéad chaibidil. Ó thaobh an ábhair de, ba iad na scéalta iontais a bhí oiriúnach do pháistí óga. Faoi dheireadh na bliana 1937, bhí ceithre chnuasach de scéalta iontais is fiche curtha ar fáil ag an nGúm do pháistí a raibh Gaeilge acu: *Sgéalta ón Radio* (Ó Cuív 1931), *Fí-Fá-Fum*, 18 imleabhar den tsraith *Laetheannta Gréine* (Blyton 1932,1933,1934), *Sidhe-Scéalta*, *Píobaire Sidhe Ghleann Maoiliughra* (Leamy 1933), *Sgéalta do'n Aos Óg* agus *Annálacha Fíora Ríoghachta na Sidheog le linn Rí Cól.* Aistriúcháin a bhí iontu ar fad, seachas codanna de *Fí-Fá-Fum* agus *Sgéalta ón Radio*, mar a pléadh sa chéad chaibidil.

Mar a chonacthas cheana, áfach, bhí fadhbanna ag baint leis na haistriúcháin sin. Tá cuid acu an-fhada – tá 333 leathanach in *Sgéalta do'n Aos Óg*, cuir i gcás, agus 385 leathanach in *Annálacha Fíora Ríoghachta na Sidheog le linn Rí Cól.* Ní raibh an cló in oiriúint do pháistí óga na tréimhse sna cnuasaigh seo ach an oiread – bhí sé chomh beag ina bhformhór is a bhí sé sna leabhair do dhaoine fásta. Anuas air sin, is sa chló Rómhánach a d'fhoilsigh an Gúm a scéalta iontais ar fad roimh 1937, seachas *Píobaire Sidhe Ghleann*

*Maoiliughra*[27] agus *Laetheannta Gréine* 8-18. Pléadh cheana na fadhbanna móra a bhí i gceist leis an gcló sin i leabhair do dhaoine óga. Ba iad na leabhráin *Laetheannta Gréine* 8-18 ab oiriúnaí do pháistí óga, ó thaobh an chló agus fhad na leabhar de, ach mar a chonacthas cheana bhí lochtanna eile ar dhearadh na leabhrán sin. Anuas air sin, is ar pháistí idir deich mbliana d'aois agus dhá bhliain déag d'aois a bhí siad dírithe – aoisghrúpa eile a ndearnadh neamart ann idir 1926 agus 1967, ach a bhí ábhairín ní ba shine ná spriocléitheoirí leabhair King.

Chomh maith le fadhbanna deartha agus cló, bhí sainréim teanga na gcnuasach scéalta iontais ró-ard do pháistí faoi bhun deich mbliana d'aois, go háirithe dóibh siúd nár tógadh le Gaeilge iad ach a bhí á foghlaim ar scoil. Tá na leabhair rófhoclach agus róchasta, go háirithe na haistriúcháin ar scéalta Leamy, Andersen agus Gibbon. Cé gur álainn agus gur fileata na haistriúcháin iad, is oiriúnaí do dhéagóirí agus do dhaoine fásta iad, ó thaobh na teanga de, ná do pháistí óga. Tá sainréim teanga níos ísle i gceist in *Laetheannta Gréine*, ach nuair a chuirtear i gcomparáid í le sainréim leabhair King is ríléir go raibh spriocphobal léitheoireachta éagsúil i gceist leis an dá ghrúpa leabhar.

D'fhonn na leibhéil éagsúla sainréime teanga sna leabhair seo a léiriú, tabharfar roinnt samplaí ó na téacsanna thíos. Na samplaí atá roghnaithe, is sleachta de chuid de na téacsanna iad ina ndéantar cur síos ar charachtar sa scéal. Tá siad roinnte i dtrí chuid – na cnuasaigh mhóra, leabhráin *Laetheannta Gréine* agus leabhair King. Is soiléir an difríocht atá le haireachtáil idir na trí ghrúpa sin sna sleachta thíos. Seo cúpla sampla ó na cnuasaigh mhóra, a bhfuil cur síos fileata ach casta iontu:

[27] Is ar iarratas bhean Leamy a foilsíodh *Píobaire Sídhe Ghleann Maoiliughra* sa chló Gaelach, mar shíl sí go gcuirfeadh Meiriceánaigh ní ba mhó spéise ann dá mbeadh sé sa chló ornáideach sin (Comhad A0090).

> ...nuair a labhradh sí ba mhar a chéile a glór binn agus siosarnach srotháin i lár coille lá samhraidh. (Leamy, *Sidhe-Scéalta* 7)
> ...agus bhíodh sí ag amhrán chomh glé sin go mbíodh an sruthán ag crónán léi agus gathanna na gréine ag cantain i dtiúin leis an sruthán, agus gach aon rud ina timpeall le racht séin. (Gibbon 26)

Chloígh aistritheoirí *Laetheannta Gréine* le habairtí ní ba shimplí, cé gur mhinic dul an Bhéarla orthu:

> Bhí aon locht amháin ar Neansaí, agus ba mhór an locht é. Bhí an-leisgiúil. (Blyton, *Baile Gúnga* 1)
> Níor chailín dathamhail Eithne, i n-aon chor, ach bhí féachaint chiúin mhacánta 'na súilibh i slighe is gur thaithin sí le n-a lán daoine. (Blyton, *Eachtra Brocaire* 3)

I gcodarsnacht leo siúd tá leabhair King, ina bhfuil an cur síos simplí agus gonta:

> Seo í Baba. Tá hata beag dearg uirthi. (*Baba* 1)
> Bhí ubh bheag ann uair amháin agus Gug an t-ainm a bhí uirthe. (*Gug* 1)
> Seo é Taimín beag Mac Luchóige. I gConnachta atá cónaí air. (*Taimín* 1)

Sheachain King agus a haistritheoirí an róchastacht i gcónaí i dtéacs a scéalta.

Ní hamháin gur thosaigh Marion King ag freastal ar aoisghrúpa a raibh faillí mhór á déanamh ann go dtí sin, ach rinne sí freastal ar thrí leibhéal éagsúla teanga taobh istigh den ghrúpa sin. Is dírithe ar pháistí atá ag foghlaim a gcéad scileanna léitheoireachta atá *Úna agus a cuid bréagán* agus *ABC na Gaedhilge*, cuir i gcás. Is leabhar dathúcháin é *Úna* – an chéad leabhar dá shórt a d'fhoilsigh an Gúm. Tá gach re leathanach le dathú ag an bpáiste, agus tugtar treoracha faoi na dathanna ba chóir a úsáid sa téacs simplí agus sna pictiúir réamhdhaite ar na leathanaigh eile. Is leabhar níos simplí fós é *ABC na Gaedhilge*. Tá dhá fhocal ag gabháil le gach litir, agus léaráid amháin ag cur an dá fhocal sin le chéile – beach ag cur bróige uirthi féin, cuir i gcás (King, *ABC* 2). Is ríshimplí an foclóir sa dá théacs, agus úsáideadh cló mór Gaelach. Agus í ag cur *ABC na Gaedhilge* le chéile, lorg King comhairle faoi na focail ba chóir di a úsáid (Comhad G198). Bhí focail choitianta uaithi, a mbeadh cur amach ag an bpáiste Éireannach orthu óna s(h)aol laethúil. Níor cheap léirmheastóir an *Garda Review* gur éirigh léi go hiomlán sa ghnó seo: "Tá cúpla fochal

neamh-coitcianta ann ach is fearr claoidheadh le fochla coitchianta go mór mhór le h-aghaidh na bpáistí" ("Leabhra ar an mBórd" 240). Is dócha gurb iad na focail "hupó" agus "naosc" a bhí i gceist aige (King, *ABC* 8, 12). Fós féin, mhol an léirmheastóir iarracht King go tréan agus scríobh: "Ba mhaith linn a thuille de leabhraibh den saghas so d'fheicsint mar is iongantach an suim a chuireann na leanbhaí ionnta" ("Leabhra ar an mBórd" 240).

Is ar pháistí ábhairín ní ba shine a bhí King ag freastal leis na pictiúrleabhair *Baba*, *Gug*, *Bróigín*, *Mac Spúin* agus *Antó Mac Dána*. Tá níos mó téacs i gceist sna leabhair seo ná atá sna cinn do naíonáin, ach fós cloíodh le foclóir coitianta bunúsach agus abairtí gearra neamhchasta agus iad á gcur le chéile. In *Gug* agus in *Baba*, cuirim i gcás, téann an príomhcharachtar ar shiúlóid agus castar carachtair éagsúla uirthi, idir phlandaí agus ainmhithe – nóinín, speig, féileacán, iasc, éan, cat, seilide, gé agus carachtair nach iad. Bíonn comhráite simplí ag Gug agus ag Baba leis na neacha seo faoi dhathanna, faoin am nó faoin scoil. Níl róchastacht ar bith ag baint leis na scéalta. Aithníodh an bua seo sna léirmheasanna a scríobhadh ar na leabhair seo. Scríobh 'M. R. K.' faoi chuid de leabhair King in *Scéala Éireann*, mar shampla, "...the simple Irish will be quite within the scope of those who are learning to read" ("Baba. Broigin. Gug. Una." 8). Is mór an áis iad na pictiúir freisin chun cabhrú leis an bpáiste eachtraí na leabhar a thuiscint. Chomh maith leis sin, is leabhair mhóra na pictiúrleabhair seo atá éasca le láimhseáil, agus is mór an cló atá iontu.

Is dúshlánaí an téacs atá sna leabhair a d'eascair ón saothar a bhí ag King in *An t-Éireannach – Seán*, *Nodlaig*, *Peigín*, *Clann Coinín* agus *Taimín* – mar aon leis an leabhar Nollag *Cáit is Cól*, ná an téacs in aon cheann dá leabhair a pléadh go dtí seo. Cé go

ndíríonn na scéalta fós ar shaol laethúil na gcarachtar óg, is leithne an foclóir a úsáidtear iontu. Tá léaráidí sa téacs mar thacaíocht don léitheoir, agus mar ábhar grinn, ach níl siad chomh lárnach sna leabhair seo is atá siad sna leabhair do pháistí níos óige.

Cé gur léir nach raibh mórán Gaeilge ag King, ba dhuine í a thuig cúrsaí litríochta don aos óg – rud a bhí ag teastáil go géar ón nGúm sa tréimhse sin, mar a d'admhaigh Tomás Ó hÉighneacháin, duine de na heagarthóirí. I mí na Bealtaine 1937, nuair a bhí na chéad trí leabhar le King á n-ullmhú i gcomhair cló mar aon le *Tír na Deó*, aistriúchán dúchasaithe Mháiréad Ní Ghráda ar *Peter and Wendy* (Barrie 1911), scríobh Ó hÉighneacháin:

> Ní dóigh liom-sa gur leor an méid seo. Tá sé deacair daoine a fháil a thuigeas an cheist seo agus a bhfuil comhairle le fáil uatha. Theastóchadh coiste faoi leith leis an bpáirc seo a mheas agus le adhbhar feileamhnach a mholadh dúinn. Céard tá á dhéanamh sa bFrainnc nó sa nGearmáin nó san Eadáil? (Comhad G369)

Is léir gur dhuine de na daoine sin a thuig ceist litríocht na n-óg í King. Óna bhfacthas ar ball, is léir gur aithin sí tábhacht an ábhair dhúchasaigh, agus gur thuig sí ról na léaráidí i litríocht Ghaeilge na n-óg. Anuas air sin, thuig sí nach raibh mórán fiúntais i leabhair Ghaeilge a sholáthar do dhéagóirí agus gan freastal ar bith a dhéanamh ar pháistí ní b'óige. In dhá litir éagsúla a scríobh sí i 1939 chuig Tomás Ó Deirg, an tAire Oideachais, mhínigh King an phráinn a bhain le leabhair Ghaeilge a chur ar fáil do pháistí óga:

> ...if the younger children become accustomed to reading in English, you can hardly expect them to begin reading in Gaelic when they are older. (Comhad G198)
> ...children must <u>begin</u> with reading material in Gaelic, if their subsequent reading is to be in the same language. (Comhad G198)

Is aicise a bhí an ceart, go pointe. Is díograiseach an déagóir a phiocfadh suas ceann de leabhair thiubha an Ghúim agus gan léite aige/aici sa teanga go dtí sin ach leabhair scoile.

Bhí buntáiste tábhachtach eile ag baint leis an bhfreastal a rinne King ar pháistí óga, buntáiste a chuir go mór le ráchairt a leabhar – is é sin go raibh na leabhair sin feiliúnach ní

hamháin do pháistí ar tógadh le Gaeilge iad, ach do pháistí a bhí á foghlaim ar scoil freisin. Pléann Ó Laighléis a dheacra is atá sé leabhar maith Gaeilge a scríobh do dhéagóirí, mar gheall ar an mbearna a fhásann idir leibhéal intleachtúil agus cumas teanga páistí Éireannacha nach í an Ghaeilge a máthairtheanga, de réir mar a théann siad in aois is in aibíocht (Ó Laighléis 431). Deir sé gur leasc le go leor scríbhneoirí Gaeilge tabhairt faoin aoisghrúpa sin sa lá atá inniu ann, mar gheall ar an mbearna sin, agus go ndíríonn siad isteach ar pháistí óga toisc nach bhfuil an bhearna chomh leathan i gcás an aoisghrúpa sin. Díol mór spéise, mar sin, gur a mhalairt de chás a bhíodh ann sna 1930idí, agus sa tréimhse ar fad a chlúdaítear sa tráchtas seo, nuair ba bheag leabhar a foilsíodh do pháistí óga i gcomparáid leis an bhfreastal a rinneadh ar dhéagóirí. Bhí ráchairt ar leith ar shaothair King toisc gur fhreastail sí ar aoisghrúpa dearmadta, ach freisin toisc go raibh an margadh don aoisghrúpa sin ní ba mhó ná an margadh a bhí ann do dhéagóirí.

Agus an oiread sin ratha ar chuile leabhar a d'fhoilsigh King leis an nGúm, tá sé deacair a thuiscint cén fáth ar éirigh sí as i ndiaidh *ABC na Gaedhilge* a chur amach i 1942. Ón bhfianaise sa Chartlann Náisiúnta, is cosúil gurbh é ba chúis leis ná an caidreamh achrannach a bhí ag King le hOifig an tSoláthair, an dream a bhí i gceannas ar fhoilsiú a leabhar. Chuir an mhoill a bhíodh i gcónaí ar fhoilsiú agus ar athchló na leabhar go mór isteach ar King. Nuair a chuir iriseoir le *The Leader* faoi agallamh í i gcomhair ailt i mí na Bealtaine 1938, labhair sí faoi "...her great grouse with *An Gúm*":

> ... she cannot speak highly enough of the *Gúm* editorial staff. Her grouse is not with them but with those responsible for the publishing and distributing end of the work. One thousand copies [de *Seán*] were printed and distributed last December, and were sold out in two weeks, but though shopkeepers are asking for more and yet more supplies, no extra copies have been printed since. ("At the Spring Show" 231)

Mheas King go raibh an mhoill seo ag déanamh an-dochair don éileamh a bhí ar na leabhair agus dá brabús féin dá dheasca. Scríobh sí roinnt mhaith litreacha chuig an Aire

Oideachais ag impí air deifir a chur ar fhoilsiú na leabhar. Is léiriú é ar an bhfrustrachas a bhain leis seo gur thosaigh sí litir amháin chuige mar seo a leanas: "Sorry to trouble you again about the children's books, but it seems to be impossible to get them from the Stationery Office without your intervention" (Comhad G198). In ainneoin na ngearán a rinne King fúithi, áfach, ní léir gur athraíodh modh oibre Oifig an tSoláthair puinn.

Bhí fadhb mhór eile ag King leis an Oifig chéanna – an chaoi inar chaith siad leis na leabhair i ndiaidh a bhfoilsithe. Is ar Oifig an tSoláthair a bhí an dualgas na leabhair a chur amach chuig na siopaí, agus fógraíocht a dhéanamh dóibh. Níor chuir siad mórán dua orthu féin na dualgais sin a chomhlíonadh, áfach. Dá dheasca sin, ghlac Marion King na freagrachtaí sin chuici féin. Cheannaigh sí cóipeanna de na leabhair agus sheol sí chuig léirmheastóirí, múinteoirí agus siopaí leabhar iad. Chuaigh sí isteach sna siopaí móra, leithéidí Woolworths agus Switzers, agus fuair sí orduithe uathu. D'iarr sí ar an nGúm a cuid dleachtanna féin ar na leabhair a laghdú sa chaoi go bhféadfaí iad a dhíol leis na siopaí móra sin ar phraghas níos ísle (Comhad G198). Fós féin, bhí Oifig an tSoláthair ag cur isteach go mór uirthi. Dar léi, ní raibh an Oifig ag seoladh amach na horduithe a bhí faighte aici ó Woolworths srl.. Nuair a rinne King gearán faoi sin, is é seo a leanas a bhí le rá ag Ceannasaí Oifig an tSoláthair, S. B. Ó Faoilleacháin:

> Maidir leis an dtagairt a dhéanann Inghean Nic an Ríogh do mhodh oibre Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, tá orm a rádh nach dualgas mhuinntir na hOifige Foillseachán glacadh le hordú ó Inghean Nic an Ríogh – gan trácht ar leabhra do thabhairt do shiopaí ar a hordú béil. (Comhad G198)

Is cosúil gur mar gheall ar an gcaidreamh achrannach seo, agus ar an bhfrustrachas agus an strus a ghabh leis, a d'éirigh King as leabhair Ghaeilge don aos óg a chur ar fáil. Scríobh sí i litir chuig an Aire Oideachais i mí na Bealtaine 1939:

> This constant necessity for complaint is most discouraging and if you are unable to remedy matters once and for all, then I must regretfully admit that I consider it useless to continue trying to supply the market for children's Gaelic books. (Comhad G198)

Bhí sí seacht mbréan de bheith ag streachailt in aghaidh na heasa chun leabhair thaitneamhacha a chur ar fáil do pháistí a raibh Gaeilge acu. Sa deireadh, ba iad na daoine a bhí thíos leis ná léitheoirí óga na Gaeilge.

## *5 Tátal*

Cuireadh tús ceart le litríocht Ghaeilge na n-óg breis agus deich mbliana i ndiaidh bhunú an Ghúim, le foilsiú leabhair mhuintir *An t-Éireannach*. Tháinig laghdú mór ar na haistriúcháin a foilsíodh as sin amach, agus faoi dheireadh na 1940idí is beag aistriúchán a bhí le háireamh ar liostaí an Ghúim de leabhair na n-óg. Na haistriúcháin a foilsíodh, bhí blas láidir Éireannach orthu – saothar Patricia Lynch agus Eileen O'Faoláin, cuir i gcás, nó leithéidí aistriúcháin dhúchasaithe Ní Ghráda, *Tír na Deó*. Lean scríbhneoirí tábhachtacha eile sampla King, Uí Mhonacháin agus Mhic Aonghusa et al. i scríobh leabhar a bhí lonnaithe i suíomhanna so-aitheanta Éireannacha, agus in úsáid na nÉireannach mar phríomhcharachtair – cuir i gcás Cathal Ó Sándair, Mícheál d'Andún, Eilís Diolún, Criostóir Ó Floinn agus muintir Chlub Leabhar na Sóisear.

Tháinig feabhas éigin ar an taobh aeistéitiúil de litríocht na n-óg sa Ghúm de réir a chéile freisin. Ag deireadh na 1930idí, cuir i gcás, bhí an Gúm sásta £50 a íoc le Jack B. Yeats chun léaráidí a chur ar fáil don aistriúchán *Sean-Eoin* (Ní Chriagáin 1938), agus le linn bhlianta tíosacha na hÉigeandála, fiú, cuireadh léaráidí daite le *Séimín* (Blyton 1940) agus íocadh as 'Annual' nua, *Seal Sonais* (Ó Maolmhuaidh agus Ní Mhaolmhaoidh 1942), macasamhail *Fí-Fá-Fum* ach sa chló Gaelach (Comhad A0388). Tuigeadh don Ghúm faoin am sin go raibh tábhacht ag baint le dearadh leabhar, chun suim páistí a mhúscailt iontu,

agus chun daoine fásta a mhealladh chun iad a cheannach do na páistí sin. Fós féin, mar a léireofar i gcaibidil a sé, bhí go leor fós le foghlaim ag an nGúm faoi thábhacht an deartha i leabhair do pháistí óga.

An ghné de leabhair mhuintir *An t-Éireannach* nach léir gur fhág sé rian ar bith ar an nGúm, áfach, ná an soláthar a rinne Marion King ar pháistí óga. Thóg sé tríocha bliain eile ar an nGúm ceacht sin King a fhoghlaim i gceart, nuair a thosaigh gluaiseacht na naíonraí agus na Gaelscolaíochta sna 1960idí agus sna 1970idí agus caitheadh solas ar an easpa ábhar léitheoireachta a bhí ann don aoisghrúpa sin. Mar gheall ar a laghad saothar do dhaoine óga nár dhéagóirí iad a foilsíodh i nGaeilge idir 1943 agus 1967, pléifear na saothair sin ar fad le chéile ag deireadh an tráchtais seo, i gcaibidil a sé.

# CAIBIDIL 3: CATHAL Ó SÁNDAIR AGUS RÉ ÓRGA NA DÉAGLITRÍOCHTA

Níorbh í an úirscéalaíocht, an fhilíocht, an ghearrscéalaíocht, an drámaíocht, ná eile an chéadtuar go raibh borradh ag teacht faoi litríocht na Gaeilge, ach go raibh daltaí scoile i mBaile Átha Cliath ag léamh leabhra Chathail Uí Shandair, faoi na suíocháin, i ngan fhios do na hoidí. (Ó Cadhain, "Tuige" 254)

Is é gaisce scríbhneoireachta Chathail Uí Shándair an gníomh aonair pinn is éachtaí i stair an úrscéil Ghaeilge. Ní thagann aon scríbhneoir eile úrscéalta i ngiorracht tobar dúigh dó ó thaobh toirte, iomadúlachta nó raidhse a shaothair. (Titley, *An tÚrscéal* 65)

A century and more into the Gaelic Revival, Ó Sándair...remains by far the most prolific and best-selling writer of Irish in the history of the language. (O'Leary, *Writing Beyond* 104)

## *1 Réamhrá*

An bhliain chéanna a foilsíodh *ABC na Gaedhilge* (1942), leabhar deireanach Marion King, is ea a tháinig Cathal Ó Sándair i dteagmháil leis an nGúm den chéad uair. An bhliain dár gcionn a foilsíodh a chéad leabhar, *Na Mairbh a d'fhill* (1943), agus cuireadh tús le ré órga na déaglitríochta i litríocht Ghaeilge na n-óg, ré a mhair go dtí deireadh na 1960idí. Níl aon amhras ach go raibh baint éigin ag an gcóras oideachais leis an mborradh seo sa léitheoireacht Ghaeilge, go háirithe sna 1940idí agus sna 1950idí nuair a bhí béim ar leith ar an tsaorléitheoireacht Ghaeilge sna meánscoileanna, béim a laghdaíodh ina dhiaidh sin mar a pléadh sa réamhrá. Ní léir go raibh aon róthionchar ag an mbéim sin ar fhigiúirí díolacháin an Ghúim go dtí gur tháinig Ó Sándair ar an bhfód, áfach. Ba é an greim a rug scéalta Uí Shándair ar shamhlaíocht aos óg na tíre ba phríomhchúis leis an díol mór a bhí ar leabhair Ghaeilge do dhéagóirí idir na 1940idí agus na 1960idí, agus ba í an ráchairt a bhí ar shaothar Uí Shándair ceann de na cúiseanna ba mhó gur spreagadh údair eile Gaeilge le dul i mbun pinn agus freastal ar dhéagóirí.

Sa chéad chuid den chaibidil seo breathnófar ar an gcaidreamh a bhí ag Ó Sándair leis an nGúm, ó tháinig sé i dteagmháil leo den chéad uair i 1942 go dtí gur foilsíodh *Mo Chara, Mo Namhaid* i Nollaig 1967. Níorbh é *Mo Chara, Mo Namhaid* an leabhar deireanach a d'fhoilsigh Ó Sándair leis an nGúm, ach i ndiaidh a fhoilsithe níor scríobh Ó Sándair leabhar Gaeilge eile do dhéagóirí go dtí na 1980idí. Mar sin ba le foilsiú *Mo Chara, Mo Namhaid* a tháinig deireadh, i ndáiríre, le ré órga na déaglitríochta Gaeilge agus is í sin an chúis gur roghnaíodh é mar chríoch do thréimhse an tráchtais seo. Sa dara cuid den chaibidil pléifear na cineálacha leabhar a bhíodh á scríobh ag an Sándarach, idir scéalta bleachtaireachta, scéalta buachaillí bó agus araile. Sa tríú cuid, ansin, déanfar iniúchadh ar na cúiseanna a bhí le mór-ráchairt leabhair Uí Shándair idir na 1940idí agus na 1960idí, agus áiteofar go raibh éileamh ar leith ar a shaothar mar gheall ar an gcineál litríochta atá ann, is é sin scéinséirí dúchasacha, ar an íomhá rídhearfach fhorásach d'Éirinn a chruthaítear ann agus ar an mbéim mhór a leagtar ar an saol uirbeach ann.

## *2 Cathal Ó Sándair agus an Gúm*

Ar an 21 Aibreán 1942, chuaigh Baile Átha Cliathach óg 19 mbliana d'aois i dteagmháil leis an nGúm, le fáil amach an nglacfadh siad le cnuasach gearrscéalta le húdar óg anaithnid. Scríobh sé sa litir:

> ...it is my dearest wish to do something towards the advance of the National language...Of course my efforts are still poor, but I think I could do a little to write a modest book of topical Irish stories which would help in a small way the National effort. (Comhad N1014)

Nuair a fuair sé freagra ar ais ag rá go nglacfadh, chuir sé lámhscríbhinn chuig an nGúm ar an bpointe. Gníomh a bhí ansin a mbeadh impleachtaí fadtéarmacha aige ar litríocht Ghaeilge na n-óg.

Cathal Ó Sándair ab ainm don fhear óg, Baile Átha Cliathach arbh as Dorset, Sasana dá athair agus arbh as Sráid Camden dá mháthair ("Ó Sándair, Cathal (1922-1996)"). Cé gur rugadh Ó Sándair in Weston-super-mere i Sasana, tógadh i mBaile Átha Cliath é agus, mar a fheicfear tríd síos sa chaibidil seo, ba Bhaile Átha Cliathach go smior é (M. Mac Aonghusa 27). Fuair Ó Sándair a chuid bunscolaíochta i Scoil Treasa, Ascaill Dhún Odhar, agus chaith sé tamall i meánscoil de chuid na mBráithre Críostaí ar Shráid Synge sular liostáil sé san Aer-Chór i mBaile Uí Dhónaill (27). Is sa tréimhse sin a thosaigh sé ag léiriú an-spéis sa scríbhneoireacht, agus a tháinig sé i dteagmháil leis an nGúm den chéad uair.

Is éard a bhí sa chéad lámhscríbhinn sin a chuir Ó Sándair chuig an nGúm in Aibreán 1942 ná ceithre ghearrscéal i nGaeilge do dhéagóirí. Bhí tuilleadh scéalta scríofa aige, a dúirt Ó Sándair, agus ábhar i bhfad níos mó acu ar a intinn aige. Níor thaitin an lámhscríbhinn le Tomás Ó hÉighneacháin, an príomheagarthóir, ámh. Ní raibh Gaeilge Uí Shándair maith go leor, dar leis, agus ní raibh sé an-tógtha leis na scéalta ach an oiread. Litir dhiúltaithe a fuair Ó Sándair ón nGúm (Comhad N1014).

Níorbh shin deireadh an scéil, áfach. Rinne Ó Sándair iarracht na scéalta a fheabhsú agus chuir sé faoi bhráid an Ghúim arís iad. An uair seo cuireadh an lámhscríbhinn chuig léitheoirí taobh amuigh den Ghúm. Mheas Mícheál Breathnach nach raibh "...an Ghaedhilge sáthach duthchasach aige. Tá sí tanaidhe craptha ina lán áiteacha agus tá leaganacha aige nach dual don Ghaedhilg ar chor ar bith" agus nach raibh "...céird na gearr-sgéalaidheachta foghlumtha go cruinn fós aige" ach an oiread (Comhad N1014). Thaitin na scéalta le Mícheál Ó Gríobhtha, áfach, in ainneoin laige na Gaeilge iontu, agus bhí Seán Mac Lellan, an tOifigeach Foilseacháin, ar aon tuairim leis. D'aithin Mac Lellan go raibh géarghá leis an gcineál saothair a bhí á scríobh ag Ó Sándair – léitheoireacht

éadrom neamhchasta do dhéagóirí – agus gurbh amadánta an mhaise don Ghúm é a dhíbirt. Scríobh Mac Lellan chuig rúnaí an Aire Oideachais i mí na Samhna 1942, ag impí air seans a thabhairt d'Ó Sándair. Bhí sé buartha go n-éireodh Ó Sándair as a bheith ag iarraidh scéalta Gaeilge a fhoilsiú munar tugadh tacaíocht dó: "If he cannot get something published in Irish, I fear he will have to give up the idea of writing in Irish" (Comhad N1014). Le cead an Aire d'eagraigh Mac Lellan go gceartódh Fiachra Éilgeach (Risteard Ó Foghludha) Gaeilge na scéalta sular cuireadh i gcló iad. Rinneadh amhlaidh agus cuireadh na scéalta i gcló in dhá leabhar – *Tríocha Píosa Airgid agus scéalta eile* agus *Jacko* – a foilsíodh i mí Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair 1943 faoi seach.

Agus an cinneadh déanta ag deireadh na bliana 1942 glacadh le scéalta Uí Shándair, d'iarr Mac Lellan ar an údar óg bualadh isteach chuig oifig an Ghúim chun labhairt leis. Tá cur síos déanta ag Ó Sándair ar an gcoinne sin in alt a scríobh sé do *The Leader* i 1945:

> The door was shut behind me and I stood in the presence of An tOifigeach Foillseachan.
>
> My book of short stories had been accepted, he said. I was in the seventh heaven. But even better news was to follow. What other work could I do for them, he asked...Could I write short thrillers with a special appeal to boys, he asked. I must admit that were it not for this suggestion I would probably never have decided to make the writing of fiction my main occupation during the next few years. The seed was sown in that interview. I returned home and created Rex Carlowe, private detective. ("The Thrills" 30)

Ba é *Na Mairbh a d'fhill*, an chéad leabhar i sraith an bhleachtaire fhicseanúil Réics Carló, toradh an agallaimh sin. Tháinig an lámhscríbhinn isteach i mí na Nollag 1942, agus tugadh tosaíocht dó ar gach foilseachán eile a bhí idir lámha ag Oifig an tSoláthair (Comhad N1036). Cuireadh an oiread sin deifreach ar an leabhar gur éirigh leis an Oifig é a chur ar an margadh i mí na Bealtaine 1943, roinnt míonna roimh fhoilsiú *Tríocha Píosa Airgid agus scéalta eile* agus *Jacko*.

Chuir léirmheastóirí fáilte is fiche roimh an leabhar bleachtaireachta seo do dhaoine óga, mar is léir ó na samplaí thíos:

> Truly, the old language is a living language, when Shilling Shockers for the 14-year-olds (in body or in heart) are printed in Irish, and when the tales are so up-to-date, so racy, and so good. ( "6d.-Worth of Shudders And All In Irish, Too!" 2)
>
> A bhuachaillí agus a chailíní, seo agaibh sa deire an leabhar go rabhadar ag feitheamh leis le fada an lá. ("Na Mairbh a d'Fhill" ar fáil i gComhad N1036)
>
> It is a book which will appeal most to young boys, but one which, I fear, will cause many of them to be late for their meals! ("Sixpenny 'Thrillers' in Irish." 2)

Ba é seo an chéad uair a chonacthas a leithéid de scéal do dhéagóirí a raibh Gaeilge acu, agus aithníodh tábhacht a fhoilsithe. D'impigh 'C. Ó N.'[28], léirmheastóir *Inniu*, ar an nGúm a chinntiú go bhfoilseofaí sraith de na leabhair seo, seachas ceann aonair: "Traoslaimíd do lucht an Ghúim as é a fhoillsiú, ach caithfidh siad cuimhneamh nach bhfuil maith ar bith i leabhrán amháin de'n tsaghas – sreath díobhtha ag teacht amach go rialta atá a dhith" ("'Na mairbh a d'fhill'" 4).

Níorbh iad na léirmheastóirí amháin a d'fháiltigh roimh *Na Mairbh a d'fhill*, áfach. Is léir gur chuir léitheoirí na Gaeilge spéis mhór ann freisin. Taobh istigh de mhí amháin díoladh breis agus míle cóip den leabhar. Cuireadh an leabhar á dhíol in Woolworths agus iarradh ar Eason é a chur amach chuig siopaí nuachtáin timpeall na tíre (Comhad N1036). I mí Mheán Fómhair na bliana sin bhí 2,200 cóip díolta agus ordaíodh 2,000 cóip eile. Athraíodh an t-ordú sin go 3,000 cóip i mí na Samhna nuair ba léir nach raibh trá ag teacht ar dhíol an leabhair. Díoladh na cóipeanna sin ar fad, beagnach, faoin gcéad Mheán Fómhair eile agus ordaíodh 3,000 cóip eile (Comhad N1036). San iomlán, díoladh 30,000 cóip de *Na Mairbh a d'fhill* i gcaitheamh na mblianta, dar le Mícheál Mac Aonghusa – líon ollmhór cóipeanna i gcás leabhair as Gaeilge (27).

[28] Ciarán Ó Nualláin, is dócha.

Tráth a tháinig *Na Mairbh a d'fhill* ar an margadh i mí na Bealtaine 1943 bhí an dara leabhar i sraith Réics Carló, *An tEiteallán Do-Fheicthe* (1943), idir lámha ag Oifig an tSoláthair cheana féin. Nuair a chonaic an Gúm an ráchairt mhór a bhí ar an gcéad leabhar, scríobhadh chuig an Oifig chun deifir a chur orthu, ag rá go raibh an leabhar anois "...very urgent" (Comhad N1042). Foilsíodh *An tEiteallán Do-Fheicthe* i Mí Mheán Fómhair 1943 agus bhí an tóir chéanna air is a bhí ar an gcéad eachtra de chuid Réics Carló. Lean Ó Sándair air ag scríobh eachtraí Réics Carló sna 1940idí, agus lean léitheoirí na Gaeilge orthu á gceannach agus á léamh. Chonacthas *An Corpán sa Trúnc*, *Dúnmharbhú i bPáirc an Chrócaigh* agus *Uathbhás i mBrúgh na Bóinne* i 1944, *An Gluaisteán Sídhe* i 1945 agus *Súile an Íodhail* i 1947. Tréimhse a bhí sna 1940idí nuair a bhí fíorghanntanas páipéir ag goilliúint ar Oifig an tSoláthair de dheasca an chogaidh, agus is díol suntais é an líon leabhar de chuid Uí Shándair a foilsíodh sna blianta sin. Is léir gur measadh go raibh tábhacht ar leith náisiúnta ag baint leis na leabhair sin.

Ní leabhair bhleachtaireachta amháin a bhí á scríobh ag Ó Sándair sna 1940idí, áfach. Luadh cheana an chéad dá leabhar a scríobh sé – *Tríocha Píosa Airgid agus scéalta eile* agus *Jacko* – a foilsíodh i ndiaidh *Na Mairbh a d'fhill* agus *An tEiteallán Do-Fheicthe*. Is éard atá sa dá leabhar sin ná cnuasaigh gearrscéalta, an chuid is mó acu lonnaithe in Éirinn. Scéalta réalaíocha a bhformhór, ina bpléitear le gnéithe éagsúla de shaol comhaimseartha na hÉireann, agus go minic de shaol uirbeach na hÉireann. Ábhar é sin a shaothraigh Ó Sándair arís in *An Chathair Seo 'Gainne* (1947) agus i roinnt leabhar a scríobh sé sna 1940idí ach a foilsíodh sna 1950idí, cuir i gcás *"John Joe"* (1952), *An Bóthar go Cuailgne* (1953) agus *Bliain ón mBás* (1953). An Club Leabhar Nua-Éireann a thug Ó Sándair ar an ngrúpa seo de scéalta, agus is sa ghrúpa sin a d'áirigh sé freisin na húrscéalta staire *An Lá*

*Geal* (1945) agus *Micilín* (1953), agus *An Buachaill Bán* (1952), leabhar aonair a bhfuil cat mar phríomhcharachtar ann.

Nuair a scríobh Seán Mac Lellan chuig Rúnaí an Aire Oideachais ag deireadh na bliana 1942 ag míniú chás Uí Shándair dó, dúirt sé: "...the Irish is weak judged from the standard of the native-speaker and would not pass muster in The Gaeltacht" (Comhad N1014). Níor tháinig mórán athraithe ar bharúil mhuintir an Ghúim i dtaobh Ghaeilge Uí Shándair sna 1940idí. Ba luachmhar leis an nGúm na scéalta a bhí á scríobh ag Ó Sándair, ach bhí tuairiscí na léitheoirí lomlán le ráitis faoi chaighdeán íseal na teanga sna lámhscríbhinní. Scríobh P. S. Ó Tighearnaigh, duine de na léitheoirí, agus é ag meas *An Chathair Seo 'Gainne* i gcomhair cló, go raibh Ó Sándair "...ró-thugtha do 'slang' an Bhéarla d'aistriú..." agus "...gur chóir a chur in iúl dó nach mór dó staidéar a dhéanamh ar na scríbhneoirí Gaedhilge is fearr dá bhfuil ann agus ar na sean-scéalta chomh maidh" (Comhad N1105). Ní raibh chuile léitheoir den tuairim sin, áfach. Mheas Seán Mac Giollarnáth go raibh an Ghaeilge in *An Chathair Seo 'Gainne "*...go maith, do'n adhbhar" (Comhad N1105).

Ar an iomlán, measadh nach raibh caighdeán Ghaeilge Uí Shándair ard go leor le cur os comhair léitheoirí óga. Mar a scríobh Tomás Ó hÉighneacháin tar éis dó figiúirí arda díolacháin na leabhar a fheiceáil i 1946, "Is léir ó na figiuirí seo go bhfuil an-ghlaodhach ar na leabhra seo agus go gcaithfear bheith fíor-chúramach fá chaighdeán na Gaedhilge ionta. Ní ceart droch-shíol a scaipeadh!" (Comhad G295). Chuile uair a ghlactaí le lámhscríbhinn de chuid Uí Shándair i gcomhair foilsiú, d'fhostaíodh an Gúm duine éigin chun an téacs a athscríobh i nGaeilge chruinn nádúrtha. Mar a luadh thuas, ba é Risteard Ó Foghludha, fear a raibh "...láimh an-trom..." aige mar eagarthóir, a d'athscríobh lámhscríbhinn *Jacko* agus *Tríocha Píosa Airgid agus scéalta eile* i 1943 (Mac Giolla Coille, "I dTaobh an tSaothair

sin" 64). Beirt eile a cheartaigh cuid de luathshaothar Uí Shándair ná Séamus Daltún agus Éamonn de hÓir, a bhí ag obair i Rannóg an Aistriúcháin ag an am. An duine ba mhinice a thug faoin ngnó sin, áfach, ná Seán Mac Maoláin, duine d'eagarthóirí an Ghúim agus údar an leabhair *Lorg an Bhéarla* (1957). Cé nár chainteoir dúchais é i Mac Maoláin, de réir Shéamuis Uí Ghrianna bhí sé ar dhuine den bheirt fhoghlaimeoirí ab fhearr a casadh air ("Nic Mhaicín, Maighréad (1899–1983)"). Is léir, mar sin, go raibh caighdeán ard Gaeilge agus taithí mhaith eagarthóireachta ag na daoine go léir a bhí i mbun scéalta Uí Shándair a athscríobh agus a thabhairt chun nádúrachta. Níor fógraíodh don saol mór, áfach, go raibh a leithéid d'athscríobh déanta ar na leabhair.

An mbeadh léirmheastóir an *Irish Library Bulletin*, 'R. A. B.'[29], chomh réidh chun na léirmheasanna feanntacha thíos a scríobh faoi shaothar luath Uí Shándair dá mbeadh an t-eolas sin aige? Seo cuid den léirmheas a scríobh sé ar *An tEiteallán Do-Fheicthe*:

> Taithneoidh sé, is baolach, leis an muinntir ar cheapadh dóibh é; agus, ón uair nach breitheamh ar dhath fear gan súile, ní bheidh aon locht ar Ghaedhilg an leabhair. Tuigfar as san ná fuil Gaedhilg an leabhair le moladh: is amhlaidh atá sí go haingis agus go liobarsnach agus go neamh-Ghaedhalach. Is mó leabhar Sax-Ghaedhilge a tháinig amach ó chaith Caitilín Ní Uallacháin uaithi an Ghaedhilg: ach déarfainn go bhfuil buaite glan ag an iarracht so Bhríd Bean Í Mhaolagáin ar ar chuireadh i gcló riamh acu, nára maith an mhaise dhí é. ("Gaelic Publications of Interest" 87)

Seo cuid de léirmheas san eagrán céanna le 'R. A. B' ar *Jacko* agus *Tríocha Píosa Airgid agus scéalta eile*:

> Leis an Sale Gaelic a bhaineann an dá leabhar eile seo chomh maith. Ní baol ná beidh fáilte ag an Sale Gaelic rómpa. Tá an Ghélig ar fheabhas ionnta araon. Is ana-mhaith an comhartha na sgéalta so ar an dul chun cinn iúntach atá déanta ag an nGélig. Tá sé ag dul ar aghaidh go hana-mhaith ar fad. Beidh gach duine ag leabhairt é gan mhoill. Dá mba rud é go raibh cúpla sgríbhneoirí eile againn ba mhaith an rud é ar fad, geallaim-se dhuit, dar ndóigh. ("Gaelic Publications of Interest" 87)

Ní féidir a shéanadh go bhfuil lorg an Bhéarla anois is arís ar leabhair luatha Uí Shándair, in ainneoin obair na n-athscríbhneoirí. Ach bhíodh a leithéid le feiceáil go minic ar

[29] R. A. Breatnach, is dócha.

leabhair eile an Ghúim do pháistí – an tsraith *Laetheannta Gréine*, mar shampla – agus ar leabhair do dhaoine fásta araon. Ní dóigh liom gurbh í comhréir na teanga a bhí ag cur as do 'R. A. B.' i ndáiríre, ach na rudaí neamh-Ghaelacha a bhí faoi thrácht sa leabhar.

Ní raibh a leithéid de scéalta Réics Carló feicthe cheana i litríocht na Gaeilge. Cinnte bhí ficsean bleachtaireachta á scríobh i nGaeilge le blianta roimhe sin, mar a phléifear ar ball, ach ní raibh bleachtaire chomh nua-aimseartha le Réics feicthe fós sa teanga. Tá Mercedes aige, bíonn 'roithleacán' aige i gcónaí, téann sé chuig an bpictiúrlann go minic agus taistealaíonn sé thar lear in eitleáin de chuid Aer Lingus. Bhí ar Ó Sándair agus ar a n-athscríbhneoirí an Ghaeilge a uasdhátú agus téarmaí nua a chumadh chun dul i ngleic i gceart le saol Réics agus charachtair an Chlub Leabhar Nua-Éireann. Bhí fadhbanna ag daoine áirithe leis sin – na daoine a chreid nach bhféadfaí litríocht mhaith a chumadh i nGaeilge faoin gcathair nó faoin saol nua-aimseartha a bhí á chaitheamh ag daoine inti. Léirigh iarrachtaí Uí Shándair go raibh dul amú ar na daoine sin, agus, mar a phléifear níos déanaí, d'imir an chaoi inar chaith Ó Sándair leis an saol nua-aimseartha agus leis an saol uirbeach ina shaothar tionchar mór ar an ráchairt a bhí ar an saothar sin.

Ba sna blianta i ndiaidh dheireadh an Dara Cogadh Domhanda a rinne Ó Sándair a éacht ba mhó oibre, in ainneoin go raibh sé ag obair go lánaimseartha mar oifigeach custaim d'fhormhór na tréimhse sin. Idir 1945 agus 1956 scríobh sé breis agus nócha leabhar ar ghlac an Gúm leo i gcomhair foilsiú. Foilsíodh leabhar de chuid Uí Shándair nach mór uair sa mhí idir mí na Samhna 1952 agus mí Eanáir 1957. Thosaigh Ó Sándair ag baint trialach as seánraí eile freisin. Chuir sé tús le sraith scéalta a bhí lonnaithe san Iarthar Fiáin sa bhliain 1949 nuair a foilsíodh *Soir ón Rio Grande*, cé nár tháinig Réamonn Óg, príomhlaoch na sraithe sin, ar an saol go dtí 1952 in *Réamonn Óg ar an Rio Grande*.

Chruthaigh Ó Sándair brainse nua den Chlub Leabhar Nua-Éireann i 1952 nuair a chuir sé tús le sraith de scéalta scoile faoi ghníomhartha bhuachaillí agus chailíní Choláiste Chluain Éanna. Brainse eile den Chlub Leabhar céanna a bhí sna scéalta faoi Scorach Ghlionnáin – 'Robin Hood' Chonamara – a foilsíodh idir 1955 agus 1958. I 1956 tháinig an Captaen Risteard Toirneach ar an saol, foghlaí mara uasal Éireannach thart ar aimsir Chromail. Is sna 1950idí freisin a cumadh eachtraí an Chaptaein Spéirling, spásaire Éireannach, cé nár foilsíodh na leabhair sin go dtí na 1960idí luatha. Sa tréimhse sin ar fad bhí Réics Carló fós ag obair leis go dúthrachtach ag réiteach mistéirí ar fud na cruinne agus ní b'fhaide fós i gcéin.

Cé go raibh taithí i bhfad ní b'fhearr aige ar scríobh na Gaeilge agus leathbhliain caite aige i nGaeltacht Chois Fharraige, níor léir d'fhormhór de léitheoirí agus d'eagarthóirí an Ghúim go raibh mórán feabhais tagtha ar Ghaeilge Uí Shándair sna 1950idí. Níorbh é Béarlachas a bhí ag cur as do Sheán Mac Maoláin agus do Thomás Ó hÉighneacháin – an bheirt ba mhinice a léigh lámhscríbhinní Uí Shándair nuair a cuireadh faoi bhráid an Ghúim iad – ach go raibh Ó Sándair róthugtha do nathanna cainte a chur isteach san áit mhícheart. Scríobh Seán Mac Maoláin ina thuairisc ar *Cuir Fios ar Réamonn Óg* (1955), cuir i gcás: "An Ghaedhilg atá sna scéalta seo, tá an locht chéadna uirthi bhí ar Ghaedhilg na scríbhne deireannaighe chonnaiceas de chuid an ughdair .i. dothuigtheacht de thoradh mí-chruinneas cumadóireachta, agus ró-úsáid cora cainte" (Comhad N1419). Arís ní raibh chuile dhuine ar aon tuairim leis an mbeirt úd. Scríobh P. S. Ó Tighearnaigh i 1954 faoi lámhscríbhinn *Réics Carló agus Cás an Mhilliúnaí Mhairbh* (1956) go raibh "...roinnt bheag ceartúcháin..." ag teastáil ón téacs (Comhad N1506). Ní ba dhéanaí sa bhliain chéanna scríobh sé ina thuairisc ar *Réics Carló agus Mistéire na Loinge Sí* (1956): "Maidir leis an nGaeilg tá feabhas mór tagaithe ar Ghaeilg an scríbhneora so ach dhéanfadh beagán

eagarthóireachta maitheas don chainnt anso is ansúd" (Comhad N1536). Níor leor "...beagán eagarthóireachta..." do Mhac Maoláin agus Ó hÉighneacháin, áfach, agus ó na 1950idí ar aghaidh ba é Mac Maoláin a d'athscríobh chuile leabhar de chuid Uí Shándair, nach mór, go dtí gur theip ar a shúile ag deireadh na bliana 1959.

Is léir óna chomhfhreagras leis an nGúm gur dhuine an-umhal é Cathal Ó Sándair. Bhí a fhios aige féin, mar a dúirt sé ina chéad litir chuig an nGúm, nach raibh ceird na scríbhneoireachta Gaeilge aige go beacht i 1942. Ní raibh sé ach 19 mbliana d'aois ag an am agus bhí formhór a chuid Gaeilge faighte aige ón scoil agus mar sin ní haon ionadh nach raibh sé go hiomlán muiníneach as caighdeán a scríbhneoireachta sa teanga sin. Bhí sé lántoilteanach glacadh le coinníoll an Ghúim go n-athscríobhfaí a scéalta, cé gurbh as a thuarastal féin a bhaintí an 12/- an míle focal chun an t-athscríbhneoir a íoc. Tá amhras orm, áfach, go raibh an coinníoll seo go hiomlán riachtanach sna 1950idí agus sna 1960idí. Faoin am sin bhíodh Ó Sándair ag scríobh go rímhinic do nuachtáin agus d'irisí Gaeilge agus do *Inniu* ach go háirithe, mar a raibh leathanach iomlán ag 'Réics Carló' ó 18 Meán Fómhair 1953 ar aghaidh. Bhí na foilseacháin sin sásta go leor le caighdeán scríbhneoireachta Uí Shándair, is léir. In áit comhairle eagarthóireachta a chur ar Ó Sándair agus ligean dó a shaothar féin a cheartú, áfach, chaith eagarthóirí an Ghúim leis amhail is nach raibh an cumas ann feabhas a chur ar a chuid Ghaeilge féin.

Níor chiallmhar an cleachtas eagarthóireachta seo, agus in ainneoin a dhea-ghiúmair is léir gur chuir sé beaguchtach ar Ó Sándair mar ar an 14 Deireadh Fómhair 1949 scríobh sé chuig an nGúm ag fiafraí díobh an mbeadh sé ceart go leor dá gcuirfeadh sé scéal isteach as Béarla agus go n-aistreofaí é (Comhad G295). Bhí an Gúm sásta leis an socrú sin, cé nach léir gur tharla a leithéid riamh. Chomh maith leis an tionchar a bhí aige ar Ó Sándair,

chothaigh an t-iompar seo drochnós sa Ghúm. Rinneadh iarracht an coinníoll céanna a chur i bhfeidhm ar shaothar scríbhneoirí eile do dhaoine óga, Mícheál d'Andún agus Críostóir Ó Floinn, cuir i gcás. Ní raibh neachtar den bheirt sin leath chomh toilteanach is a bhí Ó Sándair glacadh leis an socrú sin, agus chothaigh sé eascairdeas idir Ó Floinn agus an Gúm ach go háirithe, mar a fheicfimid sa chéad chaibidil eile. Léiríonn an cleachtas seo freisin a laghad measa a bhíodh ag an nGúm ar scríbhneoirí don aos óg mar chruthaitheoirí litríochta, agus ar litríocht na n-óg mar ealaín.

Gan aon agó ba iad na 1950idí luatha na blianta ba bhisiúla i saol scríbhneoireachta Uí Shándair, ó thaobh litríocht Ghaeilge na n-óg de. Ní raibh ganntanas páipéir ag cur moille ar leabhair an Ghúim a thuilleadh. Bhí a mhalairt d'fhadhb ann – bhí ar an nGúm féin moill a chur ar leabhair Uí Shándair. Scríbhneoir chomh bisiúil a bhí ann go bhféadfadh an Gúm ní ba mhó ná leabhar amháin dá chuid a fhoilsiú in aghaidh na míosa sna 1950idí. Ba leasc leo é sin a dhéanamh, áfach, ar eagla go n-imreodh sé drochthionchar ar dhíol leabhar indibhidiúil. Bhí ag éirí chomh maith le Ó Sándair sa tréimhse sin gur chinn sé i 1954 go n-éireodh sé as a phost mar oifigeach custaim chun tabhairt faoin scríbhneoireacht go lánaimseartha.

Ba go luath i ndiaidh dó éirí as, áfach, gur léir d'Ó Sándair nár chiallmhar an gníomh dó é. Nuair a bhíodh scata beag dá leabhair ar an margadh, dhíoltaí líon mór cóipeanna de chuile cheann acu sa chéad chúpla bliain. Nuair a cuireadh an margadh ar maos lena shaothar, áfach, ní raibh an díol céanna ar chuile leabhar indibhidiúil. I 1955 chinn an Gúm nach bhfoilseofaí ach 2,000 cóip de leabhair Uí Shándair sa chéad chló, in áit an 3,000 cóip a bhíodh á bhfoilsiú go dtí sin (Comhad G295). I litir a scríobh Ó Sándair chuig an Aire Oideachais Seán Ó Loingsigh sa bhliain 1957, dúirt sé:

> ...is cosúil nach féidir thar 10,000-15,000 cóip do dhíol in aon bhliain: sin an 'pobal' is mó.
>
> Nuair a bhí leabhar eachtraíochta amháin de mo chuidse ar fáil, b'fhéidir 10,000 cóip do dhíol. Nuair atá 60 ar fáil, níl ach an pobal léitheoireachta céanna ann, lucht na meánscoileanna. (Comhad G295)

Bhí Ó Sándair i bponc. Bhí laghdú tagtha ar an gcáin údair a bhí á fáil aige sa bhliain, bhí muirear air agus ní thabharfadh an Oifig Chustaim agus Mháil a phost ar ais dó. Bhí baol mór ann go mbeadh air dul ar imirce go Ceanada, agus go gcaillfeadh Gaeilgeoirí óga na hÉireann an scríbhneoir ba mhó a rinne freastal orthu riamh. An litir a luaitear thuas, ó Ó Sándair chuig an Aire Oideachais, litir í sin inar lorg sé comhairle agus cabhair ón Roinn Oideachais:

> Cad a dhéanfaidh mé? Fadhb phearsanta, ar ndóigh. Dá mbeadh ar mo chumas mo lámha do chur ar an gcáin údair a bheidh dlite sna blianta atá romham (go mór mór nuair bheidh Club Leabhar na nÓg fá lántseol), ba chuidiú é chun gnó beag do bhunú abhus [i gCeanada]. Ach ní mheasaim go bhfuil an Roinn in ann éinní do dhéanamh maidir leis seo.
>
> Cara liom do chuala go raibh beartaithe agam an tír d'fhágaint – nach raibh aon neart agam air – b'eisean do mhol dom nóta do chur chuig an Roinn ar tús; agus gheall mé go ndéanfainn sin. (Comhad G295)

Chuir Ó Sándair litir chuig an Taoiseach de Valera freisin cúpla mí ní ba dhéanaí. Is léir ó litir a chuir J. F. Dukes, rúnaí an Aire Oideachais, chuig rúnaí príobháideach an Taoisigh, nach raibh aon chabhair le fáil ón rialtas: "Ins na cúrsaí sin, is oth leis an Aire nach bhfeicthear dó aon ní ab fhéidir leis a dhéanamh ar shon Chathail Uí Shándair a dhearbhaíodh slí chinnte bheatha dó as scríobh litríochta i nGaeilge nó in aon fhostadh eile a bheadh ar chumas na Roinne a thabhairt" (Comhad G295).

Níorbh é Ó Sándair amháin a thóg air féin scríobh chuig an Aire Oideachais faoin gceist. Tar éis dó a chloisteáil go raibh sé beartaithe ag Ó Sándair dul ar imirce go Ceanada an Bhealtaine sin, scríobh Donncha Ó Laoire, rúnaí Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, chuig

an Aire ag impí air fostaíocht éigin a sholáthar d'Ó Sándair. Rinne sé iarracht a chur ina luí ar an Aire Ó Loingsigh a thábhachtaí is a bhí obair Uí Shándair:

> ...is cosúil go ndíoltar i gcónaí os cionn 500 cóip de gach leabhar dá chuid sa chéad bhliain a bhíonn sé ar an margadh. Don té a thuigeann an droch-bhail atá ar an teanga, go háirithe sna meánscoileanna ní gá a mhíniú nach aon ghaisce suarach do scríbhneoir an margadh sin a bheith dá choinneáil agus dá chothú aige...Is léir don Chomhdháil nach acmhainn don Ghaeilge go scaoilfí Cathal Ó Sándair ón tír. Níl fonn eisimirce air; is eisimirce éigeantach atá beartaithe aige. Is suarach ar fad an cúiteamh atá le fáil aige ón Stát i leith na seirbhíse a thug sé uaidh don náisiún. Is tuar bagartha an cás ina bhfuil sé fágtha d'éinne eile ar ball go mbeadh fonn air a shaol a thabhairt don Ghaeilge. (Comhad G295)

Bhí an ceart ag Ó Laoire, ach idir an t-am sin agus agus an t-am a freagraíodh an litir i mí na Bealtaine 1957 d'éirigh le Ó Sándair, de réir J. F. Dukes, post a fháil in Éirinn, agus ní raibh air bogadh go Ceanada (Comhad G295).

Ar an 28 Nollaig 1956 chuir Ó Sándair lámhscríbhinn an úrscéil *Éamonn Róg, An Bó-Bhuachaill Bómánta* (1960) faoi bhráid an Ghúim. Sa litir a ghabh leis, scríobh sé: "B'fhéidir gur thug tú fá deara nach bhfuil na Lss. ag teacht go líonmhar uaim le tamall anall: mé spíonta amach! Beidh sos fada, fada anois agam, go ceann cúpla bliain, ar a laghad" (Comhad N1613). Bhí thart ar thríocha lámhscríbhinn dá chuid ag an nGúm gan foilsiú fós an uair sin, agus ní fhacthas dó gurbh fhiú leanúint ar aghaidh ag cur scéalta ar fáil nuair nach mbeadh toradh a dhiansaothair le feiceáil i gcló go ceann cúpla bliain ina dhiaidh sin. Níor tháinig sé ar ais i dteagmháil leis an nGúm le saothar nua ar bith go dtí mí an Mheithimh 1959, dhá bhliain go leith ní ba dhéanaí. An lámhscríbhinn a sheol sé isteach ansin ná lámhscríbhinn *An Sean-siopa Dorcha* (1961).

Is ríspéisiúil na difríochtaí atá le sonrú idir na scéalta a scríobh Ó Sándair roimh an sos oibre seo, agus na scéalta a scríobh sé ina dhiaidh. Seachas *Ar Son a Charad* (1964), atá lonnaithe san Iarthar Fiáin, níor bhac Ó Sándair a thuilleadh leis na seánraí uile ar bhain sé

an oiread sin úsáide astu ina bhlianta mór-ráchairte – is iad sin scéalta bleachtaireachta, scéalta scoile, scéalta faoi fhoghlaithe mara agus araile. Ina n-áit sin, is gnáthdhaoine iad carachtair scéalta déanacha Uí Shándair. Dála na scéalta sa Chlub Leabhar Nua-Éireann a bhíodh á scríobh aige ag tús a ré, is Éireannaigh iad carachtair na scéalta seo, agus is in Éirinn atá siad lonnaithe – seachas, arís, *Ar Son a Charad*. I gcodarsnacht le leabhair luatha an Chlub Leabhar Nua-Éireann agus formhór mór de scéalta eile Uí Shándair go dtí sin, áfach, is daoine óga iad príomhcharachtair na scéalta déanacha ar fad. Is leabhair aonair a bhformhór – *An Sean-siopa Dorcha*, *An Campa sna Sléibhte* (1962), *An Príosúnach* (1962), *Íobairt Sheáin* (1962), *Ar Son a Charad*, *An Clódóir Óg* (1964), *Rún M'Athar* (1964), *Mo Ghaiscíoch, Micheál* (1965) agus *Mo Chara, Mo Namhaid* – ach bhí sraith ghairid ag Ó Sándair sa tréimhse freisin faoi bhuachaill agus a mhadra Alsásach, Prionsa. Díol suntais freisin gur scríobhadh na scéalta seo ar fad sa chéad phearsa, murab ionann is nach mór chuile leabhar eile de chuid Uí Shándair a d'fhoilsigh an Gúm.

Ba iadsan na leabhair dheireanacha a scríobh Ó Sándair do Ghaeilgeoirí óga, seachas dhá leabhar faoi Réics Carló a foilsíodh sna 1980idí – *Fáilte ar ais, a Réics* (1981) agus *Réics Carló ar Oileán Mhanann* (1984). Is léir gur chaill Ó Sándair cuid mhaith den fhlosc a bhí aige chun na hoibre seo, agus den taitneamh a bhíodh inti dó. An bhéim ar an spraoi agus ar an eachtraíocht a fheictear sna leabhair ar fad dá chuid a foilsíodh sna 1940idí agus sna 1950idí, tá sí in easnamh sna leabhair sin a chum Ó Sándair ó 1959 ar aghaidh. Cúrsaí gnó, cúrsaí airgid agus cúrsaí oibre atá mar ábhar ag a bhformhór, seachas na heitleáin dhofheicthe, na meaisíní-faoi-thalamh agus na longa sí a bhíodh sna leabhair luatha. Mar a luadh sa réamhrá, bhí athrú mór ag teacht ar shochaí na hÉireann ag an bpointe seo, agus an rialtas, faoi cheannas Sheáin Lemass, ag déanamh forbartha ar thionscal na tíre. Seans gur iarracht a bhí i leabhair dhéanacha seo Uí Shándair chun teacht i dtír ar na hidé-

eolaíochtaí nua seo a bhí ag glacadh áit lárnach i bpobal na hÉireann. D'fhéadfaí gur ag leanúint treochta a bhí ann i litríocht Bhéarla na n-óg a bhí sé – míníonn Farah Mendlesohn gur scríobhadh go leor leabhar do dhéagóirí sna 1950idí faoi chúrsaí oibre (69). Seans, fiú, gurbh í an chiall cheannaithe a fuair Ó Sándair óna thaithí féin leis an eisimirce a spreag é chun scríobh faoi dhomhan na hoibre.

Feictear dom gur tháinig meath ar leabhair Chathail Uí Shándair agus ar fhonn scríbhneoireachta an údair ó dheireadh na 1950idí ar aghaidh ar roinnt cúiseanna éagsúla. An chéad chúis, baineann sé le "Club Leabhar na nÓg", a ndearna Ó Sándair tagairt dó sa litir thuas chuig an Aire Oideachais. Club Leabhar na Sóisear an t-ainm oifigiúil a bhí air, agus tionscadal de chuid Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge a bhí ann. Cuireadh tús leis i 1956 agus ba í aidhm an Chlub cúig leabhar a chur amach chuig a bhaill óga – lucht na meánscoileanna – le linn na bliana scoile. Cé gur léir gur mheas Ó Sándair go gcuirfeadh an Club seo go mór le díol a leabhar féin, ba mhór an dul amú a bhí air. Mheas coiste Chlub Leabhar na Sóisear go raibh leabhair Uí Shándair róghearr le cur ar liosta an Chlub – b'fhearr leis leabhair a raibh thart ar 100 leathanach iontu, agus b'annamh a bhíodh níos mó ná 64 leathanach i leabhair Uí Shándair (Comhad G382). Níor glacadh ach le dhá cheann de leabhair an tSándaraigh mar chuid den Chlub idir 1956 agus 1967, agus ba iad sin *Réics Carló i gCorcaigh* (1957) a bhí ar liosta na bliana scoile 1956-57 agus *Mo Chara, Mo Namhaid* a bhí ar liosta na bliana scoile 1967-68. D'imir Club Leabhar na Sóisear drochthionchar ar dhíol na leabhar do dhéagóirí nár áiríodh ar a liostaí, rud a d'aithin Tomás Ó hÉighneacháin ag deireadh na bliana 1956 nuair a scríobh sé, i nóta chuig Seán Óg Mac Maoláin, nach raibh "...an margadh ann don dá chuid..." (Comhad G382).

Taobh amuigh de thionchar Chlub Leabhar na Sóisear, bhí cúinsí eile ag cur le meath spéise sna leabhair, cúinsí a raibh bunús ní b'idirnáisiúnta acu. Is scéinséirí nó *thrillers* iad leabhair Uí Shándair. Mar a phléifear ar ball, bhí an-tóir ag daoine óga na hÉireann ar scéinséirí nuair a thosaigh Ó Sándair ag scríobh. Ba chuid den ghlúin sin é féin, agus b'in an chúis gur chaith sé a dhúthracht á scríobh. Thuig sé go raibh géarghá le scéinséirí dúchasacha in Éirinn, agus dá bhféadfaí iad a chur ar fáil i nGaeilge go mbeifí ag teacht i dtír ar mhargadh mór a raibh neamart á dhéanamh ann ag foilsitheoirí na tíre. Tháinig meath ar an gcineál sin litríochta go hidirnáisiúnta, áfach, ón Dara Cogadh Domhanda ar aghaidh agus thóg an teilifís agus greannáin áit na scéinséirí i siamsaíocht laethúil an aosa óig.

Ní féidir an iomarca béime a leagan ar an tábhacht a bhain le Cathal Ó Sándair taobh istigh de litríocht Ghaeilge na n-óg. De réir Mhichíl Mhic Aonghusa, díoladh thart ar leathmhilliúin cóip de leabhair Uí Shándair ar fad thar na blianta, éacht "...nár sháraigh scríbhneoir Gaeilge ar bith eile" (27). Anuas air sin, d'imir Cathal Ó Sándair tionchar ní ba mhó ná scríbhneoir ar bith eile ar fhorbairt litríocht Ghaeilge na n-óg. Cé gurbh iad scríbhneoirí agus maisitheoirí *An t-Éireannach* a chuir tús ceart le litríocht Ghaeilge na n-óg i 1937, ba é Ó Sándair a chuir beocht agus fuinneamh inti den chéad uair, agus murab ionann agus Marion King leanadh a shampla go forleathan taobh istigh agus taobh amuigh den Ghúm. Ba eisean ba phríomhchúis leis an mborradh ollmhór a tháinig faoin déaglitríocht Ghaeilge idir na 1940idí agus deireadh na 1960idí. Chonaic scríbhneoirí eile an ráchairt mhór a bhí ar leabhair Uí Shándair, agus thug sí spreagadh dóibh iarracht a dhéanamh teacht i dtír ar an margadh sin. Níor tháinig duine acu gar d'éacht Uí Shándair, áfach.

## *3 Saothar Chathail Uí Shándair*

Sa chuid seo den chaibidil beidh mé ag tabhairt spléachadh tapa ar na cineálacha éagsúla scéalta a bhíodh á scríobh ag Ó Sándair sna leabhair dá chuid a d'fhoilsigh an Gúm. Mar a scríobh Alan Titley faoi in *An tÚrscéal Gaeilge* (2002), "Ní thagann aon scríbhneoir eile úrscéalta i ngiorracht tobar dúigh dó ó thaobh toirte, iomadúlachta nó raidhse a shaothair" (65). Chuir Ó Sándair leaganacha Gaeilge agus go minic leaganacha Gaelacha ar fáil de na seánraí móra ar fad a raibh dúil ag daoine óga iontu sa tréimhse sin – scéalta bleachtaireachta, scéalta san Iarthar Fiáin, scéalta staire, scéalta foghlaithe mara agus scéalta Spáis. Déanfar cur síos anseo ar na leabhair a scríobh Ó Sándair sna seánraí éagsúla sin.

### *3.1 Club Leabhar Réics Carló*

Ba é Réics Carló, an bleachtaire ó Bhaile Átha Cliath a raibh cáil idirnáisiúnta air, a ghlac príomháit i gcorpas Chathail Uí Shándair. Scríobh Ó Sándair ní ba mhó leabhar faoi Réics ná a scríobh sé faoi charachtar ar bith eile dá chuid. Idir 1943 agus 1959 foilsíodh trí leabhar agus daichead i gClub Leabhar Réics Carló, agus sna 1980idí foilsíodh péire eile. Chomh maith leis na leabhair iomadúla a scríobhadh faoi, chuirtí Réics os comhair phobal na hÉireann i mbealaí eile sa tréimhse sin freisin. D'fhoilsítí scéalta faoi in *Inniu*, bhíodh a eachtraí á gcraoladh ar Radio Éireann agus aimsir na Nollag 1949 ghlac sé páirt i ngeamaireacht ar stáitse Amharclann an Mainistreach ("Survey Page" 2). Cé go bhfuil dearmad déanta go forleathan ar shaothar Chathail Uí Shándair sa lá atá inniu ann, fós léirítear urraim dá charachtar ba cháiliúla sa Ghradam Réics Carló a bhronntar ar scríbhneoir do dhaoine óga ag an Oireachtas chuile bhliain.

Níorbh é Cathal Ó Sándair an chéad scríbhneoir Gaeilge a thug faoi úrscéal bleachtaireachta a scríobh. Luann Titley *Lorgaireacht* (Ó Gríobhtha 1927), *Oidhche i nGleann na nGealt* (Ó Nualláin 1939) agus *An Doras Do Plabadh* (Mac Liam 1940) mar na trí shampla is luaithe d'úrscéalta bleachtaireachta dúchasacha a scríobhadh i nGaeilge (*An tÚrscéal* 119-121). Luann Titley freisin an líon aistriúchán a chuir an Gúm ar fáil ar na leabhair bhleachtaireachta ba mhó-ráchairt i mBéarla sa tréimhse sin, cuir i gcás *Sa Villa Rose* (Mason 1929) aistrithe ag Mícheál Ó Gríobhtha, *Cú na mBaskerville* (Doyle 1934) aistrithe ag Nioclás Tóibín agus *Eachtraí Sherlock Holmes* (Doyle 1936) aistrithe ag Proinnsias Ó Brógáin (119-120). Is bleachtairí clasaiceacha na bleachtairí sna scéalta ar fad thuas, fir aonaránacha fhuarchúiseacha a úsáideann an loighic agus an réasún chun cásanna casta a réiteach. Ba é Dupin, carachtar Edgar Allen Poe, an chéad sampla den chineál sin bleachtaire, agus tháinig sé ar an saol i 1841 (Knight 39). Ba é carachtar Conan Doyle, Sherlock Holmes, áfach, a rug greim daingean ar shamhlaíocht na sluaite léitheoirí ó 1887 ar aghaidh agus a bhuanaigh ról an bhleachtaire liteartha i litríocht an domhain (Knight 67). Is ar Holmes, gan amhras, a mhúnlaigh Ciarán Ó Nualláin a bhleachtaire Parthalán Mac Mórna. Insíonn reacaire *Oidhche i nGleann na nGealt* dúinn na nithe seo a leanas faoi Mhac Mórna, cuir i gcás: "Fear corr a bhí ann, ar a lán dóigheann. Níor chuir sé dúil ariamh i gcaidreamh ná i gcuideachtain, agus ba bheag dlúth-chara a bhí aige. Comh maith agus is féidir le duine bheith ina dhíthreabhach, an lá atá indiu ann, díthreabhach a bhí ann-san" (Ó Nualláin 8). Anuas air sin, mar a mhíníonn O'Leary, tá modh bleachtaireachta Mhic Mhórna "...unabashedly Sherlockian" (*Writing Beyond* 100).

Is ar mhúnla eile bleachtaire a chruthaigh Ó Sándair Réics Carló sa bhliain 1942, mar atá, bleachtaire na scéinséirí, cuir i gcás Sexton Blake[30], Nelson Lee agus Dixon Hawke. Tháinig an chéad duine den dream sin, Sexton Blake, ar an saol sa bhliain 1893, sé bliana i ndiaidh do Conan Doyle a chéad scéal faoi Sherlock Holmes a fhoilsiú (Turner 129). Mar a léiríonn Turner, cé nach raibh mórán dealraimh ag Blake le Holmes nuair a céadchruthaíodh é, de réir a chéile "...he became hawk-like, incisive, and acquired the habit of putting on his dressing-gown in order to think" (134). In ainneoin na gcosúlachtaí dreiche agus iompair seo, is an-éagsúil óna chéile modhanna bleachtaireachta Blake agus Holmes. Déanann Turner cur síos grinn ar an éagsúlacht seo:

> Sexton Blake has been called, patronizingly, the office-boy's Sherlock Holmes. Those who take detective fiction seriously claim that his successes are due less to pure deduction than to calculated coincidence, an ability to recover almost instantly from concussion, and such specialized attainments as the power to out-stare cobras. Show Blake a sheet of writing in which the fist is alternately regular and irregular, and he will be unable to tell you, from the incidence of the palsied patches, that it was written in a train travelling between Norwood and London Bridge. But nail him down in a crate and throw him off the bridge at Westminster and while you are still dusting your hands and saying 'That's that' he will be right there behind you. Only an adult will accept a *tour de force* like the first. Only an adult will sneer at a *tour de* force like the second. (126)

Ní ar a gclisteacht ná a ngrinneas a bhíonn bleachtairí na scéinséirí ag brath, ach ar a gcrógacht, ar a gcumas troda agus ar chomhtharluithe ámharacha.

Níl aon amhras ach gur mó an dealramh atá ag Réics Carló le Sexton Blake agus a chomhbhleachtairí ná atá aige le Sherlock uasal Holmes. In *An tEiteallán Do-Fheicthe* deirtear linn go gcreideann Réics nach luíonn bua an bhleachtaire sa chlisteacht. "'Na lorgairí is fearr,' a deireadh sé, 'ní bhíonn siad an-chliste, ach bíonn dhá dhorn mhaithe acu, beagán céille, agus an-chuid foighne'" (Ó Sándair 11). Is iad a bheirt chúntóirí óga – a iníon Fionnuala agus Brian Ó Ruairc – a dhéanann taighde ar chásanna Réics, go hiondúil.

[30] Sa bhliain 1961 scríobh Ó Sándair leabhar sa tsraith Sexton Blake, *Bullets are Trumps*, faoin ainm cleite Desmond Reid.

In *Réics Carló agus Mistéire na n-Éan gan Sciatháin* (1954), nuair a thosaíonn duine anaithnid ag marú ball den Aerfhórsa agus ag fágáil éin mharbha gan sciatháin ar na coirp, is í Fionnuala a chuirtear chuig an gcartlann chun staidéar a dhéanamh ar cháipéisí an Aerfhórsa chun teacht ar an dúnmharfóir. An ról atá ag Réics sna scéalta ná dúshlán an choirpigh a thabhairt agus dul chun troda go fearúil leis. Is minic a chuirtear i mbaol a anbháis é – ceangailte le ráillí an iarnróid nó sáinnithe i bpoll rúnda faoin urlár atá ag líonadh go tapa le huisce – ach éiríonn leis i gcónaí teacht slán ó na gaistí seo ag an nóiméad deireanach (Ó Sándair, *Réics Carló sa tSín* 32-55; Ó Sándair, *An Corpán* 59-62).

D'admhaigh Ó Sándair féin go minic go raibh bleachtairí seo na scéinséirí mar mhúnlaí aige agus é ag cruthú Réics:

> I made up my mind from the start to avoid intricate, clever plots. I always preferred the fighting Bulldog Drummond to the learned Sherlock Holmes. When at school, I used to love the tales of the Red McGregor, Trig McFee, The Laughing Pirate and Captain "Q" in the *Wizard* and the *Hotspur*. In these stories things just happened and there was no necessity to explain why, as long as the reactions of these manly characters in certain unusual situations were conventional and natural.
>
> Rex Carlowe would be neither scientific nor exceptionally clever, but I would make him a straight-shooter and a hard-hitter. The accent would be on adventure, not detection. ("The Thrills" 30)

Ba shár-oiriúnach an rogha í sin don obair a bhí ar siúl ag Ó Sándair. Chuir simplíocht na scéalta le héascaíocht a léite, agus leis an dúil a bhí ag a spriocphobal margaíochta iontu. Is annamh i scéalta Réics nach mbíonn a fhios ag an léitheoir ón tús – agus ag na carachtair féin – cé hé an bithiúnach. An gnó a bhíonn le déanamh ag an mbleachtaire agus a chúntóirí ná breith ar an mbithiúnach sin, agus é a chur faoi cheannas na nGardaí Síochána.

Cé gur lú an bhéim ar phróiseas na bleachtaireachta i scéalta Réics Carló ná sna scéalta bleachtaireachta clasaiceacha, tá an bunphrionsabal céanna sa dá chineál scéil. Is é sin, mar a scríobhann Nic Congáil, go mbíonn "...conradh samhalta ann idir scríbhneoir agus

léitheoir, a chinntíonn go mbeidh dea-thoradh is dea-dheireadh ar an scéal" ("Réics Carló" 14). Bíonn foirmle sna scéalta. Seasann an bleachtaire ar thaobh na maithe agus an dúnmharfóir nó an coirpeach ar thaobh an oilc. Faoi dheireadh an scéil bíonn an bithiúnach i bpríosún nó curtha chun báis, agus bíonn chuile rud i gceart agus i gcóir arís i ndomhan an scéil. Foirmle í seo a raibh a ré órga aici sa ré Victeoiriach, ach chloígh Ó Sándair go dlúth léi ina thréimhse féin. Fágann an fhoirmle seo gur féidir mórán a fhoghlaim faoi shochaí ar bith ón gcineál ficsean coireachta[31] a scríobhtar agus a léitear go forleathan inti. Mar a scríobhann Stephen Knight in *Form and Ideology in Crime Fiction* (1980):

> ...major examples of crime fiction not only create an idea (or a hope, or a dream) about controlling crime, but both realise and validate a whole view of the world, one shared by the people who become the central audience to buy, read and find comfort in a particular variety of crime fiction. (2)

Ag breathnú ar na patrúin a bhíonn le feiceáil i saothair bhleachtaireachta – cé hiad na drochdhaoine, céard atá uathu, cé na tréithe atá ag an laoch (.i. an bleachtaire) – is féidir téamaí ginearálta a phiocadh amach a chuireann le tuiscint an duine ar thréimhse ar leith i sochaí.

I gcás scéalta Uí Shándair faoi Réics Carló, mar shampla, is féidir tionchar gnéithe éagsúla de shochaí na hÉireann sna 1940idí agus sna 1950idí a ríomh sna scéalta. Nuair a thosaigh Ó Sándair ag scríobh, bhí an Dara Cogadh Domhanda faoi lántseol agus bhí an Éigeandáil ar siúl in Éirinn. Is féidir an bhagairt a bhí ann an uair sin ar neodracht na hÉireann a fheiceáil sna scéalta ar fad a scríobh Ó Sándair le linn na hÉigeandála. Ag tús *Na Mairbh a d'fhill* deirtear linn go bhfuil an Dr Leon, cara le Réics agus eolaí den scoth, ag obair ar phleananna chun eitleán dofheicthe a dhéanamh. An chúis go bhfuil an Dr Leon ag obair ar

[31] De réir Knight, is éard is 'ficsean coireachta' ann ná scéal ina léirítear conas is cóir smacht a choimeád ar an gcoireacht i sochaí (8). Ficsean bleachtaireachta atá i bhformhór an fhicsin coireachta a fhoilsítear – is é sin go mbíonn bleachtaire mar phríomhcharachtar ann – ach is ann d'fhicsean coireachta nach bhfuil a leithéid de charachtar ann – luann Knight, mar shampla de sin, *Things as They Are; or, The Adventures of Caleb Williams* (Godwin 1794) (8).

a leithéid de thionscadal ná "...i dtreo is go mbéadh Éire ábalta a saoirse agus a neódracht a choimeád slán in aghaidh gach namhad" (Ó Sándair, *Na Mairbh* 8). Nuair a éiríonn le dream bithiúnach an t-eitleán seo a ghoid in *An tEiteallán Do-Fheicthe* is í an scéim atá acu ná ainriail a chruthú in Éirinn sa chaoi go mbeidh rialtas iasachta in ann seilbh a ghlacadh uirthi go héasca. Agus é ag troid le duine de na coirpigh, deir Brian go feargach agus go bródúil: "Do cheanuigh na Gaedhil a saoirse go daor, a phleidhche, agus ní dhéanfaidh aon dúnmharbhuightheoir barbardha ded' lethéid-se í a thógaint uatha!" (Ó Sándair, *An tEiteallán* 28). Sna leabhair seo is í saoirse na hÉireann a bhíonn i mbaol i gcónaí, agus mar chuid de sin atá an tsaoirse a bheith neodrach sa chogadh.

Is annamh a bhíonn saoirse na hÉireann faoi bhagairt sna scéalta faoi Réics Carló a scríobhadh tar éis na hÉigeandála, áfach. Ina áit sin cuirtear Éire os ár gcomhair mar thír de thíortha an domhain, muinín aici aisti féin agus ról le himirt ag a muintir i gcúrsaí idirnáisiúnta. Le linn na hÉigeandála, chruthaigh Éire go raibh sí neamhspleách agus go bhféadfadh sí an fód a sheasamh i gcoinne thíortha eile an domhain. Thug na blianta sin muinín do mhuintir na hÉireann ina neamhspleáchas féin agus ina gcumas an neamhspleáchas sin a chosaint. Míníonn Terence Brown an chaoi ina raibh "...an important healing effect on Irish life" ag an ról a ghlac an iliomad Éireannach sna fórsaí cosanta sa tréimhse sin (165). Glacann Réics Carló páirt in eachtraí taobh amuigh d'Éirinn go minic sna scéalta a scríobh Ó Sándair ó dheireadh na hÉigeandála ar aghaidh, cuir i gcás *Réics Carló san Aifric* (1951), *Réics Carló san Éigipt* (1951), *Réics Carló i bParis* (1952), *Réics Carló sa tSín* (1953), *Réics Carló sa Bhreasail* (1953), *Réics Carló sna Stáit Aontaithe* (1953), *Réics Carló i Londain* (1954) agus *Réics Carló i Meicsicó* (1955). Mar atá scríofa ag Nic Congáil, sna scéalta seo seasann Réics "...mar shiombail d'Éirinn neamhspleách,

féinmhuiníneach go leor chun spéis a léiriú i gcultúir eile agus chun lámh chúnta a thabhairt do thíortha eile nuair a [bhíonn] siad i bponc" ("Réics Carló" 13).

Ní raibh imní ar mhuintir na hÉireann a thuilleadh go sciobfaí a saoirse uathu. In áit na himní sin, ghlac cúpla buairt eile áit lárnach i leabhair bhleachtaireachta Uí Shándair. Ceann amháin, ba bhuairt idirnáisiúnta é ag an am, is é sin go dtosófaí cogadh núicléach. Is iomaí scéal a scríobh Ó Sándair sa tréimhse iarchogaidh a bhfuil baint aige le rúin adamhacha a choimeád slán ó bhithiúnaigh, cuir i gcás *Réics Carló ó Shráid Fhearchair* (1952), *Réics Carló sna Stáit Aontaithe* agus *Réics Carló agus Mistéire an Oileáin* (1957). Ceist í a thagann aníos go minic sa tsraith de scéalta scoile a bhí ag Ó Sándair, freisin.

An imní eile a nochtar sna scéalta faoi Réics a scríobhadh tar éis an Dara Cogadh Domhanda, baineann sí le geilleagar an stáit, is é sin cúrsaí smuglála. Agus é ina oifigeach custaim, bhí saineolas ag Ó Sándair ar mhodhanna oibre na smuigléirí sa tír agus cérbh iad na hearraí a bhíodh á dtabhairt isteach agus amach as an tír go mídhleathach acu. I scéal amháin in *Réics Carló, Taighdeálaí Príobháideach* (1954), beireann Réics ar dhream atá ag smugláil siúicrín isteach sa tír i dteidithe. Insíonn Réics don Ruarcach faoin drochthionchar a imríonn a leithéid de smugláil ar an tír: "D'innis Réics ansan dó i dtaobh an tsiúicrín – substaint is milse fá cheithre chéad ná siúcra! Níor cheadmhach ach méid áirithe dhe d'allmhuiriú go hÉirinn, óir mhillfeadh an iomarca dhe tionscal siúcra na tíre seo ar fad" (Ó Sándair, *Réics Carló, Taighdeálaí Príobháideach* 42). Leagtar béim sna scéalta a bhaineann leis an smugláil ar an dochar a dhéanann a leithéid don tionscal dúchasach agus don gheilleagar i gcoitinne.

Ní hiad buairteanna sochaí amháin atá le ríomh i scéalta bleachtaireachta. Is féidir freisin na tnútháin agus an dóchas atá ag an údar don tsochaí a fheiceáil. I scéalta Réics úsáideann Ó Sándair na dea-dhaoine, Réics agus a chúntóirí, chun luachanna ar leith a chothú ina léitheoirí óga, luachanna a bhí mar chuid den íomhá a bhí aige d'Éirinn idéalach. Pléifear na luachanna seo, agus an tionchar a d'imir siad ar ráchairt na leabhar, níos déanaí sa chaibidil seo.

### *3.2 An Club Leabhar Nua-Éireann*

Chuir Cathal Ó Sándair síos ar an mbunaidhm a bhí aige leis an gClub Leabhar Nua-Éireann i mí Iúil 1945, cúpla seachtain tar éis dó lámhscríbhinn *"John Joe"* a sheoladh isteach chuig an nGúm. Dúirt sé:

> Ins an tsraith leabhar seo, is mian liom chómh fada agus is féidir gnéithe éagsamhla de shaoghal na cathrach agus de shaoghal na mbuachaillí ann do bheith mar chúl leis na sgéalta agus cineál droichid do chur idir saoghal na hÉireann san aois seo, ár stair agus ár dteanga ar thaobh amháin agus an domhan mór ar an dtaobh eile. Ní'l ann ach iarracht, dar ndóigh. Ach tá an smaoineamh sin mar threóir ann. (Comhad N1207)

Ba í an aidhm a bhí ag Ó Sándair, mar sin, ná litríocht Ghaeilge a chur ar fáil do dhéagóirí Bhaile Átha Cliath, dream a ndearnadh neamart iontu go dtí sin. Ba mhian leis a léiriú go raibh a cultúr agus a béaloideas agus a stair féin ag an gcathair, agus go raibh an Ghaeilge oiriúnach mar theanga chun cur síos a dhéanamh ar na nithe sin, agus ar na gnéithe comhaimseartha de shaol na cathrach. Bhí Ó Sándair ag iarraidh a léiriú go raibh an Ghaeilge in ann, ní hamháin don chathair, ach do na forbairtí nua-aimseartha ar fad a bhí mar chuid lárnach de shaol na cathrach – an phictiúrlann, an gluaisteán, an caifé, srl.. Pléifear ar ball an íomhá a bhí ag Ó Sándair den 'Nua-Éirinn' seo agus ról na cathrach san íomhá sin.

Is féidir na leabhair a scríobh Ó Sándair don Chlub Leabhar Nua-Éireann a rangú i dtrí ghrúpa – scéalta ginearálta, scéalta staire agus scéalta scoile. Sa chéad ghrúpa acu siúd atá *Jacko*[32], *Tríocha Píosa Airgid agus scéalta eile*, *An Chathair Seo 'Gainne*, *"John Joe"*, *An Buachaill Bán*, *An Bóthar go Cuailgne*, *Bliain ón mBás* agus *An tSeamróigín Dhílis agus Scéalta Eile* (1956). Sa dara grúpa atá *An Lá Geal*, *Micilín* agus sraith trí leabhar faoi Scorach Ghlionnáin a foilsíodh idir 1955 agus 1958, an t-aon sraith a scríobh Ó Sándair agus daoine óga na Gaeltachta ar intinn aige mar phríomh-spriocléitheoirí. Sa ghrúpa deireanach atá ocht leabhar faoi eachtraí bhuachaillí Chluain Éanna, agus trí leabhar faoi eachtraí chailíní Chluain Éanna. Foilsíodh an tsraith sin ar fad idir 1952 agus 1960.

### *3.2.1 Scéalta Ginearálta*

Mar a luadh ag tús na caibidle seo, ba chnuasach gearrscéalta í an chéad lámhscríbhinn a chuir Cathal Ó Sándair faoi bhráid an Ghúim agus b'as an lámhscríbhinn sin a tháinig *Tríocha Píosa Airgid agus scéalta eile* agus *Jacko*. Is meascán de scéalta gearra atá sa dá chnuasach sin, agus i dtrí cinn de na leabhair eile sa Chlub Leabhar Nua-Éireann – *An Chathair Seo 'Gainne*, *An Bóthar go Cuailgne* agus *An tSeamróigín Dhílis agus Scéalta Eile*. Tá scéalta áirithe sna cúig chnuasach seo ina dtugtar léargas neamhleithscéalach ar an gcruatan a bhaineann go minic le saol na cathrach, cuir i gcás "Duilleog as Leabhar Cathruightheora" in *An Chathair Seo 'Gainne* ina leanann an scéal fear a bhfuil "...an obair is andeise ar an saoghal á dhéanamh aige – bheith ag lorg oibre" (Ó Sándair 5). Ar an láimh eile tá roinnt scéalta áiféiseacha i measc na gcnuasach sin, mar shampla "Jacko" in *Jacko* ina scanraíonn fear a pheata moncaí an oiread sin go bhfaigheann sé bás, nó "Ainnir na Gruaige Duinne" in *An Chathair Seo 'Gainne* ina bhfaigheann bean óg bás d'eagla

[32] Níorbh ann don Chlub Leabhar Nua-Éireann nuair a foilsíodh *Jacko* agus *Tríocha Píosa Airgid agus scéalta eile* ar dtús, ach is ionann an cineál scéil atá sa dá chnuasach sin agus i ngearrscéalta eile an Chlub sin agus áiríodh iad go minic ar liostaí de na leabhair sa Chlub Leabhar Nua-Éireann.

nuair a chuirtear faoi ghlas í i marbhlann de thimpiste. Mar a scríobh 'F. Mac M.' agus é ag trácht ar *An Chathair Seo 'Gainne* "...[na scéalta sa chnuasach] altogether show his range. He can be honest and direct, or he can play a literary trick worthy only of schoolboys" ("Book Reviews" 320). Ní bhaineann na gearrscéalta sna cnuasaigh seo leis an gcathair amháin, áfach – tá cuid acu lonnaithe faoin tuath, agus cuid eile lonnaithe thar sáile.

Is spéisiúil amach is amach na hábhair a roghnaigh Ó Sándair chun úrscéal iomlán a bhunú orthu mar chuid den Chlub Leabhar Nua-Éireann. Iarracht chomhfhiosach a bhí in *"John Joe"*, cuir i gcás, chun béaloideas na cathrach a chur ar fáil i litríocht Ghaeilge na n-óg den chéad uair. Úrscéal eile sa ghrúpa seo atá ina ábhar machnaimh do léitheoirí Uí Shándair ná *Bliain ón mBás*. Scéal é faoi údar óg mór-ráchairte Gaeilge atá ina chónaí i mBaile Átha Cliath, ach atá go dona breoite toisc go gcaitheann sé a chuid ama ar fad taobh istigh, ag scríobh. Deir a dhochtúir leis nach bhfuil ach bliain fágtha aige ar an saol. Cinneann sé go gcaithfidh sé a bhliain dheireanach mar oibrí ar fheirm amuigh faoin tuath, ag déanamh oibre atá fiúntach agus fearúil. Iontas na n-iontas, téann a bheatha nua chun sochair ann agus tagann biseach air. Pósann sé bean ón gcomharsanacht agus maireann siad go sona sásta le chéile faoin tuath. Is ait an t-ábhar scéil é seo d'údar óg mór-ráchairte Gaeilge ó Bhaile Átha Cliath gur léir go raibh a chroí istigh ina chuid oibre agus a raibh sé mar aidhm aige freastal ar Ghaeilgeoirí óga na cathrach. Ní ag cáineadh na cathrach atá sé sa scéal áfach, ach ag cáineadh an chineáil saoil a bhíonn á chaitheamh ag roinnt daoine inti – saol gan aclaíocht, gan chaidrimh, gan mórán teagmhála leis an domhan taobh amuigh den teach. Creideann an príomhcharachtar, Risteard Crampton, gur ar an gcathair atá an milleán go bhfuil tinneas air ag tús an scéil. Tar éis dó a shláinte a fháil ar ais, áfach, filleann sé ar an gcathair, agus feictear dó nach ar Bhaile Átha Cliath, ach ar Risteard féin a

bhí an milleán: "Ba mhar a chéile an chathair i gcónaí agus bheadh sonas le fáil inti ag an té a raibh an dea-chroí aige...B'eisean a d'athraigh agus b'air a bhí an locht" (*Bliain ón mBás* 74-75).

Is sna gearrscéalta agus sna húrscéalta seo, nach bhfuil seánra ar leith ag baint leo, a lig Ó Sándair an méid is mó sriain lena chuid smaointe agus fealsúnachta féin. Déanann sé machnamh iontu ar an mbeatha agus ar an mbás, ar an gcathair agus ar an tuath agus ar staid an duine dhaonna sa domhan mór. Is iomaí rud, dar le Ó Sándair sna scéalta seo, atá níos buaine ná an duine – na crainn in aice an ospidéil in "Ainnir na Gruaige Duinne", nó an Life in "Duilleog as Leabhair Cathruightheora" a mbíonn fonn sealadach ar phríomhcharachtar an scéil sin é féin a chaitheamh isteach inti (Ó Sándair, *An Chathair* 16-17; 8-9). Smaoiníonn an carachtar seo, agus é ag breathnú anuas ar an uisce, gur "...mó duine a raibh trioblóidí an tsaoghail ag luighe ró-throm air a dtug uisce na habhann bealach éalóidh dó uatha" (8). Ach ansin, buaileann smaoineamh eile é: "Ní raibh sa tsaoghal so ach seal gearr sonais, seal fada fé bhuaidhirt, agus annsan suaimhneas síorraidhe. Dob amaideach an rud do dhuine leigint do rud ar bith cur as dó an iomarca" (9).

Ní raibh an Gúm róthógtha leis an bhféith fealsúnachta a bhíodh ag Ó Sándair sna cineálacha scéalta seo. Agus Tarlach Ó Raifeartaigh ag léamh lámhscríbhinn cuid de na scéalta a rachadh isteach in *An Bóthar go Cuailgne*, scríobh sé: "Tar éis damh an mhórchuid de scéalta agus d'iarrachta Ch. Uí Shándair a léamh tá sé á fheiceál damh nach bhfuil ach an cineál amháin scéaltaí a bhfuil lámh ná ceard ar bith aige orthu, mar atá, scéaltaí lorgaireachta nó scéaltaí fá lucht gunnaí ar nós buachaillí bó" (Comhad N1383). D'aontaigh Tomás Ó hÉighneacháin agus Seán Mac Lellan leis an mbreithiúnas seo, agus i mí Feabhra 1952 scríobh Mac Lellan chuig Ó Sándair ag iarraidh air cloí leis na scéalta

cineálacha – scéalta faoi Réics Carló agus Réamonn Óg – agus gan tabhairt a thuilleadh faoi "...scéaltaí maoithneachais..." dála na gceann atá le fáil sna leabhair ar fad atá luaite thuas (Comhad N1383). Mar ba ghnách leis, ghlac Ó Sándair gan cheist le breith an Ghúim, agus seachas cnuasach amháin eile a chuir sé faoina bhráid i 1954, *An tSeamróigín Dhílis agus Scéalta Eile*, níor bhac sé ina dhiaidh sin leis an gcuid seo den Chlub Leabhar Nua-Éireann.

### *3.2.2 An tÚrscéal Staire*

Is éard atá á áireamh agam mar scéal staire ná scéal ar bith atá lonnaithe i dtréimhse áirithe den stair, agus a bhfuil baint lárnach ag an tréimhse sin le himeachtaí an scéil[33]. An dá úrscéal aonair sa Chlub Leabhar Nua-Éireann atá sa ghrúpa seo ná *An Lá Geal* agus *Micilín*. Anuas orthu sin bhí sraith leabhar ag Ó Sándair bunaithe ar an gcarachtar Scorach Ghlionnáin, cineál 'Robin Hood' a bhíodh ag obair leis i gConamara le linn aimsir na bPéindlíthe. Is léir gur seánra ba ea an t-úrscéal staire nár mhiste leis an nGúm má nochtadh tuairimí láidre ann, tuairimí nach nglacfaí leo de ghnáth i scéal faoin saol comhaimseartha – i gcás an Chlub seo, tuairimí faoi mhuintir Shasana agus faoi na hAngla-Éireannaigh. Is scéalta eachtraíochta na húrscéalta staire ar fad a chum Ó Sándair don Chlub Leabhar Nua-Éireann, agus is cuid thábhachtach den scéal eachtraíochta traidisiúnta é namhaid shoiléir bhithiúnta a bheith ann – ról a thugtar do na Sasanaigh agus na hAngla-Éireannaigh i scéalta Uí Shándair.

In *An Lá Geal*, insítear dúinn scéal beirt deartháireacha agus na mná a bhfuil siad beirt i ngrá léi, óna n-óige go dtí Éirí Amach na Cásca 1916. Tomás agus Séamus Ó hÉigeartaigh is ainm don bheirt deartháireacha. Is oifigeach é a n-athair in arm na Breataine agus cé

[33] Déanfar plé níos mine ar an sainmhíniú seo i gcaibidil a cúig.

gurb as an nGaeltacht dá máthair, de réir an reacaire "...thug sí cúl ar Ghaedhealachas agus ar thír-ghrádh an lá céadna a thug sí cúl ar bhothánaibh a baile dúthchais" (Ó Sándair, *An Lá Geal* 9). Is léir gur peaca marfach é seo i súile an reacaire, mar insítear dúinn "...cé go raibh dóigheamhlacht a muinntire go fóill ag Eilís Ní Néill [an mháthair], bhí a hanam goidte uaithi ag an nGalldachas" (10). Tá Tomás beag dílis do dhílseachtaí a thuismitheoirí, ach tá an Gaelachas neadaithe go nádúrtha i gcroí Shéamuis agus feiceann an mháthair go luath go bhfuil "...an tsean-fhuil ag teacht in uachtar ann" (9). Is iníon í Eibhlín, grá geal na mbuachaillí, le cara Eilís Uí Éigeartaigh – cara nach bhfuil i ndiaidh an Ghaeilge a thréigint, agus a thóg a hiníon leis an teanga sin (11). Tagann an triúr in inmhe. Téann Tomás isteach san arm agus téann Séamus agus Eibhlín isteach sna hÓglaigh agus i gCumann na mBan, faoi seach. Tá Eibhlín ceanúil ar Thomás, ach tá a croí istigh i Séamus, an fíor-Ghael. Níl deireadh sona ar an scéal. Maraítear Eibhlín nuair a ionsaíonn saighdiúirí Thomáis an foirgneamh ina bhfuil sí le linn an Éirí Amach, agus maraíonn Séamus Tomás ar son na cúise.

Tá *Micilín* lonnaithe i dtréimhse ábhairín níos déanaí i stair na hÉireann. Leanann an scéal seo Micilín, Baile Átha Cliathach óg a rugadh i 1922, óna bhlianta scoile, trí bhlianta na hÉigeandála ina nglacann sé páirt i gcosaint na tíre sna Cosantóirí Áitiúla, agus críochnaíonn sé cúpla bliain i ndiaidh dheireadh an Dara Cogadh Domhanda. Tá iarracht níos mó déanta ag an údar fráma tagartha stairiúil a fhí isteach sa scéal seo ná a rinne sé in *An Lá Geal*. Luaitear na himeachtaí móra i saol na hÉireann a tharla idir 1922 agus deireadh na 1940idí, agus pléitear iad ó pheirspictíocht an duine óig a ghlac páirt iontu nó a chuala fúthu, cuir i gcás scaipeadh an airgid nua i 1928, Comhdháil Chorp Chríost i bPáirc an Fhionnuisce i 1932 agus an Tatú Míleata i nDroichead na Dothra i 1936 (Ó Sándair, *Micilín* 16-18). Glacann Micilín páirt sa Tatú Míleata mar bhall de na Gasóga, agus tá bród

an domhain air a bheith mar chuid den imeacht. Deirtear linn: "Nuair a bhailigh na sluaite go léir timpeall ar dheilbh na hÉireann agus 'Eibhlín a Rún' á chasadh ag na saighdiúirí, ba dheacair don bhuachaill óg na deora a chosc" (18). Cé go ndéantar a mhór de chrógacht na nÉireannach ar fad a rinne a gcion féin chun neodracht na hÉireann a chosaint le linn na hÉigeandála, tugtar moladh do mhuintir Shasana freisin as a misneach féin le linn an chogaidh (cé go bhfuil seirbhe éigin ag baint leis). Deirtear, faoi mhuintir Londain:

> Dhein an domhan mór ionadh dá gcalmacht. An chathair inar beartaíodh na pleananna le hoidhreacht na nGael a bhaint díobh, sliocht an dreama a rinne géarleanúint agus cos-ar-bolg ar mhuintir na hÉireann agus a dhein a gcroí-dhícheall le creideamh na nGael a scrios go deo, a chuir clog an Aifrinn ina thost, a strac an paidrín as lámha na mban roimh iad a dhúnmharú i nDroichead Átha, ghuidh Gaeil ar a son ar an bpaidrín nuair a bhíodar á gcéasadh. (40)

Is léargas an-spéisiúil é *Micilín* ar thréimhse thábhachtach i stair na hÉireann, ach níl an scéal féin ró-eachtrúil.

Ba í an tréimhse a chaith Ó Sándair i gCois Fharraige a thug an smaoineamh dó, is cosúil, sraith leabhar a bhunú ar Scorach Ghlionnáin, carachtar mór i mbéaloideas an cheantair sin. De mhuintir Uí Neachtain an Scorach, de réir an tseanchais, agus bhíodh sé ag goid beithíoch ón tiarna talún áitiúil, an Blácach, agus ag tabhairt na feola do mhuintir bhocht na háite (Mac Giollarnáth 80-83). I mí an Mhárta 1953 a chuir Ó Sándair lámhscríbhinn *Scorach Ghlionnáin agus Ballaí Indreabháin* (1955) faoi bhráid an Ghúim. Lean ceithre lámhscríbhinn eile í sna blianta ina dhiaidh sin, ach níor glacadh ach le péire acu, *Cuir Fios ar Scorach Ghlionnáin* (1956) agus *Scorach Ghlionnáin ó Chonamara* (1958). Taobh amuigh den chéad leabhar, ina gcuirtear síos ar an gcaoi ar thosaigh an Scorach ag crá na mBlácach agus ag dáileadh a maoine ar mhuintir bhocht Chonamara, níl mórán ceangail idir na scéalta atá sna cnuasaigh. Bíonn an Scorach agus a bhuíon ag imirt cleasanna ar na Blácaigh nó ag teitheadh uatha nó ag cabhrú le muintir na háite.

Is sa tsraith scéalta seo a rinne Ó Sándair iarracht, den chéad uair, freastal a dhéanamh ar dhaoine óga na Gaeltachta seachas ar dhaoine óga na Galltachta. Ní hamháin go bhfuil scéalta na sraithe lonnaithe sa Ghaeltacht, agus go bpléann siad le hábhar béaloidis a bhaineann le Gaeltacht Chonamara, ach anuas air sin rinne Ó Sándair iarracht a chuid scríbhneoireachta a chur in oiriúint don spriocmhargadh sin. Cuireadh lámhscríbhinn *Scorach Ghlionnáin agus Ballaí Indreabháin* chuig Seán Mac Giollarnáth chun é a mheas i gcomhair cló, toisc eisean a bheith ina shaineolaí ar an gceantar sin. Thaitin an leabhar go mór le Mac Giollarnáth, agus ina thuairisc scríobh sé: "Tá an t-údar seo ag iarraidh, den chéad uair, creidim, scéal a innsint i gcaint na ndaoine" (Comhad N1486). Tá scéalta na sraithe lomlán freisin le hamhráin dhúchasacha, cuir i gcás "Ros a' Mhíl", "Coinleach Glas an Fhómhair" agus "An Chúilfhionn" (Ó Sándair, *Ballaí Indreabhán* 5; Ó Sándair, *Cuir Fios ar Scorach Ghlionnáin* 28; Ó Sándair, *Scorach Ghlionnáin ó Chonamara* 72). I leabhair eile Uí Shándair, a bhí dírithe ar aos óg na Galltachta, d'úsáideadh sé amhráin a raibh cáil ní b'fhorleithne orthu – "Bímse buan ar buairt gach ló", "An Spailpín Fánach" nó "Preab san Ól" – nó amhráin Bhéarla, fiú (*An Bóthar* 31, 18; *Cluain Éanna go Bráth!* 68; *Réics Carló san Aifric* 38).

### *3.2.3 Scéalta Scoile*

Ba nós le Ó Sándair daoine fásta a úsáid mar phríomhcharachtair ina scéalta ar fad, seachas páistí, cé gur do pháistí a bhí sé ag scríobh. Baineann an nós seo leis an gcineál scéalta a bhí á scríobh aige, is é sin, scéinséirí. Tá eisceachtaí ón riail seo, áfach, i gcorpas Uí Shándair, agus ceann de na heisceachtaí sin ná a shraith de scéalta scoile. Is buachaillí meánscoile, idir ceithre bliana déag agus ocht mbliana déag d'aois atá mar phríomhcharachtair againn sna cnuasaigh gearrscéalta *Buachaillí Chluain Éanna* (1952), *Cluain Éanna go Bráth!* (1953), *Cluain Éanna Arís* (1953), *Uafás i gCluain Éanna agus*

*scéalta eile* (1954), *Buachaillí Chluain Éanna agus an Spiaire ón Spéir* (1954), *Buachaillí Chluain Éanna agus an Mac Léinn is Raimhre ar Bith* (1956), *An Chéad Bhliain i gCluain Éanna* (1959) agus *Eachtraí Bhuachaillí Chluain Éanna* (1960). Tá trí eisceacht ann, áfach – na scéalta "Teacht an Stróinséara", "An Fhuinneog Daite" agus "Slán le Cluain Éanna" sa chéad leabhar sa tsraith. Is iriseoir é príomhcharachtar an chéad scéil, a bhíodh ina dhalta i gColáiste Chluain Éanna, agus a fhilleann ar an scoil sin chun tráchtaireacht a dhéanamh ar chluiche iománaíochta. An dá scéal eile, ní scéalta iad go fírinneach ach sleachta as "Annála Chluain Éanna", scríofa ag iardhaltaí an choláiste agus iad ag cuimhneamh siar ar a laethanta scoile.

Is úrscéalta, seachas gearrscéalta, iad na trí leabhar a scríobh Ó Sándair faoi chailíní Chluain Éanna, *Cailíní Chluain Éanna* (1952), *Cailíní Chluain Éanna agus Fear an Chlóca Dhuibh* (1954) agus *Cailíní Chluain Éanna agus Mistéire na Scoile ar Muir* (1955). Is leabhair níos eisceachtúla fós iad na leabhair seo toisc gurbh fhíorannamh a bhíodh mná ná cailíní mar phríomhcharachtair ag Ó Sándair. Is léir gur mar scríbhneoir scéalta do bhuachaillí a chonaic Ó Sándair é féin go príomha, mar nuair a chuir sé lámhscríbhinn *Cailíní Chluain Éanna* faoi bhráid an Ghúim, mhol sé go gcuirfí ainm mná – 'Eibhlín Ní Bhriain' – seachas a ainm féin air (Comhad N1195). Glacadh lena mholadh i 1946, ach nuair a bhí an leabhar á chur i gcló faoi dheireadh i 1952 cinneadh gurbh fhearr an clúdach a athrú agus ainm Uí Shándair a chur air. An míniú a thug Ó hÉighneacháin air seo ná: "Tá fógraithe cheana gur le Cathal Ó Sándair an leabhar seo agus níor mhaith liom go mbeadh an dá rud ag bréagnú a chéile" (Comhad N1195). Is dócha go raibh an oiread sin cáile ar Ó Sándair ag an bpointe sin gur leor a ainm chun leabhar a dhíol – fiú dá mba leabhar do chailíní a bhí ann.

Tá sé luaite ag Nic Congáil go bhfuil "...macalla..." in ainm Choláiste Chluain Éanna ar "...Scoil Éanna an Phiarsaigh" ("Réics Carló" 12). Gach seans go raibh Ó Sándair ag tabhairt ómóis do scoil an Phiarsaigh agus é ag ainmniú a choláiste fhicseanúil féin, cé nach bhfuil aon fhianaise dhocht ann chun é sin a chruthú. Is cinnte go bhfuil nasc éigin ag Coláiste Chluain Éanna le scoil an Phiarsaigh sa bhéim a leagtar ar chultúr traidisiúnta na hÉireann ann. Is scoil lán-Ghaeilge é Coláiste Chluain Éanna, ina dtugtar áit ar leith do litríocht, do stair agus do mhiotaseolaíocht na hÉireann. In *Cailíní Chluain Éanna*, cuir i gcás, deirtear go bhfuil sé de dhualgas ar chailín amháin a bheith ag léamh amach ó *An tOileánach* (Ó Criomhthainn 1929) le linn am bricfeasta (Ó Sándair 10). Mar an gcéanna, in *An Chéad Bhliain i gCluain Éanna* insíonn an reacaire dúinn, agus é ag caint ar Éamonn 'an Chnoic', dalta sa choláiste: "Óráid Roibeaird Emmet agus mórán dá ndúirt Tomás Dáibhis agus Seán Mistéil, bhíodar de ghlanmheabhair aige, agus b'aoibhinn leis bheith á n-aithris dá chompánaigh" (20). Ní lú an meas a léirítear i gColáiste Chluain Éanna ar na cluichí Gaelacha, ach an oiread. Nuair a thagann buachaill nua chun an choláiste in *Cluain Éanna go Bráth!*, cuireann sé iontas an domhain ar na buachaillí eile nach bhfuil spéis aige a bheith ag imirt leo sna cluichí Gaelacha: "Buachaill nach raibh suim aige i bpeil ná in iomáin! B'ait ar fad an scéal é, dar le Seán" (Ó Sándair 52).

Is i mbéal daoine fásta a chuirtear na ráitis is láidre faoin gcultúr Gaelach agus faoin nGaeilge, áfach, sna sleachta as "Annála Chluain Éanna" in *Buachaillí Chluain Éanna*. In "An Fhuinneog Daite", scríofa ag Séamus Ó Riain B.A., múinteoir i gColáiste Chluain Éanna, pléitear an fhéidearthacht atá sa ghlúin nua de dhaltaí:

> Ar ndóigh, ní hí ré na saoirse a fuaireas-sa scolaíocht, agus is móide mo bhuíochas agus mo bhród an ghlún seo a rugadh faoi shaoirse a fheicsint ag foghlaim conas is fearr an nua-Éire agus an tsean-Éire a thabhairt chun aontachais, agus a máthairthír a árdú chun na réime a thaibhsigh an Piarsach agus an Conghaileach di. (Ó Sándair, *Buachaillí Chluain Éanna* 48-49)

Déantar an rud céanna sa dara sliocht, "Slán le Cluain Éanna" le Pádraig Ó Casaide, iardhalta eile:

> A Shéamuis Mhic Ghrianna, a Phádraig Uí Chonaire, a Sheabhaic shultmhar shuairc, nára saothar in aisce bhúr saothar! Nár scara an ghlún seo a rugadh fé shaoirse leis an taisce a chuir sibh ar láimh shábhála dhóibh. Nára fada go mbeidh muintir na hÉireann go huile, chomh maith le buachaillí Chluain Éanna, ag caint is ag clamhsán, ag ceol 's ag cogarnaigh, i dteangain a sean is a sinsir! (82)

Cuirtear na focail mhaoithneacha seo i mbéal daoine fásta, feictear dom, chun aon rótheagascachas a d'fheicfeadh na léitheoirí iontu a chur ar ceal. Is féidir leis na léitheoirí glacadh go dáiríre leis na smaointe sin, nó neamhaird a thabhairt orthu mar mhaoithneachas an duine fhásta ag caitheamh i ndiaidh a bhlianta scoile féin.

Ó thaobh ábhar na scéalta de, tá an-chosúlacht idir téamaí leabhair Choláiste Chluain Éanna agus scéalta Réics Carló ó dheireadh na hÉigeandála ar aghaidh. Is díol suntais an oiread sin uaireanta a thagann cúrsaí adamhacha i gceist sna scéalta. Is ar na cúrsaí sin atá an t-úrscéal *Cailíní Chluain Éanna agus Fear an Chlóca Dhuibh* bunaithe, cuir i gcás. Cuireann duine de na cailíní a hathair (an Dr Leon, cara Réics Carló) i bhfolach i seomra rúnda sa choláiste go bhféadfaidh sé bailchríoch a chur ar fhoirmlí tábhachtacha, foirmlí a chuirfidh "...i gcumas Rialtas na hÉireann feidhm do bhaint as an bhfórsa adamhach ar fhíor-bheagán costais i gcompráid leis an méid airgid is gá do náisiúin eile do chaitheamh chun an obair chéanna do dhéanamh!" (Ó Sándair, *Fear an Chlóca Dhuibh* 39). Is minic freisin a chabhraíonn daltaí Chluain Éanna leis na Gardaí agus leis na hoifigigh custaim breith ar smuigléirí. Is i gCáirlinn, Co. Lú atá an coláiste lonnaithe[34], ceantar atá an-ghar don Teorainn, agus dá bhrí sin bhíodh go leor smuigléirí gníomhach ann an uair sin.

[34] Is i gCáirlinn atá Coláiste Chluain Éanna lonnaithe i ngach leabhar seachas an chéad dá cheann (*Buachaillí Chluain Éanna* agus *Cailíní Chluain Éanna*), ina ndeirtear go bhfuil an coláiste i gCill Mhantáin. Bhog Ó Sándair go Cáirlinn ag deireadh na 1940idí chun a bheith ina oifigeach custaim ansin, agus is léir ón oiread sin uaireanta a d'úsáid sé Cáirlinn mar láthair ina chuid scéalta go raibh sé an-tógtha leis an áit. Chuir sé na focail seo, mar shampla, i mbéal Réics Carló: "Táim-se le Cáirlinn mar bhí an Reachtaireach le Contae Mhuigheo" (Ó Sándair, *An Meaisín-fé-Thalamh* 41).

Tuigeann na daltaí go maith cé chomh docharach is atá an smugláil don tír. "Naimhde don tír seo lucht na smuglála", a deir Éamonn 'an Chnoic' in *Uafás i gCluain Éanna agus scéalta eile*, "Is ionann bheith ag smugláil agus bheith ag goid airgid as an Státchiste!" (Ó Sándair 52).

Tá cúpla cineál scéil sna leabhair seo, áfach, atá mar chuid de sheánra an scéil scoile amháin. Ceann acu siúd ná an scéal a bhaineann le cleas a imirt ar dhalta eile nó ar mhúinteoir. Chruthaigh an cineál seo scéil fadhbanna do na léitheoirí a d'fhostaigh an Gúm, a cheap nach raibh sé oiriúnach do chomhlacht foilsitheoireachta a bhí ceangailte go dlúth leis an Roinn Oideachais a bheith ag cur amach scéalta ina léirítear dímheas do mhúinteoirí. Scríobh Seán Mac Maoláin, cuir i gcás, ina thuairisc ar lámhscríbhinn bhunaidh *Buachaillí Chluain Éanna agus an Spiaire ón Spéir*: "Níl taitneamh ar bith agam ar na bobanna bhuaileann ughdair (i mbréigriocht daltaí scol) ar mhúinteoirí – go háirithe nuair nárbh fhéidir na bobanna bhualadh, ar chor ar bith, gan na múinteoirí bheith ina n-amadán go smir" (Comhad N1465). Tháinig fadhb seo an 'drochshampla' aníos arís agus scéalta déanacha Uí Shándair á gcur i gcló, toisc daoine óga a bheith mar phríomhcharachtair sna scéalta sin freisin. Is léir nach raibh mórán deacrachta ag an nGúm le drochghníomhartha, idir dhúnmharú, ghadaíocht agus chleasanna dímheasúla, a fhad is gur daoine fásta a bhí á ndéanamh seachas páistí.

### *3.3 Club Leabhar an Iarthair Fhiáin*

Tar éis Chlub Leabhar Réics Carló, is é Club Leabhar an Iarthair Fhiáin an Club Leabhar is líonmhaire de chuid Chathail Uí Shándair. San iomlán, foilsíodh seacht leabhar agus fiche sa Chlub sin idir 1949 agus 1961, idir úrscéalta agus chnuasaigh gearrscéalta. Ní raibh aon cheangal idir an chéad chúpla leabhar sa tsraith – *Soir ón Rio Grande* agus *Bealach an*

*Ghunna* (1951) – ach ó 1952 ar aghaidh ba mhinice ná a mhalairt gurbh é Réamonn Óg, sirriam króga Lodestone, laoch scéalta an Chlub. Is minic gur bhain Ó Sándair úsáid as leaganacha éagsúla de na plotaí céanna agus é ag scríobh leabhair faoin Iarthar Fiáin. Bíonn rainse mná óige i mbaol ó bhithiúnaigh agus bíonn laoch de dhíth chun teacht i gcabhair uirthi. Bíonn bithiúnaigh eile ag iarraidh aighneas a chruthú idir na daoine geala agus na hIndiaigh, mar beidh brabach éigin ann dóibh má thosaítear troid idir an dá dhream. Ní hannamh go mbíonn baint ag órthaisce caillte, nó órmhianach rúnda nó smuigléirí eallaigh leis an scéal. Scríobh Ó Sándair féin aoir ar na plotaí athchúrsáilte seo ar fad sa leabhar *Éamonn Róg, An Bó-Bhuachaill Bómánta* (1960).

Sa chéad chuid de na scéalta faoi Réamonn Óg, is thart ar Lodestone, an baile beag a bhfuil Réamonn Óg mar shirriam air, a tharlaíonn na heachtraí seo ar fad. Tar éis tamaill d'éirigh Ó Sándair bréan den suíomh sin, áfach. Ó *Díoltas Réamoinn Óig* (1959) ar aghaidh, nuair a éiríonn Réamonn Óg as an tsirriamacht chun dul ar thóir an fhir a mharaigh a ghrá geal Beití Larsen, is ag fánaíocht timpeall an Iarthair Fhiáin atá sé. Téann sé ó bhaile go baile, ag cabhrú leis na húdaráis áitiúla deireadh a chur le buíonta éagsúla bithiúnach. Filleann sé ar Lodestone cúpla uair, chun cabhrú le hAlonso, an fear a bhíodh mar leas-sirriam aige. In *Eachtra Dheireannach Réamoinn Óig* (1961), filleann Réamonn Óg ar Lodestone den uair dheireanach, nuair a mharaítear Alonso. Ag deireadh an scéil maraíonn Réamonn Óg agus a namhaid a chéile, agus tagann deireadh le Club Leabhar an Iarthair Fhiáin.

I 1951, agus é ag meas *Fir an Iarthair Fhiáin* (1952) i gcomhair cló, scríobh P. S. Ó Tighearnaigh: "Ní bheadh duine ag súil le hard-mhóráltacht i scéalta a bhaineas le saol fiáin an réigiúin seo Ameiriocá" (Comhad N1413). B'fhíor dó. Léirítear go minic i scéalta Uí Shándair gur ceantar ar leith é iarthar Mheiriceá, nach bhfuil ach na fir agus na mná is

cróga in ann don saol ann. Deirtear linn in *Soir ón Rio Grande*, cuir i gcás: "B'annamh a gheibheadh an fear léannta saol fada na laetheanta san. Nuair a bheadh a smaointe sna réigiúin úd mar a n-áitíonn 'x' agus 'y', ní bheadh sé réidh chun gunnaire amhrasach do chosc ar urchar .45 do chur trína chroí" (Ó Sándair 10). Bhíodh deacrachtaí ag an nGúm anois is arís leis an easpa móráltachta seo i gClub Leabhar an Iarthair Fhiáin. Mhol Ó Tighearnaigh don Ghúm gan glacadh le trí cinn de na scéalta a bhí i mbunlámhscríbhinn *Fir an Iarthair Fhiáin*, toisc gur cothaíodh comhbhá le cuid de na bithiúnaigh sna scéalta sin. Níos measa fós, sloinnte Gaelacha a bhí ar chuid de na bithiúnaigh sin! Bhí fadhb ar leith ag Tomás Ó hÉighneacháin leis an marú atá mar dhlúthchuid den seánra seo. Bhíodh sé i gcónaí ag tathant ar Ó Sándair gan a charachtair a chur á marú a chéile. Scríobh sé ina thuairisc ar *Réamonn Óg agus an Marcach Dubh* (1960), cuir i gcás: "Ní gá oiread sin daoine mharbhú. Is leor iad a chur 'as an mbealach'" (Comhad N1546). Ceist í seo a tháinig aníos anois is arís sna scéalta faoi Réics Carló, freisin.

Bhí gné mhórálta eile den Chlub Leabhar seo a bhíodh ag cur i bhfad ní ba mhó imní ar mhuintir an Ghúim ná an iomarca dúnmharuithe, áfach, is é sin go raibh eagla orthu go mbeadh "...cineál de Brighton Young..." déanta ag Ó Sándair de Réamonn Óg (Comhad N1472). Is léir ón gcomhthéacs agus ó fhreagra Uí Shándair gur 'Brigham Young' a bhí i gceist ag Seán Mac Maoláin nuair a scríobh sé an nóta sin, duine de cheannairí Eaglais Naoimh na Laethanta Deireannacha i Meiriceá sa naoú céad déag, agus fear a raibh ní ba mhó ná bean chéile amháin aige. An freagra a fuarthas ó Ó Sándair ná: "Níl beartaithe agam Mormon a dhéanamh de Réamonn Óg! Nár lige Dia!" (Comhad N1472). An chúis go raibh Mac Maoláin buartha ná gur minic a bhíonn bean óg ar leith sna scéalta a gcuireann Réamonn Óg spéis inti, agus níor ceapadh sa Ghúm gurbh inmholta an t-iompar é seo do laoch i scéal do dhaoine óga. Bhí Mac Maoláin sásta i 1955 nuair a tháinig

lámhscríbhinn *Réamonn Óg agus Marcaigh na hOíche* (1958) isteach chuige, scéal ina dtiteann Réamonn Óg i ngrá i gceart le Beití Larsen, agus iarrann sé uirthi é a phósadh. Scríobh Mac Maoláin: "...ó thárla Réamonn Óg pósta anois (ag an ughdar) ní hoireamhnach, feasta, Réamonn do bheith i ngrádh le mnaoi ar bith ach léi-se féin" (Comhad N1579). Bhí dearmad déanta ag gach duine, is léir, idir scríbhneoir agus léitheoirí agus eagarthóirí, go raibh Réamonn Óg in ainm is a bheith pósta an t-am ar fad, ó dheireadh *Réamonn Óg ar an Rio Grande*, an chéad leabhar sa tsraith.

Is fiú a lua gur éirigh le Ó Sándair a bheag nó a mhór de Ghaelú a dhéanamh ar scéalta Chlub Leabhar an Iarthair Fhiáin, in ainneoin a láithreach eachtrannaí. Is mó dua a chaith sé leis an obair seo sna saothair luatha sa Chlub. In *Soir ón Rio Grande* caithfidh fear óg darb ainm Chico Carson cabhrú le bean óg, Angélé de Róiste, an rainse a fuair sí i ndiaidh bhás a hathar a choimeád slán ó bhithiúnaigh. 'Teamhair' is ainm don rainse, a ainmníodh in ómós do mháthair Angélé, a tháinig ó "...thír bheag i bhfad i gcéin..." agus a raibh "...grá thar cuimse..." aici don tír sin (Ó Sándair, *Soir ón Rio Grande* 26, 50). Is de shliocht Éireannach é Dáibhidh Burnett in *Inion an Iarthair* (1953), freisin, agus "Cé nach bhfaca sé féin, ná a athair roimhe, Éire iath-ghlas oileánach, bhí tréithe an Ghaeil – an charthannacht, an fhéile, an fhilíocht agus an t-uabhar – go smior ann" (Ó Sándair 7-8). Is beag den Ghaelú seo atá le feiceáil sna leabhair dheireanacha de chuid Uí Shándair atá lonnaithe san Iarthar Fiáin, áfach.

### *3.4 Eachtraí an Chaptaein Toirneach, Foghlaí Mara*

Foilsíodh sé scéal san iomlán faoin gCaptaen Toirneach, Foghlaí Mara – *Faoi Bhratach an Bháis* (1956), *An Captaen Toirneach ar Eachtra Eile* (1956), *An Captaen Toirneach ar an*

*Meánmhuir* (1957), *An Captaen Toirneach Arís* (1957), *An Captaen Toirneach agus Órthaisce na Spáinneach* (1958) agus *Faoi Sheol leis an gCaptaen Toirneach* (1959).

Dála *An Lá Geal*, *Micilín* agus na scéalta faoi Scorach Ghlionnáin ón gClub Leabhar Nua-Éireann, is úrscéalta staire iad na leabhair seo a phléann le tréimhse ar leith i stair na hÉireann agus an domhain. An tréimhse atá i gceist sa tsraith seo ná na blianta tar éis chreach Dhroichead Átha i 1641, nuair a bhíodh Éireannaigh á bhfuadach agus á ndíol mar sclábhaithe ar na plandálacha móra i dTuaisceart Mheiriceá agus sna hIndiacha Thiar[35]. Tosaíonn an scéal in *Faoi Bhratach an Bháis* tamall i ndiaidh na creiche sin, nuair atá Risteard Toirneach, buachaill dhá bhliain déag d'aois, ina chónaí lena mháthair thinn i mbothán taobh amuigh de Dhroichead Átha. Maraíodh a bheirt dartháireacha níos sine le linn an chatha, agus tá a athair i ndiaidh teitheadh go dtí an Spáinn chun éalú ó shaighdiúirí Chromail. Chreid sé go mbeadh a bhean agus a mhac óg slán in Éirinn, ach bhí dul amú air. Tagann an Captaen Stoirm, Sasanach, agus a shaighdiúirí agus fuadaíonn siad Risteard. Cuirtear é ar bord loinge le slua d'Éireannaigh óga eile, agus tógtar iad chuig an Domhan Nua chun iad a dhíol mar sclábhaithe leis na plandóirí móra ansin. Ar an mbealach anonn, éiríonn Risteard mór le cúpla Éireannach eile, agus díoltar iad leis an bplandóir céanna. Tar éis roinnt mhaith blianta ag sclábhaíocht ar an eastát in Iamáice éiríonn leis na hÉireannaigh, agus fear gorm amháin darb ainm Sambo, éalú ón oileán agus seilbh a ghlacadh ar long – 'Oiliféar Cromal'. Athbhaisteann siad 'Droichead Átha' uirthi, agus déanann siad foghlaithe mara díobh féin – foghlaithe mara nach gcreachann ach longa Sasanacha agus luchta díolta sclábhaithe.

[35] Tá cuntas ar stair na tréimhse seo scríofa ag Sean O'Callaghan in *To Hell or Barbados: The Ethnic Cleansing of Ireland* (2000).

Cé gur mó de scéalta eachtraíochta ná scéalta staire iad eachtraí an Chaptaein Toirneach, ní hí creach Dhroichead Átha an t-aon imeacht stairiúil a ndéantar tagairt dó sa tsraith. In *An Captaen Toirneach ar an Meánmhuir* téann criú 'Droichead Átha' go dtí an Ailgéir, ar thóir na nÉireannach a fuadaíodh le linn "...an léirscriosta do rinneadh tráth tháinig dhá loing Ailgéireacha go Dún na Séad, an fichiú lá de Mheitheamh na bliana 1631" (Ó Sándair 19). Tá na hÉireannaigh sin ag obair mar sclábhaithe san Ailgéir ó shin, ach éiríonn le Risteard agus a chomhfhoghlaithe mara iad siúd atá fós beo a thabhairt ar ais go hÉirinn. Cé nach cuntas iomlán cruinn ar chúrsaí staire atá le fáil sa tsraith, tá carachtar amháin inti atá bunaithe ar fhíorphearsa stairiúil, is é sin an Captaen Enrí Morgan, foghlaí mara ón mBreatain Bheag a bhíodh ag obair le rialtas Shasana. Is eisean namhaid Risteard i gcuid de na scéalta, cé gurb ait le Risteard go bhfuil Breatnach ag obair leis na Sasanaigh , agus "...cuid de na Breathnaigh i ngar do bheith chomh dímheasúil ar rialtas Shasana agus bhí na hÉireannaigh féin" (Ó Sándair, *Faoi Sheol* 7). Tá meas de chineál éigin ag an mbeirt Chaptaen seo ar a chéile áfach, i gcodarsnacht leis an déistean atá ag an gCaptaen Toirneach do na captaein Shasanacha – an Captaen Stoirm agus an Captaen Greene, cuir i gcás.

Mar a luadh i gcás na scéalta staire a bhí mar chuid den Chlub Leabhar Nua-Éireann, is léir gur mhothaigh Ó Sándair go raibh saoirse éigin aige – nó gá éigin, b'fhéidir – chun tuairimí láidre a nochtadh sa seánra seo leabhar, chomh fada is a chloígh siad leis na tuairimí a bhí thuas ag an am. Níl aon amhras ach gurb iad na Sasanaigh bithiúnaigh na sraithe seo. Is ionann Sasanach agus namhaid do mhuintir 'Droichead Átha':

> "Dhá loing, agus bratach na Sasana in airde acu!"
> Ba leor an méid sin féin chun a chur in iúl don Chaptaen Toirneach gur naimhde do bhí chuige. (Ó Sándair, *An Captaen Toirneach ar Eachtra Eile* 14)

Is léir go gcreideann muintir 'Droichead Átha' agus a cairde nach fíorfhoghlaithe mara iad féin, toisc nach mbacann siad ach le longa Sasanacha agus longa muintire díolta sclábhaithe (agus is rímhinic gurb ionann an dá rud sin). Mar a deir dochtúir le Risteard Toirneach in *An Captaen Toirneach ar an Meánmhuir*: "...ní muirfhoghlaí mar gach muirfhoghlaí thusa, a Chaptaen Toirneach. Tá d'ainm ina chraobh aonaigh i ngach calafort dá bhfuil sna hIndiacha Thiar. Is eol do chách nach gcuireann tú isteach ar éinne ach ar cheannaithe sclábhaithe agus ar andaoine eile atá chomh holc leo sin" (Ó Sándair 3). Is dócha gurb iad na '[h]andaoine' atá i gceist ag an dochtúir anseo ná na Sasanaigh. Eisceachtaí ón riail seo ná sclábhaithe Sasanacha a shábhálann an Captaen, agus pé bean óg Shasanach a chastar air.

Ní raibh aon fhadhb ag an nGúm leis an téama seo frith-Shasanach sna scéalta. A mhalairt – thaitin sé go mór le léitheoirí áirithe ann go raibh íomhá chomh dearfach de mhuintir na hÉireann á cur chun cinn sna scéalta – díreach mar a cuireadh in *Ceathrar Comrádaí* (C. Mac Aonghusa 1938). Mar a scríobh Seán Mac Maoláin ina thuairisc ar *Faoi Sheol Leis an gCaptaen Toirneach:*

> Níl sa mhór-chuid de'n scéal ach cunntais ar eachtraí guaiseamhla – rud a thaitneas go breagh leis an aos óg. Is iomdha scéal Béarla den tseort chéadna a léigheas i bhfad ó shoin. Ach idir iad siúd agus é seo, tá duifear nach beag-de-shuim. Do réir na scéalta Béarla ud ní raibh aonduine ion-churtha leis an tSasanach; ach is é an tÉireannach an deagh-fhear sa scéal seo. (Comhad N1549)

Tá béim an-láidir sna sé scéal sa tsraith seo ar thábhacht dhílseacht na ndaoine óga dá dtírín dhúchais. Deirtear go minic sna scéalta go bhfuil Éire in anchaoi agus nach acmhainn do Risteard agus a chairde filleadh uirthi go dtí go mbeidh caoi níos fearr uirthi. Idir an dá linn, baisteann siad 'Éire Bheag' ar an oileán rúnda atá acu, agus i dtuairim Risteard tá 'Droichead Átha' "...ina páirt d'Éirinn aige – ach páirt nach raibh aon smacht ag na Sasanaigh uirthi" (Ó Sándair, *Faoi Bhratach* 42; Ó Sándair, *Órthaisce na*

*Spáinneach* 28). Is é mian croí an Chaptaein Toirneach filleadh ar Éirinn lá amháin. Tugtar deis dó áit a ghlacadh ar bord loinge Spáinní le hais a athar, ach diúltaíonn sé don tairiscint. B'fhearr leis cloí leis an obair atá ar siúl aige i gcoinne Shasana. Míníonn sé do Thríona, a ghrá geal: "Bheadh caoi mhaith go leor orainn imeasc na Spáinneach; ach b'fhearr ná seacht mbliana den tsaol sin liom bheith bliain amháin in Éirinn – agus thusa bheith im fhochair!" (Ó Sándair, *An Captaen Toirneach ar Eachtra Eile* 19).

### *3.5 Eachtraí an Chaptaein Spéirling, Spás-Phiolóta*

Níorbh iad eachtraí an Chaptaein Spéirling an chéad triail a bhain Ó Sándair as an bhficsean eolaíochta. Is cuid den seánra sin *Réics Carló ar an nGealaigh* (1951) agus an scéal "Réics Carló ar Mhars" sa leabhar *Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile* (1951). Ní hionann domhan an dá scéal sin agus domhan an Chaptaein Spéirling, áfach. Tarlaíonn scéalta Réics sna 1960idí nuair a théann sé féin, an Ruarcach, Fionnuala agus an Dr Leon ar an 'nGráinne', spáslong an dochtúra, go dtí an ghealach agus ansin go Mars. Nuair a shroicheann siad an dá áit sin feiceann siad iontaisí – díneasáir atá chomh mór le Gallán Nelson, plandaí áille srl. (Ó Sándair, *Réics Carló ar an nGealaigh* 31, 25). Tá sibhialtachtaí iomlána ina gcónaí ar an ngealach agus ar Mars, agus is le cuimilt na nÉireannach leis na sibhialtachtaí sin a phléann an dá scéal.

Ní hionann Mars nó gealach scéalta an Chaptaen Spéirling le gealach agus Mars dhomhan Réics Carló. Tá eachtraí an Chaptaein Spéirling lonnaithe níos faide sa todhchaí, thart ar an mbliain 2000[36] agus ní hí fiosracht a chuireann an duine daonna chuig an ngealach, ach géarghá. In *An Captaen Spéirling, Spás-Phiolóta* (1962) tá Terra (an Domhan) ag rith

[36] Deirtear go dtarlaíonn eachtraí *An Captaen Spéirling Arís* sa bhliain 2050, ach tá na scéalta eile sa tsraith (agus na carachtair chéanna iontu) lonnaithe caoga bliain roimhe sin, seachas cúpla scéal in *An Captaen Spéirling agus an Phlainéad do Phléasc agus Scéalta Spáis eile* a tharlaíonn níos faide ar aghaidh fós sa todhchaí.

amach as úirne, an fhoinse fuinnimh is mó atá in úsáid ó tháinig deireadh leis na breoslaí iontaise. Tá na Náisiúin Aontaithe cinnte go bhfuil an Tríú Cogadh Domhanda ar tí tosú, agus tíortha an domhain ag iarraidh seilbh a ghlacadh ar a bhfuil fágtha den úirne ar Terra. Tá Éireannach amháin, an tOllamh Ó Glarcáin, cinnte go bhfuil úirne ar fáil go flúirseach ar Luna (an ghealach), agus téann sé féin agus a chara, an Captaen Spéirling, chuig Luna i spáslong Uí Ghlarcáin chun fírinne na barúile sin a fhiosrú – turas atá maoinithe ag Roinn Chosanta na hÉireann. Pléann *An Captaen Spéirling Arís* (1960) agus *Leis an gCaptaen Spéirling go Mars* (1961) le chéadturas mhuintir Terra chuig Véineas agus Mars faoi seach. Is cnuasach gearrscéalta é *An Captaen Spéirling agus an Phlainéad do Phléasc agus Scéalta Spáis Eile* (1960) ina bhfuil meascán de scéalta spéisiúla.

Bíonn léargas suimiúil le fáil i gcónaí san fhicsean eolaíochta, mar caithfidh an t-údar íomhá den todhchaí a chruthú dá léitheoirí, íomhá a mbeidh claonta éagsúla le sonrú inti – mar an gcéanna leis an scéal staire, go pointe. I scéalta Uí Shándair, cuir i gcás, tá Éire aontaithe. Deir an reacaire linn in *An Captaen Spéirling Arís*:

> Bhí Éire faoi shíocháin bhreá, an tráth úd. Bhí gach páirt di saor le fada. Leath na seisiún, do tionóltaí Dáil Éireann i mBaile Átha Cliath; an leath eile, is i mBéal Feirsde do tionóltaí í. Le leathchéad blian, bhí deireadh leis an easaontas do bhíodh idir an dream Oráisteach agus an chuid eile de mhuintir na hÉireann; agus b'iontach mar chuaigh an tír go léir chun rathúnais lena linn sin. (Ó Sándair 4-5)

Sa leabhar céanna, insítear dúinn go bhfuil Sasana i ndiaidh saoirse a thabhairt dá chóilíní ar fad, agus nach cumhacht mhór dhomhanda é a thuilleadh:

> Sea, níor mhórchumhacht, in aon chor, í Sasana, sa mbliain úd 2050. An Ind, an tSeilinis, Guiana, Cósta an Óir, an tSipris, Malta agus a thuilleadh, bhíodar go léir ar a gconnlán féin, fán taca úid, agus iad neamhspleách léi. Fearacht na Rómhánach anallód, diaidh ar ndiaidh theann saighdiúirí Shasana i ndiaidh a gcúil chuig a dtír féin. Agus, déanta na fírinne, ba chúis sásaimh é an méid sin do bhunáite na Sasanach féin. Níor shuarach í maoin aiceanta a dtíre. Agus, ó fágadh i dtuilleamaí na maoine sin iad, rinneadar a mhór di; agus bhí ag éirí leo bheith compordach go leor. Rud eile, ba bhródúil mórán díobh toisc bheith i ndon a rá gur dá ndeoin féin do thugadar saoirse do chuid de na cóilíní. (Ó Sándair 4)

Is fíorannamh a luaigh Ó Sándair cúrsaí polaitíochta in aon leabhar eile dá chuid. Bhí fadhb ag an nGúm le heachtra in *Micilín*, cuir i gcás, toisc go bhfuil carachtar amháin ann a mholann de Valera agus ceapadh go mbeadh daoine ag gearán gur bolscaireacht ar son Fhianna Fáil a bhí ann (Comhad N1296). Is annaimhe fós a rinneadh aon trácht ar chríochdheighilt na hÉireann i litríocht Ghaeilge na n-óg. Toisc gur ficsean eolaíochta atá sna scéalta i sraith an Chaptaein Spéirling, áfach, is léir nach bhfacthas an chonspóid chéanna a bheith i gceist.

Ní raibh fadhb ag an nGúm, ach an oiread, le cuid de na heachtraí sa tsraith nach bhfuil go hiomlán eiticiúil ná mórálta. In *An Captaen Spéirling, Spás-Phiolóta*, filleann na hÉireannaigh ó Luna, agus go leor úirne faighte acu ó mhuintir Luna. Tá rud éigin eile acu leo freisin, áfach – gléas chun 'gaethe so-mhéine' a dhéanamh. Is éard is ga so-mhéine ann ná ga a bhaineann gach fonn troda nó argóna as an duine a ndírítear air é. D'úsáid muintir Luna na gaethe seo chun a chinntiú nach dtarlódh cogadh riamh arís ar an ngealach, agus tugtar ar iasacht é do na hÉireannaigh. Ag deireadh an leabhair tá cruinniú idir ionadaithe na Náisiún Aontaithe agus glactar cinneadh chun na gaethe a úsáid ar gach duine ar an domhan. Tá na hÉireannaigh sásta agus "...buanchlú curtha in áirithe do Éirinn, toisc gurbh í ba chúis don tsíocháin suthain do bhí á santú ag lucht dea-mhéine ar fud Terra agus Luna" (Ó Sándair, *Spás-Phiolóta* 57). Ní cheistítear eitic an ghnímh. Mar an gcéanna, sa scéal "An Spás-Fhoghlaí" in *An Captaen Spéirling agus an Phlainéad do Phléasc agus Scéalta Spáis Eile* pléascann na húdaráis plainéad iomlán le hadamhbhuamaí nuair nach ngéillfidh na foghlaithe spáis a bhfuil cónaí orthu ar an bplainéad sin dóibh. Is léir gur chreid an Gúm gur cheadmhach a leithéid i scéalta den chineál sin toisc nach raibh mórán bainte acu leis an bhfíorshaol.

### *3.6 Scéalta Eile*

Tá dhá leabhar a scríobh Ó Sándair sa tréimhse roimh a shos oibre i 1957 nach féidir a rangú sna grúpaí thuas. Tá an chéad cheann acu luaite agam cheana, is é sin *Éamonn Róg, An Bó-Bhuachaill Bómánta*, aoir ar shraith Réamoinn Óig. Sa scéal seo, tá Éamonn Róg, Éireannach óg ar ball den lucht siúil é, i ndiaidh a óige ar fad a chaitheamh ag léamh scéalta faoi Réamonn Óg agus faoin Iarthar Fiáin. Tá a thuismitheoirí cráite aige agus a chuid léitheoireachta, agus an dearcadh atá aige ar an saol mar thoradh air. Creideann Éamonn go bhfuil an domhan timpeall air cosúil le domhan a scéalta, agus cinneann sé go mbeidh sé ina shirriam ar Éirinn. Fágann sé carabhán a thuismitheoirí agus taistealaíonn sé timpeall na hÉireann ag lorg "...bithiúnaigh ar bith do bheith ag féacháil le seilbh fearainn do bhaint de chailín álainn óg a raibh a hathair tar éis bás d'fháil" nó a leithéid (Ó Sándair, *Éamonn Róg* 11). Is cineál Don Quixote atá ann, agus is iomaí eachtra greannmhar a bhaineann dó sula dtagann ciall chuige.

An dara leabhar atá ina sheasamh leis féin ná *Le Columbus Go Meiriceá* (1960). Is cuntas é an scéal seo ar an turas a rinne Columbus sa chúigiú céad déag, cuntas atá scríofa ag dalta scoile ar mholadh a mhúinteora, agus is é an sampla is fearr d'úrscéal staire traidisiúnta a scríobh Ó Sándair. Sa chuntas seo, ligeann an reacaire, Brian, air féin go raibh seisean ina dhlúthchara ag Columbus agus go ndeachaigh sé leis trasna na Mara Dorcha. Cé go mbaineann scéal an leabhair sin le turas Chríostóra Columbus go Meiriceá, d'éirigh le Ó Sándair cúpla tagairt d'Éirinn a chaitheamh isteach ann (Ó Sándair, *Le Columbus* 15). Tá sé scríofa ar an leabhar gurb é an chéad leabhar é i sraith darb ainm 'Eachtraí Bhrian na mBrionglóidí', ach níor foilsíodh a thuilleadh leabhar sa tsraith sin riamh.

### *3.7 Scéalta Déanacha Uí Shándair*

Tháinig athrú mór ar na cineálacha scéalta a bhíodh á scríobh ag Ó Sándair nuair a tháinig sé ar ais chuig an nGúm tar éis sos dhá bhliain go leith. An dá phríomhdhifríocht idir na leabhair seo agus na cinn a tháinig rompu ná gur daoine óga príomhcharachtair na scéalta déanacha ar fad, agus go bhfuil siad scríofa sa chéad phearsa – murab ionann agus formhór scéalta Uí Shándair go dtí sin. Ní léir cén fáth gur athraigh Ó Sándair a nósanna scríbhneoireachta. Seans maith go raibh sé ag iarraidh rudaí nua a thriail féachaint an bhféadfadh sé léitheoirí nua a tharraingt isteach, mar bhí sé in iomaíocht faoin am sin le Club Leabhar na Sóisear, a phléifear i gcaibidil a cúig. Pé cúis a bhí aige, chothaigh a chleachtais nua deacrachtaí sa Ghúm. Dála na bhfadhbanna a luadh cheana i gcás na scéalta scoile, mhothaigh an Gúm go raibh air a bheith an-chúramach faoi cheisteanna mórálta i scéal ar bith a bhain le carachtar óg.

Tháinig an tseancheist faoin bhforéigean agus faoi dhúnmharuithe aníos nuair a bhí an Gúm ag meas lámhscríbhinn *Ar Son a Charad*, scéal faoin Iarthar Fiáin, i gcomhair cló. Tá an scéal seo lonnaithe in Lodestone, ach níl tásc ná tuairisc ar Réamonn Óg. Is é Seán Ó Riain, buachaill ceithre bliana déag d'aois, príomhcharachtar an scéil seo. Mharaigh bithiúnach a athair blianta roimhe sin, agus ag tús an scéil cloiseann Seán ráfla go bhfuil an bithiúnach céanna ag filleadh ar Lodestone chun tuilleadh díobhála a dhéanamh. Nuair a mharaíonn an bithiúnach an sirriam an uair seo, tá fonn mór ar Sheán é a leanúint agus díoltas a bhaint amach. Ní ligfidh a mháthair dó dul, áfach, agus téann cara le Seán, fear darb ainm Aindí Fada, ina áit. Nuair a fheiceann máthair Sheáin a chráite is atá sé sáinnithe sa bhaile, ligeann sí dó Aindí a leanúint. Le chéile, éiríonn le Seán agus le hAindí deireadh a chur le ré an bhithiúnaigh agus a bhuíne. Sa bhunleagan den scéal, bhí ar Sheán gunna a úsáid. Ní raibh Tomás Ó hÉighneacháin sásta leis sin in aon chor. Scríobh sé:

> ...Níl Seán Ó Riain ach 14 bliana d'aois agus féach go bhfuil cur síos ag an údar "ar an gcéad duine a mharbhaigh sé" (52); cf. lch. 58 "Níor chreid an sirriam go

> raibh sé folláin do dhuine óg éirí ceanúil ar bhealach an ghunna, etc. etc." Is léir go dtuigeann an t-údar an chontúirt atá ag baint leis an droch-shampla seo agus ba chóir dó í a sheachaint i leabhra don aos óg...Ba chóir, sílim, an ghunnadóireacht go léir ar thaobh an dlí a fhágáil faoi Aindí Fhada. (Comhad N1655 – le Ó hÉighneacháin an bhéim)

Rinneadh amhlaidh, agus sa leagan a foilsíodh ní ghortaíonn Seán duine ar bith. Ní éiríonn sé "...ceanúil ar bhealach an ghunna..." ach faigheann post mar fhoraoiseoir (Ó Sándair, *Ar Son a Charad* 52).

Bhí eagarthóirí an Ghúim idir dhá chomhairle faoi mhóráltacht scéil eile a scríobh Ó Sándair sa tréimhse sin, *An Príosúnach*. Sa scéal seo, éalaíonn príosúnach as príosún Phort Laoise agus teitheann trasna na tíre. Tar éis cúpla lá tá sé tinn agus tá ocras agus tuirse ag goilliúint air. Impíonn sé go foréigneach ar theaghlach an reacaire, Brian, dídean a thabhairt dó. Tá a fhios ag tuismitheoirí Bhriain nach ngortódh an príosúnach éinne i ndáiríre agus buann an charthanacht atá iontu ar an dualgas a mhothaíonn siad fios a chur ar na Gardaí, agus ligeann siad don phríosúnach fanacht leo go dtí go bhfuil biseach air. Nuair a thagann biseach air, téann sé ar ais chuig an bpríosún dá dheoin féin. Ní thuigeann Brian ar dtús cén fáth a bhfuil a thuismitheoirí ag ligean do choirpeach fanacht sa teach, nó cén fáth a bhfuil náire ar a athair nuair a deir Brian gur chóir dóibh fios a chur ar na Gardaí agus an príosúnach ina chodladh. De réir a chéile, áfach, fásann cairdeas idir é agus an príosúnach, agus tuigeann sé nach drochdhuine é. Ní raibh eagarthóirí an Ghúim cinnte faoin teachtaireacht a bhí sa leabhar, agus sa deireadh lorg siad comhairle sagairt faoin gceist. Cuireadh an lámhscríbhinn chuig an Athair Eric Mac Fhinn, a bhí mar léitheoir ag an nGúm. Thaitin an leabhar go mór leis, agus scríobh sé ina thuairisc:

> Ní fheicim fáth ar bith le gan fadhbanna mar sin a chur os comhair léightheoirí óga. Tá na ceachta céadna le foghluim acu a bhí le foghluim ag Brian...Cinnte, is ceart "cathróirí maithe" a dhéanamh de na páisdí. Ach ba cheart go dtuigfidís go bhfuil rudaí is tábhachtaighe agus is bunúsaighe na riaghlacha dlighidh…(Comhad N1663)

Baineann *Prionsa, Rí na Madraí* (1963), *Mo Mhadra, Prionsa* (1964) agus *Prionsa Arís* (1966) le buachaill óg, a mhadra Alsásach Prionsa agus na heachtraí ar fad a tharlaíonn dóibh. Níor thaitin an tsraith seo riamh le Tomás Ó hÉighneacháin, mar níor cheap sé go raibh go leor eolais ag Ó Sándair faoi mhadraí agus faoina n-iompar (Comhad N1673). Níor foilsíodh ach trí cinn de na cúig leabhar sa tsraith a cuireadh faoi bhráid an Ghúim. Ba é *Prionsa Arís* an leabhar deireanach de chuid Uí Shándair ar ghlac an Gúm leis i gcomhair foilsiú le linn na tréimhse atá faoi chaibidil sa tráchtas seo.

## *4 Ráchairt ar Leabhair Chathail Uí Shándair*

Níl aon amhras ach go ndearna Ó Sándair éacht ar son litríocht Ghaeilge na n-óg, éacht nach bhfuil sáraithe ag scríbhneoir ar bith ó shin. Mar a luadh cheana, deirtear gur díoladh breis agus 500,000 cóip de leabhair Uí Shándair san iomlán (M. Mac Aonghusa 27). Fágann an figiúir sin gurb é Ó Sándair, mar atá scríofa ag O'Leary, "...by far the most prolific and best-selling writer of Irish in the history of the language" (*Writing Beyond* 104). Fiú muna bhfuil an figiúr sin go hiomlán cruinn, caithfear a choimeád i gcuimhne freisin go mbíodh cuid mhaith de léitheoirí Uí Shándair ag brath ar leabharlanna chun teacht ar na leabhair, rud a fhágann gur dócha gur léigh ní ba mhó daoine a leabhair ná a cheannaigh cóipeanna díobh.

Cén fáth a raibh an oiread sin spéise ag Éireannaigh óga i leabhair Uí Shándair, áfach? Ceann de na buanna ba mhó a bhí ag Ó Sándair, ar ndóigh, ná a bhisiúla is a bhí sé. Ghlac an Gúm le 118 leabhar dá chuid i gcomhair cló i dtréimhse an tráchtais seo, agus bhíodh sé ag scríobh d'irisí agus do nuachtáin ag an am céanna. Cé gurbh é ábhar na leabhar féin ba chionsiocair leis an rath a bhí orthu, mar a áiteofar thíos, ní féidir neamhaird a thabhairt ar an tionchar a d'imir líon fhoilseacháin Uí Shándair ar dhílseacht a lucht léitheoireachta.

D'fhág raidhse a shaothair go bhféadfadh daoine óga a bheith ina léitheoirí rialta díograiseacha Gaeilge den chéad uair, ag leanúint eachtraí charachtair aithnidiúla Uí Shándair gach mí. Anuas air sin, mar a mhíníonn Hickey agus Ó Cainín, meallann sraitheanna faoi na carachtair chéanna "...léitheoirí drogallacha toisc gur féidir leo brath ar rudaí áirithe i ngach leabhar nua, rud a thugann tacaíocht agus misneach dóibh" (33). D'éirigh le Ó Sándair féith cheart na léitheoireachta Gaeilge a mhúscailt san aos óg den chéad uair – "Níor aimsigh sé margadh: chruthaigh sé ceann", mar atá scríofa ag Gréagóir Ó Dúill (13).

Áiteoidh mé sa chuid eile den chaibidil seo go bhfuil trí phríomhchúis ann gur éirigh chomh maith sin le saothar an tSándaraigh i lár an fhichiú céad, a bhisiúlacht fágtha as an áireamh. Ar dtús, líon Ó Sándair folús mór a bhí i litríocht na n-óg in Éirinn – ní hamháin i litríocht na Gaeilge, ach i litríocht an Bhéarla freisin – is é sin gur chuir sé scéinséirí dúchasacha ar fáil do dhaoine óga. An dara cúis go raibh tóir mhór ar a leabhair ná gur chruthaigh Ó Sándair íomhá nua fhíordhearfach d'Éirinn iontu, íomhá a bhí fréamhaithe ar thaobh amháin in oidhreacht na tíre, ach ar an taobh eile a bhí sáite i bhforbairtí nua-aimseartha. An tríú cúis a raibh rath as cuimse ar leabhair Uí Shándair ná go raibh siad dírithe go príomha ar lucht na meánscoileanna, ar dhéagóirí iad a raibh cónaí ar a bhformhór sa Ghalltacht. Ba dhream iad déagóirí na Galltachta a raibh faillí déanta iontu i litríocht na n-óg in Éirinn go dtí sin.

### *4.1 Scéinséirí Dúchasacha*

Chun an ráchairt ollmhór a bhí ar leabhair Uí Shándair a thuiscint i gceart, caithfear an cineál litríochta a bhí iontu a aithint. Tá Ó Sándair curtha i gcomparáid ag Nic Congáil le Enid Blyton "...i dtaobh na seánraí do pháistí ar bhain sé úsáid astu", ach áiteofar anseo go

bhfuil nasc i bhfad níos daingne idir saothar Uí Shándair agus cineál eile litríochta, ná atá idir é agus saothar Blyton ("Réics Carló" 12). An cineál sin litríochta ná litríocht na scéinséirí nó *thrillers* nó *bloods*. Bhí an-tóir ag muintir óg na hÉireann ar na leaganacha Sasanacha agus Meiriceánacha de na cineálacha leabhar seo sa chéad leath den fhichiú haois, ach is fíorbheag ábhar Éireannach dá sórt a bhí á chur i gcló. Mar a luadh cheana, d'aithin Seán Mac Lellan an luach a bhí sa chineál seo litríochta in Éirinn nuair a chuir Ó Sándair a chéad lámhscríbhinn faoi bhráid an Ghúim i 1942. Scríobh sé: "The plots of the stories are good, however, and while the work may have no literary merit yet it is a good example of the type of 'escape' reading-matter so popular in English with boys of 14-19..." (Comhad N1014). Mheas Mac Lellan go bhféadfadh an Gúm leabhair Uí Shándair a úsáid chun teacht i dtír ar an margadh mór a bhí ag an scéinséir impórtáilte as Béarla. D'aithin sé go raibh lámh mhaith ag Ó Sándair i scríobh scéinséirí, agus is í sin an chúis gur iarr sé ar Ó Sándair a thuilleadh leabhar den chineál sin a chur ar fáil i mí na Nollag 1942, an t-iarratas as ar tháinig an carachtar Réics Carló.

Cad is scéinséir ann, áfach? Úsáidtear an focal céanna chun tagairt a dhéanamh do dhá chineál éagsúla leabhar – *thrillers* nó *bloods* an aosa óig agus *thrillers* an duine fhásta[37], a bhfuil cur síos déanta ag Alan Titley air (*An tÚrscéal* 132). Is leis an gcéad chineál de na scéinséirí sin a bhí Ó Sándair ag plé, ar ndóigh. Tá stair scéinséirí an aosa óig ag E.S. Turner sa leabhar *Boys will be Boys: The Story of Sweeney Todd, Deadwood Dick, Sexton Blake, Billy Bunter, Dick Barton et al.* (1976) agus stair i bhfad níos cuimsithí ag Robert J. Kirkpatrick in *From the Penny Dreadful to the Ha'penny Dreadfuller: A Bibliographic History of the Boys' Periodical in Britain 1762-1950* (2013). Dar le Turner, "Probably there is no product of the human brain which has been the object of such remorseless and

[37] Ar ndóigh, léann daoine fásta scéinséirí do dhaoine óga agus vice versa, ach is é seo an bealach is simplí chun iad a rangú in dhá ghrúpa.

misconceived abuse as the boy's thriller" (11). Is cineál léitheoireachta é a mbíodh daoine i gcónaí ag caitheamh anuas air, ach a mbíodh áit ar leith aige i gcroí an duine óig (agus i gcroí an chorrdhuine fhásta, freisin).

D'eascair an scéinséir as an *penny blood* nó an *penny dreadful*, cineál foilseacháin a tháinig ar an saol i Sasana de réir mar a tháinig fás ar scileanna litearthachta i measc na hísealaicme ag tús an naoú céad déag. Ag an tráth céanna, tháinig dlíthe nua amach a chuir srian ar uaireanta oibre agus mar sin a thug am saor do dhaoine san aicme ab ísle sna cathracha agus sna bailte móra den chéad uair le fada. Bhí foirm nua siamsaíochta de dhíth ar an ngrúpa sin, agus mar thoradh air sin tosaíodh ag foilsiú na *penny bloods*, foilseacháin an-saor ar dhroch-chaighdeán a mbíodh scéalta uafáis agus scéalta eachtraíochta le léamh iontu. Mhair ré na leabhar sin go dtí deireadh an chéid, agus is ar leathanaigh an *penny blood* a cuireadh aithne fhorleathan ar charachtair dála Sweeney Todd agus Dick Turpin den chéad uair. Ar dtús ba mar ábhar léitheoireachta do dhaoine fásta a ceapadh iad, ach de réir a chéile dhírítí iad ar an aos óg – go háirithe ar dhaoine óga san ísealaicme a bhí ag obair, agus a raibh pingin nó dhó le caitheamh acu ar ábhar léitheoireachta. Ag an bpointe seo, de réir Kirkpatrick, thugtaí *penny dreadfuls* orthu (66).

Bhí trí chineál foilseachán ann a tháinig faoi scáth an teidil *penny dreadful*, dar le Kirkpatrick. An chéad cheann ná an iris do bhuachaillí – an páipéar *Boy's Own*, mar a thugtaí air. Sna foilseacháin sin bhíodh meascán de scéalta, codanna de scéalta, ailt eolais, comórtais agus pictiúir. An dara cineál foilseachán sa ghrúpa seo ná an *penny part*, ina mbíodh cuid de scéal foilsithe. Níor fhoilseacháin róshlachtmhar iad na *penny parts*, agus ba mhinic a chríochnaíodh ceann i lár abairte. Tháinig deireadh leis an *penny part* ag deireadh an naoú céad déag (Kirkpatrick 4). An tríú foirm inar foilsíodh *penny dreadfuls*

ná sa leabhrán nó *novelette*, mar chuid de 'leabharlann'. Ba sna Stáit Aontaithe a tosaíodh ag foilsiú na leabhrán seo i lár an naoú céad déag, agus thugtaí *dime novels* orthu (Kirkpatrick 217-261). Thug an Aldine Publishing Company trasna an Atlantaigh iad ag deireadh an chéid sin, agus foilsíodh slám mór acu sa chéad leath den fhichiú céad, ach go háirithe. An Sexton Blake Library an 'leabharlann' ab fhadmharthanaí a foilsíodh – mhair sé ó 1915 go 1970 (Kirkpatrick 299, 522-533). Is i bhfoirm leabhrán a d'fhoilsigh Cathal Ó Sándair a shaothar Gaeilge ar fad leis an nGúm, ach thug sé 'Club Leabhar' seachas 'leabharlann' ar na sraitheanna éagsúla a bhí aige.

Chuir fuilteacht agus easpa móráltachta na *penny dreadfuls* seo imní ar dhaoine áirithe, agus ba mhinic a chloistí gearáin fúthu ó "...the church, the judiciary, the mainstream press and from a variety of self-appointed moral guardians" (Kirkpatrick 459). Chreidtí go forleathan go raibh baint ag na foilseacháin seo leis an ógchoireacht. In 1855 thosaigh Samuel Orchart Beeton ag foilsiú *Boy's Own Magazine*, iris phingne a bhí dírithe ar dhaoine óga amháin, "...designed to wean the young from 'unhealthy' reading" (Turner 73). Thug an iris seo an t-ainm don chineál sin irisí – irisí *Boy's Own* – ach ba mhinic a thugtaí 'scéinséirí' nó '*bloods*' orthu freisin. Is iomaí foilseachán eile a tháinig amach sa dara leath den naoú céad déag a lean sampla Beeton, agus ba bheag difríocht a bhí le sonrú eatarthu. Níor glacadh go hiomlán le caighdeán mórálta na bhfoilseachán seo, áfach. Ba é an *Boy's Own Paper* – foilsithe ag an Religious Tract Society ó 1879 ar aghaidh – an chéad iris do dhaoine óga a bhí mórálta go leor don lucht gearán (Kirkpatrick 272).

D'éirigh leis na hirisí seo ar fad dúshlán an *penny dreadful* a thabhairt, agus bhí sé beagnach imithe ón saol nuair a thosaigh Alfred agus Harold Harmsworth[38] ag foilsiú

[38] Ba é Alfred Harmsworth a bhunaigh an *Daily Mail* agus an *Daily Mirror*.

*Comic Cuts* sa bhliain 1890, iris leathphingne, a chuir deireadh iomlán leis an *penny dreadful*. Choimeád muintir Harmsworth orthu ag cur amach irisí leathphingne – an *Halfpenny Wonder* agus an *Halfpenny Marvel*, cuir i gcás. Is sa *Halfpenny Marvel* a tháinig Sexton Blake, sinsear Réics Carló, ar an bhfód (Turner 111). Agus an chéad imleabhar den *Halfpenny Marvel* á fhoilsiú, cuireadh an mana seo a leanas air: "'No more penny dreadfuls! These healthy stories of mystery adventure, etc., will kill them'" (Luaite in Turner 111). D'éirigh le hirisí Harmsworth, trína bpraghas agus a gcaighdeán, an ruaig iomlán a chur ar na sean*penny dreadfuls* faoi dheireadh. Níor fhág sé sin, áfach, go raibh meas ag an saol ar na foilseacháin do bhuachaillí a ghlac a n-áit. Is minic a thugtaí 'ha'penny dreadfullers' orthu[39]. I bhfocail Turner: "The man who had sounded the death knell of 'penny dreadfuls' nevertheless lived to see his own publications called by the same name, though some people styled them as 'bloods', which was a shade more flattering" (126).

D'fhan spriocmhargadh léitheoireachta na bhfoilseachán seo dílis dóibh, áfach, agus cé gur imigh teidil éagsúla ón margadh agus tháinig cinn nua ar an saol, bhí an-tóir ag buachaillí (agus cailíní, uaireanta) fós ar an gcineál seo léitheoireachta i Sasana agus in Éirinn nuair a thosaigh Cathal Ó Sándair ag scríobh sna 1940idí. Ag an bpointe sin ba iad an 'Big Five', cúig iris a d'fhoilsítí in Albain, na cúig iris ba mhó tóir i measc an aosa óig sa dá thír (Mac Cuinn 1953; Jenkinson 1940). Is léir ón gcur síos atá déanta ag Turner orthu gurbh ionann ábhar na n-irisí seo, nach mór, agus ábhar scéalta Uí Shándair:

> Perhaps the editors of the *Adventure*, the *Rover*, the *Wizard*, the *Skipper* and the *Hotspur* might have been able to point out the differences between their journals, but the boys who bought them most certainly could not. All five carried sport, adventure, school, historical and futuristic stories (possibly the *Hotspur* ran more school stories than the others). (243)

[39] Dar le Turner ba é A.A. Milne a thug 'ha'penny dreadfuller' ar fhoilseacháin Harmsworth den chéad uair (126). Ní raibh Kirkpatrick in ann teacht ar bhunfhoinse na tagartha sin, áfach (366).

Is leis na seánraí móra ó na foilseacháin seo, na foilseacháin a bhíodh á léamh ag Ó Sándair féin nuair a bhí seisean ar scoil, is leo a chloígh sé nuair a thosaigh sé féin ag scríobh, mar aon leis an scéal bleachtaireachta.

Tá an-léargas ar nósanna siamsaíochta mhuintir óg na hÉireann ag tús na 1940aidí le fáil i suirbhé a rinne Seán Mac Cuinn mar chuid dá thráchtas máistreachta i 1942, agus ansin a d'fhoilsigh sa leabhar *Léitheoireacht agus Caitheamh Aimsire Buachaillí an Bhaile Mhóir* (1955). Ghlac cúig bhunscoil lánbhuachaillí i gcathair na Gaillimhe páirt sa suirbhé seo, agus d'fhreagair 686 dalta idir rang a trí (9 mbliana d'aois) agus rang a seacht (13 bliana d'aois) ceisteanna faoi na bealaí inar chaith siad a gcuid ama shaoir. Is léir ó thorthaí an tsuirbhé go raibh greim mór ag an bpictiúrlann ar shamhlaíocht an aosa óig in Éirinn faoin am seo, agus 60.3% de na daltaí ag freastal uirthi uair sa tseachtain nó níos minicí ná sin (Mac Cuinn 57). I gcodarsnacht leis sin is léir nach raibh an léitheoireacht chomh lárnach i saol na ndaltaí is a bheadh, murach an phictiúrlann agus an raidió. I gcomparáid leis an líon mór daltaí a bhíodh ag freastal ar an bpictiúrlann, ní dúirt ach 42% acu gur léigh siad leabhair, agus ba lú fós an líon daltaí a bhíodh ag léamh irisleabhar (26.2%) (94). Ar an taobh eile, áfach, dúirt 70% de na daltaí gur léigh siad nuachtáin[40].

Cé gurbh iad lucht na meánscoileanna an príomhlucht léitheoireachta a bhí ag Ó Sándair, is fiú breathnú ar thorthaí an tsuirbhé i rang a sé agus rang a seacht (12-13 bliana d'aois), chun léargas a fháil ar nósanna léitheoireachta an aoisghrúpa sin[41]. Tá na staitisticí i réimse na leabhar agus na n-irisleabhar níos airde sa dá rang seo. Dúirt 52.3% de mhuintir rang a

[40] Is dócha go mbíodh an cineál seo léitheoireachta ní ba choitianta toisc go mbíodh na nuachtáin á léamh ag tuismitheoirí na ndaltaí freisin, agus bhíodh teacht ní b'éasca acu orthu dá bharr.

[41] Bhí an scolaíocht riachtanach in Éirinn do pháistí idir 6-14 bliain i dtréimhse an tráchtais seo, agus chaith formhór na nÉireannach na blianta sin sa bhunscoil. An líon beag daltaí a chuaigh ar aghaidh chuig an meánscoil, d'fhág siad an bhunscoil agus iad idir 11-15 bliain, ach ba é 13 bliana d'aois an aois ba choitianta chun tosú ar an meánscolaíocht. (*Taighde ar Oideachas – Investment in Education* 10).

sé agus 46.8% de rang a seacht gur léigh siad leabhair agus ba iad na trí sheánra ab fhearr leo ná scéalta eachtraíochta, scéalta bleachtaireachta agus scéalta faoin Iarthar Fiáin (Mac Cuinn 17, 22). Bhí líon na léitheoirí irisleabhar ní b'airde freisin sna ranganna sin. Dúirt 35.8% de dhaltaí rang a sé agus 42.8% de dhaltaí rang a seacht gur léigh siad iad (10). Luaigh siad na cúig iris Albanacha – *The Wizard, The Hotspur*, *The Rover*, *Adventure* agus *Skipper* – ach is spéisiúil amach is amach é gurbh é *Our Boys*, iris de chuid na mBráithre Críostaí in Éirinn, an t-irisleabhar ba mhinice a luadh (12).

Tá taighde déanta ag Michael Flanagan agus Dáire Keogh ar *Our Boys*, iris a tháinig ar an saol den chéad uair i mí Mheán Fómhair 1914. An aidhm a bhí ag an iris, dar le Flanagan, ná "...competing for the hearts and mind of Irish youth against the perceived imperialist orientation of the British *Boys' Own* genre" ("'Tales told in the Turflight'" 57, nóta 1). Nuair a cuireadh tús leis an Athbheochan chultúrtha agus liteartha in Éirinn ag deireadh an naoú céad déag, thosaigh daoine áirithe ag tabhairt faoi deara go raibh lón léitheoireachta na nÉireannach óg ag cur i gcoinne mhianta mhuintir na hAthbheochana. Grúpa amháin a rinne sáriarracht é seo a leigheas ná na Bráithre Críostaí. Ó bhunaigh Éamann Rís an chéad scoil de chuid an oird sin in 1804, ba í aidhm na mBráithre oideachas oiriúnach a chur ar fáil d'aos óg na hÉireann. B'ionann oideachas oiriúnach Éireannach agus oideachas inar leagadh béim ar stair, ar chultúr agus ar theanga na hÉireann. Mar atá scríofa ag an mBráthair S. P. Ó Nualláin: "I scoileanna na mBráithre Críostaí bhí oideachas sonraitheach ar fáil. Bhí sé Críostaí agus Gaelach chomh maith de bhrí go ndearna sé cúram den indibhidiúlacht a bhain leis an nGael ó thaobh stair a thíre agus a theanga dúchais de" (111). Fórsa tábhachtach a bhí sna Bráithre Críostaí i gcur i bhfeidhm mhianta na nAthbheochantóirí, mar ba iadsan a bhí ag cur oiliúna ar an nglúin nua.

Anuas ar an teagasc Gaelach féin, chuir na Bráithre le cur chun cinn an Ghaelachais i mbealaí eile. Chuir siad téacsleabhair dhúchasacha ar fáil dá scoileanna a raibh leaganacha Éireannacha de stair na tíre le fáil iontu agus sa bhliain 1914 thosaigh siad ag foilsiú *Our Boys* mar léitheoireacht éadrom do na buachaillí taobh amuigh den seomra ranga[42]. Dar leis an mBráthair Ó Nualláin: "Nuair a tháinig *Our Boys* ar an bhfód sa bhliain 1914 chuir sé go mór le tionchar an tsaothair scoile agus chabhraigh sé leis an dearcadh náisiúnta a leathadh taobh amuigh de bhallaí na scoileanna" (113). Ba fhreagra é foilsiú *Our Boys* ar an imní a bhí ar lucht tacaíochta na hAthbheochana go ginearálta, go raibh foilseacháin Shasanacha ag déanamh dochair don chúis. Deir Michael Flanagan:

> Another cause of unease among many nationalists at this time was the mass dissemination of British boy's papers in Ireland. These weekly magazines were seen as representing the propaganda of British imperialism and...potentially corruptive to the embryonic patriotism of a crucial generation of Irish youth. ("'There is an Isle in the western ocean'" 8)

Bhí gá le laochra Éireannacha, a raibh luachanna Críostaí agus Gaelacha acu, a chur os comhair na ndaoine óga seo chun tionchar na n-irisí Sasanacha a laghdú.

Is é sin go díreach a bhíodh le feiceáil in *Our Boys*, dar le Flanagan ("'There is an Isle in the western ocean'" 29). Thóg eagarthóirí na hirise na seánraí móra ó na hirisí Sasanacha – an scéal eachtraíochta, an scéal staire, an scéal bleachtaireachta srl. – agus rinne siad leaganacha Éireannacha díobh, mar a dhéanfadh Mac Aonghusa le *Ceathrar Comrádaí* agus Ó Sándair lena shaothar seisean roinnt blianta ní ba dhéanaí.

Tá difríocht thábhachtach idir iris na mBráithre agus iarrachtaí Uí Shándair, áfach, taobh amuigh den teanga inar scríobhadh iad[43]. An difríocht sin ná an ról a bhíodh ag an gcathair

---

[42] Níorbh é *Our Boys* an chéad iris dhúchasach Éireannach do dhaoine óga. Foilsíodh *Young Ireland: An Irish Magazine of Entertainment and Instruction* idir 1875-1891 (féach Nic Congáil, "Young Ireland").

[43] Dar leis an mBráthair Aodh P. Caomhánach, bhí leathanach iomlán Gaeilge in *Our Boys* ón gcéad eagrán riamh ar aghaidh, faoi eagar an Bhráthair C. C. Uí Chráibhín, múinteoir Gaeilge Phádraig Mhic Phiarais. De

agus ag saol nua-aimseartha na hÉireann sna scéalta. De réir Flanagan, nuair a bunaíodh é chloígh *Our Boys* leis an gcreideamh náisiúnaíoch a bhí thuas ag an am (agus le tamall fada ina dhiaidh sin) gurbh ionann fíor-Ghaelachas agus an saol faoin tuath: "...the definitive form of true Irish community was located on an idealized western seaboard, far from the decay and corruption of what was perceived as the alien influence of modern metropolitan culture" ("'Tales told in the Turflight'" 58). Tháinig athrú mór ar *Our Boys* sa tréimhse roimh an Dara Cogadh Domhanda nuair a thosaigh an Bráthair Xavier McCloskey ag obair mar eagarthóir air. Chuirtí ailt ar "...aviation, science and technology..." san iris agus ba mhinic a phléití cúrsaí nuachta idirnáisiúnta ann (Keogh 129, 133). In ainneoin an dul chun cinn seo, bhí gnéithe fós den nua-aimsearthacht nár ghlac na Bráithre leo. Ceann díobh siúd, de réir Keogh, ná an phictiúrlann, "...a perennial target" san iris (132). Is cosúil go raibh na Bráithre toilteanach ábhar a fhoilsiú faoi chúrsaí comhaimseartha ar fud an domhain, ach nach raibh siad chomh sásta leis an nua-aimsearthacht sin nuair a bhí sí ag dul i bhfeidhm ar bhuachaillí na hÉireann. Mar a léireofar sa chéad chuid eile den chaibidil seo, ní raibh aon drogall ar Chathal Ó Sándair gnéithe d'Éirinn nua-aimseartha a tharraingt isteach ina chuid scéalta.

Cé gur leabhráin iad na foilseacháin ar fad a chuir Ó Sándair i gcló leis an nGúm, bhí sé i gcónaí ag iarraidh iris Ghaeilge a bhunú freisin. Scríobh sé chuig an Aire Oideachais i mí Feabhra 1944 ag déanamh cur síos ar thionscadail éagsúla a bhí ar intinn aige chun borradh a chur faoi léamh na Gaeilge i measc an aosa óig. Luaigh sé an Club Leabhar Nua-Éireann

---

réir Mhichíl Mhic Aonghusa, foilsíodh an chéad scéal Gaeilge le Cathal Ó Sándair, faoin ainm cleite 'Cuan Aoibheann', sa chéad eagrán de *An Gaedheal Óg* nuair a bhí an Sándarach 16 bliana d'aois (27). Mar atá tugtha faoi deara cheana, áfach, ní raibh an iris sin ar an saol an tráth sin, agus is é is dóichí gur ar leathanaigh Ghaeilge *Our Boys* a foilsíodh é ("Ó Sándair, Cathal (1922–1996)"). Bhí leathanaigh Ghaeilge san iris riamh, ach cuireadh leo ón 18 Feabhra 1937 ar aghaidh agus tugadh "Ár mBuachaillí" ar an rannóg. Rinneadh forlíonadh den rannóg sin ón 15 Meán Fómhair 1938 ar aghaidh, agus baisteadh "An Gaedheal Óg" air. Is dócha gur foilsíodh aiste Uí Shándair san fhorlíonadh sin ach ní raibh mé in ann teacht ar aon chóip de, faraor. Rinneadh iris de *An Gaedheal Óg* ansin i 1945. Sna 1960idí dhíoltaí suas le 30,000 cóip de gach eagrán de *An Gaedheal Óg* dar leis an mBráthair Caomhánach, agus is dócha go raibh baint ag an gceangal idir an iris agus na scoileanna leis an líon mór díolacháin sin (136).

agus chomh maith leis sin dúirt sé gur mhaith leis 'Comic Cuts' as Gaeilge a chur ar fáil do dhéagóirí, agus míosachán eile do pháistí idir 6-10 bliain d'aois. Chríochnaigh sé an litir mar seo a leanas:

> Táim óg – 21 ½ – agus, an fhaid is tá an fuinneamh ionnam chun obair chumadóireachta agus samhlaidheachta a dhéanamh, agus dóchas agam asam fhéin agus as an nGaodhluinn, ní maith liom faill ar bith a leigint tharram, agus is é sin an fáth go bhfuilim am' chur fhéin ós do chomhair ar an mbealach so. (Comhad G295)

Faraor, níor tugadh mórán airde ar mholtaí Uí Shándair ó thaobh na n-irisí de. Rinne sé iarracht arís, beagnach deich mbliana ní ba dhéanaí, a chur ina luí ar an nGúm gurbh fhiú go mór iris do dhéagóirí a fhoilsiú. Bhí freagra ionraic ag Seán Mac Lellan ar an iarratas seo. Chreid sé gur smaoineamh maith a bhí ann, ach nach "...léigheadh mórán de'n aos óg é muna scaiptear go h-éifeachtúil é, sé sin muna mbíonn sé ar díol ins na siopaí nuachtán. Fadhb é sin, an scaipeadh, nár bhféidir leis an nGúm réiteach go dtí seo" (Comhad G295). Aithníodh gur rud maith a bheadh in iris den sórt sin, ach nárbh acmhainn don Ghúm an gnó a dhéanamh mar ba cheart dó a bheith déanta.

I mí na Bealtaine 1943, nuair a foilsíodh *Na Mairbh a d'fhill*, ní raibh aon scéinséir dúchasach eile ar fáil in Éirinn, taobh amuigh de *Our Boys*, in ainneoin na ráchairte a bhí ar an gcineál sin scéil sa tír. Ba as Sasana, Albain, nó na Stáit Aontaithe a tháinig na leabhráin agus na hirisí ar fad a bhíodh á léamh go rialta ag ógánaigh na hÉireann. Bhí bearna mhór sa mhargadh, mar sin, i gcomhair leabhrán dúchasach nó irise dúchasaí eile. Chonaic Ó Sándair agus muintir an Ghúim an ganntanas seo agus is isteach sa bhearna sin a doirteadh leabhráin iomadúla Uí Shándair. Bhí buntáiste eile ag baint leis an tréimhse inar thosaigh Ó Sándair ag scríobh, ó thaobh scaipeadh na leabhrán de – bhí an Dara Cogadh Domhanda ar siúl, agus bhí trá éigin ar na hirisí agus leabhráin eachtrannacha a bhí ag teacht isteach sa tír. D'aithin Ó Sándair an buntáiste seo, agus b'in an chúis go raibh

sé ag tathant ar an nGúm an dá iris éagsúla a thosú sa bhliain 1944. Scríobh sé: "Nuair a bheidh an cogadh thart, beidh na leabhra ó Shasana agus na comic cuts ó Aimeirice againn go líonmhar arís. Beimíd caillte arís ins an saoghal tapaidh agus bheadh rud ar bith nua den tsaghas thuas báidhte" (Comhad G295). Níl aon amhras ach gur imir an ganntanas leabhar agus irisí eachtrannacha dea-thionchar ar dhíol leabhair luatha Uí Shándair sna 1940idí.

Cé gur tháinig deireadh leis an Dara Cogadh Domhanda i mí Mheán Fómhair 1945, ní thar oíche a tháinig deireadh leis na ganntanais éagsúla a d'eascair ón gcogadh. Bhí ganntanas páipéir, mar shampla, ag goilliúint ar an nGúm suas go dtí an bhliain 1952[44]. Mar an gcéanna, ní thar oíche a tháinig na foilseacháin impórtáilte ar ais go hÉirinn. Anuas air sin, ba thuar báis é an cogadh do chuid de na hirisí gallda. Sa bhliain 1940, cuir i gcás, tháinig deireadh leis an *Skipper* – ceann de na 'Big Five' – agus leis an *Detective Weekly*, an iris ina bhfoilsítí scéalta Sexton Blake (cé gur éirigh le Blake teacht slán ón gcogadh sa Sexton Blake Library). Is go críocrach a d'fháiltigh daoine óga na hÉireann roimh leabhair luatha Uí Shándair le linn na 1940idí, mar sin. Tá fianaise an chíocrais sin le feiceáil, ní hamháin sna figiúirí arda díolacháin – díoladh 29,000 cóip dá leabhar idir 1943 agus 1945 – ach in iompar na ndaoine óga an uair sin (Comhad G295). Seo sliocht ó litir Uí Shándair chuig an Aire Oideachais i mí Feabhra 1944: "Dubhairt sagart Íosánach as coláiste sa Ghaillimh liom go raibh air pionós a ghearradh ar bheirt bhuachaill a bhí ag léigheamh Eachtraí Réics Carló fé'n mbinse agus rang ar siubhal. Chonnacas féin cailín óg á léigheamh sa bhus" (Comhad G295). Luaigh Máirtín Ó Cadhain eachtra den chineál céanna sa chaint "Tuige nach bhfuil litríocht na Gaeilge ag fás?" a thug sé sa bhliain 1949. Dúirt sé:

> Níorbh í an úirscéalaíocht, an fhilíocht, an ghearrscéalaíocht, an drámaíocht, ná eile an chéadtuar go raibh borradh ag teacht faoi litríocht na Gaeilge, ach go raibh

[44] Féach *Foilseacháin an Ghúim* (Mag Shamhráin 1999) – d'fhoilsigh an Gúm cúig leabhar i 1950, ocht leabhar i 1951 agus ansin ocht leabhar is tríocha i 1952 (36-38).

> daltaí scoile i mBaile Átha Cliath ag léamh leabhra Chathail Uí Shandair, faoi na suíocháin, i ngan fhios do na hoidí. (254)

Chruthaigh Ó Sándair pobal dílis léitheoireachta dó féin, agus ba mhór an chabhair san éacht sin an ganntanas a bhí sa léitheoireacht éadrom do dhaoine óga ag an am.

Ní ag brath ar ghanntanas saothar gallda a bhí an Gúm chun leabhráin Uí Shándair a dhíol, áfach. Dá mba rud é gurbh ea, bheadh trá iomlán ar an spéis a léiríodh ina chuid leabhar chomh luath agus a tháinig na saothair ghallda ar ais ar an margadh. Sin rud nár tharla, cé gur tháinig laghdú suntasach ar dhíol na leabhar indibhidiúil. Mar atá feicthe againn sna caibidlí roimhe seo, ó na 1920idí ar aghaidh d'éirigh i bhfad ní b'fhearr le leabhair Ghaeilge don aos óg a bhí nuachumtha agus dúchasach ná a d'éirigh le haistriúcháin. Ba mhó i bhfad an tóir a bhí ar leabhair Marion King, Ailbhe Uí Mhonacháin agus Chathail Mhic Aonghusa ná ar na haistriúcháin iomadúla a foilsíodh do dhaoine óga sna 1930idí. Na haistriúcháin ar éirigh go maith leo, níor aistriúcháin dhíreacha a bhí iontu, ach leaganacha Gaelaithe de na scéalta – cuir i gcás na scéalta iontais a d'aistrigh Mac Giollarnáth in *Fí-Fá-Fum*, agus aistriúchán Mháiréad Ní Ghráda ar *Peter and Wendy* (Barrie 1911), *Tír na Deó* (Barrie 1938)[45]. Cuireann an díol mór a bhíodh ar *Our Boys* leis an téis seo freisin. In ainneoin na dúile a bhí ag ógánaigh na hÉireann i scéinséirí, áfach, agus na dúile a bhí acu i scéalta dúchasacha (go háirithe ina léitheoireacht Ghaeilge), ní raibh a leithéid de rud ar fáil agus scéinséir dúchasach Éireannach i bhfoirm leabhráin – i nGaeilge ná i mBéarla.

Is chun teacht i dtír ar an margadh seo a thosaigh Ó Sándair ag scríobh. D'fhás sé féin aníos mar chuid den phobal óg sin a raibh faillí á déanamh ina mianta léitheoireachta, agus

[45] Díoladh beagnach chuile chóip den mhíle cóip de *Tír na Deó* a foilsíodh, taobh istigh de dheich mbliana (Comhad A0370). Cé nach mór an díol é sin i gcomparáid le leabhair King srl., díol maith a bhí ann le haghaidh aistriúcháin.

thóg sé air féin an folús a líonadh. Nuair a chuir sé *Na Mairbh a d'fhill* faoi bhráid an Ghúim dúirt sé: "I believe that the youth of Ireland to-day needs something in the Gaelic language to off-set the influence of foreign "thrillers" and paper-back magazines" (Comhad N1036). Is léir nár thuig 'Thersites' ó *The Irish Times* an tarraingt a bhí i scéalta Uí Shándair nuair a scríobh sé an t-alt seo a leanas i 1953:

> The stock argument for this kind of thing is that it provides attractive reading matter in Irish for those who otherwise would have resort to the "anti-national" comics and and boys' and girls' papers in English...It may be that Mr. O Sandair can perform the task of providing for those who cannot get anything better than an *ersatz* product which bears some resemblance to the original. In other words, while we up in Dublin can get the finest products of American and British technology – we can have our Superman, Buck Rogers, Flash Gordon and Dick Tracey on tap – the poor man down in the Gaeltacht cannot...But this is merely a stop-gap solution. I have no doubt that your inhabitant of the Gaeltacht would dive for Superman and the others if he got half the chance.
>
> The fact is that there is nothing like the genuine article. The type of popular literature produced in America (and, to a less efficient extent, in Britain) is, technologically, a first-class job. It is, mass produced for a mass audience, and is carefully and accurately aimed at that audience.
>
> The snag in Mr. O Sandair's work is that, because it is an imitation, it fails to convince in the way that the, admittedly equally contrived original convinces...They fail, not only because of bad craftsmanship. but also because of their blatantly bogus assumptions. It is simply not possible to write a book or draw a cartoon strip, affectedly about Ireland, the basic assumptions of which are borrowed from life in New York or London. A picture of Garda Siochana cars skidding round corners on two wheels and engaging in running gun battles with a gang of international criminals, or of a "private eye" doggedly on the trail of a master-mind from Monasterevan, is just ludicrous. Why not have straight translations from the existing foreign works in this *genre*?" ("Private Views" 6)

Is sliocht fada é sin, ach léiríonn chuile phioc de nár thuig an scríbhneoir an scéal in aon chor. Tá sé róghnóthach ag sodar i ndiaidh na Meiriceánach chun a fháil amach gurbh iad muintir na Galltachta príomhléitheoirí leabhair Uí Shándair seachas muintir na Gaeltachta, ná a fheiceáil gur contrárthacht é a rá gur féidir le rud ar bith atá 'olltáirgthe' a bheith dírithe go cruinn ar spriocmhargadh ar leith. An chúis gur éirigh chomh maith sin le leabhair Uí Shándair ná toisc go raibh siadsan dírithe go cruinn agus go heolach ar a margadh, ó thaobh ábhair de agus ó thaobh stíle de freisin.

D'oir stíl na scéinséirí go seoigh do spriocmhargadh Uí Shándair, .i. léitheoirí nach raibh taithí mhaith acu ar léamh na Gaeilge taobh amuigh den seomra ranga, dála fhormhór na nÉireannach óg ag an am. Is dual don teanga a úsáidtear i scéinséirí a bheith lom, gonta agus bríomhar, agus bhí lámh mhaith ag Ó Sándair sa chineál sin scríbhneoireachta, mar a thugann an léirmheas seo ó *Inniu* le fios:

> An chéad rud a thugaimíd fá dear, go dtuigeann an t-ughdar gur le briathra a chuirtear fuinneamh agus gluaiseacht i stíl, agus nach le haidiachta. Tá luas agus bríoghmhaireacht fíor-riachtanach i litríocht de'n tsórt seo. Ní chuireann an t-ughdar focal amugha ar chur-síos ar áiteacha ná daoine, ní bhacann sé le caraghdaracht thar cupla focal, agus seachnann sé ar fad baint leis an earradh baoghalach úd ar a dtugtar "atmosphere". Tá an ceart ar fad i ngach nídh díobhtha sin. ("'Na mairbh a d'fhill'" 4)

Chuir an tsimplíocht seo go mór le hinshroichteacht leabhair Uí Shándair, ní hamháin dá bpríomh-mhargadh sa Ghalltacht, ach do mhuintir óg na Gaeltachta freisin nach raibh mórán taithí acu ar léamh na Gaeilge taobh amuigh den scoil ach an oiread. Bua eile a bhain le stíl scríbhneoireachta Uí Shándair ná gur mhinic a bhain sé úsáid as na nathanna céanna ina leabhair éagsúla, rud a threiseodh stór focal a léitheoirí.

Bhí Ó Sándair buartha nach mbeadh rath ar a leabhair sa Ghaeltacht, mar gheall ar bhlas uirbeach fhormhór na scéalta agus mar gheall ar an nGaeilge a bhí iontu freisin. Ba mhór an t-áthas a bhí air, mar sin, nuair a bhuail sé isteach i leabharlann scoile i mBaile na hAbhann i 1952 agus d'fhoghlaim go raibh lucht leanúna aige thiar. Is dócha gurbh é an t-eolas seo a spreag é chun sraith a chumadh a bhí dírithe ar mhuintir na Gaeltachta, agus ar mhuintir Chonamara ach go háirithe – sraith Scorach Ghlionnáin. Scríobh sé chuig Mac Lellan, ag rá: "...ní bhíonn deacracht ar bith ag na buachaillí iad a thuiscint cé go ndéantar tagairt iontu do mhórán ní iontu nach bhfuil cleachtadh ar bith acu orthu. Táid comh ceanúil ar bhithiúnaigh agus ar bhleachtairí agus ar a leithéidí agus tá buachaillí na

gcathracha!" (Comhad N1459). Scríobh Gréagóir Ó Dúill faoin tábhacht a bhain leis an ról a bhí ag Ó Sándair i gcothú na léitheoireachta Gaeilge in alt a scríobh sé i 1992. Dúirt sé:

> Má labhraíonn tú le lucht an léinn Ghaelaigh sa lá atá inniu ann, iad seo atá idir daichead agus trí scór bliain d'aois nó mar sin, is rídhócha go bhfaighidh tú amach gur fhoghlaim siad éascaíocht na léitheoireachta agus dúil inti as eachtraí Réics Carló, bleachtaire taistealach príobháideach. (13)

Gné eile den scéinséir a d'oir do léitheoirí óga na Gaeilge ná a shaoire is a bhíodh na foilseacháin sin. Ní raibh ach naoi bpingne ar an bhformhór díobh[46], praghas íseal a d'fhág go bhféadfadh daoine óga iad a cheannach dóibh féin. Scríobh Seán Óg Mac Maoláin i dtuarascáil sa bhliain 1967: "...go raibh sé de ghnás againn leabhair Chathail Uí Shándair a chur amach i gcónaí chomh saor agus ab fhéidir é – ar nós na sraith leabhar "Sexton Blake" a bhí ar fáil i mBéarla blianta ó shin – agus gur sin mar b'fhearr leis an údar é" (Comhad N1660). Ní raibh ar an nGúm mórán airgid a chaitheamh ar mhaisiú na leabhrán – ní raibh de dhíth ach clúdach tarraingteach. Ag pointe amháin sa bhliain 1952 mhol Ó Sándair don Ghúm go bhféadfaí clúdaigh chaighdeánaithe a chur ar na sraitheanna éagsúla ar fad chun deifir a chur ar fhoilsiú na leabhar, agus chun costaisí a ísliú (Comhad G295). Moladh eile a bhí aige ná an cló Rómhánach a úsáid, arís chun an foilsiú a bhrostú. Chreid sé go raibh a lucht léitheoireachta dílis go leor nach gcuirfeadh an t-athrú isteach ar dhíol na leabhar. Ní raibh eagarthóirí an Ghúim sásta le ceachtar de na moltaí sin, áfach. Níor foilsíodh ach sé cinn de leabhair Uí Shándair sa chló Rómhánach[47]: *Rún M'Athar*; *Mo Ghaiscíoch, Mícheál*; *Prionsa Arís*; *Mo Chara, Mo Namhaid*; *Fáilte ar ais, a Réics*; agus *Réics Carló ar Oileán Mhanann*. Cé gur dócha gur chuir úsáid an chló Ghaelaigh leis an díol a bhí ar leabhair Uí Shándair nuair a céadfhoilsíodh iad, d'fhág sé gur bheag tóir a

[46] Bhí 3p ar *Jacko* agus ar *Tríocha Píosa Airgid agus scéalta eile* nuair a céadfhoilsíodh iad i 1943, ach athraíodh sin go 4p i 1952 (Comhad N1060). Bhí scilling ar chuid de shraith Chluain Éanna, agus bhí scilling go leith ar na leabhair is deireanaí a foilsíodh sna 1960idí, a bhí sa chló Rómhánach.

[47] Níl athchlónna á gcur san áireamh anseo.

bhíodh orthu nuair a fuarthas réidh leis an gcló sin ó na 1960idí ar aghaidh. Níor athfhoilsíodh ach líon beag de leabhair Uí Shándair sa chló Rómhánach[48].

Bua eile a bhain le rogha Uí Shándair scéinséirí a scríobh ná gur dual do leabhair den sórt sin a bheith an- neamhréalaíoch. Mar a phléann Máirín Nic Eoin in *Trén bhFearann Breac*, i gcomhthéacs na scríbhneoireachta Gaeilge tá féidearthachtaí ag baint le seánraí nach gcloíonn leis an réaltacht, go háirithe agus an saol uirbeach á léiriú ag údar (410). Toisc go mbíonn a fhios ag an léitheoir go mbeidh go leor rudaí dochreidte ag tarlú sna seánraí seo, bíonn siad níos toilteanaí glacadh le léiriú ar an saol nach bhfuil réalaíoch – mar shampla, má tá Gaeilge líofa ag muintir Bhaile Átha Cliath ar fad, nó ag muintir an Iarthair Fhiáin (410). Ní raibh léitheoirí óga leabhair Uí Shándair ag súil le cur síos cruinn réalaíoch ar an saol agus iad ag leanúint eachtraí Réics Carló, an Chaptaein Spéirling agus carachtair eile Uí Shándair. Bhí siad réidh le glacadh le heitleáin dhofheicthe agus le turais chun na gealaí, agus dá bharr sin bhí siad réidh le glacadh le híomhá d'Éirinn nach raibh ag teacht leis an bhfíorthaithí a bhí acu ar Éirinn. Pléifear an íomhá sin go mion sa chéad chuid eile den chaibidil seo.

Tá cúiseanna éagsúla ann gur tháinig meath ar dhíol leabhair Uí Shándair – an t-athrú cló, cúrsaí geilleagair, an t-údar féin a bheith spíonta, iomaíocht le Club Leabhar an Sóisear srl. – ach ní féidir gur comhtharlú é gur tháinig deireadh le scéinséirí Uí Shándair thart ar an am a tháinig meath ar dhíol na scéinséirí go hidirnáisiúnta. Ón Dara Cogadh Domhanda ar aghaidh is ea a tháinig laghdú ar dhíol na scéinséirí. Ba léir do na foilsitheoirí Sasanacha agus Albanacha go raibh tóir mhór ar na greannáin Mheiriceánacha, a tháinig aniar den chéad uair le linn an Dara Cogadh Domhanda, agus thosaigh siad féin ag freastal ar an

[48] *Uafás i mBrú na Bóinne* (1970) an t-aon athchló sa chló Rómhánach a raibh mé in ann teacht air.

margadh sin, agus ag éirí as foilsiú na seanirisí agus na seanleabhrán. Tháinig deireadh leis an *Boy's Own Paper* (a d'fhoilsigh an Religious Tract Society ar dtús in 1879) sa bhliain 1967. Rinneadh greannán de *Hotspur* i 1959. Cuireadh *Rover*, *Adventure* agus *Wizard* le chéile i 1963 faoin teideal *Rover and Wizard*, agus ansin faoin teideal *Rover* arís i 1969. Sa deireadh, cuireadh le *Wizard* (greannán nua) é sa bhliain 1973. Fógraíodh go mbeadh deireadh leis an Sexton Blake Library freisin i 1963 (rud nár tharla), agus ar chloisint sin don scríbhneoir Jack Trevor Story, dúirt sé:

> The Sexton Blake Library, in common with other dead publications, lacks everything it takes to appeal to the mass audience now emerging from the new eleven-plus machine: it lacks dullness, it lacks peurility, it lacks sterility, it lacks pictures that could obviate reading altogether...' (Luaite in Turner 156)

As na hirisí ar fad den seandéanamh do bhuachaillí, ba é *Our Boys* na mBráithre Críostaí ab fhadmharthanaí, agus níor cuireadh deireadh leis go dtí mí an Mheithimh 1990 (Kirkpatrick 441). Is dócha gurbh é an dlúthnasc idir an foilseachán sin agus na scoileanna a choimeád slán é ar feadh tréimhse chomh fada sin – mar a luann Thompson, ba é *Our Boys* an t-aon iris dá shórt a bhí "...absorbed into formal Irish schooling" (15). Fós féin, rinneadh uasdhátú ar *Our Boys* sna 1970idí, mar thoradh ar "... present trends and requirements..." (Bosca 33).

Faoi dheireadh na 1960idí bhí deireadh tagtha le ré fhada na scéinséirí, agus bhí ré nua léitheoireachta ag tosnú ar fud an domhain thiar i measc an aosa óig. Ó thaobh litríocht Ghaeilge na n-óg de, bhí duine nua ag teastáil chun soláthar a dhéanamh ar an nglúin nua seo, sa chaoi chéanna a ndearna Ó Sándair freastal ar an nglúin a tháinig roimpi. Níor tháinig an duine sin, áfach. Mheath an spéis a bhí ag daoine óga i scéinséirí Uí Shándair ó na 1960idí ar aghaidh, agus rinneadh dearmad go forleathan ar an éacht a rinne Ó Sándair ar son na teanga agus ar son Ghaeilgeoirí óga na hÉireann.

### *4.2 'Nua-Éire' Uí Shándair*

Mar atá pléite agam thuas, bhí éileamh mór ar leabhair Uí Shándair toisc gur fhreastail siad ar phobal mór léitheoirí in Éirinn nach raibh ach freastal an-bheag á dhéanamh orthu i nGaeilge ná i mBéarla, is é sin daoine óga sna déaga ar thaitin scéinséirí leo. Cuid lárnach de tharraingteacht scéinséirí Uí Shándair ná gur leaganacha dúchasacha Éireannacha a bhí iontu de na foilseacháin ba mhó a raibh spéis ag Éireannaigh óga iontu sa chéad leath den fhichiú céad. Ní hamháin go raibh formhór na scéalta lonnaithe in Éirinn, ach anuas air sin chruthaigh Ó Sándair íomhá an-dearfach agus an-fhorásach d'Éirinn sna scéalta ar fad. Is léir gur thaitin an íomhá sin leis na léitheoirí óga Éireannacha a bhí tar éis an oiread sin scéalta a léamh i leabhráin agus in irisí gallda faoi shuáilcí an duine óig Shasanaigh nó Mheiriceánaigh.

Bhí sé mar aidhm ag Ó Sándair ón tús "...to encourage by suggestion rather than statement a sturdy, practical patriotisms [*sic*] and sense of national pride" (Comhad N1036). Chuir sé an aidhm sin i bhfeidhm trí íomhá fhíordhearfach d'Éirinn agus d'Éireannaigh a chur os comhair a léitheoirí. Thugadh sé 'Nua-Éire' ar an íomhá seo d'Éirinn – Éire inar ghlac béaloideas, miotas, stair agus litríocht na tíre ról mór i saol an phobail ach inar cuireadh fáilte freisin roimh na fionnachtana agus na nósanna nua a bhí ag teacht isteach sa tír ón taobh amuigh – eitleáin, an phictiúrlann, foilseacháin eachtrannacha, caiféanna srl.. Ní raibh eagla ar bith ar mhuintir na 'Nua-Éireann' roimh an hibrideacht chultúrtha seo. Ní raibh siad buartha go dtruailleodh an nua-aimsearthacht cultúr dúchasach na hÉireann toisc go raibh an pobal go hiomlán fréamhaithe sa chultúr dúchasach sin. Áit ba ea í 'Nua-Éire' Uí Shándair inar labhraíodh Gaeilge go forleathan ach nach raibh eagla ar na daoine inti roimh úsáid an Bhéarla ná tionchar na teanga sin.

Is féidir gnéithe den dearcadh seo ar Éirinn a shonrú a bheag nó a mhór i sraitheanna uile Uí Shándair, ach is i gClub Leabhar Réics Carló agus sa Chlub Leabhar Nua-Éireann a chaith Ó Sándair an dúthracht ba mhó ag cruthú na híomhá sin. Tá formhór mór na scéalta sa dá shraith sin lonnaithe in Éirinn, agus iad siúd atá lonnaithe i dtíortha eile (nó ar phlainéid eile), déantar tagairt d'Éirinn iontu go rialta. Cothaítear bród agus grá tíre tríd síos sna leabhair, agus déantar a mhór den Ghaelachas agus den dúchas. I bhfianaise an díol a bhí orthu is léir gur thaitin an dearcadh seo ar Éirinn go mór le muintir óg na tíre. Níor mhinic a bhí a leithéid feicthe acu i scéalta i nGaeilge ná i mBéarla, mar atá pléite cheana.

Is i gClub Leabhar Réics Carló a chuirtear os ár gcomhair an íomhá is dearfaí d'Éirinn. Mar a luadh cheana déantar rud mór de ról idirnáisiúnta na hÉireann sna leabhair sin, go háirithe sna leabhair a scríobhadh tar éis dheireadh an Dara Cogadh Domhanda. Thug neodracht an stáit, agus an chaoi inar chosain sé a neodracht le linn an chogaidh, muinín bhreise d'Éirinn as a stádas mar stát neamhspleách. Réitíonn Réics, Brian agus Fionnuala cásanna ar fud na cruinne, cásanna nach féidir leis na póilíní áitiúla iad a réiteach. In *Réics Carló sna Stáit Aontaithe*, mar shampla, maraítear deartháir Bhriain Uí Ruairc, atá ina phóilín i Nua-Eabhrac. Téann Réics et al. anonn chun iarracht a dhéanamh teacht ar an dúnmharfóir, agus tugann póilíní Nua-Eabhrac gach cúnamh dóibh san iarracht sin. Éiríonn leo deireadh a chur le drong spiairí atá ag díol rúin adamhacha le naimhde Mheiriceá, agus tá na húdaráis Mheiriceánacha fíorbhuíoch díobh.

Is carachtar an-tábhachtach san íomhá seo d'Éirinn mar chumhacht idirnáisiúnta é an Dochtúir Proinnsias Leon, cara le Réics. Casaimid ar an Dr Leon sa chéad leabhar i gClub Leabhar Réics Carló, *Na Mairbh a d'fhill*, agus insítear dúinn gur eolaí fíoréirimiúil é, atá

"...ag caitheamh blianta deiridh a shaoghail i seirbhís a thíre..." ag cruthú an eitleáin dhofheicthe (Ó Sándair 8). Ní hamháin gur eolaí é a bhfuil cáil idirnáisiúnta air in an-chuid réimsí éagsúla – an cheimic, an adamheolaíocht agus an spástaisteal – ach anuas air sin is staraí agus seandálaí oilte é, mar a léirítear dúinn in *Réics Carló san Éigipt* agus *Réics Carló i gCo. Mhuineacháin*. Cruthaítear go minic go bhfuil an Dr Leon i bhfad chun tosaigh ar eolaithe uile an domhain sna réimsí seo. A bhuí leisean, is Éireannaigh iad na chéad daoine chun cos a leagan ar an ngealach agus ar Mars. Casaimid ar an Dr Leon anois is arís i scéalta scoile Uí Shándair chomh maith, agus in *Buachaillí Chluain Éanna* deirtear linn:

> Nuair a thosaigh eolaithe an domhain ag déanamh triaileacha leis an adamh agus le cumhacht adamhach, i ndiaidh Cogaidh Mhóir 1939-'45, d'fhéach Leon chuige nach mbeadh Éire ar gcúl i gcúrsaí eadarnáisiúnta.
>
> Bhí sé ró-chliste. D'éirigh leis dul chun cinn seacht n-uaire níos tapúla ná na heolaithe thar lear. (34)

Is ar son ghlóire Dé agus onóra na hÉireann a dhéanann an dochtúir a chuid oibre i gcónaí, mar a mhínítear dúinn go rialta. Ní éiríonn riamh le bithiúnaigh eolas a mhealladh uaidh le breabanna ná le céasadh – tá sé ródhílis dá thír dhúchais.

In ainneoin na gné idirnáisiúnta seo de scéalta Réics Carló, ní bhíonn carachtair na scéalta buartha riamh faoin tionchar a imríonn an meascadh seo le cultúir éagsúla ar a gcultúr féin. A mhalairt – cuirtear Baile Átha Cliath, áit dhúchais Réics, os ár gcomhair mar chathair a bhfuil rianta láidre den nua-aimsearthacht agus den hibrideacht chultúrtha uirthi, agus déantar na rianta sin a cheiliúradh. Is geal le Réics a ghluaisteán cumhachtach de dhéantús Mercedes. Murach é, bheadh sé go mór chun deiridh sna tóraíochtaí éagsúla i ndiaidh coirpeach a nglacann sé páirt iontu timpeall na cathrach. Mar an gcéanna, is breá le Réics agus a theaghlach dul go dtí an phictiúrlann chun sos a thógáil óna ngníomhartha bleachtaireachta agus chun a scíth a ligean. Is minic a dhéantar tagairt sna leabhair do

ghnéithe den litríocht idirnáisiúnta freisin, na scéinséirí agus na greannáin a raibh an-tóir orthu ag an am ach go háirithe. In *An Gluaisteán Sídhe*, cuir i gcás, deirtear linn gur "Cuireadh Réics Carló agus Brian Ó Ruairc in Áiléar na hOnóra taobh le Flash Gordon, Charlie Chan, Mutt agus Jeff, an Dr. Fu Manchu, agus na daoine eile a dtaitnigheann a n-eachtraí go mór leis an aos óg" (Ó Sándair 51). Thuig Ó Sándair a thábhachtaí is a bhí na gnéithe seo d'Éirinn nua-aimseartha i saol a léitheoirí óga, agus seachas neamhaird a thabhairt orthu toisc nach raibh siad Gaelach go leor, ghlac sé leo mar chuid den fhéiniúlacht nua-aimseartha Éireannach.

Ag an am céanna, níor thug Ó Sándair neamhaird ar ghnéithe ní ba sheanbhunaithe den fhéiniúlacht Éireannach ach an oiread, cuir i gcás stair, miotas agus béaloideas na tíre. Tá "...'F[h]ionn Mac Cumhaill' an fhichiú haois..." tugtha ag Nic Congáil ar Réics Carló, agus is cinnte go raibh Ó Sándair ag iarraidh an chosúlacht sin a chothú idir a laoch féin agus laoch na Fiannaíochta ("Réics Carló" 13). Is é an leabhar is soiléire ina léirítear an chosúlacht seo ná *Réics Carló san Aifric*, a phléifear ar ball, ach déantar an chomparáid anois is arís sna leabhair eile freisin. Tá madra ag Réics darb ainm Bran, cuir i gcás, agus deirtear linn in *Réics Carló i gCáirlinn* (1952) go bhfuil an madra ina oighre "...go fíor, ar mhadra Fhinn, Bran biothbhuach biothuasal, 'an rí rug buaidh gach sealg'" (Ó Sándair 5). Breathnaíonn Réics féin ar Fhionn Mac Cumhaill mar eiseamláir den chrógacht agus den fhearúlacht. In *An Gluaisteán Sídhe*, go díreach tar éis don reacaire comparáid a dhéanamh idir Réics, Brian agus laochra na scéinséirí agus na ngreannán mar a luadh thuas, deir Réics le Brian (agus iad ag iarraidh dul a chodladh ar an talamh): "Codladh na bhFiann a bhéas againn anocht. Uch, a Fhinn Mhic Cumhaill, cá bhfuil tú anocht nach féidir leat clanna Gaedheal d'fheisgint agus iad chomh bog san ionnta féin gur deacair leo dul a luighe ar an talamh" (Ó Sándair 55).

Glacann an amhránaíocht agus an litríocht dhúchasach ról lárnach i saol na gcarachtar i gClub Leabhar Réics Carló freisin, go háirithe i gcás Bhriain Uí Ruairc agus Fhionnuala. Agus an triúr ag taisteal go Dún na nGall in *Réics Carló i nDún na nGall* (1956) bíonn Brian agus Fionnuala ag crá Réics agus iad ag síorchanadh "Sean-Dún na nGall", go dtí go n-impíonn sé orthu scor de (Ó Sándair 25). Is léir freisin go bhfuil Brian an-tógtha le filí an tseachtú agus an ochtú haois déag. Nuair atá Fionnuala ag cur isteach air in *Réics Carló sna Stáit Aontaithe*, cuir i gcás, tosaíonn sé ag aithris cuid de dhán Eoghain Rua Uí Shúilleabháin, "A Chumainn Tár Chéad":

> Ní'l aineamh ní'l éacht ní'l peannaid ní'l péin
> I bhfearannaibh Éilge shíolruigh
> Nach ainnir dheas shéimh do thosnuigh é. (Ó Sándair 43)

In *Réics Carló ar an nGealaigh*, tugann dán de chuid an Rathailligh spreagadh do Bhrian agus é ag éalú ó na Selenítigh (bundúchasaigh na gealaí). Agus é ag rith, deir sé na focail seo leis féin:

> Rithim le rith mire im rithibh go croí-luaimneach,
> Tré imeallaibh curraigh, tré shlím-ruaidhtigh,
> Don tinne-bhrógh tigim, ní thuigim cén tslí fuaireas
> Go hionad na n-ionad do cumadh le draíocht dhruadha. (Ó Sándair, *Réics Carló ar an nGealaigh* 48)

Ní dhéanann éinne iontas den spéis atá ag na carachtair éagsúla sna gnéithe seo de chultúr na hÉireann. Glactar leo mar chuid thábhachtach den saol nua-aimseartha Éireannach, a bhfuil cur amach ag gach duine orthu. Feicfear é seo arís sna scéalta scoile a scríobh Ó Sándair faoi dhaltaí Chluain Éanna.

Is léir gur chreid Ó Sándair gur luigh todhchaí na hÉireann agus todhchaí chultúr na hÉireann sa phósadh idir an seantraidisiún agus nósanna an tsaoil chomhaimseartha. Is é an leabhar is tábhachtaí de chuid Chlub Leabhar Réics Carló ina léirítear aisling seo Uí

Shándair ná *Réics Carló san Aifric*. Déanann Ó Sándair a aisling a chur os ár gcomhair san úrscéal seo leis an iliomad tagairtí a dhéanann sé ann do ghnéithe traidisiúnta agus nua-aimseartha d'Éirinn, mar a bheidh soiléir sa chuntas seo a leanas.

Fostaítear Réics agus Brian chun taisteal chuig Congó na Beilge ar thóir ollamh le Luath-Ghaeilge darb ainm Déaglán Ranstone, atá ar iarraidh. Tháinig Ranstone chuig an gCongó ag lorg fianaise gur thaistil na Fianna chun na hAfraice fadó, mar atá luaite i lámhscríbhinn ar tháinig sé uirthi le déanaí. Is é mac an ollaimh, Éamonn Ranstone, a fhostaíonn Réics agus Brian, agus téann an triúr fear, mar aon le Bran, madra Réics, chuig an dufair. Agus iad ag siúl tríd an dufair, beireann treibh bhundúchasach orthu. Tá sé i gceist acu na hÉireannaigh a íobairt dá ndéithe chun deireadh a chur leis an triomach atá á gcrá. Agus é ar tí a bheith curtha chun báis, breathnaíonn Réics timpeall an slua bundúchasach atá ag breathnú ar an íobairt, agus deir sé nach mbeadh "...an lucht féachana níos líonmhaire dá mbeadh Jimmie O'Dea ar an stáitse ag déanamh aithris ar Bhríd Bhean Uí Mhaolagáin" (Ó Sándair, *Réics Carló san Aifric* 27). Aisteoir agus fear grinn Éireannach ab ea Jimmie O'Dea a raibh an-cháil air i lár an fhichiú haois. Ba é Biddy Mulligan an carachtar ba mhó cáil a bhí aige.

Éiríonn le Réics agus a chairde éalú ó na bundúchasaigh le cabhair Bhrain. Ritheann siad leo tríd an dufair go dtí go sroicheann siad abhainn. Agus iad ag slaparnach san uisce tosaíonn siad ag canadh amhráin i mBéarla, "Way down upon de Swanee Ribber"– amhrán a scríobh Stephen Foster agus atá mar amhrán stáit Florida ó 1935 (Ó Sándair, *Réics Carló san Aifric* 38). Leanann siad orthu ag siúl tríd an dufair go dtí go sroicheann siad 'An Tír ná Ceadmhach a Chuartú' agus cathair na bhFiann. Cathair atá inti, deirtear linn, a bhain "...an chraobh ó Chathair Átha Cliath féin ar néatacht agus ar ghlaine" (42). Tá sliocht na

bhFiann fós ina chónaí ann, agus fáiltítear roimh Réics agus a chairde sa tsean-Ghaeilge. Aodh Dubh Mac Réithin an ceannaire atá orthu, agus creideann sé gurb é Réics Fionn Mac Cumhaill tagtha ar ais chucu mar a tuaradh fadó. Is mór an díomá atá ar Aodh agus ar na Fianna nuair a admhaíonn Réics nach Fionn Mac Cumhaill é, agus tagann fearg orthu nuair a insítear dóibh go bhfuil ré na bhFiann thart in Éirinn. Déanann Déaglán Ranstone (a bhí i gcathair na bhFiann an t-am ar fad) iarracht an chaoi ina bhfuil Éire faoi láthair a mhíniú do na Fianna: "Níl Ard-Rí againn...ach tá Uachtarán agus Taoiseach agus Tánaiste againn. Tá nósa nua ag Gaeil inniu" (49). Ní leor é seo d'Aodh, áfach, agus deir sé go mbeidh ar na hÉireannaigh – Réics, Brian agus Éamonn – roinnt trialacha a shárú le cruthú gur fíor-Ghaeil iad.

Tá ceangal idir na trialacha seo agus na trialacha a bhíodh ar fhear óg a dhéanamh le háit a fháil sna Fianna[49]. Ar dtús, iarrtar ar Éamonn dhá dhuanaire dhéag a aithris. Tagann aiféala air nár chaith sé go leor dúthrachta sa rang Gaeilge ar scoil ag foghlaim na laoithe Fiannaíochta ach ansin cinneann sé go gcloífidh sé leis na dánta Gaelacha atá ar eolas aige, na cinn a bhfuil brón agus briseadh croí na nGael le sonrú iontu – "...duana agus dréachta mo mhuintire trí na blianta nuair a bhíodar fé smacht...amhráin dóchais agus éadóchais ón uair a d'imigh Scoltacha na mBard ar ceal" (Ó Sándair, *Réics Carló san Aifric* 51). Deir sé na hamhráin "Róisín Dubh", "Na Francaigh Bhána", "Seán Ó Duibhir a' Ghleanna" agus dán an Phiarsaigh "Fornocht do Chonnac thú". Baineann gach ceann de na dánta nó na hamhráin sin le tréimhse éagsúil i stair na hÉireann ina raibh muintir na hÉireann faoi chois – an séú céad déag, an t-ochtú céad déag, an naoú céad déag agus tús an fhichiú céad. Úsáideann sé na dánta sin le léiriú nár tháinig deireadh le cultúr na nGael nuair a briseadh ar na Fianna, nó fiú nuair a tháinig deireadh le seanchóras na mbard. Téann dánta Éamoinn

[49] Tá cur síos ar thrialacha na bhFiann ag Ó Cadhlaigh in *An Fhiannuidheacht* (21-23).

go mór i bhfeidhm ar na Fianna, agus gan ach ceithre dhán ráite aige deir siad go bhfuil éirithe leis sa triail.

Is trialacha nirt atá roimh Bhrian Ó Ruairc agus Réics. Caithfidh Brian dul ag coraíocht le hArdán an Cheann-chait, an trodaí is fearr atá ag na Fianna. Is dúshlánach an troid í, ach nuair a imríonn Brian, ar mholadh Réics, "...cleas Dan O'Mahoney..." ar Ardán, éiríonn leis an lámh in uachtar a fháil agus bíonn an bua aige (Ó Sándair, *Réics Carló san Aifric* 57). Coraí gairmiúil Éireannach ba ea Dan O'Mahoney, a raibh an-cháil air ag an am. Bhí cleas coraíochta aige ar tugadh an 'Irish Whip' air in onóir dó-san. In úsáid an chlis sin chun an troid a bhuachan, léiríonn Brian nach bhfuil meath tagtha ar chrógacht, ar chlisteacht ná ar scileanna troda fhir na hÉireann ó ré na bhFiann i leith.

An triail dheireanach ná triail Réics. Caithfidh seisean dul ag iomrascáil leis an gCrogall Beannaithe, gan aige ach scian chun é féin a chosaint. Ar chloisint dó faoin triail seo, deir Éamonn:

> Nuair a bhíonn cleachtaithe bliantúla an airm ar siúl acu in Éirinn, ní bhíd comh dian ar na saighdiúirí is a bhíonn an dream so...Níor mhór duit bheith chomh láidir le hAtlas, bheith i do dhornalaí chomh maith le Joe Louis, Buffalo Bill a shárú mar shealgaire, ábalta bolgshnámh agus troigh-shnámh agus taobhshnámh a dhéanamh níos fearr ná Johnny Weismuller, agus ansan féin, b'fhéidir nach sásófaí iad!" (Ó Sándair, *Réics Carló san Aifric* 62)

Éiríonn le Ó Sándair, in aon ráiteas amháin, tagairt a dhéanamh do shaol comhaimseartha na hÉireann (an t-arm), miotas na Gréige (Atlas), cultúr spóirt idirnáisiúnta (Joe Louis), scéinséirí agus scannáin Mheiriceá (Buffalo Bill) agus meascán de chultúr spóirt idirnáisiúnta agus na scannáin (Johnny Weismuller). Is í an eachtra seo – trialacha na bhFiann – sa leabhar seo an sampla is gléine den íomhá a bhí á cruthú ag Ó Sándair d'Éirinn i gClub Leabhar Réics Carló. Is tír í a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta aici, a bhfuil a cultúr fréamhaithe ina miotas, stair, béaloideas agus litríocht dhúchasach féin, ach a bhfuil

tionchar láidir dearfach ag an domhan mór uirthi freisin. Is áibhéalach an íomhá d'Éirinn í seo, gan amhras, ach is léir gur thaitin sí go mór le pobal léitheoireachta Uí Shándair. Mar a míníodh cheana, is dócha gur ghlac léitheoirí Uí Shándair go réidh leis an íomhá áibhéalach seo toisc gur cuireadh os a gcomhair í i seánra gur dual dó a bheith neamhréalaíoch.

Is réalaíche an íomhá d'Éirinn a chruthaítear sa Chlub Leabhar Nua-Éireann, formhór an ama. I gcodarsnacht leis an tír idéalach a fheictear sna scéalta faoi Réics Carló, sa Chlub seo rinne Ó Sándair iarracht idir an taobh dearfach agus an taobh diúltach de shaol na hÉireann agus de shaol na cathrach a léiriú. An aidhm a bhí aige ná a chruthú go bhféadfadh an saol nua-aimseartha uirbeach a bheith chomh Gaelach céanna is a bhí an saol faoin tuath. Bhí sé ag iarraidh a chruthú go raibh an Ghaeilge oiriúnach mar mheán cumarsáide agus mar mheán siamsaíochta do na daoine a bhí ag maireachtáil sa saol uirbeach nua-aimseartha Éireannach seo. Scríobh sé, agus é ag caint ar an aidhm seo i mí na Feabhra 1944:

> Theasbáinfinn go soiléir go bhfuil an Ghaodhluinn oireamhnach do phobal go bhfuil a shúile dírighthe aige ar an domhan mhór agus ar fhionnachtan iongantacha na haoise seo chomh maith leis ár saoghal annso in Éirinn. Ba mhaith liom na sgéalta agus na smaointe atá uatha a thabhairt dóibh as Gaodhluinn agus a theasbáint go bhfuil samhlaidheacht na n-óg ábalta a faoiseamh d'fhagháil in ár dteangain fhéin. Ní dhéanfainn an focal "Gaodhluinn" a luadh. Ní bhéadh fhios acu gur Gaodhluinn a bheadh á léigheamh acu. (Comhad G295)

Bhí sé ag iarraidh muintir óg na cathrach, ach go háirithe, a spreagadh chun spéis a léiriú sa teanga, agus chun a thuiscint nár bhain an Ghaeilge le muintir na Gaeltachta amháin. Bhí sé ceannródaíoch sa mhian seo, mar a fheicfear sa chuid dheireanach den chaibidil seo.

Áit amháin sa Chlub Leabhar Nua-Éireann ina gcruthaítear an íomhá seo d'Éirinn go mór mór ná sa tsraith faoi bhuachaillí agus faoi chailíní Chluain Éanna. Mar a dúradh cheana, tá

leabhair na sraithe sin ar an mbeagán leabhar dá chuid a bhfuil daoine óga mar phríomhcharachtair iontu, agus d'úsáid Ó Sándair iad chun eiseamláirí de Ghaeil óga nua-aimseartha a chur os comhair a léitheoirí óga. Is measc áin iad daltaí an dá scoil de ghnéithe traidisiúnta de chultúr na hÉireann agus de ghnéithe nua-aimseartha den chultúr sin. Is sampla maith de sin é an carachtar Éamonn in *Buachaillí Chluain Éanna*. Tá scéal sa chnuasach sin, "Meicsiceó i gCill Mhantáin", bunaithe ar "...an tionchar a bhíonn ag na scannáin ar dhaoine áirithe" (Ó Sándair, *Buachaillí Chluain Éanna* 15). I ndiaidh do na buachaillí scannán faoin Iarthar Fiáin a fheiceáil sa phictiúrlann, feictear d'Éamonn go bhfuil "...saol na bhfear imithe" agus go bhfuil "...saol banúil..." ann anois in Éirinn, i gcomparáid leis an bhfearúlacht bhreá a léirítear sa chineál sin scannáin (17). Déanann sé iarracht an easpa fearúlachta seo a leigheas ina scoil féin trí phlandaí cachtais a chur ag fás agus atmaisféar an Iarthair Fhiáin a chruthú, ach bíonn fadhb ansin aige nuair a ghoideann dalta eile cuid de na plandaí sin chun cleasanna a imirt ar na múinteoirí. Tá creideamh láidir ag an Éamonn céanna i scéalta béaloidis na hÉireann, áfach. Nuair atá ráfla ag dul thart sa scéal "An Marbh a d'Fhill" sa chnuasach céanna go bhfuil taibhse sa seanchaisleán in aice na scoile, níl aon deacracht ag Éamonn an scéal a chreidiúint. Deir sé le Seán, a bhfuil amhras air faoin scéal: "Tá's ag an saol go bhfuil taibhsí ann. Nár chualaís trácht riamh ar Bhean Sídhe na nGearaltach, ar an gCóiste Bodhar, ar an gCat Mara? An faoin bpota a hoileadh tú?" (31). Is ionann an meas atá ag Éamonn ar na buachaillí bó agus ar an mbean sí.

Léirítear an tábhacht atá ag na scéalta Fiannaíochta i saol bhuachaillí Chluain Éanna sa scéal "Mar a múineadh ceacht don bhodach" in *Cluain Éanna Arís*. Tosaíonn buachaill amháin, Bairní Ó Nualláin, ag déanamh bulaíochta ar bhuachaill eile sa scoil. Baisteann na buachaillí eile "Bodach an Chóta Leathair" air – imeartas focal ar an gcarachtar ó na

scéalta Fiannaíochta "Bodach an Chóta Lachtna" (Ó Sándair, *Cluain Éanna Arís* 41). Mar an gcéanna sa scéal "An Madra Gan Ainm" in *Eachtraí Bhuachaillí Chluain Éanna*, diúltaíonn Seán ainm a roghnú do mhadra a sábhálann na buachaillí é ó dhrochmháistir, go dtí go bhfuil aithne níos fearr acu ar an ainmhí. Sa chaoi sin, beidh siad in ann a dhéanamh "...mar dhéanadh na Fianna abhfad ó shoin. D'ainmníodh siadsan gach madra dá gcuid de réir na dtréithe aiceanta ba threise ann féin" (Ó Sándair, *Eachtraí Bhuachaillí Chluain Éanna* 35). Nuair a chuireann an madra muintir an choláiste ar an eolas faoi bhuirgléir ag deireadh an scéil, baistear 'Faraire' air dá bharr (40).

Feictear an meascán céanna de thionchair i saol chailíní Chluain Éanna freisin. In *Cailíní Chluain Éanna*, téann Róisín, Aingeal agus Fionán ar shiúlóid tríd an gcoill in aice an choláiste. Sa leabhar seo, tá an scoil lonnaithe i sléibhte Chill Mhantáin. Agus iad ag spraoi lena chéile, tosaíonn siad ag canadh – i nGaeilge agus i mBéarla – faoin abhainn (Ó Sándair, *Cailíní Chluain Éanna* 17-18). Ansin leanann siad orthu ag tabhairt cuairte ar chodanna éagsúla den choill a bhfuil baint acu le stair agus béaloideas na háite:

> Thugadar cuairt ar an gCrann Mór, an crann ar ar ghearr Riocard II a chuid inisealacha i bhfad siar san am ina raibh an córas Gaelach faoi réim go fóill san gcuid ba mhó d'Inis Ealga. Ansin, Linn na gCuach – chaith Oisín de léim í, má b'fhíor don scéal. Agus an Phluais Dhubh inar chodlaigh Micheál Ó Duibhir oíche. Ba rí-shaibhir an áit é an choill agus an sliabh sin – saibhir san áilleacht a bronnadh go flaithiúil orthu agus saibhir sna cuimhní éagsamhla a bhain leo. (19)

Ag an am céanna, is ar an scannán *Dracula* a smaoiníonn Róisín agus í léi féin i bhfothracha na mainistreach áitiúla (30).

Is sa leabhar *Micilín*, thar aon leabhar eile sa Chlub Leabhar Nua-Éireann, a nochtann Ó Sándair na mianta atá aige do mhuintir óg na hÉireann. Sa leabhar seo, léiríonn sé an tionchar a bhíonn ag gnéithe de shaol nua-aimseartha na hÉireann ar fhorbairt an duine óig sa chathair – scannáin, scéinséirí agus greannáin, cuir i gcás – mar aon le gnéithe níos sine

agus níos dúchasaí de chultúr na hÉireann – an stair, an litríocht agus an amhránaíocht, sa chás seo. Luadh cheana gurb éard atá in *Micilín* ná scéal fir óig atá ina chónaí i mBaile Átha Cliath, óna óige sna 1920idí agus sna 1930aidí go dtí go bhfuil sé ina fhear óg tar éis na hÉigeandála. Is iomaí ceangal atá idir scéal Mhicilín agus saol Chathail Uí Shándair féin – bliain breithe na beirte ná 1922 cuir i gcás, an bhliain chéanna inar bunaíodh an Saorstát.

Léirítear go luath in *Micilín* go bhfuil an-tionchar ag na foilseacháin agus na scannáin ghallda, atá mar chuid lárnach de shiamsaíocht Mhicilín, ar iompar an bhuachalla. Agus é ina pháiste óg, maslaíonn buachaill eile athair Mhicilín toisc gur fear seachadta guail é. Tagann fearg ar Mhicilín, agus sula mbuaileann sé buille ar an mbuachaill deir sé leis féin, "Ba mhaith a bhí fhios aige cad a dhéanfadh duine de 'Our Gang' ar na scannáin sa chás chéanna ina raibh sé féin anois" (Ó Sándair, *Micilín* 13). Tá imní ar Mhicilín nuair a deir a athair leis go mbeidh sé ag dul chuig scoil na mBráithre nuair a bheidh sé críochnaithe sa scoil náisiúnta. Tá eagla air go mbeidh "...an scoil lán de bhuachaillí neamhghnáthacha – sár-bhuachaillí mar bhíodh thart ar Flais Gordún nó ar Chaiptín Marvel", agus nach dtaitneoidh sé leo (14). Ní mar sin atá sé áfach, agus taitníonn scoil na mBráithre go mór leis.

Tá cion ar leith ag Micilín ar Bhráthair amháin, an Bráthair atá mar mhúinteoir staire aige, agus a mhúsclaíonn spéis Mhicilín i stair a thíre agus a chathrach féin. Roimhe sin, níor chaith Micilín mórán ama ag smaoineamh ar Bhaile Átha Cliath mar áit inar tharla mórán eachtraí tábhachtacha i stair na tíre, ach leigheasann an múinteoir é sin. Múineann sé do Mhicilín gur chóir dó a bheith bródúil as a bheith ina Bhaile Átha Cliathach:

> Is uaidh a d'fhoghlaim Micilín stair iontach a chathrach féin. Taispeánadh dó gurbh fhiú bród a bheith aige aisti agus go raibh sí inchurtha le cathair ar bith dá mhéid agus dá shaibhre in aon pháirt den domhan.
>
> Is inti i gcónaí a bhíodh ceanncheathrú na nGall ach is inti freisin a bhailíodh na fórsaí náisiúnta agus friothaíochta. Is ann a rugadh mac an tSasanaigh úd a raibh an tsaotharlann mharmair aige i Sráid an Phiarsaigh, an fear a raibh sé de dhánaíocht ann Éire a shamhlú ina náisiún saor uaibhreach i measc náisiún an domhain. Sea, chuir éirí amach 1916 i ndíchuimhne aon aithis a bhí ag baint le stair na cathrach. (Ó Sándair, *Micilín* 16)

As sin amach tá an Piarsach, mar eiseamláir de Bhaile Átha Cliathach misniúil Gaelach, mar threoir ag Micilín ina shaol. Nuair atá baol ann do neodracht na hÉireann le linn na hÉigeandála, téann Micilín isteach sna Cosantóirí Áitiúla chun a chion féin a dhéanamh ar son na hÉireann. Tá sé bródúil as na hÉireannaigh uile atá ag glacadh páirte i gcosaint na tíre, agus guíonn sé ar an bPiarsach, ag rá "Beannacht Dé leat, a Phádraig Mhic Phiarais, agus libhse, a sheisear comhlacht, a shínigh an forógra úd! Níor shaothar in aisce bhur saothar" (31).

I leathanaigh dheireanacha *Micilín* leagann Ó Sándair amach go soiléir mianta a chroí d'ógánaigh na hÉireann. An bhliain 1944 atá ann agus téann Micilín ar chúrsa spioradálta leis na saighdiúirí eile. Tugann an sagart, an tAthair Doiminic, óráid do na fir óga a spreagann Micilín go mór. Deir an sagart: "Is sibhse an ghlún nua a rugadh faoi réim na saoirse, an tsaoirse ar thug an Piarsach agus a chomhlaocha a mbeo ar a son. Níl i Seachtain na Cásca díbh ach eachtra eile i scéal na tíre...Ach tá leathanach nua á scríobhadh agaibhse, freisin, i stair na hÉireann" (Ó Sándair, *Micilín* 44). Téann Micilín chun labhairt leis an sagart tar éis an aifrinn. Insíonn sé dó faoin bhfonn mór a bhí air riamh bheith ina chumadóir ceoil, agus faoin gcineál ceoil atá sé ag iarraidh a chumadh:

> ...chonacthas dom go raibh ré na mbard thart, nach raibh duine ar bith in Éirinn, oileán na gceoltóirí agus na bhfilí tráth dá raibh, le hamhráin dúchasacha nua a chumadh dár muintir. Ní raibh le cloisint ar an radio ach amhráin ó Ameirice agus ó Shasana, agus ba mhinicí iad go holc ná go maith...Nach raibh ar ár gcumas dul siar go dtí an t-am a raibh na baird i réim, an bhearna idir an t-am úd agus an t-am i láthair a chumhangú agus ceol Gaelach d'oirfeadh don aois seo a chur ar fáil, ceol

> a léireodh an dul chun cinn a bhí déanta ag ár muintir agus a bheadh bunaithe ar ár bpearsanacht féin mar náisiún saor Gaelach... (47)

Feictear domsa gurbh é sin go díreach a bhí ar siúl ag Ó Sándair ina scríbhneoireacht féin – an sean a phósadh leis an nua chun litríocht a chruthú a d'oir do dhaoine óga na hÉireann mar dhaoine i "...náisiún saor Gaelach...".

Aontaíonn an sagart le Micilín, agus pléann siad an chaoi ina bhfuil an cineál sin oibre de dhíth ar chuile ghné de shaol na hÉireann – an scannánaíocht, an damhsa, cúrsaí tionscail agus tráchtála, an leigheas, an drámaíocht agus an tsiamsaíocht. Críochnaíonn an sagart an comhrá leis an smaoineamh dóchasach seo:

> Tiocfaidh fás agus forbairt úrnua faoin náisiún ársa seo. Beidh sí i measc na náisiún eile ag bord na comhdhála agus bhéarfar aird agus meas uirthi.
>
> Ní bheidh impreacht ná ollmhaitheas, coilíneachta ná ollchumhacht mar thaca againn, ach sinn taobh le diantsaothar dícheallach ár gcine. Beidh grá inár gcroí againn dár gcomharsain, do chiníocha eile na cruinne, bídís geal, dubh nó buí.
>
> Pictiúir é sin a shamhlaím dom féin uaireanta agus mé ag éisteacht le daoine ag clamhsán faoi seo agus siúd. Bím ag tuar saoil séin agus sonas do mhuintir mo thíre. B'fhéidir nach mar sin a bheidh, ná fuil ann ach substaint gan amhmhaoin ach féach gur tháinig cuid d'aisling an Phiarsaigh fíor. (Ó Sándair, *Micilín* 48)

Fágann Micilín an cúrsa spioradálta lán leis na smaointe seo, agus cúpla bliain ina dhiaidh sin cumann sé ceoldráma faoin Éigeandáil darb ainm "An tSráid Seo Againne", agus tá an-tóir air. Níl aon amhras ach go raibh Ó Sándair ag iarraidh a léitheoirí a spreagadh, ní hamháin chun glacadh leis an aisling de thodhchaí na hÉireann a bhí aige, ach chun cabhrú leis an aisling sin a fhíoradh.

Thaitin an dearcadh seo ar Éirinn a léirítear sa dá Chlub Leabhar go mór le léirmheastóirí na linne. Chonaic 'L. Mac B.' ó *An Glór* a raibh ar siúl ag Ó Sándair ón tús. Scríobh sé, agus é ag déanamh léirmheasa ar *An tEiteallán Do-Fheicthe*:

> Níl fúinn léirmheas a scríobh an adhbhar an scéil, ach a rádh go bhfuil ceárd na scéalaidheachta ag an ughdar; go bhfuil an scéal spéiseamhail taithneamhach agus go mbuadhann fórsaí na maitheasa ar fhórsaí an uilc, agus go ndírigheann sé grádh agus laochas an léightheóra ar a thír féin – nidh ana thabhachtach agus nidh a bhíos in easnamh...má táimíd-ne le maireachtaint mar náisiún ar leith caithfimíd adhbhar eadtrom de'n tsaghas seo do chumadh agus do shníomhadh thart fá n-ár muintir féin, suidhte i n-ár dtír féin agus dearcadh náisiúnta i leith na tíre seo do bheith ionnta. Caithfimíd seasamh ar ár mbonnaibh féin. ("Réics Carló Arís" 8)

Is léir gur thaitin an dearcadh seo go mór le léitheoirí Uí Shándair freisin, ón ráchairt mhór a bhí ar na leabhair.

Chruthaigh Ó Sándair íomhá d'Éirinn nua-aimseartha dá léitheoirí ina raibh áit do sheantraidisiúin agus do thraidisiúin nua, do ghnéithe dúchasacha de shaol mhuintir na hÉireann agus do ghnéithe a bhí ag teacht isteach ó thíortha agus ó chultúir iasachta. Cé gurbh áibhéalach agus neamhréalaíoch an íomhá í seo ar go leor bealaí, ar bhealach amháin bhí sí níos ionraice ná cuid mhór de na híomhánna d'Éirinn a bhí á gcur chun cinn i litríocht na Gaeilge ag an am, sa chaoi nár ceileadh inti an hibrideacht chultúrtha a bhí mar chuid de shaol na hÉireann ag an am. Thaitin íomhá seo Uí Shándair go mór le léitheoirí ar fud na tíre, ach bhí tarraingt ar leith inti do mhuintir na cathrach, a bhí scoite amach ó litríocht na Gaeilge go dtí sin, ach ar thug Ó Sándair áit ar leith dóibh ina shaothar.

### *4.3 An Suíomh Uirbeach*

Ag tarraingt ar thaighde Lars Kabel agus Bhriain Mhic Anna, míníonn Máirín Nic Eoin an tábhacht a bhaineann le meon an fhoghlaimeora teanga i leith chultúr phobal na sprioctheanga, agus é/í ag iarraidh an teanga sin a shealbhú (*Trén bhFearann* 337). Deir sí go mbíonn "...deacrachtaí ag cainteoirí uirbeacha iad féin a shamhlú le cultúr tuaithe na Gaeltachta..." agus "Munar mian leis an bhfoghlaimeoir é/í féin a chomhshamhlú le pobal na sprioctheanga, is é is dóichí ná go bhfanfaidh a c(h)umas sa teanga sin calctha ar leibhéal idirtheangúil ar gheall le *pidgin* é" (337). Feictear dom gurbh ann don chonstaic

seo ach go háirithe tar éis bhunú Shaorstát Éireann. Leagadh an-ualach ar an aos scoile in athréimniú na Gaeilge ar fud an stáit, ach bhí meon na tréimhse i leith na teanga, agus i leith chultúr na teanga, ag teacht idir go leor de na daoine óga sin agus sealbhú na Gaeilge. Toisc go samhlaítí an teanga leis an nGaeltacht agus leis an saol faoin tuath amháin, bhí balla tógtha idir an Ghaeilge agus páistí na Galltachta, agus idir í agus páistí na gcathracha ach go háirithe.

Sular thosaigh Ó Sándair ag scríobh, ba bheag spás a bhí tugtha don pháiste uirbeach i litríocht na hÉireann. Ó thús na hAthbheochana liteartha ag deireadh an naoú céad déag ba é an tuathánach agus an cainteoir dúchais Gaeilge a ghlac príomháit sa litríocht sin – i nGaeilge agus i mBéarla. Mar atá scríofa ag Máirín Nic Eoin, "Rinneadh idéalú ar mhuintir na Gaeltachta mar ba leo fós oidhreacht ár sean agus ár sinsear – an teanga agus an béaloideas" (*An Litríocht* 15). Chuir leithéidí Yeats, Synge agus Lady Gregory leis an idéalú sin ina gcuid saothar liteartha as Béarla, ach ba thábhachtaí i bhfad an t-idéal sin taobh istigh de chorpas litríochta na Gaeilge. Bhí tionchar ag móradh seo an dúchais agus na tuaithe ar gach gné de litríocht na Gaeilge – an cló, an litriú, cúrsaí canúna agus ábhar na litríochta féin. Troideadh cath fíochmhar ó thús na hAthbheochana go dtí lár an fhichiú haois faoin gcineál cló ba chóir a úsáid i leabhair Ghaeilge, faoin gcaoi inar chóir focail na teanga a litriú agus faoin gcanúint ab íonghlaine agus ba dhúchasaí. Chuaigh an t-aighneas seo ar fad i bhfeidhm ar an litríocht a bhí á cumadh as Gaeilge an uair sin, agus ní chun sochair don litríocht sin a chuaigh sé. Ceann de na gnéithe ba bhaolaí den aighneas seo do shaothrú na litríochta, measaim, ná an áit speisialta a thugtaí do shaol na tuaithe i litríocht na Gaeilge.

Tugadh cúl ar an gcathair, ar an mbaile mór agus ar rud ar bith a raibh blas na nua-aimsearthachta air. I bhfocail Nic Eoin, creideadh go forleathan gurbh "...ionann nua-aimsearthacht fós agus aithris ar an Sasanach agus níor osclaíodh na doirse dáiríre go dtí na seascaidí", agus "Taobh le mórchuspóir na hathbheochana athghabháil agus ath-Ghaelú a dhéanamh ar na cathracha, bhí an tuiscint gur áiteanna truaillithe Gallda iad na cathracha céanna ar ridhoiligh an Ghaeilge a athshnaidhmeadh lena modhanna maireachtála, lena n-áitrimh is lena n-institiúidí riartha" (*An Litríocht* 18; *Trén bhFearann* 409). Ó thús na hathbheochana thugtaí áit ar leith sna foilseacháin éagsúla do bhailiúcháin seanchais agus nathanna cainte, agus tugadh áit do na saothair sin sa Ghúm freisin. Ó na 1930idí ar aghaidh tháinig an bheathaisnéis Ghaeltachta faoi bhláth. Tá tábhacht mhór ag baint leis na saothair sin ach níorbh ionann iad agus litríocht chruthaitheach, mar a áitíonn Nic Eoin, cé gur áiríodh go minic faoin teideal sin iad (*An Litríocht* 9). Agus saol na tuaithe á mhóradh ag an am ina leithéidí de shaothair, bhí duáilcí na cathrach á léiriú go fairsing ag scríbhneoirí eile (O'Leary, *Writing Beyond* 134-138). Cé go ndeir O'Leary gur thosaigh athrú ag teacht ar dhearcadh Gaeilgeoirí i leith na cathrach ó na 1940idí ar aghaidh, ní dheachaigh an t-athrú sin i bhfeidhm ar litríocht na Gaeilge go forleathan go dtí na 1960idí, de réir Nic Eoin (O' Leary, *Writing Beyond* 138; Nic Eoin, *An Litríocht* 18).

Ó thaobh litríocht na n-óg de, bhí cúrsaí mórán mar an gcéanna sna leabhair Bhéarla a bhí á scríobh ag Éireannaigh i dtréimhse an tráchtais seo. Is iad Patricia Lynch agus Eilís Diolún an bheirt is mó a luaitear le litríocht Bhéarla na n-óg in Éirinn i lár an fhichiú céad, agus is údair iad beirt a chloígh go docht leis an suíomh tuaithe ina gcuid leabhar do pháistí. Idir na 1930idí agus na 1960idí is ea a scríobh Lynch leithéidí *The turf-cutter's donkey* (1934), *King of the Tinkers* (1938) agus *Brogeen of the stepping stones* (1947), ina dtarraingítear "...íomhá idéalaithe, agus in amanna fhantaiseach, den tsaol in Éirinn..." (Nic

Lochlainn 71-72). Toisc gurbh í Lynch duine de na húdair Éireannacha ba mhó ráchairt don aos óg i lár na haoise seo caite, d'imir sí tionchar nach beag ar an dearcadh a bhíodh ag idir pháistí Éireannacha agus pháistí idirnáisiúnta ar Éirinn agus ar an Éireannachas, de réir Burke (94).

Cé gur thosaigh Eilís Diolún ag scríobh scéalta i nGaeilge do pháistí, mar a phléifear i gcaibidil a sé, is mó i bhfad an t-iomrá atá ar a saothar Béarla, cuir i gcás *The Lost Island* (1952), *The Island of Horses* (1956) agus *The Island of Ghosts* (1989). Mar is léir ó theideal na leabhar sin, bhí Diolún an-tógtha leis an oileán iargúlta agus leis an bpobal beag tuaithe mar chúlra dá cuid scéalta. Tá sé tugtha faoi deara ag Dunbar, Ní Bhroin agus Watson, áfach, go n-éiríonn le Diolún gnéithe den athrú mór a bhí ag teacht ar shochaí na hÉireann sna 1950idí agus sna 1960idí a fhí isteach ina scéalta, in ainneoin a suíomhanna traidisiúnta tuaithe (Dunbar 84; Ní Bhroin 112-119; Watson 19-42). Díol suntais, ag an am céanna, go raibh ar Dhiolún an t-athrú sin a cheilt taobh istigh d'íomhá thraidisiúnta den tuath, agus an "...traditional, homogeneous community..." atá mar chuid lárnach den íomhá sin (Ní Bhroin 119). Mar a luadh sa réamhrá, is í barúil Ní Bhroin gur bhain tábhacht na híomhá traidisiúnta seo d'Éirinn i leabhair Bhéarla do pháistí leis an margadh idirnáisiúnta – níor foilsíodh saothar Béarla Dhiolún nó Lynch in Éirinn, ach thar lear, agus thaitin an léiriú ar Éirinn a fheictear sna saothair sin leis an margadh idirnáisiúnta (Ní Bhroin 113).

Ní raibh mórán difir idir idé-eolaíochtaí na leabhar Béarla thuas agus idé-eolaíochtaí na leabhar Gaeilge a bhí á bhfoilsiú don aos óg sular thosaigh Cathal Ó Sándair ag scríobh. Cé go bpléann roinnt aistriúchán le saol na cathrach i dtíortha eile – *Seán Workmann* (Dominik 1933) agus *Emil agus na Lorgairí* (Kästner 1938) – seachnaíodh na cathracha Éireannacha mar láithreacha scéalta. Faighimid radharc ar Bhaile Átha Cliath i gcúpla

leabhar atá lonnaithe go príomha faoin tuath, ina measc *Leabhar Aoibhnis do Buachaillí agus do Chailíní* (Ó Bróithe 1941) agus *Eachtra an Phortáin* (Ó Cionnfhaolaidh 1940), ach is ó pheirspictíocht an tuathánaigh a fheictear í, agus déantar a mhór den difear idir an saol uirbeach agus an saol faoin tuath. Cuireann na sluaite daoine i mBaile Átha Cliath mearbhall ar reacaire *Eachtra an Phortáin*, cuir i gcás, agus deir sé leis féin: "Do b'ait liom fé'n aer cad as a bhí na daoine go léir ag teacht nó cá raibh a dtriall" (Ó Cionnfhaolaidh 75).

Níl aon amhras ach go ndeachaigh an idé-eolaíocht seo ar fad i bhfeidhm ar Chathal Ó Sándair – is léir gur léitheoir díograiseach a bhí ann riamh. Is éasca a thuiscint cén fáth nach dtaitneodh an smaoineamh leis gur sa Ghaeltacht amháin a d'fhéadfaí an fíor-Ghaelachas agus an Ghaeilge cheart a aimsiú. Ba Shasanach é athair Uí Shándair, ba Bhaile Átha Cliathach é féin agus fuair sé formhór a chuid Gaeilge ar scoil i mBaile Átha Cliath. D'fhág na sonraí sin balla dosháraithe idir é agus an Gaelachas, de réir na hidé-eolaíochta a bhí le feiceáil i litríocht na hÉireann sa dá theanga. B'ionann cás dósan agus do na páistí ar fad ar tógadh iad taobh amuigh den Ghaeltacht, a bhí ag foghlaim Gaeilge sna scoileanna. I gcodarsnacht leosan, áfach, chinn Ó Sándair go ndéanfadh sé iarracht é seo a réiteach. Murab ionann agus na scríbhneoirí a bhíodh ag plé le saol idéalaithe na tuaithe ní dhearna Ó Sándair iarracht na drochrudaí a bhain le saol na cathrach a cheilt – an bochtanas, an t-anró, an easpa caidrimh a bhíonn idir comharsana agus araile. Is minic a d'úsáid sé na nithe sin mar ábhair scéil. Ag an am céanna, is léir go raibh a chroí istigh i mBaile Átha Cliath in ainneoin na ndrochrudaí seo, agus gur mheas sé go raibh buanna ar leith ag an gcathair i gcur chun cinn na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh.

Is geall le carachtar inti féin cathair Bhaile Átha Cliath i scéalta Uí Shándair. Déanann an t-údar pearsantú uirthi go minic, cé nach pearsa róthaitneamhach í i gcónaí. Úsáidtear an Life chun an pearsantú seo a dhéanamh anois is arís, cuir i gcás sa sliocht seo as *Dúnmharbhú i bPáirc an Chrócaigh*:

> 'Sí an Life croidhe cathrach Átha Cliath. Is ina timcheall a theigheann saoghal corruighthe do-thuigthe na cathrach, fé mar a chasann an domhan timcheall ar a ais. Snigheann sí tré n-a lár fé mar a shnigh leis na cianta cairbreacha agus í ar a bealach amach chun na mara. Deineann na cathruightheoirí iongnadh dí, uaireanta. Bíonn siad bródamhail aisti...Féachann daoine ar an radharc, agus an dream go mbíonn féith na filidheachta ionnta, glacann siad a bpinn chuca féin. "Fágfaimíd cuimhneachán buan in ár ndiaidh duit," adeiridh leis an abhainn. Deineann an Life gáire ciuin agus í ag bualadh go bog in aghaidh phort na h-abhann. Ní bhíonn cuimhneachán de dhíth uirthí; bíonn sí ann nuair nach gcloistear guth an fhile agus nuair a bhíonn a chuid filidheachta dearmadta ag an saoghal. (Ó Sándair 39)

Tá doicheall agus uaigneas ag baint le saol na cathrach i saothar Uí Shándair, ach tá sonas, bród agus áilleacht ag baint léi freisin. Cé gur maith le Réics Carló a bheith ag taisteal, is geal leis i gcónaí filleadh ar a chathair álainn dhúchais. Mar a deir sé le Fionnuala agus an Ruarcach ag deireadh *Réics Carló i bParis*: "'Bhuel, a chairde, bhíomar i bParis, i Nua Eabhroc, i Londain, ag plé le bithiúnaigh...Chonaic muid iontais na gcathracha sin. Ach bheireann an carnán teach ar dhá bhruach na Life an chraobh uathu uilig!'" (Ó Sándair 61).

Scríobhann Ríona Nic Congáil gurb "...i scéalta Réics Carló theastaigh ó Chathal Ó Sándair a thaispeáint go bhféadfadh an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach teacht faoi bhláth i dtimpeallacht uirbeach" ("Réics Carló" 13). Cé gur fíor sin, ní i scéalta Réics Carló amháin a fheictear mian seo Uí Shándair. Dála íomhá Uí Shándair d'Éirinn nua-aimseartha, is i gClub Leabhar Réics Carló agus sa Chlub Leabhar Nua-Éireann a ghlacann an chathair an ról is mó. Ní haon ionadh é sin, mar ba chuid lárnach í an chathair d'íomhá Uí Shándair d'Éirinn nua-aimseartha. Ba sa chathair a thiocfadh an sean agus an nua le chéile chun aisling Uí Shándair de 'Nua-Éirinn' a fhíoradh.

Thosaigh Ó Sándair ag tabhairt go comhfhiosach faoi chur chun cinn seo na cathrach i litríocht na Gaeilge agus é ag scríobh "*John Joe*", a raibh an fotheideal "Eachtraí na hÓige i mBaile Átha Cliath" air (1). Scríobh sé i litir chuig an nGúm i 1945, tar éis dó moltaí na léitheoirí faoin lámhscríbhinn a léamh:

> 'Sé an bun-smaoineamh a bhí im' aigne agus an leabhar seo 'ghá sgríobhadh agam 'ná béaloideas na cathrach agus na hadhbhair sin a fhanann i n-aigne an bhuachalla inti – cuid díobh sin d'fhighe isteach ar an mbealach chéadna díreach is a bhíonn cúl taca de shean-nósanna agus de phiseoga ag cuid des na sgríobhnóirí ós na Gaedhealtachta. Cé nach bhfuil ach samhlaidheacht ins an sgéal féin agus i bhfurmhór na n-eachtraí ann, tá gach píosa ceoil, gach bhéarsa, gach cluithche 7rl. breacuighthe síos ó'n bhfíor-saoghal agam. (Comhad N1207)

Ba mhian leis a léiriú go raibh a béaloideas féin ag an gcathair, agus nár rud é a bhain leis an nGaeltacht amháin. Is i mBéarla atá formhór na véarsaí a ndéanann sé tagairt dóibh thuas agus a d'úsáid sé sa leabhar – "Three times around goes the galley, galley ship...", "Lady-bird, lady-bird, fly away home...", "This little piggy went to the market..." – ach is cuid thábhachtach de shaol dhaoine óga na cathrach iad ("*John Joe*" 6, 7, 25). Ní raibh Ó Sándair leithscéalach ina scéalta faoin tionchar a bhí imeartha ag an mBéarla agus ag cultúr Shasana agus Mheiriceá ar Bhaile Átha Cliath. Ní fhéadfaí an stair a athrú. Níor chreid sé, áfach, gur cheart a rá nár áit Ghaelach í an chathair.

Bhí sé de cheart ag muintir na cathrach, agus ag an gcathair féin, dar le Ó Sándair, seans a fháil chun ligean don Ghaeilge agus don Ghaelachas teacht faoi bhláth inti. Sna leabhair sa Chlub Leabhar Nua-Éireann déantar a mhór den ról a d'imir Baile Átha Cliathaigh i saoradh na tíre. In *Micilín*, mar a luadh ar ball, cothaíonn na Bráithre bród sa Bhaile Átha Cliathach óg as a chathair dhúchais, in ainneoin a staire casta. Múintear dó gur "...chuir éirí amach 1916 i ndíchuimhne aon aithis a bhí ag baint le stair na cathrach" (Ó Sándair, *Micilín* 16). Mar an gcéanna, in *Bliain ón mBás* tosaíonn an príomhcharachtar, Risteard Crampton, ag smaoineamh ar an gcathair agus é á fágáil. Dar leis, tá idir náire agus onóir i

stair Bhaile Átha Cliath: "Baile Átha Cliath – an Duibh-linn – cathair na nDanar, cathair Emmet agus Mhic Phiarais, mo chathairse! 'Mór a náir' – go ndearna iarracht ar bheith ina Londain bheag, 'Mór a glóir' – go dtug dúinn Seachtain na Cásca" (Ó Sándair, *Bliain ón mBás* 32). Tá an défhiús céanna le sonrú sa ghaol casta idir imeachtaí 'náireacha' stairiúla na cathrach agus a himeachtaí glórmhara is atá le sonrú sa ghaol casta idir an Gaelachas agus an galldachas agus idir an Ghaeilge agus an Béarla inti. Is dlúthchuid den chathair iad ar fad, agus ní féidir agus ní fiú é sin a shéanadh. Ach, ní fhágann sé sin nach bhfuil áit ag Baile Átha Cliath agus ag Baile Átha Cliathaigh sa domhan Gaelach. A mhalairt – bhí bua ag Baile Átha Cliath nach raibh ag an nGaeltacht, dar le Ó Sándair. Bhí an nua-aimsearthacht agus an idirnáisiúnachas mar dhlúthchuid de, agus ba tríd an dá ghné sin a thabharfaí an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach slán tríd an bhfichiú haois.

Ba do mhuintir Bhaile Átha Cliath a scríobh Ó Sándair a leabhair go príomha, gan aon agó. Ní hamháin go bhfuil formhór na scéalta lonnaithe sa chathair sin, ach iad siúd nach bhfuil, déantar tagairt go minic iontu do chathair dhúchais a n-údair. In *Réics Carló sa tSín*, mar shampla, cuireann Brian hata Hari Tsin, Síneach, i gcomparáid "...leis na cineálacha úd a díoltar ar Dhroichead Uí Chonaill nuair a bhíos cluiche mór ar siúl i bPáirc an Chrócaigh" (Ó Sándair 17). Mar an gcéanna, is é an chéad ráiteas as béal Réics tar éis dó cos a leagan ar dhromhchla na gealaí ná "Baile Átha Cliath abú!" (Ó Sándair, *Réics Carló ar an nGealaigh* 18). Is ar íomhánna de phríomhchathair na hÉireann a tharraingíonn Ó Sándair chun cur síos a dhéanamh ar an ngealach, freisin. Deirtear go gcuireann muintir na gealaí "...an cineál céadna spéise [i Réics et al.] is a cuirtear i "Susie" an moncaí glic i nGáirdíní na mBeithíoch i mBaile Átha Cliath" (21); feiceann na carachtair bláthanna sna Gáirdíní Impiriúla nach bhfuil "...a leithéidí le fagháil fiú amháin ag cúinne Sráid Uí Mhórdha!" (25); agus tá an ollphéist gealaí chomh hard le Gallán Nelson (31). Tugann na tagairtí seo

le fios gurbh iad daoine óga Bhaile Átha Cliath a bhí mar phríomh-spriocléitheoirí ag Ó Sándair agus é ag scríobh na scéalta seo.

Is léir gur mhór an spreagadh a thug leabhrán Néill Uí Dhomhnaill, *Forbairt na Gaeilge*, "...the most unjustly neglected landmark in the history of modern literature in Irish...", d'Ó Sándair nuair a foilsíodh é i 1951 (O'Leary, *Writing Beyond* 388). Sa leabhrán tábhachtach sin, thug Ó Domhnaill, cainteoir dúchais as Dún na nGall, dúshlán na ndaoine ar fad a bhí ag déanamh dochair don Ghaeilge, dar leis, agus iad ag úsáid a n-údarás mar chainteoirí dúchais chun constaic a chur roimh fhás na teanga. Scríobh sé go raibh sé thar am deireadh a chur le cogadh an dá chló, an litriú a shimpliú agus éirí as an gcúigeachas binbeach a bhí ag feo na teanga. Dála Uí Shándair, mheas Ó Domhnaill go raibh an teanga in ann don teagmháil leis an mBéarla, mar a bhí sí in ann do na teangacha éagsúla lenar theagmhaigh sé leis na céadta bliain anuas:

> Tráth den tsaol bhí an Ghaeilg ar theangacha bríomhara na hEorpa. Cuireadh smacht intinne ar a lán léi, agus ba mhóide a cumas féin sin. Mharbh sí na teangacha a bhí in Éirinn agus in Albain roimpi. D'ailp sí iad agus chuir sí lena leas an méid dá subsaint a bhí indíleaite. Bheathaigh sí í féin go hamplach as an Laidin. Chaith sí as a béal an Lochlainnais agus an Normannais, mar nach mbeadh iontu ach miodamas barbartha. (16)

Chreid Ó Domhnaill nach bhféadfadh an teanga teacht faoi bhláth ach i mBaile Átha Cliath, áit a mbíodh Gaeilgeoirí ó gach cearn den tír ag meascadh le chéile go laethúil. Cé go raibh lochtanna móra ar an nGaeilge a bhí á labhairt sa chathair, dar leis, ar a laghad bhí sí beo agus bríomhar:

> Tá céad locht uirthi mar oidhre ar an teanga dhúchais, ach tá buaidh mhillteannach amháin aici thar Ghaeilg na Gaeltachta; tá sí á beathú féin ó mhaidin go hoíche. Alpaire craosach focal atá inti. Sa mhéid sin ní bríomhaire béarlagar Mheireacá ná í. Tá sí óg, tá sí ocrach, agus is cuma sa donas léi ach slugadh inti agus fás go mbí sí innuachair nó inscléipe ag Fearaibh Éireann. Tá an Bhrí Cheilteach athghinte inti. Chuirfeadh sí an Chruithnis den tsaol arís. Shúifeadh sí an Laidneachas go fonnmhar. Agus mura bhfuil ag Dia dhéanfaidh sí cleamhnas leis an Bhéarla!
>
> Tá 'Gaeilg Bhaile Atha Cliath' beo beithíoch, i dtús a réime, nuair atá Gaeilg na Gaeltachta ag fáil bháis le tinneas bhéal an ghoile. Ach tá oiliúint ag

> teastáil go mór uaithi. Caithfidh sí aithint gurbh as Caint na nDaoine a fhréamhaigh sí agus gurb i gCaint na nDaoine a mhaireas a bhfuil ann anois den stairiúlacht a cháilíos teanga. Má thréigeann sí a gaol le teanga na Gaeltachta is dual di imeacht as cineál. (18)

Bhí gá le ceangal docht idir Gaeilge Bhaile Átha Cliath agus Gaeilge na Gaeltachta, ach fós bhí gá aici le saoirse chun fás go nádúrtha.

Is féidir a shamhlú an dóchas agus an t-ardú meanman a thabharfadh a leithéid de thuairim, ó chainteoir dúchais, d'fhear óg a bhí tar éis beagnach deich mbliana a chaitheamh ag déanamh iarrachta cearta Ghaeilgeoirí óga na cathrach a chosaint. Tar éis deich mbliana, nach mór, d'eagarthóirí an Ghúim ag insint d'Ó Sándair nach raibh a chuid Gaeilge maith go leor, bhí dearcadh nua ag teacht ar an saol. Sa bhliain 1954 nuair a cháin léitheoir amháin mídhílseacht Uí Shándair do chanúint Chonamara, thagair Ó Sándair do Niall Ó Domhnaill chun é féin a chosaint:

> Deir an léitheoir nach "leanann an t-údar a chanúint go dílis." Tá sin fíor. Níl aon chanúint agam, cé go bhfuil dúshraith de Ghaeilge Chois Fharraige agam. Taithníonn dearcadh Néill Uí Dhomhnaill liom: "Thug an cogadh canúnachais a sheal…Beidh siad uilig (.i. na canúintí) mar dhúsraith ag an chaighdeán." (Comhad N1543)

In alt a scríobh Gréagóir Ó Dúill do *The Irish Times* i mí na Samhna 1992, rinne sé achoimre ar chaint a thug Ó Sándair nuair a bhronn Bord na Leabhar Gaeilge gradam air an mhí roimhe sin. Scríobh Ó Dúill: "Leathnaigh leabhrán conspóideach dóchasach Niall Uí Dhomhnaill, *Forbairt na Gaeilge*, íor na spéire dó lena theachtaireacht neamh-eaglach faoi leorchumas agus faoi chaighdeánú na Gaeilge don tsaol mhór nua" (13).

Anuas ar na tagairtí oscailte seo do *Forbairt na Gaeilge*, chuaigh teachtaireacht an leabhráin i bhfeidhm ar scríbhneoireacht Uí Shándair, freisin. Is léir go raibh tuairimí Uí Dhomhnaill ar intinn ag Ó Sándair agus é ag scríobh *Réics Carló sna Stáit Aontaithe* go luath sa bhliain 1952, cuir i gcás. Bíonn argóint idir Réics agus Fionnuala agus iad ar an

eitleán anonn go Nua-Eabhrac ag tús an scéil. Tá Réics ag gearán faoi iarrachtaí filíochta an Ruarcaigh, ag rá "...gur fada ó fhilí na linne seo bheith chomh maith leis na sean-éigse!" (Ó Sándair, *Réics Carló sna Stáit Aontaithe* 7). Ní aontaíonn Fionnuala leis an dearcadh diúltach seanchaite sin, agus deir sí: "Tá an iomarca measa agat ar an sean-aimsearacht, a Dhaid. Ag dul in aois agus ag dul in olcas atá tú. Tá tú ag dul i searbhas agus ní maith leat éinní nua do chloisint. Comhartha cinnte sean-aoise é gan duine bheith i ndon éinní maith d'fheiscint sa nglúin óig!" (7). Níos déanaí sa scéal, téann Réics et al. chuig club oíche i Nua-Eabhrac agus iad ar lorg coirpigh. Tagann aighneas idir Réics agus na daoine óga arís nuair a deir sé gurbh fhearr go mór leis a bheith suite i gcistin theolaí in Éirinn, ag éisteacht le ceol traidisiúnta. Arsa Brian leis: "Ná bí chomh sean-aimseartha agus tá tú! Tá tú ag brionglóidigh ar ré atá imithe. Is amhlaidh atá tú ar fán sa 'gclap-sholas Ceilteach. A dhuine chroí, tá an leictreachas againn in Éirinn féin – sa tuaith chomh maith leis an gcathair!" (22). Aontaíonn Fionnuala le Brian, agus cuireann sí lena bhfuil ráite aige, ag áiteamh: "Is dóigh lem' athair go bhfuil greim docht aige ar a dhúchas; ach, ina ionad san, is amhlaidh atá greim aige ar chóta dhearga a shean-mháthair!" (22). Is aithris í an chaint seo ar ráiteas Néill Uí Dhomhnaill in *Forbairt na Gaeilge*, "Nuair a shíleas scríbhneoirí na Gaeltachta go bhfuil greim docht acu ar a ndúchas is é rud atá barróg acu ar chóta dearg a máthar" (12). Ní luann Fionnuala gur ag tagairt don leabhrán sin atá sí, áfach.

Is cosúil gurbh é cinneadh Uí Shándair chun a chuid leabhar a dhíriú ar aos óg Bhaile Átha Cliath ba chionsiocair leis an rath thar cuimse a bhí ar na leabhair. Dream mór a bhí iontu a raibh faillí á déanamh iontu ag foilsitheoirí na hÉireann, ag foilsiú i mBéarla agus i nGaeilge. Ní hamháin, mar a léiríodh ní ba luaithe, gur bheag scéinséir dúchasach a sholáthraítí do na daoine óga seo, ach na leabhair a chuirtí ar fáil dóibh, sa dá theanga, ní raibh siad ag dul i ngleic lena saol siúd sa chathair. Ba cheannródaí é Ó Sándair, agus

mhúscail an cheannródaíocht seo spéis sa léitheoireacht Ghaeilge i ndream nár léirigh mórán spéise inti roimhe sin. Mar fhianaise air seo, is i mBaile Átha Cliath a bhí cónaí ar leath de na daltaí a ghlac ballraíocht i gClub Leabhar na Sóisear ina chéad bhliain, 1956-57 (Comhad G382). Cé gur ag scríobh do dhéagóirí Bhaile Átha Cliath a bhí Ó Sándair go príomha, áfach, mheall a scéalta léitheoirí óga ar fud na Galltachta, freisin, toisc gur léirigh siad nár bhain an Ghaeilge leis an saol sa Ghaeltacht amháin.

## *5 Tátal*

Rinne Cathal Ó Sándair éacht ar son na Gaeilge, agus ar son léitheoirí óga na Gaeilge. Chum sé scéalta i seánraí a raibh dúil mhór ag muintir óg na hÉireann iontu, nach raibh a macasamhlacha á gcur ar fáil ag scríbhneoirí Béarla na hÉireann. Chuir sé íomhá dhearfach fhorásach don saol in Éirinn chun cinn i gcónaí, agus thug sé tús áite don chathair agus don bhaile mór ina shaothar, láithreacha a raibh neamhaird tugtha ag scríbhneoirí Éireannacha eile orthu go dtí sin. Mheall Ó Sándair glúin nua chun na léitheoireachta Gaeilge den chéad uair, agus choimeád sé spéis na glúine sin lena shamhlaíocht agus lena bhisiúlacht.

As na húdair uile a phléitear sa tráchtas seo, is ó Ó Sándair is féidir linn an méid is mó a fhoghlaim, is dóigh liom, chun cabhrú le staid litríocht Ghaeilge na n-óg sa lá atá inniu ann. Bhraith cuid de rath Uí Shándair ar an gcomhthéacs stairiúil ina raibh sé ag scríobh – bhí caighdeán na Gaeilge ní b'airde sna scoileanna ag an am, bhí béim ar an tsaorléitheoireacht Ghaeilge sna meánscoileanna agus bhí an earnáil fhoilsitheoireachta Béarla in Éirinn don aos óg an-lag. Ag an am céanna, is dóigh liom gur féidir linn foghlaim ón gcaoi ar dhírigh Ó Sándair a leabhair ar spriocmhargadh ar leith, ag cur na Gaeilge in oiriúnt do shaol an spriocmhargaidh sin, agus ón gcaoi ar bhain sé úsáid as seánraí a raibh an-tóir orthu sa tír ag an am. Thar aon rud eile, sílim gur féidir linn foghlaim ó bhisiúlacht

an tSándaraigh, a thug deis do léitheoirí óga na Gaeilge a bheith ina léitheoirí dílse craosacha agus éirí cleachta ar léamh rialta na Gaeilge den chéad uair.

# CAIBIDIL 4: FAOI SCÁTH AN TSÁNDARAIGH – SCRÍBHNEOIRÍ EILE DÉAGLITRÍOCHTA SA GHÚM

## *1 Réamhrá*

Níl aon amhras ach gurbh é Cathal Ó Sándair an t-údar ba bhisiúla agus ba thábhachtaí a bhí ag foilsiú déaglitríochta leis an nGúm sna 1940idí, sna 1950idí agus sna 1960idí. Ní fhágann sé sin, áfach, nach raibh údair eile sa tréimhse sin a bhí ag iarraidh freastal ar an margadh céanna léitheoirí. Báitear iarrachtaí na n-údar eile seo, go pointe, san éacht mór scríbhneoireachta a rinne an Sándarach, ach fós féin is fiú féachaint ar shaothar na n-údar eile seo, agus a gceart a thabhairt dóibh as ar chuir siad leis an déaglitríocht Ghaeilge i lár an fhichiú céad. Sa chéad chuid den chaibidil seo tabharfar spléachadh tapa ar chuid de na leabhair do dhéagóirí a d'fhoilsigh an Gúm sa tréimhse chéanna ina raibh Ó Sándair ag scríobh. Tá na leabhair seo spéisiúil iontu féin, go háirithe mar léargas ar stair shóisialta na tréimhse, ach tá cuid acu spéisiúil mar léargas ar dhearcadh an Ghúim ar litríocht Ghaeilge na n-óg freisin.

Díreofar sa dara cuid den chaibidil ar bheirt údar ar leith a bhíodh ag foilsiú déaglitríochta leis an nGúm – Mícheál d'Andún agus Críostóir Ó Floinn. Gné thábhachtach de shaothar na beirte seo, a chaitheann solas ar fhorbairt litríocht Ghaeilge na n-óg inár dtréimhse, ná an tionchar a d'imir Cathal Ó Sándair orthu beirt. D'imir sé tionchar díreach orthu lena leabhair féin, leis na seánraí ar bhain sé úsáid astu agus leis an margadh suntasach léitheoirí a chruthaigh sé ó thús na 1940idí ar aghaidh. Anuas air sin d'imir sé tionchar orthu go hindíreach tríd an gcaidreamh a bhí aige leis an nGúm, agus tríd an gcaoi ar chaith an Gúm le húdair eile déaglitríochta mar thoradh ar an gcaidreamh seo.

## *2 Spléachadh ar dhéaglitríocht an Ghúim idir 1940 agus 1967.*

Ba thearc iad na banscríbhneoirí do dhéagóirí sa tréimhse atá i gceist sa tráchtas seo, agus b'amhlaidh a bhí i gcás na n-úrscéalta i gcoitinne, mar a luann Titley agus Nic Eoin (Titley, *An tÚrscéal* 68; Nic Eoin, *An Litríocht* 21). Is díol spéise é, mar sin, gur bhean a scríobh ceann de na chéad úrscéalta dúchasacha Gaeilge do dhéagóirí a d'fhoilsigh an Gúm. Foilsíodh *Manannán* le Máiréad Ní Ghráda sa bhliain 1940 agus ní hamháin go raibh sé ar cheann de na chéad leabhair dhúchasacha Ghaeilge do dhéagóirí a foilsíodh, ach de réir Philip O'Leary agus Éamoin Uí Chiosáin ba é an chéad sampla Gaeilge riamh d'úrscéal ficsin eolaíochta (O'Leary, *Writing Beyond* 119; Ó Ciosáin, "Máiréad Ní Ghráda" 179). In *Manannán* fionnann eolaí Éireannach plainéad nua in aice leis an Domhan agus baistear 'Manannán' air in ómós do sheandia Gaelach na farraige. Téann grúpa beag Éireannach go Manannán ar thuras taiscéalaíochta, agus déantar cur síos ar a n-eachtraí ar an bplainéad eachtrannach úd.

Fáiltíodh roimh *Manannán* i léirmheasanna na tréimhse. D'áitigh léirmheastóir *The Leader,* mar shampla: "We have practically no reading matter in Irish suitable for boys in their early teens; but even if we had plenty, Máiréad Ní Ghráda's thrilling tale would deserve to be rated high" ("Gaelic Story for Boys" 319). Bheinn féin ag teacht le tuairim O'Leary, áfach, agus é ag breathnú siar ar an téacs seachtó bliain níos déanaí:

> Apart from this claim to primacy, *Manannán*...is of little importance. Indeed Ní Ghráda, a competent writer of short stories and one of the most adventurous and accomplished Gaelic playwrights of her time or since, does not seem to have expended all that much imagination on a genre in which imagination is all. (*Writing Beyond* 119-120)

Is luachmar an leabhar é *Manannán* mar gheall ar a nuaíocht agus a phríomhaíocht, agus mar a áitíonn O'Leary tá sé spéisiúil mar léargas ar an stair shóisialta na hEorpa ag an am

agus deachtóir i réim ar Mhanannán (120). Ó thaobh an phlota de, áfach, is leamh agus is fada an eachtra í do dhaoine óga, nach bhfuil mórán samhlaíochta ag baint léi. Ní dhearna Ní Ghráda aon iarracht eile a leithéid de théacs a scríobh arís ina dhiaidh sin, ach chuir sí go mór le litríocht Ghaeilge na n-óg lena drámaí do pháistí agus lena leabhair do pháistí óga a foilsíodh ó na 1970idí ar aghaidh – *Áille agus Brúid* (1971) agus *Máire agus a Mála* (1990), cuir i gcás.

Leabhar eile a foilsíodh i 1940 a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis, más mar léargas ar mhodhanna oibre an Ghúim amháin é, ná an scéal eachtraíochta *Ór Inis Tor* le Seán Mac Maoláin. Eagarthóir de chuid an Ghúim ba ea Mac Maoláin, agus mar a luadh i gcaibidil a trí ba eisean ba mhinicí a d'athscríobhadh lámhscríbhinní Chathail Uí Shándair sular cuireadh i gcló iad. Sular chuala sé trácht ar Ó Sándair, áfach, chuir Mac Maoláin a lámh féin le cumadóireacht don aos óg le leabhar eachtraíochta d'aosánaigh, *Ór Inis Tor*. Leabhar conspóideach a bhí ann, taobh istigh den Ghúm, mar a mhíníonn Gearóidín Uí Laighléis (199). Dúirt an chéad léitheoir ar cuireadh an lámhscríbhinn chuige, Pádraig Mac Seaghain, nár chóir an leabhar a chur i gcló toisc go raibh "...cuid mhaith seafóide agus mí-nádurachta ann" agus go raibh blas láidir den 'stage Irishman' ar chuid de na heachtraí (Comhad N710). Bhí an dara léitheoir, Séamus Ó Searcaigh, glan i gcoinne é a chur i gcló freisin. De ghnáth, ba leor an dá dhiúltú sin don Ghúm chun nach nglacfaí leis an leabhar, ach is dócha toisc gur dhuine d'fhoireann an Ghúim é Mac Maoláin, cuireadh an lámhscríbhinn ar aghaidh chuig beirt léitheoirí eile – Mícheál Breathnach agus Fiachra Éilgeach (Risteard Ó Foghludha) – agus léigh Domhnall Mac Grianna, príomheagarthóir an Ghúim ag an am, an lámhscríbhinn freisin.

Ba í an tuairim ghinearálta a bhí ag an triúr deireanach úd ná go raibh an scéal lag, go raibh cúpla eachtra ann gur ghá iad a ghearradh amach, ach gurbh fhiú é a chur i gcló toisc ghanntanas an chineáil sin leabhair don aos óg ag an am. Scríobh Mícheál Breathnach, cuir i gcás: "Níl an sgéal seo chomh maith 's ba cheart dó bheith ach tá roinnt mhaith sgéalta i gcló nach bhfuil aon phioc níos fearr 'ná é ná chomh maith leis, b'fhéidir...Caithfear tús a chur le sgéalta dá leithéid am éigin agus is dual do gach tosnú bheith iarraidh bheag lag" (Comhad N710). Bhí Seán Mac Lellan buartha go raibh an aithne a bhí ag na léitheoirí ar an údar ag dul i bhfeidhm ar a mbreithiúnais, agus is dócha go raibh an ceart aige, mar foilsíodh an leabhar in ainneoin gur dhiúltaigh Mac Maoláin d'fhormhór na moltaí a bhí ag na léitheoirí don téacs. Is ríspéisiúil an t-iompar seo sa Ghúm nuair a chuirtear i gcomparáid é leis an gcaoi ar caitheadh le Críostóir Ó Floinn ann deich mbliana ní ba dhéanaí, mar a fheicfear ar ball.

Is scéal é *Ór Inis Tor* faoi bhuachaill darb ainm Paidí atá ina chónaí lena mhuintir ar oileán beag i nDún na nGall darb ainm Inis Tor. Lá amháin tagann soitheach mór chuig an oileán. Deir duine de na mairnéalagh le Paidí gur ag lorg 'cloch chuilinn' atá siad i gcuan Inis Tór chun díol leis na Gaeil i Meiriceá, ach nuair a dhéanann Paidí roinnt spiaireachta orthu feiceann sé gur ag tógáil aníos boscaí óir as an gcuan atá siad. Téann Paidí i bhfolach ar an soitheach chun tuilleadh eolais a fháil faoin ór, agus chun cuid den ór a éileamh ar son a mhuintire. Gluaiseann an long chun siúil, áfach, agus tagann duine de na mairnéalaigh ar Phaidí. Toilíonn Paidí dul leo go Meiriceá chun lasta móna agus ál muc a dhíol leis na daoine thall. Déantar rud mór den spéis a chuireann na Gaeil thall sa mhóin, agus tarlaíonn cúpla eachtra sheafóideach leis na muca (an blas 'stage Irishman' a luaigh Mac Seaghain). Feallann duine de na mairnéalaigh ar an gcriú ar fad agus goideann sé féin agus scata

Giúdach an t-ór. Socraíonn Paidí síos i Meiriceá lena bhrabús ó dhíol na móna, agus ní fhilleann sé ar Éirinn arís.

Is beag carachtracht a dhéantar ar phríomhphearsa *Ór Inis Tor*, Paidí, gan trácht fiú ar na mioncharachtair. Níl mórán teannais ná corraí ann ach an oiread. I bhfocail Fhiachra Éilgigh: "...cúrsaí neambaoghlac, bóithre réidhe, súgaidheacht gan achrann, airgead agus ór so-fhoghálta, sámhas ag suaimhneas atá ann ó thúis go deireadh...Is geall le pic-nic é go léir" (Comhad N170). Nó mar a scríobh Mícheál Breathnach faoi: "Sgéal eachtraidheachta a chuir an t-ughdar roimhe do sgríobhadh ach is beag eachtra atá ann" (Comhad N710). Díol spéise, áfach, gurb é an t-aon leabhar do dhaoine óga a d'fhoilsigh an Gúm a luann Pádraig Ó Baoighill ina chuntas ar léitheoireacht a óige i nGaeltacht Thír Chonaill (74).

Scéal eachtraíochta eile a foilsíodh sa tréimhse seo ná *Ciste Fé Thalamh* (1951) le Oliver Ellis. Tá an-chosúlacht idir Ellis agus Cathal Ó Sándair ó thaobh a spreagtha chun pinn. Chonacthas i gcaibidil a trí an chéad litir a chuir Cathal Ó Sándair chuig an nGúm, agus é naoi mbliana déag d'aois, inar luaigh sé a fhonn mór chun leabhair Ghaeilge a chur ar fáil do dhaoine óga agus a chion féin a dhéanamh ar son na teanga. Seo thíos cuid den chéad litir a chuir Oliver Ellis chuig an nGúm i 1949, agus gan ach sé bliana déag slánaithe aige:

> I have always wished to see Irish the spoken language of our country, and from an early age, I have felt the desire to further, in some small way, this cause.
>
> With this ideal in mind I began, some time ago, to write a story, which would be suitable for publication as a book for boys. (Comhad A0617)

Leanann Ellis air ag rá go ndearna sé iarracht an scéal a scríobh i nGaeilge, ach nach raibh a chuid Gaeilge maith go leor chuige sin. Ina áit sin scríobh sé as Béarla é, agus sa litir impíonn sé ar an nGúm an scéal a aistriú go Gaeilge. Cé go raibh léitheoir amháin de chuid an Ghúim ina choinne, glacadh leis an scéal agus earcaíodh Gearóid Mac Spealáin chun é a aistriú. Is léiriú ar thosaíochtaí an Ghúim i litríocht Ghaeilge na n-óg ag an am é go bhfuair

an fear a chuir Gaeilge ar an scéal, Mac Spealáin, beagnach cúig oiread an méid íocaíochta is a fuair an bunscríbhneoir óg, Ellis (Comhad A0617). Is léir gur measadh sa Ghúm gur thábhachtaí caighdeán na Gaeilge i scéal don aos óg ná ábhar an scéil. Ní léir go raibh aon bhaint eile ag Ellis le litríocht na Gaeilge tar éis don Ghúm *Ciste Fé Thalamh* a fhoilsiú.

Údar amháin de chuid an Ghúim a chuaigh ar aghaidh chun a chion a dhéanamh ar son litríocht Ghaeilge na n-óg (agus ar son litríocht na Gaeilge go ginearálta) ná Annraoi Ó Liatháin. I 1954 a d'fhoilsigh an Gúm an chéad leabhar le Ó Liatháin, *Oscar*. Scríofa ó pheirspictíocht madra mhóir a dhíbrítear as a bhaile nuair a ionsaíonn sé deartháir brúidiúil a mháistir, leanann an scéal saol Oscair san fhiántas agus é ag iarraidh fanacht amach ó na daoine a thagann chun é a mharú toisc gur 'baol' é don phobal. Leagtar béim ar uaisleacht an ainmhí, agus nuair a chastar fear a dhiongbhála air sa deireadh is le meas a chuireann sé deireadh leis an madra cumhachtach uasal. Is scéal ar leith é, a bhfuil macallaí de scéalta Jack London ann, agus é scríofa go fileata cumhachtach. Ní raibh aon fhadhb ag an nGúm glacadh leis i gcomhair foilsiú – scríobh Torna: "Scéal iongantach iseadh é seo. Ní fheadar an bhfuil a macosamhla i n-aon teanga eile ar dhruim an domhain, lasmuigh den Ruisis bfhéidir" (Comhad N1093). Chuaigh Annraoi Ó Liatháin ar aghaidh, mar a fheicfimid, chun ceithre leabhar a chur ar fáil do Chlub Leabhar na Sóisear i rith na tréimhse atá faoi chaibidil sa tráchtas seo, agus scríobh sé roinnt leabhar do dhaoine fásta freisin.

Chuir Éamon Ó Faoláin na lámhscríbhinní dá dhá leabhar *An Bráithreachas Dubh* (1952), scéal coireachta, agus *Sirriam Phecos* (1952), scéal faoin Iarthar Fiáin, faoi bhráid an Ghúim i 1944 agus 1945 faoi seach. Is dócha, mar sin, nach mbeadh sé cothrom a rá gur ag leanúint shampla Chathail Uí Shándair a bhí sé. Ní raibh ach dornán scéalta faoi Réics Carló foilsithe ag an bpointe sin, agus ní raibh aon cheann de scéalta Uí Shándair faoin

Iarthar Fiáin i gcló go fóill. Leoga, fuarthas lámhscríbhinn *Soir ón Rio Grande* Uí Shándair díreach trí mhí sular chuir Ó Faoláin *Sirriam Phecos* chuig an nGúm. Níl aon amhras ach gur oscail Ó Sándair súile an Ghúim maidir le luach an chineáil sin scéil, áfach, agus go ndeachaigh an tuiscint sin chun sochair d'Ó Faoláin. I gcodarsnacht le saothair bhleachtaireachta Uí Shándair níl pearsa an bhleachtaire róthábhachtach in *An Bráithreachas Dubh*. Is le hobair na nGardaí Síochána, agus le cabhair ó ghadaí uasal a dtugtar 'an Daol' air, a chuirtear cosc ar dhrochphleananna na buíne coirpeach sa scéal. Is de réir ghnáthfhoirmle scéalta an Iarthair Fhiáin, áfach, a scríobh Ó Faoláin *Sirriam Phecos*, faoi fhear óg – de shliocht Éireannach – ag filleadh ar a bhaile dúchais chun díoltas a bhaint amach dá athair.

D'fháiltigh léitheoirí an Ghúim roimh dhá leabhar Uí Fhaoláin, in ainneoin gur measadh nach raibh siad ar chomhchaighdeán le leabhair Uí Shándair (Comhad N1215). Seo cuid de bharúil Mhichíl Uí Shiochfhradha faoin dá leabhar:

> Molaim go láidir gach áis is féidir a dhéanamh do nua-ughdar atá i mbun leabhair de'n chineál so. Is nua-fhás sa teangain iad, tá riachtanas mór leo agus is as nua-fhás mar seo a fhásfaidh saghasanna eile arís. (Ó Siochfhradha faoi *An Bráithreachas Dubh*, Comhad N1130)

> Cé ná beidh ann ach leabhar beag-cháile sé an saghas é atá ag teastáil ón bpobal mór nach áil leo léigheann ná scoláireacht ach leabhar a dhéanfadh pléisiúr agus taitneamh dóibh cois teine. Beidh tóir leis air ag daoine óga 'nua-aimseardha' atá dóthanach de bhéaloideas ár sean! (Ó Siochfhradha faoi *Sirriam Phecos*, Comhad N1215)

Feictear sna tuairiscí seo go raibh an Gúm an-oscailte do na cineálacha téacsanna sin – mar a dúirt Ó Siochfhradha, 'nua-fhás' a bhí iontu sa Ghaeilge, agus bhí an Gúm go mór ag iarraidh an fás sin a chothú. Bhainfeadh Ó Faoláin triail as seánra eile arís agus é ag scríobh do Chlub Leabhar na Sóisear tamall de bhlianta ní ba dhéanaí. Is scéal eachtraíochta staire é *An Lann Tolédo* (1957) faoi dheoraí óg Éireannach atá in arm na Spáinne sa seachtú céad déag.

Scríbhneoir eile a chuir blianta a phrintíseachta isteach sa Ghúm sula ndeachaigh sé ar aghaidh chun páirt a ghlacadh i gClub Leabhar na Sóisear ná Eoghan Ó Grádaigh. Ba é an seánra ficsean eolaíochta a shaothraigh Ó Grádaigh sa Ghúm, cé go n-iompódh sé ar an seánra bleachtaireachta agus é ag freastal ar Chlub Leabhar na Sóisear. Ba chiallmhar an t-athrú dó é. Tá sé deacair a thuiscint cén fáth ar chuir an Gúm an chéad leabhar dá chuid, *I Seirbhís an Impire* (1952) i gcló in aon chor. Is leabhar leamh casta aisteach é nach bhfuil aon chríoch cheart leis. Is é an rud atá ann ná seanfhear Éireannach ag craoladh clár raidió i 1993 faoi eachtraí a óige mar shaighdiúir in arm na Mongóile, agus cogadh mór ar siúl idir an tír sin agus tíortha eile na hÁise. Níl mórán céille sa scéal – fuadaítear an reacaire ó Éirinn agus é ina fhear óg, agus tógtar go dtí an Mhongóil é mar a dtugtar rogha dó dul isteach san arm nó dul ag obair i mianach. Téann sé isteach san arm agus is saighdiúir dílis é as sin amach, cé go mbíonn deiseanna aige an t-arm a fhágáil ag amanna éagsúla. Leanann an scéal é agus é ag cruthú go hiontach mar shaighdiúir, agus mar cheannaire fear. Tagann deireadh leis an leabhar go tobann agus gan aon réiteach tagtha ar eachtraí an scéil, toisc go bhfuil deireadh leis an gclár raidió. Is dócha go raibh sé ar intinn ag Ó Grádaigh leabhar eile a scríobh chun an scéal a chríochnú, ach nár bhac sé riamh leis.

Is fearr an scéal é *An Spiorad Do-chloíte* (Ó Grádaigh 1954), a bhfuil scríofa ag O'Leary faoi gurb é "...what a modern reader may find the most intruiging [*sic*] piece of popular literature from this period [1940-1951]" (*Writing Beyond* 103). Tá an scéal áirithe seo lonnaithe tamall gairid sa todhchaí, agus le cúig bliana roimhe sin tá Éire faoi smacht ag na Moslamaigh, a bhí á húsáid mar láthair straitéiseach chun cath a chur ar Stáit Aontaithe Mheiriceá. Pléann eachtraí an scéil le héirí amach na nÉireannach i gcoinne a máistrí 'eiriciúla', éirí amach a bhfuil rath air agus a fhágann faoi na hÉireannaigh todhchaí na tíre

a chruthú dóibh féin. Tá macallaí ann tríd síos ar Éirí Amach na Cásca – tugtar 'Óglaigh' ar lucht na réabhlóide, cuir i gcás (Ó Grádaigh, *An Spiorad* 16). Críochnaíonn an scéal leis an gceathrar príomhcharachtar – Tomás, Seán, Cáit agus Siobhán – ag breathnú amach ar chathair Bhaile Átha Cliath agus ag caint faoina ndóchas don todhchaí. Cuireann óráid fhada Thomáis deireadh leis an leabhar:

> Tá obair mhór le déanamh againn go léir. Chímse an chathair seo, príomhchathair ár dtíre, Baile Átha Cliath, á tógáil as an nua. Stuaiceanna na hArdeaglaise agus na dteampall, agus foirgnimh áille, ag éirí suas chun na spéire. A hainm in airde ar fuaid an tsaoil maidir le Creideamh agus le Saíocht. Déantúisí a monarchan á ndíol ar mhargaí an domhain mhóir. Cuairteoirí ag teacht ó gach aird chun tamall a chaitheamh inti. Í mar bhí Cathair na hAithne fadó ach í míle uair níos fearr ná an chathair sin. Chím fir agus mná ag siúl na sráideanna agus iad creidiúnach, fuinneamhach, grásta Dé ina dtimpeall. Ní shílim gur taibhreamh é sin. Braithim go dtiocfaidh sé fíor, go mbeimid mar bhí na Fianna fadó – glaine in ár gcroí, neart in ár ngéaga agus beart do réir ár mbriathar – agus gurb iad glóire Dé agus onóir na hÉireann na cuspóirí uaisle a bheidh mar threoir againn. (68)

Mar is léir ón ráiteas seo, is ag cur chun cinn saoldearcaidh ar leith atá Ó Grádaigh sa leabhar – meas ar chultúr na hÉireann, oscailteacht don domhandú agus thar aon rud eile tábhacht na Críostaíochta.

Tá cuid mhaith leabhar eile do dhéagóirí ann a foilsíodh sa tréimhse seo nach acmhainn dom iad a phlé anseo, cheal spáis. Sna 1940idí, cuir i gcás, d'fhoilsigh an Gúm dhá leabhar d'eachtraí greannmhara áiféiseacha le Micheál Ó Cionnfhaolaidh in *Eachtra an Phortáin agus Scéalta eile* (1940) agus *Eachtra na Beiche* (1941), leabhair gearrscéalta do dhaoine óga le Pádraig Ó Bróithe agus Séamus Ó Néill – *Leabhar Aoibhnis do Buachaillí is do Chailíní* (1940) agus *An Sean-Saighdiúir agus Scéalta Eile* (1945) faoi seach – leabhar eachtraíochta le Pádraig Mac Conghamhna in *Eachtra Mór ar Muir* (1945) agus scéal ó pheirspictíocht capaill le Seán Ó Muirthile in *Ruaidhín* (1948). Sna 1950idí a foilsíodh *Domhnaillín* (N. Tóibín 1950) a luadh i gcaibidil a dó; *Pluais na nIongantas* (1953), scéal faoi smuigléirí le "Carraig na Téide" (Seán Ó Murchadha); *Gasúr de Chuid Bhaile na nGrág* (1956), *bildungsroman* Gaeltachta le Tadhg Ó Rabhartaigh; agus *An Bheisteoim*

(1955), scéal tanaí ficsin eolaíochta le Mac Conghamhna, ar éirigh leis duais an Oireachtais a bhaint amach ar chaoi éigin.

Sa chuid eile den chaibidil seo pléifear saothar na beirte ba bhisiúla, seachas Cathal Ó Sándair, a bhí ag foilsiú déaglitríochta leis an nGúm sa tréimhse seo – Mícheál d'Andún agus Críostóir Ó Floinn. D'fhoilsigh an Gúm dhá leabhar déag agus trí leabhar dá gcuid, faoi seach, do dhéagóirí idir 1953 agus 1962. Breathnófar anseo ar na saothair féin, ar an tionchar a d'imir Cathal Ó Sándair ar na saothair sin agus ar an gcaoi ar chaith an Gúm leis an mbeirt údar seo mar thoradh ar an gcaidreamh a bhí aige leis an Sándarach.

### *3 Mícheál d'Andún agus an Seánra Bleachtaireachta*

Fear meánaosta ba ea Mícheál d'Andún, Luimníoch, nuair a thosaigh sé ag cur scéalta do dhaoine óga ar fáil don Ghúm. Múinteoir bunscoile a bhí ann go dtí gur ceapadh mar chigire scoile é i 1924 agus bhí an post sin aige go dtí gur bhog sé go Sasana sna 1940idí lena mhuintir mar ar thosaigh sé ag múineadh arís. Rinne sé roinnt mhaith aistriúchán don Ghúm sular thosaigh sé ag scríobh a chuid scéalta féin – *An Casán Garbh* (Shiels 1944), *Dearc ar na hIfearnánaigh!* (McNamara 1944) agus *An Scáth agus an Amhmhaoin* (Carroll 1945), gan ach cuid de na drámaí a d'aistrigh sé a lua. Foilsíodh úrscéal bunaidh dá chuid do dhaoine fásta i 1945 – *Cnámha na Péacóige*. Díol spéise nár thosaigh d'Andún ag scríobh do dhaoine óga go dtí tús na 1950idí, agus é socraithe síos i Sasana ag múineadh arís. Díol spéise freisin gur ag scríobh do mhuintir óg na hÉireann a bhí sé, seachas ag scríobh do na páistí a bhí á múineadh aige, an spreagadh a chuir leithéidí Chríostóra Uí Fhloinn i mbun pinn. Seans gurbh iad a dheoraíocht agus a theagmháil le páistí Sasanacha a thug ar d'Andún a bheith ag smaoineamh ar ghlúin óg a thíre dúchais. Is léir nach raibh sé róshásta ag múineadh thall – i 1953, cuir i gcás, luaigh sé i litir chuig Seán Mac Lellan

go raibh sé tar éis roinnt "...nervous break-downs..." a bheith aige le tamall de mhíonna roimhe sin (Comhad N1451). Cúis na mbabhtaí seo, dar leis, ná "…that I have had pushed on me for the fourth year in succession a class of so-called 'backward' children – semi-imbecile unruly pups" (Comhad N1451).

An seánra a roghnaigh Mícheál d'Andún, agus é ag scríobh do dhaoine óga na hÉireann, ná an seánra bleachtaireachta. Idir 1950 agus a bhás i 1955 chuir sé trí scéal bleachtaireachta déag faoi bhráid an Ghúim, agus foilsíodh dhá cheann déag acu idir 1953 agus 1962. Is iad seo a leanas na cinn a foilsíodh: *An Fichillín* (1953), *Crannchur an Bháis* (1954), *Fiacal na Faille* (1954), *An Dall* (1954), *Dúnmharbhadh ar an Mál-bhád* (1954), *An Siúlóir* (1955), *Snáthad i Stáca Féir* (1955), *Oileán na gComhrann* (1955), *Séamus de Bhál & Mic* (1956), *Mic Bric Leonta* (1956), *Trí Dúnmharfa Go Leith* (1956) agus *Siocair le Dúnmharú* (1962). Is fiú a lua, áfach, nár foilsíodh na leabhair san ord inar chuir d'Andún isteach chuig an nGúm iad, ná baol air. Ba é *An Fichillín*, cuir i gcás, an séú lámhscríbhinn a cuireadh isteach, cé gurbh é an chéad leabhar a foilsíodh. Is aisteach an rud go ndearna an Gúm a leithéid, mar fágann sé go dtosaíonn an tsraith le leabhar ina nglactar leis go bhfuil seanaithne ag an léitheoir ar an bhfoireann carachtar, cé nach bhfuil sé/sí ach ag bualadh leo den chéad uair i ndáiríre.

Ar bhealach ní ollmhór an dearmad é seo, mar is í an fhoireann chéanna carachtar atá i sraith d'Andún is atá i bhformhór na sraitheanna bleachtaireachta a bhíodh á scríobh ó dheireadh an naoú céad déag ar aghaidh, sraith Réics Carló san áireamh. Tá bleachtaire ag d'Andún, Mic Bric, a bhfuil clú agus cáil idirnáisiúnta air, ach nach bhfuil toilteanach glacadh le post oifigiúil toisc go gcuirfeadh sé isteach ar a mhodh oibre (d'Andún, *Crannchur an Bháis* 3). Tá beirt chúntóirí ag Mic – a nia, Mic Óg, ógánach cliste

cumasach agus Síle, comharsa óg dá chuid a bhíonn ag brath go minic ar a "...d[h]úthchas mná..." chun eolas a fhionnadh (d'Andún, *An Dall* 39). Tá cónaí ar an triúr i bhFaing, baile beag i gcontae Luimnigh, ach is minic a théann siad as baile, chuig cathair Luimnigh, Baile Átha Cliath nó Londain mar chuid den scéal.

Is léir ón gcéad litir a chuir d'Andún chuig an nGúm faoin tsraith i mí na Samhna 1950 go raibh ráchairt Chathail Uí Shándair tar éis spreagadh éigin a thabhairt dó chun tabhairt faoin obair seo. Agus é ag trácht ar lámhscríbhinn *Crannchur an Bháis* a bhí iniata scríobh d'Andún: "B'fhéidir go n-oirfeadh sé do eagrán saor fé chlúdach páipéir ar nós 'Eachtraí Réics Carló'" (Comhad N1388). Fianaise eile go raibh tionchar seachtrach éigin á spreagadh chun an seánra ar leith sin a shaothrú ná gur admhaigh sé i 1952 nach raibh sé féin an-tógtha leis an seánra bleachtaireachta: "Probably your reader is not a detective story 'fan' – and neither am I. Hence this sort of thing bores both of us" (Comhad N1429). Anuas air sin, i 1953 nuair nach raibh an díol ar na leabhair a raibh d'Andún ag súil leis, scríobh sé chuig an nGúm ag rá "...is it not possible that a cover indication of the book's being a detective story might gee-up sales a bit?" (Comhad N1501). Thug an ráchairt a bhí ar an tsraith Réics Carló le fios do d'Andún go raibh tóir ar leith ag léitheoirí óga na Gaeilge ar an seánra bleachtaireachta – rud a chreid an Gúm chomh maith, is léir.

Ní ar sheánra na scéalta amháin atá tionchar Uí Shándair le feiceáil ar shaothar d'Andún, áfach. Bhí lámh aige, go hindíreach, sa chaoi ar chaith an Gúm le d'Andún freisin. Pléadh cheana gur cinneadh i 1942 go n-athscríobhfaí leabhair ar fad Uí Shándair i nGaeilge níos fearr, agus nach ndearnadh athbhreithniú ar an gcinneadh sin cé gur léir gur tháinig feabhas ar Ghaeilge Uí Shándair, agus in ainneoin an dochair a rinne an cinneadh do mhuinín an údair. Faoin am a bhí d'Andún ag cur a lámhscríbhinní bleachtaireachta faoi bhráid an

Ghúim, bhí an cleachtas seo ina nós ag an nGúm ní hamháin le Ó Sándair, ach le scríbhneoirí eile don aos óg – le hÉamon Ó Faoláin i gcás *An Bráithreachas Dubh*, le Pádraig Mac Conghamhna i gcás *An Bheisteoim* agus mar a fheicfimid ar ball, le saothar Chríostóra Uí Fhloinn.

Díol spéise, áfach, nach léir go raibh aon ghá leis an athscríobh seo i gcás shaothar d'Andún. Seo sampla de thuairimí léitheoirí éagsúla an Ghúim faoi chaighdeán Gaeilge d'Andún i gcuid de na lámhscríbhinní a cuireadh chucu le meas i gcomhair cló:

> Bheadh an Ghaedhilge seo infhoillsighthe. (Tomás Ó hÉighneacháin faoi *Crannchur an Bháis*, Comhad N1388)
>
> Ta an Ghaeilge go maith gonta, agus feiliunach don sceal. (Seán Mac Giollarnáth faoi *Crannchur an Bháis*, Comhad N1388)
>
> Tá an Ghaeilge go maith cruinn ag an údar i gcoitinne. (P. S. Ó Tighearnaigh faoi *An Fichillín*, Comhad N1451)
>
> Tá Gaedhilg an scéil seo so-thuigthe agus beagnach saor ó earráideacha, saoilim. (Seán Mac Maoláin faoi *An Fichillín*, Comhad N1451)
>
> Maidir le heolas ar an dteangain, tá san chun leor-chumais ag an údar: níl easba focal ná leagan air. Tá scríobh na teangan chun leor-chruinnis agus tuisciona leis aige dalta duine a fhoghlaim an teanga go maith ó íochtar aníos. (Mícheál Ó Siochfhradha faoi *Fiacal na Faille*, Comhad N1396)

Anois is arís deirtí go raibh Gaeilge d'Andún "...claon beag amhréidh..." nó gur scríobh sé í "...fé mar a deintí fiche bliain ó shin nó mar sin..." ach ní lochtanna iad siúd nach bhféadfadh an t-údar féin a cheartú dá míneofaí dó iad (Comhad N1429; Comhad N1464). Aon locht eile a bhí ag léitheoirí an Ghúim ar shaothar d'Andún, bhain sé le hábhar na scéalta seachas leis an teanga féin.

Fianaise eile nach raibh aon ghá mór leis an athscríobh i gcás d'Andún ná nár athscríobhadh a shaothair ar fad. Fágadh faoin údar féin, cuir i gcás, *Crannchur an Bháis,*

*Fiacal na Faille, An Dall* agus *Snáthad i Stáca Féir* a cheartú. Chomh maith leis sin, i gcás *An Fichillín*, ar tugadh an oiread sin moltaí dó mar a luadh thuas, ba é príomhról Sheáin Mhic Mhaoláin (a d'athscríobh na leabhair ar fad de chuid d'Andún a athscríobhadh) an litriú nua a chur i bhfeidhm ar an téacs, agus ansin an téacs a cheartú. Is léir, áfach, gur athscríobh iomlán a rinne sé, mar scríobh d'Andún chuig an nGúm i 1953 ag rá (go searbhasach, b'fhéidir):

> Seán Mac Maoláin has made a wonderful job of "An Fichillín". He has done much more than I expected him to do – he has improved my Irish out of recognition. Thank you, Seán.
>
> Nevertheless, there are a few points that I want to put before him soon: I don't like Munster Irish: I write a mixture of Munster & Western Irish; and he gives my Irish a very southern orientation – I'd prefer a bigger slant towards Connaught. (Comhad N1388)

Scríobh d'Andún chuig an nGúm arís cúig lá ní ba dhéanaí ag impí air an Muimhneachas a sheachaint in aon saothar eile dá chuid a mbeadh "...streamline..." á dhéanamh air ag Mac Maoláin amach ansin: "That ná instead of nach gives me the willies – don't know why" (Comhad N1396). Is aisteach an rud é go gcuirfeadh Ultach "...a very southern orientation..." ar théacs ar bith, ach is dócha gur shíl Mac Maoláin go n-oirfeadh sé don scéal toisc gur Luimnígh iad na príomhcharachtair.

Níor ghlac Mícheál d'Andún chomh réidh sin leis an athscríobh seo is a ghlac Cathal Ó Sándair (cé nár chuir sé ina choinne chomh láidir is a chuir Críostóir Ó Floinn, ach an oiread). Nuair a d'fhaigheadh d'Andún na ceartúcháin ar ais ar na lámhscríbhinní, dhéanadh sé iarracht a scríbhneoireacht a chosaint i gcónaí. Scríobhadh sé litreacha fada chuig an nGúm ag déanamh tagartha do shamplaí as leabhair eile a d'fhoilsigh an comhlacht sin chun tacú lena rogha focail nó natha[50]. Ní léir go raibh mórán éifeachta ag

[50] Is léir gur le linn dó ceann de na litreacha seo ó Mhícheál d'Andún a léamh gur bhuail an smaoineamh Seán Mac Maoláin chun tabhairt faoi *Lorg an Bhéarla* (1957) a scríobh. Tar éis dó sliocht a léamh ina raibh d'Andún ag cosaint roinnt nathanna a raibh dul an Bhéarla orthu, scríobh Mac Maoláin ar bhun na litreach: "Is rí-shuimeamhail liom an breitheamhnas Béarla seo thuas. Rinne mé cóip de. Amach anseo, má gheibhim

an gcosaint seo. Is léir gurbh í an chailliúint airgid a bhí i gceist leis an athscríobh, ní ba mhó ná an masla dá chuid Gaeilge, a ghoill ar d'Andún. Bhíodh ar na húdair féin an t-athscríbhneoir a íoc as an táille a bhí ag dul dóibh don leabhar. An chéad uair a rinneadh an socrú sin le d'Andún, i gcás *An Fichillín*, dúirt sé:

> All the above, presumably, are chucked into the scales against me when it is proposed to reduce my net remuneration per 1,000 words from £2"10"0 to £2"3"0. The Fianna will turn in their graves when they become aware of the evil intent of the Gúm towards comhthrom na Féinne...It is just taking bread and beer out of my mouth! (Comhad N1451)

Níorbh í an íocaíocht bhreise seo amháin a bhíodh ag imirt drochthionchair ar theacht isteach d'Andún ó na leabhair, áfach. Go neamhbhalbh, b'fhíorbheag an tóir a bhí orthu. Ní raibh aon súil ag d'Andún ná ag an nGúm leis sin – is léir gur shíl siad, ón ráchairt a bhí ar shraith Réics Carló, gurbh ionann bleachtaireacht agus brabús i litríocht Ghaeilge na n-óg. Bhí an Gúm chomh cinnte sin go mbeadh díol maith ar shaothair d'Andún gur ghlac siad le dhá leabhar déag dá chuid i gcomhair foilsiú, gan aon mhóranailís a dhéanamh ar ráchairt na sraithe. Níorbh é go dtí 1959, ceithre bliana tar éis bhás d'Andún, gur cuireadh le chéile liosta de dhíolachán na leabhar:

| Teideal | Líon Foilsithe | Dáta Foilsithe | Cóipeanna díolta faoi 10/1959 |
|---|---|---|---|
| **An Fichillín** | 1,000 | 1953 | 193 |
| **Crannchur an Bháis** | 1,000 | 1954 | 214 |
| **Fiacal na Faille** | 1,000 | 1954 | 206 |
| **An Dall** | 1,500 | 1954 | 121 |
| **Dúnmharbhadh ar an Mál-bhád** | 1,000 | 1954 | 184 |
| **An Siúlóir** | 1,000 | 1954 | 184 |
| **Snáthad i Stáca Féir** | 1,000 | 1955 | 141 |

saoghal, b'fhéidir go scríobhfainn dornán aiste thógfadh an ceó de leithéidí na sompla agus na gcomh-chosamhlacht (mar dh'eadh) atá i gceist ann" (Comhad N1042).

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Oileán na gComhrann** | 1,000 | 1955 | 141 |
| **Séamas de Bhál agus Mic** | 1,000 | 1956 | 104 |
| **Mic Bric Leonta** | 1,000 | 1956 | 105 |
| **Trí Dúnmharfa Go Leith** | 1,000 | 1956 | 82 |

**Tábla 3: Díolachán leabhair Mhichíl d'Andún (Comhad N1576)**

Leanadh ar aghaidh le foilsiú leabhar deireanach d'Andún, *Siocair le Dúnmharú*, in ainneoin na bhfigiúirí ísle seo, cé nár foilsíodh ach 500 cóip de. Is dócha gur ar son mhuintir d'Andún a rinneadh seo – scríobh John Dundon, mac an údair, chuig Seán Mac Lellan ar an 11 Deireadh Fómhair 1955, an lá tar éis bhás a athar, ag rá: "Mother wants to know if you'd do your best to get any material of his which you have, through – as you can guess he was never a one for saving much" (Comhad N1570).

Is fusa teip shraith d'Andún a thuiscint nuair a chuirtear i gcomparáid í le sraith Uí Shándair faoi Réics Carló. Ar an dromchla, ar ndóigh, tá an-chosúlacht idir an dá shraith. Tá an fhoireann chéanna carachtar iontu, nach mór, mar a luadh cheana. Anuas air sin lean d'Andún sampla Uí Shándair san iarracht a rinne sé íomhá d'Éirinn a chur chun cinn sa tsraith ina raibh ról tábhachtach ag an gcultúr Gaelach sa saol comhaimseartha. Dála Uí Shándair rinne d'Andún é seo trí go leor tagairtí a dhéanamh do ghnéithe éagsúla de chultúr na hÉireann sa téacs. Luann d'Andún amhráin Ghaeilge go minic – "Preab san Ól" ach go háirithe (*Snáthad i Stáca Féir* 6; *Séamas de Bhál agus Mic* 18; *Mic Bric Leonta* 23). Tagraíonn an reacaire (Dic Bric, deartháir Mhic agus athair Mhic Óig) do scríbhneoireacht Sheathrúin Chéitinn go rialta freisin, cuir i gcás na samplaí seo a leanas: "Go grod dá éis sin, mar a déarfadh an Céiteannach..." agus "Iomthúsa Thaidhg (gabh agam, a léightheoir, ach mothuighim go bhfuil sé riachtanach agam cúpla focal maordha do shlad chugam ó'n gCéiteannach le cur síos go cuibhe ar thréithe Thaidhg) bé croidhe na féile agus bé smior na lághachta é" (d'Andún, *Crannchur an Bháis* 7; d'Andún, *Fiacal na Faille* 13).

Níor lean d'Andún sampla Uí Shándair i mbealaí eile, áfach. Pléadh cheana a thábhachtaí is a bhí úsáid Bhaile Átha Cliath mar shuíomh agus mar fhráma tagartha i leabhair Uí Shándair chun léitheoirí a mhealladh. Ní raibh an fheidhm chéanna ag suíomhanna scéalta d'Andún. Ina leabhair siúd, cé go gcaitheann na carachtair méid beag ama i gcathair Luimnigh agus i mBaile Átha Cliath, tá formhór d'eachtraí na scéalta lonnaithe i mbaile beag iargúlta (Faing) nó i Londain, Sasana. Dúirt d'Andún gur thaitin oirthear Londain leis mar láthair dá scéalta mar go raibh cur amach maith aige ar an gceantar sin (Comhad N1429). Níorbh amhlaidh, áfach, dá léitheoirí óga. Ba í úsáid Londain mar láthair ceann de na cúiseanna gur diúltaíodh dá lámhscríbhinn "An gCrochfar Iad?" – mhol léitheoir amháin, Seán Ó Cuirrín do d'Andún "...an LS. seo do chur i leath-taoibh go fóil agus tabhairt fa úirscéal dúthchasach ar aithris Rex Carlo" (Comhad N1570)[51].

An difríocht is mó, áfach, idir saothair bhleachtaireachta Chathail Uí Shándair agus Mhíchíl d'Andún ná nach scéinséirí iad leabhair Mhíchíl d'Andún. Is léir é sin, ar dtús, ar phearsa na mbleachtairí sa dá shraith. Mar a luadh cheana, bhí Réics múnlaithe ar leithéidí Sexton Blake, ar bhleachtairí nach raibh fíorchliste ach a bhí cróga agus fearúil agus go maith chun troda. Is de scoil bhleachtaireachta Sherlock Holmes atá Mic Bric, áfach. Cuireann sé píosaí beaga fianaise le chéile chun teacht ar aitheantas an choirpigh, ach ní insíonn sé toradh a dhianstaidéir dá chomhghleacaithe nó don léitheoir go dtí deireadh an scéil. Ní bhíonn sé ag troid riamh, cé go ndeirtear linn gur sárdhornálaí a bhíodh ann (d'Andún, *Crannchur an Bháis* 4). An t-aon uair a ghortaítear é sa tsraith – in *Mic Bric Leonta* – fanann sé ina leaba d'fhormhór an scéil, ag fágáil na hoibre bleachtaireachta faoina chúntóirí, rud nach ndéanfadh Réics Carló riamh.

[51] Sin moladh nár léigh d'Andún riamh, áfach, mar fuair sé bás sular cuireadh tuairiscí na léitheoirí ar an lámhscríbhinn sin chuige.

Gné eile a scarann saothar d'Andún ó scéinséirí Uí Shándair ná castacht phlotaí na leabhar. Is áiféiseach an leibhéal castachta atá i gcuid acu, agus is cinnte gur ar mhaithe le greann a chuir d'Andún cuid den chastacht seo isteach. Tá formhór na scéalta i bhfad ró-aimhréidh don léitheoir óg a bhí ar intinn ag d'Andún agus ag an nGúm don tsraith. Sampla amháin den chastacht seo ná plota *Trí Dúnmharfa go Leith*. Sa scéal seo maraítear beirt dearthóireacha meánaosta a bhfuil diamaint luachmhar an duine acu, diamaintí a fuair siad ó 'Ráisia' san India nuair a shábháil siad ar leon é. Tá beirt oidhrí acu – Fearghus, fear óg teasaí cineálta, agus Arthur Óg Hardman, leath-Mheiriceánach tur léannta. Tá a fhios ag an saol gur bean a mharaigh duine amháin de na dearthóireacha, cé nach bhfuil tásc ná tuairisc uirthi ó shin, ach níl na Gardaí cinnte cé a mharaigh an fear eile. Ag deireadh an scéil dealraítear gur Arthur Óg a mharaigh an bheirt acu – é i riocht mná an chéad uair. Aithnítear faoi dheireadh gurbh ionann eisean agus an bhean seo toisc nach bhfuil ceachtar acu in ann an 't' caol nó an 'l' leathan a fhuaimniú i gceart sa Ghaeilge, agus toisc go bhfuil an ball odhar céanna ag an mbeirt acu ar a láimh. Taibhsítear chomh maith gur chasamar ar Arthur Óg i riocht mná ní ba luaithe sa scéal, agus gur shíl carachtar amháin go raibh rud éigin aisteach faoin 'mbean' seo toisc: "...nach raibh gnáthdhúil na mban aici i milseáin ná i rince. Uaireanta, freisin, d'fhanadh sí tamall maith ina tost. Agus, tráth nach mbíodh sí ina tost, sciorradh corr-eascaine uaithi" (d'Andún, *Trí Dúnmharfa* 77). Is simpliú ar an bplota é an achoimre seo, i ndáiríre, ach tugann sé le fios cén cineál scéil bleachtaireachta a bhíodh á scríobh ag d'Andún.

De réir a chéile tháinig an Gúm agus d'Andún ar thuiscint faoi laigí na scéalta. Agus é ag cur lámhscríbhinn *Mic Bric Leonta* faoi bhráid an Ghúim i mí an Mhárta 1955, scríobh d'Andún:

> In previous Mic Bric stories of mine your Reader criticised me for introducing too much theory – too many pages devoted to discussions between detectives as to "who-done-it." For that reason I decided in this story to reduce theory to a minimum and to introduce instead what I considered the opposite of theory – action. (Comhad N1553)

Bhí forbairt déanta ag d'Andún ar an smaoineamh seo agus é ag cur lámhscríbhinn *Siocair le Dúnmharú* isteach ansin i mí Dheireadh Fómhair na bliana sin:

> I would like, if I may, to indicate to your readers a change, in this and a few recent stories, away from my original general concept and structure plan...I have lessened the emphasis on the detective aspect. In this story, for example exciting incidents, patriotism, humour, pathos, characterisation &c. get a goodish look in. (Comhad N1576)

Níl mórán den 'action' a gheallann d'Andún don léitheoir le fáil in *Mic Bric Leonta*, ach tá athrú sách suntasach le feiceáil in *Siocair le Dúnmharú* i gcodarsnacht leis na leabhair eile sa tsraith. Caitear go leor ama ag iarraidh tírghrá a spreagadh sna léitheoirí in óráid fhada ag tús an scéil faoi laochra na Cásca (d'Andún, *Siocair le Dúnmharú* 5-6). Ní fheictear ann, áfach, aon chuid de phearsantacht láidir bhríomhar an bhleachtaire mar laoch – leoga, ní thagann Mic Bric isteach sa scéal go dtí leathanach 62 (i leabhar 74 leathanach).

Fuair Mícheál d'Andún bás cúig lá tar éis dó lámhscríbhinn *Siocair le Dúnmharú* a chur faoi bhráid an Ghúim. B'in an leabhar deireanach dá chuid a foilsíodh. Muna bhfuair an t-údar bás, áfach, is dócha go mbeadh *Siocair le Dúnmharú* fós ar an leabhar deireanach bleachtaireachta dá chuid a d'fhoilsigh an Gúm do dhaoine óga. Ba léir nach raibh lámh mhaith ag d'Andún ar an gcineál scéil bhleachtaireachta a raibh dúil ag léitheoirí óga na Gaeilge ann – is é sin, scéinséirí bleachtaireachta den chineál a bhí á scríobh ag Cathal Ó Sándair.

## *4 Críostóir Ó Floinn agus an Gúm*

Rugadh Críostóir Ó Floinn i gcathair Luimnigh ag deireadh na bliana 1927, an séú páiste i gclann d'ochtar (Ó Floinn, *There is an Isle* 15). Chuaigh sé leis an múinteoireacht, agus is ag múineadh i scoil na mBráithre i Ros Comáin a bhí sé i 1949 nuair a thosaigh sé ag scríobh d'fhonn scéalta Gaeilge a chur ar fáil dá dhaltaí féin (Comhad N1367). An chéad leabhar dá chuid a d'fhoilsigh an Gúm do dhéagóirí ná *Fé Bhrat na Fraince* (1955), scéal fir óig a théann ar thóir a dhearthár atá tar éis dul isteach i Léigiún Coigríoch na Fraince i ngan fhios dá mhuintir. An dara leabhar don aoisghrúpa céanna dá chuid a d'fhoilsigh an Gúm ná *Oscar Binn, Bleachtaire* (1956), iarracht Uí Fhloinn chun tús a chur le sraith de scéalta bleachtaire dála shraith Uí Shándair. Theip ar an iarracht sin, mar a fheicfear ar ball. An tríú leabhar do dhéagóirí de chuid Uí Fhloinn a d'fhoilsigh an Gúm ná *Cuas an Óir* (1958), scéal mistéire faoi bhuíon smuigléirí. Bhí Ó Floinn an-bhisiúil inár dtréimhse agus anuas ar na leabhair thuasluaite d'fhoilsigh sé leabhair do pháistí níos óige agus leabhair do dhaoine fásta leis an nGúm agus le comhlachtaí eile foilseacháin. Pléifear na leabhair a chuir sé ar fáil do Chlub Leabhar na Sóisear – *An tIolar Dubh* (1956) agus *An tIolar Dubh agus Long na Marbh* (1958) – i gcaibidil a cúig, agus pléifear na leabhair a scríobh sé do pháistí níos óige – *Caisleán na nÉan* (1955), *Ticiti* (1959), *An Pálás Marmair* (1960), *Ticiti i dTír Ghúba* (1963) agus *Ticiti agus an Fáinne Draíochta* (1967) – i gcaibidil a sé.

Thosaigh Ó Floinn ag scríobh scéalta as Gaeilge do pháistí toisc go raibh sé míshásta leis na leabhair a bhí á léamh ag daltaí a scoile ag an am, leabhar nach raibh iontu, dar leis, ach bolscaireacht Shasanach. Bhí cúram leabharlann na scoile air agus an Gúm ag foilsiú *Fé Bhrat na Fraince*, agus scríobh sé i litir chuige go raibh sé "...bréan ar fad de bheith ag cur leabhar i lámhaibh ár mbuachaillí, leabhair a scríobhadh i Sasana ag Sasanaigh d'óige Shasana" (Comhad N1367). Cé gurbh shin príomhspreagadh Uí Fhloinn chun pinn, níl aon

amhras ach gur imir Cathal Ó Sándair, agus an rath a bhí ar leabhair Uí Shándair, tionchar measartha mór ar Ó Floinn chomh maith. Thug an ráchairt a bhí ar leabhair Uí Shándair dóchas d'Ó Floinn, mar a thug sé do d'Andún, go mbeadh ceannach ar leabhair Ghaeilge do dhéagóirí. Is minic go leor a luaitear an Sándarach sa chomhfhreagras idir Ó Floinn agus an Gúm, mar a fheicfimid sa chuid eile den chaibidil seo. Sampla amháin de seo ná litir ó Ó Floinn chuig an nGúm i 1952 inar chosain sé úsáid an fhocail "roghnú" i lámhscríbhinn *Oscar Binn, Bleachtaire*. Scríobh sé: "Measaim go bhfuil ceart agam an focal 'roghnú' d'úsáid thar mar a bheadh ag duine an focal 'mótar' nó 'mótor' a thabhairt ar an ngléas iompair a dtugann Ó Duinnín 'gluaisteán' air. Agus tá an focal 'mótor' i ngach leabhar de chuid Uí Shándair" (Comhad N1452). Is léir ón ráiteas sin go raibh an-chur amach ag Ó Floinn ar shaothar an tSándaraigh.

Ní ina chomhfhreagras amháin a rinneadh Ó Floinn tagairt do shaothar Uí Shándair, áfach. Luaitear Réics Carló in dhá leabhar dá chuid – *Oscar Binn, Bleachtaire* a luadh thuas agus *An Claíomh Geal* (1953), a d'fhoilsigh Sáirséal agus Dill. In *Oscar Binn, Bleachtaire*, is léir go raibh Ó Floinn ag iarraidh nasc a chruthú idir sraith bhleachtaireachta Uí Shándair agus an tsraith nua bhleachtaireachta a raibh sé féin ag iarraidh tús a chur léi. Is fíorbhleachtaire é Réics Carló i ndomhan *Oscar Binn, Bleachtaire*, comhghleacaí de chuid Oscair atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath mar atá Oscar lonnaithe i gcathair Luimnigh. Bíonn Oscar ag leanúint ghníomhartha Réics, mar a insíonn Flip, cúntóir Oscair agus reacaire an leabhair, don léitheoir:

> Tá leabhar á léamh ag Oscar anois. Leabhar beag tanaí. Cheapas go raibh staidéar á dhéanamh aige ar theangain de chuid na hiasachta, rud is minic leis. Ach – cad is dóigh libh atá sa leabhar úd? Táim tar éis a fheiscint anois beag nuair a shín Oscar a ghéaga go leisciúil compordach tar éis dó leathanach a chasadh. Chonaic sé mise ag féachaint ar an leabhar. Do gháireamar i dteannta a chéile.
>
> 'Tá sé go hiontach spéisiúil, Flip,' arsa Oscar go sultmhar. 'Tá sé gach pioc chomh maith le 'Réics Carló ar an nGealaigh!''

> Is é leabhar atá ag Oscar Binn á léamh ná ceann eile d'eachtraí a chomhbhleachtaire, an fear cáiliúil úd i mBaile Átha Cliath – Réics Carló! (Ó Floinn, *Oscar Binn* 7-8)

Is mar bhleachtaire ficseanúil a luaitear Réics Carló in *An Claíomh Geal*, áfach. Leagtar cúraimí tábhachtacha lorgaireachta ar Chathal, saighdiúir óg, ag tús an scéil agus deir Ceann an Airm leis: "Óna bhfuil inste agam duit, a Leftenant, tuigir nach finnscéal lorgaireachta an méid seo. Ní cabhair dúinn Réics Carló ná a leithéidí" (Ó Floinn, *An Claíomh Geal* 41). Luaitear Réics arís níos déanaí sa scéal nuair atá na cúraimí seo ag luí go trom ar Chathal. Deir sé leis féin: "Á, mhuis, níl formad ar bith agam le Réics Carló ná le lucht an Chaisleáin" (56). Is léir ó na tagairtí seo gur carachtar aitheanta a bhí i Réics Carló, ar shíl Ó Floinn go mbeadh cur amach ag a lucht óg léitheoireachta air. Rinne Ó Floinn iarracht leas idirthéacsúil a bhaint as cáil Réics Carló chun cur leis an taitneamh a bhainfeadh léitheoirí óga as a leabhair féin.

Pléifear an caidreamh casta achrannach a bhí ag Ó Floinn leis an nGum sa chuid eile den chaibidil seo. Is léir gur eascair cuid den achrann seo as an dearcadh a bhí ag muintir an Ghúim ar litríocht na n-óg, agus ar scríbhneoirí litríocht na n-óg – dearcadh a bhí bunaithe, cuid mhór, ar an gcuimilt a bhí acu le Cathal Ó Sándair ó 1942 ar aghaidh. Mar a léiríodh i gcaibidil a trí, bhí sé de nós ag Ó Sándair a bheith an-umhal agus an-ghéilliúil agus é ag plé leis an nGúm. Easpa muiníne, b'fhéidir, ba chúis le cuid den ghéilliúlacht sin. D'fhéadfaí a áiteamh, áfach, gur rogha a bhí ann ar thaobh Uí Shándair chun an foilsiú a éascú agus chun an sprioc a bhí uaidh a bhaint amach – is é sin, an líon ba mhó leabhar Gaeilge do dhaoine óga a chur ar fáil. D'fhág an nós seo, áfach, gur bheag meas a bhí ag daoine áirithe sa Ghúm ar leabhair do dhaoine óga mar shaothair ealaíne agus mar phíosaí cumadóireachta. Ní bhíodh mórán measa ag eagarthóirí an Ghúim ar thuairimí údair na gcineálacha saothar seo – mar a chonacthas i gcás d'Andún – go háirithe nuair nár

chainteoirí dúchais Gaeilge iad, agus ba bheag cainteoir dúchais Gaeilge a bhí ag scríobh leabhair Ghaeilge do dhaoine óga sa tréimhse seo.

Bhí Críostóir Ó Floinn sna fichidí luatha nuair a chuir sé lámhscríbhinn a chéad leabhair, *Fé Bhrat na Fraince*, faoi bhráid an Ghúim. Ní raibh Tomás Ó hÉighneacháin, an príomheagarthóir, róthógtha leis ón tús. Scríobh sé: "Tá an scéal seo an-lag ó thaobh na Gaedhilge agus ó thaobh na scéalaidheachta ach níor misde tuairim amháin a fháil faoi" (Comhad N1367). Cuireadh chuig beirt í – Mícheál Ó Siochfhradha agus P. S. Ó Tighearnaigh – a bhí moltach go leor faoin lámhscríbhinn cé gur aontaigh siad beirt nach raibh scoth na Gaeilge inti. Mheas Ó Tighearnaigh gur chóir feabhas a chur ar an nGaeilge, ach ba í tuairim Uí Shiochfhradha go raibh "...cumas go leor inti chun an sórt scéil atá i gceist annso i.e. scéal do bhuachaillí atá ag foghlaim Gaeilge" (Comhad N1367). Scríobh Ó Tighearnaigh ina thuairisc ar an scéal gur mheas sé "...nár cheart leigint do dhuine dá leithéid fuaradh cheal cuid dá shaothar a fhoillsiú go mórmhór ós fíor go bhfuil gá chomh géar san leis an sórt ábhair a scríobhann sé" (Comhad N1367).

Ghlac an Gúm le *Fé Bhrat na Fraince* i gcomhair cló, ar an gcoinníoll go bhfostófaí duine chun an leabhar a athscríobh i nGaeilge ní b'fhearr, an coinníoll céanna a d'eascair as gnótha Uí Shándair leis an nGúm agus a bhíodh ag cur isteach ar Mhícheál d'Andún thart ar an am céanna. Séamas Daltún a earcaíodh chun an t-athscríobh a dhéanamh an turas seo, agus baineadh a tháille as íocaíocht Uí Fhloinn. Níor chuir Ó Floinn i gcoinne an tsocraithe seo, agus bhí sé sárbhuíoch den Ghúm as seans a thabhairt dó gníomh a dhéanamh ar son na Gaeilge. Scríobh sé chuig an nGúm i 1951:

> Cuireann sé áthas orm a fheiscint go bhfuil ag éirghe liom sa scríobhnóireacht. Óigfhear mé, 23 bliana d'aois, agus an-shuim sa Ghaeilge agam. Le cúnamh Dé, is mó leabhar a chuirfead le chéile sa todhchaí. Tuigim an gádh atá leo agus tuigim

> cad saghas scéil atá suimiúil dar leis an aos óg. Mar sin, má mhairim, cabhród leis an nGaeilge chomh maith agus is féidir liom.

Scríobh sé chuig an nGúm arís i 1952:

> Ón lá go bhfuaireas an t-airgead san táim ag beartú ar scríobh chugaibh agus mo bhuíochas a ghabháil libh. Ach is deacair liom buíochas a ghabháil le "ROINN" – agus mothaím easpa éigin sa ghnó nach mbeadh ann dá bhféadfainn labhairt go pearsanta le duine nó le daoine agus mo bhuíochas a ghabháil go díreach. Ní fhágann san nach bhfuil daoine ag gníomhú sa "ROINN" neamhphearsanta – agus is díbhse na daoine atá i mbun oibre sa "Gúm" atáim ag iarraidh mo bhuíochas a ghabháil.

Luaim an dá shliocht seo le léiriú nach droch-chaidreamh a bhí ann i gcónaí idir an Gúm agus Críostóir Ó Floinn. Cuireann an dara sliocht i gcuimhne dúinn chomh maith, agus muid ag breathnú ar chuimilt Uí Fhloinn leis an nGúm, nach raibh sa Ghúm d'Ó Floinn ach cuid neamhphearsanta den Roinn Oideachais, cuid nár léirigh – mar a fheicfimid – aon bhá nó tuiscint dó agus é ina scríbhneoir óg.

Thosaigh caidreamh Uí Fhloinn leis an nGúm ag dul in olcas i 1952 nuair a dhiúltaigh an Gúm don dara lámhscríbhinn a chuir Ó Floinn faoina bhráid, lámhscríbhinn "An Claidheamh Geal", scéal eachtraíochta do dhéagóirí. Ar mholtaí Uí Éighneacháin agus Mhic Mhaoláin diúltaíodh don leabhar agus scríobhadh chuig Ó Floinn ag rá nach raibh an scéal feiliúnach le foilsiú faoin nGúm. Mar ba nós leis an nGúm, níor tugadh aon mhíniú don údar faoi na nithe sonracha a d'fhág gur mhífheiliúnach an scéal é, is é sin, sa chás seo, go raibh sé rófhada agus go raibh an Ghaeilge ann mínádúrtha, dar leis na heagarthóirí. Níor shásaigh an freagra seo Ó Floinn. Scríobh sé chuig an nGúm, ag impí go béasach orthu míniú éigin a thabhairt ar dhiúltú na lámhscríbhinne. Bhí Ó Floinn ag iarraidh go gcuirfí comhairle air faoin gcineál scéil a bheadh inghlactha ag an nGúm. Scríobh sé:

> Is oth liom bheith ad chrá, ach ó tharla gur ghlac sibh le scéal uaim cheana, agus ó tharla gur ghlac Radio Éireann agus irisí éagsúla lem shaothar, creidim gur féidir liom scéalta fiúntacha do chur ar fáil...Maidir leis an scéal seo, "An Claidheamh

> Geal", is dóigh liom gan díomas gur fearr go mór é ná an scéal eile lenar ghlac sibh...Creidim go bhfuil feidhm ionam obair do dhéanamh, go háirithe don aos óg, ó tá eolas agam orthu agus tuiscint agam ar cad is geal leo...Más féidir leat in aon chor é, bheinn fíorbhuíoch díot ach an chabhair seo a iarraim ort do chur chugam chomh luath agus is caothúil duit. (Comhad N1431 – le Tomás Ó hÉighneacháin an bhéim)

Níor ghlac an Gúm go báúil leis an iarratas seo. In aice leis an gcuid den sliocht thuas a bhfuil líne faoi, scríobh Ó hÉighneacháin "Sin í an áit a ndearnadh an dearmad", agus ar bharr na litreach scríobh sé "Má chuirtear comhairle ar an 'údar' seo beidh an Roinn cráite aige agus ag a chuid scéalta pléiciúla" (Comhad N1431).

D'aontaigh Mac Lellan leis an dara ráiteas sin, ach mheas sé, mar a scríobh sé chuig Tarlach Ó Raifeartaigh, leasrúnaí na Roinne Oideachais, nár chóir lagmhisneach a chur ar dhuine "...den tsort so a bhfuil fleasc agus fonn chun scríobhadh air" (Comhad N1431). Thaobhaigh Ó Raifeartaigh le Ó hÉighneacháin, áfach, ag rá go ndearna an Gúm a dhícheall "...le ceard na scéalaíochta a mhúineadh d'údar as Co. Muigheo le gairid, fear a raibh scoith na Gaeilge aige, agus níor éirigh ár saothar linn" (Comhad N1431). Níorbh fhiú a shaothar é ag an nGúm, dar le Ó Raifeartaigh, a leithéid a dhéanamh le Ó Floinn.

Bhí Mícheál Breathnach, rúnaí na Roinne, ag iarraidh an lámhscríbhinn a léamh é féin sular thug sé aon bhreithiúnas ar an gceist. Iarradh ar Ó Floinn an lámhscríbhinn a chur ar ais chuig an nGúm. Tar éis don Bhreathnach "An Claidheamh Geal" a léamh, áfach, d'aontaigh sé nach raibh an scéal oiriúnach agus cuireadh litir eile dhiúltaithe chuig Ó Floinn, gan aon phioc breise eolais inti. Scríobh Ó Floinn chuig an nGúm arís ag lorg comhairle ach dhiúltaigh an Gúm aon chomhairle a chur air. Ba mhór an sásamh d'Ó Floinn é, is dócha, go ndeachaigh an scéal céanna ar aghaidh chun an chéad áit a bhaint amach i nduais na Comhdhála ag Oireachtas 1952, gur foilsíodh é mar shraithscéal in *The Irish Times* agus gur ghlac Sáirséal agus Dill leis i gcomhair foilsiú. Is léir freisin gur thug

an t-aitheantas a bhí á fháil ag Ó Floinn taobh amuigh den Ghúm muinín bhreise dó agus é i mbun gnó leis an nGúm.

Ghlac an Gúm le *Oscar Binn, Bleachtaire* i gcomhair cló ag deireadh na bliana 1952 ar mholtaí P. S. Uí Thighearnaigh agus Mhichíl Uí Shiochfhradha. Níor iarradh ar Ó Floinn íoc as athscríbhneoir an uair seo, agus bhí sé muiníneach go leor le cur i gcoinne cuid de na ceartúcháin a rinneadh ar an téacs – úsáid an fhocail "roghnú" cuir i gcás, mar a luadh cheana. Bhí sé i gceist ag Ó Floinn leanúint air le sraith de leabhair bhleachtaireachta faoi Oscar Binn, agus arís lorg sé comhairle ó mhuintir an Ghúim:

> Tá mórchuid ábhar cruinnithe agam agus rith an smaoineamh liom go mb'fhéidir go mbeifeá sásta roinnt éigin treorach nó comhairle a thabhairt dom, nó ceist na leabhar so a phlé liom. Braithim easpa muiníne as an ngnó, de bhrí go bhfuil amhras orm ná beadh na hábhair in oiriúint, dar libh, agus gur ag cur ama is allais amú a bheinn...Maith dhom más ad chrá atáim, ach ó atá tús curtha leis na cúrsaí so "Oscair Bhinn" agus go mbeidh an pobal léitheoirí ag súil – tá súil agam! – le cásanna eile dá chuid, is mian liom gach cúram a chaitheamh leis an ngnó. (Comhad N1452)

Bhí Ó Floinn ag iarraidh bualadh isteach chuig an nGúm chun labhairt le duine éigin go pearsanta faoin gceist. Bhí Ó hÉighneacháin ina choinne seo arís, áfach, agus scríobh sé i nóta chuig Mac Lellan: "Má léigheann sé leabhra Ch. Uí Shándair tuigfidh sé an cineál adhbhair a bheadh inghlactha againn – agus glaoch air!" (Comhad N1452). B'in an chomhairle a cuireadh air.

Chuir Ó Floinn an dara scéal sa tsraith, "Fíon Spáinneach", faoi bhráid an Ghúim mí ina dhiaidh sin. Ba iad Ó hÉighneacháin agus Mac Maoláin léitheoirí na lámhscríbhinne sa chás seo. Mheas Mac Maoláin go raibh an Ghaeilge lag agus breac le Béarlachas, agus go raibh an scéal róleamh do dhaoine óga. Scríobh Ó hÉighneacháin: "Tá an scéal seo léighte agam agus, gan trácht chor ar bith ar an gcineál Gaedhilge atá ag an údar, sé mo thuairim nach bhfuil mianach maith – ná réasúnta maith féin – sa scéal seo. Mharbhóchadh droch-

scéalta den tsort seo an tóir atá ar scéalta de chuid Ch. Uí Shándair agus a leithéid" (Comhad N1493). Cuireadh ar ais chuig Ó Floinn í agus dúradh leis, arís, nach raibh an scéal feiliúnach. Briseadh ar an bhfoighne ag Ó Floinn an uair seo. Scríobh sé litir fhada chuig an nGúm inar scaoil sé a racht leo faoin gcaoi ina rabhthas ag caitheamh leis. Níor thuig sé cén fáth a raibh an Gúm ag déanamh a dhíchill lagmhisneach a chur air agus géarghá ann le leabhair Ghaeilge do dhaoine óga. Scríobh sé:

> D'fhéadfainnse, leis, dáltha Chathail Uí Shándair, mórán Éireann de na leabhair seo a scríobh, agus tá an t-aitheantas san faighte agam ó gach moltóir agus ó gach eagarthóir ach amháin ón bhfear úd a léigh id oifigse an leabhar so, "Fíon Spáinneach". Tá súil agam nach mbrisfidh an "Gúm" mo mhisneach. Má bhriseann, cloisfear uaill mo bháis go hard glórach. (Comhad N1493)

In aice leis an trácht ar Chathal Ó Sándair sa litir seo, tá nóta beag cantalach eile ag Ó hÉighneacháin – "Ní fhéadfadh sé sin a dhéanamh go deo" (Comhad N1493).

Mhol Ó hÉighneacháin don Roinn "...gan aon aird a thabhairt ar an ghlincín seo", agus rinneadh amhlaidh (Comhad N1493). Lean Ó Floinn air, áfach, ag lorg tuilleadh eolais ón nGúm faoi na cúiseanna ar diúltaíodh dá lámhscríbhinní éagsúla. Sa deireadh mhol Tarlach Ó Raifeartaigh seans eile a thabhairt don údar feabhas a chur ar an nGaeilge in "Fíon Spáinneach" agus é a chur faoi bhráid na Roinne arís. Cuireadh an méid sin in iúl d'Ó Floinn agus taobh istigh de mhí bhí an lámhscríbhinn cheartaithe curtha ar ais chuig an nGúm aige. Níor luadh le Ó Floinn riamh, áfach, gurbh é ábhar an scéil ceann de na cúiseanna nach raibh na léitheoirí sásta leis ar an gcéad dul síos, agus nuair a chonaic Ó hÉighneacháin nach ndearnadh aon athrú ar an scéal, mhol sé don Roinn gan glacadh leis gan é a chur ar aghaidh chuig aon léitheoir eile. Chuir Mac Lellan litir eile chuig Ó Floinn, dar tús "Rinneadh an saothar a athbhreithniú go báidhiúil, ach..." (Comhad N1493).

I ndiaidh dó "Fíon Spáinneach" a scríobh thóg Ó Floinn sos ó scríobh na déaglitríochta don Ghúm agus dhírigh sé isteach ar leabhair do pháistí ní b'óige. I 1953 agus 1954 ghlac an Gúm le *Caisleán na nÉan*, *An Pálás Marmair* agus *Ticiti*. Bhí mórán na fadhbanna céanna ag Ó Floinn leis an nGúm i gcás na dtrí leabhar seo is a bhí i gcás na leabhar thuas. Cé gurbh é tuairim P. S. Uí Thighearnaigh go raibh an Ghaeilge ar fheabhas ann, rinneadh athruithe ar *Caisleán na nÉan* nár thaitin le Ó Floinn, agus dúirt sé faoin gceartaitheoir anaithnid (Seán Ó Cuirrín): "...tá sé an-fhada ó thuiscint bheith aige ar chúrsaí léitheoireachta Gaeilge, sa mhéid go bhfuil baint ag an ngnó sin leis an aos óg agus le múinteoirí scoile, an dá dhream is mó atá céasta ag 'eolas' feadhmannach de leithéid an duine uasail sin" (Comhad N1478). Ba é freagra (príobháideach) Tharlaigh Uí Raifeartaigh air seo ná: "Sílim nach fiú an saothar bheith ag treasnaíocht le daoine drochmhúinte agus gur bhfearr iad a ligint lena n-olc fhéin. Níl in drochmhúineadh acu ach inferiority complex" (Comhad N1478).

D'éirigh idir Ó Floinn agus an Gúm arís i gcás *An Pálás Marmair* agus *Ticiti*, ar cuireadh isteach mar lámhscríbhinn amháin iad i 1954. In ainneoin, arís, go raibh P. S. Ó Tighearnaigh sásta le caighdeán na Gaeilge inti, dúradh le Ó Floinn nach nglacfaí leis an lámhscríbhinn i gcomhair foilsiú muna dtabharfadh sé cead don Ghúm Tomás Page a fhostú chun slacht a chur ar an teanga inti. Leag Ó Floinn a mhéar, sílim, ar chuisle na ceiste sa sliocht seo a leanas óna fhreagra i mí Aibreáin 1955:

> ...is dóigh liom gur fiornáireach an mhaise agaibh é iarraidh ormsa roinnt den airgead atá tuillte agam lem shaothar a shíneadh chuig an Uasal Tomás Page. Táim ar mo dhícheall ag iarraidh an Ghaeilge a scríobh. Táim ar mo dhícheall, chomh maith, ag iarraidh an caighdeán corrthónach seo d'fhoghlaim. Ní foláir nó ní haon mhisniú dom leithéidse an deighleáil suarach seo d'fhágfadh cuid dem luach saothair i bpóca duine eile. A mhalairt ar fad is dualgas don Gúm, faoi mar a thuigim, is é sin, misneach a thabhairt do scríbhneoirí, go háirithe don té atá óg. Tá fhios agam go bhfuil duine uasal éigin istigh ansin – nó lasmuigh den áit – léitheoir oifigiúil éigin d'bhúr gcuid, adúirt ná fuil mo chuid Gaeilge 'glan, cruinn, ná dúchasach'. Tá an litir ina bhfuil na focail sin scríte im sheilbh, agus fanfaidh go

> deo, mar chruthú ar an gcabhair a fuaireas ó fheadhmannach áirithe anaithnid de chuid an Rialtais. Ach tá sé in am anois glacadh leis go bhfuil Gaeilge agam atá chomh maith le Gaeilge mórán eile dá bhfuil ag teacht os comhair an phobail. Tá sé in am, chomh maith, dar liom, luach saothair éigin a shíneadh chugam ó sparán an Rialtais gan mo mhisneach a bhriseadh chuige. Tá sé ar intinn agam, le cúnamh Dé, leanúint de bheith ag cur leabhar faoi bhráid an Gúm. Tá súil agam go bhfaighead, ní hamháin cothrom na Féinne, rud is dual do chách, ach suaimhneas ón bpleidhcíocht ardeolasach úd ná fuil inti ach staincín na searbhán, an dream atá i riocht lucht cosanta na Gaeilge, agus gan iontu go fíor ach an dream is mó atá á coimeád ar gcúl. (Comhad N1517)

Ní ghéillfeadh an Gúm, áfach, agus sa deireadh thug Ó Floinn a chead dóibh – in ainneoin a thola – duine a fhostú chun an téacs a cheartú. Gearóid Mac Spealáin a rinne na ceartúcháin sa deireadh, mar fuair Tomás Page bás idir an dá linn.

Rinne Ó Floinn tagairt d'fhadhb eile a bhí ag an nGúm sa sliocht thuas – is é sin go raibh caighdeán nua oifigiúil ag teacht isteach agus nach raibh muintir an Ghúim ar aon tuairim faoi in aon chor. Tháinig sé seo chun solais arís nuair a chuir Ó Floinn leabhar nua do dhéagóirí, *Cuas an Óir*, faoi bhráid an Ghúim i mí Mheán Fómhair 1955. Bhí Mac Lellan agus Ó hÉighneacháin beirt ag iarraidh glacadh leis ar an gcoinníoll go n-athscríobhfadh duine eile é, ach ghlac Tarlach Ó Raifeartaigh taobh Uí Fhloinn an turas seo, ag moladh gur chóir deis a thabhairt don údar féin é a cheartú – is é sin, i dtuairimí Uí Raifeartaigh, "...é a ghlanadh ón chuid den ghramadaigh 'nua'..." (Comhad N1574). Ní raibh Ó Floinn róshásta leis na cineálacha moltaí a bhí ag an nGúm ar an saothar, nár réitigh leis an gcaighdeán nua agus nár bhain go minic le cúrsaí gramadaí in aon chor, ach le claonta pearsanta an léitheora. Scríobh sé litir fhada – naoi leathanach ar fhad – chuig an nGúm ag cosaint a chuid scríbhneoireachta (Comhad N1574).

Ba í tuairim Uí Raifeartaigh gurbh "...f[h]ear cointinneach as an choiteann an scríobhnóir óg seo", ach go raibh "...féith ann gan amhras agus ba mhairg a chuirfeadh beaguchtach air agus é bfhéidir i dtús a mhaitheasa" (Comhad N1574). Is athrú é seo ar an mbuntuairim

a bhí ag Ó Raifeartaigh d'Ó Floinn ceithre bliana roimhe sin, .i. nárbh fhiú don Ghúm comhairle a chur air toisc nach raibh mianach scríbhneora mhaith ann. Athrú tuairime í a d'eascair, de réir cosúlachta, as an leabhar do dhaoine fásta a scríobh Ó Floinn agus a d'fhoilsigh Cló Morainn i 1955, *Lá Dá bhFaca Thú*. Is léir go ndeachaigh an leabhar i bhfeidhm ar Ó Raifeartaigh agus gur thug sé air caitheamh le Ó Floinn den chéad uair mar scríbhneoir ceart cumasach. Tugadh cuireadh d'Ó Floinn bualadh isteach chuig an Roinn chun labhairt le Ó Raifeartaigh. De réir thuairisc Uí Raifeartaigh, d'éirigh go maith leis an gcruinniú seo: "Duine sochomhairleach go leor é, ach é an-óg, neamh-aipidh…Mhol mé dó cloí le cumadh scéalta agus gan bac le cumadh Gaeilge" (Comhad N1574). Níorbh shin deireadh an achrainn idir Críostóir Ó Floinn agus an Gúm, faraor, ach ba é deireadh an achrainn eatarthu ó thaobh na déaglitríochta de inár dtréimhse.

## *5 Tátal*

Is léir, mar sin, go raibh cuid mhór ag dul ar aghaidh sa Ghúm i ngort na déaglitríochta Gaeilge sna blianta ina raibh Cathal Ó Sándair i mbarr a réime. Foilsíodh leabhair le húdair éagsúla sna seánraí ar fad ar bhain Ó Sándair féin úsáid astu, seachas an scéal scoile agus an scéal staire. Níor éirigh le húdair na scéalta sin, áfach, aird léitheoirí óga na Gaeilge a tharraingt ar a saothar sa chaoi chéanna inar éirigh le Ó Sándair. An chúis ba choitianta leis seo ná nach raibh leabhair na n-údar eile maith go leor chun dul in iomaíocht le cáil Uí Shándair, go háirithe nuair a ghlactar san áireamh a laige is a bhí an Gúm agus Oifig an tSoláthair i gcúrsaí margaíochta. Ní raibh saothair na n-údar seo líonmhar go leor, ach an oiread, chun dúshlán leabhair iomadúla Uí Shándair a thabhairt. Níor fhoilsigh mórán de na húdair eile ach leabhar nó dhó leis an nGúm, cé go ndeachaigh cuid acu ar aghaidh chun a bheith ag scríobh do na comhlachtaí eile foilsitheoireachta a tháinig ar an saol ó

dheireadh na 1940idí ar aghaidh – Sáirséal agus Dill, Foilseacháin Náisiúnta Teoranta agus araile – agus chun leabhair a chur ar fáil do Chlub Leabhar na Sóisear.

An bheirt scríbhneoirí ba bhisiúla a bhíodh ag foilsiú leabhar do dhéagóirí leis an nGúm, agus Ó Sándair fágtha as an áireamh, ná Mícheál d'Andún agus Críostóir Ó Floinn. Ba iad an bheirt ba mhó, freisin, a ndeachaigh Cathal Ó Sándair i bhfeidhm orthu. D'imir Ó Sándair tionchar ar an seánra a roghnaigh d'Andún agus é ag scríobh do dhaoine óga, an seánra bleachtaireachta. Chuir an ráchairt a bhí ar shraith Réics Carló ina luí ar d'Andún agus ar an nGúm go mbeadh ráchairt ar shraith eile bhleachtaireachta do dhaoine óga. Níor chruthaigh sraith d'Andún margadh di féin riamh, áfach, mar a pléadh thuas, agus b'fhíorbheag an tóir a bhí uirthi. Bhí lámh ag Ó Sándair freisin, go hindíreach, sa chaoi ar chaith an Gúm le d'Andún, sa bhrú a chuirtí ar d'Andún go minic íoc as duine chun téacs a lámhscríbhinní a athscríobh.

Is ar Chríostóir Ó Floinn, áfach, a d'imir Cathal Ó Sándair an tionchar ba mhó, go díreach agus go hindíreach. Chonaiceamar i gcomhfhreagras Uí Fhloinn leis an nGúm go raibh Ó Sándair go mór ar a intinn aige agus é ag plé chúrsaí litríocht na n-óg leis an nGúm. Is léir go raibh Ó Sándair ar intinn ag Ó Floinn agus é ag scríobh, freisin, ó na tagairtí a rinne sé i gcuid dá leabhar féin do Réics Carló, d'fhonn nasc a chruthú idir a shaothar agus saothar Uí Shándair. Sílim gur léir, freisin, go raibh baint mhór ag caidreamh Uí Shándair leis an nGúm leis an gcaidreamh a bhí ag Ó Floinn leis an nGúm. Nuair nár iompair Ó Floinn é féin mar ba mhaith leis an nGúm, d'éirigh eatarthu, agus ó shin amach is ríléir go ndearnadh leatrom ar Ó Floinn dá dheasca sin. Tá pátrún soiléir go leor le feiceáil i gcuimilt Uí Fhloinn leis an nGúm. Na lámhscríbhinní a luadh thuas ar glacadh leo, is iad siúd na cinn ar cuireadh iad chuig léitheoirí seachtracha de chuid an Ghúim – P. S. Ó

Tighearnaigh agus Mícheál Ó Siochfhradha, cuir i gcás. Na lámhscríbhinní ar diúltaíodh dóibh, is iad siúd na cinn a cuireadh chuig daoine a bhí ar fhoireann an Ghúim – Tomás Ó hÉighneacháin agus Seán Mac Maoláin. Cigirí scoile a bhí in Ó Tighearnaigh agus Ó Siochfhradha, a mbíodh cuimilt rialta acu le páistí, agus a raibh tuiscint acu – mar a bhí ag Ó Floinn – ar litríocht na n-óg ar bhonn praiticiúil.

D'éirigh idir Ó Floinn agus an Gúm mar gheall ar na cleachtais éagsúla a d'eascair as an dearcadh cúng a bhí ag an nGúm ar litríocht na n-óg. Rinneadh leatrom air toisc gur chuir sé go muiníneach i gcoinne an Ghúim nuair a chaith an eagraíocht sin go dímheasúil leis. Is í an chodarsnacht idir an chaoi ar chaith an Gúm le Cathal Ó Sándair agus an chaoi ar chaith sé le Críostóir Ó Floinn ceann de ne gnéithe is spéisiúla ar fad den tréimhse seo i bhforbairt litríocht Ghaeilge na n-óg. Léiríonn an dá chaidreamh seo, agus an mhórdhifríocht a bhí eatarthu, an chumhacht a bhí ag an nGúm i gcur chun cinn saothar údair amháin thar shaothar údair eile. Chonaiceamar i gcaibidil a dó nach raibh mórán smachta ag an nGúm ar chruthú litríocht na n-óg. Theip orthu scríbhneoirí nua a mhealladh isteach leis an bhfógra a chuir siad amach i 1936, ach tháinig scríbhneoirí ó *An t-Éireannach* isteach sa scéal ina ainneoin sin agus chuir siad tús ceart le litríocht Ghaeilge na n-óg. Léiríonn an tacaíocht a thug an Gúm do Chathal Ó Sándair go bhféadfadh an Gúm obair mhaith a dhéanamh ach cabhair agus misneach a thabhairt do scríbhneoirí fuinneamhacha cumasacha. Is í a mhalairt a léirítear sa chaidreamh a bhí ag an nGúm le Críostóir Ó Floinn. Cé gur léir go raibh mianach maith scríbhneora do dhaoine óga ann nuair a chuaigh sé i mbunn pinn ar dtús, rinne an Gúm a ndícheall chun lagmhisneach a chur air. Dá mba rud é gur chaith an Gúm le Cathal Ó Sándair sa chaoi chéanna ar chaith siad le Críostóir Ó Floinn, seans maith nach mbeadh aon bhorradh faoin déaglitríocht Ghaeilge idir na 1940idí agus na 1960idí.

Is minic a dhéantaí agus a dhéantar gearán faoi ghnéithe éagsúla den Ghúm, go háirithe faoi chuid dá ngníomhartha le linn na tréimhse atá faoi chaibidil sa tráchtas seo. Sílim go gcaithfear, áfach, a aontú le Alan Titley nach "...foláir iarrachtaí an Ghúim a mheas i gcónaí i gcomhthéacs an bhrú a bhí orthu leabhair de gach saghas a sholáthar do phobal nua léitheoirí a raibh an chuma orthu go mbeadh siad ag dul i líonmhaire ó bhliain go bliain" (*An tÚrscéal* 90). Bíonn Titley agus Uí Laighléis go minic ag cosaint an Ghúim ar na gearáin iomadúla a dhéantar fúthu ar an gcúis go ndearna na daoine a bhí ag obair ann a ndícheall in ainneoin na gconstaicí móra a bhí le sárú acu, agus "...gur mhór ab fhiú an obair a rinne siad agus gur saibhre an teanga dá barr..." (Uí Laighléis 185). Cé go mbeinn ag teacht leis an tuairim sin formhór an ama, is léir gur lig an Gúm na maidí le sruth i gcás Chríostóra Uí Fhloinn ach go háirithe, agus go ndearnadh leatrom air toisc nár thaitin sé le duine nó beirt a raibh cumhacht acu sa Ghúm.

# CAIBIDIL 5: NA FOILSITHEOIRÍ PRÍOBHÁIDEACHA AGUS CLUB LEABHAR NA SÓISEAR

## *1 Réamhrá*

Go dtí seo is ag plé leis an nGúm, agus lena ndearna an Gúm chun litríocht Ghaeilge na n-óg a chur chun cinn – nó a choimeád ar cúl – a bhíothas sa tráchtas seo. Breathnófar anois ar na leabhair Ghaeilge do dhaoine óga a d'fhoilsigh na comhlachtaí príobháideacha foilsitheoireachta. Féachfar ach go háirithe ar na comhlachtaí foilsitheoireachta a tháinig ar an bhfód ó 1945 ar aghaidh, is iad sin Sáirséal agus Dill, Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, Cló Uí Mheára agus Cló Morainn, agus ar an tionchar a d'imir bunú Chlub Leabhar na Sóisear i 1956 ar fhorbairt litríocht Ghaeilge na n-óg. Is ar an tréimhse idir 1956 agus 1967 a dhíreofar sa chaibidil seo, mar is sa tréimhse sin a foilsíodh formhór de na leabhair Ghaeilge do dhaoine óga taobh amuigh den Ghúm i dtréimhse an tráchtais seo. Ba é an margadh cinnte a chuir Club Leabhar na Sóisear ar fáil do na foilsitheoirí neamhspleácha a d'fhág gurbh acmhainn dóibh dul in iomaíocht leis an nGúm, rud nach raibh indéanta roimhe sin.

Sa chéad chuid den chaibidil breathnófar ar na cúiseanna gur tháinig Club Leabhar na Sóisear ar an saol agus conas a d'éirigh leis idir 1956 agus 1967. Sa dara cuid den chaibidil féachfar ar na cineálacha leabhar a foilsíodh mar chuid de Chlub Leabhar na Sóisear agus sa tríú cuid féachfar ar na príomhthéamaí atá le brath sna leabhair sin. Ag an deireadh déanfar iarracht an tionchar a d'imir Club Leabhar na Sóisear ar litríocht Ghaeilge na n-óg a mheas.

## *2 Club Leabhar na Sóisear 1956 - 1967*

Nuair a bunaíodh an Gúm sa bhliain 1926 ní raibh aon chomhlacht eile ar an bhfód a bhí ag plé le foilsiú na Gaeilge amháin. Ba é Clódhanna Teoranta, gléas foilsitheoireachta Chonradh na Gaeilge, a d'fhoilsigh formhór na leabhar Gaeilge a foilsíodh roimh bhunú an Ghúim, agus thit sé sin as a chéile tar éis Éirí Amach 1916 (Uí Laighléis 185-186). Níor thosaigh siad ag foilsiú arís go dtí an bhliain 1964[52]. Tar éis bhunú an Ghúim, mar a pléadh i gcaibidil a haon, níorbh acmhainn d'aon fhoilsitheoir eile dul in iomaíocht leo agus níor tháinig aon mhórathrú air sin go dtí 1945. Ina ainneoin sin d'fhoilsigh roinnt comhlachtaí foilsitheoireachta Éireannacha, arbh iad leabhair Bhéarla a bpríomhghnó, dornán leabhar Gaeilge do pháistí le linn an chéad scór bliain a raibh an Gúm ar an saol. Is iad na comhlachtaí seo ná Alec Thom, Brún agus Ó Nualláin, Mac an Ghoill, Clólucht an Talbóidigh[53] agus an Comhlacht Oideachais. Tá sé deacair a aithint ar chuid de na leabhair a d'fhoilsigh na comhlachtaí seo an leabhair iad a foilsíodh mar théacsanna do na scoileanna nó mar ábhar léitheoireachta do dhaoine óga sa bhaile. Cuirim i gcás aistriúcháin Sheáin Óig Uí Chaomhánaigh ar fhabhalscéalta Aesop, a meastar gur fhoilsigh Alec Thom iad i 1927[54] agus aistriúcháin Phroinnséis Uí Shúilleabháin *Sidhe-scéalta na mBráthar Grimm* agus *Scéilíní i gcóir na bpáistí* a d'fhoilsigh Alec Thom agus Mac an Ghoill, faoi seach, thart ar 1927.

Níor rófholláin an rud é do litríocht na Gaeilge go raibh monaplacht ag an nGúm ar chúrsaí foilsitheoireachta sa teanga sin. Pléadh i gcaibidil a haon na príomhfhadhbanna a bhain le forlámhas an Ghúim, is iad sin: 1. nach raibh comhlacht foilsitheoireachta ar bith eile in

[52] Ba é *Saighdiúir arbh ainm dó Conaí* (Mac Suibhne 1964), roghaleabhar de chuid Chlub Leabhar na Sóisear, an chéad leabhar a d'fhoilsigh Clódhanna Teoranta tar éis dó tosú ag foilsiú arís.
[53] Thugtaí An Preas Talbóideach ar an gcomhlacht seo uaireanta, freisin.
[54] Fadhb a bhaineann leis na leabhair luatha seo ar fhoilsigh comhlachtaí foilsitheoireachta taobh amuigh den Ghúm iad ná gurbh annamh a cuireadh mórán sonraí foilsitheoireachta ar na leabhair. Na dátaí atá luaite agam leis na leabhair seo anseo agus sa leabharliosta, baineann siad leis an eolas a thugtar ar shuíomh na leabharlann ina bhfacthas na leabhair seo.

ann dul in iomaíocht leo toisc go raibh an Gúm maoinithe ag an rialtas agus in ann leabhair a dhíol go saor; 2. go mbíodh caighdeán leabhair an Ghúim go minic íseal mar gheall ar an easpa iomaíochta seo; 3. nach ndéantaí mórán margaíochta nó fógraíochta ar leabhair an Ghúim agus nach ndéantaí na leabhair a scaipeadh chuig siopaí go héifeachtach; 4. go raibh an Gúm féin faoi laincisí ag maorlathas na Roinne Airgeadais, moille Oifig an tSoláthair agus cinsireacht na Roinne Oideachais. Chonacthas freisin, i gcaibidil a ceathair, an chaoi inar bhain daoine áirithe sa Ghúm mí-úsáid as an gcumhacht a bhí acu i mbealaí a rinne dochar do litríocht Ghaeilge na n-óg.

Bhí cúrsaí ní ba mheasa fós i gcás na litríochta do dhaoine fásta, agus scríbhneoirí na Gaeilge ag éirí bréan den droch-íde a bhí á fáil acu ón nGúm faoi na 1940idí. Mar a dúirt Bríd Uí Éigeartaigh, agus í ag caint faoi Sháirséal agus Dill in agallamh le *Comhar* i 1981:

> De réir mar a chonacthas dúinn san am níorbh fhiú scríbhinní nua a chur ag an nGúm. Ní thugaidís téarmaí gnó do na siopaí agus mar sin, ní fhéadfá leabhair Ghaeilge a cheannach i ngnáthshiopaí leabhar. Ní scaipidís cóipeanna léirmheasa ach oiread agus ní chloiseadh an scríbhneoir tada faoina leabhar. Choinnídís na scríbhinní an-fhada sula dtugaidís amach iad. Mar bharr ar an donas, chuiridís cinsireacht i bhfeidhm. ("Agallamh le Bríd Bean Uí Éigeartaigh" 8)

Is mar fhreagra ar an easpa muiníne seo sa Ghúm a bhunaigh sí féin agus Seán Ó hÉigeartaigh an comhlacht Sáirséal agus Dill sa bhliain 1945, le £300 a d'fháig aintín le Seán le huacht aige.

Bhí réabhlóid éigin ar siúl i bhfoilsitheoireacht na Gaeilge ó bunaíodh an iris *Comhar* sa bhliain 1942 mar uirlis chun an scríbhneoireacht agus an léirmheastóireacht Ghaeilge a chothú (T. Brown 182). Ba é an misneach a thug *Comhar* do scríbhneoirí Gaeilge dul i mbun pinn a spreag Ó hÉigeartaigh – a raibh baint aige le bunú *Comhar* – chun Sáirséal agus Dill a bhunú, ceann de na gníomhartha ba thábhachtaí i bhforbairt litríocht na Gaeilge. Thug sé spreagadh do raidhse scríbhneoirí Gaeilge leabhair a fhoilsiú ag am a

raibh a gcuid foighne caillte acu leis an nGúm. Léirigh Ó hÉigeartaigh tuiscint ar an litríocht agus meas ar an scríbhneoir a bhíodh go minic in easnamh sa Ghúm. Dhéanadh Sáirséal agus Dill gach iarracht poiblíocht a dhéanamh ar na leabhair agus bhíodh ardchaighdeán deartha orthu i dtólamh. Ní chuirtí aon chinsireacht i bhfeidhm ar na leabhair[55]. Dhéantaí é seo ar fad in ainneoin nach raibh ach foireann bheag pháirtaimseartha ag obair le Sáirséal agus Dill. Agus é ag tabhairt óráide ag sochraid Uí Éigeartaigh i 1967, dúirt Máirtín Ó Cadhain má bhí "...litríocht Ghaeilge ann ó 1940 gur de bharr gur chuir Seán Ó hÉigeartaigh roimhe go mbeadh atá sí ann" ("Óráid" 8). Nuair a cuireadh deireadh le Sáirséal agus Dill i 1981, scríobhadh in eagarfhocal in *Comhar*:

> D'éirigh le Sáirséal agus Dill san obair a chuir siad rompu. Ta nualitríocht na Gaeilge ar bhóthar a slánaithe. Ní baol di feasta. Tá scríbhneoirí i mbun pinn sa lá atá inniu ann a bhfuil foilsitheoirí agus pobal léitheoireachta acu; tá réimse mhór leabhar ar fáil go forleathan ag léitheoirí Gaeilge agus á léirmheas go coitianta sna meáin chumarsáide; tá aitheantas agus meas ar scríbhneoirí agus ar scríbhneoireacht na Gaeilge nach raibh orthu leis na céadta bliain. Ní móide gur mar sin a bheadh mura mbeadh Sáirséal agus Dill riamh ann. ("Eagarfhocal" 12)

Ní ag freastal ar dhaoine fásta amháin a bhíodh Sáirséal agus Dill, áfach. Ceann de na chéad leabhair a chuir siad ar an margadh ná *Dánta do Pháistí* (1949) le Séamus Ó Néill, ceann den bheagán leabhar filíochta don aos óg a foilsíodh inár dtréimhse[56]. Roimh bhunú Chlub Leabhar na Sóisear i 1956 bhí dhá leabhar do dhéagóirí foilsithe ag Sáirséal agus Dill – *An Claíomh Geal* (1953) le Críostóir Ó Floinn (an leabhar ar dhiúltaigh an Gúm dó agus a chruthaigh an oiread sin teannais idir Ó Floinn agus an comhlacht sin) agus *Triúr Againn* (1955) le Siobhán Ní Shúilleabháin, scéal eachtrúil do chailíní faoi ghrúpa cairde i scoil chónaithe. D'fhoilsigh Sáirséal agus Dill dhá shraith leabhar do pháistí óga chomh

[55] Bhí muintir Sháirséal agus Dill glan i gcoinne an chineáil cinsireachta a bhíodh ar siúl sa Ghúm. Ina ainneoin sin, cuireadh brú ar an gcomhlacht giotaí den leabhar *Maraíodh Seán Sabhat Aréir* (1964) le Mainchín Seoighe a ghearradh amach sa chaoi go nglacfadh an Club Leabhar leis. Sa deireadh d'fhoilsigh Sáirséal agus Dill leagan amháin den leabhar don Chlub Leabhar, ina raibh spás bán in áit na ngiotaí a baineadh amach, agus leagan eile iomlán chun a chur ar díol sna siopaí.

[56] Samplaí eile de leabhair filíochta a foilsíodh sa tréimhse, nó leabhair a raibh filíocht iontu, ná *Dánta do Leanbhaí* (de Valera 1940), *Ór-chnuas* (Údair éagsúla 1946) agus *Siamsa Chois Teineadh* (Ó Dubhda 1952).

maith i gcomhpháirtíocht leis an gcomhlacht Sasanach Sampson Low, 'Sreath an Aingilín' agus 'Sreath an Bhéirín Bhuí' a foilsíodh i 1953 agus 1954 faoi seach. Pléifear an dá shraith sin níos mine sa chéad chaibidil eile. Idir 1956 agus deireadh na bliana 1967 níor fhoilsigh Sáirséal agus Dill aon leabhar do dhaoine óga taobh amuigh den fhiche leabhar a d'fhoilsigh siad do Chlub Leabhar na Sóisear.

Níorbh é Sáirséal agus Dill an t-aon chomhlacht foilsitheoireachta Gaeilge a bhíodh ag cur leabhar ar fáil do Chlub Leabhar na Sóisear. Tháinig roinnt comhlachtaí nua foilsitheoireachta Gaeilge ar an saol tar éis bhunú Sháirséal agus Dill, mar thoradh, is dócha, ar an rath a bhfacthas dóibh a bheith ar Sháirséal agus Dill. D'fhoilsigh Cló Uí Mheára, comhlacht beag a bhí lonnaithe i dTiobraid Árann, deich leabhar do Chlub Leabhar na Sóisear idir 1956 agus 1967. Chuir an Gúm dhá leabhar ar fáil don Chlub, agus chuir Clólucht an Talbóidigh agus Cló Morainn[57] faoi seach leabhar amháin ar fáil. Mar a luadh cheana, thosaigh Clódhanna Teoranta ag foilsiú arís sa bhliain 1964, agus idir sin agus deireadh na bliana 1967 d'fhoilsigh siad ceithre leabhar do Chlub Leabhar na Sóisear. Sna chéad bhlianta den Chlub ba é Sáirséal agus Dill príomhfhoinse na leabhar a eisíodh, ach ó 1960 ar aghaidh ghlac Foilseacháin Náisiúnta Teoranta an ról sin. Tháinig Foilseacháin Náisiúnta Teoranta ar an saol nuair a cheannaigh muintir an nuachtáin *Inniu The Mayo News*, agus an clódóir a tháinig leis, sa bhliain 1947. Níor thosaigh siad ag foilsiú leabhar do dhaoine óga go dtí 1960, ach idir an bhliain sin agus deireadh na bliana 1967 chuir siad fiche leabhar ar fáil do Chlub Leabhar na Sóisear, an líon céanna is a chuir Sáirséal agus Dill ar fáil idir 1956 agus 1967, agus d'fhoilsigh siad trí leabhar do pháistí níos óige chomh maith. Ní raibh foireann lánaimseartha ag aon cheann de na comhlachtaí neamhspleácha foilsitheoireachta a luaitear anseo, agus i gcodarsnacht leis an nGúm ní

[57] Roimh bhunú Chlub Leabhar na Sóisear d'fhoilsigh Cló Morainn *Glaotar ar Ridirí* (1955) le Críostóir Ó Floinn, chomh maith, leabhar a leanann eachtraí an scéil *An Claíomh Geal*.

raibh líon a bhfoilseachán an-mhór. Ina ainneoin sin, chuir siad beocht úr i litríocht na Gaeilge agus i litríocht Ghaeilge na n-óg.

Tháinig Club Leabhar na Sóisear ar an saol mar ghaol sóisir don Chlub Leabhar a bhunaigh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge[58] do dhaoine fásta sa bhliain 1948. An chaoi ar oibrigh an Club Leabhar ná go gcuireadh na comhlachtaí foilsitheoireachta Gaeilge lámhscríbhinní éagsúla faoi bhráid coiste agus roghnaíodh an coiste sin na cinn a bheadh infhoilsithe mar chuid den Chlub (Bosca 10). Chuirtí na leabhair a roghnaíodh i gcló agus ansin dháiltí iad ar na daoine a bhí tar éis síntiús a ghlacadh leis an gClub. D'fhág bunú an Chlub Leabhar go mbíodh margadh cinnte ann le haghaidh leabhar Gaeilge do dhaoine fásta, agus go mbíodh díolaíocht shásúil orthu dá bharr. Ba é rath an Chlub Leabhar, maille le brú ó na heagraíochtaí múinteoireachta, a spreag Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge chun Club Leabhar na Sóisear a bhunú do dhaoine ní b'óige (Bosca 9). Tá sé deacair a mheas cén t-aoisghrúpa go díreach a raibh Club Leabhar na Sóisear ag iarraidh freastal air. Luadh an t-aoisghrúpa 14-17 bliain in alt a foilsíodh thart ar bhunú an Chlub, luadh 12-18 bliain sa phreasráiteas a d'eisigh Club Leabhar na Sóisear i 1966 chun an deichiú bliain den Chlub a cheiliúradh agus luadh 14-18 bliain i dtuarascáil a chuir stiúrthóirí Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge le chéile faoin gClub sa bhliain 1973 ("Dala an Sceil" 2; Bosca 4; Bosca 33). In ainneoin na neamhchinnteachta sin is féidir a rá, is cosúil, gur dhéagóirí iad spriocmhargadh an Chlub.

Cén cineál déagóirí a bhí i gceist, áfach? B'in ceist Sheáin Shéamais in *Scéala Éireann* i 1956, nuair a rinne sé a mhachnamh ar Chlub Leabhar na Sóisear ("Dala an Scéil" 2). Mar a míníodh sa réamhrá, bhí trí chineál déagóirí sa stát ag an am – iad siúd a d'fhan sa

[58] Bunaíodh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge sa bhliain 1943 mar scátheagraíocht ar na heagraíochtaí deonacha Gaeilge (T. Brown 182).

bhunscoil go dtí gur shroich siad 14 bliana d'aois agus a thosaigh ag obair ansin, iad siúd a chuaigh isteach sna gairmscoileanna tar éis na bunscoile agus iad siúd a chuaigh ar aghaidh chuig an meánscoil[59]. Is ríléir ó mhodhanna oibre Chlub Leabhar na Sóisear gur ar dhaltaí meánscoile a bhí a leabhair dírithe, a bheag nó a mhór, in ainneoin go ndearna stiúrthóirí an Chlub iarracht a chruthú ón tús go raibh an Club neamhspleách ar na scoileanna. Fógraíodh go gcuirfí na leabhair chuig seoltaí baile na mball, cuir i gcás, seachas chuig seoltaí na scoileanna (fógra a thug le fios ann féin gur ar lucht na scoile a bhí na leabhair dírithe) ("Thoughts and Tidings" (1) 3). Anuas air sin, áitíodh ar fhoirm chláraithe na scoilbhliana 1961-62: "Ní leabhair scoile iad na leabhair seo ach is féidir leo a bheith ina gcuidiú breise ag daltaí chun a máistreacht ar léamh, leaganacha cainte agus chomhréir na teanga a fheabhsú" (Bosca 4).

In ainneoin na bhfógraí seo, is ríléir go raibh dlúthnasc idir Club Leabhar na Sóisear agus na meánscoileanna. In áit leabhair a chur amach chuig na baill idir mí Eanáir agus mí na Nollag, mar a rinneadh sa Chlub Leabhar, cuireadh amach le linn na scoilbhliana iad. Chomh maith leis sin ní bhfuarthas seoltaí baile fhormhór na mball mar a fógraíodh, ach seoltaí a scoile. D'fhág an socrú seo gurbh iad na múinteoirí a thug amach na leabhair Ghaeilge seo do bhaill Chlub Leabhar na Sóisear, rud a d'fhágfadh nasc láidir in intinn na mball idir Club Leabhar na Sóisear agus an t-oideachas. Chruthaigh an cleachtas seo go leor fadhbanna, freisin, nuair a bhíodh moill ar na leabhair. Chuaigh Club Leabhar na Sóisear i dtuilleamaí na scoile ní ba mhó de réir mar a chuaigh na blianta ar aghaidh. In Aibreán 1965 moladh i dtuarascáil amháin gur chóir dleacht a chur ar bhainisteoir gach meánscoile sa tír £10 a íoc le Club Leabhar na Sóisear gach bliain le haghaidh ballraíochta

[59] An líon beag daltaí a chuaigh isteach sa mheánscoil, ba ghnách gur fhág siadsan an bhunscoil in aois a dtrí bliana déag (*Taighde ar Oideachas – Investment in Education* 10).

fiche dalta agus sna 1970idí[60] cuireadh litir chuig oidí scoile na tíre ag míniú dóibh conas ab fhéidir leabhair an Chlub a úsáid sa rang (Bosca 10; Bosca 4).

Tabharfar faoi deara gur luadh dhá phríomhspreagadh le bunú Chlub Leabhar na Sóisear – rath an Chlub Leabhar féin agus brú ó na heagraíochtaí múinteoireachta. Díol suntais nár luadh Cathal Ó Sándair, ná an margadh léitheoirí a chruthaigh sé ó 1943 ar aghaidh, ná an mhór-ráchairt a bhí ar an 72 leabhar dá chuid a foilsíodh do dhéagóirí roimh mhí Mheán Fómhair 1956. Ní léir gur tugadh aon aitheantas don diansaothar a bhí déanta ag an Sándarach le trí bliana déag roimh bhunú Chlub Leabhar na Sóisear chun daoine óga a chur ag léamh leabhar Gaeilge taobh amuigh den scoil. Ina áit sin luadh in ailt faoi bhunú an Chlub nach raibh a leithéid de fhreastal á dhéanamh ar dhéagóirí, agus mar sin go raibh géarghá le Club Leabhar na Sóisear chun an folús ábhar léitheoireachta do dhaoine san aoisghrúpa sin a líonadh. Scríobh iriseoir amháin, cuir i gcás, in *The Derry People*:

> ...it was in deference of the urging of parents, teachers, and others who recognised the need for such a scheme to provide suitable reading matter in Irish for teenagers – as distinct from the type of book which they have all too often been confronted with at school and which probably gave many of them a positive distaste for reading in Irish. ("Thoughts and Tidings" (2) 4)

I dtuarascáil faoi Chlub Leabhar na Sóisear a cuireadh le chéile i 1973, áitíodh gur bunaíodh an Club mar gheall "...nach raibh aon ábhar léitheoireachta ann a scríobhadh d'aon ghnó le h-aghaidh ógánaigh den aois-ghrúpa idir 14 agus 18 agus a chothódh nós na léitheoireachta ionta sara mbeadh siad sean go leor chun taitneamh a bhaint as na leabhair sinsireacha" (Bosca 33). Is follas, áfach, óna bhfacamar i gcaibidil a trí, nach fíor an ráiteas thuas. Is ait an neamhaird sin a tugadh ar thionchar Chathail Uí Shándair, go háirithe agus leabhar dá chuid, *Réics Carló i gCorcaigh* (1957), ar an roghaliosta don chéad bhliain de Chlub Leabhar na Sóisear. Luaigh an t-iriseoir ó *The Derry People* thuas nár chuir sé aon

[60] Níl dáta ar an litir seo, ach tá sí i measc cáipéisí eile ó na 1970idí, agus tá sí sínithe ag Brenda Ní Shúilleabháin, a raibh baint aici le Club Leabhar na Sóisear sna 1970idí (Bosca 10).

ionadh air Réics a fheiceáil ar liosta Chlub Leabhar na Sóisear an bhliain sin, ach seachas sin níor luadh an Sándarach le bunú an Chlub ("Thoughts and Tidings" (2) 4).

Bhí an córas oibre céanna ag Club Leabhar na Sóisear is a bhí ag an gClub Leabhar. Chuirtí lámhscríbhinní faoi bhráid choiste an Chlub agus dhéanadh baill an choiste na lámhscríbhinní sin a mheas. Má glacadh le lámhscríbhinn, cuireadh i gcló í, ach munar glacadh léi níorbh fhiú don chomhlacht foilsitheoireachta í a chur i gcló, mar ní fhéadfaí a bheith cinnte go mbeadh díol ar na leabhair. Mar fhianaise air seo, i liosta a chuir Sáirséal agus Dill le chéile de dhíolacháin a leabhar suas go dtí an 31 Márta 1961, dúradh nár díoladh ach 564 cóip de *Triúr Againn* agus 376 cóip de *An Claíomh Geal*, an dá leabhar do dhéagóirí a d'fhoilsigh Sáirséal agus Dill roimh bhunú Chlub Leabhar na Sóisear. I gcodarsnacht leis sin díoladh idir 1,376 cóip agus 3,510 cóip de na leabhair a foilsíodh mar chuid den Chlub, agus bhain an figiúr is ísle sin, 1,376 cóip, leis *An Lann Tolédo*, nár cuireadh ach chuig na buachaillí a bhí cláraithe leis an gClub. Díoladh breis agus 2,000 cóip de na leabhair eile ar fad (Bosca 29).

Cuireadh tús le Club Leabhar na Sóisear ag tosach na scoilbhliana 1956-57, agus bhí fadhb mhór aige ón tús. Fadhb í a bhí ag an nGúm roimhe, agus b'in moill foilsitheoireachta[61]. I gcás an Ghúim bhain an mhoill seo le córas oibre Oifig an tSoláthair agus leis an easpa smachta a bhí ag an nGúm féin ar an bpróiseas clódóireachta. I gcás Chlub Leabhar na Sóisear, bhain an mhoill le Sáirséal agus Dill agus leis an drochstaid ina raibh an comhlacht sin sna 1950idí.

[61] Bhí an Gúm fós i bhfad ní ba mhoille ná na comhlachtaí eile ó thaobh na foilsitheoireachta de. Moill roinnt míonna a bhíodh i gceist le moill leabhair Chlub Leabhar na Sóisear, seachas an mhoill blianta a bhíodh go mion minic i gceist le leabhair an Ghúim.

Bhí Sáirséal agus Dill i lár an aonaigh i gClub Leabhar na Sóisear ina chéad chúpla bliain ar an saol. B'iadsan a d'fhoilsigh ceithre cinn as na sé leabhar a eisíodh don scoilbhliain 1956-57[62], agus ceithre cinn as na cúig leabhar a eisíodh don scoilbhliain 1957-58. I mí an Mhárta 1957, áfach, bhí fiacha £7,451 ar Sháirséal agus Dill agus bhí formhór na bhfiach seo á iompar ag clódóir amháin, Ó Gormáin Teoranta (Bosca 29). Bhí Sáirséal agus Dill agus Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge ag iarraidh na fiacha seo a cheilt ar an bpobal toisc go raibh Sáirséal agus Dill tar éis an oiread sin dóchais a thabhairt do mhuintir na Gaeilge go bhféadfadh bláth teacht ar litríocht na Gaeilge agus go bhféadfadh comhlacht foilsitheoireachta Gaeilge, nach raibh maoinithe ag an rialtas, é féin a choimeád ar an saol. Mar a scríobh Donncha Ó Laoire, rúnaí na Comhdhála, i 1962, tubaiste mhór a bheadh ann: "...dá bhfeicfí don phobal go raibh an comhlacht is mó a thug dóchas do shlánú nua-litríochta na Gaeilge bancbhriste de bharr a n-iarrachta, agus go bhfágfaí dá bharr sin, an chaoi ag éilitheoirí éagsúla a mí-iontaoibh as foilsiú na Gaeilge a nochtadh go poiblí" (Bosca 29).

D'fhág na fiacha seo, áfach, go raibh smacht nach beag ag muintir Uí Ghormáin ar Sháirséal agus Dill agus ar Chlub Leabhar na Sóisear, agus ba mhinic sa chéad cúpla bliain den Chlub go gcuirtí moill ar fhoilsiú leabhar dá mbeadh gnó eile ag Ó Gormáin Teoranta a mbeadh brabús ag baint leis. Faoi mhí Aibreáin 1957, nuair a bhí na leabhair ar fad in ainm is a bheith faighte ag na baill don scoilbhliain sin, bhí Club Leabhar na Sóisear fós ag fanacht ar dhá leabhar a bhí á gcur i gcló ag Ó Gormáin Teoranta – *An Lann Tolédo* agus *Eachtra san Iarthar*. Ar an 4 Aibreán 1957, scríobh Ó Laoire chuig an gclódóir, ag áiteamh:

[62] Cé gur foilsíodh sé leabhar, ní bhfuair na baill indibhidiúla ach cúig cinn. Cuireadh *An Lann Tolédo* chuig na buachaillí agus *Eachtra san Iarthar* chuig na cailíní. Ba é seo an t-aon uair a tharla a leithéid i gClub Leabhar na Sóisear i dtréimhse an tráchtais seo.

> Unless I can have both of the books before the end of next week the Junior Book Club is finished. During the past three weeks I have answered over 250 letters to members explaining to them that some accident in the printing works that is handling this job has delayed them...A special meeting is being called for tomorrow at which the disolution of the Junior Club will be announced unless you are able to give an undertaking that you will carry out your part of the scheme. (Bosca 29)

Bhí fadhb eile ag baint le moill a bheith ar na leabhair, is é sin nach raibh seoladh baile fhormhór na mball ag Club Leabhar na Sóisear, ach seoltaí na scoileanna mar a luadh cheana. D'fhág sé sin nach bhféadfaí na leabhair a chur chuig na baill tar éis dheireadh na scoilbhliana. Is cosúil gur tháinig na leabhair ó Ó Gormáin in am, áfach, mar níor tháinig deireadh le Club Leabhar na Sóisear an bhliain sin. Ní bhfuarthas leabhar an Ghúim, *Réics Carló i gCorcaigh*, áfach, go dtí deireadh mhí na Bealtaine[63].

Chuaigh an fhadhb seo leis an gclódóir chun olcais an chéad scoilbhliain eile. Arís ní raibh tásc ná tuairisc ar dhá cheann de na leabhair faoi thús mhí Aibreáin i 1958. Ag an bpointe sin, scríobh Ó Laoire litir chuig an Taoiseach de Valera agus chuig an Aire Oideachais Seán Ó Loingsigh, ag míniú na faidhbe dóibh. Dúirt Ó Laoire go raibh Club Leabhar na Sóisear faoi "...lán-smacht..." ag Ó Gormáin Teoranta, agus go raibh an comhlacht ag úsáid an smachta sin chun brú a chur ar Chlub Leabhar na Sóisear agus ar Sháirséal agus Dill an t-airgead a bhí ag dul dó a íoc ar ais (Bosca 29). Bhí Ó Laoire ag scríobh chuig de Valera agus Ó Loingsigh chun a gcabhair a fháil le hairgead a lorg ó Bhord na Leabhar Gaeilge, a bunaíodh i 1952, chun fiacha Sháirséal agus Dill a ghlanadh. Ní léir gur tugadh an chabhair sin dó ag an tráth sin, áfach.

Scríobh Ó Laoire chuig de Valera agus Ó Loingsigh arís ag deireadh mhí Aibreáin 1958. Idir an dá linn bhí sé tar éis geallúint a fháil ón gclódóir go mbrostófaí foilsiú an dá leabhar

[63] Le cothrom na Féinne a thabhairt don Ghúm sa chás seo, is cosúil nach ndeachaigh Club Leabhar na Sóisear i dteagmháil leo chun *Réics Carló i gCorcaigh* a ordú don Chlub go dtí tús mhí Aibreáin. Tá an chuma ar an scéal gurbh é an brú a bhí ar Ó Laoire mar gheall ar a fhadhbanna le Ó Gormáin Teoranta a thug air leabhar sa bhreis a ordú don Chlub, ar eagla na heagla (Comhad N1521).

dhéanacha, go mbeadh ceann acu aige faoi dheireadh mhí Aibreáin agus an ceann eile aige an chéad seachtain de mhí na Bealtaine. Ní raibh an socrú seo go hiomlán sásúil, fiú, mar bhí na scrúduithe ag druidim le daltaí na meánscoileanna agus ní bheadh an t-am acu le haghaidh na saorléitheoireachta ag an tráth sin den bhliain. Maidin an lae a scríobh sé an litir, áfach, fuair Ó Laoire scéala nach raibh an dara profa ullmhaithe fós don chéad leabhar agus nach rabhthas tosaithe go fóill ar chlóbhualadh an dara leabhar. Scríobh sé: "Is ionann é sin, beagnach, agus deireadh le Club Leabhar na Sóisear, agus is ionann é sin agus a rá nach féidir an cruachás ina bhfuil an fhoilsitheoireacht Ghaeilge a choinneáil ina rún" (Bosca 29).

Arís, de réir cosúlachta, d'éirigh le Club Leabhar na Sóisear teacht slán, agus níor sceitheadh an rún faoi dhrochstaid na foilsitheoireachta Gaeilge[64]. Níor tháinig an cúigiú leabhar, áfach, go dtí deireadh mhí Iúil (Bosca 29). In ainneoin gur tháinig Club Leabhar na Sóisear slán, rinneadh dochar nach beag sa chéad dá bhliain sin don mhuinín a bhí ag múinteoirí agus daoine óga as an gClub, agus cé gur measadh ar dtús go méadódh líon na mball gach bliain, níorbh amhlaidh a tharla, ach a mhalairt (Bosca 10). Is cosúil nach ndeachaigh ballraíocht an Chlub riamh ní b'airde ná an bhallraíocht a bhí ann ina chéad dá bhliain ar an saol. Cé nach fíor, mar a scríobhadh sa tuarascáil ar Chlub Leabhar na Sóisear i 1973, nach raibh "...níos mó ná 2,500 sa Chlub riamh..." tugann an ráiteas sin le fios gur ábhar mór díomá a bhí i gClub Leabhar na Sóisear faoi thús na 1970idí (Bosca 33). Níor éirigh leis an gClub teacht aniar tar éis an drochthúis a bhí aige i 1956, 1957 agus 1958.

[64] D'éirigh le Sáirséal agus Dill leanúint ar aghaidh go dtí an bhliain 1962, le cúpla deontas ón rialtas agus le hairgead pearsanta mhuintir Uí Éigeartaigh. I 1962 d'inis Donncha Ó Laoire do Sheán Ó hÉigeartaigh go nglanfadh an rialtas fiacha uilig an chomhlachta ar an gcoinníoll go n-éireodh sé as an bhfoilsitheoireacht. An loighic a bhí ann ná gur buille a bheadh ann don Ghaeilge Sáirséal agus Dill a chailliúint, ach gur buille i bhfad ní ba mhó a bheadh ann dá mba rud é gur fógraíodh bancbhriste iad. Níor thoiligh Ó hÉigeartaigh don socrú seo, áfach, agus lean Sáirséal agus Dill ar aghaidh ag streachailt leis an saol go dtí 1981, cé go bhfuair Ó hÉighneacháin féin bás i 1967. Tá an comhfhreagras idir an Chomhdháil agus Sáirséal agus Dill suas go 1965 ar fáil i mbosca 29 de cháipéisí neamhchatalógaithe Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge (Cuntas 6878).

Níl mórán figiúirí ar fáil don bhallraíocht a bhí ag Club Leabhar na Sóisear sa tréimhse idir 1956 agus 1967. Bhí thart ar 3,200 ball aige ag deireadh na scoilbhlianta 1956-57 agus 1957-58 (Boscaí 10, 29). Faoi dheireadh na scoilbhliana 1964-65, áfach, ní raibh ach 1,889 ball aige, figiúir a bhí "...beagán níos fearr..." ná figiúir na scoilbhliana roimhe sin (Bosca 10). Fógraíodh ag tús na scoilbhliana 1966-67 go raibh 2,500 ball cláraithe le Club Leabhar na Sóisear an scoilbhliain roimhe sin, ach seans maith gur áibhéil a bhí ansin chun baill nua a mhealladh (Bosca 4). Is cinnte go dtarraingítí pictiúr i bhfad ní ba dhearfaí de Chlub Leabhar na Sóisear go poiblí ná an pictiúr a tharraingíonn na cáipéisí príobháideacha a bhaineann leis an gClub. D'éirigh cúrsaí ní ba thromchúisí fós tar éis ár dtréimhse thaighde. Na figiúirí ballraíochta do na ceithre scoilbhliana ó 1969-70 ar aghaidh ná 1,377 ball, 1,345 ball, 1,636 ball agus 1,267 ball faoi seach (Bosca 33). Faoin am sin ní bhíodh Club Leabhar na Sóisear ach ag eisiúint ceithre leabhar sa bhliain, ach fós féin ní bhfuarthas seacht gcinn de na sé leabhar déag sin taobh istigh den scoilbhliain, agus ní bhfuarthas cúig cinn acu riamh (Bosca 33). Faoi shamhradh 1973 ní raibh ach stiúrthóir amháin fágtha ar choiste Chlub Leabhar na Sóisear, agus bhí ar an gComhdháil coiste sealadach a bhunú (Bosca 33). Cé nach mbaineann an tréimhse sin de Chlub Leabhar na Sóisear leis an tráchtas seo go díreach, is léir go raibh pé fadhbanna a d'fhág Club Leabhar na Sóisear sa riocht ina raibh sé i 1973 aige ón tús.

### *3 Na Rogha-Leabhair*

An difríocht mhór idir leabhair Chlub Leabhar na Sóisear agus leabhair Chathail Uí Shándair ná nach scéinséirí iad leabhair Chlub Leabhar na Sóisear. Níl comharthaí sóirt an chineáil sin téacs ag baint leo. Tá siad rófhada, ar dtús – is beag leabhar a foilsíodh mar chuid de Chlub Leabhar na Sóisear a bhfuil níos lú ná céad leathanach ann. Tá dearadh

níos deise orthu freisin – dhéanadh Sáirséal agus Dill, Cló Uí Mheára agus Foilseacháin Náisiúnta Teoranta ach go háirithe iarracht léaráidí a chur leis na leabhair a d'fhoilsigh siad[65]. Gné eile a dhealaíonn leabhair Chlub Leabhar na Sóisear ó scéinséirí Uí Shándair ná aoiseanna na bpríomhcharachtar. I bhformhór scéalta an tSándaraigh is daoine fásta a bhfuil aois anaithnid orthu atá mar phríomhcharachtair aige. I leabhair Chlub Leabhar na Sóisear, is déagóirí iad formhór na bpríomhcharachtar, nó daoine sna fichidí luatha. Níl seánra soiléir ag baint le leabhair Chlub Leabhar na Sóisear ar fad, mar a bhíonn de ghnáth i gcás scéinséirí. Sna cásanna a bhfuil seánra soiléir ag baint le leabhar – scéal bleachtaireachta nó scéal staire, cuir i gcás – déantar an t-ábhar sin a láimhseáil ar bhealach níos caolchúisí agus níos inchreidte ná a dhéantar i scéinséirí Uí Shándair. Fágann sé seo nach féidir leabhair Chlub Leabhar na Sóisear a rangú go néata mar is féidir a dhéanamh i gcás shaothar Uí Shándair.

Cé gur leasc liom lipéid a bhrú ar leabhair Chlub Leabhar na Sóisear, is féidir cosúlachtaí ginearálta a aithint iontu, a thugann bealach amháin don taighdeoir iad a rangú. Breathnófar orthu, mar sin, faoi na teidil seo a leanas: 1. Scéalta staire, 2. Scéalta idirnáisiúnta, 3. Scéalta Éireannacha, 4. Scéalta coireachta agus 5. Neamhfhicsean. Mar a fheicfear, ní rangú foirfe é an rangú seo, ach is áis í chun tuiscint níos fearr a fháil ar na cineálacha saothar a foilsíodh mar chuid de Chlub Leabhar na Sóisear.

### *3.1 Scéalta Staire*

Ní bhíonn criticeoirí ar aon tuairim faoi shainmhíniú an téarma 'scéal staire' nó 'úrscéal staire'. Dar le James M. Cahalan, caithfear teorainneacha éigin a leagan síos i gcomhair an úrscéil staire Éireannaigh, mar "...if every Irish novel with history in it were to be included,

[65] Is mion minic a bhíonn na léaráidí i leabhair Fhoilseacháin Náisiúnta Teoranta sna háiteanna míchearta, áfach, mar a bhíonn sa tsraith *Laetheannta Gréine*.

just about every Irish novel ever written would have to be examined" (xiii). Ina mhórshaothar *Great Hatred, Little Room* (1983) sainmhíníonn Cahalan 'úrscéal staire' mar úrscéal a phléann le heachtraí polaitiúla a tharla sular rugadh an t-údar (xiii). Dealaíonn sé na húrscéalta seo ó "...ancient and medieval romance...from novels about contemporaneous politics...from novels set in a past generation but lacking a public, political focus...or dealing with minor, internal controversies rather than famous, nationalist events..." (xiii). Is leis an sainmhíniú seo a chloíonn Breandán Delap, a bheag nó a mhór, ina shaothar *Úrscéalta Stairiúla na Gaeilge* (1993) ach leathnaíonn sé an sainmhíniú amach chun glacadh le húrscéalta "...a scríobhadh faoin stair a thit amach le déanaí", .i. imeachtaí Chogadh na Saoirse (10). Ní dhéanann Titley, áfach, idirdhealú rómhór idir an t-úrscéal staire, mar a shainmhíníonn Cahalan agus Delap é, agus an t-úrscéal a scríobhtar faoi eachtraí tábhachtacha a thit amach taobh istigh de shaol an údair, nó go gairid roimhe, "...mar is amhlaidh go síneann ceann amháin díobh isteach sa cheann eile gan aon chomhartha a thabhairt dúinn go bhfuilimid tar éis dul trasna na teorann sall" (*An tÚrscéal* 324).

Oireann cur chuige níos scaoilte, dála chur chuige Titley, níos fearr do litríocht Ghaeilge na n-óg, ar dhá chúis. Ar dtús, má tá cuimhne agus tuairimí ag údar fásta ar eachtra thábhachtach i stair na tíre, ní fhágann sé sin go bhfuil a leithéid ag a léitheoirí óga. Cuirim i gcás *Saighdiúr arbh ainm dó Conaí* (1964), an t-aon úrscéal staire i gClub Leabhar na Sóisear nach luíonn le sainmhíniú Cahalan agus Delap. Cé go raibh an t-údar, Éadhmonn Mac Suibhne, ar an saol le linn na hÉigeandála, an tréimhse ina bhfuil an scéal lonnaithe, níorbh amhlaidh dá léitheoirí óga. An dara cúis gur fiú úrscéalta faoin stair níos déanaí a ghlacadh san áireamh mar úrscéalta staire, i gcás Chlub Leabhar na Sóisear, ná go bhfeictear dom gurbh ionann aidhmeanna na scríbhneoirí a bhí ag plé leis an 17ú, 18ú agus

an 19ú céad ina saothar agus aidhm Éadhmoinn Mhic Shuibhne in *Saighdiúr arbh ainm dó Conaí*, is é sin tuiscint ar stair na hÉireann a chothú ina léitheoirí óga. Breathnófar sa tríú cuid den chaibidil seo ar an gcúis a bhí le líonmhaireacht na leabhar staire sa tréimhse seo de litríocht Ghaeilge na n-óg, ach ar dtús tabharfar spléachadh ar na leabhair féin.

Scríobhadh cuid mhaith leabhar faoin ré thubaisteach úd i stair na hÉireann idir 1645 agus 1745. An tréimhse is luaithe sa chéad seo a chlúdaítear i leabhair Chlub Leabhar na Sóisear ná an bhliain 1645, atá mar chúlra ag Éamon Ó Faoláin ina leabhar *An Lann Tolédo* (1956), faoi ghé fhiáin i gCabhlach na Spáinne, Eoin Ó Ceallaigh. Is ar na rapairí a dhírigh údair eile a samhlaíocht in *An tIolar Dubh* (1956) agus *An tIolar Dubh agus Long na Marbh* (1958) le Críostóir Ó Floinn, in *Claíomh an Díoltais* (1961) le hAnnraoi Ó Liatháin agus in *Na Rapairí* (1963) agus *Rí na gCnoc* (1966) le Máirtín Ó Corrbuí a dtarlaíonn na heachtraí iontu ar fad idir 1680 agus 1700. Is éard a bhí sna rapairí (nó sna tóraithe, mar a thugtaí orthu freisin) ná buíonta Gael a d'fhan in Éirinn aimsir na ngéanna fiáine chun na Gaill a thóg a dtailte uathu a chrá (O'Callaghan 55-64). Bhíodh siad ag cur fúthu sna coillte is sna cnoic, agus, mar a dhéanann Ó Floinn cur síos orthu in *An tIolar Dubh*: "...do thagaidís de ráib anuas ó shléibhte uaigneacha...ag baint díoltais amach ar na Gaill, ag cosaint na ndaoine ar aincheart, agus ag tabhairt ábhar misnigh dóibh san oíche fhada bhrónach a bhí buailte leo" (26). Is furasta a fheiceáil cén fáth ar cuireadh an oiread sin spéise sna rapairí mar ábhar scéalta do dhaoine óga. Chonacthas go raibh misneach, tírghrá agus fearúlacht ag baint leo, agus go ndearna siad na Gaeil bhochta a chosaint ar na Gaill.

Thug Seán Ó Mulláin faoi shraith d'úrscéalta staire a scríobh faoi Rianaigh Thiobraid Árainn don Chlub. Luaitear ar chlúdach cúil *Cúlú na Rianach* (1960), an chéad leabhar sa tsraith, go bhfuil an scéal "...bunaithe ar an bhfírinne..." agus go raibh Ó Mulláin féin

síolraithe ó na Rianaigh céanna. Ina ainneoin sin, is léir gur cumadóireacht atá i bhformhór an scéil agus i bhformhór na scéalta eile a foilsíodh sa tsraith inár dtréimhse – *Muiris Ó Riain Creachadóir* (1961), *Fíon Uí Dhonnchú* (1963), *Séipéal na Naomh* (1966) agus *Daoirse na Rianach* (1967). I ngach imleabhar sa tsraith téitear siar glúin amháin, seachas i gcás *Séipéal na Naomh*, atá lonnaithe go luath tar éis *Fíon Uí Dhonnchú* (in ainneoin gur athraíodh cúpla ceann de na hainmneacha idir an dá linn) agus in *Daoirse na Rianach*, atá lonnaithe sé bliana tar éis *Cúlú na Rianach*. Is féidir stair mhuintir Uí Riain, agus stair an taoibh sin tíre, a ríomh sna scéalta, mar sin. In *Cúlú na Rianach* caithfidh an teaghlach áitreabh a sinsear, Caisleán na Bíoma, a thréigean agus teitheadh siar nuair a ionsaíonn na Gaill an caisleán agus loisctear go talamh é. In *Fíon Uí Dhonnchú*, áfach, tá na Rianaigh fós i réim i dTiobraid Árainn, cé go mbíonn achrann eatarthu agus na Gaill ó am go chéile. Ní luaitear aon dátaí riamh sa tsraith, ach tugtar le fios go dtarlaíonn eachtraí *Cúlú na Rianach* tar éis phlandáil Chromail (Ó Mulláin 8).

Is san 18ú céad déag a tharlaíonn eachtraí *Cine Cróga* (1964) le Mícheál Ó hOdhráin agus *An Smuglaer* (1961) le Traolach de Barra. Arís is é misneach na nGael sa troid leanúnach i gcoinne na nGall ábhar an chéad leabhair seo, faoi phobal beag i Maigh Eo atá cráite ag a dtiarna talún agus ag an am céanna atá ag iarraidh a chuid sagart a cheilt ar na húdaráis. Cé go gcaithfidh an pobal a dhúiche a thréigean agus teitheadh suas na sléibhte ag deireadh an leabhair chun éalú ó na Gaill, is bua é ar bhealach mar ní chaithfidh siad cíos a íoc a thuilleadh. Is leabhar níos leadránaí ach níos spéisiúla é *An Smuglaer*. Níl mórán pearsantachta ag an reacaire óg, Jim Bairéad, ach is doimhne i bhfad an cur síos a dhéantar ar bheirt de na príomhcharachtair, Dónal Ó Súilleabháin agus Seán Ó hÓgáin, ná a dhéantar in aon úrscéal eile staire ó Chlub Leabhar na Sóisear, seachas i gcinn Annraoi Uí Liatháin. Níl sé soiléir ag an deireadh cé hé laoch an scéil, rud annamh in úrscéalta staire

Gaeilge do dhaoine óga sa tréimhse. Pléifear an ghné seo de *An Smuglaer* arís níos faide anonn sa chaibidil.

Chinn údair áirithe ar dhíriú isteach ar eachtraí nó ar phearsana ar leith sa stair, seachas scéalta a chumadh faoin tréimhse go ginearálta. Roghnaigh Tarlach Ó hUid éalú Sheáin Mhistéil ón Tasmáin mar ábhar dá scéal *Éalú* (1961), cé go dtosaíonn an scéal roinnt blianta roimhe sin. Feictear an scéal trí shúile ógánaigh a chabhraíonn leis an éalú seo seachas trí shúile an Mhistéalaigh, nach bhfuil mórán bainte aige leis an scéal i ndáiríre. Annraoi Ó Liatháin, an t-údar ab fhearr sa tréimhse a bhí ag scríobh an tseánra seo do dhaoine óga, a scríobh faoi Éirí Amach 1798 agus léigear Dhún Chnoc Sheárlais (1651) agus ina leabhair *Pící Loch Garman* (1964) agus *Dún na Cinniúna* (1966), faoi seach. Cath na Bóinne agus léigear Luimní a fheictear in *Na Rapairí* le Ó Corrbuí, a luadh cheana. An dúshlán a bhaineann lena leithéid d'úrscéal staire, mar a mhíníonn Delap, ná nach "...mór cumasc cothrom a aimsiú idir an t-ábhar stairiúil agus an plota samhailteach..." (165). Tá sé éasca an plota a chailliúint i measc eachtraí na staire, rud a tharlaíonn, cuir i gcás, in *Na Rapairí*, agus sa dara leath de *Éalú*. In *Na Rapairí*, is beag trácht a dhéantar ar na príomhcharachtair, Éamann 'an Chnoic' agus Aodh 'Cosa in Airde' Ó hÓgáin, i lár an scéil, toisc go bhfuil an t-údar róghnóthach ag míniú dúinn céard a rinne Pádraig Sáirséal sna blianta idir 1688 agus 1691. Is é bua Annraoi Uí Liatháin in *Pící Loch Garman* agus in *Dún na Cinniúna* go n-éiríonn leis an dá thrá sin a fhreastal.

Is ar eachtraí an fhichiú haois a dhírigh Mícheál Ó hOdhráin agus Máirtín Ó Corrbuí ina leabhair *An Tine Bheo* (1965) agus *Gaoth na Cuimhne* (1958) faoi seach, faoi mar a rinne Éadhmonn Mac Suibhne in *Saighdiúir arbh ainm dó Conaí*, a luadh cheana. "Leabhar an-tráthúil..." ba ea *An Tine Bheo*, dar le léirmheastóir *Inniu*, úrscéal a phléigh le

heachtraí Éirí Amach na Cásca, agus a foilsíodh an bhliain roimh an gcomóradh mór caoga bliain i 1966 ("Leabhair don Nollaig" 6). Thug an léirmheastóir céanna "...an chéad úrscéal eachtraíochta Gaeilge dár scríobhadh faoi Sheachtain na Cásca" ar an leabhar – ráiteas nach raibh go hiomlán fíor, mar foilsíodh *An Lá Geal* (1946) le Cathal Ó Sándair naoi mbliana déag roimhe sin (6). Cé go dtarlaíonn cuid d'eachtraí *An Lá Geal* Uí Shándair le linn an Éirí Amach, áfach, is cúlra é an tÉirí Amach do scéal na gcarachtar, i gcodarsnacht leis *An Tine Bheo*, ina bhfuil sé mar phríomhábhar an scéil. Tarlaíonn eachtraí *Gaoth na Cuimhne* i bpobal beag tuaithe le linn Chogadh na Saoirse (1919-1921) nuair a ghabhann na Dúchrónaigh col ceathrar an reacaire go míchothrom agus é ag cosaint dheirfiúr an reacaire. Caitheann an reacaire é féin isteach sa troid ar son na saoirse chun an drochbheart seo a chúiteamh agus chun cabhrú leis an tóraíocht. Is í aimsir na hÉigeandála is suíomh do *Saighdiúir arbh ainm dó Conaí*, le hÉadhmonn Mac Suibhne, mar a luadh cheana. Is éard atá sa leabhar seo ná cur síos ar an gcoícís a chaitheann Conaí, Corcaíoch óg, i gcampa traenála na bhFórsaí Cosanta sna 1940idí luatha agus ar na heachtraí éagsúla a bhaineann dó agus é ann.

Cé gurbh í príomhaidhm scéalta staire Chlub Leabhar na Sóisear ná bród tíre agus tuiscint ar stair na hÉireann a chothú i nGaeilgeoirí óga, mar a phléifear, níor tugadh neamhaird iomlán ar stair ciníocha eile. Scríobh Mícheál Ó hOdhráin *Ar Son na Treibhe* (1964) faoin ngéarleanúint a rinne na Rómhánaigh fadó ar threibh dhúchasach i dtuaisceart na Breataine, cuir i gcás. Ba é Annraoi Ó Liatháin, arís, a léirigh an cumas is fearr sa chineál seo scéil, ina chuntais ar dhíothú dhá threibh éagsúla de bhundúchasaigh Mheiriceá – an treibh Cheyenne in *Laochra na Machairí* (1958) agus an treibh Apache in *An Tíogar Daonna* (1966). Cé nach gceileann Ó Liatháin an ról a d'imir Éireannaigh sa slad seo in *Laochra na Machairí*, is léir go síleann sé go bhfuil buntáiste ar leith ag an Éireannach

comhaimseartha agus é ag iarraidh stair bhundúchasaigh Mheiriceá a thuiscint, mar gheall ar an méid a d'fhulaing muintir na hÉireann leis na blianta. D'aontaigh Pádraig Mac Éamoinn, léirmheastóir *Inniu*, leis an dearcadh seo, ag scríobh: "An tÉireannach arb eol dó ár stair féin, thuigfeadh sé gan dua don Chine Rua – mura mbeadh a intinn dallta ag lucht na scannán agus a gcúlpháirtithe teilifíse" ("Leabhair Nua" 3). Is cosúil gur ag iarraidh an bhá chéanna a mhúscailt a bhí Ó hOdhrán in *Ar Son na Treibhe*, ina dtroideann an treibh Bhreatnach go fíochmhar agus go misniúil chun a saoirse agus a beo a chosaint ar na Rómhánaigh.

Is léir ó líonmhaireacht na n-úrscéalta staire seo i gClub Leabhar na Sóisear go raibh spreagadh ar leith ag scríbhneoirí chun leabhair sa seánra sin a chur ar fáil do léitheoirí óga na Gaeilge sa tréimhse idir 1956 agus 1967. Is cosúil gur chreid scríbhneoirí na n-úrscéalta seo go raibh tábhacht mhór ag baint le tuiscint a bheith ag an nglúin óg ar stair a tíre agus déanfar an tábhacht seo a iniúchadh sa tríú cuid den chaibidil seo.

### *3.2 Scéalta idirnáisiúnta*

Chonacthas i gcaibidil a trí gur tháinig blas i bhfad ní b'idirnáisiúnta ar na scéalta de chuid Chathail Uí Shándair a cumadh tar éis an Dara Cogadh Domhanda, nuair a thosaigh Réics Carló ag taisteal timpeall an domhain chun coireanna a réiteach i Nua-Eabhrac, sa tSín, i bPáras agus in áiteanna nach iad. Tá taisteal thar lear mar chuid de na scéalta ficsin eolaíochta a d'fhoilsigh an Gúm, chomh maith – taistealaítear go dtí an Rúis in *An Bheisteoim* (Mac Conghamhna 1955) agus go dtí an Mhongóil in *I Seirbhís an Impire* (Ó Grádaigh 1952), cuir i gcás – agus mar chuid thábhachtach de *Ceathrar Comrádaí* (C. Mac Aonghusa 1938), a pléadh i gcaibidil a dó, agus de *Fé Bhrat na Fraince* (Ó Floinn 1955) freisin. Bhain cuid den chlaonadh seo, mar a áitíodh cheana, leis an muinín nua a bhí

faighte ag muintir na hÉireann tar éis dóibh a neodracht a chosaint go héifeachtach le linn na hÉigeandála agus cuid eile leis an bhfonn a bhí ar údair do dhaoine óga Éire a léiriú mar thír shuaithinseach i measc thíortha an domhain. Treisíodh ar an mblas idirnáisiúnta seo go mór mór, áfach, i leabhair Chlub Leabhar na Sóisear. Bhain an treisiú seo leis an nua-aoisiú agus an domhandú suntasach a bhí ar siúl in Éirinn ó na 1950idí ar aghaidh, mar a phléifear níos déanaí. Rinneadh iarracht ar leith i leabhair an Chlub a léiriú go raibh ról tábhachtach, lárnach agus seanbhunaithe ag Éirinn in imeachtaí an domhain mhóir. Chuige sin foilsíodh go leor leabhar a bhí lonnaithe thar lear nó a raibh príomhcharachtair eachtrannacha iontu.

Ceann de na húdair ba mhó a thug faoi na naisc láidre idir Éirinn agus an domhan mór a léiriú dá léitheoirí óga ná Deasún Breatnach. Chaith an Breatnach tamall ina chónaí sa Spáinn agus i Maracó, agus is dócha gur ar an eispéireas sin a tharraing sé agus é ag cumadh *An Fáinne Arabach* (1960) ("Breatnach, Deasún (1921–2007)"). Sa scéal sin téann Gaillimheach óg, Cormac Ó Conghaoile, chuig an Tainséir i Maracó ag lorg a dhearthár Breandán, atá ar iarraidh. Tá bá ag Cormac le réabhlóidithe Ailgéireacha an *Front de Libération Nationale* a bhfuil baint ag Breandán leo, toisc gurb ionann a dtroid leis an bhFrainc, dar leis, agus an troid a bhí ann idir Éirinn agus Sasana ag tús an chéid. Nuair a labhraíonn Acmaid, duine de na réabhlóidithe, faoi na daoine a cailleadh sa troid, filí agus scríbhneoirí ina measc, is é freagra Chormaic: "Tuigim an scéal…Mar sin a bhí an scéal i mo thír féin agus, is dócha, mar sin a bhíonn sé ag pobal ar bith atá ag troid ar son na saoirse. Nach trua é go gcaithfear luach chomh hard leis a íoc as an tsaoirse!" (Breatnach, *An Fáinne* 95).

Tagann an choigríoch go hÉirinn in *An Dealbh Spáinneach* (Breatnach 1960), an dara leabhar sa tsraith, nuair a thagann baintreach Spáinneach go Gaillimh ag lorg léarscáile atá i bhfolach i seandealbh atá, mar a tharlaíonn, i seilbh mhuintir Uí Chonghaoile. Léiríonn an léarscáil ionad órchiste gur le muintir fhear na baintrí é ó cheart. Sa tríú himleabhar sa tsraith seo, *An Deachtóir* (1963) taistealaíonn Breandán agus Cormac chuig tír bheag darb ainm San Diego chun cabhrú le dream réabhlóidithe atá ag iarraidh í a shaoradh ó dheachtóir. Déantar cur síos níos neamhréalaíche ar thionchar na hÉireann san imleabhar seo ná a dhéantar sa dá leabhar a tháinig roimhe. Tá an-dealramh ag *An Deachtóir* le *Ceathrar Comrádaí*, leabhar eile ina bhfuil cúnamh Éireannach de dhíth ó thír bheag (Eldóragua) chun deachtóir a ruaigeadh. Cuirtear le blas idirnáisiúnta shraith Dheasúin Bhreatnaigh chomh maith leis na focail agus na nathanna Spáinnise atá go flúirseach sna leabhair (cuir i gcás *An Fáinne* 40; *An Deachtóir* 15).

Scríobh Deasún Breatnach leabhar amháin eile do Chlub Leabhar na Sóisear nach mbaineann le muintir Uí Chonghaoile, is é sin *An Buama Deiridh* (1962). Treisítear sa leabhar seo ar an neamhréalaíochas atá in *An Deachtóir*. Tá go leor áibhéile agus samhlaíochta ag baint le tábhacht na hÉireann sa domhan comhaimseartha mar a chuirtear os comhair léitheoirí *An Buama Deiridh* é. Deirtear linn go bhfuil ról mór ag Éirinn sa pholaitíocht idirnáisiúnta de thoradh ar a neodracht. Is idirghabhálaí tábhachtach é ambasadóir na hÉireann sna Stáit Aontaithe, cuir i gcás, idir na Sasanaigh, na Meiriceánaigh agus na Rúisigh. Deir sé, nuair a ghlaotar amach as cruinniú é: "Ní féidir liom an Rúiseach a fhágáil leis an bPoncán agus an Sasanach úd, nó beidh deireadh leis an tsíocháin, agus beimid uilig inár smidiríní!" (Breatnach, *An Buama* 44-45). Tá drochimpleachtaí ag baint le stádas luachmhar seo na hÉireann, áfach – is í an chúis í go roghnaítear Éire mar cheanncheathrú don chultas atá ag iarraidh an domhan a scriosadh

leis an 'mbuama deiridh', buama a phléascfaidh gach braon uisce sa domhan agus a chuirfidh deireadh leis an gcine daonna agus lena nósanna barbartha. Deirtear linn gur roghnaíodh Éire toisc gurb shin "...an áit ab oiriúnaí...tír sách síochánta i gcomparáid le tíortha eile an domhain" (122). Éiríonn leis na Meiriceánaigh, na Rúisigh agus na hÉireannaigh obair le chéile, áfach, chun deireadh a chur leis an gcultas seo agus an domhan a shábháil.

Tá dealramh mór ag Éirinn *An Deachtóir* agus *An Buama Deiridh* le hÉirinn scéalta Dhonaigh de Róiste[66]. Sa dá leabhar a scríobh de Róiste le linn ár dtréimhse, *Sláinte an Domhain* (1965) agus *Ceann v. Cloigeann* (1966), tá ról an-tábhachtach ag Éirinn sa domhan mór. Sa chéad leabhar, is chuig Éirinn a thógtar an tseoid ríluachmar 'Sláinte an Domhain' ag tús a camchuairte domhanda, toisc gurb í Éire "...an tír [is mó] tionchar sa Chomhthionól idirnáisiúnta..." (de Róiste, *Sláinte* 23). Sa dara leabhar is in Éirinn a bhuaileann uachtarán na Stát Aontaithe agus uachtarán na Rúise le chéile den chéad uair toisc gurb í Éire an tír is gradamúla san Eoraip seachas an Rúis (de Róiste, *Ceann* 13). Is faoin 'gCorp' atá sé a chinntiú nach dtarlóidh aon rud tubaisteach le linn na n-eachtraí seo, agus chun an aidhm sin a chur i gcrích caithfidh baill an 'Choirp' taisteal ar fud an domhain. Mínítear an 'Corp' dúinn mar seo a leanas: "Bhí Gardaí ann chun an dlí a chur i bhfeidhm; bhí an t-arm agus an t-aerfhórsa ann chun cosaint na tíre a chur i gcrích; agus bhí an Corp ann chun dualgais as an ngnáth a ghlacadh as láimh agus a chomhlíonadh ar a bhealaí an-éifeachtacha féin" (de Róiste, *Sláinte* 18).

Is ionann an 'Corp' agus MI6 na hÉireann, agus níl aon amhras ach gur ar scéalta Ian Fleming faoi James Bond atá leabhair de Róiste múnlaithe, rud a d'aithin léirmheastóirí na

[66] Ainm cleite Liam Uí Lonargáin, stiúrthóir óg Chlub Leabhar na Sóisear ag deireadh ár dtréimhse.

tréimhse (Mac Fheargusa 21; Mac Éamoinn, "Tosú Maith" 3). Tháinig an chéad leabhar faoi James Bond amach i 1953, agus eisíodh an chéad scannán faoi i 1962. Ní haon ionadh, mar sin, go ndéanfadh údar Gaeilge iarracht teacht i dtír ar an gcineál sin scéil a bhí chomh mór sin i mbéal an phobail. Chuir Pádraig Mac Fheargusa, léirmheastóir *Comhar*, i leith de Róiste gur thóg sé seift amháin in *Sláinte an Domhain* ó *Goldfinger* (1959) Ian Fleming, fiú (21). An difríocht idir Flann, laoch de Róiste, agus James Bond, áfach, ná an easpa drúise agus mímhoráltachta i saol Fhlainn. Shíl Mac Fheargusa agus Pádraig Mac Éamoinn, léirmheastóir *Inniu*, gur bua a bhí sa ghné sin de na leabhair, ach ba é tuairim Aogáin Uí Mhuircheartaigh, léirmheastóir eile le *Comhar*, gur laige a bhí ann agus go raibh Flann "…ró-dhamanta naofa" agus neamhdhaonna dá bharr (Mac Fheargusa 21; Mac Éamoinn, "Tosú Maith" 3; Ó Muircheartaigh 26).

Ní thaistealaíonn laochra óga *Oileán an Anró* (S. Tóibín 1958) agus *Mairnéalaigh Óga* (Mac Reachtain 1962) i bhfad ón mbaile, ach trasna na farraige go hAlbain agus Oileán Mhanann faoi seach. Déantar a mhór den ghaol idir Éirinn agus Albain i leabhar Thóibín. Nuair a sciobann stoirm an ceathrar príomhcharachtar chuig oileán beag ar chósta na hAlban, tá siad lánábalta comhrá a dhéanamh le seanfhear a gcasann siad air toisc go bhfuil Gàidhlig aige. Níor aistrigh Tóibín formhór an chomhrá Gàidhlig dá léitheoirí óga, ach ghlac leis go mbeadh an teanga sin intuigthe ag Gaeilgeoirí, mar atá ag a charachtair óga. Tugtar le fios go mbíonn cuimilt ag na carachtair sin leis an nGàidhlig agus iad sa bhaile, toisc a láidre is atá na naisc idir cultúr an dá thír (S. Tóibín 71, 127). Níl béim chomh láidir ar naisc idirnáisiúnta in *Mairnéalaigh Óga*, a dtarlaíonn formhór an scéil ar an bhfarraige idir Tuaisceart Éireann agus Oileán Mhanann. Is suntasach an leabhar é *Mairnéalaigh Óga*, áfach, toisc gurb é an chéad leabhar Gaeilge do dhaoine óga a foilsíodh inár dtréimhse atá lonnaithe go sonrach i dTuaisceart Éireann – suíomh a sheachain údair eile Ghaeilge do

dhaoine óga. Mar a scríobh 'E. P. de B.' ina léirmheas in *The Irish Independent*: "Is dócha gurb é *Mairnéalaigh Óga* an chéad scéal eachtraíochta inar chabhraigh Gaeilgeoirí óga le Constáblacht Ríoga Uladh na glais láimhe a chur ar choirpigh" ("Eachtraíocht don aos óg" 11). Díol suntais freisin gur Francach é duine den bheirt phríomhcharachtar óg sa scéal, ar thóg a athair altramais go Tuaisceart Éireann é tar éis an Dara Cogadh Domhanda.

Eachtrannaigh atá mar phríomhcharachtair in dhá leabhar eile a foilsíodh mar chuid de Chlub Leabhar na Sóisear – *Buachaill ar Fán* (1959) le Siobhán Ní Bhriain agus *Gleann na Síre* (1962) le Máirtín Ó Corrbuí. In *Buachaill ar Fán* fágann malartú ar an gcaladh i Nua-Eabhrac go dtógtar buachaill óg Rómánach chun cónaí ar Inis Oírr mar ceaptar gur de shliocht an oileáin sin é. Níl cuimhne ag 'Cóilín' ar a shaol roimh theacht dó go hÉirinn, ach mothaíonn sé go minic as áit i measc na n-oileánach foighneach cráifeach. In *Gleann na Síre* (1962) tagann beirt Spáinneach go hÉirinn mar chuid d'fhoireann iascaireachta, ach fágtar in Éirinn iad nuair a imíonn an long agus iad fós ar an míntír. Tógann teaghlach Gaeltachta isteach iad, agus titeann an bheirt fhear óg i ngrá le mná óga Gaeltachta.

Díol spéise é gur chun na Gaeltachta a thagann príomhcharachtair na scéalta seo, agus gur sa Ghaeltacht a chinneann siad ar fhanacht ag deireadh an scéil. Faightear léargas ar an nGaeltacht trí shúile eachtrannach mar sin – agus is an-éagsúil ar fad na léargais seo sa dá leabhar. I leabhar Uí Chorrbuí déantar idéalú ar mhuintir bhocht na Gaeltachta, mar feiceann na Spáinnigh an sonas agus an bród i saol na Gaeltachta, in ainneoin an bhochtanais. Ní hamhlaidh do Chóilín in *Buachaill ar Fán*, áfach. Cé go dtéann sé i dtaithí faoi dheireadh an scéil ar an saol in Inis Oírr, caitheann sé a óige cráite ag iarraidh a thuiscint conas is féidir le muintir an oileáin cur suas leis an mbochtanas agus le cruatan an tsaoil: "Muintir an oileáin, daoine ab ea iad a bhí gach aon phioc chomh neamhspleách

agus chomh misniúil agus chomh teasaí leis féin go coitianta. Ach cá bhfuair siad an fhoighne go léir leis an leatrom éachtach seo?" (Ní Bhriain 77).

Is i gcodarsnacht leis na leabhair seo atá lonnaithe gar don bhaile atá *An Dia a Rinne Gáire* (1957) le Dónal Ó Duigneáin agus *An Dia-Phéist* (1963) agus *An tÓrchiste Mallaithe* (1961) le Dónall Mac Amhlaigh, scéalta eachtraíochta atá níos traidisiúnta ná na cinn eile a scríobhadh do Chlub Leabhar na Sóisear. Sna leabhair seo tógtar an léitheoir chuig áiteanna i bhfad níos faide i gcéin – 'Hana Hane' – oileán i lár an Aigéin Chiúin – i leabhar Uí Dhuigneáin agus an Afraic agus an Bhrasaíl in *An Dia-Phéist*. Is scéal é *An tÓrchiste Mallaithe* atá lonnaithe san Iarthar Fiáin, ach toisc gurb é an t-aon sampla den seánra sin a foilsíodh mar chuid de Chlub Leabhar na Sóisear inár dtréimhse, is sa ghrúpa seo a áireofar é. Is Éireannach é príomhcharachtar an scéil, Pádraig Fionbharra Parthólan Mac Dara, atá tar éis blianta a chaitheamh in arm Mheiriceá ach a théann ar thóir eachtraíochta nuair a éiríonn sé bréan den saol sin.

Is spéisiúil an cur síos a dhéantar ar eachtrannaigh sna trí leabhar eachtraíochta seo. Ar láimh amháin, is eachtrannaigh iad cuid de na príomhcharachtair sna scéalta – Hans (Gearmánach) agus Anders (Francach) in *An Dia a Rinne Gáire*, Pius (Afraiceach) agus Salvador (Portaingéileach) in *An Dia-Phéist* agus Mac Néill agus Aingeal (Meiriceánaigh) in *An tÓrchiste Mallaithe*. Ar an láimh eile, áfach, is minic a léirítear na heachtrannaigh eile sna scéalta ar bhealach ciníoch. Is dreamanna soineanta nó barbartha iad na bundúchasaigh a gcasann príomhcharachtair na scéalta seo orthu. Déanann Mac Amhlaigh cur síos fíorchiníoch ar an 'meascach' Indiach in *An tÓrchiste Mallaithe*, cuir i gcás, an chéad uair a chasann Pádraig air: "Ba ansin a thugas faoi deara gur meascach a bhí ann – bhí sé le haithint ar a éadan gránna agus ar shúile dubha nathartha na nIndiach a bhí ina

chloigeann" (111). Is dócha go mbaineann an ciníochas leis na trí leabhar seo ach go háirithe toisc gur leabhair thraidisiúnta eachtraíochta iad agus gur cuid de *clichéanna* an chineáil sin scéil ná béim a leagan ar eachtarthacht bhundúchasach.

### *3.3 Scéalta Éireannacha*

Is sa ghrúpa seo a áirím na leabhair ar fad a d'eisigh Club Leabhar na Sóisear atá lonnaithe go hiomlán in Éirinn, nach scéalta staire ná bleachtaireachta iad. Is oidhrí iad na scéalta seo, ar bhealach, ar Chlub Leabhar Nua-Éireann Uí Shándair, cé go bhfuil dealramh níos mó ag cuid acu leis na leabhair a bhí á scríobh ag Éireannaigh i mBéarla ag an am, cuir i gcás saothar Patricia Lynch agus Eilís Diolún.

I gcodarsnacht leis an áit lárnach a ghlac an chathair i scéalta Uí Shándair, ní raibh scríbhneoirí Chlub Leabhar na Sóisear an-tógtha léi mar láthair scéil. Scéalta bleachtaireachta fágtha as an áireamh, ní raibh ach beirt scríbhneoirí ann a lonnaigh a gcuid scéalta i mBaile Átha Cliath – P. D. Linín[67] agus Siobhán Ní Shúilleabháin. Scríobh P. D. Linín trí leabhar ina sraith de 'Mhaidhcscéalta' inár dtréimhse – *Maidhc* (1957), *Maidhc Abú* (1960) agus *Maidhc Bleachtaire* (1961). Is déagóir Baile Átha Cliathach é Maidhc, agus leanann scéalta P. D. Linín eisean agus a thriúr dlúthchairde, Colm, Cian agus Nuala, agus iad ag baint spraoi as saol na cathrach agus ag ceapadh seifteanna chun airgead a thuilleamh. *Cúrsaí Randolf* (1957) an t-aon scéal uirbeach a scríobh Ní Shúilleabháin do Chlub Leabhar na Sóisear. Scéal aisteach mistéireach é faoi bheirt ábhar dochtúra a cheannaíonn creatlach darb ainm Randolf mar áis staidéir. Tá mallacht éigin ar Randolf, áfach, agus ní théann an mhallacht sin chun sochair ina úinéirí nua. Is éagsúil an

[67] Ainm cleite Róisín Ní Dhochartaigh, an duine ba mhó a bhí taobh thiar de bhunú *Comhar*, de réir Bhríd Uí Éigeartaigh ("Agallamh le Bríd Bean Uí Éigeartaigh" 8). Níor éirigh liom teacht ar aon eolas faoin gcúis ar chinn Ní Dhochartaigh ar ainm cleite a úsáid, ach is é is dóichí ná go raibh sí ag iarraidh a hinscne a cheilt sa chaoi nach gceapfadh buachaillí gur shraith do chailíní amháin í sraith *Maidhc*.

pictiúr den chathair a tharraingíonn an bheirt údar seo. Is áit shábháilte spraíúil í Baile Átha Cliath P. D. Linín, a mbíonn an ceathrar ógcharachtar i gcónaí ag fánaíocht thart inti leo féin. Is áit níos mistéirí agus níos scanrúla í Baile Átha Cliath Ní Shúilleabháin, áit nach mbíonn aithne ag daoine ar a chéile ann agus áit gur féidir le duine rudaí aisteacha a cheannach i siopaí dorcha athláimhe. Ní Baile Átha Cliathaigh iad príomhcharachtair Ní Shúilleabháin, agus tá doicheall éigin i ráiteas an reacaire nach "...leor ar fad turas traenach chun fear tuaithe a thabhairt don chathair" (*Cúrsaí Randolf* 61-62).

Is taobh amuigh den chathair atá scéalta Éireannacha eile Chlub Leabhar na Sóisear lonnaithe. Chonacthas go mbaineann *Mairnéalaigh Óga* le Liam Mac Reachtain le Tuaisceart Éireann, agus is mar an gcéanna leis an leabhar eile a chuir Mac Reachtain ar fáil do Chlub Leabhar na Sóisear, *Téarma an Uafáis* (1964) atá lonnaithe i gContae Aontroma. Pléann *Ar Scáth a Chéile* (Ó Corrbuí 1959) leis na heachtraí a bhaineann do theaghlach Ciarraíoch nuair a bhogann siad go Co. Laoise le scéim de chuid Choimisiún na Talún, agus pléann *Buachaillí Báire* (Ó Murchadha 1959) le filleadh abhaile fir óig ar a bhaile dúchais tuaithe, Cill Éamoinn, chun gnó na feirme a tharraingt chuige féin. Sa leabhar lena gcríochnaíonn tréimhse an tráchtais seo, *Mo Chara, Mo Namhaid* (Ó Sándair 1967), tarlaíonn eachtraí an scéil i Radharc an Chuain, baile beag ficseanúil in Éirinn, atá suite idir sléibhte agus an fharraige.

Is iad *Dúinne an Samhradh* (1957) le Siobhán Ní Shúilleabháin agus *Eachtra san Iarthar* (1957) le Bláithín Nic Chnáimhín an dá leabhar is cosúla leis an gcineál scéil a bhí á scríobh ag Éireannaigh i mBéarla do pháistí ag an am. Tá an-dealramh, cuir i gcás, ag *Dúinne an Samhradh* le scéalta Patricia Lynch faoi Eibhlín agus Séamus, an tsraith a thosaigh le *The turf-cutter's donkey* (1934). Tá saol an-sona ag Cití lena muintir "...i

gceartlár na tuaithe" in *Dúinne an Samhradh* (Ní Shúilleabháin 9). Bíonn sí amuigh faoin aer i gcónaí, i mbun súgartha agus taiscéalaíochta, agus tá sí mór leis na síoga a thagann ar cuairt chuici gach oíche nuair a dhúnann sí a súile. Tá baol ann go scriosfar an tsíocháin seo nuair a thagann a col ceathrar tinn as Baile Átha Cliath, Páid, chun fanacht i dteach Chití don samhradh. Ar dtús ní réitíonn Cití agus Páid le chéile, agus ní théann áilleacht na tuaithe i bhfeidhm ar Pháid – tá sé róthógtha le saol corraitheach na cathrach. De réir a chéile, áfach, cuireann Cití ina luí ar Pháid go bhfuil a spraoi féin ag baint leis an tuath, tagann a shláinte ar ais chuige agus bíonn samhradh den scoth acu. Is é an téama céanna, go pointe, atá in *Eachtra san Iarthar*, nár cuireadh ach chuig cailíní Chlub Leabhar na Sóisear é. Tagann ceathrar ógánach chuig Gaeltacht Chonamara don samhradh, cabhraíonn siad leis na Gardaí teacht ar ghadaithe sa cheantar, agus bíonn siad croíbhriste á fágáil ag deireadh an turais. Is léir ó na cuntais sin go raibh idéalú éigin á dhéanamh ag Nic Chnáimhín agus Ní Shúilleabháin ar shaol na tuaithe, mar a bhíodh á dhéanamh ag Patricia Lynch agus ag go leor údar eile sa tréimhse.

Níorbh amhlaidh do Dhiarmaid Ó Súilleabháin, áfach, a léirigh cruatan an tsaoil i mBéarra, Gaeltacht Chiarraí, agus an baol a bhain le saol an iascaire ag an am ina dhá leabhar *Súil le Muir* (1959) agus *Trá agus Tuileadh* (1967). Ní úrscéalta iad an dá leabhar seo, le fírinne, ach cnuasaigh scéalta faoi theacht in inmhe carachtar. Tá *Súil le Muir* roinnte in dhá chuid. Sa chéad chuid téann iascaire amú agus é ag filleadh ar an mbaile sa dorchadas agus beirt fhear óg sa bhád leis. Tagann siad i dtír le dua i bhfad ón mbaile ach síleann muintir Bheárra go bhfuil siad báite agus déanann siad iad a thórramh. Cinneann an t-iascaire go dtapóidh sé an deis chun cúléisteacht le tuairimí mhuintir na háite faoi, agus cinneann an bheirt fhear óg go mbainfidh siad spraoi as an eachtra trí dhul i bhfolach sna cónraí a rinneadh dóibh. An dara cuid den scéal, baineann sé le bogadh duine amháin de na fir óga

seo, Dónall, go Baile Átha Cliath chun airgead a thuilleamh le dul ar imirce. Baineann sé taitneamh as an bpost atá faighte aige le comhlacht iascaireachta agus titeann sé i ngrá le hiníon a mhná tí, agus cinneann sé ar fhanacht in Éirinn. Is fíorbheag ceangail atá idir an dá chuid den scéal seo. Tá gluaiseacht níos réidh faoi *Trá agus Tuileadh,* sórt *bildungsroman* a leanann teacht in inmhe an bhuachalla Dairín tar éis bhás a athar.

### *3.4 Scéalta coireachta*

In ainneoin an tsaothraithe a bhí á dhéanamh ar an seánra bleachtaireachta sa Ghúm ag an am – nó b'fhéidir dá dheasca – níor eisigh Club Leabhar na Sóisear mórán scéalta sa seánra sin. Cé nár chuir sé iontas ar iriseoir *The Derry People Réics Carló i gCorcaigh* a fheiceáil ar liosta Chlub Leabhar na Sóisear ina chéad bhliain, is dócha gur chuir sé iontas ar go leor daoine gurbh shin an t-aon eachtra de chuid Réics Carló ar glacadh leis mar chuid de Chlub Leabhar na Sóisear go dtí gur cuireadh athchló caighdeánaithe *Uafás i mBrú na Bóinne* (1970) amach sa scoilbhliain 1969-70 ("Thoughts and Tidings" (2) 4). Scríobh triúr údar úrscéalta coireachta do bhaill Chlub Leabhar na Sóisear inár dtréimhse – Eoghan Ó Grádaigh, Tarlach Ó hUid agus Máirtín Ó Corrbuí – ach ní féidir a rá gur úrscéalta bleachtaireachta iad saothair uile na n-údar seo[68]. Áit a bhfuil bleachtaire mar phríomhcharachtar ag Ó hUid agus ag Ó Corrbuí ina scéalta siadsan, is foireann carachtar a dhéanann an lorgaireacht i gcuid de shaothair Eoghain Uí Ghrádaigh. Níor úsáid duine ar bith den triúr údar seo bleachtaire príobháideach mar laoch, mar a d'úsáid Ó Sándair, d'Andún agus Ó Floinn, ach ina áit sin d'fhág siad mistéirí formhór an ama faoi dhream ní b'inchreidte, b'fhéidir, sa chomhthéacs Éireannach – na Gardaí Síochána agus iriseoirí.

[68] Mínítear an difear idir ficsean coireachta agus ficsean bleachtaireachta i bhfonóta 31.

Is sa bhliain 1944 a d'fhoilsigh Clólucht an Talbóidigh an chéad úrscéal ó pheann Eoghain Uí Ghrádaigh, an scéal coireachta *Gunnaí Bagair* (1944). Sa scéal sin níl aon laoch ar leith nó príomhbhleachtaire i gceist, ach oibríonn Gardaí éagsúla le chéile chun breith ar an dream coirpeach. Ní raibh léirmheastóirí na tréimhse róshásta leis an gcur chuige seo, mar léirigh sé do chuid acu nárbh fhéidir a leithéid de scéal a chur in oiriúint do shuíomh Éireannach, mar a luann Philip O'Leary (*Writing Beyond* 102). Lean Ó Grádaigh air leis an múnla seo in *An Fear Fada Caol* (1959) ach le hathrú beag amháin – tá beirt charachtar eile nach Gardaí iad a chuireann le réiteach an scéil – an Dr Tadhg Ó Catháin agus an t-athphriosúnach neamhchiontach Sibéal. D'fhéadfaí a áiteamh gur athraigh Ó Grádaigh ón úrscéal coireachta go dtí an t-úrscéal bleachtaireachta ina shaothar ní ba dhéanaí, de réir mar a leag sé ní ba mhó tábhacht ar phearsa a phríomhcharachtar. Chloígh sé i gcónaí, áfach, le beirt phríomhcharachtar, fear agus bean, a oibríonn le chéile chun an mhistéir a réiteach le cabhair na nGardaí. Is iad Seán Ó Riain, iriseoir, agus Máire de Róiste, neacht athchoirpigh, laochra *Ruathar Anall* (1962) agus is iad an Bleachtaire Seán Ó Ruairc agus Máire, fáilteoir óstáin, laochra *An Masc* (1966). D'úsáid Tarlach Ó hUid an múnla seo freisin in *Eachtra Nollag* (1960), mar a ndéanann an Garda Tadhg Ó Fearáin agus an t-altra Nuala Ní Ghallchobhair iarracht teacht ar chailín óg a fuadaíodh ón gclochar áitiúil. Is i mBaile Átha Cliath atá scéalta Uí Ghrádaigh agus Uí Uid ar fad lonnaithe.

Is ag an taobh eile den tír a lonnaigh Máirtín Ó Corrbuí a shraith seisean de scéalta bleachtaireachta. Tarlaíonn eachtraí *An Cuardach* (1964) agus *Cé Mharaigh an Cúnta?* (1965) i gCuanach, baile beag taobh amuigh de chathair Luimnigh. Is é *An Cuardach* ceann de na scéalta bleachtaireachta is fearr a foilsíodh do dhaoine óga inár dtréimhse, ó thaobh carachtrachta agus plota de. Garda óg é Tomás Ó Móráin, a chuirtear chuig Cuanach agus é críochnaithe lena chuid traenála. Sroicheann sé an baile díreach tar éis

d'fhear áitiúil imeacht gan tásc gan tuairisc. Níl a fhios ag duine ar bith sa bhaile beag cathain a d'imigh sé nó cén fáth, ach cuireann Tadhg roimhe an mistéir a réiteach le cabhair mhac an tSáirsint, Colmán, agus na máistreása óige scoile, Nuala. Éiríonn le Ó Corrbuí mistéir tharraingteach chasta a chruthú, ach ní chuireann sé isteach ar a léitheoirí leis an iomarca leideanna agus scadáin dhearga mar a dhéanann Mícheál d'Andún. Dála Chríostóra Uí Fhloinn, bhain Ó Corrbuí úsáid as ainm Réics Carló chun a scéalta a lonnú sa traidisiún bleachtaireachta Gaeilge (Ó Corrbuí, *An Cuardach* 55; Ó Corrbuí, *Cé Mharaigh an Cúnta?* 10, 16, 63). Tá mistéir agus réiteach an dara leabhar i bhfad níos laige ná atá cinn *An Cuardach*, ach fós tá an charachtaracht déanta go fíormhaith.

### *3.5 Neamhfhicsean*

Ba bheag spéis a chuir an Gúm i bhfoilsiú neamhfhicsin do dhaoine óga, seachas téacsanna scoile. D'aistrigh Seán Mac Giollarnáth *Ríoghacht na n-Éan* (Pike 1935) agus *Cladach na Fairrge* (Kelman agus Wood 1948), d'aistrigh Pádraig Ó Moghráin *Leabhar Leictreachais do Bhuachaillí* (Morgan agus Boltz 1945) agus d'aistrigh an tAthair Seán Mac Craith *Treasa Bheag* (Carbonnel 1954), beathaisnéis Naomh Treasa. Ba é *Ainmhithe Allta Éireann Inné agus Inniu* (Ó Monacháin 1967), áfach, an t-aon sampla de neamhfhicsean nuachumtha do dhaoine óga a d'fhoilsigh an Gúm idir 1926 agus 1967. Rinne Club Leabhar na Sóisear iarracht ní b'fhearr neamhfhicsean nuachumtha a sholáthar dá léitheoirí.

Is cuntas ar bheatha Dominic Savio é *Dominic Savio: Déagóir Dé* (1960) le Máirtín Ó Corrbuí. Naomh óg Iodálach ba ea Dominic Savio a mhair sa 19ú céad agus a ndearnadh é a chanónú i 1954. Is é an leabhar seo, gan aon amhras, an leabhar is reiligiúnaí a foilsíodh mar chuid de Chlub Leabhar na Sóisear. I 1963 ansin a eisíodh *Ricneol agus Rómánsaíocht*

le Gearóid Mac an Bhua, cuntas ar shaol agus ar shaothar cúigear mórchumadóirí – Wagner, Beethoven, Schubert, Berlioz agus Mendelssohn[69]. Leabhar an-spéisiúil ar fad é *Idir Huron agus Hudson* (1965) le Brian Ó Baoill, ar cineál dialainne é den tréimhse a chaith an t-údar i gCeanada cúpla bliain roimhe sin. Déanann Ó Baoill aird a tharraingt ar an bpobal Éireannach a bhí i gCeanada ag an am, agus ar an tionchar a d'imir Éireannaigh ar stair agus ar fhorbairt Cheanada. An leabhar deireanach a foilsíodh sa ghrúpa seo ná *Rós Fiáin Lios an Daill* (1967) le Caitlín Bean Uí Thallamhain, cuntas measartha claonta ar bheatha na Cuntaoise Constance Markievicz, óna a hóige i Sligeach go dtí a bás i mBaile Átha Cliath.

### *4 Mórthéamaí na Leabhar*

Breathnófar anois ar an dá phríomhthéama atá chun tosaigh sna leabhair a foilsíodh mar chuid de Chlub Leabhar na Sóisear idir 1956 agus 1967, is iad sin tábhacht na staire agus béim láidir ar ról idirnáisiúnta na hÉireann. Is téamaí iad siúd a chonacthas i saothar Chathail Uí Shándair, agus san íomhá a chruthaigh sé de 'Nua-Éirinn' – tír a bhí go hiomlán sáite ina stair agus ina cultúr traidisiúnta féin ach a d'fháiltigh roimh thionchair éagsúla ón gcoigríoch, freisin. Aisling de chuid Uí Shándair a bhí san íomhá seo, ach is léir ó 1956 ar aghaidh gur aisling í a bhí in intinn go leor údar eile Gaeilge do dhaoine óga, mar is léir sna saothair a cuireadh ar fáil do Chlub Leabhar na Sóisear. Baineann forleathnú na haislinge seo leis an mborradh a tháinig faoi nua-aoisiú na hÉireann sa tréimhse ó lár na 1950idí ar aghaidh, agus leis an domhandú a bhí mar chuid lárnach den nua-aoisiú sin. Dála Uí Shándair, is léir gur mheas formhór de scríbhneoirí Chlub Leabhar na Sóisear gur rud maith a bhí sna tarluithe nua seo, ach go raibh gá le cinntiú go mbeadh tuiscint fós ag

[69] Tá na leathanaigh go hiomlán as ord síos tríd an gcóip den leabhar seo atá ag Leabharlann Choláiste na Tríonóide. Ní heol dom ar bhain an easpa cúraim seo le chuile chóip den leabhar, ach is tubaisteach an botún é.

an nglúin óg ar stair agus ar chultúr a tíre féin agus iad timpeallaithe ag scéalta ón taobh amuigh sa phictiúrlann, sna greannáin agus ar an teilifís. Cé nár bhuairt nua a bhí anseo, bhí sé i bhfad ní ba phráinní sna 1950idí agus sna 1960idí ná a bhí ag tús ár dtréimhse thaighde.

Is éard atá i scéalta Chlub Leabhar na Sóisear, mar sin, ná meascán de chur chun cinn na staire Éireannaí ar thaobh amháin agus de chur chun cinn an nua-aoisithe agus an domhandaithe ar an taobh eile. Ní hamháin go bhfeictear tábhacht na staire san iliomad úrscéalta staire a foilsíodh idir 1956 agus 1967, ach feictear í chomh maith sna leabhair a foilsíodh faoi Éirinn chomhaimseartha, ach i mbealaí níos caolchúisí. Mar an gcéanna, cé gur soiléire an bhéim ar an taobh idirnáisiúnta de shochaí na hÉireann sna leabhair a áiríodh thuas mar scéalta idirnáisiúnta, tá an bhéim sin le sonrú freisin i leabhair ó na rannóga eile agus sna húrscéalta staire ach go háirithe.

### *4.1 Tábhacht na Staire i Leabhair Chlub Leabhar na Sóisear*

Cén fáth a scríobhtar ficsean staire do dhaoine óga? Braitheann freagra na ceiste sin ar an tréimhse inar scríobhadh an ficsean staire atá faoi chaibidil. Mar a áitíonn Delap, "Leis an úrscéal stairiúil a mheas i gceart ní mór é a scrúdú i gcomhthéacs na ré ónar eascair sé" (11). Is cosúil gur foilsíodh na samplaí is luaithe de scéalta staire d'aos óg na hÉireann sna hirisí *Young Ireland* (1875-1891) agus *Our Boys* (1914-1990). Ba í aidhm an dá iris sin leaganacha dúchasacha de na scéalta móréilimh Sasanacha a chur ar fáil d'aos óg na hÉireann, le cur i gcoinne na n-idé-eolaíochtaí a bhain leis na scéalta Sasanacha sin. Measadh go raibh na scéalta staire Sasanacha, ach go háirithe, "…potentially corruptive to the embryonic patriotism of a crucial generation of Irish youth" ag tús an chéid seo caite nuair a tosaíodh ar fhoilsiú *Our Boys* (Flanagan, "'There is an Isle in the western ocean'"

45). Ba í feidhm na scéalta staire Éireannacha bród cine agus tírghrá a mhúscailt i léitheoirí óga, feidhm a bhí ag teacht le mianta mhuintir *The Nation* (a bhí taobh thiar de *Young Ireland*[70]), mianta na mBráithre Críostaí agus mianta go leor Éireannach le linn na hAthbheochana, "...tréimhse inar tharraing scríbhneoirí cruthaitheacha na tíre go tréan ón stair chun litríocht dhúchasach agus mórtas cine a athbhunú sa tír" (Delap 11).

Bhí an fonn seo chun tírghrá a chothú in Éireannaigh óga fós forleathan tar éis bhunú an tSaorstáit sa bhliain 1922. In ainneoin go raibh smacht iomlán ag rialtas an stáit ar an gcuraclam staire sna scoileanna ag an am sin, fós féin bhí na hirisí Sasanacha ar fáil ar fud na tíre agus á léamh go cíocrach ag daoine óga. I 1927 mhol S. J. Brown gur chóir litríocht thírghrách a chur ar fáil d'aos óg an stáit nua. Scríobh sé: "Our young people will learn time enough, if properly taught, to take a more judicial view of the past and the present than they might gather from patriotic literature. But knowledge should first come on a warm wave of enthusiasm. It will have time enough to cool down" (S. J. Brown 411-412). Is léir go raibh an tuairim chéanna taobh thiar den chéad sampla de scéal staire Gaeilge do dhaoine óga a foilsíodh inár dtréimhse – an scéal "Fiolar an Tuaiscirt" i gcnuasach Shán Uí Chuív, *Sgéalta ón Radio* (1931), a pléadh i gcaibidil a haon. Is éard atá in "Fiolar an Tuaiscirt" ná scéal fhuadach agus éalú Aoidh Rua Uí Dhomhnaill sa 16ú céad. Déantar a mhór sa scéal de laochas agus de chlisteacht na nGael, agus tugtar 'namha[i]d' ar na Sasanaigh (Ó Cuív 67). Anuas air sin, déanann an reacaire féin bolscaireacht ar son an scéil staire Éireannaigh nuair a deir sé gur "Sgéal é seo a sháruigheann aon sgéal dá bhfeacathas riamh 'á léiriú ar an sgannán i dtigh pheictiúirí" (58).

[70] Féach Nic Congáil, Ríona. "Young Ireland and The Nation: Nationalist Children's Culture in the Late Nineteenth Century". *Éire-Ireland* Fómhar/Geimhreadh 2011: 37-62.

In ainneoin ráiteas reacaire Uí Chuív, áfach, níor chuir scríbhneoirí Gaeilge do dhaoine óga mórán spéise sa scéal staire i mblianta luatha an Ghúim. Ba é Cathal Ó Sándair an chéad duine tar éis Uí Chuív chun eachtraí stair na hÉireann a úsáid mar ábhar scéil do léitheoirí óga Gaeilge. Scríobh Ó Sándair *An Lá Geal* agus *Micilín* (1953) sna 1940idí agus ansin eachtraí Scorach Ghlionnáin agus eachtraí an Chaptaein Toirneach sna 1950idí. Sa dá shraith dheireanacha sin, áfach, is léir gurb í an eachtraíocht an ghné is tábhachtaí de na scéalta, agus cé go bhfuil tábhacht ag baint leis an stair iontu, gur cúlra oiriúnach í don eachtraíocht sin seachas bunábhar na leabhar. An sampla is traidisiúnta de scéal staire a chum Ó Sándair sna 1950idí ná *Le Columbus go Meiriceá* (1960), cuntas ar thuras Chríostóra Columbus. Tá leabharliosta ag tús an leabhair sin, teicníc a úsáidtear i bhficsean staire do dhaoine óga chun cuma na fírinne a chur air (Brown agus St. Clair 7). Taobh amuigh de scéalta seo Uí Shándair, áfach, níor fhoilsigh an Gúm aon úrscéal staire eile do dhaoine óga inár dtréimhse.

Áitíonn Delap gurbh iad na 1960idí "...ardthréimhse shaothrú an úrscéil stairiúil" (127). Ceanglaíonn sé an saothrú seo le deireadh "...ré eitic beannaithe an Ghúim" de thoradh ar bhunú na gcomhlachtaí neamhspleácha foilsitheoireachta, agus leis an nua-aoisiú a bhí ar siúl in Éirinn sna 1960idí freisin (70-71). Ba é an nua-aoisiú seo, agus an tuiscint a thug sé leis ar Éirinn mar chuid den domhan mór, a d'athmhúscail spéis mhuintir na hÉireann i stair a tíre, sa mheánaicme ach go háirithe. Thosaigh idir staraithe, scríbhneoirí agus léitheoirí ag breathnú siar ar an stair le súile ní b'oibiachtúla, ag déanamh athbhreithnithe ar na leaganacha de stair na tíre lenar fhás siad féin aníos (Delap 164). Tá Cahalan ag teacht leis an anailís seo. Dar leisean, "...to Irish historical novelists of the early 1960s, it seemed that the Irish past was truly past" (Cahalan 156). Rud eile a chuir leis an spéis athmhúscailte seo sa stair ná an comóradh mór caoga bliain d'Éirí Amach na Cásca a

eagraíodh i 1966. Is don chomóradh sin a chum Eoghan Ó Tuairisc a "...s[h]aothar fabhtach..." *Dé Luain* (1966), ceithre bliana tar éis fhoilsiú *L'Attaque* (Ó Tuairisc 1962), arbh é "...an chéad iarracht chomhfhiosach é ar úrscéal stairiúil, réadúil, cothrom, le castacht na carachtrachta, a shaothrú i nGaeilge" (Delap 72, 163). Bhí a leithéid de scríobh agus athbhreithniú na staire ar siúl sa Bhéarla in Éirinn chomh maith ag an am, de réir Cahalan, i saothar Walter Macken agus Iris Murdock (155-175).

Míníonn na gnéithe thuas de na 1960idí an fáth go ndearnadh an t-úrscéal staire do dhaoine fásta a athréimniú sna blianta sin. Ní mhíníonn siad go sásúil, áfach, cén fáth ar thosaigh ardthréimhse an scéil staire Gaeilge do dhaoine óga roimhe sin, i lár na 1950idí. Áitíonn Cahalan gur tréimhse a bhí sna 1950idí nuair a bhí scríbhneoirí Éireannacha meáite ar bhreathnú rompu seachas siar, rogha a bhí ag teacht leis an "...general mood of the country during this period" (155). Is léir nach fíor sin, áfach, i gcás na n-úrscéalta staire do dhéagóirí a foilsíodh mar chuid de Chlub Leabhar na Sóisear, mar tosaíodh ar shaothrú an tseánra sin sa bhliain 1956, leis an gcéad leabhar a eisíodh, *An tIolar Dubh*. Ón mbliain sin ar aghaidh, tháinig úrscéalta staire go rialta ó scríbhneoirí Chlub Leabhar na Sóisear, mar a léiríodh thuas. Conas a tharla sé gur thosaigh an claonadh seo i dtreo an úrscéil staire do dhaoine óga dornán blianta sular thosaigh sé i gcás an úrscéil staire do dhaoine fásta?

Is ag Brian Fallon atá freagra na ceiste sin, is cosúil. Míníonn Fallon gur rímhinic a cheiliúrtar rachmas, dul chun cinn agus forás na 1960idí in Éirinn, agus go ndéantar dearmad nach raibh sna blianta sin ach toradh ar athruithe tábhachtacha ar cuireadh tús leo sna 1950idí: "The Fifties were in every way a watershed, in which an entire epoch ended and the modern one emerged. This is not, perhaps, fully understood yet, because the Sixties

– in retrospect, a less gifted, less substantial age – have claimed much of the credit for Ireland's supposed quantum leap in to modernity" (257).

Cé nach ndeachaigh na hathruithe móra seo a bhí tagtha ar shochaí na hÉireann i bhfeidhm go suntasach ar litríocht Ghaeilge do dhaoine fásta go dtí na 1960idí, tá a rian le feiceáil ar litríocht Ghaeilge do dhaoine óga ó 1956 ar aghaidh. Baineann sé seo ní hamháin leis an spéis a músclaíodh i gcúrsaí staire, ach leis an mbéim láidir a leagadh ar ról idirnáisiúnta na hÉireann chomh maith, mar a fheicfear. Is suntasach an rud é gurb i leabhair Ghaeilge do dhaoine óga a céadchonacthas tionchar an nua-aoisithe seo, rud a chuireann le téis Nancy Watson gur féidir le litríocht na n-óg, ní hamháin ceisteanna móra na tréimhse inar cumadh í a léiriú, ach gur féidir léi a bheith ar thús cadhnaíochta sa léiriú sin[71] (52). Is féidir gurbh é an tús áite a thug Cathal Ó Sándair don dá théama seo, le scór bliain roimh bhunú Chlub Leabhar na Sóisear, a thug misneach do scríbhneoirí Chlub Leabhar na Sóisear plé le téamaí nach raibh le feiceáil sa litríocht Ghaeilge do dhaoine fásta, ná i litríocht an Bhéarla do dhaoine óga in Éirinn ach an oiread.

Tá difríocht mhór, áfach, idir an ficsean staire a bhí á chumadh do dhaoine óga sa tréimhse seo, agus é siúd a bhí á chumadh do dhaoine fásta. Bhí na scríbhneoirí do dhaoine fásta ag iarraidh athbhreithniú a dhéanamh ar stair na hÉireann, agus a léitheoirí a chur ag athsmaoineamh ar na leaganacha oifigiúla den stair sin. Níorbh amhlaidh d'fhormhór na scríbhneoirí a bhí ag plé le Club Leabhar na Sóisear. Má chuir *L'Attaque* deireadh le "...ré mhaíteach shaonta na ridirí..." in úrscéalta staire na Gaeilge do dhaoine fásta i 1962, bhí an ré sin fós beo beathach i litríocht Ghaeilge na n-óg (Delap 78). Is léir go raibh an meon as

[71] Díol suntais gur *Under the Hawthorn Tree* (Conlon-McKenna 1990) atá faoi chaibidil ag Watson nuair a luann sí an téis thuas. Úrscéal staire do dhaoine óga atá sa téacs sin, a foilsíodh ag tús ré eile in Éirinn inar cuireadh spéis ar leith san úrscéal staire (na 1990idí) agus gur scríobhadh é, dála leabhair luatha Chlub Leabhar na Sóisear, sular scríobhadh aon úrscéal staire do dhaoine fásta sa treímhse.

ar tháinig comhairle S. J. Brown, "Fiolar an Tuaiscirt" Shán Uí Chuív agus scéalta Chathail Uí Shándair fós ann idir 1956 agus 1967. Bhí leaganacha athbhreithnithe den stair inghlactha agus inmholta i saothair do dhaoine fásta, ach i saothair do dhaoine óga bhí gá fós leis an "...warm wave of enthusiasm..." (S. J. Brown 412). Chun fírinne an ráitis sin a fheiceáil, ní chaithfear ach breathnú ar an gcur síos maoithneach simplí a dhéantar ar eachtraí agus ar phearsana Éirí Amach na Cásca in *An Tine Bheo* le Mícheál Ó hOdhráin, agus ar an gcur síos oibiachtúil machnamhach a dhéantar ar na heachtraí agus na pearsana céanna in *Dé Luain* Uí Thuairisc.

Tugann nóta Annraoí Uí Liatháin ag tús *Pící Loch Garman* leid dúinn faoin bhfáth ar scríobh údair Chlub Leabhar na Sóisear an oiread sin úrscéalta staire idir 1956 agus 1967. Scríobh Ó Liatháin:

> I bhFORÓGRA NA POBLACHTA mheabhraigh cinnirí an Éirí Amach dúinn gur dhearbhaigh gach glúin Éireannach a ceart ar shaoirse agus ar cheannas náisiúnta: gur dhearbhaigh siad faoi airm é sé huaire laistigh de thrí chéad bliain.
>
> Tá glúin Éireannach thuas anois a rugadh saor. Agus a haghaidh iompaithe ar an Eoraip aici níor mhiste di gan dearmad a dhéanamh ar an stró a d'fhulaing a seacht sinsear roimpí do ghnóthú na saoirse agus do chaomhnú an náisiúin. (*Pící* 3)

Tá an brollach seo ag teacht le míniú Delap agus Cahalan ar an mborradh a tháinig faoin úrscéal staire sna 1960idí, .i. mar thoradh ar an nua-aoisiú agus an domhandú. Spreag na nithe sin daoine fásta chun breathnú siar ar a stair féin le teacht ar thuiscint ar ról na hÉireann sa domhan mór (Delap 71). Is léir ó bhrollach *Pící Loch Garman*, áfach, nach raibh an spéis chéanna á spreagadh i ndaoine óga, nó b'fhéidir gur measadh nach spreagfaí í muna ndearnadh iarracht ar leith chun í a spreagadh. Bhí Éire ag athrú go tapa, agus bhí glúin nua ag fás aníos a raibh tionchar ní ba mhó ná riamh ag an domhan mór uirthi. Cuireadh úrscéalta staire ar fáil don ghlúin seo sa chaoi nach ndéanfadh sí dearmad ar stair achrannach a tíre, in ainneoin na n-athruithe móra a bhí ag teacht ar an saol in Éirinn. Tá

tiomnú Uí Odhráin in *Cine Cróga* ag teacht leis seo: "Do Bhríd bheag ghealgháireach – le súil go mbeidh sí bródúil as a cine cróga – an leabhar seo" (4).

Fonn chun tuiscint ar stair na hÉireann a chothú agus chun bród cine agus tírghrá a mhúscailt i léitheoirí óga na 1950idí agus 1960idí ba bhunús le húrscéalta staire Chlub Leabhar na Sóisear, mar sin. Chuige sin is léiriú aontoiseach a fhaightear ar an bpríomhachrann i bhformhór na leabhar – is é sin, an t-achrann idir na Gaeil agus na Gaill. Is féidir an léiriú aontoiseach seo a fheiceáil ach go háirithe sna leabhair a phléann leis an tréimhse idir 1645 agus 1745 in Éirinn, cuir i gcás na leabhair a scríobh Seán Ó Mulláin, Máirtín Ó Corrbuí, Críostóir Ó Floinn, Annraoi Ó Liatháin agus Éamonn Ó Faoláin atá lonnaithe sa tréimhse sin. Ní hamháin gurb iad na Gaeil úinéirí dlisteanacha na talún in Éirinn sna húrscéalta seo, ach is dream iad chomh maith a bhfuil prionsabail agus mórálacha láidre ag baint leis. In ainneoin na héagóra a dhéanann na Gaill orthu, tá onóir agus trócaire i ngníomhartha na Rianach i sraith Uí Mhulláin, cuir i gcás. Is í an tsíorchomhairle a chuireann Sean-Mhuiris ar mhic óga a nia in *Cúlú na Rianach* ná "...ná maraigh aon duine gan gá", comhairle a gcloíonn na Gaeil eile sa scéal leis chomh maith (Ó Mulláin 17, 86). Tá na prionsabail chéanna ag Eoin Ó Ceallaigh in *An Lann Tolédo*, nach ligeann a choinsias dó a namhaid a mharú, agus ag Iolar Dubh Uí Fhloinn a scaoileann a naimhde saor ag deireadh *An tIolar Dubh agus Long na Marbh* gan iad a ghortú (Ó Faoláin 12; Ó Floinn 140).

Ní hiad na rapairí agus na Gaeil de shliocht uasal amháin a thuilleann meas an léitheora sna leabhair seo, áfach. Déantar tagairt go minic iontu freisin do ghníomhartha cróga na hísealaicme atá faoi chois ag na Gaill, a chabhraíonn leis na rapairí chun buille a bhualadh ar son na hÉireann. In *Rí na gCnoc*, cuir i gcás, cabhraíonn seirbhísigh an tiarna talún

Huxley leis na rapairí éalú ó charcar Huxley. Deir an reacaire linn: "Ba Ghaeil cuid mhaith díobh, agus má bhí orthu bheith umhal úiríseal féin, d'fhan siad dílis dá dtír agus dóibh siúd a bhí ag iarraidh buille a bhualadh ar a son" (Ó Corrbuí, *Rí* 38). I scéalta Uí Fhloinn is farairí dílse iad cosmhuintir Luimnigh don Iolar Dubh, a chuireann scéala chuige nuair a tharlaíonn nithe a mbeadh spéis aige iontu thart ar an gcathair. In *An tIolar Dubh*, deirtear linn gur "...gheall le spiairí ag fiosrú ar son an Iolair formhór na nGael i gcathair Luimní agus sa dúthaigh máguaird. Agus ba mhinic a d'éalaigh an tIolar agus a bhuíon as gaistí na nGall trí chabhair na ndaoine" (Ó Floinn 26-27). Leagtar níos mó béime ar an gcabhair seo in *An tIolar Dubh agus Long na Marbh*, nuair a dhearbhaítear: "Na súile géara a chonaic an long sin ag teacht aniar ón bhfarraige, na marcaigh a thug an scéal ó theach go teach fan na habhann, bhí a gcion á dhéanamh acu sa troid a bhí á fhearadh ag buíon an Iolair Dhuibh in aghaidh na nGall" (Ó Floinn 72). An chúis go ndéantar an oiread sin suntais den bhá atá ag na gnáthdhaoine do na Gaeil atá ag troid i gcoinne na nGall ná gur sin an bhunchloch ar a bhfuil formhór úrscéalta staire Chlub Leabhar na Sóisear tógtha. Ní hamháin go bhfuil na Gaeil seo ag troid ar son na talún a baineadh díobh, ach tá siad ag troid ar son na ngnáthdhaoine freisin, gnáthdhaoine atá sásta cabhrú leo toisc go gcaitheann a máistrí gallda chomh holc sin leo.

Is beag uaisleacht, trócaire nó prionsabal a bhaineann leis na Gaill, mar a léirítear iad i leabhair Chlub Leabhar na Sóisear. Cé nach ngortaíonn Gaeil Uí Mhulláin duine ar bith gan ghá, ní hionann a nósanna agus nósanna na gcarachtar gallda. Nuair a éalaíonn muintir Uí Riain ó na Gaill trí thollán rúnda i gCaisleán na Bíoma in *Cúlú na Rianach*, loisceann na Gaill an foirgneamh go talamh, in aineoinn go bhfuil Gaeil fós beo taobh istigh de (Ó Mulláin 51). Is í barbarthacht na nGall i bhfuadach agus i ndíol Gael mar sclábhaithe thar lear ábhar *An tIolar Dubh agus Long na Marbh*. Tá ógánaigh á bhfuadach thart ar chathair

Luimnigh agus déanann buíon an Iolair Dhuibh an fuadach seo a fhiosrú. Sa deireadh, dealraítear gurb é Philip Merton, rialtóir Luimnigh, atá taobh thiar de. Tá conradh aige leis an Iarla Rockford, Gall atá tar éis tailte a fháil sna hIndiacha Thiar, chun sclábhaithe a sholáthar dó. Sábhálann an tIolar Dubh an 120 ógánach a bhí le cur siar, ach mar a luadh thuas ní ghortaíonn sé na Gaill a bhí ar garda orthu, ach scaoileann saor iad nuair atá na hógánaigh saor.

Tá cineál amháin Gaill nach léirítear mar thíorán gan trócaire nó mar dhúnmharfóir barbartha i scéalta Chlub Leabhar na Sóisear, agus is é sin an Gall a bhfuil bá aige/aici do chás na nGael, agus a thuigeann nár chóir do na Gaill a bheith in Éirinn in aon chor. Is Gaill den chineál seo iad an Ceannphort Smyth in úrscéalta Uí Fhloinn agus Sir John Streete in *Claíomh an Díoltais* le Ó Liatháin. Is Gaill mheánaosta chiallmhara an bheirt charachtar seo, a bhfuil bá acu le cás na nGael, agus nach maith leo an chruálacht agus an bharbarthacht a bhaineann le formhór a gcomhthíreach. Admhaíonn Streete go neamhbhalbh ag tús *Claíomh an Díoltais*, cuir i gcás, nach "...raibh sé de cheart againne, Sasanaigh, cur isteach riamh oraibhse. Tuigim sin anois" (Ó Liatháin 15). Níos déanaí sa scéal nuair a chuireann an Coirnéal Hantley mídhílseacht i leith teaghlaigh Ghaelaigh, na Faolánaigh, is é freagra Street: "Bímis macánta linn féin, Hantley. Níorbh é mídhílseacht na bhFaolánach ach ár n-amplacht féin a chuir ar nós conairte ar a dtóir sin. In ainm an Rí, in ainm an dlí a dheineamar an slad. Ní raibh ann, ámh, ach slad ar mhaithe linn féin" (72).

Is mion minic a bhíonn bá ag mná óga de shliocht na nGall leis na Gaeil sna húrscéalta seo freisin, cuir i gcás Rós Smyth in úrscéalta Uí Fhloinn, Áine Streete in *Claíomh an Díoltais* agus Sinéad Huxley in *Rí na gCnoc*. Tá bá ag Rós Smyth leis na Gaeil mar gheall ar a cara Gaelach, Máirín, agus toisc go gcuireann sí spéis mhór i ngníomhartha an rapaire mhisniúil

an tIolar Dubh. Titeann an Gael óg Dónal Ó Faoláin i ngrá le hÁine Streete, iníon Sir John, in *Claíomh an Díoltais*, agus in *Rí na gCnoc* titeann Éamann an Chnoic i ngrá le Sinéad Huxley, bean ghallda nach bhfuil aon bhá ag a hathair le cás na nGael. Síleann Aodh 'Cosa in Airde' Ó hÓgáin go bhfuil an t-ádh dearg ar Éamann ag deireadh *Rí na gCnoc* nuair a chaithfidh Sinéad bogadh ar ais go Sasana lena muintir. Deir sé le hÉamann: "Ní bheadh i ndán duit ach brón agus briseadh croí dá mbeifeá ar teaghrán aici siúd, mar dá áille ná dá chineálta í is allúrach í inár measc – duine díobh siúd ar a bhfuil cogadh á chur againn. Agus ní thiocfadh leat an dá thrá a fhreastal" (Ó Corrbuí 127). Cé go mbíonn bá ag an léitheoir leis na Gaill thuisceanacha seo, léirítear freisin nach féidir caidreamh sásúil a bheith idir Gael agus Gall chomh fada is atá siad beirt in Éirinn. An t-aon lánúin a fhanann le chéile ag deireadh na scéalta thuas ná Áine Streete agus Dónal Ó Faoláin, agus caithfidh siadsan teitheadh chun na Fraince le bheith le chéile.

Tugtar cuntas níos ionraice ar an stair sna húrscéalta a scríobhadh faoi eachtraí an fhichiú céad, is dócha toisc gur fearr an cur amach a bheadh ag léitheoirí Chlub Leabhar na Sóisear ar an tréimhse sin. Cuir i gcás, ní cheiltear go raibh Éireannaigh ann a bhí i gcoinne Éirí Amach na Cásca agus Chogadh na Saoirse in *An Tine Bheo* Uí Odhráin agus *Gaoth na Cuimhne* Uí Chorrbuí. Ag an am céanna, áfach, léirítear go soiléir nach raibh an ceart ag na hÉireannaigh a raibh na tuairimí sin acu. In *An Tine Bheo*, tugtar le fios tríd síos sa téacs go dtiocfaidh athrú poirt ar na daoine atá i gcoinne an Éirí Amach, agus de réir a chéile go dtuigfidh siad an íobairt mhór atá á déanamh ar a son. Nuair a chuireann neamhshuim mhuintir Bhaile Átha Cliath lagmhisneach ar Dhara, an príomhcharachtar, deirtear leis: "Cruthóidh siad a ndílseacht lá níos faide anonn nuair a thuigfeas siad céard a tharla anseo inniu" (Ó hOdhráin, *An Tine Bheo* 33). Níl Ó Corrbuí chomh mórintinneach ina chur síos orthu siúd atá i gcoinne na réabhlóidithe Éireannacha in *Gaoth na Cuimhne*, áfach. Cé gur

féidir leis bá éigin a léiriú do na Protastúnaigh a thugann "...cúl le cine" agus a imíonn ag troid sa Chogadh Mór, toisc go bhfuil siad dallta ag an oideachas a fuair siad, níl aon mhaithiúnas aige do na Caitlicigh a fheallann ar a muintir in Éirinn (Ó Corrbuí, *Gaoth* 95). Labhraíonn an reacaire faoin "...nós a bhí ann an uair sin – an folt a bhaint de chailín ar bith a bheadh róchairdiúil leis na póilíní nó na Dúchrónaigh", agus tá sé go hiomlán i bhfábhar an nóis sin. Caithfear, a deir sé "...ceacht a mhúineadh dóibh" (96). Mar sin, in ainneoin go léirítear sa dá leabhar seo go raibh ní ba mhó ná dearcadh amháin ag muintir na hÉireann ar eachtraí polaitiúla 1916 agus 1919-1921, is ríléir cén dearcadh ba chóir a bheith ag léitheoir óg na 1960idí agus é/í ag breathnú siar orthu.

Tugtar cuntas níos fírinní agus níos casta ar stair na hÉireann i dtrí úrscéal a foilsíodh mar chuid de Chlub Leabhar na Sóisear – *An Smuglaer* le Traolach de Barra, agus *Pící Loch Garman* agus *Dún na Cinniúna* le hAnnraoi Ó Liatháin. Is iad na Gaill na naimhde fós sna húrscéalta seo, gan aon amhras, ach ní toisc gur drochdhaoine go smior iad agus gur dea-dhaoine iad na hÉireannaigh, ach toisc gur leis na hÉireannaigh Éire, agus nár chóir do na Gaill a bheith i gceannas uirthi. Sna scéalta seo léirítear nach bhfuil na Gaeil uilig chomh híonghlan agus chomh hinmholta is a dhéantar iad a léiriú sna húrscéalta eile staire a foilsíodh do Chlub Leabhar na Sóisear.

Mar a luadh cheana, in aineoinn nach ndéantar mórán le carachtar an reacaire in *An Smuglaer*, is spéisiúil an cur síos a dhéantar ar bheirt charachtar eile sa scéal – Dónal Ó Súilleabháin agus Seán Ó hÓgáin. Dá mba rud é gur úrscéal é *An Smuglaer* ar mhúnla úrscéalta staire eile Chlub Leabhar na Sóisear, is é Dónal a bheadh mar phríomhlaoch sa scéal seo, gan aon agó. Gael óg misniúil de shliocht uasal é, atá ina chaptaen ar bhuíon smuigléirí. Tá iomrá agus meas ar Dhónal sa dúiche, go háirithe i measc na ngarsún, a

shíleann gur "Rí-laochra eachtraíochta..." iad na smuigléirí (de Barra 21). Tá teannas idir Dónal agus Seán, máistir óg scoil scairte na dúiche, áfach, toisc go mbíonn Dónal ag mealladh ógfhear chun dul thar sáile agus troid ar son Shéamais Stíobhartaigh, rud nach n-aontaíonn Seán leis. Cé gur laoch tipiciúil é Dónal, cailleann sé cuid de mheas an léitheora de dheasca an uabhair atá ann, agus na heaspa measa a léiríonn sé do chosmhuintir na dúiche. Cé go gcabhraíonn sé le Jim, an reacaire, a shábháil ar an gcroch ag deireadh an scéil níl aon spéis aige an rud céanna a dhéanamh ar son seanfhir bhoicht agus a mhic. Nuair a lorgann Seán cabhair Dhónail i saoradh na beirte sin, deir Dónal: "Ní hé an rud céanna é...De shliocht uasal é Jim, daoine a raibh tailte acu; gaoil duit féin é mo ghiolla dílis féin agus mise fé ndear é a bheith sa chontúirt. Lucht botháin iad so" (122). Éiríonn le Seán Dónal a mhealladh chun cabhrú le fuascailt na bpríosúnaithe, agus ní miste leis nó le Dónal gurb é Dónal a mholtar as ucht na tarrthála (132). Níl sé soiléir ag deireadh *An Smuglaer* cé hé príomhlaoch an scéil. Tá an reacaire róleamh, tá Dónal ró-uaibhreach agus tá Seán rófhulangach. Is faoin léitheoir é a chinneadh cé hé an laoch.

Ba é Annraoi Ó Liatháin an scríbhneoir úrscéalta staire do dhaoine óga ba mhó a tharraing clú air féin inár dtréimhse. Rinneadh a úrscéalta staire Éireannacha ar fad a léirmheas in *Comhar* agus ar an iomlán bhí na léirmheastóirí sármholtach. Scríobh 'S. Ó C.' go raibh "...teicníc scéalaíochta an-fhoirfe" ag Ó Liatháin in *Claíomh an Díoltais*, ba í tuairim Eoghain Uí Anluain gurbh fhada ó fuair Club Leabhar na Sóisear "...leabhar chomh críochnaithe..." le *Pící Loch Garman* agus scríobh Alan Titley ina léirmheas ar *Dún na Cinniúna* nach raibh Ó Liatháin "...i dtánaiste d'éinne nuair is scéalta do dhéagóirí atá i gceist. Is tnúthán linn dea-chumadóireacht, dea-shnoite, ceart-mheáite uaidh..." ("Togha Scéil" 33; Ó hAnluain 36; Titley, "Dún na Cinniúna" 26). Bhí Titley chomh tógtha le

cumadóireacht Uí Liatháin gur scríobh sé gur thrua é nach dtabharfadh sé aghaidh ar an scríbhneoireacht do dhaoine fásta (26).

Chuaigh saothar Uí Liatháin i bhfeabhas le gach leabhar a scríobh sé. Níl mórán difriochta, cuir i gcás, idir an chéad úrscéal staire a scríobh sé faoi stair na hÉireann, *Claíomh an Díoltais*, agus na húrscéalta staire eile a bhí á scríobh do Chlub Leabhar na Sóisear, ó thaobh shimpliú na staire de. Tháinig athrú mór ar chur chuige Uí Liatháin le *Pící Loch Garman*, áfach, ina bhfuil léargas ar eachtraí Éirí Amach 1798 a bhaineann "...creathadh as an ghnáthdhearcadh maoithneach de 'thírghráthóirí' nócha hocht a nochtar i mbailéid chlúiteacha na tíre" (Delap 117). Ní carachtair idéalaithe iad na Gaeil in *Pící Loch Garman*, ach daoine daonna a dhéanann gníomhartha uafáis ar son a dtíre nó, i gcás an reacaire, mar dhíoltas ar son a muintire. Ní cheiltear an bharbarthacht ná an fhuilteacht a bhain leis an Éirí Amach, ar thaobh na nGall nó ar thaobh na nGael. Déantar cur síos uafar ar an slad a d'fhág na Gaill ina ndiaidh i nGuaire: "An páiste beag a raibh an dá chois teasctha de agus 'Mama' á rá os íseal arís agus arís eile aige agus an focal bocht leanbaí ag dul in anbhainne de réir mar scaird an fhuil amach as a fhéitheacha. An cailín tárnocht a raibh a dhá láimh fáiscthe aici ar a bolg agus a cuid ionathar ag sceitheadh amach idir a méara" (Ó Liatháin, *Pící* 31).

Glacann na Gaeil páirt i ngníomhartha fuilteacha freisin, áfach. Agus é ag marú saighdiúirí gallda, tosaíonn an reacaire ag smaoineamh ar bharbaracht a ghníomhartha: "Barbaracht? Ní fheadar. Bhí éigniú mná nó bás páiste nó pianú seanduine laistiar de ropadh pící an díoltais an lá fuilteach úd i mBaile Ellis" (Ó Liatháin, *Pící* 121). Ní hé go raibh Ó Liatháin ag iarraidh amhras a chaitheamh ar cheart na nGael chun éirí amach, áfach. Ní raibh uaidh ach cuntas fírinneach a thabhairt ar eachtraí na staire. Is suntasach, sílim, nach ndéantar

tagairt do bhanéigniú i saothar aon údair eile i gClub Leabhar na Sóisear, ach go ndéantar tagairt dó i dtrí cinn de leabhair Uí Liatháin (*Pící* 32; *An Tíogar* 68; *Dún* 72). Bhí Ó Liatháin ag iarraidh go mbeadh tuiscint ag an nglúin óg ar stair na tíre, mar a luaigh sé i mbrollach *Pící Loch Garman*, ach is léir gur thábhachtach dó nach tuiscint aontaobhach a bheadh inti. Is críochnúla fós an saothar é *Dún na Cinniúna*, ina bhfuil carachtair réalaíocha, cur síos beoga neamhleithscéalach ar stair na hÉireann agus gluaiseacht réidh faoin scéal.

Breathnófar anois go tapa ar na scéalta a foilsíodh mar chuid de Chlub Leabhar na Sóisear nach scéalta staire iad, ach ina leagtar béim iontu ar thábhacht na staire. Sna scéalta seo is minic a chaitear leis an stair mar fhórsa a imríonn tionchar ar shaol an ghnáth-Éireannaigh chomhaimseartha. Bíonn lámh ag an stair sna caidrimh a bhíonn idir baill teaghlaigh agus baill pobail, agus bíonn lámh aici chomh maith sna roghanna saoil a dhéanann carachtair aonair. Ról tábhachtach eile atá ag an stair sna scéalta seo ná go gceanglaíonn sí pobail leis an talamh ar a maireann sé, agus go gcruthaíonn sí cearta pobal chun maireachtáil ar an talamh sin.

Peacaí sinsear daoine, agus an smál a fhágann siad ar a sliocht, is ea a fheicimid in *Buachaillí Báire* agus *An Cuardach*. In *Buachaillí Báire* nuair a fheallann Tomás agus Pádraig Ó Briain ar fhoireann iománaíochta Chill Éamoinn agus imíonn chuig foireann eile sa cheantar, níl ionadh rómhór ar bhainisteoir fhoireann Chill Éamoinn. Ar sé le Liam, an príomhcharachtar: "Na bastúin ghránna, nach fada d'imigh an drochbhraon agus gurbh é seanuncail lena seanathair a chuaigh go dtí na póilíní an oíche a bhí na Buachaillí Bána ag druileáil thíos i bPáirc an Leasa!" (Ó Murchadha 43). Mar an gcéanna, tuigeann Tomás in *An Cuardach* an tábhacht bhreise a bhaineann lena ghairm mar Gharda dá athair, toisc gur

bhall de Chonstáblacht Ríoga na hÉireann ba ea athair a athar. Nuair a dhéantar Garda de Thomás go hoifigiúil, féachann sé ar a athair agus smaoiníonn sé: "Mac leis a bheith ina Gharda Síochána faoi rialtas na hÉireann – ag obair ar son mhuintir na tíre – nár leor sin chun an smál a ghlanadh? (Ó Corrbuí, *An Cuardach* 8-9).

Ní rud náiriúil í an stair i gcónaí, áfach. Is foinse bróid agus nirt í, freisin, mar a léirítear dúinn in *Eachtra Nollag* le Tarlach Ó hUid. Fuadaíonn buíon coirpeach cailín óg, Éilis, agus coimeádann siad í i ngéibheann ar feadh roinnt laethanta. Níl aon chomhluadar aici, agus tá eagla a craicinn uirthi. Tugann an stair, áfach, agus laochra stair na hÉireann ach go háirithe, neart di. Agus í go mór faoi bhrón agus faoi bhuairt cuimhníonn sí ar "...gach ar léigh sí riamh faoi laochra Gael a chaith seal fada i bpríosún, ó Thomás an tSíoda agus Aodh Rua Ó Dónaill anall go dtí Ó Donnabháin Rosa agus Tomás Ó Cléirigh" agus tugtar misneach di (Ó hUid, *Eachtra Nollag* 86).

Is í an stair, freisin, a fhíoraíonn an nasc idir pobal ar leith agus an talamh ar a maireann siad i gcuid de scéalta Chlub Leabhar na Sóisear. In *Ar Scáth a Chéile* le Ó Corrbuí bogtar roinnt teaghlach Ciarraíoch go Contae Laoise le scéim de chuid Choimisiún na Talún. Eagraíonn Seán Hunter, duine de na Laoisigh, feachtas chun na Ciarraígh a ruaigeadh ar ais go Ciarraí trí chaitheamh go heascairdiúil leo. An chúis go ndéanann Hunter é seo ná go gcreideann sé gur leis na Laoisigh an talamh go dlisteanach, ach méadaítear a naimhdeas leis na Ciarraígh de réir mar a théann a chaidreamh lena chomharsana nua béal dorais, na Móraigh, in olcas. Baintear creathadh as Hunter, áfach, nuair a thagann an sagart áitiúil chuige i lár an scéil le fianaise stairiúil go mbíodh muintir Uí Mhóra ina gcónaí sa cheantar sin fadó, go dtí gur díbríodh siar iad le linn na bplandálaithe agus gur cuireadh teaghlaigh nua ina háit – muintir Hunter ina measc. As sin amach ní troid ar son na talún

atá ann a thuilleadh, ach troid idir dhá theaghlach nach mian le neachtar acu géilleadh, in ainneoin an dochair atá á dhéanamh ag an bhfíoch seo dá gclann.

Díol suntais gur leis an stair agus leis an gcaoi ina gceanglaíonn sí daoine le chéile agus leis an talamh a bhaineann *Téarma an Uafáis*, ceann amháin den dá leabhar do dhaoine óga inár dtréimhse atá lonnaithe go sonrach i dTuaisceart Éireann. I leabhar seo Mhic Reachtain tagann cailín óg, Caitlín Nic Dhónaill, chuig scoil tís i dtuaisceart Aontroma agus cuireann seanbhean aisteach áitiúil, Sorcha Ní Néill, an-spéis inti mar gheall ar a sloinne, is cosúil. Dealraíonn sé go bhfuil Sorcha síolraithe ó Sheán 'an Díomais' Ó Néill agus go bhfuil Caitlín síolraithe ó na Dónallaigh a bhí in ainm is a bheith dílis dó, ach a mharaigh é go fealltach. Cé gur tharla an eachtra seo ceithre chéad bliain roimh eachtraí *Téarma an Uafáis*, creideann Sorcha gur fúithise atá sé, mar an t-aon duine beo de shliocht Sheáin an Díomais, díoltas a bhaint amach dó. Fuadaíonn sí Caitlín chun í a chéasadh agus a chur chun báis, ach sábháltar í in am. Díol spéise go ndéantar rud mór de ghinealaigh na nDónallach, agus a gceangal leis an taobh sin tíre:

> Is de shliocht Dhónallaigh Aontrama thusa, agus d'fhéadfaí do ghinealach a leanúint siar go haimsir Eoghain Rua Uí Néill. Tá a fhios agam go bhfuil níos mó ná Dónallaigh Ghleann Mhic Chiarnáin ann. Maise, nach eol duit go bhfuil Dónallaigh Ghleann Arma ann – iad siúd a bhfuil na teidil orthu, Tiarnaí agus Bantiarnaí! Agus tá Dónallaigh lár Aontrama ann – ach shíolraigh sibh ón nginealach amháin, agus de bhur sinsear a mhóidigh dílseacht d'airm Sheáin an Díomais nuair a bhí sé ag bású Gall. (Mac Reachtain, *Téarma* 72-3)

Tá tábhacht ag baint leis an tírdhreach sa scéal chomh maith, mar síleann Sorcha go bhfuil sé tábhachtach go bhfeiceann Caitlín Crois na Scríne, an áit inar mharaigh na Dónallaigh Seán an Díomais ceithre chéad bliain roimhe sin, ach atá fós ann mar shiombal den nasc dobhriste idir an pobal, an stair agus an talamh.

Idir úrscéalta a phléann le heachtraí i stair na hÉireann agus úrscéalta comhaimseartha a leagann béim ar thábhacht na staire i saol an ghnáth-Éireannaigh, is ríléir gur cuireadh spéis ar leith san aimsir chaite i leabhair Chlub Leabhar na Sóisear. Forbairt a bhí sa spéis seo ar a raibh ar siúl ag Cathal Ó Sándair ina shaothar seisean, ach bhain sí chomh maith leis an athrú a bhí ag teacht go tapa ar shochaí na hÉireann. Sa chuid dheireanach den chaibidil seo pléifear an taobh eile den tionchar a d'imir an nua-aoisiú seo ar litríocht Ghaeilge na n-óg, is é sin an léiriú a rinneadh ar Éirinn mar chuid den domhan mór i leabhair Chlub Leabhar na Sóisear.

### *4.2 Ról Idirnáisiúnta na hÉireann*

Áitíonn Brian Fallon in *An Age of Innocence* (1998) nach raibh Éire chomh scartha amach ó thionchar an domhain mhóir idir 1930 agus 1960 is a chreidtear go forleathan. Bhí baint ag cultúr Mheiriceá agus Shasana ach go háirithe leis an saol in Éirinn sa tréimhse sin, mar thoradh ar an eisimirce. D'éirigh tionchar an domhain mhóir ar shochaí na hÉireann i bhfad ní ba shoiléire, áfach, sna 1950idí agus sna 1960idí. Sa tréimhse sin rinne rialtas na hÉireann iarracht chomhfhiosach an tír a oscailt go heacnamaíoch agus go cultúrtha (Ní Bhroin 113). Bhain an iarracht seo le polasaithe eacnamaíochta Sheáin Lemass, a bhí mar Thaoiseach ar Éirinn idir 1959 agus 1966, ach bhí baint aici chomh maith leis an ról ní ba mhó a bhí á ghlacadh ag Éirinn sa pholaitíocht dhomhanda ó thús na 1950idí ar aghaidh. Glacadh le hÉirinn mar bhall de na Náisiúin Aontaithe sa bhliain 1955 agus ceapadh Éireannach, F. H. Boland, mar uachtarán ar a Chomhthionól Ginearálta i 1960 (Fallon 9; Ferriter 577). Ghlac arm na hÉireann páirt i misiún síochána chun Chongó na hAfraice idir 1960 agus 1964 agus ceapadh Éire mar bhall den Chomhairle Slándála i 1962 (Ferriter 577). Anuas ar na nithe seo rinneadh forbairt mhór ar earnáil turasóireachta na hÉireann ó thús na 1950idí ar aghaidh – mar shampla cuireadh tús leis an Tóstal, féile earraigh, i 1953

chun cuairteoirí a mhealladh go hÉirinn (T. Brown 224). De réir Ferriter, dúblaíodh líon na dturasóirí a bhíodh ag teacht go hÉireann sna 1960idí (542).

Cé gur soiléire tionchar an dul chun cinn seo i sochaí na hÉireann sna 1960idí, is léir ó na leabhair a foilsíodh do dhaoine óga i nGaeilge ó na 1940idí ar aghaidh go raibh súile mhuintir na hÉireann dírithe ar an gcoigríoch le tamall fada. Cuid thábhachtach de shaothar Chathail Uí Shándair is iad turais Réics Carló thar lear, eachtraí Réamoinn Óig san Iarthar Fiáin agus eachtraí an Chaptaein Toirneach ar an Atlantach – gan trácht ar spástaisteal an Chaptaein Spéirling. Caithfear cuimhneamh chomh maith gurbh iad na leabhair Shasanacha agus Mheiriceánacha do dhéagóirí, a raibh an oiread sin éilimh orthu in Éirinn ag an am, a spreag Ó Sándair chun dul i mbun pinn ar an gcéad dul síos. Díol suntais, áfach, gur thosaigh an oiread sin scríbhneoirí ag leanúint shampla Uí Shándair ó lár na 1950idí ar aghaidh, sna leabhair a chuir siad ar fáil do Chlub Leabhar na Sóisear.

Rinne scríbhneoirí Chlub Leabhar na Sóisear a mhór de ról idirnáisiúnta na hÉireann i dtrí bhealach. An chéad bhealach ná trí go leor tagartha a dhéanamh sna leabhair don chaidreamh stairiúil a bhí ag Éirinn le tíortha éagsúla – an Albain, an Spáinn, an Fhrainc, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Ceanada, cuir i gcás. Is teicníc í seo a úsáideadh go minic sna húrscéalta staire ach go háirithe. An dara bealach inar cuireadh leis an íomhá de thábhacht idirnáisiúnta na hÉireann ná trína léiriú go raibh comhthuiscint speisialta idir Éirinn agus tíortha éagsúla a d'fhulaing faoi smacht tíre eile. Eascraíonn an chomhthuiscint sin as stair na hÉireann agus as an méid a d'fhulaing sí féin agus í faoi chois ag Sasana. An tríú bealach ina ndearnadh ról na hÉireann sa domhan mór a mhóradh ná trí íomhá d'Éirinn mar thír oscailte ilchultúrtha a chur chun cinn.

I dtreo dheireadh a leabhair taistil *Idir Huron agus Hudson*, déanann Brian Ó Baoill cur síos ar an dearcadh a bhíonn ag muintir tíortha éagsúla ar an Éireannach, agus é/í ag taisteal thar lear. Is geall le hachoimre é an sliocht seo ar a raibh ar bun ag scríbhneoirí Chlub Leabhar na Sóisear sna leabhair a scríobh siad a bhaineann le cuimilt na hÉireann le tíortha eile:

> Bíonn am an-mhaith ag an Éireannach thar lear más mian leis an deis a ghlacadh. Bíonn gach dream cairdiúil leis ar chúiseanna éagsúla:
> Mar thosach, bíonn muintir gach tíre a throid i gcoinne na Sasanach riamh cairdiúil leis, mar glacann siad gur dream iad seo na hÉireannaigh a thuigeann na Sasanaigh i gceart mar a thuigeann siad féin iad.
> Bíonn Francaigh Quebec cairdiúil, mar glacann siad go dtuigeann tú na tríoblóidí atá acu i dtaca leis an mBéarla.
> Bíonn na Briotánaigh cairdiúil leat mar glacann siad go dtuigeann tú na tríoblóidí atá acu siúd i dtaca leis an bhFraincis.
> Bíonn na Meiriceánaigh cairdiúil leat mar gur Éireannach tú – agus gur leor sin.
> Bíonn lucht na dtíortha beaga cairdiúil leat, mar gheall gur throid Éire i gcoinne tíre móire agus gur éirigh léi.
> Bíonn na Sasanaigh cairdiúil leat, mar go gcreideann siad nach bhfuil an tÉireannach chomh dona sin i ndeireadh na dála agus go bhfuil a chroí san áit cheart in ainneoin gach rud!
> Is é an toradh a bhíonn ar seo ná go mbíonn gach uile dhuine cairdiúil leis na Éireannach cé nach mbíonn siad cairdiúil lena chéile ar chor ar bith.
> Tá sé fíor, fiú, faoi na hOráistigh. Éiríonn siad iontach tógtha faoi gach rud Éireannach nuair a bhíonn siad thar lear. (B. Ó Baoill 93-4)

Rinneadh sáriarracht a léiriú i leabhair Chlub Leabhar na Sóisear go raibh Éire ina tír oscailte ilchultúrtha thuisceanach, a raibh caidreamh fíormhaith agus seanbhunaithe aici le náisiúin eile ar fud an domhain.

Is i dtuilleamaí na staire a chuaigh roinnt údar de chuid Chlub Leabhar na Sóisear chun cur ina luí ar a léitheoirí go raibh caidreamh láidir riamh idir Éirinn agus tíortha Caitliceacha na hEorpa, an Spáinn agus an Fhrainc ach go háirithe. Is éard a bhí ar bun ag údair na leabhar seo ná a chruthú nach ag tosú as an nua a bhí Éire agus í ag plé le tíortha eile, ach ag tógáil ar sheanchaidrimh a bhí ann leis na cianta. In *An Lann Tolédo*, cuir i gcás, tá an gé fhiáin Eoin Ó Ceallaigh ina chaptaen i gCabhlach na Spáinne sa bhliain 1645. Ag tús an scéil tá comórtas pionsóireachta ar siúl in Tolédo, agus is í an Lann Tolédo, claíomh atá

an-luachmhar agus an-tábhachtach don Spáinn, atá mar dhuais. Tá díomá an domhain ar na Spáinnigh nuair atá an chuma ar an scéal gur ag Albanach, Ian Mac Iain, a bheidh an bua. Deirtear linn go bhfuil "...brón ar Eoin freisin. Ba dhíomá mhór dó an churadhmhír a bheith buaite ag Albanach. Chonaic sé tuar ann don Spáinn san am a bhí le teacht" (Ó Faoláin, *An Lann* 26). Níl an lá caillte, áfach. Impíonn na Spáinnigh ar Eoin, Éireannach, dúshlán an Albanaigh a thabhairt. Tá drogall ar Eoin ar dtús, ach ansin cuimhníonn sé "...ar an seanchairdeas idir an Spáinn agus a thír dhúchais féin" agus toileann sé troid i gcoinne an Albanaigh (27). Tá an bua aige agus tá ríméad ar na Spáinnigh uile nach mbeidh an Lann Tolédo i lámh namhad, ach i lámh carad.

Feictear an seanghaol céanna idir Éirinn agus an Spáinn in *Gleann na Síre*, scéal faoi bheirt Spáinneach óg a thagann go hÉirinn mar chuid d'fhoireann iascaireachta. Is mór an t-áthas atá ar Pedro agus ar Ramón agus iad ag druidim le hÉirinn. Tá cion ar leith acu ar an tír toisc go bhfuil fuil Éireannach iontu agus toisc go mbíonn a seanmháthair i gcónaí ag insint dóibh faoi Éirinn agus faoin ngaol láidir atá idir Éireannaigh agus Spáinnigh. Deir Pedro, an reacaire, linn:

> Cé nach bhfaca sí an tír sin riamh bhí grá aici di mar bhí fuil Ghaelach ina cuislí, dúirt sí...ní bhíodh uainn ach scéalta a chloisteáil: Gaeil chróga a thuill clú agus cáil dóibh féin in arm na Spáinne, agus Spáinnigh a chuaigh trasna na farraige ag fóirthint ar Ghaeil in am an ghátair; fir óga ag teacht chuig Salamanca ar thóir an léinn a séanadh orthu sa bhaile; fíon dearg na Spáinne á chur i dtír faoi cheilt ar chóstaí uaigneacha na hÉireann in ainneoin a naimhde; b'shin an saghas seanchais a bhí uainne; agus nuair a d'éiríodh linn an tseanbhean a mhealladh ó bheith ag caint ar a sinseanmháthair féin, Mór Ní Cheallaigh, a phós Ricardo de Cetina fadó fadó, d'insíodh sí na scéalta sin dúinn. (Ó Corrbuí, *Gleann* 8-9)

Is soiléir san achoimre seo ar stair an chaidrimh idir Éirinn agus an Spáinn go raibh Ó Corrbuí go mór ag iarraidh a léiriú go raibh gaol ar leith idir an dá thír sin, gaol a bhí bunaithe ar na céadta bliain den dá thír a bheith ag cabhrú lena chéile in am an ghátair. Is mar gheall ar an ngaol seo atá an bheirt Spáinneach ag súil chomh mór sin le teacht go

hÉirinn, agus is mar gheall air chomh maith gur féidir leo socrú isteach i dteaghlach Gaeltachta nuair a imíonn an bád agus iad fós ar an míntír.

Is é an nasc is tábhachtaí idir Éirinn agus an Spáinn in *Gleann na Síre*, áfach, ná nasc an chreidimh. Is é an Caitliceachas an bhunchloch ar a bhfuil an caidreamh idir an dá thír tógtha, agus is é an chúis go n-oireann an saol in Éirinn chomh maith sin do Pedro agus Ramón, in ainneoin go bhfuil siad i bhfad as baile agus nach bhfuil teanga an cheantair acu. An chéad Domhnach don bheirt a bheith i nGleann na Síre, téann siad chun an t-aifreann a éisteacht sa séipéal áitiúil. Cé nach dtuigeann Pedro, an reacaire, a bhfuil á rá ag an sagart, cuireann sé ar a shuaimhneas é toisc gurb é "...an tAifreann céanna d'éisteamar ann agus a d'éisteamar i gcónaí i Lerinos nó i eaglaisí Shantandar" (Ó Corrbuí, *Gleann* 97). Díol suntais gur mothúchán é seo atá ag Brian Ó Baoill chomh maith agus é ag éisteacht aifrinn in Quebec i gCeanada:

> Tugadh an tseanmóir as Fraincis agus níor thuig mé í. Ach mhothaigh mé cheana cé chomh compordach agus chomh suaimhneach is a bhím nuair a théim go dtí séipéal i dtír strainséartha. Is cuma céard iad na difríochtaí eile a bhíonn idir mé féin agus muintir na háite, bíonn sé seo, an tuiscint faoi chreideamh, ina nasc eadrainn... (132)

Ba é an Caitliceachas ceann de na gnéithe ab idirnáisiúnta a bhain le saol na hÉireann i dtréimhse Chlub Leabhar na Sóisear, agus roimhe sin. Áitíonn Terence Brown, agus é ag caint ar bhlianta luatha Shaorstát Éireann, cuir i gcás:

> For many Irish men and women the church was an international institution which allowed their small country a significant role on a world stage. This sense of belonging to a worldwide religious community was curiously linked to the internationialism of Irish national feeling in the early twentieth century. (25)

Tharraing scríbhneoirí Chlub Leabhar na Sóisear ar phobal domhanda seo an Chaitliceachais agus iad ag iarraidh a chur ina luí ar léitheoirí óga na Gaeilge go raibh ról ag Éirinn sa domhan mór riamh.

Feictear úsáid seo an chreidimh in *An Fáinne Arabach* le Deasún Breatnach freisin. Agus é ar an mbád ón Spáinn go dtí an Táinséir, casann Cormac Ó Conghaoile ar Spáinneach cairdiúil agus tosaíonn sé ag comhrá leis. Fiafraíonn an Spáinneach de Chormac an Poncánach é, toisc Béarla a bheith aige. Nuair a fhreagraíonn Cormac gur Éireannach é, tá ríméad ar an Spáinneach agus deir sé "Irlanda!...Pais Catolico! Nach daingean an ceangal riamh idir an dá thír!" (Breatnach, *An Fáinne* 49). Tosaíonn Cormac ag spochadh as an Spáinneach, ag caint ar an gcaoi ar chlis na Spáinnigh ar na hÉireannaigh ag Cath Chionn tSáile, ach ansin admhaíonn sé gur "...mór atáimid faoi chomaoin agaibh [Spáinnigh] mar gheall ar Shalamanca agus a liacht rudaí eile" (49). Is é freagra an Spáinnigh go gcaithfidh "...na tíortha Caitliceacha seasamh le chéile!" (49).

Déantar an rud céanna leis an gcaidreamh idir Éirinn agus an Fhrainc, sna húrscéalta staire atá suite ag deireadh an 17ú céad agus san 18ú céad ach go háirithe. Ag deireadh na scéalta *An tIolar Dubh agus Long na Marbh*, *Claíomh an Díoltais* agus *An Smuglaer* fágann na príomhcharachtair Éire chun dul chun na Fraince, mar a bhfuil na sluaite Éireannach ag troid in arm na tíre sin. In *Claíomh an Díoltais* deirtear gurb í an Fhrainc "...an t-aon áit amháin ar domhan ina bhféadfadh Éireannach bheith saor" ag an am (Ó Liatháin 101). Tá ríméad ar Dhónal in *An Smuglaer* agus iad ag fágáil na hÉireann mar is í an Fhrainc, dar leis "[d]tír an dóchais…", an "…tír is cumhachtaí, is airde réim de thíortha an domhain!" (de Barra 133). In *Cine Cróga* pléitear an "…dlúthcheangal…" atá idir Éirinn agus an Fhrainc "...le fada an lá..." (Ó hOdhráin 158). Sna tagairtí uile seo bhí scríbhneoirí Chlub Leabhar na Sóisear ag iarraidh a léiriú dá léitheoirí nár rud nua é cuimilt a bheith ag Éireannaigh leis an domhan mór. Bhí stair ríthábhachtach aici le tíortha Caitliceacha na hEorpa, agus leis an Spáinn agus leis an bhFrainc ach go háirithe.

Tá buntáiste eile ag Éirinn agus í ag plé le tíortha eile, freisin, seachas buntáiste na seanchaidreamh. Is é an buntáiste sin, mar a mhíníonn Brian Ó Baoill thuas, go mbíonn meas agus comhthuiscint idir Éirinn agus tíortha eile nach bhfuil caidreamh den scoth acu le Sasana. In *An Fáinne Arabach*, casann Cormac ar shean-Spáinneach atá ina shuí ag breathnú amach ar Gibraltar agus ag casadh "Port brónach..." atá "...an-chosúil le hamhrán Gaelach a chuala Cormac uair ó dhuine as Inis Meán agus é súgach go maith i dtábhairne i nGaillimh" (Breatnach 39). Dála an Spáinnigh eile a gcasann Cormac air, tá áthas ar an seanfhear a chloisteáil gur Éireannach é Cormac:

> "Ah, si. Irlanda. Alcalde de Cork! Mac Sui-ni!"
> "Mac Suibhne. Chuala tú trácht air?"
> "Nár airíomar trácht air, an duine bocht! D'airigh agus go minic. Nárbh iontach an rud a rinne sé, an créatúr! Nach aige a bhí an misneach! Bhí an scéal sin ag gach uile dhuine nuair a bhí mise óg," arsa an seanduine, agus loinnir ina shúile. "Cuireadh a ainm sin ar bhóithre agus sráideanna go leor sa tír seo, agus i dtíortha thar lear freisin. Nach suarach an dream iad na Sasanaigh chéanna! Féach soir ansin, iad i mbéal dorais romhainn, na bithiúnaigh, breast iad mar chladhairí....Drochshíol atá iontu, drochshíol. Ní bheidh síocháin ar an domhan riamh go dtí go mbeidh deireadh leo," agus chaith sé seile isteach sa taoille.
> "D'fhág siad ceist gan réiteach i mo thír féin," arsa Cormac, "atá ag cothú nimhe fós i measc mo mhuintirse."
> "Ara, mhaise, nach mar sin a rinne siad i ngach áit ina raibh siad riamh, na bithiúnaigh!" (40-41)

Tá meas ag an seanfhear ar mhuintir na hÉireann mar gheall ar an misneach a léirigh siad agus iad ag troid i gcoinne na Sasanach, agus mar gheall ar dhaoine, cosúil le Toirdhealbhach Mac Suibhne, a fuair bás ar son a dtíre.

Ní hamháin go mbíonn comhthuiscint idir Éirinn agus tíortha a bhfuil stair achrannach acu le Sasana, ach bíonn comhthuiscint chomh maith idir í agus tír ar bith nach bhfuil saor, nó a d'fhulaing faoi smacht tíre eile. Luadh cheana an meas atá ag na deartháireacha Uí Chonghaoile ar na réabhlóidithe Ailgéireacha in *An Fáinne Spáinneach*. Is é an meas céanna ar dhaoine atá ag troid ar son a saoirse a chuireann an bheirt chéanna chun San Diego in *An Deachtóir*. Is tír bheag í San Diego i Meiriceá Theas a bhfuil deachtóir tar éis

teacht i réim uirthi. Tagann réabhlóidithe San Diego go hÉirinn ag lorg cabhrach toisc gur de shliocht Éireannach go leor de mhuintir San Diego, ach chomh maith leis sin toisc go gcreideann siad nach ndéanfaidh Éire iarracht teacht i dtír ar mhuintir San Diego agus an tír a úsáid mar uirlis sa Chogadh Fuar, mar a dhéanfadh na Stáit Aontaithe nó an Rúis (Breatnach, *An Deachtóir* 19). Nuair a mhínítear é sin do Bhreandán, deir sé "Tuigim...Tá sibh ag iarraidh a bheith saor arís agus gan ceangal dá laghad a bheith agaibh leis an Rúis nó leis na Stáit Aontaithe. Neodracht a theastaíonn uaibh, faoi mar a theastaíonn uainne é" (19). Diúltaíonn an Taoiseach cabhair a thabhairt do na réabhlóidithe, áfach, mar "...mar bhall de na Náisiúin Aontaithe, ní bheadh sé ceart dúinn aon chur isteach a dhéanamh i gcúrsaí na dtíortha eile" (11). Is ag an bpointe sin a thagann na réabhlóidithe ag lorg cabhrach ó na deartháireacha Uí Chonghaoile, atá lánsásta a gcion a dhéanamh ar son tíre bige atá faoi chois.

Is casta an chaoi ina léirítear an caidreamh idir Éirinn agus Meiriceá Thuaidh i leabhair Chlub Leabhar na Sóisear. In *Laochra na Machairí*, cuntas sa tríú pearsa ar dhíothú na treibhe Cheyenne i Meiriceá Thuaidh, déanann Ó Liatháin iarracht dhá thrá a fhreastal. Ar láimh amháin, déanann sé iarracht aird an léitheora a tharraingt ar an ról a bhí ag muintir na hÉireann i bhforbairt na Stát Aontaithe, ag tógáil iarnród agus ag troid in arm Mheiriceá. Ar an láimh eile déanann sé iarracht bá a spreagadh sa léitheoir leis an treibh Cheyenne a ndearnadh éagóir ollmhór uirthi – "Fir agus mná go mba mhó acu an tsaoirse ná aon ní eile ar an saol seo. Fir agus mná a bhris a neart is a d'éag ar son na saoirse" (Ó Liatháin, *Laochra* 141). Tagann an dá iarracht seo salach ar a chéile, mar léiríonn Ó Liatháin go raibh roinnt mhaith Éireannach páirteach i ndíothú na Cheyenne (44, 67, 119). Sheachain Ó Liatháin an fhadhb seo in *An Tíogar Daonna*, atá scríofa sa chéad phearsa ó pheirspictíocht Geronimo, ceannaire na treibhe Apache. Músclaítear bá go héifeachtach sa

léitheoir leis an bhfear misniúil bródúil seo, atá sáinnithe i dtearmann ag deireadh a shaoil, a mhuintir díothaithe agus na fir gheala á gcrá. Sheachain Ó Liatháin aon tagairt d'Éirinn nó d'Éireannaigh sa leabhar seo trí Geronimo a úsáid mar reacaire seachas reacaire uilefhiosach a bheith aige.

Déanann Deasún Breatnach iarracht an caidreamh speisialta idir Éirinn agus na Stáit Aontaithe a thaispeáint ina scéal neamhréalaíoch *An Buama Deiridh*. Tá cuid de na carachtair an-tógtha le hÉamon, an príomhcharachtar Éireannach, toisc gur Éireannach é. Duine de na carachtair seo ná Páidín, ball den FBI atá ina ábhar grinn sa scéal toisc go bhfuil "...céim aige sna 'Friendly Sons'..." eagraíocht do Mheiriceánaigh de shliocht Éireannach a dhéanann gach rud Éireannach a cheiliúradh (Breatnach 77). Nuair a phósann Éamon Meiriceánach mná ag deireadh an leabhair, cuir i gcás, deirtear linn go mbíonn "...sárfhaill ag Páidín a chuid Éireannachais a chur i bhfeidhm" ag an mbainis (151).

Is ar an ngaol idir Éirinn agus Ceanada a dhírigh Brian Ó Baoill ina chuntas taistil *Idir Huron agus Hudson*. Déanann Ó Baoill cur síos ar an eispéireas a bhí aige agus é ag taisteal agus ag obair i gCeanada ar feadh cúpla bliain, agus díríonn sé a aird ach go háirithe ar na hÉireannaigh eile sa tír agus ar an tionchar a d'imir Éireannaigh ar stair Cheanada. Ag tús an leabhair míníonn an t-údar gur chinn sé ar dhul ag taisteal toisc go dtugann tuiscint ar an domhan mór tuiscint níos fearr do dhuine ar a thír féin (B. Ó Baoill 8). Chomh luath agus a shroicheann sé Toronto éiríonn Ó Baoill mór leis na hÉireannaigh sa chathair sin. Freastalaíonn sé ar chéilí sa chathair atá eagraithe ag an gCumann Éireannach agus cuireann an líon daoine óga atá ann idir ionadh agus áthas air. Agus é ag siúl abhaile déanann sé a mhachnamh air agus deir sé leis na léitheoirí: "...rith sé liom go raibh an dúchas an-láidir sna daoine óga seo. D'fhéadfaidís freastal ar aon cheann de na

damhsaí a bhí ar siúl sa chathair sin, ach ina ionad sin chuir siad an stró orthu féin cumann a bhunú, céilithe a rith, Gaeilge a fhoghlaim – mar ba Éireannaigh iad" (19-20).

Gach áit eile a dtéann Ó Baoill i gCeanada le linn a thaistil, casann sé ar Éireannaigh agus ar dhaoine atá báúil le hÉireannaigh. Úsáideann sé a am saor chun taighde a dhéanamh ar ról na nÉireannach i bhforbairt Cheanada, agus foghlaimíonn sé go bhfuil cumainn Éireannacha i gCeanada ó aimsir Dhónaill Uí Chonaill i leith agus gur Finín Éireannach ba ea rúnaí Louis Riel, polaiteoir agus réabhlóidí Ceanadach sa 19ú céad (B. Ó Baoill 31, 118). Críochnaíonn Ó Baoill an leabhar le cuntas ar chúrsaí teanga Cheanada agus is léir gur ag tarraingt aird an léitheora ar na cosúlachtaí idir fadhbanna na gcainteoirí Fraincise i gCeanada agus fadhbanna na nGaeilgeoirí in Éirinn atá sé.

Cé go raibh bunús stairiúil leis na léirithe uile ar Éirinn a pléadh go dtí seo i leabhair Chlub Leabhar na Sóisear, níorbh amhlaidh don léiriú a fhaightear i saothar Dhonaigh de Róiste. Is i dtuilleamaí na samhlaíochta a chuaigh an t-údar sin chun íomhá a chur os comhair a léitheoirí d'Éirinn a raibh áit lárnach aici sa pholaitíocht idirnáisiúnta in *Sláinte an Domhain* agus *Ceann v. Cloigeann*. Fógraítear ar chúl *Sláinte an Domhain* gur "Úrscéal de chuid an lae amáraigh i nGaeilge an lae inniu..." atá ann agus go bhfuil sé "...chun tosaigh ar suas-chun-dáta, fiú". Scéalta neamhréalaíocha ar mhúnla na scéalta James Bond atá sa dá leabhar, suite i ndomhan ina bhfuil feabhas mór tagtha ar an teicneolaíocht agus méadú mór tagtha ar thábhacht idirnáisiúnta na hÉireann, ach ina bhfuil an comhthéacs domhanda polaitiúil mórán mar an gcéanna is a bhí sé nuair a foilsíodh na leabhair, .i. tá an Cogadh Fuar fós ar siúl idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Rúis. Dála Éireann in *An Buama Deiridh*, is idirghabhálaí í Éire sna leabhair seo idir mórchumhachtaí an domhain, ach tá difríocht amháin ann. I leabhair an Bhreatnaigh tá an ról sin ag Éirinn mar gheall ar

neodracht na tíre agus mar gheall ar a fheabhas chun déileáil le tíortha eile. I ndomhan de Róiste baineann na buntáistí céanna sin le hÉirinn fós, ach anuas air sin tá a cumhacht féin aici, agus í ar cheann de na tíortha is tábhachtaí ar domhan (de Róiste, *Sláinte* 23; de Róiste, *Ceann* 13). Díol spéise é nach luaitear Sasana, ná ról Shasana sa pholaitíocht dhomhanda, i scéalta de Róiste, cé go dtaistealaíonn cuid de na carachtair go Londain in *Ceann v. Cloigeann*.

Is ag déanamh a mhóir de thionchar idirnáisiúnta na hÉireann a bhí na húdair ar fad a pléadh go dtí seo. Léirigh scríbhneoirí na n-úrscéalta staire go raibh naisc sheanbhunaithe idir Éirinn agus go leor tíortha eile agus léirigh leithéidí Dheasúin Bhreatnaigh agus Dhonaigh de Róiste go raibh Éire in ann seasamh ar a bonnaí féin i measc thíortha an domhain. I gcodarsnacht leis sin, is ar an tionchar a bhí á imirt ag nua-aoisiú agus domhandú na hÉireann ar an bpobal sa bhaile a dhírigh P. D. Linín ina scéalta faoin déagóir Maidhc. Sna scéalta sin, cuireann Linín Baile Átha Cliath os ár gcomhair mar chathair nua-aimseartha ilchultúrtha. Is i leabhair Linín, thar aon leabhair eile de chuid Chlub Leabhar na Sóisear, a fheictear an tionchar díreach a d'imir athruithe móra na 1950idí agus na 1960idí ar an saol in Éirinn. Is spéisiúil, freisin, gur sna 1950idí a scríobhadh an chéad dá leabhar sa tsraith, *Maidhc* agus *Maidhc Abú*, rud a chuireann le ráiteas Fallon gur cuireadh tús le nua-aoisiú na hÉireann ní ba luaithe ná a mheastar go minic.

I scéalta Linín, cuirtear chun cinn íomhá d'Éirinn nua-aimseartha dhomhandaithe a bhfuil borradh mór faoin ngeilleagar inti. Is Chef de Protocol é athair Mhaidhc sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus baineann an post sin le cuid d'eachtraí Mhaidhc. Sa scéal "Turcach a tháinig go hÉirinn" in *Maidhc Abú*, mar shampla, earcaíonn athair Mhaidhc Maidhc agus a

chairde chun dul go dtí an tAerfort agus bualadh le Turcach mór le rá atá ag teacht go hÉirinn. Is jab an-tábhachtach é, dar le hathair Mhaidhc, mar má thaitníonn Éire leis an Turcach "…b'fhéidir go mbeidh Rialtas na Tuirce sásta cuid mhaith airgid a chaitheamh ar thionscal éigin anseo. Ní foláir fáilte a chur roimhe'" (Linín, *Maidhc Abú* 8). I scéal eile sa chnuasach céanna, ceapann na déagóirí seift chun airgead a dhéanamh le linn an Tóstail, féile earraigh a thionóltaí chun turasóirí a mhealladh go hÉirinn, trí pháistí turasóirí a thabhairt timpeall na cathrach. Míníonn Nuala don ghrúpa cén fáth a bhfuil an Tóstal chomh tábhachtach is atá, mar chuala sí a tuismitheoirí ag caint air an mhaidin sin: "Is amhlaidh a bhí siad á phlé ag an mbricfeasta ar maidin agus dúirt Daid gur ríthábhachtach don tír seo é go leor cuairteoirí a mhealladh chugainn le súil go gcaithfidh siad neart airgid sa tír" (21).

Léiríonn P. D. Linín freisin gur cathair ilchultúrtha í Baile Átha Cliath, a mbíonn go leor daoine ó thíortha eile ag cur fúthu inti. In 'La Señorita' in *Maidhc*, tagann buachaill Spáinneach darb ainm Luis chun téarma a chaitheamh i scoil na mbuachaillí. 'La señorita' a bhaisteann roinnt buachaillí ar Luis, toisc gur phóg sé a athair agus a dheartháir agus iad ag fágáil slán aige ar a chéad lá sa scoil. Fiú Maidhc agus a chairde, na buachaillí deasa sa scoil, síleann siadsan go bhfuil Luis bog, cé nach gcaitheann siad go dona leis mar a chaitheann na buachaillí eile. Nuair a théann cuid den rang ag campáil ar an gCeathrú Rua don deireadh seachtaine tá Maidhc buartha nach mbeidh Luis in ann dó. Is é Luis, áfach, a shábhálann bád lán le mairnéalaigh Spáinneacha atá i gcruachás mar gheall ar an drochaimsir, agus as sin amach tá meas ag na buachaillí ar fad air. Athraítear a leasainm ó 'la señorita' go 'Fionn Mac Cumhaill'.

Díol suntais gur difríochtaí cultúir agus coincheapa den fhearúlacht is ábhar arís don scéal "An Cócaire" in *Maidhc Abú* faoi dhalta Beilgeach atá ar scoil le Maidhc. Tugtar 'Cócó' go dímheasúil ar an mBeilgeach toisc gur sárchócaire é agus gur chaith sé tamall i scoil chócaireachta agus é sa Bheilg. Lorgann Maidhc cabhair an Bheilgigh nuair atá cócaire de dhíth go práinneach ar chairde a thuismitheoirí agus faoi dheireadh an scéil tá meas mór ag Maidhc agus a chairde ar 'Cócó' as feabhas a chócaireachta. Chomh maith leis sin, foghlaimíonn siad gurb í an chúis gur chuir sé spéis sa chócaireacht den chéad uair ná go bhfuair a mháthair bás agus gur airsean a thit an dualgas an teaghlach a chothú.

Rinne scríbhneoirí Chlub Leabhar na Sóisear sáriarracht a chur ina luí ar a léitheoirí óga nár rud nua a bhí i gcuimilt na hÉireann leis an domhan mór, agus a chruthú go raibh muintir na hÉireann go hiomlán in ann do na hathruithe a bhí ag teacht ar shochaí na hÉireann sna 1950idí agus na 1960idí. Ag an am céanna, léiríonn an bhéim mhór a leagtar ar an stair sna scéalta ar fad gur mheas scríbhneoirí an Chlub go raibh gá fós le tuiscint a bheith ag an aos óg ar scéal a mhuintire, in ainneoin na bhforbairtí nua timpeall orthu. Díol mór spéise é go bhfuil an leanúnachas seo le feiceáil in idé-eolaíocht na n-údar a bhíodh ag scríobh do Chlub Leabhar na Sóisear. Léiríonn sé gur tuigeadh go forleathan i measc phobal na Gaeilge faoin am sin gur uirlis chumhachtach í litríocht na n-óg i múnlú tuiscintí agus tuairimí daoine óga.

## *5 Tátal*

Cén tionchar a d'imir Club Leabhar na Sóisear ar litríocht Ghaeilge na n-óg? Ar éirigh leis mar scéim chun déagóirí a chur ag léamh leabhair Ghaeilge? Chonacthas cheana nár éirigh leis an gClub an sprioc a leagadh roimhe agus é á bhunú a bhaint amach. Mar a mhínigh Donncha Ó Laoire, an bunmhargadh a rinneadh leis na foilsitheoirí i 1956, bhí sé bunaithe

ar "...chomhthuiscint...go mbeadh comhaltas de 5,000 ann gan mhoill. Níor cuireadh leis an dóchas sin, ach ar an láimh eile tháinig méaduithe móra ar na costais foilsitheoireachta" (Bosca 10). Ó thaobh figiúirí díolacháin de, is cinnte gur theip ar Chlub Leabhar na Sóisear.

Ní dhearnadh aon athbhreithniú ar an gClub go dtí an bhliain 1973, nuair a scríobhadh tuarascáil faoi ghníomhartha an Chlub ó bunaíodh é. Tuarascáil dhiúltach a bhí inti. Aithníodh trí mhórlaige sa Chlub: 1. An mhoill a bhí ar fhoilsiú na leabhar agus an easpa smachta a bhí ag Club Leabhar na Sóisear ar an moill sin; 2. Easpa fógraíochta agus margaíochta[72] agus; 3. Go raibh an siollabas Gaeilge athraithe sna meánscoileanna agus nach raibh béim a thuilleadh ar an tsaorléitheoireacht Ghaeilge (Bosca 33). Mar a pléadh sa réamhrá, is é is dóichí gur tharla an t-athrú siollabais sin go luath sna 1960idí, nuair a leagadh ní ba mhó béime ar an nGaeilge labhartha i gcuraclam na meánscoileanna (Coolahan 197; Kelly 31-32). D'fhág an t-athrú seo nach raibh an spreagadh céanna ann do na daltaí meánscoile leabhair Ghaeilge a léamh taobh amuigh díobh siúd a bhí mar chuid den churaclam, agus is cosúil gur imir sé seo drochthionchar ar an éileamh a bhí ann don déaglitríocht Ghaeilge.

Bhí buanna ag baint le Club Leabhar na Sóisear, áfach. Ar an mórgóir, bhí na leabhair a d'eisigh sé ar an gcaighdeán céanna, nó ní b'fhearr ná leabhair an Ghúim don aoisghrúpa céanna. Bhíodh dearadh ní ba thaitneamhaí orthu freisin, ach go háirithe ar leabhair Sháirséal agus Dill, Chló Uí Mheára agus Fhoilseacháin Náisiúnta Teoranta. Scríobh Ó Laoire i dtuarascáil i 1965:

---

[72] Ba é timire Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, a bhíodh ag taisteal timpeall na tíre ag díol leabhair Ghaeilge, an phríomhuirlis mhargaíochta a bhí ag Club Leabhar na Sóisear. Bhí an iomarca oibre i gceist ansin i gcomhair duine amháin, agus bhíodh doicheall roimhe go minic sna scoileanna de dheasca na moille a bhíodh ar na leabhair.

> Tá fiosrú fairsing déanta i measc na meánscoileanna agus i measc daltaí faoi oiriúnacht na leabhar a chuirtear ar fáil don Chlub seo. An rud is measa ar fad faoi thoradh an fhiosraithe seo is ea go léiríonn sé go bhfuil gach taobh, múinteoirí agus daltaí, thar a bheith sásta leis na leabhair ó thaobh caighdeán Gaeilge, ábhar na leabhair, a gcostas, an tseirbhís dáilithe srl. (Bosca 10)[73]

Má bhí aon mhórlocht ar na leabhair féin, go ginearálta, is ea go mbíodh cuid acu rófhada. Ba bheag ceann acu a bhí níos giorra ná 100 leathanach, ach bhí baint ag dearadh na leabhar agus úsáid an chló Rómhánaigh i bhformhór na leabhar leis an bhfad sin, freisin[74]. Mórbhua Chlub Leabhar na Sóisear ná an spreagadh a thug sé do go leor scríbhneoirí nua tabhairt faoi leabhair a scríobh do dhaoine óga, nuair nach raibh ach Cathal Ó Sándair, i ndáiríre, á spreagadh ag an nGúm.

Is mó dochar ná sochar a rinne Club Leabhar na Sóisear do litríocht Ghaeilge na n-óg go fadtéarmach, áfach. Cé gur spreag an Club scríbhneoirí nua chun dul i mbun pinn agus gur chuir sé margadh cinnte ar fáil dóibh, ba léir go luath tar éis bhunú Chlub Leabhar na Sóisear nárbh fhiú leabhar Gaeilge ar bith do dhéagóirí a fhoilsiú munar glacadh leis mar chuid den Chlub. Bhí an fhadhb sin i gceist leis an gClub Leabhar do dhaoine fásta freisin, rud a d'aithin Seán Ó hÉigeartaigh, ó Sháirséal agus Dill. Scríobh sé chuig eagarthóir *Rosc*, míosachán dátheangach Chonradh na Gaeilge, i 1960, ag rá: "An scríbhneoir nach bhfuil ag freastal ar léitheoirí Chlub, is doiligh dó foilsitheoir a fháil" (Bosca 29). Ní raibh Donncha Ó Laoire sásta ach an oiread leis an gcaoi a bhí ar fhoilsitheoireacht na Gaeilge mar thoradh ar na Clubanna leabhar. Scríobh sé i litir chuig Ó hÉigeartaigh i 1962:

> Mura n-éiríonn linn rud éigin fiúntach a thionscnamh sar i bhfad beidh ar gach duine macánta admháil go bhfuil staid na foilsitheoireachta Gaeilge níos laige anois ná mar a bhí sí blianta an chogaidh. Tá Cló Uí Mheára i bhfiacha – sin é an t-aon teach a bhí ag iarraidh an bealach misniúil a bhí á ghabháil ag Sáirséal agus

[73] Is aisteach gur luadh go rabhthas sásta leis an tseirbhís dháilithe, mar mar a luadh cheana b'in ceann de mhórlaigí Chlub Leabhar na Sóisear. B'fhéidir gur áibhéil a bhí i gceist sa ráiteas sin, nó go raibh tréimhse mhaith ag an gClub ag tús na 1960idí, ó thaobh sheachadadh na leabhar de.

[74] Foilsíodh 52 ceann de na 56 leabhar a foilsíodh mar chuid de Chlub Leabhar na Sóisear sa chló Rómhánach. Seans maith gur imir úsáid an chló Rómhánaigh drochthionchar ar bhallraíocht Chlub Leabhar na Sóisear, mar bhí an cló Gaelach fós in úsáid sna scoileanna ag an am. Ní bhfuarthas réidh leis an gcló sin go hiomlán sna scoileanna go dtí 1972 (O'Leary, *Keeping Faith* 36).

> Dill a shiúl – foilsitheoireacht a dhéanamh gan spleáchas do na Leabhar-Clubanna...Tuigim go maith go bhfuil srian docht airgeadais ar shaothar Sháirséal & Dill, srian nach bhfuil ar na foilsitheoirí nár bhac le mórán a dhéanamh seachas soláthar do na Clubanna. Ach, níl sa chineál sin foilsitheoireachta ach obair áisíneachta. (Bosca 29)

Fáinne fí a bhí ann. Bhí na Clubanna Leabhar ag cur margadh cinnte ar fáil do leabhair Ghaeilge agus ag spreagadh scríbhneoirí nua le dul i mbun pinn. Ag an am céanna, áfach, bhí na Clubanna céanna ag cur sriain ar fhoilsitheoireacht na Gaeilge, sa chaoi nach bhfoilseodh formhór na gcomhlachtaí foilsitheoireachta neamhspleácha leabhar ar bith nach raibh roghnaithe ag ceann de na Clubanna. Bhí an smacht céanna ag stiúrthóirí na gClubanna ar litríocht na Gaeilge is a bhí ag an nGúm rompu.

Chuir na Clubanna isteach ar dhíolachán an Ghúim chomh maith, cé gurbh acmhainn dóibh, ní ba mhó ná na comhlachtaí eile, cailliúint airgid a sheasamh. Luadh i gcaibidil a trí gur aithin Tomás Ó hÉighneachán an drochthionchar a bhí á imirt ag Club Leabhar na Sóisear ar dhíolachán leabhair an Ghúim do dhéagóirí, go háirithe ar leabhair Uí Shándair, siar sa bhliain 1956. Scríobh sé:

> Cuireann an Gúm 12 leabhar nua de chuid Uí Shándair ar an margadh in aghaidh na bliana. Ní díoltar thar 2,000 cóip de leabhar ar bith acu sin. Is léir uaidh sin gur lú an ceannach a bhéas ar leabhar má cuirtear tuilleadh leabhar ar an margadh. I dtús ama díoltaí suas le 6,000 cóip de leabhra Ch. Uí Shándair ach do réir mar méaduigheadh uimhir na leabhar laghduigheadh an méid cóip a díoladh. Dá bhrí sin tá tuairim agam – atá cruthuighthe ag na Sales Lists – nach bhfuil ann don Roinn ach dith céille cuidiú leis an gClub Leabhar le n-a gcuid leabhar a chur faoi chló dóibh nuair nach bhfuil an margadh ann don dá chuid – é sin ná cuidiú leo agus eirghe as an bhfoillsiú iad féin. Rinne an Gúm margadh don chineál seo léightheoireachta agus más féidir airgead a shaothrú as foillsiú leabhar den tsort seo anois mholfainn go láidir an obair a fhágáil faoi na gnáth-fhoillsightheoirí. (Comhad G382 – le Ó hÉighneacháin an bhéim).

Tá a fhios againn nár éirigh an Gúm as an bhfoilsitheoireacht do dhéagóirí sa bhliain 1956, ach ba chinniúnach an ócáid é foilsiú *Mo Chara, Mo Namhaid* ag deireadh na bliana 1967, an leabhar deireanach le Cathal Ó Sándair a d'fhoilsigh an Gúm, seachas dhá leabhar sna 1980idí. Tar éis 1967 tháinig meath tubaisteach ar an líon saothar do dhéagóirí a

d'fhoilsigh an Gúm, agus ó na 1970idí ar aghaidh is ar pháistí níos óige a dhírigh siad, ar aoisghrúpa a raibh neamhaird nach beag tugtha acu air le leathchéad bliain. Ba é bunú Chlub Leabhar na Sóisear, mar sin, cling na marbh d'fhoilsitheoireacht an Ghúim do dhéagóirí.

Ní bheadh éirí an Ghúim as gort na foilsitheoireachta do dhéagóirí róthromchúiseach, áfach, dá mba rud é gur éirigh le Club Leabhar na Sóisear san aidhm a chuir sé roimhe. Mar a chonaiceamar, áfach, chuaigh an Club ó laige go laige ón mbliain a bunaíodh é ar aghaidh, cé gur mhair sé ar bhealach éigin go dtí na 1980idí, ar a laghad (Bosca 18). Ba léir ag deireadh na 1960idí, áfach, go raibh ag teip ar Chlub Leabhar na Sóisear, agus chuir an teip sin deireadh le ré órga na déaglitríochta Gaeilge.

# CAIBIDIL 6: LEABHAIR DO PHÁISTÍ NÍOS ÓIGE

The problem was that the children's market is traditionally more price-sensitive than that for adults' books, so that the relationship between quantity and price in book production, particularly for colour printing, made publishing for a small market especially difficult. (Addis 14)

Is ionann an léitheoireacht a chothú i measc déagóirí agus fómhar an tsíl a chuirtear agus iad in aois na léitheoireachta neamhspleáiche den chéad uair. Tosaíonn leanaí ar dhúil a chur i leabhair agus iad ina naíonáin ach is nuair a bhíonn cód na léitheoireachta scaoilte acu agus iad in aois a seacht nó ocht de bhlianta a bhláthaíonn a gcumas chun focail, abairtí, rainn agus sleachta próis a léamh agus taitneamh pearsanta a bhaint astu. Ach an t-eispéaras agus an taithí sin a bheith dearfach go leor is féidir bheith cuibheasach cinnte go mairfidh an dúil sin sna leabhair agus sa léitheoireacht ar feadh a saoil. An dúshlán atá ann ó thaobh na bhfoilsitheoirí agus na múinteoirí, oideachasóirí agus eile ná an soláthar ceart leabhar agus eolais a chur ar fáil dóibh ag na céimeanna éagsúla forbartha a bheidh i gceannas i gceist ó aois a hocht go dtí ocht mbliana déag. (Ó Murchú, "An Léitheoireacht" 92)

Ag labhairt dom le cuid de na scríbhneoirí sin agus le daoine atá bainteach leis an bhfoilsitheoireacht Ghaeilge is dóigh liom go bhféadfaí a rá go bhfuil siad den tuairim nach féidir mórán a dhéanamh go praiticiúil le léitheoirí a dhéanamh as daoine nach bhfuil an nós sin cothaithe agus múnlaithe iontu ó bhí siad an-óg. (Ó Raghallaigh 77)

## *1 Réamhrá*

Ar an 5 Meán Fómhair 1948, thosaigh fear darb ainm Seán Mac Giollagáin ar phost nua mar Thimire Foilseacháin le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge. An dualgas a bhí air ná taisteal timpeall na tíre ag díol leabhair Ghaeilge i mbailte nach mbíodh na leabhair sin ar fáil iontu de ghnáth. Díol mór spéise na staitisticí a chuir Mac Giollagáin isteach i dtuarascáil bhliantúil na Comhdhála 1948-1949 faoin díol a bhí ar na leabhair ó thosaigh sé an post. Ba iad na leabhair ba mhó díol, de réir na staitisticí sin:

| Na leabhair | Líon na gcóipeanna a díoladh |
|---|---|
| **Leabhair le Marion King** | 3,045 |
| **Leabhair le Cathal Ó Sándair** | 2,473 |
| **Leabhair Urnaithe** | 1,193 |
| **Lámhleabhar Siopadóireachta** | 717 |
| **Leabhair le Máire** | 161 |

**Tábla 4: Díolachán leabhair Thimire Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge (Bosca 25)**

Is mór an díol suntais é go raibh ní ba mhó éilimh ar leabhair Marion King ná a bhí ar aon leabhair eile, scéinséirí Chathail Uí Shándair san áireamh. An chúis a bhí leis sin, is dócha, ná go raibh an margadh a bhí ann do leithéidí leabhair King – pictiúrleabhair agus leabhair do pháistí óga as Gaeilge – ní ba leithne ná an margadh a bhí ann do leabhair Uí Shándair.

Pléadh i gcaibidil a dó an phríomhchúis a mbíonn margadh níos mó ann do leabhair Ghaeilge do pháistí óga, is í sin go mbíonn na leabhair sin oiriúnach do pháistí a bhfuil leibhéil éagsúla cumais sa Ghaeilge acu. Bíonn an teanga sna leabhair sin níos simplí – rud a oireann do pháistí nach bhfuil léamh na teanga go hiomlán ar a dtoil acu – ach ní chuireann an tsimplíocht sin isteach ar ábhar na leabhar, mar gur dual do leabhair don aoisghrúpa sin plé le hábhair neamhchasta (féach Ó Laighléis 1997). Feictear é sin sna leabhair a phléifear sa chaibidil seo, a bhaineann le hainmhithe agus le sióga, den chuid is mó, nó le scéalta iontais coitianta. Cúis eile go mbíonn leabhair Ghaeilge do pháistí óga oiriúnach do líon níos mó léitheoirí ná gur cuid fhíorthábhachtach de na leabhair sin na léaráidí atá iontu, agus cabhraíonn na léaráidí sin go mór leis an bpáiste chun tuiscint a fháil ar an scéal.

Is ait an scéal é, mar sin, nár foilsíodh mórán leabhar do pháistí faoi bhun dhá bhliain déag d'aois i dtréimhse an tráchtais seo. Is aite fós é nuair a ghlactar san áireamh go bhfuil cothú na léitheoireachta i bpáistí óga ríthábhachtach má táthar ag iarraidh léitheoirí rialta a dhéanamh díobh. Áitíonn Seosamh Ó Murchú go bhfuil tábhacht mhór ag baint ach go háirithe leis na blianta ina dtosaíonn páiste ar an léitheoireacht neamhspleách, thart ar sheacht nó ocht mbliana d'aois, i gcothú nósanna léitheoireachta ("An Léitheoireacht" 92). Cé go léiríonn an t-éileamh a bhí ar leabhair Chathail Uí Shándair do dhéagóirí gur féidir an bhearna sin a thrasnú agus déagóirí a spreagadh le leabhair Ghaeilge a léamh má

chuirtear leabhair an-tarraingteach ar fáil, ar an iomlán is cosúil go bhfuil an ceart ag Colmán Ó Raghallaigh nuair a deir sé "...nach féidir mórán a dhéanamh go praiticiúil le léitheoirí a dhéanamh as daoine nach bhfuil an nós sin cothaithe agus múnlaithe iontu ó bhí siad an-óg" (77).

Cén fáth ar sheachain foilsitheoirí na Gaeilge leabhair do pháistí óga, mar sin, sa tréimhse idir 1926 agus 1967? Is cosúil gur fhoilsigh na comhlachtaí neamhspleácha foilsitheoireachta – Sáirséal agus Dill, Foilseacháin Náisiúnta Teoranta agus araile – a laghad saothar don aoisghrúpa sin de dheasca an chostais a bhain leo[75]. Toisc a thábhachtaí is atá dearadh leabhar do pháistí óga – idir léaráidí agus chur le chéile – bíonn siad i bhfad níos costasaí le cur i gcló ná saothar do dhéagóirí agus do dhaoine fásta, nach mbíonn ach clúdach tarraingteach de dhíth orthu. In ainneoin na deacrachta sin, d'éirigh le cuid de na foilsitheoirí neamhspleácha dornán leabhar Gaeilge a fhoilsiú do pháistí óga, mar a fheicfear.

Bhí an Gúm, ní ba mhó ná aon cheann de na foilsitheoirí eile, in ann an costas a bhain le leabhair mhaisithe do pháistí a sheasamh, áfach, mar gheall ar mhaoiniú an rialtais, agus is cinnte gur thosaigh siad ag baint earraíochta as an mbuntáiste sin ó dheireadh na 1960idí ar aghaidh. I dtréimhse an tráchtais seo, áfach, ba bheag leabhar a chuir an Gúm i gcló do pháistí faoi bhun dhá bhliain déag d'aois, i gcodarsnacht leis an líon mór leabhar do dhéagóirí a d'fhoilsigh siad. Is léir go raibh dhá chúis leis sin, de bhreis ar an gcostas a bhain leis an gcineál sin foilsitheoireachta. Ar an gcéad dul síos, in ainneoin an mhéid a rinne Marion King agus Ailbhe Ó Monacháin chun cur le tuiscint eagarthóirí an Ghúim i dtaobh cúrsaí ealaíne i leabhair do pháistí, is léir nach raibh a gceacht foghlamtha go

[75] Bhí an fhadhb chéanna seo ag na comhlachtaí foilsitheoireachta Éireannacha a bhí ag plé le leabhair Bhéarla do pháistí freisin (féach Addis 14; Coghlan, "Picture Books" 31).

beacht acu agus iad i mbun fhoilsiú na leabhar sin sna 1940idí, sna 1950idí agus sna 1960idí. Anuas air sin, is cosúil go raibh deacracht ag an nGúm fós sa tréimhse sin, mar a bhí acu aimsir na sraithe *Laetheannta Gréine*, leabhair do pháistí óga a scaradh ón bhfeidhm oideachasúil a d'fhéadfadh a bheith ag na leabhair sin. Is dhá fhadhb iad seo nach léir go raibh siad ag aon cheann eile de na foilsitheoirí Gaeilge ag an am.

Sa chaibidil ghairid seo tabharfar spléachadh achomair ar an mbeagán leabhar Gaeilge a foilsíodh do pháistí faoi bhun dhá bhliain déag d'aois sna blianta tar éis fhoilsiú leabhar deireanach Marion King, *ABC na Gaedhilge* (1942). Breathnófar ar dtús ar na saothair a chuir na foilsitheoirí neamhspleácha ar fáil, agus ar na bealaí ina ndearna siad iarracht fadhb an chostais a réiteach. Pléifear ansin leis na saothair a chuir an Gúm i gcló, agus leis na deacrachtaí ar leith a bhí ag an gcomhlacht sin agus iad ag foilsiú leabhar do pháistí óga.

## 2 *Na comhlachtaí neamhspleácha foilsitheoireachta*

Ba é an comhlacht ceannródaíoch Sáirséal agus Dill an chéad fhoilsitheoir neamhspleách a thug faoi leabhair Ghaeilge a sholáthar do pháistí óga inár dtréimhse. Chun leabhair mhaisithe ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar phraghas réasúnta, chuaigh Sáirséal agus Dill i dteagmháil le comhlacht foilsitheoireachta Sasanach, Sampson Low, chun eagráin Ghaeilge de chuid de leabhair an chomhlachta sin a chur amach sna 1950idí. Mhínigh Seán Ó hÉigeartaigh, a bhí i gceannas ar Sháirséal agus Dill, an buntáiste a bhain leis an socrú sin i dtuarascáil a chuir sé le chéile i 1962. Scríobh sé:

> I 1953 rinne Sáirséal agus Dill socrú le Sampson Low, Marston & Co. Ltd., Londain, chun eagráin Ghaeilge dá gcuid leabhar siúd do pháistí a chur amach. Leabhair lán de phictiúir dhaite iad seo, agus toisc go bhfoilsítear iad in a lán teangacha agus gur féidir, dá bhrí sin, uimhir an-mhór de na leathanaigh phictiúr a chló ag an am (agus iad a roinnt ar na teangacha ina dhiaidh sin) is féidir iad a dhíol an-saor. (Bosca 29)

Do pháistí idir 6 bliana agus 10 mbliana d'aois a foilsíodh ceithre imleabhar de chuid 'Sreath an Aingilín' – *Póca Cheangairín* (Battersby 1953), *An Turtairín Uaigneach* (Battersby 1953), *Buachaillín Cróga na mBó* (Hodgetts 1953) agus *An Póilín Marcach* (Verrent 1953). Do pháistí ní b'óige a foilsíodh 'Sreath an Bhéirín Bhuí' – *Sreath an Bhéirín Bhuí Leabhar Pictiúirí de Ainmhithe* (Anaithnid 1954), *Sreath an Bhéirín Bhuí Leabhar Pictiúirí do Pháistí* (Anaithnid 1954), *Sreath an Bhéirín Bhuí Leabhar Pictiúirí de Chait* (Anaithnid 1954) agus *Sreath an Bhéirín Bhuí Leabhar Pictiúirí de Shióga* (Anaithnid 1954). Bhí clúdaigh chrua tharraingteacha dhaite ar na leabhair seo ar fad (féach, mar shampla, figiúirí 16 agus 17), agus foilsíodh 2,500 cóip an leabhar (Bosca 29).




**Figiúir 16 (Battersby, *Póca Cheangairín*)**




**Figiúir 17 (Anaithnid, *Leabhar Pictiúirí de Ainmhithe*)**

Ní raibh an rath ar na leabhair seo a raibh Sáirséal agus Dill agus Sampson Low ag súil leis, ámh. Ionsaíodh an tionscadal, toisc gur i Sasana a cuireadh na leabhair i gcló, agus toisc gur fógraíodh é sin go neamhbhalbh ar na leabhair féin. Sa chéad bhliain díobh a bheith ar an margadh, níor díoladh ach trian de na cóipeanna a cuireadh i gcló (Bosca 29). Dá dheasca seo, mar a mhínigh Ó hÉigeartaigh i 1962:

> Mheas Sampson Low nach raibh a gcuid airgid ag teacht ar ais tapaidh go leor, agus ní dheachaigh siad ar aghaidh le socruithe a bhí déanta acu chun ceithre leabhar eile a fhoilsiú i nGaeilge. Nuair nár foilsíodh cinn nua ba dheacair spéis a choinneáil beo sna seanchinn, agus tá beagnach a leath díobh fós gan díol. Níor chaill Sáirséal agus Dill aon airgead ar an mbeartas seo, ach tá Sampson Low thíos leis. (Bosca 29)

Faoin mbliain 1962, mar sin, díoladh thart ar 10,000 cóip de na hocht leabhar a d'fhoilsigh Sampson Low ar son Sháirséal agus Dill. Díol measartha maith a bheadh ansin, dá mba rud é gur leabhair do dhéagóirí iad, ach i gcodarsnacht leis an díol a bhí ar leabhair Marion King don aoisghrúpa céanna (féach caibidil a dó), níor dhíolachán mór a bhí ann. Níor fhoilsigh Sáirséal agus Dill ach aon leabhar amháin eile do pháistí óga tar éis theip an

tionscadail seo, is é sin *mo leabhar ABC* (1961) le Laoise Nic Ghamhna. Tá cuma an-saor ar an leabhar sin – úsáideadh páipéar an-gharbh, curtha le chéile go neamhshlachtmhar. Níor cuireadh páipéar ar bith amú, ach an oiread – tosaíonn an ABC ar an gclúdach tosaigh agus críochnaíonn ar an gclúdach cúil (féach figiúir 18).




**Figiúir 18 (Nic Ghamhna, *mo leabhar ABC*)**

Níorbh é Sáirséal agus Dill an t-aon chomhlacht a chuaigh i bpáirtíocht le comhlacht eachtrannach chun saothair a fhoilsiú d'ógléitheoirí. D'fhoilsigh Foilseacháin Náisiúnta Teoranta trí aistriúchán ón tsraith Fhrancach 'Contes du Gai Pierrot' – *Sneachta Bán agus Róisín Dearg* (Grimm 1962), *Cat na mBróg* (Perrault 1962) agus *Ríon an tSneachta* (Andersen 1962). Mar is léir ó bhunúdar na scéalta úd, níor scéalta dúchasacha Éireannacha iad ach an oiread le scéalta Sháirséal agus Dill thuas. Is cosúil, freisin, ó chaighdeán na léaráidí sna leabhair (féach, mar shampla, figiúir 19) agus ón gcomhchosúlacht idir iad agus na bunleaganacha, gur comheagráin a bhí iontu, seachas gnáthaistriúcháin – is é sin, gur chuir an comhlacht Francach i gcló iad, seachas

Foilseacháin Náisiúnta Teoranta. Níor fógraíodh ar na leabhair féin gurbh aistriúcháin nó gur chomheagráin iad, áfach, agus in ainneoin nár scéalta dúchasacha iad tugadh scéalta 'Clann Lir' ar an tsraith. Seans maith go ndearnadh a leithéid chun an doicheall a cuireadh roimh chomheagráin Sháirséal agus Dill a sheachaint.




**Figiúir 19 (Andersen, *Ríon an tSneachta*)**

Bhí straitéis eile ag an gcomhlacht foilsitheoireachta Éireannach Allen Figgis chun dul i ngleic leis an gcostas a bhain le foilsiú pictiúrleabhar. In áit dul i bpáirtíocht le comhlacht eachtrannach chun comheagráin a chur amach, is éard a rinne sé ná eagráin i mBéarla agus i nGaeilge a fhoilsiú é féin ag an am céanna. Sa chaoi sin bhí sé in ann na leathanaigh mhaisithe ar fad a fhoilsiú le chéile agus costais a laghdú. *An Leaba a d'Imigh HÚIS!* (Share agus Bolger 1965) an chéad leabhar sa tsraith a d'fhoilsigh Allen Figgis, leabhar ina dtaistealaímid ar leaba dhraíochta go Gaillimh i gcomhluadar an bhuachalla bhig Niall, a phiongaine Thuas Staighre agus a luchóige Féasóg. Tá an struchtúr céanna ar na cúig leabhar eile sa tsraith, agus tugtar muid go Nua-Eabhrac, go hOsraí, go Baile Átha Cliath,

go Sruth na Maoile agus go Port Láirge. Taistealaíonn an leaba dhraíochta siar sa stair, freisin, agus mar aon leis an spraoi a bhaineann le heachtraí Néill, Thuas Staighre agus Fhéasóg tá go leor le foghlaim sa tsraith seo faoi thíreolaíocht agus faoi stair na hÉireann. Tá dearadh na leabhar ar fíor-ardchaighdeán, freisin, rud a léiríonn an mháistreacht a bhí ag an maisitheoir agus ag na foilsitheoirí ar chur le chéile an chineáil seo leabhair (féach figiúirí 20 agus 21).




**Figiúir 20 (Share agus Bolger, *An leaba a d'Imigh HÚIS!*)**



**Figiúir 21 (Share agus Bolger, *An leaba a d'Imigh HÚIS!* 15)**

Bernard Share a scríobh téacs na sraithe i mBéarla, agus William Bolger a mhaisigh. De réir cúpla alt nuachtáin ba é Eoghan Ó Tuairisc a d'aistrigh na leabhair go Gaeilge, cé nach bhfógraítear é sin ar na leabhair féin ("Leabhair don Nollaig" 6; "Na Huis-leabhair" 12). Is léir, mar sin, gur i mBéarla a scríobhadh na scéalta ar an gcéad dul síos, agus is mór an díol suntais mar sin gur foilsíodh na leaganacha Gaeilge ar fad thart ar chúig mhí sular foilsíodh na bunleabhair Bhéarla ("Gan teideal" 12). Is é is dóichí ná go ndearna Allen Figgis amhlaidh chun deis a thabhairt do na leaganacha Gaeilge a bheith ar an margadh gan aon iomaíocht ó na leaganacha Béarla. Is éachtach an fhógraíocht a rinne Allen Figgis ar an tsraith, freisin, fógraíocht nach raibh a leithéid feicthe ar aon leabhar Gaeilge eile riamh, is cosúil. Dar le halt amháin in *The Irish Independent* cheannaigh Allen Figgis seanleaba ceithre phost, ghléas sé le hinneall, rothaí agus roth stiúrtha í agus chuir á tiomáint timpeall na cathrach chun poiblíocht a thabhairt don tsraith ("The Magic Bed" 8). De réir údar an ailt chéanna, "...the edition in Irish will have sold about 30,000 copies

before long; the English version should do a great deal better, for a good market is expected abroad" ("The Magic Bed" 8).

B'fhíorbheag leabhar a sholáthraigh na foilsitheoirí neamhspleácha eile do pháistí óga, seachas téacsleabhair scoile. D'fhoilsigh Brún agus Ó Nualláin leabhar beag véarsaíochta do pháistí an-óg le hUrsula Ní Dhálaigh, darbh ainm *Gairdín na nÓg* (1966), ach seachas an leabhar sin agus na cinn a pléadh thuas is faoin nGúm a fágadh an fhoilsitheoireacht ar fad don aoisghrúpa sin i dtréimhse thaighde an tráchtais seo, mar gheall ar an gcostas a bhain leis an bhfoilsitheoireacht sin. Bhí a chuid fadhbanna féin ag an nGúm, áfach, mar a fheicfear sa chéad chuid eile den chaibidil seo.

### *3 An Gúm*

Ní raibh na laincisí céanna ar an nGúm agus a bhí ar na foilsitheoirí neamhspleácha, ó thaobh na foilsitheoireachta do pháistí óga de. Bhí ar na foilsitheoirí neamhspleácha brabús measartha láithreach a dhéanamh ar na leabhair a d'fhoilsigh siad chun iad féin a choinneáil beo[76]. B'acmhainn don Ghúm, áfach, blianta a chaitheamh ag fanacht go nglanfadh leabhar a chostas féin, gan a bheith buartha faoi shláinte an chomhlachta. Is léir, freisin, nárbh é brabús an chloch ba mhó ar phaidrín an Ghúim agus Oifig an tSoláthair agus iad ag foilsiú leabhair áirithe. Chaith an Gúm an oiread sin airgid ar chur le chéile an chéad eagráin de *Seán* (1937) le Marion King, cuir i gcás, nach bhféadfaí brabús a dhéanamh air choíche. Nuair a fuair King féin amach faoi sin chuir sí brú ar an nGúm leagan amach eile a chur ar athchlónna an leabhair (Comhad N0673).

[76] Bhí deontais ar fáil ó Bhord na Leabhar Gaeilge, freisin, ó 1952 chun cabhrú le foilsitheoirí príobháideacha, ach níorbh ionann sin agus an tacaíocht iomlán a bhí ag an nGúm ón rialtas.

Agus cúrsaí costais fágtha as an áireamh, bhí dhá dheacracht eile ag an nGúm agus iad ag foilsiú leabhar do pháistí óga, nach raibh ag leithéidí Sháirséal agus Dill agus Fhoilseacháin Náisiúnta Teoranta thuas. An chéad deacracht ná nach raibh an tuiscint nó an meas ceart ag an nGúm ar an taobh aeistéitiúil de leabhair do pháistí, in ainneoin dhiansaothar Marion King agus Ailbhe Uí Mhonacháin. Cé go raibh íocaíocht an-tarraingteach ar fáil do scríbhneoirí do dhaoine óga ó dheireadh na bliana 1936 ar aghaidh, mar a luadh i gcaibidil a dó, ní raibh a mhacasamhail de dhreasacht ar fáil chun ealaíontóirí a mhealladh le leabhair a mhaisiú. Níor tháinig mórán athraithe ar an staid seo le linn ár dtréimhse thaighde, seachas cúpla eisceacht a phléifear anseo. Is léir, áfach, go raibh feabhas ag teacht ar na cúrsaí sin de réir a chéile i dtreo dheireadh na 1960idí. An deacracht eile a bhí i gceist leis an bhfoilsitheoireacht do pháistí óga sa Ghúm ná gur léir go mbíodh deacrachtaí ag daoine áirithe ar an bhfoireann idirdhealú a dhéanamh idir leabhair scoile agus leabhair ghinearálta do pháistí óga, deacracht nach mbíodh acu agus iad ag plé le leabhair do dhéagóirí.

De réir Nancy Watson bhí saothar Eilís Diolún "...'foundational' in the field of Irish children's literature", agus cé gur ag caint ar litríocht Bhéarla na hÉireann don aos óg atá sí sa ráiteas sin, is léir go raibh lámh ag Diolún freisin i bhforbairt litríocht Ghaeilge na n-óg (19). Bhí Diolún sna fichidí déanacha nuair a foilsíodh *An Choill Bheó* (1948), scéal deas simplí do pháistí idir naoi mbliana agus dhá bhliain déag d'aois, faoi chailín óg darb ainm Máire agus an teaghlach coiníní a n-éiríonn sí mór leo. Tamall de bhlianta ní ba dhéanaí a d'fhoilsigh an Gúm an dara leabhar Gaeilge a scríobh Diolún, *Oscar agus an Cóiste Sé nEasóg* (1953), scéal don aoisghrúpa céanna faoi luchóg bheag a théann amach sa saol mór ar lorg eachtraíochta, agus ansin dhá bhliain ina dhiaidh sin foilsíodh *Ceol na Coille* (1955), scéal eile faoi eachtraí Mháire agus na gcoiníní. Tá simplíocht agus spleodar ag

baint leis na trí leabhar seo, agus bhí siad dírithe ar aoisghrúpa a raibh neamart mór déanta ann go dtí sin.

Is mar chomharba ar Marion King, áfach, a d'imir Diolún a ról ba thábhachtaí i bhforbairt litríocht Ghaeilge na n-óg, sa chaoi go ndeachaigh sí i bhfeidhm ar mheon an Ghúim i leith maisiú leabhar do pháistí. Ba é Cormac Ó Cuilleanáin, fear céile Dhiolún agus léachtóir le Gaeilge in ollscoil Chorcaí, a chuir lámhscríbhinn *An Choill Bheó* faoi bhráid an Ghúim ar dtús sa bhliain 1945. Scríobh Ó Cuilleanáin, agus é ag cur na lámhscríbhinne isteach: "Measaim féin go bhfuil an scéal so ana-mhaith ar fad. Má's fíor san, beidh áthas oraibh é ghlacadh. Ach níor mhór é chlóbhualadh chun sástachta mo mhná, maidir le méid an chló, leagadh-amach, pictiúirí tc" (Comhad N1222). Mar a thug Ó Cuilleanáin le fios, bhí tuairimí láidre ag Diolún – dála Marion King – faoin leagan amach ba chóir a bheith ar an leabhar, agus ba ise a d'earcaigh Patricia Lynes chun *An Choill Bheó* a mhaisiú. Ní raibh Diolún sásta, áfach, leis an íocaíocht a bhí á tairiscint ag an nGúm ar shaothar Lynes, is í sin 10/- an ceann ar fhiche léaráid dhubh agus bhán, agus £3:3:- ar chlúdach daite. Chuir Diolún brú leanúnach ar an nGúm an íocaíocht sin a ardú, agus sa deireadh fuair an Gúm cead ón Roinn Airgeadais an t-uasmhéid íocaíochta ar léaráid dhubh agus bhán a ardú ó 10/- go 15/- (Comhad N1222). In ainneoin an tsocraithe sin, bhí ar Dhiolún brú a chur ar an nGúm arís an ráta íocaíochta céanna sin a thabhairt do Patricia Lynes nuair a mhaisigh sí *Oscar agus an Cóiste Sé nEasóg* (Comhad N1312). Mheabhraigh an Gúm do Dhiolún nach raibh an ráta sin ar fáil ach do léaráidí a raibh feabhas ar leith iontu, ach sheas sí go daingean ar son shaothar Lynes agus sa deireadh d'aontaigh Tomás Ó hÉighneacháin, an príomheagarthóir, gurbh fhiú an t-airgead sin a íoc as na léaráidí. Scríobh sé: "Sílim go bhfuil na léaráidí seo an mhaith ar fad agus chuideochadh siad go mór le díol an leabhair" (Comhad N1312).

Níorbh í Lynes a mhaisigh tríú leabhar Gaeilge Dhiolún, *Ceol na Coille*, ach bean darbh ainm Mairéad Uí Mhurchú. Is éagsúil an stíl deartha atá sa tríú leabhar sin. Seachas fiche léaráid mhór éagsúil a tharraingt, ag léiriú eachtraí ar leith sa téacs, chuir Uí Mhurchú sceitsí beaga de charachtair éagsúla ar fáil, agus athúsáideadh na sceitsí sin síos tríd an leabhar nuair a thiocfadh na carachtair éagsúla isteach sa scéal (féach figiúirí 22). Bhí Diolún arís ar a dícheall, i gcás an leabhair seo, ag iarraidh a chur ina luí ar an nGúm go raibh tábhacht an-mhór ag baint le maisiú leabhar dá shórt. Sa bhliain 1952 agus í ag scríobh chuig Seán Mac Lellan, an tOifigeach Foilseacháin, le hinsint dó go raibh Uí Mhurchú chun na léaráidí a chur ar fáil, dúirt Diolún: "Táim tar éis 'Ceol na Coille' do scrúdú arís agus is léir dom, chun go mbeadh an leabhar ar fónamh, agus ceannach air, gur deacair níos lú ná £1[77] an pictiúir a thairiscint do ealaíonaí oilte mar Bhean Uí Mhurchadha ná d'aon ealaíonaí eile den tsórd. Is beag is fiú púnt an lá atá inniu ann" (Comhad N1358). Is léir go raibh meas ag Mac Lellan ar thuairim Dhiolún, mar chuir sé an moladh sin ar aghaidh chuig Tarlach Ó Raifeartaigh, leasrúnaí na Roinne Oideachais, a fuair cead ón Roinn Airgeadais idir 15/- agus 25/- a íoc ar léaráid ó shin amach.

[77] B'ionann punt amháin (£1) agus fiche scilling (20/-).



6 ceol na coille

coiníní go léir nuair a bíodar i gcontúirt agus gur ceip ar féasóg cuimneam ar seift.

An coinín ab óige den cúigear, Fionnaď a bí mar ainm air sin. Coinín ciúin macánta a bí ann agus ďéanaď sé rud ar na coiníní eile i gcónaí.

Bí tig breá ag na coiníní seo fé talam ar ciumais na coille. Bí ďá ďoras ar an dtig, mar a bíonn de gnáť ag daoine agus ag coiníní. Fé bun crainn a bí an céaď doras agus taoď istig den doras san bí staigre ag dul isteać sa cistin. Trid an doras so a ťagaď na cuairteoirí—agus na coiníní féin nuair ná bíoď deifir orťu.

Ać bí bealać eile ćun teaćt go dtí doras na cistine leis. Bí poll sa talam, mar a bíonn ag gnáť-coiníní, agus bóiťrín síos fé talam go dtí an doras. Is mar sin a céaď na coiníní isteać is amać nuair a beaď namaid ar a dtóir.

Is annam a bíoď gá acu leis an dara bealać seo. Ón uair úd a ćabraig Máire leo ćun an ruaig a ćur ar an gcat, ar an easóg agus ar an Sionnać, ba beag ná gur leo féin an coill. Ď'i Máire an cailín beag go raid cónai uirti ar taoď an bóťair

Fionnaď

Máire óg

**Figiúir 22 (Diolún, *Ceol na Coille* 6)**

Níor mhór an chabhair iad na socruithe nua seo, áfach, nuair bhí an Gúm ag plé le Flann Ó Riain, Máirín Ní Chormac agus Meadhbh Costello sna 1960idí. Chuir Ó Riain dhá phictiúrleabhar faoi bhráid an Ghúim sa tréimhse sin – *Dáithí Lacha* (1964) agus *Dáithí Lacha '67* (1966) – a bhí bunaithe ar chlár teilifíse dá chuid a bhí á chraoladh ar Thelefís Éireann ó Dheireadh Fómhair 1962 ar aghaidh. Pictiúrleabhar mór daite is ea *Cí-Cí agus scéalta eile* (1967) ar scríobh Máirín Ní Chormac an téacs ann agus a mhaisigh Meadhbh Costello. Níor oir na gnáthrátaí íocaíochta a bhí ag an nGúm i gcomhair léaráidí do leabhair a bhí chomh maisiúil leis na trí leabhar seo agus a raibh an oiread sin tábhachta ag baint leis na pictiúir iontu. Bhí orthu, mar sin, teacht suas le bealach eile chun luach na dtrí shaothar sin a mheas. An socrú a rinneadh i gcás Uí Riain ná go n-íocfaí £2 an pictiúr leis an údar/maisitheoir, ach nach n-íocfaí as an téacs é in aon chor (Comhad N1718; Comhad N1735). Ní fhéadfaí an socrú sin a chur i bhfeidhm ar *Cí-Cí agus scéalta eile*, áfach, toisc gur bheirt éagsúil a scríobh agus a mhaisigh. Sa deireadh chinn an Gúm ar £110 a íoc leis an maisitheoir, agus gan ach £15 a íoc leis an scríbhneoir (Comhad N1694A). Léiríonn an

dá shocrú seo go raibh tuiscint nua ag an nGúm ag deireadh na 1960idí ar thábhacht deartha leabhar do pháistí óga.

Díol spéise gurbh é ceann de bhuanna *Cí-Cí agus scéalta eile*, dar le U. Ní Mhurchú[78], agus í ag lorg ceada ón Roinn Airgeadais chun é a fhoilsiú, ná go bhféadfaí é "...a fhoilsiú gan dul in iomaíocht le foilsitheoirí leabhar scoile" (Comhad N1694A). Léiríonn an ráiteas sin ceann de na mórfhadhbanna a bhíodh ag an nGúm agus iad ag plé le leabhair do pháistí faoi bhun dhá bhliain déag d'aois – is é sin nach ndéanadh an Gúm idirdhealú i gcónaí idir iad agus na léitheoirí scoile a bhíodh in úsáid sna ranganna bunscoile. Bhí an deighilt idir an dá chineál saothar sin ní ba shoiléire i gcás pictiúrleabhar dála *Cí-Cí agus scéalta eile* agus *Dáithí Lacha* ná a bhí sí i gcás na leabhar a bhí dírithe ar pháistí idir deich mbliana agus dhá bhliain déag d'aois. Ba é Críostóir Ó Floinn an scríbhneoir ba bhisiúla don aoisghrúpa sin idir 1926 agus 1967, agus is féidir an tionchar a d'imir an éiginnteacht sin a fheiceáil ar an gcaoi ar chaith an Gúm lena shaothar.

Pléadh an caidreamh achrannach a bhí ag Ó Floinn leis an nGúm i gcaibidil a ceathair, i gcomhthéacs na déaglitríochta, agus tá an t-achrann sin le feiceáil freisin i gcás na leabhar a scríobh sé do pháistí ní b'óige. Foilsíodh cúig leabhar dá chuid inár dtréimhse a bhí dírithe ar pháistí idir deich mbliana agus dhá bhliain déag d'aois – *Caisleán na nÉan* (1955), *Ticiti* (1959), *An Pálás Marmair* (1961), *Ticiti i dTír Ghúba* (1963) agus *Ticiti agus an Fáinne Draíochta* (1967). Is scéalta lán draíochta atá le fáil in *Caisleán na nÉan* agus *An Pálas Marmair*, faoi chailleacha gránna, fathaigh scanrúla, banphrionsaí áille agus flatha cróga. Is sraith de scéalta faoi Thiciti, sárghréasaí bróg na leipreachán, atá sna trí leabhar eile.

[78] Ní féidir liom teacht ar ainm baiste na mná seo. Bhíodh sí ag feidhmiú mar phríomhoifigeach i mBrainse na gCuntas sa Roinn Oideachais sna 1960idí, agus is léir gurbh é ceann de na dualgais a bhí uirthi ná a bheith ag plé leis an nGúm (féach *Thom's Directory Ireland 1960, Volume II: Professional Directory* 19).

Mar a pléadh i gcaibidil a ceathair, bhí mórán na bhfadhbanna céanna ag baint le foilsiú *Caisleán na nÉan*, *An Pálás Marmair* agus *Ticiti* is a bhí le foilsiú shaothar Uí Fhloinn do dhéagóirí, is é sin nár aontaigh Ó Floinn in aon chor leis an mbrú a chuireadh an Gúm air íoc as athscríobh na leabhar. Ghéill sé don choinníoll sin, ar deireadh, ach níor cheil sé ar an nGúm a mhíshásta is a bhí sé leis an gcaoi ina rabhthas ag caitheamh leis. Níor cuireadh an coinníoll sin i bhfeidhm ar an dá leabhar dheireanacha dá chuid a foilsíodh i dtréimhse thaighde an tráchtais seo, áfach, is iad sin *Ticiti i dTír Ghúba* agus *Ticiti agus an Fáinne Draíochta*. Ní mé an é go bhfacthas go raibh feabhas suntasach tagtha ar Ghaeilge Uí Fhloinn sa dá leabhar seo, nó an é go raibh an bheirt ba mhó a bhíodh ag gearán faoi chaighdeán a chuid Gaeilge – Tomás Ó hÉighneacháin agus Seán Mac Maoláin – tar éis éirí as a bheith ag obair leis an nGúm faoin am sin.

Is sa chaoi ar caitheadh le dhá lámhscríbhinn de chuid Uí Fhloinn ar diúltaíodh dóibh a thugtar leid dúinn faoin gcúis nár fhoilsigh an Gúm mórán saothar do pháistí óga i dtréimhse thaighde an tráchtais seo. Chuir Ó Floinn "Ticiti agus an tAsailín Donn" faoi bhráid an Ghúim i 1956. Mheas P. S. Ó Tighearnaigh, a léigh an lámhscríbhinn ar dtús, gurbh fhiú é a chur i gcló. Bhí Tomás Ó hÉighneacháin, áfach, ag iarraidh é a chur faoi bhráid Bhrainse an Bhun-Oideachais mar gurbh "...iad-san a cheadóchas ar ball é ainmniú mar leabhar a bheadh feiliúnach le-n-a chur ar an liosta a dhéanann siad-san amach" (Comhad N1609). An liosta a bhí i gceist ag Ó hÉighneacháin ná liosta de na leabhair bhreise léitheoireachta a bhí faofa ag an mBrainse chun úsáide sna ranganna éagsúla bunscoile. Anois is arís ghlactaí le leabhair an Ghúim ar an liosta sin, cuir i gcás *Ceol na Coille* agus *Cuas an Óir* (Ó Floinn 1958), ach dhéantaí an cinneadh sin i gcónaí tar éis don leabhar a bheith foilsithe (Comhad N1358). Trí lámhscríbhinn Uí Fhloinn a chur chuig an

mBun-Bhrainse sular glacadh léi i gcomhair foilsiú, bhí Ó hÉighneacháin ag cur in iúl nár mheas sé go mbeadh léamh ar an leabhar taobh amuigh de na scoileanna.

Fuarthas freagra ar ais ó Bhrainse an Bhun-Oideachais ag áiteamh nach bhféadfaí glacadh le "Ticiti agus an tAsailín Donn" "...toisc gan ceart na teangan ná cruinneas gramadaí a bheith ins na scéalta...", agus chinn Ó hÉighneacháin, mar sin, nárbh fhiú an leabhar a fhoilsiú, in ainneoin mholtaí Uí Thighearnaigh (a bhí mar Phríomh-Chigire na mBunscoileanna ag an am) (Comhad N1609). Cé nach raibh sa lámhscríbhinn ach an chéad dréacht den leabhar, ba í tuairim Uí Éighneacháin:

> Dá mbeadh an t-ábhar go rí-mhaith thiocfadh linn na dearmadaí gramadaí, etc. a cheartú annseo ach ní dóigh liom go bhfuil aon tábhacht faoi leith ag baint leis na scéilíní seo. Pé scéal é ní bheadh cead againn ceartú ar bith a dhéanamh ar Ghaeilge Ch. Uí Floinn gan tráchtas a scríobhadh faoi gach uile cheartú – dá laighead é! (Comhad N1609)

Dhiúltaigh an Gúm an leabhar a fhoilsiú, mar sin, cé nach raibh mórán gnáthleabhar léitheoireachta dá shórt ar fáil don aoisghrúpa áirithe sin. Caitheadh leis an lámhscríbhinn "Dóinicíní" sa chaoi chéanna, ar mholadh Uí Éighneacháin, agus cé go raibh an Brainse sásta glacadh leis, níor shíl Ó Floinn go raibh ábhar na scéalta oiriúnach don rang áirithe a bhí roghnaithe ag an mBrainse. D'iarr sé ar an nGúm an lámhscríbhinn a mheas ar nós na leabhar eile leis do pháistí ar glacadh leo, ach ní dhearnadh amhlaidh (Comhad N1600).

Tá an chuma ar an scéal, mar sin, gur sheachain an Gúm leabhair do pháistí d'aoiseanna áirithe mar gheall ar an deacracht a bhí acu deighilt a dhéanamh idir iad agus léitheoirí scoile do na haoiseanna céanna. Ní hamháin go raibh go leor léitheoirí scoile ar fáil cheana, ach ní raibh an Gúm ag iarraidh iad a fhoilsiú ar eagla go gcuirfeadh sé sin isteach ar na comhlachtaí foilsitheoireachta a bhí ag plé le leabhair scoile – Comhlacht Oideachais

na hÉireann, cuir i gcás, a nocht buairteanna faoin nGúm a bheith ag foilsiú a leithéidí siar sa bhliain 1926.

## *4 Tátal*

Ó thús na 1960idí ar aghaidh thosaigh athrú ag teacht ar an nGúm, agus faoin mbliain 1967 bhí formhór na seanfhoirne – Seán Mac Lellan[79], Seán Mac Maoláin agus Tomás Ó hÉighneacháin, cuir i gcás – tar éis dul ar scor. Bhí daoine nua ann ina n-áit, leithéidí U. Ní Mhurchú, Sheáin Óig Mhic Mhaoláin (mac le Seán Mac Maoláin) agus Néill Uí Dhónaill. Is léir gur tháinig athrú ar mhodhanna oibre an Ghúim agus na daoine seo ag obair ann, mar a chuir Críostóir Ó Floinn in iúl don Ghúm i litir i mí na Nollag 1967. Scríobh sé:

> Tugaim faoi deara go bhfuil athrú nó athcóiriú éigin ar mhódh oibre agus ar dhearcadh an Ghúm (más féidir a rá go bhfuil "dearcadh" ag "Gúm" nó ag institiúid ar bith dá shórt) le tamall anuas. Ós duine mé a d'fhulaing crá agus céasadh go minic ón nGúm (léigh a bhfuil de litreacha crosta agaibh uaim) agus a rinne clamhsán go minic mallachtach mar gheall oraibh, is maith liom a aithint go bhfuil na comharthaí sin ann anois a thugann dóchas don scríbhneoir go bhfuil ré nua ar láimh agus buailte linn. Fuair mé le déanaí uaibh cóipeanna den leabhar beag sin, TICITI AGUS AN FÁINNE DRAÍOCHTA, curtha amach go slachtmhar, go críochnúil, agus go tráthúil. Nuair a chuir an Gúm an chéad leabhar faoin leipreachán scéalach sin ar fáil, ní raibh ainm an údair, fiú amháin, le léamh ar an gclúdach. Comharthaí. Scríbhinn eile mar gheall ar Ticiti, chaith mé sa tine í nuair a dhiúltaigh an Gúm (an sean-Ghúm) di.
>
> Níl a fhios agam, ós duine mé a mhaireann ina chadhain aonraic chomh fada is a bhaineann le gluaiseachtaí nó cumainn, cad faoi deara an t-athrú seo. Bhain sibh an-phreab asam nuair a dúirt sibh go nglacfadh sibh le dhá dhráma fada uaim. Ach pé ní é, is maith mar a tharla, agus is maith liom go bhfuil ré nua i ndán do scríbhneoireacht i nGaeilge. (Comhad N1745)

Bhí ré nua i ndán don scríbhneoireacht, agus don scríbhneoireacht don aos óg ach go háirithe. Thit líon na bhfoilseachán do dhéagóirí go suntasach sa tréimhse tar éis na bliana 1967, agus ag an am céanna tháinig fás ollmhór ar líon na bhfoilseachán do pháistí óga, go háirithe sa Ghúm.

---

[79] Fuair Seán Mac Lellan bás sa bhliain 1963, ach is cosúil gur éirigh sé as a phost sa Ghúm tamall de bhlianta roimhe sin.

Mar atá tugtha faoi deara ag criticeoirí éagsúla, agus mar a luadh sa réamhrá, bhí dlúthcheangal idir an borradh a tháinig faoin bhfoilsitheoireacht do pháistí óga ó thús na 1970idí ar aghaidh agus gluaiseacht na naíonraí (Uí Mhaicín 121; Nic Congáil, "Réamhrá" 14; Mhic Mathúna agus Mac an Iomaire). Tá fréamhacha ghluaiseacht sin na naíonraí le feiceáil sna 1960idí, áfach, agus sna Teaghlaigh Ghaelacha, grúpa a bunaíodh chun tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh a bhí ag tógáil a bpáistí trí mheán na Gaeilge sna cathracha. Thosaigh an eagraíocht sin ag léiriú spéise i ngníomhartha an Ghúim go luath sna 1960idí. Scríobh Donnchadh Ó Súilleabháin, rúnaí na heagraíochta, chuig an nGúm mí na Nollag 1963, cuir i gcás, nuair a fuarthas amach nach mbeadh *Dáithí Lacha* réidh le foilsiú an bhliain sin. Dúirt sé:

> Ag cruinniú de Choiste na dTeaghlach Ghaelacha le déanaí tugadh treoir dom a chur in iúl duit gur trua leis na Teaghlaigh Ghaelacha ná beidh an leabhar "Dáithí Lacha" ar fáil don Nollaig. Ba mhaith leo freisin a fháil amach an mbeidh aon leabhar nua a bheadh oiriúnach do pháistí ag teacht amach go luath. (Comhad N1718)

Luaigh Críostóir Ó Floinn, freisin, i litir dá chuid i 1961, go raibh "...baill 'Teaghlaigh Ghaelacha' ag gearán ná fuil leabhair...ar fáil dá gcuid leanaí" (Comhad N1686).

Chuaigh an Gúm ó neart go neart, ó thaobh na foilsitheoireachta do pháistí óga de, ó dheireadh thréimhse thaighde an tráchtais seo ar aghaidh. Thuill siad meas mór dóibh féin mar gheall ar fheabhas a bpictiúrleabhar, ach go háirithe, sa trian deireanach den fhichiú céad. Mar a pléadh sa réamhrá, is ar fheabhas agus líon na bpictiúrleabhar sin a díríodh sna haistí is luaithe a scríobhadh ar litríocht Ghaeilge na n-óg (féach Rosenstock "Books"; Uí Mhaicín; Titley "Children's Books"; Uí Laighléis). Ag an am céanna, laghdaigh an Gúm go suntasach an líon leabhar do dhéagóirí a d'fhoilsigh siad, agus rinneadh dearmad go forleathan ar a láidre is a bhí an chatagóir sin de litríocht Ghaeilge na n-óg i lár an fhichiú haois.

# CLABHSÚR

Féachadh sa tráchtas seo le bunchloch a leagan síos sa taighde ar stair litríocht Ghaeilge na n-óg idir 1926 agus 1967. Ag tosú le bunú an Ghúim, comhlacht foilsitheoireachta an stáit, agus ag críochnú le foilsiú an leabhair *Mo Chara, Mo Namhaid* (Ó Sándair 1967), tugadh cuntas ar na saothair Ghaeilge a foilsíodh mar ábhar léitheoireachta neamhspleáiche do pháistí sna blianta sin, agus ar an rath nó an easpa ratha a bhí ar na saothair sin. Bunaíodh gach caibidil, seachas caibidil a sé, ar fhorbairt thábhachtach i litríocht Ghaeilge na n-óg idir 1926 agus 1967, agus féachadh le míniú a thabhairt ar na forbairtí sin agus ar na treochtaí spéisiúla atá le sonrú sna leabhair a foilsíodh do dhaoine óga sa tréimhse. Baineadh an-earraíocht as cáipéisí an Ghúim agus Chlub Leabhar na Sóisear ar mhaithe le pictiúr glinn cuimsitheach a tharraingt dá raibh ar siúl san fhoilsitheoireacht Ghaeilge don aos óg idir 1926 agus 1967.

Ré ar leith i stair litríocht Ghaeilge na n-óg a bhí sna blianta idir 1926 agus 1967. D'fhág bunú an Ghúim ag tús na tréimhse sin gurbh acmhainn don litríocht do pháistí bláthú den chéad uair, neamhspleách ar an seomra ranga. Bhí dream amháin de dhaoine óga, áfach, a ndearnadh freastal ní b'fhearr orthu le linn thréimhse an tráchtais seo ná aon dream eile, agus ba iad sin déagóirí na meánscoile. Luadh roinnt cúiseanna leis an bhfreastal seo i rith an tráchtais: 1. gur dream iad lucht na meánscoileanna a raibh na scileanna cuí acu chun leabhair Ghaeilge a léamh, agus a raibh spreagadh ar leith acu chun tabhairt faoin léitheoireacht sin; 2. gur mhúscail saothar Chathail Uí Shándair spéis dhéagóirí na meánscoileanna sa léitheoireacht Ghaeilge den chéad uair, ag cruthú margadh dílis don déaglitríocht Ghaeilge, agus gur spreag an margadh nua sin sin údair eile chun tabhairt faoi

scríobh an chineáil sin litríochta agus; 3. go raibh deacrachtaí éagsúla ag baint leis an bhfoilsitheoireacht do pháistí ní b'óige, mar a mhínítear i gcaibidil a sé. Tháinig athrú mór ar staid seo na foilsitheoireachta Gaeilge don aos óg ó 1967 ar aghaidh, áfach, de réir mar a laghdaíodh stádas na Gaeilge sna meánscoileanna agus de réir mar a cuireadh ní ba mhó brú ar an nGúm leabhair do pháistí óga a fhoilsiú chun tacú le gluaiseacht na naíonraí agus na nGaelscoileanna.

Tosaíodh an tráchtas le spléachadh ar bhunú an Ghúim sa bhliain 1926 agus ar na fadhbanna a bhain leis an gcomhlacht sin ón bhfíorthús, fadhbanna a chuaigh i bhfeidhm ar iarrachtaí an Ghúim chun litríocht Ghaeilge na n-óg a fhorbairt. Breathnaíodh ansin ar chuid de na leabhair is luaithe a d'fhoilsigh an Gúm don aos óg mar ábhar léitheoireachta neamhspleáiche seachas mar leabhair scoile. Áitíodh gur féidir linn go leor a fhoghlaim faoin dearcadh a bhí ag an nGúm agus ag muintir an tSaorstáit ar litríocht Ghaeilge na n-óg ó na saothair *Sgéalta ón Radio* (Ó Cuív 1931), *Fí-Fá-Fum* (Mac Giollarnáth agus Perrault 1931) agus ón tsraith *Laetheannta Gréine* (Údair éagsúla 1932-1939). Léiríonn ábhar na saothar seo, cúinsí a bhfoilsithe agus an chaoi ar éirigh leo ar an margadh go raibh go leor le foghlaim fós ag an nGúm faoin bhfoilsitheoireacht don aos óg, faoin margadh a bhí ann do leabhair Ghaeilge do pháistí agus faoina raibh ag teastáil chun páistí an tSaorstáit a mhealladh le leabhair Ghaeilge a léamh taobh amuigh den seomra ranga.

Sa dara caibidil bogadh ar aghaidh chuig an tréimhse idir 1937 agus 1942, nuair a cuireadh beocht i litríocht Ghaeilge na n-óg den chéad uair. Foinse na beochta sin ná saothair le grúpa duine a mbíodh baint acu leis *An t-Éireannach*, nuachtán seachtainiúil Gaeilge a mhair ó 1934-1937. Breathnaíodh ar an leabhar eachtraíochta *Ceathrar Comrádaí* (1938), a scríobh Cathal Mac Aonghusa i mBéarla do *An t-Éireannach*, agus a d'aistrigh Pádraig

Ua Concheanainn agus Sorcha Ní Ghuairim go Gaeilge. Áitíodh gur réamhtheachtaí de chuid leabhair Chathail Uí Shándair a bhí in *Ceathrar Comrádaí*, toisc gur leagan Éireannach a bhí ann de sheánra móréilimh. Ina dhiaidh sin pléadh an chaoi a ndeachaigh Marion King agus Ailbhe Ó Monacháin i bhfeidhm ar chaighdeán aeistéitiúil litríocht Ghaeilge na n-óg sa Ghúm, trí na saothair áille a chuir siad i gcló leis agus tríd an ionchur a bhíodh acu i leagan amach na saothar sin. Díríodh sa chuid dheireanach den chaibidil ar an ráchairt ollmhór a bhí ar an dá leabhar déag a d'fhoilsigh Marion King leis an nGúm, agus áitíodh go raibh an oiread sin éilimh orthu toisc go raibh siad dírithe ar pháistí óga, spriocmhargadh leathan a ndearnadh neamart nach beag ann i dtréimhse an tráchtais seo.

I gcaibidil a trí díríodh isteach ar mhóréacht scríbhneoireachta Chathail Uí Shándair, an t-údar Gaeilge ba mhó ráchairt riamh, ar foilsíodh 118 leabhar leis do dhéagóirí idir 1943 agus 1967. Sa chéad chuid den chaibidil tugadh cuntas ar shaol scríbhneoireachta an tSándaraigh agus ar an gcaidreamh a bhí aige leis an nGúm. Breathnaíodh ansin ar na cineálacha éagsúla scéalta a scríobh Ó Sándair – scéalta bleachtaireachta, scéalta faoin Iarthar Fiáin, scéalta ficsin eolaíochta agus araile. Caitheadh an chuid dheireanach den chaibidil ag iarraidh na cúiseanna a bhí le mór-ráchairt shaothar Uí Shándair a mheas, agus dearbhaíodh go raibh tóir as cuimse ar a shaothar ar thrí chúis: 1. gur chuir sé leaganacha Éireannacha ar fáil de chineálacha leabhar a raibh dúil mhór ag aos óg na hÉireann iontu ag an am; 2. gur chuir sé íomhá ridhearfach d'Éirinn agus de mhuintir na hÉireann os comhair a léitheoirí, íomhá a bhí forásach agus nua-aimseartha ach a bhí fréamhaithe i gcultúr traidisiúnta na tíre ag an am céanna agus; 3. gur thug sé áit lárnach don saol uirbeach ina leabhair agus gur dhiúltaigh sé don chreideamh forleathan gur faoin tuath amháin a bhí teacht ar an 'bhfíor-Éirinn'.

I gcaibidil a ceathair pléadh saothar na scríbhneoirí eile a bhíodh ag foilsiú déaglitríochta i nGaeilge leis an nGúm idir na 1940idí agus deireadh na 1960idí. Tosaíodh le spléachadh tapa ar chuid de na saothair is spéisiúla a foilsíodh don aoisghrúpa sin, agus ansin bogadh ar aghaidh chun breathnú ar shaothar na beirte ba bhisiúla, seachas Cathal Ó Sándair, a bhíodh ag scríobh do dhéagóirí ag an am – Mícheál d'Andún agus Críostóir Ó Floinn. Chonacthas an tionchar a d'imir Cathal Ó Sándair, go díreach agus go hindíreach, ar an mbeirt údar seo, trí na seánraí ar bhain sé úsáid astu, tríd an ráchairt a bhí ar a leabhair agus tríd an gcaidreamh a bhí aige leis an nGúm. Chonacthas an fhéidearthacht a bhí ag an nGúm dochar a dhéanamh d'fhorbairt litríocht Ghaeilge na n-óg nuair a bhain siad mí-úsáid as an gcumhacht a bhí acu.

Cuireadh tús le caibidil a cúig le cuntas ar Chlub Leabhar na Sóisear, club leabhar do dhéagóirí, sna blianta idir a bhunú i 1956 agus deireadh tréimhse thaighde an tráchtais seo i Nollaig 1967. Míníodh gur eascair Club Leabhar na Sóisear as an gClub Leabhar do dhaoine fásta a bhunaigh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge i 1948 chun margadh rialta a chruthú do litríocht na Gaeilge. Chonacthas go raibh cuid de na deacrachtaí céanna ag Club Leabhar na Sóisear is a bhí ag an nGúm, agus nár éirigh leis an gClub riamh na spriocanna a chuir sé roimhe a bhaint amach. Sa dara cuid breathnaíodh ar na cineálacha leabhar a eisíodh chuig baill Chlub Leabhar na Sóisear, agus sa tríú cuid rinneadh anailís ar an dá mhórthéama atá le sonrú sna leabhair sin. Pléadh an bhéim a leagtar i bhformhór de shaothair an Chlub ar sheachadadh na staire Éireannaí chuig an gcéad ghlúin eile, agus ar chumas na hÉireann plé go muiníneach le tíortha eile an domhain. Áitíodh gur eascair an dá théama seo as an athrú mór a bhí ag teacht ar shochaí na hÉireann ó na 1950idí ar aghaidh. Ag deireadh na caibidle rinneadh rath Chlub Leabhar na Sóisear a mheas agus

maíodh go ndearna an Club ní ba mhó dochair ná sochar do litríocht Ghaeilge na n-óg go fadtéarmach.

Sa séú caibidil rinneadh cur síos achomair ar na leabhair do pháistí faoi bhun dhá bhliain déag d'aois a foilsíodh tar éis na bliana 1942, an bhliain ar foilsíodh leabhar deireanach Marion King. Breathnaíodh ar dtús ar iarrachtaí na gcomhlachtaí príobháideacha foilsitheoireachta chun freastal ar an aoisghrúpa sin, agus ar na straitéisí a chleacht siad chun dul i ngleic le costas na gcineálacha sin leabhar. Casadh ar ais ar an nGúm ansin, agus chonacthas nárbh ionann a ndeacrachtaí siúd agus deacrachtaí na gcomhlachtaí eile. B'acmhainn don Ghúm costas leabhair mhaisithe a sheasamh, ach, mar a léiríodh, ní raibh an tuiscint cheart acu ar thábhacht an taoibh aeistéitiúil de na leabhair sin. Áitíodh freisin go mbíodh deacracht ag daoine áirithe sa Ghúm leabhair do pháistí óga a scaradh ón bhfeidhm oideachasúil a d'fhéadfadh a bheith acu, agus gur cosúil gur sheachain siad leabhair den chineál sin dá dheasca sin.

Tá súil agam gur éirigh liom a léiriú a spéisiúla is a uathúla is a bhí an tréimhse 1926-1967 i stair litríocht Ghaeilge na n-óg. Is féidir linn mórán a fhoghlaim uaithi faoi stair shóisialta na hÉireann, faoi stair an chórais oideachais, faoi stair na Gaeilge agus faoi stair fhoilsitheoireacht na Gaeilge trí chéile. Ar ndóigh tá go leor oibre fós le déanamh sa ghort. B'fhiú go mór staidéar níos cuimsithí a dhéanamh ar chuid mhór ábhar nárbh acmhainn dom, cheal spáis, iad a phlé go mion sa tráchtas seo. Tá níos mó taighde le déanamh, cuir i gcás, ar údair agus ar shaothair áirithe, ar Chlub Leabhar na Sóisear, ar an maisitheoireacht i litríocht Ghaeilge na n-óg agus ar léirithe éagsúla sa litríocht sin – mar shampla an léiriú a dhéantar inti ar ról na mban.

B'fhiú go háirithe taighde comparáideach a dhéanamh ar na leabhair do pháistí a chum Éireannaigh i nGaeilge agus i mBéarla san fhichiú haois. Nuair a chuirtear saothair Bhéarla Patricia Lynch agus Eilís Diolún, beirt de na húdair Éireannacha ba mhó cáil i lár an fhichiú haois, i gcomparáid le saothar Chathail Uí Shándair agus cuid de na húdair eile Ghaeilge, feictear léirithe an-éagsúil ar an saol in Éirinn ag an am sin. Chloígh Lynch agus Diolún le híomhánna idéalaithe tuathúla d'Éirinn, den chuid is mó, áit ar thug Ó Sándair agus leithéidí Dhonaigh de Róiste agus P. D. Linín faoin saol uirbeach nua-aimseartha a léiriú (féach Adams, "'Baile Átha Cliath abú!'"). Is cosúil go raibh na húdair Ghaeilge ní ba scaoilte agus ní ba thurgnamhaí leis na híomhánna den Éireannachas a bhí á gcur chun cinn acu, ná a gcomhghleacaithe Béarla. D'fhéadfaí a áiteamh go dtacaíonn sé seo le téis Alan Titley ina aiste "Litríocht na Gaeilge, Litríocht an Bhéarla agus *Irish Literature*", is í sin go mbíonn údair Bhéarla na hÉireann i gcónaí buartha faoi chúrsaí féiniúlachta, ag iarraidh a chruthú lena saothar gur Éireannaigh iad, ach gur féidir le húdair Ghaeilge díriú isteach ar cheisteanna eile toisc go bhfuil fianaise a nÉireannachais sa teanga a chleachtann siad. Nó, mar a deir Titley, "I litríocht na Gaeilge tá daoine; i litríocht an Bhéarla tá 'Éireannaigh'" ("Litríocht na Gaeilge" 132). Míniú eile ar an scéal, áfach, mar a luadh cheana, ná gur thaitin an íomhá thuathúil d'Éirinn leis an margadh idirnáisiúnta a raibh saothair Lynch agus Diolún ag freastal air (Ní Bhroin 113).

Is fiú, freisin, féachaint cad is féidir linn a fhoghlaim ó litríocht Ghaeilge na n-óg idir 1926 agus 1967 chun cur lenár dtuiscint ar litríocht Ghaeilge na n-óg sa lá atá inniu ann, agus chun léitheoireacht na Gaeilge a chur chun cinn i measc an aosa óig. Feictear dom, mar a chonacthas do Ré Ó Laighléis i 1997, go bhfuil obair fhíormhaith á déanamh ag comhlachtaí éagsúla foilsitheoireachta chun freastal ar pháistí óga faoi láthair. Tá an-soláthar á dhéanamh ag leithéidí Fhuta Fata, na Snáthaide Móire agus ag comhlachtaí nach

iad do pháistí faoi bhun na ndéag, ach tá saothair do dhéagóirí tearc go leor. D'fhéadfadh údair chomhaimseartha Ghaeilge do dhéagóirí go leor a fhoghlaim, sílim, ó ré órga na déaglitríochta Gaeilge.

## LEABHAREOLAS 1: LEABHAIR DO DHAOINE ÓGA A FOILSÍODH IDIR 1926 AGUS 1967


"Carraig na Téide" (Seán Ó Murchadha). *Pluais na nIongantas*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1953.

"Long Lance". *Lann Fada*. Aistr. Muiris Ó Catháin. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1941.

Aesop. *Fabhail-scéalta ó Aesop Cuid 1*. Aistr. Seán Óg Ó Caomhánaigh. Baile Átha Cliath: Alec Thom agus a Chuid, 1927.

---. *Fabhail-scéalta ó Aesop Cuid 2*. Aistr. Seán Óg Ó Caomhánaigh. Baile Átha Cliath: Alec Thom agus a Chuid, 1927.

---. *Fabhail-scéalta ó Aesop Cuid 3*. Aistr. Seán Óg Ó Caomhánaigh. Baile Átha Cliath: Alec Thom agus a Chuid, 1927.

Alcott, Louisa May. Aistr. Nioclás Tóibín. *Mná Beaga*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1948.

An Craoibhín (Dubhghlas de hÍde). *Sgeuluidhe Fíor na Seachtmhaine*. 2ú cló. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1935.

Anaithnid. *An Fáinne Draoidheachta*. Aistr. Donnchadh Ó Laoghaire. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1939.

---. *Briocht-Scéalta na h-Aráibe*. Aistr. Seán Óg Ó Caomhánaigh. Baile Átha Cliath: Alec Thom agus a Chuid, 1926.

---. *Eachtra an Impire is a chuid éadaigh*. Aistr. Donnchadh Ó Laoghaire. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1939.

---. *Feoil agus Ceol*. Aistr. Donnchadh Ó Laoghaire. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1940.

---. *Lios na Sidhe*. Aistr. Donnchadh Ó Laoghaire. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1940.

---. *Macalla*. Aistr. Daoine éagsúla. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1939.

---. *Na Corra Iasc*. Aistr. Donnchadh Ó Laoghaire. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1939.

---. *Scéilíní i gcóir na bpáistí*. Aistr. Proinnséas Ó Súilleabháin. Baile Átha Cliath: Mac an Ghoill, 1927.

---. *Sreath an Bhéirín Bhuí Leabhar Pictiúirí de Ainmhithe*. Aistr. Anaithnid. Sampson Low/Sáirséal agus Dill, 1954.

---. *Sreath an Bhéirín Bhuí Leabhar Pictiúirí de Chait*. Aistr. Anaithnid. Sampson Low/Sáirséal agus Dill, 1954.

---. *Sreath an Bhéirín Bhuí Leabhar Pictiúirí do Pháistí*. Aistr. Anaithnid. Sampson Low/Sáirséal agus Dill, 1954.

---. *Sreath an Bhéirín Bhuí Leabhar Pictiúirí de Shióga*. Aistr. Anaithnid. Sampson Low/Sáirséal agus Dill, 1954.

Andersen, Hans Christian. *Ríon an tSneachta*. Aistr. Anaithnid. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1962.

---. *Sgéalta do'n Aos Óg*. Aistr. Proinnsias Ó Brógáin. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1935.

Ballantyne, R. M.. *An tOileán Corghruanach*. Aistr. Muiris Ó Cathain. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1939.

Barrie, J. M.. *Tír na Deó*. Aistr. Máiréad Ní Ghráda. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1938.

Battersby, Marie. *An Turtairín Uaigneach*. Aistr. Anaithnid. Sampson Low/Sáirséal agus Dill, 1953.

---. *Póca Cheangairín*. Aistr. Anaithnid. Sampson Low/Sáirséal agus Dill, 1953.

Blyton, Enid. *An Bhréig-bheithir Eatlaigh*. Aistr. Daoine éagsúla. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1938.

---. *An Siúinéir agus na Fathaigh*. Aistr. Daoine éagsúla. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1932.

---. *An Sparáinín Pingne*. Aistr. Daoine éagsúla. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1938.

---. *An Sultán Sanntach*. Aistr. Daoine éagsúla. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1932.

---. *An tAbhac Gruama*. Aistr. Daoine éagsúla. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1932.

---. *An tIarla Éamonn agus an Sladaidhe*. Aistr. Daoine éagsúla. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1932.

---. *An Tigín a Bhíodh ag Síor-chasadh*. Aistr. Daoine éagsúla. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1932.

---. *An Uaimh Rúnda*. Aistr. Daoine éagsúla. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1934.

---. *Baile Gúnga*. Aistr. Daoine éagsúla. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1932.

---. *Cailín an Chluig*. Aistr. Daoine éagsúla. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1934.

---. *Cluasach, an Coinín Cliste*. Aistr. Daoine éagsúla. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1934.

---. *Cóta Mac Bríste, Táilliúir*. Aistr. Daoine éagsúla. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1934.

---. *Eachtra Brocaire*. Aistr. Daoine éagsúla. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1934.

---. *Eithne agus an Flaith*. Aistr. Daoine éagsúla. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1934.

---. *Flaith Droch-bhéasach*. Aistr. Daoine éagsúla. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1934.

---. *Gruagach an Chúl-dorais*. Aistr. Daoine éagsúla. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1934.

---. *Malairt Éadaigh*. Aistr. Daoine éagsúla. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1934.

---. *Na hUibheacha Nua-bheartha*. Aistr. Daoine éagsúla. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1934.

---. *Pócaí Draoidheachta Sheáinín Uí Shíoradáin*. Aistr. Daoine éagsúla. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1934.

---. *Rí Gan Foidhne*. Aistr. Daoine éagsúla. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1933.

---. *Roibín Huid is a Cheatharnaigh Coille*. Aistr. Domhnall Ó Cearbhaill. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1937.

---. *Séimín*. Aistr. Séamus Mac Úgó. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1940.

Blyton agus anaithnid. *Plúirín Sneachta agus an Seachtar Abhac*. Aistr. Daoine éagsúla. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1938.

---. *Trí Coiníní Beaga*. Aistr. Daoine éagsúla. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1938.

---. *Uisce na Beatha*. Aistr. Daoine éagsúla. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1938.

Bodkin, Matthias. *Ciste an tSléibhe*. Aistr. Tomás de Bhial. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1944.

Bordeaux, Henry. *Crosáid Nuadh na bPáistí*. Aistr. Mághnus Ó Domhnaill. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1945.

Botto, Antonio. *Leabhar na hÓige*. Aistr. Séamus Mac Úgó. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1942.

Breatnach, Deasún. *An Buama Deiridh*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1962.

---. *An Deachtóir*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1963.

---. *An Dealbh Spáinneach*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1960.

---. *An Fáinne Arabach*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1960.

Bridges, Thomas Charles agus Hugh Hessell Tiltman. *Éachta agus Eachtraí*. Aistr. Tóibín, Nioclás. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1960.

Butler, William Francis. *Néall Dearg*. Aistr. Niall Mac Suibhne. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1935.

Carbonel, R. P. J.. *Treasa Bheag*. Aistr. Seán Mac Craith. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1954.

Cashel, Alice M.. *An Leaca Bán*. Aistr. Gearóid Mac Spealáin. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1947.

Collodi, Carlo. *Eachtra Phinnocchio*. Aistr. Pádraig Ó Buachalla. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1933.

Colum, Padraic. *Clann Odin*. Aistr. Seán Óg Mac Maoláin. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1936.

---. *Mac Rí na hÉireann*. Aistr. Niall Ó Domhnaill. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1935.

---. *Mac-Ghníomhartha Fhinn Uí Dhomhnaill*. Aistr. Niall Ó Domhnaill. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1934.

Crompton, Richmal. *Uilliam Ropaire*. Aistr. Nioclás Tóibín. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1952.

d'Andún, Mícheál. *An Dall*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1954

---. *An Fichillín*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1953.

---. *An Siúlóir*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1955.

---. *Crannchur an Bháis*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1954.

---. *Dúnmharbhadh ar an Mál-bhád*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1954.

---. *Fiacal na Faille*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1954.

---. *Mic Bric Leonta*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1956.

---. *Oileán na gComhrann*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1955.

---. *Séamus de Bhál & Mic*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1956.

---. *Siocair le Dúnmharú*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1962.

---. *Snáthad i Stáca Féir*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1955.

---. *Trí Dúnmharfa Go Leith*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1956.

Daudet, Alphonse. *La Belle Nivernaise*. Aistr. Nioclás Tóibín. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1932.

de Barra, Traolach. *An Smuglaer*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1961.

de Róiste, Donach (Liam Ó Lonargáin). *Ceann v. Cloigeann*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1966.

---. *Sláinte an Domhain*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1965.

de Valera, Sinéad. *Dánta do Leanbhaí*. Baile Átha Cliath: Mac an Ghoill, 1940.

Diolún, Eilís. *An Choill Bheó*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1948.

---. *Ceol na Coille*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1955.

---. *Oscar agus an Cóiste Sé nEasóg*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1953.

Dominik, Hans. *Seán Workmann*. Aistr. Pádraig Ó Mogháin. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1933.

Ellis, Oliver. *Ciste Fé Thalamh*. Aistr. Gearóid Mac Spealáin. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1951.

Finch, Robert. *Sár-Eachtraí na gCuardóirí Móra*. Aistr. Nioclás Tóibín. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1936.

Gaffney, M. H.. *Buachaillí Bhinn Éadair*. Aistr. Diarmuid Ó Súilleabháin. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1943.

Gibbon, J. M.. *Annálacha Fíora Ríoghachta na Sidheog le linn Rí Cól*. Aistr. Muiris Ó Catháin. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1934.

Grimm, Jacob agus Wilhelm. *An Cailín gan Lámha*. Aistr. Pádraig Ó Mogháin. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1945.

---. *An Cailín Críonna*. Aistr. Pádraig Ó Mogháin. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1945.

---. *An Chónra Ghloine*. Aistr. Pádraig Ó Mogháin. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1945.

---. *An Solus Gorm*. Aistr. Pádraig Ó Mogháin. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1942.

---. *An tÉan Órdha agus Sidhe-Sgéalta eile*. Aistr. Pádraig Ó Mogháin. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1938.

---. *Cailín na Luatha*. Pádraig Ó Mogháin. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1941.

---. *Cailleach na Coilleadh*. Aistr. Pádraig Ó Mogháin. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1945.

---. *Cochaillín Dearg*. Aistr. Pádraig Ó Mogháin. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1939.

---. *Dealg-Róisín*. Aistr. Pádraic Ó Moghráin. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1940.

---. *Na Trí Cleití agus sídhe-sgéalta eile*. Aistr. Pádraig Ó Moghráin. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1938.

---. *Seán Stuamdha*. Aistr. Pádraig Ó Moghráin. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1947.

---. *Sidhe-scéalta na mBráthar Grimm*. Aistr. Proinnséas Ó Súilleabháin. Baile Átha Cliath: Alec Thom agus a Chuid, 1927.

---. *Sneachta Bán agus Róisín Dearg*. Aistr. Anaithnid. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1962.

Halliburton, Richard. *Leabhar na n-Iongantas*. Aistr. Pádraig Ó Moghráin. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1949.

Hansjakob, Heinrich. *Gleann Beithe*. Aistr. Tomás Mac Eoin. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1938.

Hodgetts, Sheila. *Buachaillín Cróga na mBó*. Aistr. Anaithnid. Sampson Low/Sáirséal agus Dill, 1953.

Jackson, G. Gibbard. *Finnscéal na Fionnachta*. Aistr. Tomás de Bhial. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1947.

Kästner, Erich. *Emil agus na Lorgairí*. Aistr. Seán Mac Giollarnáth. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1937.

Kelman, Janet Harvey agus Theodore Wood. *Cladach na Fairrge*. Aistr. Seán Mac Giollarnáth. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1948.

King, Marion. *ABC na Gaedhilge*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1942.

---. *Anto Mac Dána*. Aistr. Anaithnid. Baile Átha Cliath: Brún agus Ó Nualláin, 1938.

---. *Baba*. Aistr. Tomás Ó hÉighneacháin. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1938.

---. *Bróigín*. Aistr. Tomás Ó hÉighneacháin. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1938.

---. *Cáit is Cól.* Aistr. Séamus Mac Úgó. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1937.

---. *Clann Coinín: Eachtraí Mhuinntir Choinín IV.* Aistr. Sorcha Ní Ghuairim. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1939.

---. *Gug.* Aistr. Tomás Ó hÉighneacháin. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1938.

---. *Mac Spiúin.* Aistr. Tomás Ó hÉighneacháin. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1939.

---. *Nodlaig: Eachtraí Mhuinntir Choinín II.* Aistr. Sorcha Ní Ghuairim. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1937.

---. *Peigín: Eachtraí Mhuinntir Choinín III.* Aistr. Sorcha Ní Ghuairim. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1939.

---. *Seán: Eachtraí Mhuinntir Choinín I.* Aistr. Sorcha Ní Ghuairim. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1937.

---. *Taimín.* Sorcha Ní Ghuairim. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1939.

---. *Úna agus a cuid bréagán.* Aistr. Tomás Ó hÉighneacháin. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1938.

Kingsley, Charles. *Na Laochra.* Aistr. Máire Ní Mhurchadha. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1933.

Laborde, E. D.. *Sgéalta Ríogh na nGaoth.* Aistr. Pádraig Ó Moghráin. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1941.

Leamy, Edmund. *Píobaire Sidhe Ghleann Maoiliughra.* Aistr. Proinnsias Ó Brógáin. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1933.

---. *Sidhe-Scéalta.* Aistr. Brighid Ní Loingsigh. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1933.

Linehan, D. H.. *An Muir-Thuras a dhein 'Réalt-na-Maidine'.* Aistr. Tomás de Bhial. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1945.

Linín, P. D. (Róisín Ní Dhochartaigh). *Maidhc Abú*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1960.

---. *Maidhc Bleachtaire*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1961.

---. *Maidhc*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1957.

London, Jack. *Scairt an Dúthchais*. Aistr. Niall Ó Domhnaill. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1932.

---. *Mac an Mhachtíre*. Aistr. Tadhg Ó Curnáin. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1936.

Lynch, Patricia. *Asal Fhear na Mónadh*. Aistr. Maighréad Nic Mhaicín. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1945.

---. *Eachtra Eithne na hInse*. Aistr. Gearóid Mac Spealáin. Baile Átha Cliath, 1959.

---. *Eibhlín agus Séamus*. Aistr. Maighréad Nic Mhaicín. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1943.

---. *Rí na dTincleoir*. Aistr. Maighréad Nic Mhaicín. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1946.

Mac Amhlaigh, Dónall. *An Dia-Phéist*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1963.

---. *An tÓrchiste Mallaithe*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1961.

Mac an Bhua, Gearóid. *Ríchéol agus Rómánsaíocht*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1963.

Mac Aonghusa, Cathal. *Ceathrar Comrádaí*. Aistr. Pádraig Ua Concheanainn agus Sorcha Ní Ghuairim. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1938.

Mac Conghamhna, Pádraig. *An Bheisteoim*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1955.

---. *Eachtra Mór ar Muir*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1945.

Mac Giollarnáth, Seán agus Charles Perrault. *Fí-Fá-Fum*. Aistr. Seán Mac Giollarnáth.

Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1931.

Mac Maoláin, Seán. *Ór Inis Tor*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1940.

Mac Piarais, Pádraig. *Maingín Scéal*. Baile Átha Cliath: An Comhlacht Oideachais, 1937.

Mac Reachtain, Liam. *Mairnéalaigh Óga*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1962.

---. *Téarma an Uafáis*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1964.

Mac Suibhne, Éadhmonn. *Saighdiúir arbh ainm dó Conaí*. Baile Átha Cliath: Clódhanna Teoranta, 1964.

Malot, Hector. *Capi is a chomplacht*. Aistr. Maoghnas Ó Domhnaill. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1935.

---. *Remi is a Cháirde*. Aistr. Maoghnas Ó Domhnaill. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1934.

Marryat, Frederick. *Páistí na Nua-Fhoraoise*. Aistr. Proinnsias Ó Brógáin. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1933.

Mason, Arthur. *Ridirí Beaga na hOidhche*. Aistr. Maighréad Nic Mhaicín. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1940.

Morgan, Alfred agus C. L. Boltz. *Leabhar Leictreachais do Bhuachaillí*. Aistr. Pádraig Ó Moghráin. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1945.

Mullholland, Rosa. *Leanbh Mo Chroí*. Aistr. Nioclás Tóibín. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1956.

Ní Bhriain, Siobhán. *Buachaill ar Fán*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1959.

Ní Chormac, Máirín. *Cí-Cí agus scéalta eile*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1967.

Ní Chriagáin, Máirín. *Sean-Eoin*. Aistr. Tomás Ó Faoláin. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1938.

Ní Dhálaigh, Ursula. *Gairdín na nÓg*. Baile Átha Cliath: Brún agus Ó Nualláin, 1966.

Ní Ghráda, Máiréad. *Mannanán*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1940.

Ní Ghuairim, Máire. *Ceol na Mara*. Baile Átha Cliath: Brún agus Ó Nualláin, 1938.

Ní Loingsigh, Brighid. *Buairtín*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1954.

Ní Sheaáin, S.. *Sparán an Luchorpáin*. Aistr. Conchubhar Ó Muimhneacháin. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1944.

Ní Shúilleabháin, Siobhán. *Cúrsaí Randolf*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1957.

---. *Dúinne an Samhradh*. Baile Átha Cliath: An Preas Talbóideach, 1957.

---. *Triúr Againn*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1955.

Nic Chnáimhín, Bláithín. *Eachtra san Iarthar*. Aonach Urmhumhan: Cló Uí Mheára, 1957.

Nic Ghamhna, Laoise. *mo leabhar ABC*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1961.

Ó Baoill, Brian. *Idir Huron agus Hudson*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1965.

Ó Beirn, Séamus. *Páistidheacht*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1953.

Ó Bróithe, Pádraig. *Leabhar Aoibhnis do Buachaillí is do Chailíní*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1941.

---. *Sidh-Sgéilíní don Aos Óg*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1939.

Ó Cionnfhaolaidh, Micheál. *Eachtra an Phortáin agus Scéalta eile*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1940.

---. *Eachtra na Beiche*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1941.

Ó Corrbuí, Máirtín. *An Cuardach*. Aonach Urmhumhan: Cló Uí Mheára, 1964.

---. *Ar Scáth a Chéile*. Aonach Urmhumhan: Cló Uí Mheára, 1959.

---. *Cé Mharaigh an Cunta?*. Baile Átha Cliath: Clódhanna Teoranta, 1965.

---. *Dominic Savio: Déagóir Dé*. Aonach Urmhumhan: Cló Uí Mheára, 1960.

---. *Gaoth na Cuimhne*. Aonach Urmhumhan: Cló Uí Mheára, 1958.

---. *Gleann na Síre*. Aonach Urmhumhan: Cló Uí Mheára, 1962.

---. *Na Rapairí*. Aonach Urmhumhan: Cló Uí Mheára, 1963.

---. *Rí na gCnoc*. Baile Átha Cliath: Clódhanna Teoranta, 1966.

Ó Cuív, Shán. *Sgéalta ón Radio*. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1931.

Ó Dubhda, Peadar. *Siamsa Chois Teineadh*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1952.

Ó Duigneáin, Dónal. *An Dia a Rinne Gáire*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1957.

Ó Faoláin, Éamon. *An Lann Tolédo*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1957.

---. *An Bráithreachas Dubh*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1952.

---. *Sirriam Phecos*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1952.

Ó Floinn, Críostóir. *An tIolar Dubh agus Long na Marbh*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1958.

---. *An Claíomh Geal*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1953.

---. *An Pálás Marmair*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1961.

---. *An tIolar Dubh*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1956.

---. *Caisleán na nÉan*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1955.

---. *Cuas an Óir*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1958.

---. *Fé Bhrat na Fraince*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1955.

---. *Glaotar ar Ridirí*. Baile Átha Cliath: Cló Morainn, 1955.

---. *Oscar Binn, Bleachtaire*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1956.

---. *Ticiti agus an Fáinne Draíochta*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1967.

---. *Ticiti i dTír Ghúba*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1963.

---. *Ticiti*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1959.

Ó Grádaigh, Eoghan. *An Fear Fada Caol*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1959.

---. *An Masc*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1966.

---. *An Spiorad Do-chloíte*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1954.

---. *Gunnaí Bagair*. Baile Átha Cliath: Clólucht an Talbóidigh, 1944.

---. *I Seirbhís an Impire*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1952.

---. *Ruathar Anall*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1962.

Ó hOdhráin, Mícheál. *An Tine Bheo*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1965.

---. *Ar Son na Treibhe*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1964.

---. *Cine Cróga*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1964.

Ó hUid, Tarlach. *Eachtra Nollag*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1960.

---. *Éalú*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1961.

Ó Liatháin, Annraoi. *An Tiogar Daonna*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1966.

---. *Claíomh an Díoltais*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1961.

---. *Dún na Cinniúna*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1966.

---. *Laochra na Machairí*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1958.

---. *Oscar*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1954.

---. *Pící Loch Garman*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1964.

Ó Maolmhaoidh, Abhuistín agus Éidín Ní Mhaolmhaoidh. *Seal Sonais*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1946.

Ó Monacháin, Ailbhe. *Ainmhithe Allta Éireann Inné agus Inniu*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1967.

---. *An Sionnach Sleamhain Slíoctha*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1941.

---. *Dóinicíní an Domhain*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1939.

---. *Patairín agus Patarún*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1937.

Ó Muirthile, Seán. *Ruaidhín*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1950.

Ó Mulláin, Seán. *Cúlú na Rianach*. Aonach Urmhumhan: Cló Uí Mheára, 1960.

---. *Daoirse na Rianach*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Nua Teoranta, 1967.

---. *Fíon Uí Dhonnchú*. Aonach Urmhumhan: Cló Uí Mheára, 1963.

---. *Muiris Ó Riain Creachadóir*. Aonach Urmhumhan: Cló Uí Mheára, 1961.

---. *Séipéal na Naomh*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1966.

Ó Murchadha, Diarmuid. *Buachaillí Báire*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1959.

Ó Néill, Séamus. *An Sean-Saighdiúir agus Scéalta Eile*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1945.

---. *Dánta do Pháistí*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1949.

Ó Rabhartaigh, Tadhg. *Gasúr de Chuid Bhaile na nGrág*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1956.

Ó Riain, Flann. *Dáithí Lacha '67*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1966.

---. *Dáithí Lacha*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1964.

Ó Sándair, Cathal. *"John Joe"*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1952.

---. *An Bóthar go Cuailgne*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1953.

---. *An Buachaill Bán*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1952.

---. *An Campa sna Sléibhte*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1962.

---. *An Captaen Spéirling agus an Phlainéad do Phléasc agus Scéalta Spáis eile*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1960.

---. *An Captaen Spéirling Arís*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1960.

---. *An Captaen Spéirling, Spás-Phíolóta*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1962.

---. *An Captaen Toirneach agus Órthaisce na Spáinneach*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1958.

---. *An Captaen Toirneach ar an Meánmhuir*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1957.

---. *An Captaen Toirneach ar Eachtra Eile*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1956.

---. *An Captaen Toirneach Arís*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1958.

---. *An Chathair Seo 'Gainne*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1947.

---. *An Chéad Bhliain i gCluain Éanna*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1959.

---. *An Clódóir Óg*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1964.

---. *An Corpán sa Trúnc*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1944.

---. *An Gluaisteán Sídhe*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1945.

---. *An Lá Geal*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1945.

---. *An Príosúnach*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1962.

---. *An Sean-siopa Dorcha*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1961.

---. *An Stróinséir ó Théacsas*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1953.

---. *An tEiteallán Do-Fheicthe*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1943.

---. *An tIndiach ó Éirinn*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1953.

---. *An Tríú Adamhbhomba*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1953.

---. *An tSeamróigín Dhílis agus Scéalta Eile*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1956.

---. *Ar Son a Charad*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1964.

---. *Bealach an Ghunna*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1951.

---. *Bliain ón mBás*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1953.

---. *Buachaillí Chluain Éanna agus An Mac Léinn is Raimhre ar Bith*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1956.

---. *Buachaillí Chluain Éanna agus an Spiaire ón Spéir*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1954.

---. *Buachaillí Chluain Éanna*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1952.

---. *Cailíní Chluain Éanna agus Fear an Chlóca Dhuibh*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1954.

---. *Cailíní Chluain Éanna*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1952.

---. *Cás-Leabhar Réics Carló*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1952.

---. *Cluain Éanna Arís*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1953.

---. *Cluain Éanna go Bráth*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1953.

---. *Cuir Fios ar Réamonn Óg*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1955.

---. *Cuir Fios ar Réics Carló*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1954.

---. *Cuir Fios ar Scorach Ghlionnáin*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1956.

---. *Díoltas Réamoinn Óig*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1959.

---. *Dúnmharbhú i bPáirc an Chrócaigh*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1944.

---. *Eachtra Dheireanach Réamoinn Óig*. Baile Átha Cliath, 1961.

---. *Eachtraí Bhuachaillí Chluain Éanna*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1960.

---. *Éamonn Róg, An Bó-Bhuachaill Bómánta*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1960.

---. *Faoi Bhratach an Bháis*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1956.

---. *Faoi Sheol leis an gCaptaen Toirneach*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1959.

---. *Fir an Iarthair Fhiáin*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1952.

---. *Inion an Iarthair*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1953.

---. *Íobairt Sheáin*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1962.

---. *Jacko agus Sgéalta Eile*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1943.

---. *Le Columbus go Meiriceá*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1960.

---. *Leis an gCaptaen Spéirling go Mars*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1961.

---. *Micilín*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1953.

---. *Mistéire na n-Éan gan Sciatháin*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1954.

---. *Mistéire na Scoile ar Muir*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1955.

---. *Mo Chara, Mo Namhaid*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1967.

---. *Mo Ghaiscioch, Micheál*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1965.

---. *Mo Mhadra, Prionsa*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1964.

---. *Na Mairbh a d'fhill*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1943.

---. *Prionsa Arís*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1966.

---. *Prionsa, Rí na Madraí*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1963.

---. *Réamonn Óg agus an Marcach Dubh*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1960.

---. *Réamonn Óg agus an tÓr-Mhianach Caillte*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1959.

---. *Réamonn Óg agus Díoltas an Indiaigh*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1956.

---. *Réamonn Óg agus Éirí Amach na nIndiach*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1957.

---. *Réamonn Óg agus Indiaigh ar an Teorainn*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1956.

---. *Réamonn Óg agus Marcaigh Ghleann an Bháis*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1958.

---. *Réamonn Óg agus Marcaigh na hOíche*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1958.

---. *Réamonn Óg agus Ór an Sprionlóra*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1960.

---. *Réamonn Óg agus Rí an Mhachaire*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1959.

---. *Réamonn Óg ar a Choimeád*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1954.

---. *Réamonn Óg ar an Rio Grande*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1952.

---. *Réamonn Óg Arís*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1954.

---. *Réamonn Óg i nGleann an Bháis*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1954.

---. *Réamonn Óg ó Lodestone*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1955.

---. *Réamonn Óg, An Sirriam Gan Eagla*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1960.

---. *Réamonn Óg, Cara na n-Indiach*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1955.

---. *Réamonn Óg, Namhaid na mBithiúnach*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1960.

---. *Réamonn Óg, Sirriam*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1954.

---. *Réics Carló agus an Cró-Dheamhan*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1954.

---. *Réics Carló agus an Fear do bhí Róshaibhir*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1959.

---. *Réics Carló agus an Maisín-fé-thalamh*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1953.

---. *Réics Carló agus an Mhaidhm Bháite*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1955.

---. *Réics Carló agus Cás an Amhránaí Sráide*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1953.

---. *Réics Carló agus Cás an Chailín Fhuadaithe*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1956.

---. *Réics Carló agus Cás an Mhilliúnaí Mhairbh*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1956.

---. *Réics Carló agus Mistéire an Chuain*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1955.

---. *Réics Carló agus Mistéire an Oileáin*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1957.

---. *Réics Carló agus Mistéire na Loinge Sí*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1956.

---. *Réics Carló agus Ridire an Chaisleáin Duibh*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1954.

---. *Réics Carló agus Rún an Iarnróid Dúnta*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1953.

---. *Réics Carló ar an nGealaigh*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1951.

---. *Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1951.

